

**A** (Δ), letter of the alphabet, traditionally called **ailm** /al'im/, the elm tree.

**á**, int. (ᾱ) (ɑ:) ah! oh! **Á 'se (á mhúise)**, oh, indeed!

**a**, particle. (Δ) (ə) comprehensive relative particle, with eclipsis and the dependent form of the verb: **tugaim a bhfuil agam duit**, I give you all I have. *Bhí a raibh de leabhraibh Béarla sa bhaile againn léighte agus ath-léighte agam*, I had read and re-read all the English books we had at home [PUL1915]. **Go dtí a bhfuil le leathbhliain**, until half a year ago. **Gach a bhfuaradar de dhaoine**, all the people they found. Becomes ⇒**ar** with the past tense. Combines with **de** as **dá: gach fear dá bhfuil ann**, every man there. Note: pronounced /i/ before a slender consonant, as in **a mbeadh** /i m'ex/.

**a**, particle. (Δ) (ə) however much. Used with an abstract noun, which is lenited: *agus bhí iongnadh ár gcroíthe orainn araon a fheabhas do labhair na buachaillí óga an Ghaeluinn linn*, we were greatly surprised how well the young boys spoke Irish to us [PUL1915]. **A bhreáthacht a bhí sé**, how fine it was. Note: compare this usage with ⇒**dá**. Pronounced /i/ before a slender consonant, as in **a mhéid** /i v'e:d'/.

**a**, particle. (Δ) (ə) indirect relative particle, with eclipsis and the dependent form of the verb: *go dtí áit ar a dtugtí Barra na Réidhe*, to a place that was called Barra na Ré [PUL1915]. Often meaning "when, where; as": **a nduairt sé**, as he said. Becomes ⇒**ar** with the past tense. Note: in relative clauses this indirect relative particle is generally used after a preposition, where it has the force of a relative pronoun, and not where the preposition is separated from the relative particle. In other words, it is **áit ar a dtugtí Barra na Ré** or **áit go dtugtí Barra na Ré air**. See ⇒**go; gur; ar**. Pronounced /i/ before a slender consonant, as in **a mbeadh** /i m'ex/.

**a**, particle. (Δ) (ə) leniting particle governing the verbal noun preceded by an object: **rud a dhéanamh**, to do something. Note: **a** is a reduced form of ⇒**do**, which is also found (**rud do dhéanamh**). The particle is elided in pronunciation after a vowel and often so written: **é ' dhéanamh** /e: jianəv/, to do it. Becomes **do**, or **a dh'** (or **' dh'** alone) before a vowel (**d'ól** /do:l/; **a dh'ól** /ə ɣo:l/; **' dh'ól** /ɣo:l/; **d'insint** /d'i:nʃint'/; **a dh'insint** /i ji:nʃint'/; **' dh'insint** /ji:nʃint'/): *do theitheadar a' h-Éirinn sar a bhféadfaí an cleas Gallda san a dh'imirt ortha*, they fled from Ireland before that foreign game could be played on them [PUL1915].

**a**, particle. (Δ) (ə) leniting particle that precedes a direct relative clause: **an fear a tháinig inné**, the man who came yesterday. Note: **a** is a reduced form of ⇒**do**, which is also found (**an fear do tháinig inné**). Can also be **do**, or **a dh'** (or **' dh'** alone) before a vowel (**d'ól** /do:l/; **a dh'ól** /ə ɣo:l/; **' dh'ól** /ɣo:l/; **d'inis** /d'in'ijf/; **a dh'inis** /i jin'ijf/; **' dh'inis** /jin'ijf/): *ach nár bh' fhéidir aon daoine eile dh'fhághail a dh'fhéadfadh oiread cíosa dhéanamh as an dtalamh agus a dh'fhéadaidís sin a dhéanamh*, but no-one else could be found who could generate as much rent from the land as they could [PUL1915].

**a**, particle. (Δ) (ə) particle preceding numerals in counting, with h-prefixation before a vowel: **a haon, a dó, a trí**, one, two, three. **Do rogha dá haon agus dá dó**, your choice of either 1 or 2. This particle is not used before **náid**, may be omitted before **fiche, triuchaid, daichead, caogaid** and **céad**, and is not used before **míle**. Note: pronounced /i/ before a slender consonant, as in **a sé** /i je:/.

**a**, particle. (Δ) (ə) vocative particle, causing lenition: **a Phádraig**, Patrick! Note: the pronunciation is /i/ before a slender consonant, as in **a Bhriain** /i vr'iən'/, Brian! The particle is completely elided in pronunciation before a vowel, as in **a athair** /ahir'/, father!

**a**, possessive particle. (Δ) (ə) her, its; with h-prefixation before a vowel: **a capall**, her horse; **a hathair**, her father. Note: the pronunciation is /i/ before a slender consonant, as in **a ceann** /i k'aun/, her head.

**a**, possessive particle. (Δ) (ə) his, its; with lenition: **a chapall**, his horse; **a athair**, his father; **a mhachnamh**, the thought of it. The possessive often has proleptic force, anticipating a subsequent rounding out of the meaning: *ní staonan sé ó n-a rádh go raibh Augustus féin amearg na ndéithe*, he doesn't hesitate to state that Augustus himself is one of the gods [PUL1924b]. Note: the pronunciation is /i/ before a slender consonant, as in **a cheann** /i x'aun/, his head; the particle is completely elided in pronunciation before a vowel, as in **a athair** /ahir'/, his father.

**a**, possessive particle. (Δ) (ə) their, with eclipsis and n-prefixation before a vowel: **a gcapall**, their horse; **a n-athair**, their father. Note: the pronunciation is /i/ before a slender consonant, as in **a dtigh** /i d'ig'/, their house.

**á**, pron. (ᾱ, ᾱ́, ᾱ́) (ɑ:) prepositional pronoun combining the particle governing the verbal noun and a pronoun object, with two meanings. 1. passive meaning (historically often written ᾱ́, although the etymology appears suspect, as **á** derives historically from **ag** and not **do**; CFBB AND LASID show this can be pronounced /da:/: *na Gaedhil d'á ruagadh a' talamh a sínsear*, the Gaels were driven from the land of their ancestors [PUL1915]. 2. where a third-person pronoun is the object of the action expressed by the verbal noun (historically often written ᾱ́; PUL insisted on spelling these two distinctly); LASID shows this can be pronounced /ɣa:/: **do bhíos á dhíol**, I was selling it. See ⇒**dá; dhá**.

**ab**, m. (gs. **aba**, npl. **abanna**) (Δb, Δbanna, gs. Δbado) (ab, abəne) abbot.

**ab**, verb. ⇒**is**.

**abairt**, f. (gs. **abairte**, npl. **abarta/abairtí**) (Δbairt, Δbairtə/Δbairtí) (abirt', abərhə~abirt'i:) saying, sentence, expression. *Níor airigheas riamh amach a' béal duine na h-abarta so*, I had never heard these phrases out of people's mouths [PUL1915]. **Abarta fé 'is'**, phrases using the word 'is'. Note: the plural is generally **abairtí** in the more modern grammatical sense of "sentence"; **abairtí** is not found in PUL's works.

**ábailta**, adj. (Δbailta) (ɑ:bəilə) able, capable. With **ar**: *is ar éigin a bhí sé ábalta ar sheasamh*, he could hardly stand [PUL1915]. Note: from the English word "able".

**ábaltacht**, f. (gs. **ábaltachta**) (ábaltacht) (ɑ:bəlhəxt) ability, capability. [DBÓC]

**abha**, f. (gs. **abhann**, ds. **abhainn**, npl. **aibhní**, gpl. **abhann/aibhní**) (ábə, aibnī) (au, əi'ŋi:, gs. aun, ds. auŋ) river. *Tá na puir íseal ar an abhainn*, the banks of the river are low [DBÓC1940].

**abhac**, m. (npl. **abhaic**, gpl. **abhac**) (ábac, ábais) (auk, auk') dwarf. *Nuair throidid na fathaigh is rígh an t-abhac*, when giants fight, the dwarf is king [PUL1903]. **Abhac muice**, a small, stout pig. **A abhaic bhig shailigh!**, you grubby little dwarf!, a scolding expression given in CFBB.

**abhaile**, adv. (ábaisle) (ə'vɫi) home, homewards. **Cuirim abhaile é**, I send him home. **Tiocfaidh sé abhaile chút**, it will rebound on you. **Isteach abhaile**, into the home. Sometimes meaning "back where something belongs": *do thugadar leabhair leó ar íasacht agus ansan do sgríobhadar macshamhla, a ndóthin díobh, sar ar chuireadar abhaile na h-iasachtaí*, they lent them books and then they wrote plenty of copies of them before they sent the loaned items back [PUL1907].

**abhailín**, m. (ábailín) (au'i:n) little apple; darling. **A abhailín agus a annsacht**, my darling [stated by PUL as being the strongest expression of affection in Irish].

**abhainn**, f. GCh. ⇒**abha**.

**ábhairín**, m. (npl. **ábhairíní**) (ábhairín, ábhairíní) (ɑ:viri:n', ɑ:viri:n'i:) a little amount, a little; somewhat. [DBÓC]

**abhall**, m. (npl. **abhail**) (ábail, ábail) (aul, aul') apple. Note: this is a rare form of ⇒**úll**.

**abhallórd**, m. (npl. **abhallúird**) (ábail-ḡort/ubail-ḡort, ábail-ḡuirt/ubail-ḡuirt) (au'lo:rd, au'lu:rd) orchard.

**ábhar**, m. (gs. **ábhair**) (ábhar/ábhar) (ɑ:vər) amount, number, quantity. **Ní raibh aon ábhar acu ann**, there were hardly any of them there. **Níl aon ábhar brí leis**, it doesn't mean anything at all. Note: **ábhar** is also GCh for ⇒**abhar**.

**abhar**, m. (npl. **abhair**, gpl. **abhar**) (ábhar, ábhair) (aur, aur') 1. material; the makings of something; grounds for something. **Abhar aighnis**, matter of dispute. **Abhar áthais**, a cause for exultation. **Abhar barrathuisle**, a stumbling-block. **Abhar buartha**, a cause for grief. **Abhar na gcábán**, material for making the tents/booths. **Abhar cainte**, topic of conversation. **Abhar cantainne**, subject of a song. **Abhar na gcathanna**, the subject or material on which temptations go to work [in PUL1914]. **Abhar mór cathaithe**, a great cause of regret. **Abhar creidiúna**, a thing of credit, something worthy of credit. **Abhar crothadh cínn**, something to make people shake the head in derision/disbelief. **Abhair dóchais**, a reason for hope. **Abhar dochtúra**, a medical student, a trainee doctor. **Abhar dleathach dóláis**, just grounds for sorrow. **Abhar éada**, cause for jealousy. **Abhar eagla**, a cause of fear. **Abhar leapa**, something to make a bed with. **Abhar machnaimh**, food for thought, cause for reflection. **Abhar mór luacht saothair**, a cause of great merit. **Abhar náire**, a reproach, a source of shame. **Abhar réitigh**, the sort of person to sort things out or calm things down. **Abhar sagairt**, a clerical student, the makings of a priest. **Abhar scéil**, matter or theme for a story. **Abhar scige**, a source of scoffing, a reason to scoff. **Abhar sólais**, a reason for consolation. **Abhar spóirt**, a means of enjoyment, a plaything [used in PUL1913 to describe the wasting of wealth to level mountains]. **Abhar tarcaisne**, a cause of reproach. **Abhar tine**, fuel. **Abhar chun tine**, fuel for the fire. **Abhar trua**, a cause of pity or sympathy. *'N-a dhiaidh san, nuair a dh'iompuigh an chómhacht ríoga, ó bheith 'n-a cosnamh do shaoirse daoine agus 'n-a h-abhar meuduighthe do'n stát, chun uabhair agus chun tíorántachta, do deineadh atharú*, afterwards, a change was made, when royal power changed from protecting the freedom of the people and from being a means to promote the expansion of the state, to arrogance and tyranny [PUL1913]. With **chun**: **abhar chun buartha agus chun goil**, cause for mourning and weeping. With **do**: **abhar don chruachtaint**, the source or cause of the hardening of Pharaoh's heart (in Ecsodus 4). 2. reason (with **ar**, a reason for something): *cad iad na h-adhbhair ar a n-abarthar an t-aifríon?* why is the Mass said? [PUL1921]. **Ar an abhar san**, for that reason. **Gan abhar**, for no reason. **Gan chúis gan abhar**, for no rhyme or reason. 3. pus, abscess. **Ag déanamh abhair**, festering. [See CFBB.] See ⇒**ábhar**.

**abhcóide**, m. (npl. **abhcóidí**) (ábcoide, ábcoidí) (au'ko:d'i, au'ko:d'i:) barrister, counsel. [DBÓC]

**abhcóideach**, m. (npl. **abhcóidigh**) (ábcoideach, ábcoidigh) (au'ko:d'əx, au'ko:d'ig') barrister, counsel. **Abhcóideach cúnta**, assistant barrister. **Abhcóideach na Coróinneach**, counsel for the Crown. [DBÓC]

**abhcóideacht**, f. GCh. ⇒**abhcóidíocht**.

**abhcóidíocht**, noun/vn, f. (gs. **abhcóidíochta**) (ábcoidíochta) (au'ko:d'i:xt) advocacy; discussion. *Choimeádfaidís sin ansan tú go maidín amáireach ag caint agus ag áiteamh agus ag abhcóidigheacht agus ag cur thré chéile*, these people would keep you there until tomorrow morning, talking, arguing, debating and discussing [PUL1904]. *Ní rabhais féin gan do chion den abhcóidigheacht agat*, you had your share in the discussion/you held up your end of the discussion [PUL1904]. Note: **abhcóidíocht** also meant "rhetoric" (as a subject in a nineteenth-century school) in PUL1915.

**abhlann**, f. (gs. **abhlainne**, ds. **abhlainn**, npl. **abhlainní/abhlanna**) (áblann, áblainní/áblanna) (aulən, auli'ŋi:~aulənə) wafer; consecrated host.

**abhlóir**, m. GCh. ⇒**abhlúir**.

**abhlúir**, m. (gs. **abhlúra**, npl. **abhlúirí**) (áblóir, áblóirí) (auly:r', auly:r'i:) buffoon, fool. **Abhlúir cait**, a sickly, noisy little cat. [CFBB]

**ábhraim**, verb. GCh. ⇒**abhraím**.

**abhraím**, vn. **abhrú**, verb. (ábhruiḡim, ábhruiḡə) (au'ri:m', au'ru:) to fester. Past: **d'abhraigh sé**. Future: **abhróidh sé**. Participle: **abhraithe**. Note: some speakers (including TÓR) had **úraim**, **úru**; AÓL and EBUC had the form given here. [CFBB]

**abhraíocht**, f. (gs. **abhraíochta**) (Ἀβραϊθεᾶς) (au'ri:xt) growth, development. **Níl aon abhraíocht fúthu san**, they (pigs, people, etc) show no promise. See ⇒ **fabhraíocht**. [CFBB, AÓL]

**abhras**, m. (gs. **abhrais**, npl. **abhraisí**) (Ἀβραῖ, Ἀβραϊσί) (aurəs, auríjı:) the wool or flax to be woven into a garment; yarn, bundle of yarn; handiwork, chiefly of carding and spinning. **Bean abhrais**, spinner.

**abhrú**, vn. ⇒ **abhraím**.

**ábhrú**, vn. GCh. ⇒ **abhrú**.

**abhus**, adv. (ἰ βροῖ) (ə'vus) on this side, over here. Also **anso abhus**. **Thall is abhus**, here and there. Also **abhus is thall**. **Ar an dtaobh abhus díot**, on this side of you.

**ablach**, m. (gs. **ablaigh**, npl. **ablaí**, gpl. **ablach**) (Ἀβλας, Ἀβλαίγε) (abələx, abə'li:) carcass, carrion. [CFBB, DUL]

**abmháthair**, f. (Ἀβ-ἡ-ἄ-ἑ-ἑ-ἑ-ἑ) (ab-va:hir') abbess, reverend mother. [DBÓC]

**abraim**, vn. **rá**, verb. (Ἀβραϊμ, ἡ-ἄ-ἑ) (abərim', ra:) to state, declare. Present: **abraim**, **abrann sé**, **abarthar**. Imperative: **abair**, **abraidh**, **abradh sé**, **abarthar**. Participle: **abarthar**. Note: generally the rarely used dependent form of ⇒ **deirim**, particularly found after **má** and **dá**. However, a number of absolute uses are found, where the verb adopts the nuance of "stating, asserting".

**Abrán**, m. (gs. **Abráin**) (Ἀβράν) (abə'ra:n) April. Also **mí Abráin**. **An tarna lá d'Abrán**, the second of April.

**acastóir**, m. GCh. ⇒ **axtree**.

**acfainn**, f. (gs. **acfainne**, npl. **acfainne**) (Ἀκφῖν/Ἀκφῖνῆ, Ἀκφῖνῆ/Ἀκφῖνῆ) (akfı́', akfı́'i) capacity, means, resources. **Acfainn aigne**, intellectual ability. **Acfainn/acfainne na tíre**, the country's resources. **As acfainn a chéile**, with all their powers united: *ná biodh aon iongnadh ar aoinne gan aon ghádh a bheith le neart armála chun dlíghthe chur i bhfeidhm nuair a bhí na trí nirt sin, neart cirt, agus neart nóis, agus neart Creidimh, ag oibriughadh as acfuinn a chéile chun dlíghthe chur i bhfeidhm*, let no-one be surprised there was no need for armed force to implement laws when those three forces, the force of right, the force of custom and the force of Faith, were working in a united fashion to put the laws into effect [PUL1907]. **Nílím in acfainn chuige**, I can't afford to do it. **Méadaíonn sé in acfainn**, it becomes more substantial. **Níl sé d'acfainn ann é ' dhéanamh**, he lacks the means to do it. Note: as the singular means "resources", it is not often necessary to use a plural of this word, but **acfainne na tíre** is found in PUL1916.

**acfainneach**, adj. (comp. **acfainní**) (Ἀκφῖνῆᾶς/Ἀκφῖνῆᾶς, Ἀκφῖνῆῆ/Ἀκφῖνῆῆ) (akfı́'əx, akfı́'ı:) capable, substantial, well-to-do.

**acfainneacht**, f. (gs. **acfainneachta**) (Ἀκφῖνῆᾶς/Ἀκφῖνῆᾶς) (akfı́'əxt) capacity, means. Note: this was the form used by TÓR. See also ⇒ **acfainníocht**. [CFBB]

**acfainní**, f. (gs. **acfainní**) (Ἀκφῖνῆῆ/Ἀκφῖνῆῆ) (akfı́'ı:) capacity, power, means. **Dul in acfainní**, become more powerful, more capable, more substantial.

**acfainníocht**, f. (gs. **acfainníochta**) (Ἀκφῖνῆῆᾶς/Ἀκφῖνῆῆᾶς) (akfı́'ı:xt) capacity, means. Note: this was the form used by MÓL. See also ⇒ **acfainneacht**. [CFBB]

**ach**, conj. (Ἀς) (əx) but; only; except for, apart from. **Níor dhein sé ach féachaint orm**, he just looked at me. **Níl agam ach é**, it is all I have. *Bhí tosach ar an mbáille aige agus ní raibh ach san*, he arrived before the bailiff, but only just [PUL1904]. *Do rith sé i n-am agus ní raibh ann ach san*, he ran away in time, but only just [PUL1907]. In an introductory sense, "anyway": *ach do críochnuigheadh an dinnér agus tháinig deire na cainte agus d'eirigh an chuideachta*, anyway the dinner was finished and the conversation came to an end and those present got up [PUL1907]. **Ach amháin**, except for, alone: *ach amháin Dé Domhnaigh*, except on Sundays [PUL 1915]. *An cíos ach amháin an locáiste*, the rent minus the reduction [PUL1915]. **Ach amháin seo**, with this one exception, with this one proviso. **Déarfainnse é, ach éinní amháin**, I would say so, apart from one thing/if it were not for one thing. Sometimes supplemented with a whole clause: *ba dhóich le duine gur bh' é rud an gearadh san, tríd an sliabh, 'ná caidhséar a dhein an sruthán do féin, ach amháin go raibh an caidhséar ró mhór, ró leathan, ró dhoimhinn, agus an sruthán ró shuarach*, you would have thought that that cutting through the mountain was a channel made by the stream itself, except for the fact that the channel was too large, too broad and too deep, and the stream was too slight [PUL1915]. **Ní hea, ach** not just or only that, but: *do gheóbhfaí duine eile de'n náisiún céadna, ní h-eadh ach beirt, triúr, ceathrar, do chasfadh an bior*, it would not be just one other member of the same nation, but two, three or four, who could be found to turn the spit [PUL1915]. **Níorbh é sin féin, ach**, it was not only that, but. Pleonastic use: *ní fheadaraís i n-aohor ach na geasa le cruacht a chuirfí sé ort*, you have no idea of the difficult things he will require you to do [AÓL1968]. **Ní chreidfá (ach) a thapúla a chuir sé de é**, you wouldn't believe how quickly he recovered [the **ach** can be omitted, but is better retained, in such sentences]. *Dar sláinte Pharao ach ní fhágfidh sibse an áit seo go dtagaidh bhúr ndritháir is óige!*, by the health of Pharao you shall not depart hence, until your youngest brother come [Genesis 42:15]. **Gan aon ach**, without making any exceptions or excuses.

**Ach chómh beag**, either (usually used after a negative). **Ach chómh beag agus**, no more than, any more than (followed by a relative clause): *ní' l socair agaibh ar cad tá le déanamh agaibh ach chómh beag agus bhí nuair a thánabhair anso ar maidin*, you are no nearer to deciding what to do than you were when you came here in the morning [PUL1915]. *Gan súile na ndaoine tharang ort ach chómh beag a's is féidir é*, attracting people's attention as little as possible [PUL1907]. **Ach chómh beag le**, any more than, no more than: *ní bhéidh éad ná mór-chúis ann, a Shíle, ach chómh beag le h-aon ní gránda eile*, there will be no jealousy or pride there, Síle, any more than any other ugly thing [PUL1904].

**Ach go/ná:** 1. provided that, as long as: *cailín ciúin ciallmhar ach ná curfaí fearg uirthi*, she is a quiet and sensible girl as long as she is not angered [PUL1904]. 2. but for the fact that: *ach nár bh' fhéidir aon daoine eile dh'fhágail a dh'fhéadfadh oiread cíosa dhéanamh as a dtalamh agus a dh'fhéadaidís sin a dhéanamh*, but for the fact that they couldn't find anyone else who could generate as much rent from the land as they could [PUL1915]. *Do lúb a chosa féi, agus bhí sé i riocht tuitim ach gur rug Amhlaoibh air*, his legs buckled from under him, and he would have fallen if Amhlaoibh had not got hold of him [PUL1907].

**Ach oiread (agus/le)**, no more than, any more than: *cheapas ná pósfaidh Sadhbh é ach oiread agus a bháthfadh sí í féin*, I thought that Sadhbh was no more likely to marry him than she would be to drown herself [PUL1904]; *gan blúire foluígheachta ann, ach oiread le sean chaora*, with no more breeding than an old sheep [PUL1904]. See ⇒ **oiread**.

Usages with the verbal noun. 1. provided that, as long as: *cailín ciúin ciallmhar ach gan fearg do chur uirthi*, she is a quiet and sensible girl as long as she is not angered [PUL1904]. *Cheap sé, ach a leigint air bheith 'ghá cuardach ar a dhícheal nár bhaoghal go mbéadh a h-amhras air féin*, he thought that as long as he made out to search for it as best he could, there would be no danger of the suspicion falling on him himself [PUL1904]. 2. when, as soon as: *bhí na fir ag iniúchadh uirthi féachaint a' bhféadfaidís aon áit fhághail 'n-a sgoilfeadh buille maith láidir de'n órd í ach í bhualadh ann*, the men were scrutinising it, trying to see if they could find a place where a good, strong blow with the sledgehammer would split it when they struck it there [PUL1915]. 3. with **ag** and the verbal noun, for, through, on account of: *níor fhéad an fear bocht aon bhlúire bídh d'ithe an chuid eile de'n lá san, ach ag cuimhneamh ar an leath-shúil úd*, the poor man couldn't eat a scrap of food for the rest of that day for thinking of that eye [PUL1904].

**ach**, int. (Δέ) (αχ) ah! oh! Note: deprecatory in tone.

**achainí**, noun/vn, f. (npl. **achainíocha/achainí/achainithe**, dpl. **achainíbh**) (ἀέτσιγγε, ἀέτσιγγε/ἀέτσιγγεΔέΔά) (αχι'ní:, αχι'ní:xə/αxin'íhi) request, entreaty. **Achainí ' dh'iarraidh ar dhuine**, to make a request of someone. **Achainí do chur chun Dé**, to make an entreaty of God. **Iarraim in achainíochaibh ort**, I beseech you, implore you. **In achainí chruaidh**, in a beseeching, pleading tone. See ⇒ **achainím**. Note: **achainí** is found as a plural in PUL1921. PUL generally had **achainíocha**; AÓL and DBÓC have **achainithe**.

**achainím**, vn. **achainí**, verb. (ἀέτσιγγιμ, ἀέτσιγγε) (αχι'ni:m', αχι'ní:) I entreat, beseech. **Achainím ar dhuine rud a dhéanamh**, I beseech someone to do something. **An Tiarna ' achainí chun ruda**, to beg something of the Lord. Past: **d'achainíos, d'achainigh sé**. Imperative: **achainigh**. Note: **achainím** is attested in PUL1917b, but it is generally preferable to use noun phrases (**achainí ' chur chun duine, achainí ' dh'iarraidh ar dhuine**, etc).

**achar**, vn. ⇒ **achraim**.

**achasán**, m. GCh. ⇒ **asachán**.

**achomair**, adj. (comp. **achomaire**) (ἀέχομαιρ, ἀέχομαιρε) (αχəmir', αχəmir'i) 1. near, approximate. *Curtar i n-úil dúinn anso nách foláir dúinn gach ócáid achomair peactha do sheachaint biodh go gcuirfadh san fhéachaint orainn sgaramhaint le rud go mbeadh sé chómh deacair sgaramhaint leis agus bheadh sé sgaramhaint le láimh nú le súil*, by which we are taught to fly the immediate occasions of sin, though they be as dear to us, or as vital as a hand or an eye [PUL1915b]. *B' fhuiriste a dh' aithint ó'n gcuma 'n-ar ghlac sí é go raibh an gaol achomair go maith eatartha*, it was easy to tell from the way she received him that they were very closely related [PUL1907]. With **do**: *sar ar thánadar achomair do'n tigh*, before they got close to the house [PUL1915]. **Achomair dá ham**, close to her time (i.e., near to giving birth). 2. concise, succinct.

**achomaireacht**, f. (gs. **achomaireachta**) (ἀέχομαιρεΔέε) (αχəmir'əxt) proximity. **In achomaireacht**, very soon. **Teacht in achomaireacht**, to come soon, without delay. *Tá rígeacht na bhflathas tagaithe i n-achomaireacht*, the kingdom of heaven is at hand [Matthew 10:7, PUL1915b]. **In achomaireacht do theacht**, at hand, near to arriving.

**achra**, m. (npl. **achraí**) (ἀέρα, ἀέραí) (αχərə, αχə'ri:) handy tool, implement. [CFBB]

**achraim<sup>1</sup>**, vn. **achar**, verb. (ἀέραιμ, ἀέραí) (αχərim', αχər) I beseech. **Achraim ort**, I beseech you. **Ag achar is ag éamh chun Dé**, pleading to God. Note: possibly a form of ⇒ **agraim**. [CFBB]

**achrann**, noun/vn, m. (gs. **achrainn**) (ἀέρανν, gs. ἀέρανν) (αχərən, gs. αχərin') 1. entanglement. With **i**: **in achrann i rud**, caught in, entangled in, stuck in something. **Bradán a chur in achrann**, to catch a salmon (i.e. in an angler's net). **Éirí in achrann i rud**, to get stuck or entangled in something: *ná h-eirigh i n-achran I ngnóthaibh na n-uasal*, don't get involved in the affairs of the powerful [PUL1914]. **Dul in achrann i ghorrae**, to grab hold of a hare. 2. fastness, depths. *Chuaidh an radharc san chómh daingean san i n-achran am' aigne go bhfuil sé os cómhair mo shúl anois chómh gléineach agus bhí sé an lá san*, that sight made such a firm impression in the depths of my mind that it is before my eyes now as plain as it was that day [PUL1915]. **Chuaigh a chainnt in achrann sa bhfear eile**, his words made an impression on the other man, really sank in. 3. quarrelling, strife. *Seadh, a cháirde ionmhuine, ná biodh aon achran againn, ach sínidh amach chúgham pé airgead atá agaibh*, well, my dear friends, let's have no trouble here; just pass out to me whatever money you have [PUL1915]. **Achrann a dhéanamh**, to quarrel. **Achrann a tharrac ort féin**, to get into scrapes. **In achrann i nduine**, at strife with someone. **Ag achrann (le duine)**, quarrelling.

**achrannach**, adj. (comp. **achrannaí**) (ἀέρανναέ, ἀέρανναίγε) (αχərənəx, αχərəni:) entangled; rocky, difficult (of terrain); quarrelsome (of a person).

1 Is this from agraim? D'achair sé?

**acht**, m. (gs. **achta**, npl. **achtanna**) (ἀκτ, ἀκτᾶννα) (akt, aktənə) act, decree, enactment. **Cuireadh acht i bhfeidhm**, an Act was passed.

**acid**, s. (as'íd') acid. [DBÓC]

**aclaí**, adj. GCh. ⇨ **aicillí**.

**aclaíocht**, f. GCh. ⇨ **aicillíocht**.

**acmhainn**, f. GCh. ⇨ **acfainn**.

**acmhainneach**, f. GCh. ⇨ **acfainneach**.

**acra**, m. (npl. **acraí**) (ἀκρα, ἀκραί) (akrəθ, akə'ri:) acre. **Leathacra**, half an acre. **Acraí beatha**, acres of arable land. Note: often singular with numerals, **deich n-acra**.

**acrach**, adj. (comp. **acraí**) (ἀκρας, ἀκραίς) (akrəx, akə'ri:) handy, useful, convenient.

**adaím**, vn. **adú**, verb. (ἀδουίμι, ἀδουξάδ) (a'di:m', a'du:) 1. I kindle, construct, build, set a fire. **Tine ' dh'adú**, to light a fire. 2. **Rud d'adú le héinní**, to add something to something. **Adú ' chur leis**, to add to it. Past: **d'adaíos, d'adaigh sé**. Future: **adód, adóidh sé**. Imperative: **adaigh**. Participle: **adaithe**. Note: the forms **adaím** and **fadaím** are both found, but IWM indicates that **adaím** is the preferred form.

**adamant**, m. (gs. **adamaint**) (adəmənt) adamant, lodestone, diamond.

**adeirim**, verb. ⇨ **deirim**.

**ádh**, m. (gs. **ádha**) (ád) (a:, gs. a:) good luck, prosperity. **Tá an t-ádh liom**, I am lucky. **Do chion den ádh ' bheith ort (ó dhúchas)**, to be fortunate (in terms of birth/breeding). **Go gcuiridh Dia an t-ádh ort**, may God prosper you! **Cuireann Dia ádh chun duine**, God favours someone with good fortune. **Go n-éirídh an t-ádh leat**, may you prosper! **Éiríonn ádh leis**, he prospers. **Mí-ádh**, misfortune. *Ach go deimhin isé an t-Ádh do riaghlán gach nídh*, but, assuredly, Fortune rules all things [PUL1913]. **Fé ádh**, prosperously. **Ádh an chogaidh**, the fortunes of war.

**adhaint**, vn. ⇨ **adhnaim**.

**adhaircín**, m. (npl. **adhaircíní**) (ἀδαιρσίην, ἀδαιρσίηνί) (əir'k'i:n', əir'k'i:n'i:) little horn.

**adhairt**, f. (gs. **adhairte**, npl. **adhairtí**) (ἀδαιρτε, ἀδαιρτεί) (əirt', əir't'i:) pillow. [DBÓC]

**adhal**, m. (npl. **adhail/adhala**) (ἀδάλ, ἀδαί/ἀδάλᾱ) (əil, eil'~əilə) fork; flesh-hook.

**adhall**, m. (gs. **adhail**) (ἀδάλ) (əil) heat in bitches. **Fé adhall**, in heat. [LASID]

**adhaltrach**, adj. GCh. ⇨ **adhaltranach**.

**adhaltrach**, m. GCh. ⇨ **adhaltranach**.

**adhaltranach**, adj. (comp. **adhaltranaí**) (ἀδάλτραννας, ἀδάλτρανναίς) (əiltrənəx, əiltrəni:) adulterous.

**adhaltranach**, m/f. (npl. **adhaltranaigh**) (ἀδάλτραννας, ἀδάλτρανναςίς) (əiltrənəx, əiltrəniɡ') adulterer. **An adhaltranach mná**, the adulteress.

**adhaltranaí**, m. (npl. **adhaltranaithe**) (ἀδάλτρανναςίς, ἀδάλτρανναςίς) (əiltrəni:, əiltrənihi) a (male) adulterer.

**adhaltranas**, m. (gs. **adhaltranaís**, npl. **adhaltranasaí**, dpl. **adhaltranasuibh**) (ἀδάλτρανας, ἀδάλτραναςαί) (əiltrənəs, əiltrənəsi:) adultery. **Adhaltranas a dhéanamh le duine**, to commit adultery. **Lucht adhaltranaís**, adulterers. **Mná adhaltranaís**, adulteresses.

**adharc dhúigh**, f. GCh. ⇨ **adharc duibh**.

**adharc**, f. (gs. **adhairce**, ds. **adhairc**, npl. **adharca**) (ἀδαρκε, ἀδαρκα) (əirk, əirkə) horn. **Adharc a shéideadh**, to blow a horn. **Adharc duibh**, inkhorn.

**adharcach**, adj. (ἀδαρκας) (əirkəx) horned. **Bó adharcach**, a horned cow.

**adharcáil**, vn. ⇨ **adharcáilim**.

**adharcáilim**, vn. **adharcáil**, verb. (ἀδαρκαίλιμ, ἀδαρκαίλι) (əir'ka:lim', əir'ka:l') I gore, I attack with horns. Note: the verbal noun alone is attested in PUL's works.

**adhart**, m. (npl. **adhairt**) (ἀδαρτε, ἀδαιρτε) (əirt, əirt') pillow.

**adharthóir<sup>2</sup>**, m. (gs. **adharthóra**, npl. **adharthóirí**) (ἀδαρτέοιρ, ἀδαρτέοιρ) (əir'ho:r', əir'ho:r'i:) worshipper.

**adhascaid**, f. (gs. **adhascaide**) (ἀδασκαίδη) (əiskid') nausea, disgust, loathing. **Bíonn adhascaid orm/agam**, I feel sick/disgusted. **Chuirfeadh sé adhascaid ort féachaint air**, it would make you feel sick looking at it. [CFBB]

**adhastar**, m. (npl. **adhastair**, gpl. **adhastar**) (ἀδασταρ, ἀδασταρ) (əistər, əistir') halter. **Tá sé ar adhastar aige**, he's leading him by he halter.

**adhb<sup>3</sup>**, f. (gs. **aidhbe**, npl. **adhbanna**) (ἀδῆ, ἀδῆννα) (əib, əibənə) problem. **Sin í an adhb**, that's the snag. **Adhb chloiche**, a lump of stone, one of a decent size. Note: **adhb** originally referred to a knot in wood. Both ⇨ **fadhb** and **adhb** are found, but **adhb** is the form used in PUL1904.

**adhbairne**, f. (npl. **adhbairní**) (ἀδῆαιρνε, ἀδῆαιρνε) (əibir'n'i, əibir'n'i:) a large lumpy object. **Adhbairne chloiche**, a large, round stone. **Adhbairne phráta**, a very large potato. Note: masculine in some speakers. AÓL had **an adhbhairne**. See also ⇨ **fadhbairne**. [CFBB]

**adhfhufar**, adj. (comp. **adhfhufaire**) (ἀδ-φουατίμ, ἀδ-φουατίμ) (əi-'uəfər, əi-'uəfir'i) horrible, abominable.

**adhlaadh<sup>4</sup>**, noun/vn, m. (gs. **adhlaadh**, npl. **adhlaadh**) (ἀδλακᾶδ) (əiləkə, əiləki:) burial. **Lucht adhlaadh**, buriers. See ⇨ **adhlaacaim**.

2 This was the spelling in PUL1924, but check pronunciation against adhrathoir.

3 Presumably with aidhb in the ds. Only adhb is actually attested.

4 Check pl. Is adhlaadh pronounced adhlaca?

**adhlaicaim**, vn. **adhlaicadh**, verb. (ἀδλακαίμ, ἀδλακάδ) (əiləkim', əiləkə) I bury. Past: **d'adhlaicas**, **d'adhlaic sé**. Future: **adhlaicfad**, **adhlaicfaidh sé**. Imperative: **adhlaic**. Participle: **adhlaictha**.

**adhlaican**, m. (gs. **adhlaicain**) (ἀδλακάν) (əiləkən) burial.

**adhmad**, m. (gs. **adhmaid**) (ἀδμηάδ) (əiməd) wood. **Obair adhmaid**, woodwork, carpentry. **Adhmad óg**, underwood. **Adhmad críonna**, overwood, overstorey.

**adhmaint**, f. GCh. ⇒ **adamant**.

**adhmholadh**, noun/vn, m. (gs. **adhmholta**) (ἀδμηόλαδ) (əi-volə) lauding, praising highly. See ⇒ **adhmholaim**.

**adhmholaim**, vn. **adhmholadh**, verb. (ἀδμηόλαίμ, ἀδμηόλαδ) (əi-volim', əi-volə) to laud, praise highly.

**adhnadh**, vn. ⇒ **adhnaim**.

**adhnaim**, vn. **adhaint/adhnadh**, verb. (ἀδνηαίμ, ἀδνηαίτ/ἀδνηάδ) (əinim', əint'~əinə) I kindle, ignite. **Tá an tine ag adhaint**, the fire is taking hold. **Ní raibh beirt ag adú tine riamh ná go n-adhainfeadh/adhainfeadh eatarthu**, people always quarrel when doing something (two people never kindle a fire without quarrelling). **Adhaint ar**, to impinge on: **tá an ghaoth ag adhaint ar an sinné**, the wind is rubbing up against the chimney. **Beidh sé ag adhaint ort**, he will get his own back on you. Past: **d'adhnas**, **d'adhain sé**. Future: **adhainfead/adhainfead**, **adhainfidh sé/adhainfidh sé**, **adhanfar**. Imperative: **adhain**. Participle: **adhanta**. Note: the verbal adjective is attested in PUL1916 in **coinneall adhanta**, a kindled or lit flame. **Adhaint** is found in CFBB; PUL has **adhnadh** in Isaiah 30:33.

**adhnuua**, m. (gs. **adhnuaidh**) (ἀδνηόδ, gs. ἀδνηόδ) (əi'no:, gs. əi'no:g') novelty. **Adhnuua ' dhéanamh de dhuine**, to make a fuss of someone, to do something special to honour or welcome something, such as by a feast or a dance. [CFBB]

**adhradh**, noun/vn, m. (gs. **adhartha**) (ἀδρηάδ) (əirə, gs. əirhə) worship. **Módh an adhartha**, the manner of worship. See ⇒ **adhraim**.

**adhraim**<sup>5</sup>, vn. **adhradh**, verb. (ἀδρηαίμ, ἀδρηάδ) (əirim', əirə) I adore, worship. **Dia ' dh'adhradh**, to worship God. Past: **d'adhras**, **d'adhar sé**. Future: **adharfad**, **adharfaidh sé**. Imperative: **adhar**. Participle: **adhartha**.

**adhraím**, vn. **adhrú**, verb. (ἀδρηαιγίμ, ἀδρηαξάδ) (əi'ri:m', əi'ru:) to adore, worship. Participle: **adhraithe**.

**adhraitheoir**, m. GCh. ⇒ **adharthóir**.

**adhrú**, vn. GCh. ⇒ **adhraím**.

**adhrúil**, adj. (comp. **adhrúla**) (ἀδρηαίμ, ἀδρηαίλ) (əi'ru:l', əi'ru:lə) adorable.

**adhsáideach**, adj. (comp. **adhsáidí**) (ἀδρᾱισαεᾱς, ἀδρᾱισαίγε) (əi'sa:d'əx, əi'sa:d'i:) convenient, easy. **Feirm/páirc adhsáideach**, a farm or field easy to work. Note: CFBB shows that some speakers (including TÓR) had /e:'sa:d'əx/; PUL's spelling shows he had a diphthong here, as did AÓL, DBÓC, MÓL and CÓD.

**admháil**, noun/vn, f. (gs. **admhála**, npl. **admhálacha**) (ἀδμηάιλ, ἀδμηάιλᾱς) (adə'va:l', adə'va:ləxə) admission, acknowledgement. *An príunsa do ghlac tabharthas mar sin ó Bhrian, d' admhuigh sé Brian a bheith 'n-a rígh os a chionn, agus bhí ceangailte air as san amach an admháil sin do sheasamh*, a prince who accepted a gift like that from Brian admitted that Brian was king over him, and he was bound thenceforth to stand by that admission [PUL1907]. *Na ríghthe agus na riaghaltaisí atá sa tsaoghal anois, an chuid acu go bhfuil aon admháil i n-aon chor acu do Chreideamh, do chheadóchaidís an Creideamh le h-ionachus go ndéanfadh an Creideamh na daoine úmhal dóibh*, the kings and governments of the world today, those of them who have any sympathy at all for/leanings toward/recognition of the Faith, would permit the Faith [to be propagated] in the expectation that the Faith would make the people obedient to them [PUL1907]. **Admháil chun ainme an Tiarna**, to confess/show recognition of the name of the Lord. **Admháil a dhéanamh do**, to acknowledge. **Is deas an admháil í sin uait**, it's great to hear you admit that. **Admhálacha airgid**, financial receipts. See ⇒ **admhaím**; **admháilaim**.

**admhaím**, vn. **admháil**, verb. (ἀδμηαιγίμ, ἀδμηάιλ) (adə'vi:m', adə'va:l') I admit, acknowledge, confess. *Tá an spórt go h-aindeis anois, admhuighim*, the fun is in a bad way, I admit [PUL1904]. **Admhaím ó chroí (go)**, I truly admit (that). Past: **d'admhaíof**, **d'admhaigh sé**. Future: **admhód**, **admhóidh sé**. Imperative: **admhaigh**. Participle: **admháilta**. See also ⇒ **admháilaim**.

**admháilach**, adj. (comp. **admháilí**) (ἀδμηάιλᾱς, ἀδμηάιλαιγε) (adə'va:ləx, adə'va:li:) admitting. **Admháilach do Dhia**, showing recognition of God, acknowledging God.

**admháilaim**, vn. **admháil**, verb. (ἀδμηάιλ, ἀδμηάιλ) (adə'va:lim', adə'va:l') I admit, acknowledge, confess. Note: this word is not given in dictionaries, and seems to be an *ad hoc* form attested in PUL's works in the present tense only. *Gníomh Dia d'adhradh, le n-a n-admháilaimíd cómhacht Dé go h-ionlán os ár gcionn*, an act of divine worship, by which we fully acknowledge the power of God over us [PUL1925]. See also ⇒ **admhaím**.

**ádóchas**, m. (ἀδ-δόχας) (ɑ:-do:xəs) excessive hope. **Ádóchas à trócaire Dé**, too much hope in God's mercy. [CFBB]

**adú**, vn. ⇒ **adaím**.

**aduaidh**, adv. (ἀδουαίδ) (ə'duəg') from the north. **An ghaoth aduaidh**, the north wind.

**ae**, adj. (ae) (e:) shy, bashful. **Fear ae**, a man lacking in confidence. [CFBB]

**ae**, m. (npl. **aenna**, gpl. **ae**) (ae, aeóanna) (e:, e:nə) liver; dearest friend. **A Dhiarmaid an ae** or **A Dhiarmaid na n-ae**, my dear Diarmaid. Note: LASID has **na haenna** as meaning "liver" in the singular; Ecsodus 29 uses **ae** in the singular.

**aeire**<sup>6</sup>, m. (npl. **aeirí**) (aeóairí) (e:r'i, e:r'i:) shepherd. **Aeire bó**, cowherd. **Aeire fóna**, good shepherd. Note: CFBB implies that **an t-aeire** is pronounced /in' t'e:r'i/.

5 IWM gives the pronunciation as adhrú, yet PUL consistently has adhradh.

6 Check slender t of an t-aeire.

**aeireacht**, noun/vn, f. (gs. **aeireachta**) (aeōdairēact) (e:r'əxt~e:rəxt) herding. **Aeireacht a dhéanamh ar bhuaibh**, to herd cows. **Lucht aeireachta**, herdsmen. **Ag aeireacht bhó**, herding cows. See ⇒ **aoraim**. Note: LASID shows a broad r.

**aenigma**, s. (i'n'igmə) enigma, riddle.

**aeninneach**, adj. (comp. **aeninní**) (aeōinnēad, aeōinnēige) (e:n'ín'əx, e:n'ín'i:) concentric, one inside the other.

**aer**, m. (gs. **aeir**) (aeōēar/aeir) (e:r) air. **Bun an aeir**, the horizon. **Aer an tsaeil**, the vanities and pleasures of the world. **D'imigh sé le haer an tsaeil**, he dissipated his life in the pursuit of pleasure. **Fén aer**, in the fresh air; **amu' fén aer ghlan**, out in the fresh air. **Ag stracadh agus ag réabadh an aeir**, tearing the air (as of shells and bullets).

**aerach**, adj. (comp. **aeraí**) (aeōēarac, aeōēaraiḡe) (e:rəx, e:'ri:) 1. airy, pleasant, lively, gay, carefree. **Fear aerach**, a merry chap. 2. eery. *Do chreid an mháthair é toisg an ainim aerach a bheith ar an áit*, his mother believed him because the place was known for its eeriness [PUL1904].

**aeráid**, f. (gs. **aeráide**, npl. **aeráidí**) (aeiráid, aeiráidí) (ə'rɑ:d', ə'rɑ:d'i:) flighty of fancy, notion. **Is éachtach an aeráid a tháinig dō**, he's developed a peculiar notion. [CFBB]

**aeraíocht**, noun/vn, f. (gs. **aeraíochta**) (aeōēaraiōēad) (e:'ri:xt) 1. lightmindedness, frivolousness, vanity. 2. open-air festival. **Ag aeraíocht**, to go for a walk in the fresh air.

**áfach**, adv. (áfhac) (ɑ:fəx) however, indeed. *Bíodh, ámhthach, go raibh san mar sin*, although, indeed, that was how it was [PUL1915]. Note: **áfach** never goes first in a sentence.

**áfaigh**, adv. (áfhig) (ɑ:'fig) however, indeed. See ⇒ **áfach**. [AÓL]

**Afraic**, f. GCh. ⇒ **Aifric**.

**Africa**, f. (Afric) (af'rikə~af'rik'i) Africa. Note: this is used with the article, as **an Africa** (and **na hAfrica** in the genitive), but without it in the phrase **go hAfrica**. PUL generally used an Anglophone form of the word. The slender c is shown in CFBB. See ⇒ **Aifric**.

**ag**, prep. (ag) (ig', əg, ə) 1. at, by. Often seemingly superfluous: **ar a cheann aige**, on his head, having (something) on his head; **tá sé go hól agat**, you've got/picked a bad one there. 2. used to indicate the agent. *Bhí a theachtairí aige le cur uaidh go h-Éirinn nuair a bhíodh eólus éigin ná fuilingeóch' righneas aige le cur ag triall ar Mhurchadh*, he had his messengers to send to Ireland when there was some information to send to Murchadh that would brook no delay on his part [PUL1907]. **Níor airigh sé é ag fothram éigin**, he couldn't hear it because of some noise. 3. used with the verbal noun. **Ag déanamh, /i d'ianəv/**, doing. Often expressing a purpose: **táim ag dul ar an aonach ag ceannach bó**, I am going to the fair for the purpose of buying a cow. 4. **Leitir acu**, one of the letters. 5. **Tá púnt agat orm**, I owe you a pound. 6. expressing duty or something to do be done. **Níl aige ach labhairt**, all he has to do is speak up. *Is agat-sa atá mise do bhaiste ar dtús*, it is you who ought to baptise me first [PUL1924]. 7. idiomatic usage. **Mar a raibh aige**, where he was: *d'fhan an cat mar a raibh aige go dtí go raibh cuid mhaith acu thíos*, the cat stayed where he was until a good number of them had come down [PUL1931]. *Do bhíodh tamall anso is ansúd aige is gach aobhal*, he spent some time here and there all over the place (in hiding) [AÓL1968].

Note the pronunciation of the emphatic **againne** /ə'gin'-nə/. **Séamas so againne**, our Séamas, the Séamas in our family. Pronoun forms: **agam** /ə'gum/, **agat** /ə'gut/, **aige** /i'g'e/, **aici** /i'k'i/, **againn** /ə'gun'~ə'gin'/, **agaibh** /ə'gʊv'~ə'giv'/, **acu** /ə'ku/. Other combinations: with the article, **ag an** /ig'ən~(ə)gən/, **ag na** /ig'ə nə~i'g'esnə/; with the possessive particles, **ageam** /ig'əm/, **agead/ageat** /ig'əd/ or /ig'ət~ig'it'/ before a vowel<sup>7</sup>, **ag á** /ig'a:/ (or **aigena**, /i)g'ənə/), **ag ár** /ig'a:r/, **ag úr** /ig'u:r/; with the comprehensive relative particle, **ag á**. A vowel may intervene before a consonant: **ag Seán** /ig'(i) ja:n/. **Ag** is often truncated to /ə/ or elided in speech before verbal nouns beginning with consonants: **ag filleadh abhaile** /ə fil' ə'val'i/, returning home; **agus é ag tnúth leis** /se: tnu: l'eʃ/, he was looking forward to it; **rud do bhí agam** /rod ə v'i: gum/. An s may intervene in **aige(s) gach**. **Ag** combines with pronoun objects of the action expressed by the verbal noun in the following ways: **am** /əm/, **ad/at** /əd/ or /ət-it'/ before a vowel, **á** /ɑ:-da:/ or /yɑ:/, **ár** /ɑ:r/, **úr** /u:r/, **á** /ɑ:/: *imthigh leat láithreach, i dtreo go measfar gur ad' chur ar theachtaireacht atáim*, leave now, so that people think I am sending you on an errand [PUL1907]. See ⇒ **á**; **dá**; **dhá**.

**aga**, m. (npl. **agaí**) (aga, agái, ds. agáiō) (agə, d'gi:) period of time, interval. **I gcionn aga fhada**, after a decent interval. **Tabhair aga beag dom**, give me some time. [CFBB]

**agairt**, noun/vn, f. (gs. **agartha**) (agairt) (agirt') vengeance. **Agairt a dhéanamh ar dhuine**, to wreak vengeance on someone. **Dul gan agairt**, to go unpunished. **Agairt ar rud**, vengeance for something. See ⇒ **agraím**.

**agáit**, f. GCh. ⇒ **agát**.

**agallamh**, m. (npl. **agallaimh**) (agallam, agallaim) (agələv, agəliv') discourse. [AÓL, DBÓC]

**agát**, s. (ə'gɑ:t) agate (precious stone).

**agent**, s. (npl. **agentí**) (e:dʒənt, e:dʒənt'i:) agent (of a landlord).

**ágh**, m. (gs. **áigh**) (áḡ) (ɑ:, gs. a:g') prowess, valour. **Bárr áigh**, victory, triumph. **Ag breith bárr áigh ar a chéile**, competing, excelling each other. **Gráin áigh**, deep loathing. [CFBB]

**aghaidh**, f. (gs. **aghaidh**, npl. **aghaidheanna/aghaidhe**, gpl. **aghaidh/aghaidhe**, dpl. **aghaidh/aghaidhibh**) (aghaid, aghaidheanna) (əig', əig'ənə) face. **Aghaidh dhorcha atá air**, he is dark-complexioned, dark-skinned. *Bhí sé i n'aghaidh agus i n'fheuchaint mar a bheadh duine buile*, he resembled a mad man in every look and feature [PUL1913]. **Aghaidh an domhain**, the face of the earth. **Aghaidh an gheata**, the front of the gate. **Tá aghaidh na ndaoine air**, he is popular: *bhí aghaidh na h-Éirean go léir an uair sin ar Bhrian agus ar Cheann Cora agus ar Dhál gCais*, the whole of Ireland

7 Check all forms in this paragraph.



paid rapt attention at that time to Brian, Kincora and the Dalcassians [PUL1907]. *Thug san aghaidh ríogra na h-Eúróipe ar Chathair Chonstantín*, that focused the attention of the kings of Europe on Constantinople [PUL1924b]. **Tá aghaidh na mbóithre ar an áit**, the roads lead there: *ní chuirfidh sé aistear ar aon bhuidhin againn, mar tá aghaidh na mbóithre is fearr agus is diríge, ar Cheann Cora, ó'n áit seo*, that will not cause any of our troops to take a roundabout journey, for the roads that lead to Kincora from here are better and more direct [PUL1907]. *Bhí aghaidh na plásóige ó-dheas*, the plot faced south [PUL1904]. *Agus go dtagadh sgannra orm nuair a chinn rian cos na n-ainmhídhthe eile ann, agus aghaidh gach riain isteach, agus gan aghaidh aon riain amach*, and I became afraid when I saw the footprints of the other animals there, with each print leading inwards, and none leading back out [PUL1931]. **Tugaim aghaidh ar:** 1. I make for (a place), I face a person: *conus a thabharfad aghaidh ar a athair agus ar a mháthair!*, how will I face his parents? [PUL1915]; *is tú an fear is éagsamhlaighe d'ár bhuail riamh fós umam i n-aon taobh d'ár thugas m'aghaidh*, you are the most extraordinary man I have yet met in any place I have been [PUL1904]; **do thug sé aghaidh ar an mbóthar**, he took to the road; **aghaidh a bheith ort ar áit**, to head somewhere; 2. I concentrate on, get on with, focus on: *thugas aghaidh ar na gnóthaibh a bhain le h-obair an Choláisde i mBéarla agus i Laidin agus sa bhFrainncis*, I concentrated on things connected with my college work in English, Latin and French [PUL1915]; *b'éigean dóibh aghaidh a thabhairt ar shaothrú na talmhan chun bídh agus éadaigh do sholáthar dóibh féin agus d'á gclainn*, they had to take up cultivation of the land to provide food and clothing for themselves and their children [PUL1924]; *bhí gach aon deabhradh nár ró fhada go mbeidís ábalta ar aghaidh a thabhairt ar Lochlanach i gcath agus ar chleas a mhúineadh dhó*, there was every likelihood they would soon be able to take on Vikings in battle and teach them a thing or two [PUL1907]; 3. I turn something towards/to face something: *thug sé aghaidh an leabhair ar an stracaire*, he turned the book towards the tramp [PUL1913b]. **T'aghaidh a thabhairt siar**, to turn back. **Aghaidh aighnis a thabhairt ar dhuine**, to fight/quarrel with someone. **Aghaidh bhéil** /eig' v'e:!/ **a thabhairt ar dhuine** (**t'aghaidh a thabhairt ar dhuine**), to scold someone (CFBB shows some speakers, including MÓL, had **aghaidh béil**). **Tóg aghaidh do bhéil díom**, leave me alone. **Ná tarraig aghaidh do bhéil orm**, don't start on me. *D'airigheas Sathbh ag callaireacht, aghaidh na muc agus na madraí aici d'á thabhairt ar chómharsain éigin*, I heard Sathbh ranting and furiously scolding a certain neighbour (i.e. using the rude expressions one would say to a dog or a pig) [PUL1904]. **Slóite do ghléasadh chun aghaidh**, to prepare an army to move out. **Sineadh ar do bhéal is ar t'aghaidh**, to lie flat on your face. **Sínte agus a aghaidh faoi**, lying face down. **San aghaidh duit**, to your very face.

**Ar aghaidh**, in front, ahead, facing, opposite. *Bhí sí 'n-a seasamh ar aghaidh an doruis isteach*, she was sitting in front of the door facing inwards [PUL1915]. *Do chuir sí an tseóid isteach 'na bhrollach, ar aghaidh a chroídh*, she put the jewel into his bosom, over his heart [PUL1904]. *Meilfad iad ar nós smúite ar aghaidh na gaoithe*, I shall beat them as small as the dust before the wind [Psalm 17:43]. **Aghaidh ar aghaidh le duine**, face to face, directly opposite someone. **Ar aghaidh díreach**, straight forward. **Díreach ar aghaidh**, straight ahead. **Ceann ar aghaidh (ar)**, headlong, heading straight for. With **amach**: *do sheasuiagheas ar aghaidh an duin'uasail amach*, I sat directly facing the gentleman [PUL1915]. **Ar m'aghaidh amach**, right in front of me. **Ar a aghaidh anonn**, over on the other side from him. **Ar a haghaidh suas**, up in front of her. **Ar a n-aghaidh soir**, in front of them, opposite them, on the east side. **Duine nú rud a chur ar aghaidh**, to advance or promote someone or something: *chínn gach aoinne a d'iaraidh é féin do chur ar aghaidh agus do bheachtughadh i n-eóilus agus i gclisteacht agus i gcumas ar an mBéarla*, I would see everyone trying to advance and perfect/complete himself in terms of dexterity in and command of English [PUL1915]. **Dein ar t'aghaidh/dein ar th'aghaidh**, come along, come in, come forward. **Dul ar aghaidh**, to go forward, advance, progress. **Dul ar aghaidh in eagna (in aois)**, to advance in wisdom (in years). **Leogaim ar aghaidh**, I let something continue, let it go ahead: *níor bh'fhéidir do Ghladstone an saghas san oibre do leigint ar aghaidh*, Gladstone couldn't let that sort of thing continue [PUL1915]. **Teacht siúl lae ar aghaidh**, to come on a day's walk ahead. **Ar aghaidh nú siar**, forward or backwards. **Ar aghaidh i bhforaontacht**, advanced, well along, in terms of righteousness.

**Dul ar aghaidh**, progress (n). **Dul ar aghaidh a dhéanamh**, to make progress. **Dul ar aghaidh i rud**, progress in something.

**In aghaidh** /ə nəi-ə nəig'/, for, for each; against: **in aghaidh an lae** /(\ə) nəin le:/, by the day, daily, day by day; **in aghaidh gach lae**, for each day; **'nár n-aghaidh**, against us; **in aghaidh Dé** /(\ə) nəi d'e:/, against God; **in aghaidh na dlí**, against the law. *Bhíodar ag brath i n-aghaidh gach neómait, ar sgéal uathbhásach a dh'aireachtaint ó Cheann Cora*, they were waiting by the minute to hear something terrible from Kincora [PUL1907]. **Cuirim in' aghaidh**, I oppose, contradict him/it. **Doras a dhúnadh in' aghaidh**, to shut a door against him. *Ní'l maith is uaisle 'ná maith i n-aghaidh an uilc*, there is no greater good than good performed in return for evil [PUL1931]. **Olc in aghaidh maitheasa**, evil in return for good. **In aghaidh** has connotations of going uphill: **do ghluais sé in aghaidh an áird amach**, to went off up the hill.

**agó**<sup>8</sup>, m. (gs. **agó**) (ə'go:) (αιτζεο/αζό) reservation. **An t-agó do chur ann**, to make a reservation (enter an objection or stipulation in regard to an agreement). **Agó do chur sa scéal/sa chúrsa**, to qualify the matter, make some kind of reservation. **Rud do chuir ó aon agó**, to place something beyond doubt or equivocation. Note: PUL used both **ochó** and **agó**, but CFBB states that only **agó** is found in the dialect.

**agraim**, verb. GCh. ⇒ **agraim**.



**bá**, noun/vn, m. (gs. **bá**) (βάδᾰδ) (ba:) drowning; inundation. **Bá farraige**, drowning at sea. See ⇒ **báim**.

**ba**, verb. ⇒ **is**.

**bab liac**<sup>73</sup>, m. (gs. **bab liac**, npl. **babanna liac**, gpl. **bab liac**) (bab liac, babanna liac) (bab l'íæk, babənə l'íæk) puppet, marionette. [PÓB]

**báb**, f. (gs. **báibe**, npl. **bába**, gpl. **báb**) (báb, bába) (ba:b, ba:bə) maiden (poetic in tone).

**bábáinín**, m. (npl. **bábáiní**) (bábáimín, bábáimín) (ba:ba:n'i:n', (ba:ba:n'i:n'i:)) little baby. [AMF]

**babhais**, f. (babᾰίρη) (bouf) a bout or turn (e.g. of a dance). [CFBB]

**babhla**, m. GCh. ⇒ **bóla**.

**babhta**, m. (npl. **babhtaí**) (babᾰτα, babᾰταί) (boutə, bou'ti:) "boot", something thrown in as an inducement or to equalise an exchange. **Tabharfad babhta maith dhuit**, I will throw something good as an inducement in the deal.

**babhta**, m. (npl. **babhtaí**) (babᾰτα, babᾰταί) (boutə, bou'ti:) bout, turn, round. **An babhta so**, this time. **An chéad bhabhta**, the first time round. **An mó babhta?**, how many times? **Babhta boiscíní**, boxing match, or practice wielding sticks in preparation for a fight. **Babhta rínce**, a turn or a while in dancing. 2. boot, something thrown in as an inducement.

**bac**, noun/vn, m. (gs. **baic**) (bac) (bək) hindering. **Níl bac air/níl a bhac air**, there is nothing to stop him (from doing something): *ná béadh bac air dul ó'n gceann thuaidh go dtí an ceann theas de'n chnuc ar ghéagaibh crann*, there would be nothing to stop him from walking from the north end to the south end of the hill on tree branches [PUL1915].

**Cad é an bac atá air é ' dhéanamh?** what is stopping him from doing it? how come he cannot do it? **Gan bac do**, never mind, let alone: *bhí fhios aige go raibh cuid acu agus gur bh' ar éigin a bhíodar ábalta ar a gcuid féin de'n chíos do chur le chéile agus gan bac do'n éileamh eile*, he knew that some of them could hardly get their own rent together, never mind meet the other demand [PUL1915]. **Gan bac leis**, paying no attention to it, irrespective of it. See ⇒ **bacaim**.

70 Check comparative. Probably atruacháí. Where would stress be? /hi/

71 Check stress in singular and plural.

72 F i FGB.

73 Check forms.

**bacach**, adj. (comp. **bacáí**) (bacac̄, bacac̄ige) (bə'kax, bə'ki:) lame.

**bacach**, m. (npl. **bacaigh**) (bacac̄, bacac̄ig) (bə'kax, bakig') tramp, beggar, cripple. **Bacach an mhála**, a vagrant or tramp carrying his belongings in a bag.

**bacachán**, m. (npl. **bacacháin**) (bacac̄án, bacac̄áim) (bakə'xa:n, bakə'xa:n') cripple. **Bacachán capaill**, a crippled horse.

**bacachas**, noun/vn, m. (gs. **bacachais**) (bacac̄ar) (bə'kaxəs) act of begging. **Ag bacachas**, begging. **Ná bí ag bacachas air**, don't go begging something from him

**bacáí**, f. (gs. **bacáí**) (bacac̄ige) (bə'ki:) lameness. **Ciscéim bacáí ' bheith ionat**, to have a limp. **Bacáí ' bheith ort**, to be lame, have a limp.

**bacaichínteacht**, noun/vn, f. (gs. **bacaichínteachta**) (bacac̄ic̄inteac̄t) (baki'hi:nt'əxt) a tendency to sponge or cadge off others. **Bhí an bhacaichínteacht is an dóichiúlacht de nádúr iontu**, begging and cadging meals was in their nature. [CFBB]

**bácáil**, noun/vn, f. (gs. **bácála**) (bácáil) (bə:'ka:l') baking. See ⇒ **bácáilim**.

**bacaim**, vn. **bac**, verb. (bacaim, bac) (bakim', bak) I hinder, let. **Ná bac é**, don't mind it; give him no heed. *Do ghnó féin dein, a dhuine, Ná bac mo ghnó, ná mise*, pay attention to your own business, man; leave me and my business alone [PUL1903]. **Ná bac leis**, leave him/it alone, have nothing to do with him/it (the Four Masters of Ballyvourney preferred this to **ná bac san** in PUL1904). **Níor bhac sé dul ann**, he didn't bother going there, he refrained from going there. Past: **do bhacas**, **do bhac sé**. Future: **bacfad**, **bacfaidh sé**. Imperative: **bac**. Participle: **bactha**<sup>74</sup>.

**bacáim**, vn. **bacú**, verb. (bə'ki:m', bə'ku:) (bacuigim, bacuigad) to cripple, render lame. **Do bacáidh é**, he was crippled.

**bácáilim**, vn. **bácáil**, verb. (bácáilim, bácáil) (bə:'ka:lim', bə:'ka:l') I bake. **Arán a bhácáil**, to bake bread. Past: **do bhácálas**, **do bhácáil sé**. Future: **bácálfad**, **bácálfaidh sé**. Imperative: **bácáil**. Participle: **bácáilta**.

**bacán**, m. (npl. **bacáin**, gpl. **bacán**) (bacán, bacáin) (bə'ka:n, bə'ka:n') 1. hook, peg. 2. the step of a spade. Note: CFBB shows AÓL preferred ⇒ **sataill na rámhainne** for the step of a spade.

**bách**<sup>75</sup>, adj. (comp. **báichí**) (báic̄eac̄, báic̄ige) (bə:x, bə:'hi:) sympathetic, kind. **Is bách (iad) lucht aon chéirde**, people of the same trade are friendly to one another, birds of a feather flock together. Note: CFBB states that that is a rarer form than ⇒ **báidhiúil**. [CFBB]

**bachall**<sup>76</sup>, m. (gs. **bachaill**, npl. **bachalla**, gpl. **bachall**) (bac̄all, bac̄alla) (baxəl, baxələ) crook, shepherd's staff; the knob on the top of a stick; also refers to a hooked nose. "*Bachall*" a *bhíodh ag daoibh mar leasainm air*, "knob" or "crooked nose" is what people used to call him [PUL1904]. **Bachall na rámhainne**, the part of the treadle that projects over the side of the spade.

**bachallach**, adj. (comp. **bachallaí**) (bac̄allac̄, bac̄allac̄ige) (baxələx, baxə'li:) curled, ringleted (of hair). [AMF]

**bachram**, m. (gs. **bachraim**) (bac̄ram) (baxəram) 1. boisterous behaviour, including fighting in the streets. 2. a lively party with dancing. **Ana-bachraim rínice**, a shindig. [CFBB]

**backband**, s. (bak'-b'and) backband of a horse's harness. [LASID]

**bacla**, f. (gs. **baclainne**, ds. **baclainn**, npl. **baclanna**) (bac̄la, bac̄lanna) (bakələ, bakələnə) the arms (to hold something in the arms). **Ar a baclainn**, in her arms. *Tar anso amach, nó raghad isteach agus tabharfad amach ar mo bhacalainn thú*, come out here, or I will go in and carry you out [PUL1904]. **'Na bhacalainn aige**, in his arms.

**baclámhach**<sup>77</sup>, adj. (comp. **baclámhaichí**) (bac̄lámac̄, bac̄lámac̄ige) ('bakə'la:x, 'bakə'la:hi:) shorthanded, without enough assistance or without enough equipment.[CFBB]

**bacú**, vn. ⇒ **bacáim**.

**bácús**, m. (npl. **bácúis**, gpl. **bácús**, dpl. **bácúsaibh**) (bácúir, bácúir) (bə:'ku:s, bə:'ku:f) pot-oven, bastible.

**bád**, m. (npl. **báid**) (bád, báid) (bə:d, bə:d') boat. **Bád iascaigh**, fishing boat. **Bád seóil**, sail-boat. **Dul isteach i mbád**, to get in a boat. **Fear an bháid**, the boatman.

**badhb**, f. (gs. **baidhbe**, npl. **badhba**, gs. **badhb**) (bəd̄b, bəd̄b) (bəib, bəibə) scold, curse; carrion-crow, vulture.

**badhbaireacht**, f. ICS. ⇒ **badhbóireacht**.

**badhbh**, f. ICS. ⇒ **badhb**.

**badhbóireacht**, noun/vn, f. (gs. **badhbóireachta**) (bəd̄bóireac̄t) (bəi'bo:r'əxt) act of cursing, scolding. **Badhbóireacht ar dhuine**, cursing, execrating someone.

**bádóir**, m. (gs. **bádóra**, npl. **bádóirí**) (bádóir, bádóirí) (bə:'do:r', bə:'do:r'i:) boatsman.

**badráil**, vn. ⇒ **badráilim**.

**badráilim**, vn. **badráil**, verb (badraílaim, badraíl) (badə'ra:lim', badə'ra:l') to bother. **Bheith badrála le duine**, to be bothered with someone. [LASID]

**bagairt**, noun/vn, f. (gs. **bagartha**, npl. **bagairtí**, dpl. **bagarthaibh**) (bagairt, bagairtí) (bagirt', bagirt'i:) 1. threat. 2. an act of nodding or winking. *Bhí sí ag déanamh grínn agus suilt de'n chuma 'n-ar chuir rígh Laighean fearg ar Mhurchadh nuair a dhein sé an bhagairt ar Chonáing sa chluiche*, she was joking and making fun of the way the king of Leinster had angered Murchadh when he gave Conáing that wink in the game [PUL1907]. *Ní ceart géilleadh do gach focal ná*

74 Bacaithe?

75 comp?

76 Check npl. Gender given in Foclóir do Shéadna.

77 Check comparative.



*do gach bagairt*, we must not trust in each word (someone says), nor in each feeling/inclination we have [PUL1914].

**Bagairt chun duine**, to nod towards someone (as of a signal to a servant). **Bagairt chinn**, a nod of the head. Note: the verbal noun is occasionally found as **bagair**. See ⇒ **bagraim**.

**bagáiste**, m. (npl. **bagáistí**) (bagáiste, bagáistí) (bə'gɑ:ft'i, bə'gɑ:ft'i:) luggage, baggage. [DBÓC]

**bagarthach**, adj. (comp. **bagarthaf**) (bagarthach, bagarthach) (bagərthəx, bagər'hi:) threatening, menacing.

**bagrach**, adj. GCh. ⇒ **bagarthach**.

**bagraim**, verb. GCh. ⇒ **bagraim**.

**bagraim**, vn. **bagairt**, verb. (bagairim, bagairt) (bagər'im', bagir't') 1. I brandish, shake. **Bagraim bata air**, I shake a stick at him. *Ag bagairt a gcinn de dhruim a chéile*, their heads rising above each other [PUL1915]. **Claíomh a bhaghairt ar dhuine**, to threaten someone with a sword. 2. I beckon, nod, wink, make signs to, signal to (with **ar**): *bhí sí ag bagairt orm-sa fanamhaint léi*, she was beckoning to me to wait for her [PUL1904]. 3. I threaten (with **ar**): *ó'n gcéad bhliain amach bhí an tsláinte ag bagairt orm*, from the first year on my health was threatened [PUL1915]. **Do lámh a bhaghairt chun duine**, to wave at someone. **Mairg a bhagairt ar dhuine**, to threaten someone with woe: *a lán mairgí aige d'á bhagairt ortha mar gheall ar an gceilg a bhí ionta agus mar gheall ar a ndaille*, he denounces divers woes against them for their hypocrisy and blindness [PUL1915b]. Past: **do bhagras**, **do bhagair sé**. Future: **bagród**, **bagróidh sé**. Imperative: **bagair**. Participle: **bagartha**.

**bagún**, n. (gs. **bagúin**) (bagún) (bə'gu:n) bacon.

**baic**, f. (gs. **baice**) (baic) (bək') 1. twist, crook, found in the phrase **baic mhúinil**, the nape of the neck. 2. turn in the handle of an umbrella. **Cuir baic ar do phráta chun sáile breá leamhnachta**, take a chunk out of your potato for the sauce of salt and new milk.

**baicéir**, m. (gs. **baicéara**, npl. **baicéirí**) (baicéir, baicéirí) (bə:'k'e:r', bə:'k'e:r'i:) baker.

**báidh**<sup>78</sup>, f. (gs. **bá**) (báid, gs. báide/báida) (bə:'g') sympathy, liking. With **le**: *bhí ana bháidh ag na daoine leis*, the people were very fond of him [PUL1915]. *Gan amhras is leis an bhFrainnc a bhíodh ár mbáidh go léir idir óg agus críona againn*, there was no doubt that our sympathies, both young and old, were with France [PUL1915].

**báidhiúil**, adj. (comp. **báidhiúla**) (báidheúil, báidheúil) (bə:'g'u:l', bə:'g'u:lə) sympathetic, well-disposed. With **le**: *bhí sagart a bhí báidheamhail leis thoir i mBaile na Móna*, there was a priest on good terms with him in Ballinamona [PUL1915].

**báidhiúlacht**, f. (gs. **báidhiúlacht**) (báidheúilacht) (bə:'g'u:ləxt) sympathy, favour. **Báidhiúlacht a thabhairt/thaispeáint do dhuine**, to show someone favour.

**bail**, f. (gs. **baile**) (bail) (bəl') success, prosperity. **Bail ó Dhia ar an obair**, may God speed your work. **Bail ó Dhia anso isteach!** God save all here (on entering a place). **Is maith an bhail orm é**, it is good for me, a stroke of luck for me, it is as well for me (that), it is a good job that. **Ba mhaith an bhail air é**, it would have been better for him. *Bhí sé daingean i n-aighe gach aoinne, idir Ghaedhal agus Lochlanach, nár mhaith an bhail ar chine Ghaedhlach ná ar chine Lochlanach Brian agus Clann Chais a bheith 'n-a namhdaibh acu*, everyone, whether Gael or Viking, was convinced that it would be bad for the Gaelic race and the Viking race for Brian and the Dalcassians to be their enemies [PUL1907]. *Is ró [mhaith] an bhail ort nách fear thu!*, it's a good job you're not a man! [PUL1907]. **Is olc an bhail air é**, worse luck for him!

**bailbhe**, f. (gs. **bailbhe**) (bailbe) (bə'l'i:) dumbness, muteness.

**baile**, m. (npl. **bailte-bailtíocha**, dpl. **bailtibh**) (baile, bailte/bailtíocha) (bəl'i, bəl'hi-bəl'hi:xə) townland. **Baile fearainn**, townland. **An baile**, home. **Fé dhéin an bhaile**, home, homewards. **Baile beag**, village. **Baile mór**, town, city. **An Baile Mór**, Dublin: *deir Diarmuid gur duine uasal é agus gur aníos ó i n-aice an bhaile mhóir i mball éigin é*, Diarmaid says he is a gentleman and that he is from some place up near Dublin [PUL1904]. **A bhaile dúchas**, his hometown. **Abhaile**, homewards. **Ar an mbaile**, in the village/townland. **Aghaidh a thabhairt ar an mbaile**, to set off home. **As baile/as an mbaile**, away from home, out. **Sa bhaile**, at home. *Tháinig ann, leis, ó sna tuathibh agus as na saor-bhailtibh, mórán daoine a bhí uasal sa bhaile*, many other men came, from the districts and boroughs, people of consequence in their own localities [PUL1913]. **Ó bhaile**, from home. **Níos giorra ó bhaile**, nearer home. **Amu' agus i mbaile**, far or near. **I bhfad ó bhaile**, far away. **Do ghlór a chuir i bhfad ó bhaile**, to project your voice. **Níor tháinig sé chun baile dhuit rud a dhéanamh**, you had no right to do something: *níor tháinig sé chun baile dhuit féin ná d'aoinne a bhain leat ins na seacht sinsearaibh a rádh go mbeitheá ag magadh fúm-sa*, neither you yourself nor any of your ancestors through seven generations had the right to say that you could mock me [PUL1904].

**Baile Átha Cliath** /bl'a: 'kl'iəh/, Dublin. **Baile Átha Cliath d'fhágáil ar an mbóthar ag duine**, to back out and leave someone in the lurch; make off without payment. **Baile Mhistéala**, Mitchelstown, Co. Cork, a town founded by the Norman FitzDavid de St. Michel family. **Baile Mhúirne**, Ballyvourney, Co. Cork. **Baile-idir-dhá-abhainn**, Ballyederown, Co. Cork.

**baileach**, adj. (comp. **bailf**) (baileach, bailige) (bəl'əx, bəl'i:) exact. **Duine baileach**, a tidy person. **Duine róbhaleach**, a miserly person. Usually adverbial: **go cruinn agus go baileach**, entirely, fully, with all the ins and outs. **Baileach glan**, totally, completely: **do theip sé baileach glan orm**, I completely failed at it.

**bailéagar**, m. (bóiléagar) (bəl'e:gər-bəl'e:gər-bəl'iagər) neglect, carelessness, found in **ar bailéagar**, mislaid, or in danger of falling (as of a vessel near the edge of a table). **Drid isteach an t-áthach ar an mbórd is ná bíodh sé ar**



**bailéagar ansan agat**, move the vessel further on to the table so it doesn't fall. **Rud a dh'fháil ar bailéagar**, to find something mislaid. **Má fhaigheann tú aon bhailéagar air cuir chút é**, if you get the opportunity/find it unguarded, seize it. **Gluaiseacht ar bailéagar**, to go from place to place as if without a care in the world. Note: /bi'l'e:ger/ was the pronunciation of AÓL, /ba'l'e:ger/ that of DBÓC, /ba'l'i:ger/ that of EBUC. [CFBB]

**bailim**, vn. **bailiú**, verb. (βαίλιξιμ, βαίλιυξάδ) (ba'l'i:m', ba'l'u:) I gather, collect. Often with **chun**: *bhailigheas chúgham mo chuid triosgáin agus mo chuid leabhar agus siúd ó-thuaidh mé*, I gathered together my possessions and my books, and off I went to the north [PUL1915]. **Bailiú chuige**, to gather, gather round, come in as a group. **Do bhailíodar (isteach) chúthu**, they gathered/flocked round them. **Duine ' bhailiú chút**, to entice someone, get someone on your side. *Tháinig beirt bhan d'á cómharsanaibh agus bhailigheadar leó isteach í*, two women neighbours of hers came and took her in with them/persuaded her to come in with them [PUL1904]. **Bailim isteach ar**, I crowd in on. *Fé mar a bhí sé ag dul i bhfeabhas bhídís na cómharsain ag bailiughadh isteach ag cur a thuairisge*, as he was getting better the neighbours would come in and ask how he was [PUL1904]. **Do bhailíodar leó**, they went off. **Bí ag bailiú leat anois**, get going, be off with you! **Do bhailigh sé leis amach** (or **do bhailigh sé é féin amach**), he was off, he slipped away. *Bhailighdar leó amach a' brúth na slógh, agus thugadar aghaidh siar go Cúige Conacht*, they got away from the army crowds and headed west to Connacht [PUL1907]. **Do bhailigh sé suas é féin**, he gathered himself together (e.g., after slipping). **Do bhailigh sé suas an t-airgead**, he collected, gathered up the money. **Tu féin a bhailiú ó dhuine**, to slip/get away from someone. *Níor bh' fhada gur bhailigh sé uatha an toisg ar a raibh an bhuidhean ag imtheacht ódheas, agus cé bhí 'n-a cheann ortha*, it wasn't long before he gathered from them the objective with which the troops were going northwards, and who was leading them [PUL1907]. **Bailídh sibh féin le chéile**, gather yourselves together. Past: **do bhailíos, do bhailigh sé**. Future: **baileód, baileóidh sé**. Imperative: **bailigh**. Past: **bailithe**.

**bailiú**, noun/vn, m. (gs. **bailithe**) (βαίλιυξάδ) (ba'l'u:) gathering, collecting; an assembly or gathering. See ⇒ **bailim**.

**bailchrith**, m. (gs. **bailchreatha**) (βαίλλ-χρίτ) (ba'l'i-xr'ih) trembling of limbs. **Ar bailchrith**, trembling all over.

**báille**, m. (npl. **báillí**) (βάιλλε, βάιλλί) (ba:l'i, ba:l'i:) bailiff.

**báillíocht**, f. (gs. **báillíochta**) (βάιλλίοεαδ) (ba:l'i:xt) office of bailiff.

**báim**, vn. **bá**, verb. (βάδαιμ, βάδδ) (ba:m', ba:-ba:h) I drown (transitive). **Tu féin a bhá**, to drown oneself. For the intransitive meaning, see the autonomous use: *gan aon dabht ar domhan do báthfaí mise an oídhche sin mura mbéadh an dá ghabhar úd a bheith ag taisbeáint na slighe dom*, without a doubt in the world, I would have drowned that night if it were not for those two goats showing me the way [PUL1915]. *Ní raibh sé acht lá nó dhó ar an bhfarge nuair 'eirigh stoirm agus bhí an long i rochtaibh a báithte*, he had only been at sea a day or two when a storm arose and the ship was on the verge of being submerged [PUL1903]. **Long a bhá**, for a ship to sink. Past: **do bhás, do bháigh sé** /va: je:/. Future: **báfad, báfaidh sé**. Imperative: **báigh**. Past: **báite**. Note: drowning oneself is often found in Irish literature as a quintessential expression of despair or the normal mode of suicide. *B'fhearr léi í féin a bháth 'ná Murchadh dh'fheisgint i n' Árdrígh*, she would rather drown herself than see Murchadh as High King [PUL1907].

**baincér**, m. GCh. ⇒ **bancaire; banncaer**.

**báine**, f. (gs. **báine**) (βάινε) (ba:n'i) white (as a colour), whiteness; pallor. *Isé rud is mó a thabharfá fé ndeara, ámhthach, 'ná go raibh, dar leat, an iomad báine 'na chúntanós*, you would notice, however, that his countenance appeared too pale [PUL1907].

**báineacht**, f. (gs. **báineachta**) (βάινεαδ) (ba:n'æxt) whiteness. [CFBB]

**baineann**, adj. (comp. **baininne**) (βάινεανν, βάινιννε) (bin'æn, bin'ing'i) female. **León bhaineann**, a female lion.

**baineann<sup>79</sup>**, s. (npl. **baineanna**) (βάινεανν, βάινεαννα) (bin'æn, bin'ænə) female person or animal.

**baineannach**, adj. (βάινεανναδ) (bin'ænəx) female.

**báiní**, f. (gs. **báiní**) (βάινι) (ba:n'i:) wildness, frenzy. Note: CFBB states AÓL did not have this word, but see ⇒ **báinis**.

**bainim**, vn. **baint<sup>80</sup>**, verb. (βαίμιμ, βαίμτ) (bin'im', bint') I cut (e.g. turf, hay). **Ag baint fhéir**, cutting grass. **Crann a bhaint**, to cut down a tree. **Ag baint phrátaí**, digging potatoes. **Poll a bhaint**, to dig a hole. **Talamh a bhaint**, to dig ground. **Tobar a bhaint**, to dig a well. **Arbhar gan baint**, standing corn. Past: **do bhaineas, do bhain sé**. Future: **bainfead, bainfidh sé**. Imperative: **bain**. Past: **bainte**.

**Bainim amach** 1. I extract, take something out: *níor thuig Gladstone go raibh fhéachaint ar aoinne congnamh a thabhairt dóibh chun an chíosa san do bhaint amach*, Gladstone did not think that anyone had to help them extract/take/exact that rent [PUL1915]. **Cáin do bhaint amach**, to exact a tax. 2. I get, gain, capture, win something. *Isé rud a bheartuigheadar 'ná teacht roimis an gcóisde agus an páipeur a bhaint amach ar ais nó ar éigin*, what they decided to do was to waylay the coach and get the paper, by force if necessary [PUL1904]. **Do cheart féin a bhaint amach**, to insist on your rights, to gain your rights, gain justice for yourself. **Gáirí ' bhaint amach**, to raise a laugh, get people laughing. *Agus ná raibh ceaduighthe dhó aon chómharta, i bhfuirm suathantais, do chur ar a sgiath go dtí go mbainfadh sé an cómharta san amach de thoradh gnímh*, and it was not permitted for him to put any sign, in the form of an emblem, on his shield until he had won that sign by his actions [PUL1922b]. 3. **Áit a bhaint amach**, to reach a place, get there.

**Bainim anuas: fáinne ' bhaint anuas**, to take a ring off.

**Bainim as**, I get from, take from, get something out of something: **bainfead tamall as**, it will last me for a long

79 Gender and genitive?

80 The distinction between baint and buaint: baint cutting turf and hay, buaint harvesting oats?

time. **Bainim taitheamh as**, I get enjoyment from. *Admhuighim gur bhaineas leathadh as mo bhéal*, I admit that I opened my mouth (in surprise) [PUL1915]. *Ní fheadar, a Pheig, cad a bhain an tsúil aistí*, I wonder, Peig, how she lost her eye [PUL1904]. *Níor bhain sí aon fhocal cainte as go dtí gur inis sí obair Lonán dó*, he didn't say anything until she had told him what Lonán had done [PUL1907]. *Agus go raibh an t-aer 'na ndiaigh 'n-a bhladm lasrach leis na spréachaibh teine chreasa a bhí ag cruithibh na n-each 'á bhaint a' clochaibh an ghleanna*, the air behind them was aglow with the sparks pounded by the horses' hoofs out of the stones of the valley [PUL1914c]. *Ní bheid siad criosúighthe le h-aon nídh a bhainfadh alus asta*, they shall not be girded with any thing that causeth sweat [Esechiel 44:18].

**Bainim de**. 1. I remove, take from. **Ar bhainis an t-airgead den gharsún?** Did you take the money from the boy? **Bainim de**, I take (clothing) off: **bainim mo chasóg díom**, I take my coat off. **Gan baint duit**, without getting undressed. **Ceann do bhaint de dhuine**, to behead someone. *Tháinig buidhean Lochlanach chun an tobair a bhaint díobh*, a troop of Vikings came to take the well away from them [PUL1907]. *An é radharc mo shúl a mheasfá a bhaint díom!*, would you deny me the evidence of my own eyes? [PUL1907]. **Baint den tsaol**, to kill someone, to greatly distress someone: *ní l am baint de'n tsaoghal ach gan coimeád agus cosnamh feidhmeamhail do bheith ar chóir agus ar cheart bhúr sínsear agaibh*, the only thing "killing" me is that you are not keeping up and effectively defending the right and justice of your ancestors [PUL1903]. 2. to take time. *Ní bhaineann sé aon neomat amháin den láimh is laige deireadh a chur leis*, it doesn't take the weakest person a moment to put an end to it [DBÓC1933].

**Bainim do: rud a bhaint do dhuine**, for something to happen to someone: *ní dreóileacht neamhchródha do bhain dom féinig*, no bout of timid feebleness afflicted me [PUL1915]. **Má bhaineann aon oic dò**, if he comes to any harm. **Cad a bhain dò?**, what happened to him?/what came over him? **Ní hé sin a bhain dom**, that's not what's bothering me. **Tá rud éigin a bhaint duit**, you're in some kind of trouble, you've got into some scrape or other. *Cad 'tá ag baint duit-se agus dómhosa, a fhir Déi?*, what have I to do with thee, thou man of God? [3 Ríthe 17:18]. In the sense of "concerning, regarding": **bhí níos mó ná san ag baint dò**, there was more to it than that.

**Bainim le** 1) to touch, interfere with, meddle with. **Ná bain leis an mac!** don't touch your son [PUL1925]. *Chonaic Séadna gal deataighe ag teacht as an dtalamh san áit 'nar bhain an órdóg leis*, Séadna saw a plume of smoke coming from the ground where his thumb had touched it [PUL1904]. *Is é a bhuac gan baint leis*, he is better off leaving it alone [PUL1903]. 2) I correspond with, am in conformity with, have something to do with: *Táim lán-deimhnhitheach, pé rud atá ag teacht idir Shéadna agus pósadh t' inghine-se, ná baineann sé le Sadhbh*, I am sure that whatever is preventing Séadna from marrying your daughter, it has nothing to do with Sadhbh [PUL1904]. *Ná bain le biotáile thabhairt dó!*, don't have anything to do with giving him spirits [PUL1905]. *Níor bh'é a dtuairim riamh go raibh puinn cráibhtheachta ag baint le Séadna*, they never thought there was any piety about Séadna [PUL1904]. **Roinnt de sna córachaibh a bhain leis an rudaireacht**, some of the accoutrements/pieces of equipment connected with knighthood. **Cad a bhaineann le rud**, what something is, what concerns something: *ní raibh aon phioc d'á fhios ag Amhlaoibh cad a bhain leis go dtí gur mhothuigh sé beó é*, Amhlaoibh had no inkling of anything about it until he experienced it [PUL1907]. *Agus cad é sin dúinne cad a bhaineann le téarmaibh suadh?*, what do things that have to do with philosophical sophistries mean to us? [PUL1914]. *Da mb'í a ainim féin í tá mistéir ag baint léi*, his very name is not without mystery (even in the case of his very name, there is mystery bound up with it) [PUL's Bible, Isaiah introduction]. *Ní raibh aon rud a bhain le trioscáin ann*, there was nothing there in the shape of furniture [DBÓC1933]. 3) to denote origin: *leis an áit iseadh bhain sé*, he was from the local area [PUL1915]. Also, the people related or connected to someone: *ach is measa liom-sa thusa 'ná é, agus 'ná a bhfuil beó d'á mbaineann leis*, I prefer you to him and to anyone alive related to him [PUL1907].

**Bainim ó**, I take something away from, subtract from: *thabharfainn, agus seacht gcéad, dá dtiocfadh liom baint ó'n dtairbhe do dhéin an sgilling cheudna*, I would give that and seven hundred more, if I could take something away from the good that that very shilling did [PUL1904]. *Agus gan é féin agus an ceól agus an fuaim eile ag baint ó chéile, ach iad ag cabhrughadh le chéile*, with neither it or the music or the other sound detracting from each other, but enhancing each other [PUL1904]. *Murar chuiris leis an bhfirinne nach baoghal gur bhainis uaithi*, if you did not embellish the truth, there is no chance you subtracted from it either [PUL1904]. *Pé buile euda a bhí air agus pé droch aigne a bhí istigh 'n-a chroidhe, nár bhaineadar ó shaoirse a thoile*, that whatever jealous rage he was in and whatever malice there was in his heart, they did not diminish his free will [PUL1925]. **Na cosa ' bhaint ó**, to knock the feet from under: *do baineadh na cosa glan ó aon leath-sgéal chun cíosa d'árdughadh*, the grounds were completely removed from any excuse to raise the rent [PUL1915]. **Bain uait féin**, stop that, calm yourself down.

**bainínsce**, f. (gs. **bainínsce**) (b<sub>Δ</sub>in-ɪnʃne) (ban<sup>n</sup>ːi:nʃk'in'i) female sex. **Daoine bainínsce**, persons of the female sex.

**bainis**<sup>81</sup>, f. (gs. **bainise**, npl. **bainiseacha**) (b<sub>Δ</sub>inʃ, b<sub>Δ</sub>inʃe) (ban<sup>n</sup>ːiʃ, ban<sup>n</sup>ːiʃəxə) wedding; wedding-feast. **Bainis a dhéanamh**, to hold a wedding.

**báinis**, s. (b<sub>Δ</sub>inʃ) (ba:nːiʃ) found in **ar báinis**, or **le báinis**, in a frenzy. **Ar buile is ar báinis**, in a rage. [CFBB]

**bainistí**, noun/vn, f. (gs. **bainistí**) (b<sub>Δ</sub>inʃtʃe) (ban<sup>n</sup>ːiʃ'tʃi) management, good management (of something). *Thuig sé nár bh'fhéidir, niba shia, an chathair do chosnamh le n-a bhainistighe féin*, he realised he could no longer defend the city by his own private measures [PUL1913]. **Daoine ' bhainistí**, to manage people.

**bainistiú**, noun/vn, f. GCh. ⇒ **bainistí**.

**bainne caoin**, m. GCh. ⇒ **bainne cí na n-éan**.

**bainne**, m. (bainne) (baŋ'i) milk. **Bainne ramhar**, thick milk. **Ag ól bhainne**, drinking milk. **Bainne na mbó mbleacht**, primrose, primroses. **Bainne cí**, breast milk. **Bainne cí na n-éan**, Irish spurge (a plant). **Bainne gabhar**, goats' milk. **Bainne géar**, sour milk. **Camall bainne**, a milch camel.

**bainniúil**, adj. (comp. **bainniúla**) (bainneadail, bainneadail) (ba'ŋ'u:l', ba'ŋ'u:lə) good in terms of yielding milk. **Bó bhainniúil**, a good cow in terms of yielding milk. [CFBB]

**baint**<sup>82</sup>, noun/vn, f. (gs. **bainte**) (baint) (bint') connection, relationship. **Níl baint agam leis**, I have nothing to do with him/it. *gan amhras bhí a fhios ag Siobhán ná raibh baint ar bith ag Sadhbh le briseadh an chleamhnais*, Siobhán undoubtedly knew that Sadhbh had nothing at all to do with/no connection at all with breaking off the marriage [PUL1904]. **Ná bíodh aon bhaint agat leis**, have nothing to do with it. See ⇒ **bainim**.

**baintiarna**, f. (npl. **baintiarnaí**) (baintigearna, baintigearnaí) (ban'-t'iarne, ban'-t'ier'ni:) lady, queen.

**baintreach**, f. (gs. **baintrí**, ds. **baintrigh**, npl. **baintreacha**, gpl. **baintreach**) (baintreabac, baintreabaca, gs. baintreabaiḡe) (baintr'əx, baintr'əxə) widow. *Go ndúbhairt sí go mbéadh Neill 'na baintrigh sul a mbéadh an bhliaghain caithte*, that she said Neill would be a widow before the year was out [PUL1904]. Note: **baintreach fir**, widower, masculine, with the genitive **baintrigh**. LASID has /bain'trəx/, as if from **baintrach**.

**baintreachas**, m. (gs. **baintreachajs**) (baintreabacar) (baintr'əxəs) widowhood.

**baintreacht**, f. (gs. **baintreachta**) (baintreabacat) (baintr'əxt) widowhood.

**báire**, m. (npl. **báirí**) (bairē, báirí) (ba:r'i, ba:r'i:) game, match. **Báire ' dh'imirt**, to play a game. **Chuir sé báire í**, he scored, he knocked it (the football) in the goal. **Báire ' chur ar**, to score a goal against. Note: **báire** is used in GCh for ⇒ **bára**.

**bairille**, m. (npl. **bairillí**) (bairille, bairillí) (baril'i, baril'i:) barrel. **Bairille gunna**, the barrel of a gun. Note the pronunciation with a broad r<sup>83</sup>.

**bairlín**, f. (gs. **bairlíne**, npl. **bairlíní**) (bairlín, bairlíní) (bar'l'i:n'~barə'l'i:n', bar'l'i:n'i:~barə'l'i:n'i:) sheet. **Bairlín na leapa**, bed sheet. Note: DBÓC1931 shows the epenthetic vowel; IWM does not.

**baisileasc**, m. GCh. ⇒ **basailisc**.

**baisileasc**, m. ⇒ **basilisc; basaliscus**.

**báisín**, m. (npl. **báisíní**) (bairín, bairíní) (ba:'j'i:n', ba:'j'i:n'i:) basin, bowl; washbasin. **Bulla báisín**, whirligig, revolving motion. **Ag imirt bulla báisín**, to play whirligigs (a children's game, seeing who can turn round on his heel the longest).

**baisín**, m. (npl. **baisíní**) (bairín, bairíní) (ba:'j'i:n', ba:'j'i:n'i:) little palm. **Baisíní teó**, a children's game ("hot palms"), which includes striking your palms on your knees and then the other child's palms. [CFBB]

**baiste**<sup>84</sup>, m. (gs. **baiste/baistí**, npl. **baistí**) (baircead) (baft'i, baft'i:) baptism. *Agus mise a sheasaimh chun baistí leis*, I supported him at the baptism [PUL1904]. **Baiste ' dhéanamh**, to baptise. **Baiste an uisce do thabhairt do dhuine**, to baptise someone in water. **Ainm bhaistí**, baptismal name. **Athair baistí**, godfather. **Máthair baistí**, godmother. **Eóin Baiste**, John the Baptist. See ⇒ **baistim**. Note: PSD1927 has **baiste** as an adjective meaning "baptismal", but **baiste** is essentially the same word as **baisteadh**, the verbal noun.

**báisteach**, f. (gs. **báistí**, ds. **báistigh**) (baircead, gs. bairceiḡe) (ba:ft'əx) rain. **Tá sé ag cur/ag déanamh báistí**, it is raining. **Báisteach shneachtaidh**, sleet. Note: CFBB states that AÓL said, not **báisteach shneachtaidh**, but ⇒ **flichshneachta**.

**baisteachán**, noun/vn, m. (gs. **baisteacháin**) (bairceadán) (baft'ə'x:a:n) an act of calling someone names. **Tá sé ag baisteachán orm**, he is calling me names.

**baisteadh**, vn. ⇒ **baistim**.

**baistim**, vn. **baisteadh**, verb. (baircim, baircead) (baft'im', baft'i) I baptise. Past: **do bhaisteadh, do bhaist sé**. Future: **baistfead, baistfidh sé**. Imperative: **baist**. Participle: **baistithe**.

**baistíon**, s. (gpl. **baistíon**) (baft'ien) bastion. [DBÓC]

**báite**, part. (bairce) (ba:t'i), drowned, soaking wet; water-logged (of land). **Toínn bháite**, sodden marshland. See ⇒ **báim**.

**baitheas**, m. (gs. **baithis**) (baircear) (bahəs) top or crown of the head. Also **baitheas cínn**. **Baitheas caipín**, top of a cap.

**baithis**, f. GCh. ⇒ **baitheas**.

**baitín**, m. (npl. **baitíní**) (baircín, baircíní) (ba't'i:n', ba't'i:n'i:) little stick. **Baitín lámha**, walking-stick.

**baitíneach**, adj. (comp. **baitíní**) (baircinead, baircineaiḡe) (ba't'i:n'əx, ba't'in'i:) fibrous, ligneous. **Móin bhaitíneach**, turf mixed up with bits of wood. **Vód baitíneach**, chip logwood. [CFBB]

**balaiḡh**, m. (gs. **balaiḡh**) (balaḡ/balaḡ) (balih) smell. Note: PUL generally uses this form, but occasionally has ⇒ **balaithe**, which form is more widely found in WM Irish.

**balaithe**, m. (npl. **balaiḡhí**) (balaḡ/balaḡ, balaḡce/balaḡce) (balih, bal'i'hi:) smell. **Balaithe dóite**, a burning smell. *Cad é an t-eóilus é seo atá ag Bruadar agus ná fuil agat-sa, agus nár bh'fhóláir an chaint do chosg ar eagla go leigfeadh Bruadar amach, ad' láthair, aon bhalaith dhé?*, what is this information Bruadar has and you don't, and the discussion of which must be prevented for fear that Bruadar would let out, in your presence, any whiff of it? [PUL1907]. **Chuaigh a bhalaithé fúm**, I felt the perfume/smell: *nuair a chuaigh an balaith sin fútha d'iompuigh a ngoile, bhí an balaith*

82 Are there are attested instances of bainte? Tar éis baint liom in iob 19.

83 This is from TYI but conflicts with PUL spelling. Check. Enter as baraille? LS to Séadna and Eisirt show slender r's.

84 Check gs. and pl.

*chómh trom san*, when the smell affected them, their stomachs were upset, the smell was so strong [PUL1907].

**Balaithe arló rud**, a smell coming from something. **Balaithe ruda a dh'fháil**, to smell something. Also **balaithe ruda 'mhothú**. Note: the Cork form is essentially the plural.

**balaithím**, vn. **balaithiú**, verb. (bolaṡuṡim/bolaṡiṡim, bolaṡuṡað/bolaṡiṡað) (balə'hi:m', balə'hu:) to smell; to sniff. Past: **do bhalaithe sé**.

**balaithiú**, vn. ⇨ **balaithím**.

**balbh**, adj. (comp. **bailbhe**) (balb, bailbe) (baləv, ba'li:) dumb, mute. **Bodhar balbh**, deaf and dumb.

**balbhán**, m. (npl. **balbháin**) (balbān, balbām) (balə'va:n, balə'va:n') dumb man.

**balc**, m. (gs. **bailc**) (balc) (balk) a hard substance, such as parched clay. **Tá an talamh 'na bhalc**, the ground is baked hard with heat.

**balcáinín**, m. (npl. **balcáiníní**) (balcáimín, balcáimíní) (bəl'ka:n'i:n', bəl'ka:n'i:n'i:) a little short and stout person. Also used in reference to small stout animals, such as little pigs. [CFBB]

**balcaire**, m. (npl. **balcairí**) (balcaire, balcairí) (balkir'i, balkir'i:) a strong, stocky person. **Balcaire garsúin**, a well-built boy. Note: slightly stronger in nuance than ⇨ **falcaire**. [CFBB]

**balcais**, f. (gs. **balcaise**, npl. **balcaisí**) (balcais, balcaisí) (balkif, balki'ji:) garment, rag. Can just mean "clothes". *Chuirfeadh stráice lín agus an olan a bhéadh ar thrí cinn de chaoiribh balcais éadaigh ortha*, a strip of linen and the wool of three sheep would clothe them [PUL1915]. *Nach gádh dhuit bheith ag caitheamh do bhalcaisí dhíot nuair ná pósfaidh Séadna thú*, there's no need for you to tear your clothes off in rage because Séadna will not marry you [PUL1904].

**balcán**, m. (npl. **balcáin**) (balcán, balcám) (bəl'ka:n, bəl'ka:n') a short stout person. **Balcán tairbh**, a stout little ox. [CFBB]

**ball**, m. (npl. **baill/balla**) (ball, bail) (baul, bi:l~balə) 1. spot, place. **Ar ball**, in a while, after a while, presently, by and by. **In aon bhall** /ə ne: vəl/, anywhere. **In aon bhall sa bhaile mhór**, in any part of the city. **Ins gach aon bhall** /gə'he:vəl/<sup>85</sup>, everywhere. **Bligeárd ins gach aon bhall dá bhallaibh**, a scoundrel through-and-through, to his very fingertips. Also **bligeárd ar a bhallaibh**. **Ana-bhall iascaireacht**, a good spot for fishing. **I lár baill**, in the centre. **Pé ball 'na bhfuil sé anois**, wherever he is now. **Treó baill**, direction: "*an bhfuil aon tuairisg ar Shadhbh?*" *arsa Séadna*, "*nó an bhfuil aon fhios ag aoinne air cad é an treó baill 'nar thug sí a h-aghaidh?*", has anyone had any news of Sadhbh, asked Séadna, or does anyone know what direction she headed for? [PUL1904]. **Ins gach treó baill**, everywhere, in all directions. **Ar fuaid an bhaill**, all over the place. 2. spot, point (in a non-geographical sense): *siné ball 'n-a bhfuil an dearmhad air*, that is where he is mistaken [PUL1907]. 3. member, organ, of the body. *Do mhothuigheas mar a bhéadh codla griffin ag ruith tréam' ballaibh go léir*, I felt a sort of numbness creeping through all my limbs [PUL1915]. **Baill bheatha** (**ballaibh beatha** in the nominative in AÓL1968, **balla beatha** in PUL1926b), vital parts: *tré m' ballaibh beatha go léir*, through all my limbs [PUL1915]. *Gan cor aige dh'á chur d'aon bhall d'á bhallaibh beatha*, without moving a muscle in any of his limbs [PUL1904]. **Ball brostaithe**, a spot where a donkey is prodded to make it hurry up. **Ball éadaigh**, article of clothing.

**balla**, m. ICS. ⇨ **falla**.

**ballach**, adj. (comp. **ballaf**) (ballac, ballaige) (bə'lax, ba'li:) spotted, piebald.

**ballach**, m. (npl. **ballaigh**) (ballac, ballaige) (bə'lax, balig') wrasse (type of fish, also known as "connor"). [CFBB]

**ballchríth**, m. ICS. ⇨ **baillchríth**.

**balmaím**<sup>86</sup>, vn. **balnú**, verb. (bálmuiṡim, bálmuiṡað) (balə'mi:m', balə'mu:) to embalm. Note: conjugated forms not shown as likely to be rarely found.

**balnú**, vn. ⇨ **balmaím**.

**balsam**<sup>87</sup>, m. (gs. **balsaim**) (balɾam) (balzəm) balsam, balm.

**balsamaím**, verb. GCh. ⇨ **balmaím**.

**balsamú**, vn. GCh. ⇨ **balnú**.

**bálta**, m. (npl. **báltaí**) (báltac, báltacá) (ba:l'hə, ba:l'hi:) 1. upper or lining of a shoe or boot, the vamp (as opposed to the welt). 2. a large clumsy foot. [CFBB]

**báltach**, m. (npl. **báltaigh**) (báltac, báltacá) (ba:l'həx, ba:l'hig') awkward person, idler. [DBÓC]

**ban-naomh**<sup>88</sup>, m. (ban-naomh) (ban-ne:v) female saint. [DBÓC]

**bán**, adj. (comp. **báine**) (bán, báine) (ba:n, ba:n'i) white. **Chómh bán le holann**, as white as wool. Also **chómh bán le sneachta**.

**bán**, m. (gs. **báin**, npl. **bánta**) (bán, bántac) (ba:n, ba:ntə) plain, pastureland; grassland, green. **Ar an mbán**, out on the lea.

**bán**, m. (gs. **báin**) (bán) (ba:n) white, paleness.

**bánaím**, vn. **bánú**, verb. (bánuṡim, bánuṡað) (ba:'ni:m', ba:'nu:) I whiten, bleach, blanch. *Do tugadh fé ndeara, ámhthach, gur bhánuigh a h-aghaidh*, people noticed that her face had become paler [PUL1907]. *Do bhánuigh sé chómh bán le cailc*, he went as white as chalk [PUL1907]. Past: **do bhánaíos**, **do bhánaigh sé**. Future: **bánód**, **bánóidh sé**. Imperative: **bánaigh**. Participle: **bánaithe**.

85 This is indicated by the transcription in Shiana.

86 Check vowel length and epenthetic.

87 Pronunciation.

88 Check gender: feminine in PSD.

**banaltra**, f. (gs. **banaltran**, ds. **banaltrain**, npl. **banaltraí**) (βανάλτρια, βανάλτριαί) (banərl̪ə, banərl̪'i:) nurse.

**banaltracht**, f. ICS. ⇨ **banaltranas**.

**banaltranas**, noun/vn, m. (gs. **banaltranais**) (βανάλτριαναί) (banərl̪ənəs) nursing. **Banaltranas a dhéanamh ar dhuine**, to nurse someone, provide him with nursing assistance; also **ag banaltranas ar dhuine**. **Ar banaltranas**, being nursed.

**banbh**, m. (gs. **bainbh**, npl. **banaf**) (βανῆ, βανῆαί) (banəv, bə'ni:, gs. ban'iv') piglet. **Banbh muice**, piglet. Note: the form selected as the plural in the ICS is **bainbh**, described as a poetic form in PSD1927.

**banc**, m. ICS. ⇨ **bannc**.

**bancaire**, m. ICS. ⇨ **banncaire**.

**banchéile**<sup>89</sup>, m. (npl. **banchéilí**) (βαν-χέιλε, βαν-χέιλί) (ban-x'e:l'i, ban-x'e:l'i:) wife.

**bandé**, f. (gs. **bandéithe**, npl. **bandéithe**, gpl. **bandé**) (βαν-δέ, βαν-δέιθε) (ban'd'e:, ban'd'e:hi) goddess. Note: genitive attested in Ezechiel 8.

**bándearg**, adj. (βάν-θεαργ) (bɑ:n-d'arəg) pink.

**bandia**, m. GCh. ⇨ **bandé**.

**banfháidh**, f. (npl. **banfháidhí**) (βαν-φέιδο, βαν-φέιδο) (ban-a:g', ban-a:g'i:) prophetess.

**banlámh**, f. ICS. ⇨ **bannlámh**.

**banleón**, f. (gs. **banleóna**) (βαν-λεοῖαν) (ban-l'o:n) lioness.

**banlia**, m. ICS. ⇨ **bánliag**.

**bánliag**<sup>90</sup>, m. (βαν-λιαγι) (bɑ:n-l'iəg) lady physician. [DBÓC, AÓL]

**banna**, m. (npl. **bannaf**) (βαννα, βανναί) (banə, bə'ni:) bond, a bond security. **Gan urra gan banna**, without security or bond.

**banna**<sup>91</sup>, m. (npl. **bannaf**) (βαννθα, βαννθαί) (banə, bə'ni:) band. **Banna airm**, army band. **Banna práis**, brass band.

**bannc**, m. (npl. **bainnc**) (βανnc, βανnc) (bauŋk, bi:ŋk') bank (financial or a bank of earth). **Bannc a bhriseadh**, to break into a bank. **Tá sé buailte ar bannc aige**, he is on the ropes, cornered in. **Bannc Shasana**, the Bank of England.

**banncaer**, m. (gs. **banncaera**, npl. **banncaeirí**) (βανncαερ, βανncαειρι) (bauŋ'ke:r, bauŋ'ke:r'i:) banker. [DBÓC]

**banncaire**, m. (npl. **banncairí**) (βανncαιρε, βανncαιρι) (bauŋki'r'i, bauŋki'r'i:) banker.

**banda**, m. (npl. **bannaf**) (βανnθα, βανnθαί) (baundə, baun'di:) band (of cloth), bandage; band of a wheel. **Bandá cinn**, headband. **Bandá línéadaigh**, a linen bandage. **Bandá seóid**, bracelet.

**banndainn**<sup>92</sup>, f. (npl. **banndainní**) (βανnδαιν, βανnδαινι) (baundin', baundin'i:) band (of cloth), bandage. [CFBB]

**bannlámh**, f. (gs. **bannlámha**, npl. **bannlámha/bannlámhacha**, gpl. **bannlámh**) (βανnλάμη, βανnλάμη/βανnλάμηα) (baun-'lɑ:, baun-'lɑ:~baun-'lɑ:xə) cubit. *Ní bhéadh aon iongnadh orm féin dá dtuiteadh amach go mbéadh beann-lámha de'n fhírinne ann, mar ráfla*, I wouldn't be surprised if it turned out there was some degree of truth in the rumour [PUL1904]. **Éadach bannlámha**, homespun cloth.

**bannrín**, f. (gs. **bannríne**, npl. **bannríonacha**, dpl. **bannrínibh**) (βανnρίογαι, βανnρίογαι/βανnρίογαια) (bau'ri:n', bau'ri:nəxə) queen. Note: the classical form, given in PSD1927, was **bainríoghan**, but the final n is slender in Cork Irish.

**bannríonacht**, f. (gs. **bannríonachta**) (βανnρίογαια) (bau'ri:nəxt~bau'ri:n'əxt) queenship, position of queen. **Duine ' chur as an mbannríonacht**, to depose a queen.

**banntracht**, f. (gs. **banntrachta**) (βανnτραια) (bauntrəxt) womankind, womenfolk. **Urraim do bhantracht**, respect for women.

**banóglaich**, f. (gs. **banóglai**, ds. **banóglai**, npl. **banóglai**) (βαν-όγλαϊ, βαν-όγλαϊ) (ban-'o:gəlx, ban-'o:gəlig') handmaid, female servant.

**banquette**, s. (ban'ket) banquette, a raised step behind a rampart. [DBÓC]

**bannrón**, f. ICS. ⇨ **bannrín**.

**bannríonacht**, f. GCh. ⇨ **bannríonacht**.

**bantiarna**, f. ICS. ⇨ **baintiarna**.

**bantracht**, f. ICS. ⇨ **banntracht**.

**bánú**, vn. ⇨ **bánaím**.

**banúil**, adj. (comp. **banúla**) (βανnυιλ, βανnυιλα) (bə'nu:l', bə'nu:lə) womanly, ladylike, modest.

**banúlacht**, f. (gs. **banúlachta**) (βανnυιλα) (bə'nu:ləxt) womanliness, modesty.

**baoch**, adj. (comp. **baeichí**) (βαοῖα, βαοῖαί) (be:x, be:'hi:) pleased, thankful. **Baoch de dhuine (mar gheall ar/ dtaobh)**: pleased with, thankful to someone (for). *Is mise bhí go buidheach díot*, I was grateful to you [PUL1904]. **Táim ana-bhaoch díot i dtaobh glaoch chúm**, thanks for calling in on me. **D'fhág san iad baoch de**, that left them in his debt, that made them grateful/thankful to him. **Baoch de**, kindly disposed towards him, on good terms with him.

**baochas**, m. (gs. **baochais**) (βαιοῖα/βαοῖαί) (be:xəs) thanks. **Baochas le Dia**, thanks to God. **Baochas a thabhairt do**, to give thanks to. **Baochas (do bhaochas) a bhreith/ghabháil le**, to return thanks to<sup>93</sup>. With the genitive of the thing

89 Fem in PSD1927. Check quality of the n. No diphthong?

90 Check gender.

91 Check pronunciation. PUL spells it banna, but IWM has the pronunciation baundə.

92 Check gender.

93 Check the distinction between baochas a thabhairt and baochas a bhreith. Probably no distinction in



for which thanks is being expressed: *chuireadar freagra chúgham ar mo leitir ag gabháil buidhchais an airgid liom*, they replied to my letter thanking me for the money [PUL1915]. **Breith bhaochais**, thanksgiving. With **ar: a bhaochas ortsa**, thanks to you for it: *ní h-ar Mhicil ba chearta a bhuidhchas a bheith ná deaghaidh sé chun cinn*, it was no thanks to Mícheál that it didn't go ahead [PUL1904]. **Gan baochas dò**, in spite of him. **Le baochas air**, out of gratitude to him, by way of thanks. **Baochas a bheith ag duine ar dhuine eile**, to be pleased with someone: *ní fheidir sí conus a thaisbeánfadh sí dhó méid an bhuidhchais a bhí aici air*, she didn't know how she could show him how pleased she was with him [PUL1907]. **A bhaochas san**, gratitude for that.

**Baoi Bhéarra**, placename. (ΒΑΟΙ ΒΈΑΡΡΑ) (bi: v'iarə) Dursey Island off the Beara Peninsula, named after an ancient cow-goddess.

**baois**, f. (gs. **baoise**, dpl. **baoisibh**) (βαοις) (bi:f) folly. *Lean Críost agus tabhair druim lámha le baois an tsaoghail*, follow Christ and reject all earthly vanities [PUL1914]. *Baois gach baoise agus baois ar fad iseadh gach nídh ach amháin grádh thabhairt do Dhia agus a thoil do dhéanamh*, vanity of vanities and all is vanity except to love God and do his will [PUL1914]. Note: this word does not usually take a plural, and hence can mean "follies, vanities" (e.g. **mórán baoise**).

**baoiseacht**, f. (gs. **baoiseachta**) (βαοιςεαχτ) (bi:fəxt) foolishness.

**baointe**, m. (npl. **baointí**) (βαοιτε/βαοιτεε, βαοιτι/βαοιτι) (bəit'i, bəi'ti:) bait, as used in angling. **Baointe ' chur ar líon**, to bait a fishing line/hunting net. Note: the pronunciation is given in LASID.

**baol**, m. (gs. **baeil**) (βαογ) (be:l) danger. Used with **ar: níor tháinig lá d'á chuimhneamh riamh chúgham go raibh aon bhaoghal ar an nGaeluinn**, there never came a day when I thought Irish was in danger [PUL1915]. **Níl baol air**, he is fine, he is very well, he is in no danger. **Is baol dúinn**, we are in danger. *Thug san deimhne do Chonchubhar nár bhaoghal dó Feargus, agus thug san deimhne d' Fheargus nár bhaoghal dó Conchubhar*, that gave Conchúr the assurance that Fearghas was not a danger to him, and gave Fearghas the assurance that Conchúr was not a danger to him [PUL1907]. **Ní baol duit**, you need not fear, never fear. **Ní baol dom é**, I am in no danger of it, there is no likelihood I will do it. *Má abraimid gur ó neamh é, déarfadh sé, Má 'seadh, cad 'n-a thaobh nár chreideabhair é? Ach má abraimid gur ó dhaoibh, is baoghal dúinn na daoine; mar fáidh ab eadh Eóin acu*, if we shall say, from heaven, he will say to us: Why then did you not believe him? But if we shall say, from men, we are afraid of the multitude: for all held John as a prophet [Mt21:26, PUL1915b]. **Is baol liom**, I am afraid that (in the sense of "I think"). **Is baol go**, it is feared that, there is a danger that; perhaps. **Is róbhaoil go**, it is very likely that. **Ní baol (duit) go**, it is definitely not the case that. **Ní baol (duit) ná go**, it is certain that, there is no chance that it would be otherwise than that, no fear but that: *ní baoghal ná go dtuigí an uile fhocal de'n mhúineadh a tugtí sa tséipéal*, it is certain that every word taught in the chapel was understood [PUL1915]. **I mbaol**, in danger. **I mbaol bháis**, in danger of death/in mortal danger. **Ó bhaol (i rud)**, safe, beyond danger. **Duine ' chur ó bhaol**, to put someone out of danger, save him. **Rud do chur ó bhaol báis**, to rescue something from death. **Duine ' thabhairt ó bhaol**, to save someone, bring him out of danger. **Ó bhaol (ó dhuine/rud)**, out of danger (from someone or something): *nuair a fuair Séadna ag dul i bhfeabhas i gceart é agus ó bhaoghal, ní thagadh sé chómh minic*, when Séadna found he was getting really better and out of danger, he didn't come so often [PUL1904]. **Saor ó bhaol**, free from danger, out of danger. **Gan bhaol**, not in danger.

**baolach**, adj. (comp. **baolaf**) (βαογ) (be:ləx, be:'li:) 1. dangerous. **Is baolach go**, I am afraid that/unfortunately. *Is baoghalach ná béarfair 'n-a bheathaigh air, a Athair*, I am afraid you might not catch him alive, Father [PUL1915]. 2. maybe, perhaps.

**baoth**<sup>94</sup>, adj. (comp. **baoithe**, pl. **baoithe**) (βαοτ, βαοιτε) (be:h, bi:hi) foolish, vain. **Obair bhaoth**, a foolish thing to do. **Ba bhaoth an gnó dò é ' dhéanamh**, it would be in vain for him to do it.

**baothacht**, f. (gs. **baothachta**) (βαοτ) (be:həxt) vanity, silliness. [CFBB]

**baothaire**, m. (npl. **baothairí**) (βαοτ) (be:hir'i, be:hir'i:) a vain or silly person.

**baothaireacht**, f. (gs. **baothaireachta**) (βαοτ) (be:hir'əxt) vanity, silliness.

**baothléim**, f. (gs. **baothléime**, npl. **baothléimeanna**) (βαοτ) (be:h'l'e:m', be:h'l'e:m'əna) wild leap, sudden jump. **Éirí de bhaothléim**, to jump up suddenly.[CFBB]

**baothrach**, m. (npl. **baothraigh**) (βαοτ) (be:rhəx, be:rhig') a miserable-looking person, especially one too tight to feed himself properly. [CFBB]

**baothrachán**, m. (npl. **baothracháin**) (βαοτ) (be:rhəx:a:n, be:rhəx:a:n') a miserable-looking person. [CFBB]

**baothracht**, f. ICS. ⇨ **baothaireacht**.

**bára**, m. (bάρ) (bɑ:rə) found in **i ndeireadh bára /i n'er'i bɑ:rə/**, at length, after all is said and done, at long last, and **i dtosach bára**, at the onset, at the very beginning.

**baradaíol**, noun/vn, m. (gs. **baradaíola**) (bαραδ) (bɑ:rə'di:l) thinking out, considering, being about to. **Ag baradaíol ar (rud do dhéanamh)**, giving indications of being about to do something, umming and aahing about it. [CFBB]

**bríste**, m. (npl. **brístí**) (bríste, brístí) (brí:stí, brí:stí) breeches, trousers. **Póca bríste**, trouser pocket. **Bríste glún**, knee breeches.

**briste**, part. (briste) (brí:stí) broken, ruined. Of a person, bankrupt. Often used with **ar**: **tá sé briste orm**. **Aimsir briste**, bad weather. **Caisleán briste**, a ruined castle. **Lámh bhriste**, a broken hand. **Briste ar lár**, broken down. **Briste brúite**, broken in pieces.

**bró**<sup>149</sup>, f. (gs. **brón**, ds. **bróin**, npl. **bróinte**) (bró, bróinte) (bro:, bro:ntí) handmill; mass. **Bró mhuilinn**, millstone. *Ní raibh gealach ná réiltín ar an spéir, ach í na bróin chíordhubh*, there was no moon or stars in the sky, which was but a black mass [PUL1904]. *Fásfaidh an chruithneacht uaithi féin chúghaibh n-a bróin throm shaidhbhir*, the wheat will grow all by itself for you into a rich and heavy clump [PUL1909]. Note: PUL1904 has **Bóthar na Bró**, Millstone Road, showing indeclension of the genitive. The plural is given in CFBB.

**brob**, s. (brob) second-year springer. [LASID]

**brobh**<sup>150</sup>, m. (gs. **broibh**, npl. **brobhna**, gpl. **brobh**) (brob, brobna) (brov, brounəxə, gs. briv') blade; a handful of hay or straw held at full length. **Brobh féir**, a blade of grass. **Brobh luachra**, a rush, bulrush. **Brobh tuí**, a blade of straw. **Ní mheáchan san brobh duit**, that is neither here nor there to you, that is of no importance to you.

**broc**, m. (npl. **broic**) (broc, broic) (brok, brík') badger.

**brocach**, f. ICS. ⇨ **broclas**.

**brócaer**<sup>151</sup>, m. (gs. **brócaera**, npl. **brócaeirí**) (brocaer, brocaerí) (bro:'ke:r, bro:'ke:rí) broker. [DBÓC]

**broclas**, m. (npl. **broclais**, gpl. **broclas**) (broclac/broclac, broclac/broclac) (brokələs, brokəlɪj) badger's warren.

**brod**, m. GCh. ⇨ **príocadóir; príocaire**.

**bróg**, f. (gs. **bróige**, npl. **bróga**) (bróg, bróga) (bro:g, bro:gə) shoe. **Leath-bhróg**, one shoe. *Is ag duine féin is fearr a fhios cá luighean an bhróg air*, a man himself knows best where the shoe is pinching him (a man knows his own mind best) [PUL1904]. **Déanamh bróg**, to make shoes. **Do bhróga ' dhúnadh**, to tie your boots.

**broghais**, f. (gs. **broghaise**, npl. **broghaiseanna**) (broghais, broghaiseanna) (broʊf, broʊfə) afterbirth (e.g. of a cow). [LASID]

**broiceall**, m/f. (gs. **broicill**, ds. **broiceall/broicill**) (broiceall, broicill) (brok'əl~br'ek'əl, brok'il'~br'ek'il') back of the head. **Anuas sa bhroiceall oraibh**, down on you like a ton of bricks. **Chuaigh sé i mbroicill mo chínn**, he grabbed me by the hair. **Do léim sé sa bhroicill agam**, he jumped on me<sup>152</sup>. Note: AÓL and DBÓC had **broicill** in the dative; TÓR had **broicill** in the dative.

**bróicéir**, m. GCh. ⇨ **brócaer**.

**broid**, f. (gs. **broide**, npl. **broidí**) (broid, broidí) (brí:d'í, brí:d'í) 1. hurry; pressure of work. *Mura bhfuil aon bhroid ort-sa ná béadh sé chómh maith agat gluaiseacht i n-aonfheacht liom?*, if you're not busy, would it not be just as well for you to accompany me? [PUL1904]. 2. distress, misery.

**broidiúil**, adj. (comp. **broidiúla**) (broideall, broideall) (brí'd'u:l', brí'd'u:lə) busy, pressed. **Tá an saol broidiúil orm**, I am really pressed, up to my eyes in it.

**bróidnéir**, m. GCh. ⇨ **breacadóir**.

**bróigin**, m. (npl. **bróiginí**) (bróigin, bróiginí) (bro:'g'i:n', bro:'g'i:n'í) little shoe.

**broim**<sup>153</sup>, m. (gs. **broma**, npl. **bromanna**) (broim, bromanna) (brəim', bromə) fart. **Do leog sé broim**, he farted. [LASID]

**broimneach**, noun/vn, f. (gs. **broimní**) (broimneac) (broim'nə) farting. Note: **ag broimnigh**, farting. [CFBB, LASID]

**broinn**, f. (gs. **broinne**, npl. **broinn**) (broinn, broinne) (brí:n', brí:nt'í) womb.

149Confirmation of historic genitive and dative are still viable is required. Séadna refers to a placename

Bóthar na Bró that would seem to be a case of a genitive in bró.

150Check pronunciation.

151Check the broad r in AdR.

152Check.

153PSD has brama and bramanna. Brama in gs in Aistí ó Chleire.

**broinne**<sup>154</sup>, f. (gs. **broinne**, npl. **broinni**) (brú/bruinne, broinna, ds. bruinn, gpl. bronnn, dpl. bronnaib) (brí'í, brí'í:) womb.  
 Note: a variant of ⇒ **broinn**.

**brollach**, m. (npl. **brollaigh**) (bróllač, bróllaig) (bər'lax, burlig) 1. breast, bosom. 2. front. **I mbrollach an chlóca**, in the front of the cloak. **Brollach tosaigh**, forefront.

**bromach**, m. ICS. ⇒ **bramach**; **braimín**.

**bromaire**, m. GCh. ⇒ **bramaire**.

**bromaieacht**, f. GCh. ⇒ **bramaieacht**.

**brón**, m. (gs. **bróin**, npl. **brónta**, gpl. **brón**) (brón, brónca) (bro:n) grief. **Tá brón orm**, I am sorry. **Cuirim brón air**, I grieve, sadden him. **Tagann brón orm**, I become sad. **Brón a dhéanamh**, to cause sorrow; to sorrow, lament. Occasionally found with the copula: *is brón liom an sgeón so do ghlacais*, I am sorry about this fright you had [PUL1915, quoting an 18th century poem]. *Tá brón an bháis ar m'anam*, My soul is sorrowful even unto death [PUL1915b]. **Fé bhrón**, in sorrow.

**brónach**, adj. (comp. **brónaí**) (brónač, brónaiže) (bro:nəx, bro:'ni:) sad, sorrowful.

**bronnadh**, noun/vn, m. (gs. **bronnata**) (brónnač) (bronə) giving, gift. **Bronnadh na ngrást**, the gift of grace. See ⇒ **bronnaim**.

**bronnaim**<sup>155</sup>, vn. **bronnadh**, verb. (brónnaim, brónnač) (bronim', bronə) I grant, bestow. With **ar**: **rud a bhronnadh ar dhuine**, to bestow something on someone, give someone something as a present. Past: **do bhronnas**, **do bhronn sé**. Future: **bronnfad**, **bronnfaidh sé**. Imperative: **bronn**. Participle: **bronnata** /brountə/. *Tá sé 'ghá bronnadh ar na daoine bochta*, he is giving it to the poor people [PUL1915]. Note use with **suas**: *anois, siné a h-athair, le n-a lán-toil féin, 'ghá bronnadh suas ort*, now here is her father, giving her to you with her full consent [PUL1904].

**bronnatanas**, m. (npl. **bronnatanaisí/bronnatanasa/bronnataisí**, gpl. **bronnatanas**, dpl. **bronnatanasaíbh**) (brónntanəf, brónntanəfai) (brountənəs, brountənif:) gift, present. With **chun**: **bronnatanas chun an Phápa**, a present for the Pope. **Bronnatanas orm uaidh**, a present from him to me. **Bronnatanas a chur de rud ag triall ar dhuine**, to send something as a gift to someone. **Bronnatanas don chóisire**, a wedding gift. Note: the variant nominative plural is attested in PUL1913 and the dative plural is attested in PUL1924.

**bronnatóir**, m. (gs. **bronnatóra**, npl. **bronnatóirí**) (brónntóir, brónntóirí) (brun'to:r', brun'to:ri:) gifter, bestower.

**brosna**, m. (gs. **brosnaidh**) (brónna, gs. brónnač) (brosnə, gs. brosnig') kindling, decayed twigs for kindling, faggot.

**brostaím**, vn. **brostú**, verb. (bróstaíim, bróstaíč) (bros'ti:m', brostu:) I hasten, urge. *Brostaigh agus tabhair 'bachall' ar dhuine éigin sul a' dtabharfaí ort é*, hurry up and call someone 'crooked nose' before they can call you it [PUL1904]. With **ar**: **brostaím orm**, I hurry, I make haste. **Brostaigh ort**, hurry up! With **chun**, to hurry towards a place: *baois iseadh mian ár gcroidhe do chur ins na neithibh atá ag imtheacht uainn ar cos-anáirde, agus gan brostú chun na háite 'n-a mbeidh aoibhneas síoruidhe againn*, it is folly to focus the desire of our hearts on things that are fleeting, without hastening to the place where we will have eternal joy [PUL1914]. **Brostú chun rud do dhéanamh**, to make haste to do something. **Duine ' bhrostú chun áite éigin**, to hasten someone, make someone go more quickly to a certain place. **Duine ' bhrostú chun rud a dhéanamh**, to urge someone to do something. **Rud a bhrostú chun cinn**, to bring something to a head, bring it about more quickly, hasten a development. **Go brostaithe**, in a hurry, hurriedly. Past: **do bhrostaíos**, **do bhrostaigh sé**. Future: **brostód**, **brostóidh sé**. Imperative: **brostaigh**. Participle: **brostaithe**. Note: LASID has /prostig'/ for **brostaigh**.

**brostaitheach**, adj. (comp. **brostaitheí**) (bróstaíiče, bróstaíiče) (brostihəx, brosti'hi:) hasty.

**brostú**, noun/vn, m. (gs. **brostaithe**) (bróstaíč) (bros'tu:) hurrying, arousing, stimulating. **Brostú a chur ar chapall**, to urge on a horse. See ⇒ **brostaím**.

**brothall**, m. (gs. **brothail**) (bróčall) (brohəl) heat, sultriness. **Sa bhrothall**, in the heat of the day. **Brothall an chúnlaigh**, the warmth of the moss. **Lá brothail**, (on a) hot, sultry day. **Tráthnóna breá brothail**, a sultry evening.

**brothallach**, adj. (comp. **brothallaí**) (bróčallač, bróčallaig) (brohələx, brohə'li:) hot, warm; stuffy; sultry. Also, "luxurious": *thug sé dinnéar breagh brothalach dúinn*, he gave us a really lavish dinner [PUL1915].

**brothallaí**, f. (gs. **brothallaí**) (bróčallaig) (brohə'li:) warmth, sultriness. **Bhí an lá ag dul i mbrothallaí**, it was becoming stuffy.

**brú**, f. (gs. **bronn**, ds. **broínn**, npl. **bronna**, gpl. **bronn**) (brú, broinna) (bru:, brunə, gs. broun, vs. bri:'í) womb, belly.

**brú**, noun/vn, m. (gs. **brú**, npl. **brúinna**) (brúčad) (bru:h, bru:nə) crushing, pressure. **Brú daoine**, a crush of people. **Brú na sló**, the army crowds, the crush of people in the army. **Deintear brú orm**, I am under pressure; I am oppressed. **Tá brú orm ón uile thaobh**, I am pressed on all sides. See ⇒ **brúim**.

**bruach**, m. (gs. **bruaigh**, npl. **bruaicha**) (bruač, gs. bruaic) (bruəx, bruəxə) brink, bank, border. **Ar bruach na farraige**, on the seashore. Note: a specific shore or bank would require lenition (**ar bhruach na glaise bige**), whereas a less definite location would not (**ar bruach glaise bige**). **Ar bruach bertha/bhertha**, about to calve. **Go bruach**, to the brim.

**bruachbhaile**, m. (bruač-bháile) (bruəx-val'i) suburb. See ⇒ **suburba**.

**brúcht**, m. (gs. **brúchta**, npl. **brúchtanna**) (brúčt, brúčtanna) (bru:xt, bru:xtənə) belch. **Brúcht a leogaint amach**, to let out a belch. [TÓD1931].

**brúchtaíol**, vn, m. (gs. **brúchtaíola**) (brúčtčal) (bru:'xti:l) overflowing, belching.

**brúchus**, s. (bru:xəs) bruchus, a type of locust or beetle in Leviticus 11 and elsewhere in the Bible.

154Check all forms. should broinní be the pl of broinn, or is broinntí extant also?

155Is the vowel raised to u?



**brugh**<sup>156</sup>, m. (gs. **brugha**, npl. **brugha**, gpl. **brugh**) (bryɟ, bryɟa, gs. bryɟ/bryɟ/bryɟa) (brog, brogə) dwelling-place, mansion. **Brú Rí**, Bruree, Co. Limerick.

**brughaidh**<sup>157</sup>, m. (gs. **brughadh**, ds. **brughaidh**, npl. **brughai**) (bryɟaio, bryɟaio) (bru:g', bru:'i:) landowner, farmer, yeoman.

**brúideach**, adj. (comp. **brúidí**) (bryioeac, bryioige) (bru:d'əx, bru:d'i:) brutish; brutal.

**brúidiúil**, adj. GCh. ⇨ **brúideach**.

**brúidobair**, f. (gs. **brúidoibre**) (bryio-obair) (bru:d'-obir') brutal work. [DBÓC]

**brúim**, vn. **brú**, verb. (bryioim, bryio) (bru:m', bru:h) I crush, press. With **ar**: **brú ar na daoine**, to oppress the people. *Is cuimhin liom, leis, nuair a bhímis ag sgrúdughadh na gceacht ins na leabhraibh léighinn, go mbíodh gasradh des na buachaillibh am' thimpal, ag brúth isteach orm ar gach aon taobh*, I remember too, when we were studying the lessons in the textbooks, that there was a crowd of the boys around me, pushing in on me on every side [PUL1915]. *Gur chara dhlúth dhó é agus go raibh an uile shaghas gátair ag brúth air*, that he was a close friend of his and a man under the pressure of every type of want [PUL1913]. *Ansan bhí an dá olc ag brúth i n-aonfheacht air*, then the twin dangers together weighed on him [PUL1913]. **Brú ort féin**, to restrain yourself (hold your tongue etc). Also with **isteach ar**, to press in on: *chómh luath agus chonaic na daoine go raibh an chaint le tosnughadh do bhrúghadar isteach timpal ar na caráistibh fada*, as soon people saw that the speeches were about to begin, they pressed in around the long carriages [PUL1915]. With **amach**, press ahead, press forth: *oo leagamair raint acu agus bhriseamair bearna ionta, agus bhíomair ag brúth amach tríd an mbeárnain*, we felled some of them, created a gap among them and then pressed ahead through the breach [PUL1907]. With **fé**, to restrain oneself: **brúigh fút an fhearg**, control your temper. *Ní foláir duit a dh'fhoghlaim conus tú féin do bhriseadh agus do bhrúghadh síos i n-a lán neithe, má's maith leat síocháin agus deagh-mhéinn a bheith idir thú féin agus daoine eile*, you must learn how to mortify yourself in many things if you wish to have peace and goodwill between yourself and other people [PUL1914]. **An té atá á bhrú**, the oppressed. **Ag brú phrátaí**, mashing potatoes. Past: **do bhrús**, **do bhrúigh sé** /vru: je:/. Future: **brúfad**, **brúfaidh sé**. Imperative: **brúigh**. Participle: **brúite**. **Na daoine ' bhrú síos**, to crush/oppress the people.

**bruinne-árd**, adj. (bryinne-ard) (bri'n'ɑ:rd) shallow (of a vessel), with less capacity than it seems owing to a high bottom or false bottom. **Árthach bruinne-árd**, such a shallow vessel. [CFBB]

**bruinne**<sup>158</sup>, f. (npl. **bruinní**) (bryinne, bryinni/bryinneacá) (bi'n'i, bi'n'i:) discharge, ulcer. **An bhruinne dhearg**, red murrain, a disease in cattle.

**bruinneall**, f. (gs. **bruinnille**, npl. **bruinnill**, gpl. **bruinneall**) (bryinneall, bryinnill) (bri'n'əl, bri'n'il') fair maiden. [DUL]

**bruíon**, f. (gs. **bruíne**, ds. **bruín**, npl. **bruíonta**) (bryioeən, bryioeənta, gs. bryioəne, ds. bryioəin) (bri:n, bri:ntə) hostel; fairy palace. **Ina bhruín chaorthainn**<sup>159</sup>, in uproar.

**bruíon**, noun/vn, f. (gs. **bruíne**, ds. **bruín**, npl. **bruíonta**) (bryioeən, bryioeənta, gs. bryioəne, ds. bryioəin) (bri:n, bri:ntə) strife, quarrel. **Sáite i mbruín**, involved in a quarrel. **Ag dul sa bhruín**, getting into the fight. **Ag bruíon**, fighting, quarrelling.

**bruíonach**, adj. (comp. **bruíonai**) (bryioeənac, bryioeənaige) (bri:nəx, bri:'ni:) quarrelsome. [DBÓC]

**brúite**, part. (bryioite) (bru:'i) pressed, crushed. **Brúite ar a chéile**, jammed together, overlapped. See ⇨ **brúim**.

**bruith**, vn. ⇨ **bruithim**.

**bruithéan**, m. GCh. ⇨ **beirithéan**

**bruithim**, vn. **bruith**, verb. (bryioim, bryio) (brihim', brih) to boil, cook. Participle: **bruite**. **Oigheann brute**, frying pan.

**bruithneóig**, f. ICS. ⇨ **bruthóg**.

**bruithnisc**, f. GCh. ⇨ **braithnisc**.

**bruitíneach**<sup>160</sup>, f. (gs. **bruitíní**) (bryioiteac) (bri't'i:nəx) measles. **Tháinig an bhruitíneach orm**, I got the measles. [DBÓC]

**bruscar**, m. ⇨ **brúscar**.

**brúscar**<sup>161</sup>, m. (gs. **brúscair**) (bryiošair/bryiošair) (broskər~bru:skər) crumbs, fragments; rubbish. *Tá an ghluine ina brúsgar*, the glass is in bits [PUL1926b]. **Brúscar móna**, turf-mould. Note: /broskər/ is given in IWM, but /bru:skər/ in CFBB and LASID, which is also PUL's pronunciation. AÓL stated that both pronunciations were found.

**bruscarnach**, f. (gs. **bruscarnai**) (bryiošairnac) (broskərnəx) fragments, rubbish, debris. [AÓL]

**bruthóg**, f. (gs. **bruthóige**, ds. **bruthóig**, npl. **bruthóga**) (bryioəg, bryioəga) (brə'ho:g, brə'ho:gə) a batch of potatoes roasted in ashes. Also **bruthóg phrátaí**. **Bruthóg a bheiriú**, to roast potatoes in red-hot ashes. [DBÓC]

**bua**, m. (npl. **buatha**) (buaə/buaio, buaə, gs. buaə) (buə, buəhə) 1. victory. **Beir bua agus beannacht**, well said, well done; best wishes. **Beirim bua ar (i mbreáthacht)**, I am victorious over, I overcome, exceed (in terms of beauty). **Tá an bua agat**, you have won. **Bua a bheith ag rud/duine ar rud (eile)**, for something to excel something (else)/for someone to excel in something. **Bua a bheith agat ar dhuine i rud**: to excel someone in something. *"Is dócha," arsa'n*

156Check gs.

157Spelt with unlenited g in Catilina; PUL may have had a g here, but the LS edition shows bru:i:v' for brúghaibh.

158Check pl.

159Is Ó Dónaill right in connecting this phrase to bruíon "hostel, fairy palace" and caorthainn "rowan tree"?

160What about the dative?

161The form given in IWM is brosgar, but PUL's spelling brúscar implies a long ú?



*Legáid, "ó tá an buadh san aige ar na gaibhníbh eile, gur fear saidhbhir é", he must be a rich man, said the Legate, since he beats the other smiths in that respect [PUL1907]. Ach nuair a dhéinean an rígh éagcóir tá bárr agus buadh ag an éagcóir sin ar an uile shaghas oilc, but when the king does an injustice, that injustice ranks higher than any other type of injustice [PUL1909]. Tá an bua mór agam chun achrainn a tharrac orm féin, I have a great talent for getting into scrapes. An bua ' bhreith leat, to win, be victorious. Bua a dh'fháil (ar dhuine), to be victorious. Na chúig bhua, the five glorious mysteries (in the rosary). Cómharthaí bua, trophies. 2. virtue, merit, special power or quality. Ní fheadar cad é an buadh a bhí sa tseoid úd a thug an bhean chos-nochtaithe do Shéadna, I wonder what power was in that jewel the barefoot woman gave to Séadna [PUL1904]. Do bhí bua ag an gclaiómh so, aon duine go mbeadh sé 'na láimh d'fhéatadh sé é féin a chosaint ar pé namhaid a thioctadh 'na threo, this sword had a special quality that anyone who had it in his hand could defend himself against any enemy that came against him [AÓL1968]. Bua amháin (ag rud), one good thing, a significant advantage. Lucht bua, the victors. Fé bhua, victoriously, in victory. Note: the plural is attested in PUL1900b as **buadha**, but the dative plural in PUL1909 is **buadhthaibh**.*

**buabhall**, m. (npl. **buabhaill**) (буабалл, буабайл) (buəvəl, buəvil') bugle. Note: this is also GCh for ⇒ **bubal**; **bubalus**.

**buac**, m. (буаc) (buək) the best thing for you. *Bhí san agus a mbuac féin ag teacht isteach le n-a chéile*, that coincided with their own best interest [PUL1907]. **Is é do bhuac é**, it is best for you, it is in your best interests, it is your best course of action: *d'inis a dhá súil duit, ar an gcéad amharc, gur bh' í inghean Thaidhg Mhóir uí Chealla a bhí agat, agus pé 'cu b'í nó nár bh'í, gur bh'é do bhuac bheith chómh múinte chómh béasach agus d'fhéadfá bheith*, her eyes told you at first glance that she was the daughter of Tadhg Mór Ó Ceallaigh, and whether she was or was not, that you had better be as well-behaved and well-mannered as you could [PUL1907].

**buacach**, adj. (comp. **buacaf**) (буаcаc, буаcаfе) (buəkəx, buə'ki:) lofty, towering, luxuriant, buoyant; chivalrous, of proud bearing. Of food, nutritious. **Go buacach**, in fine fettle.

**buacallán**, m. (gs. **buacalláin**) (буаcаllа́н) (buəkə:lə:n) yellow ragweed (used for cures). Also **buacallán buí**. [AÓL, LASID]

**buachaill**, m. (gs. **buachalla**, npl. **buachaillí**) (буаcа́лл, буаcа́ллí, gs. буаcа́лла) (buəxil', buəxə'l'i:) 1. boy. **Buachaill óg**, youth. 2. man-servant, male servant. **Buachaill aimsire**, servant-boy. **Buachaill capaill**, groom. **Na Buachaillí Bána**, the Whiteboys, an agrarian movement that violently defended tenant farmers' riots, with outbreaks in 1761-64, 1770-76 and 1784-86, mainly in Munster.

**buachaillín**, m. (npl. **buachaillíní**) (буаcа́ллín, буаcа́ллíní) (buəxil'i:n', buəxə'l'i:n'i:) lad. [AMF]

**buachalán**, m. GCh. ⇒ **buacallán**.

**buachan**, vn. ICS. ⇒ **buachtaint**.

**buachtaint**, vn. ⇒ **buaim**.

**buadán**, m. (npl. **buadáin**) (буаdа́н/бúдáн, буаdа́ин/бúдáин) (bu:'dɑ:n, bu:'dɑ:n') the stump of an animal's horn. [LASID]

**buaic**, f. (gs. **buaiце**, ds. **buaic**, npl. **buaiцеanna**, dpl. **buaicibh/buaiцеannaibh**) (буаic, буаicеа́нна) (buək', buək'ənə) top, peak, pinnacle. **Ar bhuaic an tí**, on the housetop. **Ar buaic an chluig**, perched on the clock.

**buaic**, f. ICS. ⇒ **buac**.

**buaiцеáil**, f. GCh. ⇒ **bóiceáil**.

**buaiцеálaí**, m. GCh. ⇒ **bóiceálaí**.

**buaille**<sup>162</sup>, f. (npl. **buailte**) (буаиле, буаилте/буаилтеа́да) (buəl'i, buəl'hi) paddock, milking place. Note: historically the genitive has also been seen as **buailleadh**, with the dative as **buailidh**.

**buailleam sciath**, s. (буаилеам r̄ɣiəč) braggadocio. [DBÓC]

**buailim**, vn. **bualadh**, verb. (буаилim, буаилáд) (buəl'im', buələ) 1. I strike. **Buailim buille ar** (or **i**, as appropriate), I strike a blow on. **Duine ' bhualadh san aghaidh/sa leacain**, to strike someone in the face/on the cheek. **Rud a bhualadh i gcoinnibh cloch** (or **buille do bhualadh de rud ar chlochaibh**), to dash something against stones. **Doras a bhualadh**, to knock a door. **Bualadh ag an ndoras**, to knock at the door. 2. I go, proceed, eg in a certain direction. **Do bhuailleadar orthu**, they pressed on, went on. **Buailim amach**, I get out, strike out, go out. **Bualadh an doras amach**, to go out the door. **Buailim chun duine**, I go to see someone, visit someone, go up to someone. **Buailim chuige suas**, I go right up to him. **Buailim fúm**, I set myself down, I sit down. **Do bhuailleas ins na cosaibh é**, I hit him on the feet. **Buailim isteach**, I come in, drop in. **Bualadh thairis**: *thug Diarmuid a chúl leis agus bhuail sé thairis gan labhairt*, Dermot turned his back on him and carry on on past him without speaking [PUL1915]. **Bualadh chun duine isteach**, to walk in, come in towards someone. **Bualach isteach chun duine**, to pop in to see someone. **Do bhuail sé suas an halla**, he strode up the hall. **Do bhóthar a bhualadh**, to hit the road, beat it. **Buailim bóthar abhaile**, I set off home. **Tír a bhualadh**, to hit land, to reach land. 3. I thresh. 4. I place, put. *Chuaidh sé suas agus bhuail sé lámh ar an mealbhóig*, he went up and put/laid his hand on the bag [PUL1904]. *Bhuaillis do mhéar air*, you put your finger on it! [PUL1907]. **Do chasóg a bhualadh ort**, to put/throw your coat on. **Do bhuail sé chuige é**, he took it with him. 5. With **um** or **le**: I meet. **Buailleann sé umam** or **buailim leis**, I meet him (or I come across it). **Buail umam anso**, meet me here. *Ag brath air go mbuailfeadh seans éigin uime a chuirfeadh ar a chumas a ghnó a dhéanamh*, hoping that he would meet with some good luck that would enable him to accomplish his task [PUL1904]. *Do sgríbhinn síos am' leabhar sgríbhinne, anois agus airís, blúire beag Gaeluinne nuair a bhuaileadh sé umam*, I would, every now and then, write down some snatch of Irish in my notebook when I came across it [PUL1915]. *Nár bhuailtéar a thuille uimpil*, may she get no more [of wealth] [PUL1907]. **Arbhar a bhualadh**, to thresh corn. **Do buailleadh isteach im aigne go**, I was firmly convinced

162Is the pl buailthíocha? See entry in CFBB.

(that): *má tá sé chómh buailte sin isteach ad' aigne go bhfuil sí imthighthe ar an inntinn sin cad 'na thaobh ná preaban tú láithreach agus í do leanmhaint?*, if you are so sure she had left with that intention, why don't you jump up straightaway and follow her? [PUL1904]. **Do bhuaile an clog a dó**, the clock struck two. **Bualadh síos**, to proceed down, strike a course down somewhere. Past: **do bhuaileas, do bhuaile sé**. Future: **buailfead, buailfidh sé**. Imperative: **buail**. Participle: **buailte**.

**buailte**, part. (buailte) (buə'l'hi) struck. **Buailte le**, beside, close to: *tá sé buailte leat*, it is close by, almost upon you. [PUL1915]. **Buailte amach (le tuirse, le hocras, le tart, ón dteinneas)**, exhausted. **Buailte suas le**, lying against: *d'fhéachfá an fhinneóg san amach agus chíféá, buailte suas le bun na finneóige, an abha, an Solán*, you would look out of that window and see, right up to the bottom of the window, the River Sullane [PUL1915]. **Buailte ar a chéile**, superimposed, one on the other. **Obair bhuailte**, beaten work (of wrought metal). **Ór buailte**, beaten gold. **Buailte marbh**, knocked dead.

**buailteán**, m. (npl. **buailteáin**) (buailteán, buailteáin) (buə'l'hɑ:n, buə'l'hɑ:n') striker of a flail.

**buailteóir**, m. (gs. **buailteóra**, npl **buailteóirí**) (buailteoir, buailteoirí) (buə'l'hɑ:r', buə'l'hɑ:r'i:) thresher; striker. **Buailteóir uibhe**, egg-beater.

**buaim**, vn. **buachtaint**, verb. (buaidim, buaidim) (buə'm', buəxtint') I win, I gain, I win a victory. **Cé tá ag buachtaint anois?** Who is winning now? **Buaim ar dhuine (in imirt)**, I defeat, beat someone (in a game). **Do bhuaigh sé le holcas air**, it was worse than it, it surpassed it in terms of being bad. **Do bhuaigh an méid sin orthu**, that was too much for them (i.e., they couldn't figure it out, or it as confusing or difficult in some way). **Do bhuaigh é sin orthu go léir**, this was better than any of them. Impersonally: **bhí buaite (aige) orthu**, they were defeated/had been beaten (by him). **Bhí buaite air glan**, he was completely defeated. **Buachtaint glan amach ar dhuine**, to to defeat someone outright. Also in the sense of "surpass": *má 's éitheach atá ar siúbhal aici, — mura bhfuil aon éileamh aici ar Shéadna le ceart geallamhna, — do bhuaidh sí ar a bhfeaca riamh de mhnaibh, agus do bhuaidh Séadna ar a bhfeaca riamh d'fhearaibh*, if what she is saying is lies, and if she has no claim on Séadna by way of a promise, then she knocks spots off all the women I ever saw, and Séadna knocks spots off all the men I ever saw [PUL1904]. *Daoine á mhaoidheamh gur bhuaidhais-se ar an saoghal mór le géar-chúis!*, and there people are saying how you excelled the whole world in shrewdness [PUL1904]. *Is beag ná go mbuaidhadh an iongnadh ar na béasaibh acu*, their wonder nearly got the better of their manners [PUL1907]. **Cath a bhuaichtaint**, to win a battle. **Cluiche ' bhuaichtaint**, to win a game. **Buachtaint i gcogadh**, to be victorious in war. Past: **do bhuaas, do bhuaigh sé** /də vuə(g) 'je:/. Future: **buafad, buafaidh sé**. Imperative: **buaigh** /buəg'/. Participle: **buaite**. *Cad é an tairbhe do dhuine an saoghal go léir a bhuaichtaint má chailleann sé a anam féin?* for what shall it profit a man, if he shall gain the whole world, and lose his own soul? [Mark 8:36, PUL1915/2]. With **do**: *bhí an díslé caithte a bhuaidhfeadh uireasbhaidh, imirce, agus gorta dhó féin*, the die had been cast that would 'win' for him want, migration and starvation [DBÓC1933]. With **le**, to succeed, profit by: **go mbuaidh /gə muəg' / Dia (go hard) leat**, may God (greatly) prosper you! *Is mó atá sí buaidhte leis an gcath 'ná mar atá sí cailte leis*, she has won more by this battle than she has lost by it [PUL1907]. With **thar n-ais**, to win back: *má géilltí beagán ar taobh anois agus airís, do buaidhtí an beagán san thar n-ais gan puinn ríghnis*, although they yielded a little at the edge now and then, that little was won back without much delay [PUL1907].

**buainim**, vn. **buaint**, verb. (buaim, buaint) (buə'n'im', buənt') I reap. Past: **do bhuaineas, do bhuaín sé**. Future: **buainfead, buainfidh sé**. Imperative: **buain**. Participle: **buainte**. **Ag buaint choirce**, reaping oats. See ⇨ **bainim**. Note<sup>163</sup>: the distinction between **baint** and **buaint** is not always present in Peadar Ua Laoghaire. PUL1915 has: *ag baint fhéir le speil, nó ag baint mhóna le sleán, nó ag baint choirce le corán*, cutting grass with a scythe, or cutting turf with a turf-spade, or reaping oats with a sickle. Compare *ag buaint an fhóghmhair*, reaping the harvest, in PUL1924.

**buaint**, vn, f. (gs. **buana**) (buaint) (buənt') reaping. See ⇨ **buainim**.

**buaircín**, m. (npl. **buaircíní**) (buaircín, buaircíní) (buə'r'k'i:n', buə'r'k'i:n'i:) toggle-pin.

**buaireamh**, noun/vn, m. (gs. **buairimh**) (buaireamh/buaireamh) (buə'r'əv) affliction, sorrow. *Tháinig seirbhthean agus canncar agus buaidhreamh aigne air*, great bitterness, vexation and mental trouble came upon him [PUL1904]. **Slán agus beannacht le buaireamh an tsaol**, farewell and adieu to the troubles of this world! **Saor ó buaireamh**, free from trouble, concern. **Buaireamh mór**, great tribulation (in the Biblical sense). **Buaireamh a chur ar dhuine**, to make someone troubled or worried, to trouble/worry someone. **Buaireamh a ghlacadh**, to become vexed, distressed. **Buaireamh aigne**, mental anguish. **Buaireamh ar muin buairimh**, trouble on top of trouble. **Ar buaireamh**, agitated. See ⇨ **buairim**.

**buairim**, vn. **buaireamh**, verb. (buairim, buaireamh) (buə'r'im', buə'r'iv') I vex, torment, trouble; I grow troubled. **Ná buair do cheann leó**, don't trouble your head worrying about them. Past: **do bhuaireas, do bhuair/bhuairimh sé**. Future: **buairfead, buairfidh sé**. Imperative: **buair**. Participle: **buartha**. Note: **bhuairimh** in the preterite is attested in Psalm 17, as well as **bhuair** in Psalm 87.

**buairt**, f. (gs. **buartha**, npl. **buartháí**) (buairt, buairt) (buərt', buə'r'hi:) worry, grief, uneasiness. **Do chuir sé buairt mhór orm**, it deeply troubled me. **Ag déanamh buartha**, in grief, grieving over something. **Ag déanamh buartha i ndiaidh duine**, to grieve for someone. **Ag déanamh buartha do dhuine**, worrying someone: *bhí an obair ar siúbhal ansan, ach bhí aon nídh amháin ag déanamh buartha dhómh-sa*, the word was in progress then, but there was one thing that worried me [PUL1915]. **Bheith i mbuairt/buairt a bheith ort**, to be in trouble. **Buairt aigne**, mental

163This issue needs to be resolved.

anguish. **Aimsir na Buartha**, the time of turmoil (around the 1798 rebellion). **Buairt i dtaobh rud éigin**, worry about something. **Lucht buartha**, the mournful. **Lucht buartha aigne**, people afflicted with mental grief. **Gan buairt gan brón**, carefree. **Fé bhuairt**, in sorrow.

**bualadh**, noun/vn, m. (gs. **buailte**) (βυαλαδδ) (buələ) a beating, striking, the striking of a blow. **An bualadh amach as an dteampall**, Christ's driving of the moneychangers out of the temple. **Lá buailte**, a day spent threshing. See ⇒ **buailim**.

**buan**, adj. (comp. **buaine**) (βυαν, βυαινε) (buən, buən'i) lasting, durable. Poetic: **go buan**, always, constantly. *Nuair a théidheadh na giollaí turais sin i dtaitheighthe reatha ba luatha iad 'ná aon fhear capail, agus ba bhuaine*, when those couriers got used to running, they could run swifter than any man on horseback, and more steadily [PUL1907]. **Beireann buan**<sup>164</sup> **bua**, perseverance wins. **Is buan fear ina dhúthaigh féin**, it is hard to beat a man on his own turf [saying] [PUL1907].

**buanaf**, m. (npl. **buanaithe**) (βυαναιθε, βυαναιθεε) (buə'ni:, buənihi) reaper.

**buanáim**, vn. **buanú**, verb. (βυανυιγim, βυανυιγδδ) (buə'ni:m', buə'nu:): I perpetuate, preserve. *Bhí gach aon deabhramh go ndéanfadh aimsir agus foidhne agus faidearaíthe agus deaghchómharsanacht caradas do dhlúthughadh agus do bhuanughadh idir é agus iad go léir*, there was every sign that time, patience, long-suffering and neighbourliness would serve to cement and preserve friendship between him and them all [PUL1907]. **Go mbuanáidh Dia thú**, God preserve you. Past: **do bhuanafos**, **do bhuanáigh sé**. Future: **buanód**, **buanóidh sé**. Imperative: **buanáigh**. Participle: **buanaithe**.

**buanghearbach**, adj. (βυαν-γεαρηβας) (buən-jarəbəx) with a constant scab (in Leviticus 21).

**buannacht**, f. (gs. **buannachta**) (βυανηαττ) (buənəxt) billeting, quartering. **Arm do chur ar buannacht in áit**, to quarter an army in a place, to billet them there. [DBÓC]

**buanú**, vn. ⇒ **buanáim**.

**buar**, m/f. (gs. **buair/buaire**) (βυαρ) (buər) coll. cattle. Note: feminine in 1 Samuél 30.

**buarach**, f. (gs. **buaraf**, ds. **buaiaigh**, npl. **buarca**, gpl. **buarach**) (βυαρηατ, βυαρηατ) (buərəx~buərəx, buərəkə) stall-rope, spancel for milking cows. Note: the form **buarthach** is found in Éigse I and LASID.

**buartha**, adj/part. (βυαιθεαρηεα) (buərthə) troubled, agitated, vexed. **Go buartha**, quarrelsome, troublesome (of people). **Go buartha brónach**, deeply troubled. Note<sup>165</sup>: **buartha** is the past participle of **buairim**, and as such the genitive of the verbal noun **buairim**, but is also the genitive of the noun **buairt**. A further complication is that where **buairim** is used as an ordinary noun, its genitive is **buairimh**. ⇒ **buairim**, **buairt**.

**buarthach**, f. ⇒ **buarach**.

**buatais**, f. (gs. **buataise**, npl. **buataisí**) (βυαταιφ, βυαταιφι) (buətif, buətif'i:) boot.

**bubal**, m. (bubəl) buffalo.

**bubalus**, m. (bubələs) buffalo.

**bucaod**, m. (gs. **bucaeid**, npl. **bucaodaf**) (βυικεαδδ, βυικεαδαφ) (bə'ke:d, bə'ke:di:) bucket.

**búcla**, m. (npl. **búclaf**) (βυικλα, βυικλαφ) (bu:kələ, bu:kəli:) buckle (eg, on a shoe). *Agus búclaf óir 'na mbrógaibh*, with golden buckles on their shoes [PUL1904].

**búclach**, adj. (comp. **búclaf**) (βυικλατ, βυικλαγε) (bu:kələx, bu:kəli:) ringleted (of hair). [AMF, DBÓC]

**búcsa**, m. (bu:ksə) box, used in **crann búcsa**, box tree. See ⇒ **bosca**.

**buí**, adj. (βυιθε) (bi:) 1. yellow. **León buí**, lion. 2. sallow (of skin colour). **An Bóthar Buí**, Boherboy, Co. Cork.

**buí**, s. (βυιθε) (bi:) thanks. **A bhuí le Dia**, thanks be to God for it. [DBÓC]

**buíbhreac**, adj. (βυιθε-βρηατ) (bi:-vr'ak) speckled with yellow spots.

**buicéad**, m. ICS. ⇒ **bucaod**.

**buicín**, m. (npl. **buicíní**) (βυικin, βυικini) (bi'k'i:n', bi'k'i:n'i:) young buck.

**buidéal**<sup>166</sup>, m. (npl. **buidéil**) (βυιθεαλ, βυιθεail) (bi'd'e:l, bi'd'e:l') bottle. **Buidéal póca**, flask.

**buidéilín**, m. (npl. **buidéilíní**) (βυιθεailin, βυιθεailini) (bi'd'e:l'i:n', bi'd'e:l'i:n'i:) little bottle or vial.

**buíghné**, adj. (βυιθε-ghne) (bi:'ghn'e:) sallow. [DBÓC]

**builcín**, m. (npl. **builcíní**) (βυιλcin, βυιλcini) (bil'k'i:n', bil'k'i:n'i:) parcel, amount, wad, stack.

**buile**, f. (gs. **buile**) (βυιλε) (bil'i) madness, rage. **Ar buile (chun)**, in a rage (against), mad (at). **Ar buile is ar báinis**, in a rage. **Rud a chuireann ar buile thu**, something that puts you in a rage. *Bhí sé ar buile chúgham nuair nár thugas aghaidh ar a thigh féin*, He was mad at me for not going to his house [PUL1915]. **Ar deargbhuile**, raging mad, furious. **D'éirigh sé ar buile**, he became furious. **Dul/imeacht/gluaiseacht ar buile**, to go mad. **Duine buile**, a madman. **León buile**, a mad lion. **Buile seirfin**, indignant rage. **Buile misnigh**, a frenzy of courage. **Buile éada**, jealous rage. **Buile feirge (ar dhuine)**, mad rage. **Micheál na Buile**, Mad Michael. **Buile a theacht ort**, to become enraged.

**buille**<sup>167</sup>, m/f. (npl. **buillí**) (βυιλλe, βυιλλι) (bil'i, bil'i:) blow. **Buille (dhe) bhais**, a blow with the palm of the hand. **Buille ' bhualadh (ded bhais sa leathcheann) ar dhuine**, to strike someone (on the side of the head with the palm of your hand). **Buille ' chailliúint**, to miss a beat (in music). **Buille ' thabhairt do dhuine (sa cheann)**, to deal someone a blow

164Has buan become a noun here?

165Confirm the assumptions in this note.

166buidéalaibh has /ia/ according to the LS of Shiana.

167F i PUL1913b.

(to the head). **Buille (dhe) chasúr**, hammer blow. **Buille mhaide**, a blow of a stick. As an adverb, **buille** or **buille beag** means "somewhat": *tá an tráthnóna buille beag glas ann féin*, the evening is a bit chilly [PUL1904]. **Buille fé thuairim**, a random, haphazard blow; an attempt or sally. **Trí buillí aitheasca**, three moves, three response, three gambits.

**buí**m, vn. **buíochtaint** verb. (buiōigim, buiōeaccatint) (bi:m', bi:xtint') 1. to turn yellow. 2. to cause to turn yellow. [DBÓC]

**buime**, f. (npl. **buimf**) (buime, buimí) (bi'm'i, bi'm'i:) nurse; foster mother.

**buimpéis**, f. (gs. **buimpéise**, npl. **buimpéisí**) (buímpéir, buímpéirí) (bi:m'p'e:ʃ, bi:m'p'e:ʃi:) vamp (of a stocking), the part of a stocking that covers the ankle and foot. *Sprid mhuice, i bhfuirm bhuimpéise stoca*, the ghost of a pig in the form of the vamp of a stocking [PUL1904].

**buinne dearg**, m. ICS. ⇒ **bruinne dhearg**.

**buinne**<sup>168</sup>, m. (npl. **buinní**) (buinne, buinneacc/buinní) (bi'ŋ'i, bi'ŋ'i:) 1. spout, torrent; the swell caused by a moving ship. By extension, a rush of anger or excitement: *d'éist sí, d'á mhéid buinne a bhí fúithi*, she shut up, despite how worked up she was [PUL1904]. *Dá mba gadhar a bhéadh am ineadsa, arsa 'n chaora, ní bheadh oiread san buinne fútsa*, if it were a dog that was here instead of me, said the sheep, you would not be so full of yourself [PUL1903]. 2. shoot (of a plant); scion (of a family lineage). 3. brim, projecting lip.

**buinneach**, f. (gs. **buinní**) (buinneacc) (bi'ŋ'ax) scour, diarrhoea. [LASID]

**buinneán**, m. (npl. **buinneáin**) (buinneán, buinneáin) (bi'ŋ'a:n, bi'ŋ'a:n') sprout, shoot, sapling.

**buíocán**, m. (npl. **buíocáin**) (buiōeaccán, buiōeaccáin) (bi:'ka:n, bi:'ka:n') egg-yolk. [LASID]

**buíoch**, adj. ICS. ⇒ **baoch**.

**buíochan**, f. GCh. ⇒ **buíochtaint**.

**buíochas**, m. ICS. ⇒ **baochas**.

**buíocht**, f. (gs. **buíochta**) (buiōeacc) (bi:xt) yellowishness, yellow tinge. [PUB]

**buíochtaint**, f. ⇒ **buí**m.

**buíon**<sup>168</sup>, f. (gs. **buíne**, ds. **buín**, npl. **buíona/buíne**, gpl. **buíon**, dpl. **buínibh/buíontaibh**) (buiōean, buiōeana, gs. buiōne) (bi:n, bi:nə) group, class (for teaching); in the plural, troops. **Buíon fear**, a detachment or troop of men. **Ina mbuíuibh beaga**, in small groups. **Ina mbuíuibh fé leith**, in separate groups. Note: used for political party in PUL1915: *do caitheadh Disraeili agus a bhuidhean amach a' h-obair an Riaghaltais, agus chuaidh Gladstone isteach*, Disraeili and his party were thrown out of government, and Gladstone came in [PUL1915]. **Buíon cheóil**, a musical chorus/band. **Buíona cogaidh**, warrior bands/troops. **Buíon chosanta**, a guard, a detachment of guards. Note: **buíontaibh** was found in DBÓC1933.

**búir**, f. ICS. ⇒ **búirth**.

**búireach**, f. GCh. ⇒ **búirtheach**.

**búireadh**, f. GCh. ⇒ **búirtheach**.

**búirim**, verb. GCh. ⇒ **búirthim**.

**búirth**, f. (gs. **búirthe**, npl. **búirtheanna**) (búir/búirč, búirčeanna) (bu:r'h, bu:r'həne) bellow. **Búirth leóin**, a lion's roar. **Búirth do chur asat**, to let out a roar.

**búirtheach**, noun/vn, f. (gs. **búirthí**, ds. **búirthigh**) (búirčead) (bu:r'həx) act of bellowing, roaring. **Búirtheach león**, a lion's roar. Note: as a feminine noun, the dative would be **ag búirthigh**. See ⇒ **búirthim**.

**búirthim**, vn. **búirtheach**, verb. (búirčim, búirčead) (bu:r'him', bu:r'həx) to roar, bellow. Past: **do bhúirtheas, do bhúirth sé**. Future: **búirthead, búirthfidh sé**. Imperative: **búirth**. Participle: **búirthe**.

**buiséal**, m. (npl. **buiséil**) (buiéal, buiéil) (bi'ʃe:l, bi'ʃe:l') bushel, a unit of dry measurement.

**búistéir**, m. (gs. **búistéara**, npl. **búistéirí**) (búirčéir, búirčéirí) (bu:'ʃt'e:r', bu:'ʃt'e:r'i:) butcher.

**buihire**, m. (npl. **buihirí**) (buičire, buičirí) (bihir'i, bihi'r'i:) belch or cloud of smoke. Also buihire **deataigh**. [DBÓC]

**buitléir**, m. (gs. **buitléara**, npl. **buitléirí**) (buičléir, buičléirí) (but'l'e:r', but'l'e:r'i:) butler.

**bulcais**, f. ICS. ⇒ **tulcais**.

**bull**a, m. (bulla) (bulə) found in the phrase **bull**a báisín /bulə bə:'ʃi:n/, whirligig, revolving motion. Can also refer to confusion, the head swimming. *Do dhéin an tigh bullabáisín 'na thimpa*, the house whirled about him [PUL1904].

**bull**a, m. (npl. **bullaf**) (bulla, bullaf) (bulə, bu'li:) ball. *Ar bárr gach adhaircín acu san do bhí bulla beag óir*, there was a little ball of gold on top of each one of the little horns [PUL1904].

**bullán**, m. (npl. **bulláin**) (bullán, bulláin) (bə'lə:n, bə'lə:n') bullock. **Gamhain bulláin**, bull-calf.

**bultúr**, m. GCh. ⇒ **vultar**.

**bun**<sup>170</sup>, m. (gs. **buin**, npl. **bunanna**) (bun, bunna/bunanna) (bun, bunəne) bottom, base, end. *Do rug Seán mac an Iarla ar an leabhar agus d'iompuigh sé a bhun síos agus a bharr suas*, Seán son of the Earl took hold of the book and turned it the right way up [PUL1913b]. **Ar bun**, established, set up, going on: **scóil a chur ar bun**, to set up, found, institute a school. *Ach cad é an saghas ráfla é? Nó cad a chuir ar bun é?*, but what sort of rumour is it? or what set it off? [PUL1904]. Substantivised, **cur ar bun**, foundation, establishment. **Cur na cruinne ar a bunaibh**, the foundation of the

168Check pl.

169Does this still mean political party?

170PUL1915/2 has a number of instances of buinn as the genitive, implying an ng pronunciation in the genitive. See Luke 14:29. Check the meaning of is bun leis é.



earth (by God). **De bhun**, in pursuance of: *agus nuair ná bíon de thoisc ná de bhun ná d'aidhm acu leis an obair ach onóir do Dhia*, when there is no other intention, object or purpose to the work than honouring God [PUL1915]. **Fé bhun**, beneath (both spatially and in terms of amounts): **fé bhun na gealaí**, under the moon; **fé bhun deich mbliana d'aois**, under ten years of age. **Fé bhun Dé ar an dtalamh so**, on this earth. **Gan aon bhun leis**, for no reason, without justification or substance. **Ina bhun**, at the bottom of it. **I mbun**, attending to, abiding by, in charge of: **i mbun na hoibre**, engaged in the work; **i mbun na fírinne**, abiding by the truth; **i mbun na gcapall**, looking after, in charge of the horses. *Do tugadh dóibh na h-airm agus do cuireadh ag déanamh na gleacaidheachta iad agus stiúrthóirí 'n-a mbun*, they were given weapons and made to do exercises, with supervisors looking over/in charge of them [PUL1907]. **I mbun a chéile**, arranged put together: **rudáí 'chur i mbun a chéile**, to arrange things, make arrangements, sort things out. **Ó bharr go bun**, from top to bottom. **Ó bhun (go) bárr**, from the bottom to the top. **Tríd síos go bun**, all the way through to the end. **'Sé ba bhun leis**, he started it, set it up. *Pé duine is bun le mise chur isteach sa phrísún so, gan aon droch ghníomh do chur am' leith, tá an dlígh briste aige agus díolfaidh sé as*, whoever is behind putting me in this prison without accusing me of any wrongdoing has broken the law and will pay for it [PUL1907]. *Cé ba bhun leis an post san a thabhairt i n-aon chor dó?*, who was responsible for giving him that job? [PUL1907]. **Ní bhfuaras bun ná barr ar an scéal**, I couldn't make head or tale of the matter. **Bun agus barr an scéil**, the ins and outs of the story. With **le**: **cad is bun leis?**, **cad é an bun atá leis?**, **cad é an bun atá agat leis?**, what does it mean? what is at the bottom of it or behind it? **Bheith mar bhun le rud**, to be behind something, play a hand in it. **Bun craínn**, tree trunk. **Bun todóige**, stump of a cigar.

**bunach**, m. (gs. **bunaigh**) (bunac) (bə'nax, gs. bunig') tow. **Luaitheach bunaigh**, ashes of tow. **Snáth bunaidh**, a thread of tow.

**bunadh**, m. (gs. **bunaidh**) (bunad) (bunə, gs. bunig') 1. origin. 2. genitive singular in adjectival usage, original, essential, fundamental, basic. **An fírinne bhunaidh**, the essential truth. **An dán bunaidh**, the original version of a poem. **Áit bhunaidh**, headquarters. **Brí bunaidh**, basic, essential or underlying meaning: *ní miste dhúinn a chreideamhaint go mb'fhéidir go raibh daoine naomhtha éigin ag éisteach leis an bhfocal san agus gur bh'é toil an tSlánuightheóra gaoth bheag éigin do leogaint isteach 'n-a n-aighe de'n bhrígh bhunaigh a bhí leis an gcainnt sin*, we may as well imagine that there were possible some holy people listening to that statement, and that it was the will of the Saviour to allow some inkling of the fundamental meaning of that statement to enter their minds [PUL1924]. **Cúis bhunaidh**, the essential reason or cause. **Namhaid bhunaidh**, an inveterate enemy.

**bunaím**, vn. **bunú**, verb. (bunuiim, bunuzad) (bu'ni:m', bu'nu:) to found, establish. Past: **do bhunaíos, do bhunaigh, do bunaíodh**.

**bunáit**<sup>171</sup>, f. (gs. **bunáite**, npl. **bunáiteanna**) (bun-áit, bun-áiteanna) (bə'nɑ:t', bə'nɑ:t'ənə) base, military base, headquarters.

**bunáitím\***, vn. **bunáitiú**, verb. (bun-áitíim, bun-áitiuzad) (bun-a:'t'i:m', bun-a:'t'u:) to base, found. Past: **do bhunáitigh sé**.

**bunáitiú**, noun/vn, m. (gs. **bunáitithe**) (bun-áitiuzad) (bun-a:'t'u:) founding; foundation. See ⇨ **bunáitím**.

**bunbhrí**, m. (bun-bpíig) (bun-vr'i:) primary or essential meaning. **Bunbhrí atá sa bhfocal**, the literal meaning of the word.

**bunchairt**, f. (npl. **bunchairteacha**) (bun-čairt, bun-čairteada) (bun-xart', bun-xir't'axə) original deed or charter. [DBÓC]

**bunchéim**, f. (bun-čeim) (bun-x'e:m') positive degree (of an adjective, as opposed to the comparative degree, where **maith** is the **bunchéim** of **feárr**).

**bunchúis**, f. (bun-čúir) (bun-xu:f) basic cause, root cause.

**bunfhreamh**, f. ICS. ⇨ **bunphreamh**.

**buníntinn**, f. (bun-ıntinn) (bun-i:nt'ınj') primary focus. **Do bhuníntinn a bheith chun Dé agat**, to focus your intentions on God.

**bunóc**<sup>172</sup>, f. (gs. **bunóice**, ds. **bunóic**, npl. **bunóca**, gpl. **bunóc**) (bunoc, bunoca) (bə'no:k, bə'no:kə) baby boy or girl, newborn infant. Note: PUL uses this in the sense of a baby girl.

**bunoscionn**, adv. (bun-óir-cionn) (bin'ıf 'k'u:n~bunəs 'k'u:n) upside down, awry; not right. **Cad tá bunoscionn?** What's wrong? **Níl éinne bunoscionn leis**, there's nothing wrong with him. **Grá a bhíonn bunoscionn**, inordinate love. **Bun-oscionn aige**, confused or overturned by him. **Bun-osc-cionn dó**, alien to him. **Bunoscionn le**, at variance with, contrary to, different from: *bhí na focail a tháinig an tarna h-uair bun os cionn ar fad leis na focalaibh a tháinig an chéad uair*, the words that appeared the second time were totally different from the words that appeared the first time [Pul1915]. **Bunoscionn lena chéile**, different from each other. **Rudáí a ghabháil bunoscionn lena chéile**, for things to become confused and topsy turvy, to drift in different directions. *Bhí fhios aige go maith ... go raibh san bun ós cionn leis, chomh bun ós cionn is bhí an adharc leis an muic*, he knew full well that he could not contemplate that under any circumstances (it was as objectionable to him as a horn would be to a pig) [DBÓC1933]. **Aighe dhuine do chur bun-osc-cionn**, to change someone's mind. Note: LASID shows /bunəs 'k'u:n/.

**bunoscionn**, m. (bun-óir-cionn) (bin'ıf 'k'u:n~bunəs 'k'u:n) the contrary, the reverse.

**bunphreamh**, f. (gs. **bunphréimhe**, ds. **bunphréimh**) (bun-ppreamh) (bun-fr'ıav) taproot; root, cause, origin. *Tá cómhachta atá níos treise 'ná cómhachta daona, ag oibriughadh ag bun-phréimh na h-oibre go léir*, powers stronger than human powers are at work behind the whole business [PUL1907].

171PI bunáiteacha in PSD1927.

172PL unattested. LASID has bunóic?



**bunspríoc**<sup>173</sup>, f. (bun-σπίριος) (bun-spr'ík) base mark. **Dul go dtí bunspríoc**, to go the source, get down to basics. [DBÓC]

**buntáiste**, f. (npl. **buntáistí**) (bunτάιστε, bunτάιστί) (bu:n'ta:ft'i, bu:n'ta:ft'i:) 1/ advantage. With **ar**: **buntáiste a bheith agat ar dhuine eile**, to have an advantage over someone else. **Buntáiste ' bhreith ar dhuine**, to take advantage of someone, get the upper hand over someone: *ansan d'imthigh na Fairisínigh, agus chuadar i gcómhairle go ndéanfaidís buntáiste bhreith air 'n-a chaint*, then the Pharisees going, consulted among themselves how to insnare him in his speech [PUL1915b]. 2. concession. **Buntáiste ' thabhairt uait**, to make a concession (e.g. in a business deal).

**buntoil**, f. (gs. **buntolach**, ds. **buntolaigh**) (bun-τοιλ) (bun-tol') express purpose. **De bhuntolaigh**, /də vun-tulig'/, for the express purpose; instantly. [DBÓC]

**bunú**, vn. ⇒ **bunaím**.

**bunús**, m. (gs. **bunúis**) (bunαδύς) (bu'nu:s) origin, basis; essence, gist. *Is i mBéarla do sgríbh sí an leitir, nídh nách iongnadh, ach siné bunús na cainte a bhí sa leitir*, she wrote the letter in English, unsurprisingly, but that was the gist of what she wrote [PUL1915]. *Bhailigh sé uaithi fios bunús an sgéil ó thusach go deire*, he gathered from her the whole truth of the matter, from beginning to end [PUL1904]. With **le**: *do thiocfainn féin anall ar aon chuma feuchaint an raibh aon sgéala agat ó Shadhbh nó an raibh aon bhunús leis an ráfla so ar siúbhail*, I myself would have come over anyway to see whether you had any news from Sadhbh or whether there was any basis to this rumour that is about [PUL1904]. *Ní fhéadfaínn aon bhunús a bhaint as*, I couldn't make head nor tail of it. *Is onóir gan bhunús a thugaid siad dom, ag múineadh teagaisg agus aitheanta daoine*, in vain do they worship me, teaching doctrines and commandments of men [PUL1915b]. **Bunús dionghálta le scéal**, a definite basis to a story. **Bunús an scéil**, the gist of the matter. **Obair gan bhunús**, slovenly work. **Samhlú gan bhunús**, a groundless assumption.

**bunúsach**, adj. (comp. **bunúsaí**) (bunαδύραξ, bunαδύραίξ) (bu'nu:səx, bu'nu:si:) 1. basic, original. 2. substantial, solid, reliable. **Gairm bhunúsach**, a worthy calling in life. *Do theip ortha aon chaint bhunúsach d'fhághail as*, they failed to get anything sensible out of him [PUL1904]. 3. well-to-do.

**Búrcach**, m. (npl. **Búrcaigh**) (Búrκαξ, Búrκαίξ) (bu:rəkəx, bu:rkiɡ') someone surnamed **de Búrca**. Used with the article: **an Búrcach**.

**burra**, m. (npl. **burraí**) (burρα, burραί) (burə, bu'ri:) file, rasp. [CFBB]

**bus**, m. (npl. **busanna**) (bos, bosəne) **bus**. **Tagaim anuas den bhus**, I get off the bus.

**buthaire**, m. (npl. **buthairí**) (bυθαιρε, bυθαιρί) (buhir'i, buhir'i:) belch or cloud of smoke. Also **buthaire deataigh**.

**C** (C), letter of the alphabet, traditionally called **coll** coll /koul/, the hazel tree.

253Check pl. PUL1910 has droch-chleachtaibh.

254gs? Gs is clis in DUL1933.

and a reed in his right hand [PUL1915b]. **Cleith ailpín**, knobstick, a stick with a knob at the end. **Cleith bhata**, long heavy stick.

**cléithín**, m. (npl. **cléithíní**) (cléičín, cléičíní) (kl'e:'hi:n', kl'e:'hi:n'i:) splint. **Cléithín uchta**, breastbone.

**clí**<sup>255</sup>, f. (gs. **clí**) (clí) (kl'i:) chest, ribs; the body. *Bhí sé chómh lom san gur dhóich le duine ná raibh ann ach croiceann agus cnámha, agus go raibh a dhá chlí buailte ar a chéile*, it was so gaunt that it seemed that it was just skin and bones, with the two sides of its body superimposed on each other [PUL1922b].

**cliabh**, m. (gs. **cléibh**, ds. **cliabh**, npl. **cléibh**, gpl. **cliabh**) (clíab, cléib) (kl'íəv, kl'e:v') 1. basket. 2. bosom, chest. **Galar cléibh**, a chest illness. **Áthas cléibh**, delight, joy in one's heart. **Oсна chléibh**, a deep sigh, an inward groan: *do ghluais osna chléibh ó n-a raibh láithreach nuair dh'airigheadar an méid sin*, everyone present let out a groan when they heard that [PUL1904]. **Do chliabh d'oscailt**, to open your lungs (to shout). **Stór a chléibh**, the love of his life. **A cháirde mo chléibh**, my dear friends! **Grá mo chléibh**, the love of my heart.

**cliabhán**, m. (npl. **cliabháin**) (clíabán, cléibáin) (kl'íə'vɑ:n, kl'íə'vɑ:n') cradle. *Bhí idir Bhéarla agus Gaeluinn agam os cionn mo chliabháin*, both English and Irish were spoken over my cradle [PUL1915].

**cliamhain**<sup>256</sup>, m. (gs. **cleamhna**, npl. **cleamhnaithe**) (clíamain, cléamnaíte) (kl'íə'n', kl'aunihi) son-in-law. Note: PUL uses both **cliamhain** and **cleamhain**. DBÓC had **cliamhain**.

**cliar**, f. ⇒ **cléir**.

**cliaráíocht**, f. (gs. **cliaráíochta**) (clíaríocht) (kl'íə'ri:xt) act of chanting, singing in chorus.

**cliath**<sup>257</sup>, f. (gs. **cléithe**, ds. **cléith**, npl. **cliatha**, gpl. **cliath**) (clíath, cléith/clíathá) (kl'íəh, kl'íəhə, gs. kl'e:hi) 1. darn (e.g. on a sock). **Clíath a chur ar/i stoca**, to darn a stocking. 2. splint. **Clíath a chur le cois**, to set a broken leg. Note: in the meaning of "hurdle", **cliath** appears in the placename **Baile Átha Cliath**.

**cliathach**<sup>258</sup>, f. (gs. **cliatháí**, ds. **cliathaigh**, npl. **cliathacha**, gpl. **cliathach**) (clíathac, cléithac) (kl'í'həx, kl'í'həxə) lattice frame; splint. *Clíathacha chun cnámh do chur*, splints to set bones [PUL1907].

**cliathán**, m. (npl. **cliatháin/cliathána**) (clíathán, cléithán/clíathána) (kl'í:'hɑ:n, kl'í:'hɑ:n'~kl'í:'hɑ:nə) side, flank. **Clíathán cuic**, a mountainside. **Suas cliathán an chnoic**, up the slope of the hill. **Clíathán an bhóthair**, the roadside. **Fan chliatháin an tsléibhe**, along the mountainside.

**clíng**, f. (gs. **clinge**, npl. **clingeacha**) (clíng, cléing) (kl'í:nj, kl'í:njəxə) ringing of bells, sound of bells; peal, chime. [DBÓC]

**Clíodhna**, name, f. (gs. **Clíodhna**) (Clíodhna) (kl'í:nə) Cleena, queen of the banshees of the Tuatha Dé Danaan. **Carraig Clíodhna**, Carrigcleena, the name of a rock near Mallow, Co. Cork. **Tonn Clíodhna**, one of the three famous waves in the seas of Ireland, said to be in Glandore Bay.

**clipeadh**, vn. ⇒ **clipim**.

**clipim**, vn. **clipeadh**, verb. (clípm, clépad) (kl'ip'im', kl'ip'i) I torment, harass. Past: **do chlipeas**, **do chlip sé**. Future: **clipfead**, **clipfidh sé**. Imperative: **clip**. Participle: **clipthe**.

**cliste**, adj. (clíste) (gl'íst'i) clever, expert, skilled. **Fear cliste**, an able man. Note: the pronunciation in g- is indicated in IWM.

**clisteacht**<sup>259</sup>, f. (gs. **clisteachta**) (clísteacht) (kl'íst'əxt) cleverness, dexterity.

**cló**, m. (np. **clónna**, gpl. **cló**) (cló, cléanna) (klo:, klo:nə) 1. form, shape, appearance. **Athrú cló**, the change in appearance as an older person becomes frail. **Cló coirp**, an emaciated, corpse-like appearance. **Cló daonna**, human form. **Cló duine**, the form or appearance of a person (as in a image or picture). **Uasal i gcló**, of noble appearance. *Agus tháinig atharú cló air ós a gcómhair*, and he was transfigured before them [PUL1915b]. **Rud do chur as cló**, to blot something out, efface it: *mar cuirid siad cómharta, no séaladh, spioradálta sa n-anam, nách féidir go bráth do chur as clódh*, for they imprint a mark or seal, spiritually on the soul, that can never be effaced [PUL1921]. 2. print, impression. **I gcló**, in print. **As cló**, out of print. Sometimes a printed copy: *agus chuireadar chúgham cló de'n Freeman's Journal agus mo leitir Ghaeluinne i gcló air*, and they sent me a copy of the Freeman's Journal carrying my letter in Irish [PUL1915]. *Ach do ghluais an cómharc agus shamhluighdar gur ag dul i ngéire agus i ndéine agus i dtruíme a bhí an chaismirt, agus gan aon chlódh lagachair ná aon deabhramh géille ar shlóightibh na nGaedhal*, the fray continued and it seemed the conflict was getting keener, harder and more vehement, with no sign of weakness and no indication the Gaelic hosts were submitting [PUL1907]. **Rud do chur i gcló**, to print something. 3. type, font. **Sa chló Rómhánach**, in the Roman type. **I gcló dhubh**, in bold type. **I gcló trom dubh**, in bold print. **Cló mór air**, large print.

**clóbhualim**, vn. **clóbhualadh**, verb. (cló-bhuailim, clébhualadh) (klo:-vuəl'im', klo:-vuələ) I print. Past: **do chlóbhuailas**, **do chlóbhuail sé**. Future: **clóbhuaillfead**, **clóbhuaillfidh sé**. Imperative: **clóbhuail**. Participle: **clóbhuaillte**.

**clóbhualadh**, vn. ⇒ **clóbhuaillim**.

**clóca**, m. (npl. **clócaí**) (clóca, clécaí) (klo:kə, klo:'ki:) cloak. **Clóca caipín**, hooded cloak.

**cloch thine**, f. GCh. ⇒ **flint**.

255Check the translated example.

256Check pl and PUL said cleamhnaithe meant matchmaker.

257Check pl.

258Dinneen says m/f. Check pronunciation.

259Pronounced glisteacht?

**cloch**, f. (gs. **cloiche**, ds. **cloich**, npl. **clocha**) (clóc, cločá) (klox, kloxe, gs. klohi, ds. kloih) stone; testicle. **Cloch araire**<sup>260</sup>, a casting stone for throwing in contests. **Cloch bhoinn**, foundation stone (with **clocha buínn** in the plural). **Cloch cinn chúinne**, cornerstone. Also **cloch chúinne**. **Cloch chruaidh**, flint, flintstone. **Cloch óir**, chrysolite (in Ecsodus 39). **Do dhein sí cloch de**, she turned him into stone. **Gabháil de chlochaibh i nduine**, to stone someone. **Falla cloiche**, stone wall.

**clochadóir**, m. (gs. **clochadóira**, npl. **clochadóirí**) (clóčadóir, clóčadóirí) (kloxə'do:r', kloxe'do:r'i:) stone-worker, lapidary.

**clochar**, m. (npl. **clochair**) (clóčair, clóčair) (kloxər, kloxi:r') stony place; convent. See ⇨ **conbhint**.

**clog**, m. (npl. **cloig**, gpl. **clog**) (clóg, cluig) (klog, klig') blister. **Clog a bheith ort**, to have a blister.

**clog**, m. (npl. **cloig**) (clóg, cluig) (klog, klig') 1. bell, clock. **Uair an chloig** /uər' ə xlig'/, hour. **Dhá uair a' chloig**, two hours. **A dodhéag a' chlog**, twelve o'clock. **Tá sé a dódhéag a' chlog**, it's twelve o'clock. **Ar a hocht a' chlog**, at eight o'clock. **Clog a bhualadh**, to strike or ring a bell. 2. a cow's water bag (amniotic sac).

**clogad**, m. (npl. **clogaid**, gpl. **clogad**) (clógad, clógaid) (klogəd, klogid') helmet.

**cloí**, vn. ⇨ **cloím**.

**clóic**, f. (gs. **clóice**) (clóic) (klo:k') gloom. **Ní chuireann sé aon clóic ort**, it doesn't bother you.

**cloich-shneachta**, m. (gs. **cloich-shneachtaidh**) (clóic-šneachtá) (kloi'hn'axtə, gs. kloih'n'axtig') hailstone. Note: this word is masculine in respect of article usage, but uses a lenited adjective (**cloich-shneachta mhór**).

**cloichín**, f. (npl. **cloichíní**) (clóicín, clóicíní) (kloi'hi:n', kloih'i:n'i:) little stone.

**cloigeann**, m. (gs. **cloiginn**, npl. **cloiginn**, dpl. **cloigeannaibh**) (clóigeann, clóiginn) (klog'ən, klog'in') skull, head. Note: refers in PUL1926b to the bowl of a pipe.

**cloigín**, m. (npl. **cloigíní**) (clóigín, clóigíní) (kli'g'i:n', kli'g'i:n'i:) little bell. **Cloigín a bhualadh**, to ring a bell.

**cloigtheach**<sup>261</sup>, m. (gs. **cloigthí**, npl. **cloigtheacha**) (clóigtheac, clóigtheacá) (kli'k'ax, kli'k'axə) round tower, belfry, steeple. [DBÓC]

**cloím**, vn. **cloí**, verb. (cláoióim, cláoióe) (kli:m', kli:) I cleave, adhere. Used with **le**, I stick to (something), confine myself to it, adhere to it. *Dul agus cláoidh leis an ngnó is fearr atá ar eólas agam*, to go and stick to the business I know best [PUL1904]. Sometimes with a nuance of "putting up with something, devoting yourself to it": *an uair sin iseadh thosnuigh fir óga ar chláoidhe le sglábhuidheacht agus le h-obair chogaidh i n-aonfheacht*, it was then that young people began to devote themselves to both the drudgery and toil of war [PUL1913]. *Is mór a trúa'n chríonacht a cluí leis an óigí*, it's a pitiful thing for an old person to be attracted to youth [AMF1920]. Past: **do chloíos**, **do chloígh sé**. Future: **cloifead**, **cloifidh sé**. Imperative: **cloigh**. Participle: **cloíte**.

**cloím**, vn. **cloí**, verb. (cláoióim, cláoióe) (kli:m', kli:) I wear down, subdue. *A d'iaraidh iad do chláoidh le neart a theighlaigh féin i n-inead neart na h-Éirean go léir do chruinniughadh agus do ghleusadh 'n-a gcoinnibh*, seeking to subdue them by the forces of his own household instead of gathering and equipping the forces of the whole of Ireland against them [PUL1907]. *Táimid óg láidir agus 'n-a choinnibh sin táid siad súd cláoidhte le h-aois agus le saidhbhreas*, we are young and strong, and they on the other hand are weighed down with age and riches [PUL1913]. **Tu fein a chloí**, to wear yourself down, pine away. **'Om chloí**, wasting away. Past: **do chloíos**, **do chloígh sé**. Future: **cloifead**, **cloifidh sé**. Imperative: **cloigh**. Participle: **cloíte**.

**cloisim**, vn. **clos/cloisint**, verb. (clóirim/oo-cluimim, clóir/cloirint) (klojím', klos/klojint') I hear. Present autonomous: **clostar**. Past: **do chuala**, **do chualaidh sé** /xuələ ʃe:/, or **do chloiseas**, **do chlois sé**. Future: **cloisfead**, **cloisfidh sé**. Imperative: **clois**. Participle: **cloiste**. **Chuala sé mar gheall air seo**, he heard about it. **Cloisint i dtaobh ruda**, to hear of something. **A' gcloistí?** /glofti:/ do you hear?, just listen to that! Note: both **clos** and **cloisint** are used in PUL1915b. **Cloistí** is an ossified archaic present-tense second-person plural. Forms derived from **cluimim** are occasionally found, such as **do cluintí** in PUL1903 for **do cloistí** and **cluintear** in Psalm 18.

**cloisint**, noun/vn, f. (gs. **cloisint**) (clóirint) (klojint') hearing. ⇨ **cloisim**.

**clóiteacht**, f. (gs. **clóiteachta**) (cláoióteacht) (kli:t'əxt) weakness, exhaustion, sickness.

**clóiteóir**, m. (gs. **clóiteóra**, npl. **clóiteóirí**) (cláoióteoir, cláoióteoirí) (kli:'t'o:r', kli:'t'o:r'i:) subduer, oppressor.

**clós**, m. (gs. **clóis**, npl. **clóiseanna**) (clóir, clóiréanna) (klo:s, klo:ʃənə) yard, close, enclosure.

**clos**, noun, vn, m. (gs. **cloiste**) (clóir) (klos) to hear. **I gclos na ndaoine**, within the people's hearing. **I gclos do**, within the earshot of. **Is clos dom é**, I hear it. See ⇨ **cloisim**.

**clú**, m. (gs. **clú**) (clú) (klu:) reputation, fame. **Do chuid agus do chlú**, your money and your reputation. **Clú do lorg as rud**, to seek fame through or as a result of something. *Nuair a bhíodh a gclú agus a náire curtha ar neamhnídh aige thugadh sé coirthe eile níba thruime dhóibh le déanamh*, when he had reduced their character and shame to naught, he would give them other more serious crimes to do [PUL1913]. **Clú do thuilleamh**, to become famous, win fame. **Réim chlú a dh'fháil**, to gain authority and repute. **Clú duine a chasadh**, to turn someone's reputation around, to attempt to repair someone's reputation after calumniating him (see PUL1921). **Clú duine a mhaslú**, to calumniate someone's reputation. **Do chlú a dh'ardú os comhair an domhain**, to become famous throughout the world.

**cluain**, f. (gs. **cluana**, npl. **cluana**) (cluain, cluainn) (kluən', kluənə) meadow, pastureland, plain between two woods. Note:

260Cloch airgthe in Dinneen's dictionary, where it is interpreted as a corruption of airligthe, "tossed". Dónall's dictionary has cloch tharraingthe for a "light casting stone"

261PSD shows an alternative cuilceach pronunciation?



common in place names. **Cluain Droichead**<sup>262</sup> (kluən'drohəd) Clondrohid, Co. Cork, the birthplace of Peadar Ua Laoghaire. **Cluain Tairbh** (the form used by PUL; otherwise **Cluain Tarbh**), Clontarf, Co. Dublin, the site of a battle in AD 1014. **Cluain Uamha**, Cloyne, Co. Cork. **Dóiseas Chluanach agus Rosa**, diocese of Cloyne and Ross. **Easpag Chluana**, Bishop of Cloyne. Note: in the meaning of Cloyne, the genitive is **Cluanach** in PUL1915 and **Cluana** in PUL1921. The dative plural is attested as **cluanaibh** in PUL1916.

**cluanaí**, m. (npl. **cluanaithe**) (cluanaíðe, cluanaíðé) (kluə'ni:, kluənihi) deceiver, hypocrite. Note: a variant of ⇒**cluanaire** found in PUL1915b.

**cluanaire**, m. (npl. **cluanairí**) (cluanaíre, cluanaírí) (kluə'nir'i, kluə'nir'i:) deceiver, hypocrite.

**cluas**, f. (gs. **cluaise**, ds. **cluais**, npl. **cluasa**, gpl. **cluas**) (cluaf, cluafa) (kluəs, kluəsə) 1. ear. **Cuirim leath-chluas air**, I turn my head to listen; I give ear to. **Cluas a chur ort féin**, to prick up your ears. **Cluas ort ag feitheamh le rud**, listening out for something. **Cluas (aon chluas) a thabhairt do rud**, to listen to, give ear to, pay some attention to: *má thugan Brian aon chluas do chómhairle na n-uasal san aireófar láithreach é ar fuaid na h-Éirean go léir*, if Brian pays any attention to that advice of the nobles it will be heard immediately throughout the whole of Ireland [PUL1907]. **Ná tabhair aon chluas di**, don't pay any attention to her. **Bain an chluas díom** or **bain an chluas anuas ón gceann díom**, used to emphasise a statement: *bain an chluas díom má chuirean sé an tarna ceist*, I'll eat my hat if he asks a second question [PUL1904]. *Ná pós cat i riocht mná óige, dá bhreághthacht í, nó bain an chluas díom go leagfar an bórd agus go mbrisfar na míasa lá éigin*, don't marry a cat in the guise of a young woman, however beautiful she is, or you can sure the table will be knocked over and the dishes smashed one day [PUL1903]. *Ná codail ar an gcluais sin*, don't be too sure of that [a saying] [PUL1904]. *Do las sé go bun na gcluas nuair a thuig sé an tuathal a bhí déanta aige*, he blushed with embarrassment when he realised the blunder he had committed [PUL1907]. **Codladh ar an gcluais sin**, to delude yourself, content yourself with one version of a story. **Go cluasaibh**, up to the ears. 2. handle (e.g., of a bicycle). 3. spindle-holder (in a spinning wheel).

**cluasfháinne**, m. (npl. **cluasfháinní**) (cluaf-fáinne, cluaf-fáinní) (kluəs-ɑ:ŋ'i, kluəs-ɑ:ŋ'i:) earring.

**club**, m. (npl. **clubanna**) (klub, klubənə) club. [DBÓC]

**clúdach**, noun/vn, m. (gs. **clúdaigh**, npl. **clúdaigh**) (clúðac, clúðac) (klu:dəx, klu:dig') 1. covering. With **ar**: *ní chaithidís choídhche hata ná caipín ná aon chlúdach eile ar a gceann*, they never wore hats, caps or any other coverings on their heads [PUL1907]. 2. envelope. **Clúdach adhairte**, pillow-case. See ⇒**clúdaím**.

**clúdaím**, verb. ⇒**clúdaím**.

**clúdaím**, vn. **clúdach**, verb. (clúðaim, clúðac) (klu:'di:m', klu:dəx) I cover, clothe, shelter. Past: **do chlúdaíos**, **do chlúdaigh sé**. Future: **clúdód**, **clúdóidh sé**. Imperative: **clúdaigh**. Participle: **clúdaithe**. *Ní túisge a bhí an focal deirineach ráidhte aici-sí 'ná tháinig ceó éigin bán 'na tímpal a chlúdaigh ó n-a radharc í*, no sooner had she said the last word, than some kind of white mist enveloped her and hid her from his sight [PUL1904]. **Clúdaithe le rud**, covered in something. **Tu féin a chlúdach le héadach leapan**, to cover yourself with bedclothes, tuck yourself in. Note: both **chlúdabhair** and **chlúdaíomair** are used in PUL1915b, showing some use of **clúdaím** in the first conjugation.

**clúdaithe**, part. (clúðca) (klu:dihi) covered. *Abhfad sar a dtáinig am an Aifrin bhí na daoine cruinnighthe isteach ar an oileán ó'n dtír mór-thímpal i dtreó gur dhóich leat go raibh an t-oileán clúdaighthe acu*, long before the time for the Mass, the people were gathered on the island from the land all around so that you would have thought the island was covered with them [PUL1907]. With **le**: *dubhairt fear liom a bhí trí fichid blian d'aois nuair a rugadh mise, go raibh Daingean na Saileach clúdaithe go breagh le coilltibh nuair a bhí sé féin 'n-a gharsún*, a man who was 60 years old when I was born told me that the Fortress of Sally-trees was well covered with woods when he was a boy [PUL1915].

**cluiche**, m. (npl. **cluichí**) (cluíce, cluicí) (klihi, kli'hi:) 1. game. **Tá mo chluiche tabhartha**, I am undone. **Ag imirt chluiche**, playing a game; with **ar** or **i gcoinnibh**: *d'imir gach duine de'n bheirt cluiche ar gach arm des na h-airm sin leis na buachailib ab fearr a bhí ar theighlach Bhriain*, each of the pair played a game using each of those weapons with the best boys in Brian's household [PUL1907]. *Gur imireadar araon an cluiche chómh maith san agus chómh gasta san go raibh iongnadh a gcoídhche ar mhuintir an rígh agus ar an rígh féin, a fheabhas do dhéineadar an gnó*, that they both played their cards so well and so cleverly that the king's people/the government and the king himself were surprised at how well they did the job [PUL1904]. **Cluiche a bhuachtaint (ó dhuine)**, to win a game, beat someone in a game. **An cluiche do chur ar dhuine**, to take the game from someone, to beat him at a game. **Cluiche a ghabháil id choinnibh**, for a game or scheme to go against you. **Tá an cluiche cailte agat**, the game is up, you've had your chips. 2. chasing, worrying (e.g. of an animal): *agus iad a d'iarraidh radhairc éigin fthagáil ar an gcluiche a bhí ag an ngirrfhiadh dá fthagáil*, they were trying to catch a glimpse of the pursuit of the hare [PUL1913b]. Note: lenition is found in **cluiche bháis is bheatha** in PUL1907.

**cluicheadh**, vn. ⇒**cluichim**.

**cluichim**, vn. **cluicheadh**, verb. (cluicim, cluiceadh) (klihim', klihi) I harry, I chase. Past: **do chluicheas**, **do chluich sé**. Future: **cluichfead**, **cluichfidh sé**. Imperative: **cluich**. Participle: **cluichte**.

**clúid**, f. (gs. **clúide**, npl. **clúideacha**) (clúio, clúioeac) (klu:d', klu:d'əxə) 1. cover, covering. *Seachanaidh na fáidhe fallsa, a thagann chúghaibh i gclúid na gcaorach*, beware of false prophets, who come to you in the clothing of sheep [PUL1915b]. 2. nook, corner, covert.

262The spelling Cluandrochad in PUL implies the n is broad, possibly influenced by the d. Is pl cluanta or cluainte? Alsocheck gs. cluanach? See Dioseas Chluanach.

**cluimim**, verb. ⇨ **cloisim**.

**clúiteach**, adj. ICS. ⇨ **clúmhail**.

**clúmh**, m. (gs. **clúimh**) (clúim) (klu:v) fur, down. *Bhí súsa aige 'n-a charáiste féin agus súsa de chlúmh ana dhaor ab eadh é*, he had a rug in his carriage, and it was a very expensive fur rug [PUL1915]. *Chomh tirim le leabaidh chlúimh eun*, as dry as a featherbed [PUL1904]. **Clúmh eirmine**, ermine fur. **An clúmh a bhaint de chirc**, to pluck a hen. **Clúmh fiolair**, an eagle's feathers. **Clúmh liath**, mildew (with **clúimh léith** in the genitive).

**clúmhach**, adj. (comp. **clúmhaí**) (clúimhach, clúimhach) (klu:vəx, klu:'vi:) furry, fluffy.

**clúmhail**, adj. (comp. **clúmhala**) (clúimhail, clúimhail) (klu:l', klu:lə) of good repute, renowned.

**cluthar**, adj. (comp. **cluthaire**) (clučthar, clučthaire) (kluhər, kluhir'i) cosy, comfortable. **Éadach cluthar**, warm clothes. **Áit chluthar**, a place of shelter. **Nead cluthar**, a cushy job.

**clutharaím**, vn. **clutharú**, verb. (clučtharaim, clučtharaid) (kluhər'i:m', kluhər'ru:) to shelter, make comfortable. **Tu féin a chlutharú**, to wrap up warm. Imperative: **clutharaigh**. [DBÓC]

**clutharú**, vn. ⇨ **clutharaím**.

**cnádán**, vn. ⇨ **cnádánaim**.

**cnádánaim**<sup>263</sup>, vn. **cnádán**, verb. (cnádáim, cnádán) (kna:'da:nim', kna:'da:n) I croak, murmur, make a disagreeable noise.

Past: **do chnádánas**, **do chnádán sé**. Future: **cnádánfad**, **cnádánfaidh sé**. Imperative: **cnádán**. Participle: **cnádánta**.

Note: used in PUL1903 to describe the noise of a frog.

**cnag**<sup>264</sup>, m. (gs. **cnaig**, npl. **cnaga**) (cnaɣ, cnaɣ/cnaɣa) (knag, knagə) knock, blow.

**cnagaire**, m. (npl. **cnagairí**) (cnaɣaire, cnaɣairí) (knagiri', knagiri':) naggin, noggin, quarter-pint of spirits.

**cnagarnach**, noun/vn, f. (gs. **cnagarnaí**, ds. **cnagarnaigh**) (cnaɣarnach) (knagərnəx) crackling, crunching, making a cracking sound; a crackling sound. **Cnagarnach tóirthe**, a tremendous thunder. Note: as a feminine verbal noun, the dative is **ag cnagarnaigh**.

**cnaí**, noun/vn, m. (gs. **cnaí/cnaíte**) (cnaoi) (kni:) wasting away, declining. See ⇨ **cnaím**.

**cnáib**, f. (gs. **cnáibe**) (cnaib) (kna:b') hemp; hangman's noose.

**cnáideach**, adj. GCh. ⇨ **cnáidiúil**.

**cnáidiúil**, adj. (comp. **cnáidiúla**) (cnaidheal, cnaidheal) (kna'd'u:l', kna'd'u:lə) jeering, jibing, sarcastic. [DBÓC]

**cnaím**, vn. **cnaí**, verb. (cnaioim, cnaoi) (kni:m', kni:) to corrode (transitive and intransitive), wear away.

**cnáimhseach**, adj. (comp. **cnáimhsí**) (cnaimheach, cnaimheach) (kna:v'ʃəx, kna:v'ʃi:) obstretic.

**cnáimhseáil**, noun/vn, f. (gs. **cnáimhseála**) (cnaimheal) (kna:v-'ja:l') act of grumbling, complaining. **Cnáimhseáil in aghaidh duine**, to grumble/murmur against someone.

**cnaip**<sup>265</sup>, m. ⇨ **cnaipe**.

**cnaipe**, m. (gs. **cnaipí**) (cnaipe, cnaipí) (knapi', knapi':) button, stud. **Do thit sé ina cnaipe**, he fell in a heap. Note: AÓL1968 has **cnaip**.

**cnaist**, f. (gs. **cnaiste**, npl. **cnaistí**) (cnaiste, cnaistí) (knast', knast'i:) a large strong lump; an abnormally large potato. **Cnaist fir**, big lazy man, strong stout man. [AÓL, TÓD]

**cnaiste**, m. (npl. **cnaistí**) (cnaiste, cnaistí) (knast'i, knast'i:) side rail. **Cnaiste na leapa**, the side rail of the bed. In the meaning of something large and strong, **cnaiste** is ICS for ⇨ **cnaist**.

**cnaistime**, m. (npl. **cnaistimí**) (cnaistime, cnaistimí) (knast'im'i, knast'im'i:) large potato. [DBÓC]

**cnámh géill**, m. GCh. ⇨ **cnámh corrán**.

**cnámh**, m. (gs. **cnáimh**, npl. **cnámha**, gpl. **cnámh**) (cnām, cnām) (knā:v, knā:) bone. *Nuair a bhíodh deire na h-aimsire caiththe agus iad ag dul amach 'n-a sagartaibh críochnuighthe bhíodh na cnámha lom go maith acu go léir*, when the end of their time was up and they went off as ordained priests, they were all skin and bones [PUL1915]. **Cnámh corráin** (with **an chnámh chorráin** in the genitive), jawbone. **Cnámha a dhroma**, his backbone. **Cnámh ón iasc**, a fish bone. **Cnámh a chur**, to set a bone. **Os cómhair chnámh a shúl**, before his very eyes. **Tine chnámh**, bonfire.

**cnámhach**<sup>266</sup>, adj. (**cnámhaí**) (cnámhach, cnámhach) (knā:x, knā:'hi:) bony, big-boned. *Bean chnámhach, gharbh, dob' eadh í*, she was a coarse, large-boned woman [PUL1904].

**cnap**<sup>267</sup>, m. (gs. **cnaip**, npl. **cnapanna**) (cnap, cnapanna) (knap, knapənə) lump, heap. **Titim id chnap**, to fall in a heap. [DBÓC]

**cnapóg**, f. (gs. **cnapóige**, npl. **cnapóga**) (cnapóg, cnapóg) (knə'po:g, knə'po:gə) 1. lump, knob. 2. hillock.

**cnapóigin**, m. (npl. **cnapóiginí**) (cnapóigin, cnapóiginí) (knə'po:g'i:n', knə'po:g'i:n'i:) little lump, little hillock. **Cnapóigin féir**, little tuft of grass.

**cnapshúil**, f. (cnapshúil) (knap-u:l') bulging eye, goggle-eye.

**cneá**, f. ICS. ⇨ **cneadh**.

**cneadach**, noun/vn, f. (gs. **cneadaí**) (cneadach) (kn'i'dax) groaning, grunting. **Am na cneadaí**, the hour of death, the death

263Dinneen lists the word, although Ó Dónaill only gives **cnádán**. Check the viability of the actual verb.

264Check plural.

265feminine?

266Check comparative.

267Check pl.

agony. **Ní hé am na cneadaí am na haithrí**, it's too late for repentance at the hour of your death [saying]. See ⇒ **cneadaim**.

**cneadaim**, vn. **cneadach**, verb. (cneadaim, cneadac) (kn'adim', kn'ídax) I pant, groan, grunt. Past: **do chneadas, do chnead sé**. Future: **cneadfad, cneadfaidh sé**. Imperative: **cnead**. Participle: **cneadaí**. Note: the feminine verbal noun becomes **ag cneadaigh** in the dative.

**cneadh**<sup>268</sup>, f. (gs. **cneadh/cneidhe**, ds. **cneadh**, npl. **cneá/cneathacha/cneánna**, gpl. **cneadh/cneáthach**, dpl. **cneáibh**) (cneadh, cneadhaca, gs. cneidhe/cneadh, ds. cneadh/cneid, gpl. cneadh) (kn'ah, kn'a:~kn'í'haxə~kn'a:nə, gpl. kn'a:~kn'a:həx, dpl. kn'a:v') wound. *Bhí na fir a bhí sa chómhac fan lae ró bhuailte amach le tuirse, an méid díobh ná raibh cneadhacha go tiugh ortha agus mórán fola cailte acu*, the man who had been in the fray throughout the day were too exhausted, those of them who did not have numerous wounds and who had not lost a lot of blood [PUL1907]. Note: **cneánna** is from TÓD1931.

**cneas**, m. (gs. **cnis**) (cneaf) (kn'as) skin; complexion.

**cneasáí**, m. GCh. ⇒ **cneasaitheoir**.

**cneasáim**, vn. **cneasú**, verb. (cneafuigim, cneafuigad) (kn'a'si:m', kn'a'su:) I heal. Past: **do chneasaíos, do chneasaigh sé**. Future: **cneasód, cneasóidh sé**. Imperative: **cneasaigh**. Participle: **cneasaithe**.

**cneasaitheoir**, m. (gs. **cneasaitheóra**, npl. **cneasaitheoirí**) (cneafnuigéioir, cneafnuigéioirí) (kn'asni'ho:r', kn'asni'ho:r'i:) healer.

**cneasta**, adj. (cneafca) (kn'astə) gentle; mild-mannered; decent. Also, "suitable": *is cneasda go léir na bróga iad súd a chuiris chúgam an lá fé dheire*, those shoes you sent me the other day are really comfortable [PUL1904]. *"Deirim an rud atá ar eólus agam," ar sise, "agus ní cneasda é m' eólus"*, I am telling you what I know, she said, and what I know is not pleasant [PUL1904].

**cneastacht**, f. (gs. **cneastachta**) (cneafcact) (kn'astəxt) mildness of manners, decency.

**cneastaide**, adj. (cneafca de) (kn'astə d'i) more gentle. Usually in the sense of "all the more gentle, the more gentle". *Bhí a saoghal gan eagla acu, agus chuiridís sgannra na dlighe ar an gcuid eile ionus go mba chneasta-de a lámhseálfidís féin na daoine i ngnó a n-oifice*, they lived a life without fear, and made legal threats against the rest so that they would handle the people more mildly in the administration of their offices [PUL1913]. Note: **cneastaide** is **cneasta** plus **de**. See ⇒ **cneasta**.

**cneasú**, noun/vn, m. (gs. **cneasaithe**) (cneafuigad) (kn'a'su:) healing. **Cneasú ' ghabháil**, to be healed. See ⇒ **cneasáim**.

**cníosc**, s. GCh. ⇒ **cnísc**.

**cníotáil**, vn. GCh. ⇒ **cnutálaim, cnutáil**.

**cníotálaí**, m. GCh. ⇒ **cnutálaí**.

**cníotálaim**, verb. GCh. ⇒ **cnutálaim**.

**cnísc**, s. (cníirg) (kn'í:jk') found in **dar cnísc!**, by all that is holy! Note: **cnísc** literally means a corn blight, but is used in this phrase to avoid the blasphemous **dar Críost**. [DBÓC]

**cnó**, m. (npl. **cnódha/cnónna/cnóite**, gpl. **cnó**, dpl. **cnóibh/cnónnaibh**) (cnó, cnónna/cnóite) (kno:, kno:~kno:nə~kno:t'i) nut (in various sense, including the fruit and a metal nut). Note: PUL has **cnódha** in the plural; LASID gives both **cnónna** and **cnóite**; PUL has **cnóibh** in the dative plural, CFBB has **cnónnaibh**.

**cnoba**, m. (npl. **cnobáí**) (cnoba, cnobáí) (knubə, knu'bi:) knob, lump. **Cnoba óir**, hoard of gold. [AÓL]

**cnocán**, m. (npl. **cnocáin**) (cnocán, cnocáin) (knə'ka:n, knə'ka:n') hillock. **An Cnocán**, the Knockawn, Co. Cork<sup>269</sup>.

**cnósach**, noun/vn, m. (gs. **cnósaigh**) (cnuafac) (kno:səx) an act of collecting, gathering, hoarding; a collection. **Cnósach a dhéanamh**, to gather, hoard. See ⇒ **cnuasáim**.

**cnósaím**, vn. **cnósach**, verb. (cnuafaim, cnuafac) (kno:'si:m', kno:səx) I collect (transitive and intransitive), store. *Bhí beartuighthe i n' aigne aige, agus bhí an machtnamh i n' aigne le fada dh'aimsir, neart na h-Éirean go léir do chnuasach agus do chur le chéile i gcoinnibh na Lochlanach, agus i gcoinnibh gach namhad iasachta*, he had arrived at a plan, and had spent a long time considering it, to gather the strength of Ireland as a whole and combine it against the Vikings and against every foreign enemy [PUL1907]. Past: **do chnuasaíos, do chnuasaigh**. Future: **cnuasód, cnuasóidh sé**. Imperative: **cnuasaigh**. Participle: **cnuasta**<sup>270</sup>. *Ar chnuasaigh an bheirt riamh!*, the life's savings of the pair of them [PUL1904]. *An t-é ná cnuasaigheann am' theannta, sgaipeann sé*, he that gathereth not with me, scattereth [PUL1915b].

**cnota**, m. GCh. ⇒ **cocaod**.

**cnotach**, adj. (comp. **cnotaí**) (cnocac, cnocaiğe) (knə'tax, knu'ti:) cockaded. **Hataí cnotacha**, cockaded hats (of soldiers). [DBÓC]

**cnuasach**, noun/vn, m. ICS. ⇒ **cnósach**.

**cnuasáim**, verb. ICS. ⇒ **cnósaím**.

268All forms need to be checked. Ó Dónaill's dictionary unclear on this word. The dpl is attested as **cneádhaibh** in Aithris. gs probably **cneá**.

269I can't identify this place name.

270Cnuasta is attested in PUL1907; may the whole verb is **cnuasaim** and not **cnuasáim**. Is the verb pronounced **cnósaím**?

**cnuasta**, adj/part. (cnyast̪a) (knuəstə) gathered, collected, grouped. “*Feuch ansúd iad!*” ar seisean, ag síneadh a chlaidhimh i dtreó na Lochlanach, “*cruinnighthe cnuasta os bhúr gcómhair*”, look at them there, he said, stretching his sword towards the Vikings, “assembled and grouped before you” [PUL1907].

**cnuc**, m. (npl. **cnuic/cnuca**) (cnoc, cnuic) (knuk, knik’~knukə) 1. hill. 2. something large, like a wave. *Tá an fharaipe ina cnucaibh*, the sea is choppy, there are huge swells [PUL1926b]. **An Cnoc Buí**, Knockboy, a mountain on the border of Counties Cork and Kerry. **Cnoc ort**, bad luck to you, woe unto you: *cnoc air mar sgeull!*, what nonsense! [PUL1904]. Note: CFBB269 indicates that both /knok/ and /knuk/ existed.

**cnuicín**, m. (npl. **cnuicín**) (cnuicín, cnuicíní) (kní’k’i:n’, kní’k’i:n’i:) little hill.

**cnuimh**, f. (gs. **cnuimhe**, npl. **cnuimhe**) (cnuimh, cnuimhe) (k<sup>ə</sup>niv’, k<sup>ə</sup>ni:) maggot.

**cnutáil**, noun/vn, f. (**cnutála**) (cniotáil) (knə’ta:l’) knitting. **Biorán cnutála**, knitting needle. See ⇨ **cnutálaim**.

**cnutálaí**, m. (npl. **cnutálaíthe**) (cniotálaíthe, cniotálaíthe) (knə’ta:li:, knə’ta:lihi) knitter. [LASID]

**cnutálaim**, vn. **cnutáil**, verb. (cniotálaim, cniotáil) (knə’ta:lim’, knə’ta:l’) I knit. Past: **do chnutálais**, **do chnutáil sé**. Future: **cnutáifad**, **cnutáifaidh sé**. Imperative: **cnutáil**. Participle: **cnutáilte**.

**cóbach**, m. (npl. **cóbaigh**) (cóbac, cóbaic) (ko:bəx, ko:big’) clown, churl.

**Cóbh**, placename, m. (gs. **an Chóibh**) (Cób) (ko:v) Cóbh, known from 1849 to 1920 as Queenstown, Co. Cork. Note: this town has had several different Irish names in the past; it became known in English as “the Cove of Cork” from around 1750, and thus **an Cóbh** in Irish.

**coca**, m. (npl. **cocaf**) (coca, cocaf) (kokə, ko’ki:) a cock (of hay). Also **coca féir**.

**cocaf**, m. (npl. **cocaithe**) (cocaf, cocaf) (ko’ki:, kokih) cock, rooster.

**cócaire**, m. (npl. **cócairí**) (cócair, cócairí) (ko:kí’í, ko:kí’í’i:) cook.

**cocaod**, f. (cocaod) (kə’ke:d) cockade. [DBÓC]

**cochall**, m. (npl. **cochail**) (cocall, cocail) (koxəl, koxil’) 1. hood. **Cochall manaigh**, a monk’s hood, amice. Used in the sense of a woman’s veil in PUL’s Bible (Isaiah 3:23). 2. a cock’s hackles (long, fine feathers at the back), and by extension a reference to people attacking each other: **chuadar i gochall a chéile**, they attacked each other, argued hotly with each other. **Tháinig cochall ar an gcoileach**, the cock flew into a rage. **Tháinig cochall air chuige**, the began angry with him, flew into a rage against him.

**cocroth**, m. (npl. **cocrothanna**) (cocroth, cocrothanna) (ko-kroh, ko-krohə) a small shield characterised by five circles.

**codaltach**, m. (npl. **codaltaigh**) (codaltac, codaltaic) (kodəlhəx, kodəlhig’) a sluggard.

**codladh**, noun/vn, m. (gs. **codlata**) (codlad, codlata) (kolə, kolətə) sleeping. **Aimsir codlata**, bedtime. Also **am codlata**. **Cóir chodlata**, somewhere to sleep, sleeping accommodation. **Seomra codlata**, bedroom. **Greas codlata**, a nap. **Codladh griffin** /kolə krí’fí:n’/, pins and needles. *Do ghluais colgríthín fan chnámha a dhroma*, cold shivers ran down his backbone [PUL1904]. *Bhíodh an machtnamh san ag baint codla na h-oidhche dhíom*, that thought kept me awake at night [PUL1915]. *Ní’l blúire codlata orm*, I am not sleepy in the slightest [PUL1904]. *Ní foláir nó tá codla ort agus tuirse tar éis an lae*, you must be sleepy and tired after the day [PUL1907]. **Codladh a dhéanamh**, to sleep, get some sleep. **Codladh ar an gcluais sin**, to delude yourself, content yourself with one version of a story. **I gcodladh**, asleep, while sleeping. **Ina chodladh go sámh dó féin**, sound asleep. **Dul chun codlata**, to go to bed, go to sleep, settle down for sleep. **An áit ina raibh sé chun codlata**, the place where he was sleeping. **Táim im chodladh**, I am sleeping. **Tá codladh orm**, I am sleepy. **Tagann codladh orm**, I get sleepy. **Titim im chodladh/titeann mo chodladh orm**, I fall asleep. **Cuirim codladh air**, I make him sleepy, make him go asleep. **Cuir na páistí a choladh**, put the children to bed. **Tá an codladh ina shúilbh**, he is half-asleep. **Socrú chun codlata**, to settle down for the night, go to bed. **Codladh amu’**, rough sleeping, to sleep out in the open. See ⇨ **codlaim**.

**codlaim**, vn. **codladh**, verb. (codlaim, codlad) (kolim’, kolə) I sleep. Past: **do chodlas**, **do chodail/choidil sé**. Future: **codlód**, **codlóidh sé**. Imperative: **codail**. Past: **codailte**. **Táim ag dul a chodladh**, I am going to sleep. **Dultha a chodladh**, asleep. **Dul chun codlata**, to go to sleep. **Greas a chodladh**, to take a nap. *Ná codail ar an gcluais sin*, don’t be too sure of that [a saying] [PUL1904]. **An oíche a chodladh**, to sleep at night. **Codladh i dteannta dhuine**, to sleep with someone. Note: **dul a chodladh** is a rare example of **dul** governing another verb via **a**. PUL used **choidil** as the past tense in PUL1915, but generally **chodail** elsewhere.

**codlaím**. ICS. ⇨ **codlaim**.

**codlamán**, m. (codlamán/colmán) (kolə’mɑ:n) literally sleeper, but only found in ⇨ **luch chodlamáin**.

**codlatach**, m. GCh. ⇨ **codaltach**.

**coenomía**, f. (koənmíə) common fly.

**cófra**, m. (pl. **cófraí**) (cófra, cófraí) (ko:rə, ko:r’hi:) coffer, chest. **Cófra daingean**, strong chest for valuables. See also ⇨ **cónra**.

**cogadh**, m. (gs. **cogaidh**, npl. **cogaf**) (cogad, cogaf) (kogə, kog’i:) war. *Agus aireóchaidh sibh cogaf agus ráflaí ar chogaibh*, and ye shall hear of wars and rumours of wars [Matt. 24:6, PUL1915/2]. **Cogadh a dhéanamh** (with **i gcoinnibh** or **in aghaidh**), to make/wage war on. Also, **cogadh a chur ar**. **Ag cur chogaidh (ar)**, waging war. **D’éirigh cogadh eatarthu**, a war began between them. **Cogadh dearg**, a bloody war, a right to-do: *béidh an dúthaigh ’na chogadh dhearg am’ thimpall*, the whole countryside around me will be in uproar [PUL1904]. *Má póstar iad béidh sé n-a chogadh dhearg acu an dá lá ’s ’n fhaid a mhairfid*, if they are married, there will be a right to-do for as long as they live [PUL1904]. *Ní raibh sé ’n-a chogadh agus ní raibh sé ’n-a shíothcháin*, he was neither at war nor at peace

[PUL1913]. **Cogadh a fhógairt**, to declare war. **Dul chun cogaidh**, to go to war. **I gcogadh le duine**, at war with someone. **Capall cogaidh**, war horse, steed. **Cairde cogaidh**, allies in wartime. **Fear cogaidh**, man of war (with **feara cogaidh** in the plural). **Cogadh sa bhaile**, civil war.

**cogaint**, noun/vn, f. (gs. **coganta**) (κογαινε) (kogint') chewing. See ⇒ **cognaim**.

**cogal**, m. (gs. **cogail**) (κογελ) (kogəl) tares, weed.

**cogansach**, m. (gs. **cogansaigh**) (κογανσαχ) (kogənsəx) masticatory region; soft palate.

**cogar**, m. (npl. **cogair**) (κογαρ, κογαρη) (kogər, kogir') whisper. As an interjection: listen! here! a word with you! **Cogar a thabhairt do dhuine (go+clause/de rud)**, to whisper (something) to someone, conspire with someone (to do something): *thug an triúr eile cogar d'á chéile go mbéarfaidís i dtriúr air agus go leagfaidís é*, the other three conspired together to seize him and bring him down [PUL1915]. **I gcogar le**, [to speak] in a whisper to someone: *do labhair an bheirt fhear le n-a chéile i gcogar ar feadh tamaill*, the two men whispered to each other for a while [PUL1904]. **Cogar a chur i gcluais duine**, to whisper in someone's ear. **Cogar a chur timpeall i measc daoine**, to send word around. **Cogar mogar**, hugger-mugger, in confusion and disarray; whisper, rumour. **De chogar (ar seisean de chogar)**, in a whisper.

**cognaim**, verb. ICS. ⇒ **cognaim**.

**cognaim**, vn. **cogaint**, verb. (κογναιμ, κογαινε) (kogənim', kogint') I chew. **Ag cogaint na cainnte**, slurring one's words. **Rud do chogaint leat féin**, to mutter something to yourself. Past: **do chognas, do chogain sé**. Future: **cognód, cognóidh sé**. Imperative: **cogain**. Participle: **coganta**.

**cognarnach**, noun/vn, f. (gs. **cogarnaí**, ds. **cogarnach**) (κογαρναχ) (kogərnəx) whisper; act of whispering. See ⇒ **cograim**. Note: while the dative is **ag cogarnaigh** when used as the verbal noun, **sa chogarnach** is attested in PUL1907.

**cograim**, vn. **cogarnach**, verb. (κογραιμ, κογαρ/κογαρναχ) (kogrim', kogərnəx) I whisper. **Do chogair sé leis**, he whispered to him. Past: **do chogras, do chogair sé**. Future: **cogród, cogróidh sé**. Imperative: **cogair**. Imperative: **cogartha**<sup>271</sup>.

**cogúil**, adj. (comp. **cogúla**) (κογαίιλ, κογαίιλ) (k'gu:l', k'gu:lə) warlike.

**cóib**, f. (gs. **cóibe**, npl. **cóibeanna**) (cóιβ, cóιβεαννα) (k'o:b', k'o:b'ənə) a copy. [DBÓC]

**coicíos**<sup>272</sup>, m. (gs. **coicís**, npl. **coicís**) (cóιςις, cóιςις) (kəi'k'i:s, kəi'k'i:ʃ) fortnight. **Coicíos is an lá inniu**, a fortnight ago today. **Coicíos ón lá inniu**, a fortnight from today.

**coicís**, f. (gs. **coicíse**, npl. **coicísí**) (cóιςις, cóιςις) (kəi'k'i:ʃ, kəi'k'i:ʃi) fortnight. See ⇒ **coicíos**. [DBÓC]

**cóidíútar**, m. (npl. **cóidíútar**) (kə:'d'zu:tər, kə:'d'zu:tír) curate. Note: the pronunciation is given in LASID.

**coigeal**, f. GCh. ⇒ **coigealach**.

**coigealach**, m. (npl. **coigealaigh**) (κοιγεαλαχ, κοιγεαλαχ) (kog'ələx, kog'əlig') distaff.

**coigilt**, noun/vn, f. (gs. **coigilte**) (κοιγιλτ) (kog'ilt') 1. sparing, covering up; raking (the fire). 2. the raked up embers of a log fire. See ⇒ **coiglim**.

**coiglim**, verb. ICS. ⇒ **coiglim, coigilt**.

**coiglim**, vn. **coigilt**, verb. (κοιγλιμ, κοιγιλτ) (kog'il'im, kog'ilt') I spare, keep back, conceal, cover up. *Do choigleadar an iongnadh chómh maith san, le caint agus le sult agus le magadh eatartha féin, nár thuig Aodh go rabhthas ag déanamh aon iúnadh dhé*, they concealed their amazement so well with talk, merriment and joking among themselves that Aodh did not realise they were amazed at him [PUL1909]. **An tine ' choigilt**, to rake the fire. Past: **do choigleas, do choigil sé**. Future: **coigleod, coigleoidh sé**. Imperative: **coigil**. Participle: **coigilte**.

**coigríoch**, adj. (comp. **coigríche**) (κοιγριόχ, κοιγριέ) (kog'i'r'i:x, kog'i'r'i:hi) strange, foreign. **Coigríoch iasachta**, foreigner.

**coigríoch**, f. (gs. **coigríche**, npl. **coigríocha**, gpl. **coigríoch**) (κοιγριόχ, κοιγριόχ) (kog'i'r'i:x, kog'i'r'i:xə) foreign country, neighbouring land. **Gnóthaí coigríoch**, foreign affairs. **Rialtas coigríche**, government of another country.

**coigríochach**, m. ICS. ⇒ **coigríoch**.

**coileach**, m. (npl. **coiligh**) (κοιλεαχ, κοιλιχ) (ki'l'ax, ki'l'ig') cock, rooster. **Do ghlaigh an coileach**, the cock crowed. **Glaoch an choiligh**, cock's crow, and by extension the time for the cock's crow early in the morning.

**coileán**, m. (npl. **coileáin**, gpl. **coileán**) (κοιλεαν, κοιλεαμ) (ki'l'a:n, ki'l'a:n') pup, cub, whelp; youth; trickster. **Coileán gadhair**, a puppy dog.

**coileánach**, adj. (comp. **coileánaí**) (κοιλεαναχ, κοιλεαναχε) (ki'l'a:nəx, ki'l'a:ni) mischievous. **An Gárlach Coileánach**, the mischievous elf (in folklore).

**coiléar**, m. (npl. **coiléir**) (κοιλεαρ, κοιλεερ) (ki'l'e:r, ki'l'e:r') collar (of a horse).

**coilgsheasamh**, vn. (κοιγςεαρσμη) (kil'ik'-asəv) standing erect, bolt upright. **Ina coilgsheasamh**. Also **ar coilgsheasamh** (found in DUL1934).

**coilichín**, m. (npl. **coilichíní**) (κοιλιχιν, κοιλιχιν) (kol'i'hi:n', kol'i'hi:n'i) cockerel. [AÓL]

**coill**, f. (gs. **coille**, npl. **coillte**) (κοιλλ, κοιλλτε, gs. **coillead**) (ki:l', ki:l'hi, gs. kil'i) wood. **Fé choilltibh**, wooded. **Coill bheag**, grove.

**coilleadh**, vn. ICS. ⇒ **coillt**.

**coillim**, vn. **coillt**, verb. (κοιλλιμ, κοιλλτ) (kəilim', kəihl') I geld, castrate. Past: **do choilleas, do choill sé**. Future: **coillfead, coillfidh sé**. Imperative: **coill**. Participle: **coillte**. Note: PSD1927 indicated that **coillt** was a form used only in the spoken language, but it is attested in PUL1915b.

271Check. Not cogarnaí?

272Is the pl coicíos or coicísí?



**coillt**, vn. ⇒ **coillim**.

**coillteach**, adj. (comp. **coilltí**) (coillteac, coilltí) (ki:l'həx, ki:l'hi:) wooded

**coillteach**, m. (npl. **coilltigh**) (coillteac, coilltí) (ki:l'həx, ki:l'hig') wooded place. Genitive used adjectivally: **Gleann coilltigh**, woodland vale.

**coillteán**<sup>273</sup>, m. (npl. **coillteáin**, gpl. **coillteán**) (coilltean, coillteain) (kəil'hɑ:n, kəil'ha:n') eunuch.

**coimthe**, m. (gs. **coimtheadh**) (coimthe, coimtheadh, gs. coimtheadh, ds. coimthí) (ki:d'i) lord, king; God.

**coimeád**, noun/vn, m. (gs. **coimeáda**) (coiméad/coimeád) (k'i'm'a:d) 1. custody, detention, safekeeping. **Rud a chur i gcoimeád (agat)**, to put something in a safe place. **Cá bhfuil sé i gcoimeád?**, where is it kept? *Ansan do cheistigh sé Colla go dlúth i dtaobh na n-eochrach, agus conus a bhí coimeád ortha*, then he questioned Colla closely on the keys and how they were looked after [PUL1907]. **Rud a choimeád ar siúl**, to keep something going. **Tú féin a choimeád gan rud a dhéanamh**, to keep yourself from doing something: *b' é a dhíthchíoll é féin do choimeád gan dul fé uisge*, it was as much as he could do to prevent himself from becoming submerged [PUL1925]. **Ag coimeád a gruaige**, holding back her hair. **Cimeád siar**, to hold back. **Rud a choimeád siar**, to keep or hold something back. **Duine a choimeád siar ó rud**, to hold someone back from something. **Deoracha a choimeád siar (gan teacht as do shúilibh)**, to hold back tears. **Duine ' chimeád suas**, to hold someone up, help him up. **Coimeád suas**, support, upkeep: *do gheibhdís sgluigheacht agus bia agus deoch agus díon, agus gach coimeád suas eile a theastuigheadh uatha, saor i n-aisge*, they got an education, with food, drink and accommodation, and and everything else they required in the way of their upkeep, free of charge [PUL1907]. **Lucht coimeáda**, keepers, guards. **Cosc agus coimeád do chur ar dhuine**, to place someone under restraint. **Ar cimeád (i bpríosún)**, in custody. Also **fé chimeád**. 2. observance (e.g. of a festival). **Cimeád féile na cásca**, observance of the passover. 3. abstention. **Cimeád ó deoch láidir**, absence from strong drink. See ⇒ **coimeádaim**.

**coimeádaí**, m. (npl. **coimeádaithe**) (coiméadaithe/coimeádaithe, coiméadaithe/coimeádaithe) (k'i'm'a:di:, k'i'm'a:dihi) keeper, custodian. **Cimeádaí tí**, housekeeper.

**coimeádaim**, vn. **coimeád**, verb. (coiméadaim/coimeádaim, coiméad/coimeád) (k'i'm'a:dim', k'i'm'a:d) I keep, hold. Past: **do choimeádas**, **do choimeád sé**. Future: **coimeádfad**, **coimeádfaidh sé**. Imperative: **coimeád**. Participle: **coimeáda**. **Cad tá á choimeád?** what is keeping, what is delaying, him? Used with **gan**: *ní cuimhin liom anois an chúis a choimeád gan dul ann mé*, I don't remember now what kept me from going [PUL1915]. *Do shocaruirgeas am' aigne, pé rud a dhéanadh aon duine eile, go gcoimeádfainn féin mo chion de'n Ghaeluinn gan dul ar neamhnídh*, I determined, whatever anyone else did that I would not let my Irish dwindle away [adapted from PUL1915]. Sometimes used without a preposition to mean "hold off": *bhí eagal orm ná creidfidís go mbéadh aon bhreith acu ar an gcíos do choimeád gan an sirriamh do theacht láithreach agus iad do chaitheamh amach*, I feared they would not believe they could hold off the rent without the sheriff's coming and putting them out [of their homes] [PUL1915]. *Ansan do stadadh de bheith ag déanamh aon choimeád ar cad n-a thaobh gur tháinig sí uaidh ná ar cad 'n-a thaobh ná raibh sí ag dul thar n-ais*, then they stopped holding back why she had come from him and why she was not going back [PUL1907]. *An mhias a bhí fé'n bpíosa féola san ní raibh aon nídh ba mhó b' iongnadh leis an dtínceir mór 'ná conus a choimeádadh sí gan briseadh agus a leithéid sin d'ualach uirthi*, there was nothing more astonishing to the big tinker than how the plate that was under that piece of meat managed not to break with such a load on it [PUL1904]. **Duine a choimeád**<sup>274</sup>, to detain someone, take him in custody. **Sciath ' chimeád**, to hold up a shield. **Tú féin a choimeád umhal**, to keep yourself humble. **Rud a choimeád agat féin**, to keep something, keep something for yourself. **Rud a choimeád as**, to keep something out of it. **Rud a choimeád de rud**, to hold something back from something: *bhí fúnsa óir ar a cheann, ag coimeád na gruaige siar d'á éadan*, there was a golden band on his head, holding his hair back from his forehead [PUL1904]. **Duine a choimeád ó rud a dhéanamh**, to keep someone from doing something. **Tú féin a choimeád ó rud**, to keep yourself from something. **Rud (duine) a choimeád ó dhuine**, to keep something (someone) from someone/away from someone. With **gan**: *do raghadh neamh agus talamh ar neamhnídh airís mara mbeadh toil Dé bheith 'ghá gcoimeád gan dul ar neamhnídh*, heaven and earth would be reduced to naught again if it were not for the will of God keeping them from being reduced to naught [PUL1925]. **Coimeád ó dhuine amach/coimeád amach ó dhuine**, to stay away from someone. **Rud a choimeád istigh**, to hold something back, keep something in: *ní dúbhart an chaint sin. Choimeádas istigh í*, I didn't say all that. I bit my lip and held back [PUL1915]. **Rud a choimeád ar siúl**, to keep something going. **Duine a choimeád suas**, to support someone financially, maintain him, pay for his upkeep, uphold him in some way. **Rud a choimeád suas**, to hold something up; to support something (eg financially): *ná raibh aon airgead chun an choláisde choimeád suas ach an t-airgead a dhíolfadh na buachaillí asta féin ann*, there was no other funding to support the college but the money the boys paid for themselves there [PUL1915]. With **amach**: *dhein sé cordon des na saighdiúiribh a bhí aige, agus bhí na daoine ar thaobh de'n chordon agus na "peelers" ar an dtaobh eile agus choimeád sé amach ó n-a chéile iad*, he made a cordon of his soldiers, with the people on one side of the cordon and the peelers of the other side, keeping them apart from each other [PUL1915]. **Coimeád in aice le duine**, to keep up with someone: *ní raibh aon fhear ann a dh'fhéadfadh coimeád i n-aice leis i n-aon chor i gcúrsa reatha*, no-one at all could keep up with him in a run [PUL1907]. **Duine a choimeád síos**, to keep someone down: *is í an Ghaeluinn, dar leó, a bhí 'ghá gcoimeád síos*,

273Check pronunciation; see IWM p122.

274Check and compare PUL1913b.

they held that it was the Irish that was keeping them down, holding them back [PUL óráid]. Also, **coimeád suas le duine**. With an adjective, to keep something in a certain state: *do chothuigh na ríghthe féin an chómhacht san i n-Éirinn mar bhí fhios acu gur bh' é a mbuac í chothughadh agus í choimeád neartmhar*, the kings themselves nurtured that power in Ireland for they knew that it was in their best interests to nurture it and keep it strong [PUL1907]. **An stát a choimeád**, to manage the state: *nách miste feuchaint siar agus focal do rádh i dtaobh na ngnóthaí a bhí ar bun ag ár sínsear amuich agus i mbaile; conas a chimeádar an stát agus a chalmacht a dh'fhágadar é*, we might as well look back and say something about what our ancestors did at home and abroad, how they managed the state and what a fine state they left it in [PUL1913]. To keep someone from doing something: *ach do gháir Daniel agus chimeád sé an rígh gan dul isteach*, And Daniel laughed: and he held the king that he should not go in [Daniel 14:18]. Note: the ICS maintains a distinction between **coimeádaim** “keep/hold” and **coimheadaim** “watch over/guard”, but only the unlenited word exists in Munster. Also note the difference in the vowels between **coimeád** and **coimhead**. Note also the slender c in Cork Irish.

**coiméide**, f. (npl. **coiméidí**) (kə'm'e:d'i, kə'm'e:d'i:) comedy. **Lucht coiméide**, comedians. [DBÓC]

**coimhdeacht**, noun/vn, f. (gs. **coimhdeachta**) (coimhdeacht) (ki:n'l'əxt~ki:d'əxt) accompaniment. **Aingeal coimhdeachta**, guardian angel. **Deamhan coimhdeachta**, guardian demon (the opposite of a guardian angel). **Diabhal coimhdeachta**, evil genius. *Isé rud adúbhairt an naomh 'ná gur 'mairg a dh'fheuchfadh go dlúth i n-aghaidh mná le h-eagla go bhfeicfeadh sé a diabhal coimhdeachta,* 'what the saint said was that woe would befall him who looked closely in the face of a woman, lest he saw her evil genius [PUL1907]. **Bean choimhdeachta**, lady-in-waiting. **Lucht coimhdeachta**, retinue, bodyguard. As a verbal noun, “to accompany”: *táid ceapaithe chum bheith d' ár gcuimhdeacht*, they are appointed to accompany us (as guardian angels) [PUL1921]. **Priúnsa coimhdeachta**, prince consort. Note: /ki:n'l'əxt/ is given in CFBB1947, but /ki:d'əxt/ is indicated in some LS texts.

**coimhead**, vn. ICS. ⇒ **coimeádaim; coimeád**.

**coimheadaim**, verb. ICS. ⇒ **coimeádaim**.

**coimheascar**, noun/vn, m. (npl. **coimheascair**) (coimheascair) (ki:skər, ki:skir') struggle, mêlée. *Ní fada bhíos sa n-áit sin nuair eirigh ana choimheasgar idir an tighearna talmhan ba mhó a bhí ann agus a thineóntaithe*, I had not been there long when a great struggle arose between the largest landlord there and his tenants [PUL1915]. **Ag dul isteach sa choimheascar**, getting into the fight. **Coimheascar a dhéanamh le duine**, to struggle or fight with someone. **Ag coimheascar**, fighting.

**coimhirse**, f. (gs. **coimhirse**) (coimhirse) (ki:rʃ) friendliness. [DBÓC]

**coimhirse**, f. (gs. **coimhirse**) (coimhirse) (ki:rʃ) friendliness. **Coimhirse ' dhéanamh le duine**, to make friends with someone. [PUB]

**coimhtheach**, adj. (comp. **coimhthí**) (coimhthí) (ki:həx, ki:'hi:) 1. foreign, alien. **An fharraige choimhtheach**, the open sea. 2. outlandish, exotic, wild. **Féachaint choimhtheach**, a wild look. 3. distant, aloof, haughty. *Ní feuchaint chruaidh choimhtheach a bhí aige*, he didn't look hard and disdainful [PUL1904].

**coimhthíoch**, adj. ICS. ⇒ **coimhtheach**.

**coimín**, m. (npl. **coimíní**) (coimín, coimíní) (ki'm'i:n', ki'm'i:n'i:) common land. **Coimíní cnuic**, the mountain commons.

**coimirce**<sup>275</sup>, f. (gs. **coimirce**) (coimirce) (kim'irk'~kim'irk'i) protection, patronage. *Bhí an obair go léir, agus sinn féin, agus an leabharlann, fé chomairce Bhríghde Naomhtha againn*, our whole work, we ourselves and the library were under the patronage of St Bridget [PUL1915]. **Dul fé choimirce na dlí**, to seek the protection of the law. **Ar choimirce dhuine**, to be in someone's charge, keeping, under someone's protection. **Duine a chur ar choimirce dhuine**, to entrust someone to someone's protection. **Coimirce a dhéanamh do dhuine**, to give someone patronage or protection. **Lasmuigh de choimirce dlí**, beyond the protection of the law, outlawed.

**coimisiún**, m. (npl. **coimisiúin**) (coimisiún, coimisiúin) (kom'i'ju:n, kom'i'ju:n') commission. **Coimisiún breitheamh do chur ar bun**, to set up a commission of judges. [DBÓC]

**coimbhleacht**, f. GCh. ⇒ **coimbhliocht**.

**coimbhliocht**, f. (gs. **coimbhliochta**) (coimbhliocht) (kin'ivl'əxt) conflict. [DBÓC]

**coinín**, m. (npl. **coiníní**) (coinín, coiníní) (ki'n'i:n', ki'n'i:n'i:) rabbit.

**coinleach**, m. (npl. **coinligh**) (coinleach, coinligh) (ki:n'l'əx, ki:n'l'ig') stubblefield. **Coinleach féasóige**, stubble of a beard.

**coinlín**, m. (npl. **coinlíní**) (coinlín, coinlíní) (ki:n'l'i:n', ki:n'l'i:n'i:) cut cornstalks, stubble.

**coinne**<sup>276</sup>, m/f. (npl. **coinní**) (coinne, coinní) (kin'i, ki'n'i:) meeting, appointment, expectation (of a meeting), expectation. **Áit an choinne**, the meeting-place. **Im choinnibh**, to meet me, towards me (note **'ár gcoinnibh** for **'nár gcoinnibh**, towards us, in DBÓC1940). **I gcoinnibh**, against: *dúbhradh 'n-a choinnibh sin, go raibh an múineadh ins na sgoileanaibh tuatha, nó i gcuid acu ar aon chuma, níl' fhearr 'ná an múineadh a bhéadh le fághail istigh sa choláisde*, against that it was said that the teaching in the country schools, or in some of them at any rate, was better than the teaching in the college [PUL1915]. **Rud ina choinnibh**, something against him, a drawback about him: *bhí aon rud amháin, ámhthach, ag teacht 'n-a choinnibh. Ní raibh rí ná rath ar an saghas balcaisí éadaigh a bhí air*, he had one drawback, however. There was neither luck nor grace to the sort of clothing he was wearing [PUL1913b]. **Rud do theacht id choinnibh**, to meet with some adversity, for something untoward to happen to you. **Imeacht i gcoinnibh do chos**, to go

275IWM implies the final vowel is silent – and also the word was originally comraighe???

276Check the gender.

somewhere unwillingly. **Féachaint i gcoinnibh a shúl**, to look into his eyes. **Cur/cuir ina choinnibh**, opposition. **Cur ina choinnibh a dhéanamh**, to oppose it, resist it. **Cur i gcoinnibh ruda**, to oppose/resist something: *ní raibh aon chur 'n-a choinnibh ag aoinne*, there was no opposition/no one had any objection to him [PUL1915]. *Níor chuir aoinne 'na coinnibh*, no-one contradicted her [PUL1904]. **Mara bhfuil aon chur 'na choinnibh agat**, if you have no objection. **Cluiche (an saol) a ghabháil id choinnibh**, for a game or scheme (or life) to go against you, not go your way. *Gabhan an éagcóir sin i gcoinnibh dlíge Dé*, that injustice goes against God's law [PUL1907]. *Bhí sé amuich air gur mar gheall ar chómhairle éigin a thug sé dhóibh a chuaidh an lá n-a gcoinnibh*, it was said about him that the day went against them because of some advice he gave them [PUL1907]. **Dul i gcoinnibh duine**, to go against someone. **Éirf i gcoinnibh duine**, to rise up against someone (as of a tyrant). **Tá coinne agam leis**, I expect him (to turn up). *Ní raibh aon choinne acu ná go raibh an guna folamh*, they did not expect anything other than that the gun was empty [PUL1915]. *Ní raibh aon choinne agam, go dtí go rabhas ag siúbhal air anonn 's anall ar an gcuma san, go raibh an mullach chómh breagh fada fairsing*, I had no idea, until I was walking back and forth on it like that, that the summit was so fine, long and broad (so wonderfully long and broad) [PUL1915]. *Ní raibh aon choinne i n-aon chor aige leis an bhfreagra san*, he had not expected that reply at all [PUL1904]. *Ní raibh blúire cuinne acu leis an ngnó a bhí aige dhíobh*, they hadn't the slightest idea what he wanted of them [PUL1903]. **Seasamh i gcoinnibh duine**, to resist someone. **Gan choinne**, unexpectedly. **Gan choinne le dochar**, secure, dwelling in security. **Gan coinne aige leis**, unawares, with him not expecting it. **De choinne**, according to expectation: *ní raibh de choinne agam leis an méid sin ach oiread agus bhí agam go dtuitfeadh an spéir uachdarach*, I no more expected that than I would expect the sky above the fall in [PUL1904]. **Ina choinnibh sin**, on the contrary. **Thall ina choinnibh sin airís**, as against that, on the other hand; also **ina choinnibh sin thall**. **Coinne a dhéanamh (le duine)**, to meet up. **Coinne a dhéanamh le duine i gcomhair an lae amáirigh**, to be due to meet someone tomorrow. **Tá sé i gcoinnibh na dlí dhuít é a dhéanamh**, it is against the law for you to do it. **I gcoinnibh an chnoic**, up the hill. Note: feminine in PUL1913b, which has **áit na coinne**, meeting place. DUL1934 has **ionad na coinne**.

**coinneáil**, vn. ICS. ⇨ **coinním**; **conneáilt**.

**coinneáilt**, vn. ⇨ **coinním**.

**coinneal**<sup>277</sup>, f. (npl. **coinnle**, gpl. **coinneal**) (coinneal, coinnle) (kiŋ'əl, ki:n'l'i) candle. *Agus coinneal 'na dhá shúil*, with his eyes blazing [PUL1904]. **Coinneal airneáin**, a candle to work by night by. **Coinneal adhanta**, a lit flame.

**coinnealbhá**<sup>278</sup>, m. (gs. **coinnealbháite**, npl. **coinnealbháití**) (kiŋ'əl-va:(h), kiŋ'əl-va:t'i:) excommunication. **Titim fé choinnealbhá**, to be excommunicated.

**coinním**, vn. **coinneáilt**, verb. (congbáim/coinnigim, congbáil/coinneail) (ki'n'i:m'~ki'ŋ'i:m', ki'ŋ'a:l'h) I keep. **Duine a choinneáil in áit éigin**, to keep/hold someone somewhere. **Do ghreim a choinneáil ar áit**, to keep a firm grip on somewhere. **Tú féin a choinneáilt id bheathaidh**, to keep yourself alive. **Duine a choinneáilt amach ó áit**, to keep someone away from somewhere. Past: **do choinníos, do choinnibh** /xin'iv'~xiŋ'iv'/ **sé**. Future: **coinneod, coinneoidh** /ki'n'o:/ **sé**. Imperative: **coinnibh** /kin'iv'~kiŋ'iv'/. Participle: **coinnithe** /kin'ih'i~kiŋ'ih'i/.

Note: the imperative and future are spelt congbáib and congbócad in the old script. Pronunciations with both /n'/ and /ŋ'/ are attested in most tenses, including the past habitual, which is not given here. Only /n'/ is attested in the future. No forms are attested in the conditional. Only /ŋ'/ is attested for the verbal noun.

**coinníoll**, m. (gs. **coinnille**, ds. **coinnill**, npl. **coinnill/coinníollacha**, dpl. **coinníollaibh**) (coiŋgeall, coiŋgeallačá) (ki'n'i:l, ki'n'i:l'~ki'n'i:ləxə, gs. ki'n'i:l'i, ds. ki'n'i:l'i) condition, term. **Ar choinnill go**, on condition that. *Bíodh do choinghill agat agus fáilte*, I willingly accept your condition [PUL1904]. *Gan choinghill gan chol*, with neither condition nor impediment [PUL1904]. **Coinníoll do chomhlíonadh**, to fulfil a condition. **Coinníoll a chur ar dhuine**, to place a condition on someone. *Bhí a lán acu 'ghá iarraidh air a léiriú dhóibh cad é an coinghiol ar a ndéanfí an cogadh*, many of them were asking him to explain to them the terms on which the war would be conducted [PUL1913]. **Fé choinníoll**, under or subject to a condition. Note: both **coinnill** and **coinníollacha** are found in the plural in PUL's works; AÓL had **coinnill**.

**coinnleoir**, m. (gs. **coinnleora**, npl. **coinnleoirí**) (coinnleoir, coinnleoirí) (ki:ŋ'l'o:r', ki:ŋ'l'o:r'i:) candlestick. **Coinnleoir seacht mbeann**, the menorah or seven-pronged candlestick of ancient Israel.

**coinsias**<sup>279</sup>, m. (gs. **coinsiasa**, npl. **coinsiasaí**) (coinniasa, coinsiasaí) (ki:nʃəs, ki:nʃi'si:) conscience. **Coinsias glan**, a clear conscience. **An coinsias ad ghreadadh**, for your conscience to afflict you with guilt.

**coinsiasach**, adj. (comp. **coinsiasaí**) (coinniasač, coinniasačigē) (ki:nʃəsəx, ki:nʃi'si:) conscientious; of good conscience.

**cóip**, f. (gs. **cóipe**, npl. **cóipeanna**) (cóip, cóipeanna) (ko:p', ko:p'ənə) a band or rabble of people, a vile class of people.

**cóir**<sup>280</sup>, adj. (comp. **córa-córtaisí**, pl **córa**) (cóir, córa/cóirne) (ko:r', ko:rə~ko:rtiʃi:) right, just, proper. **A dhuine chóir**, my good sir! **An tslí chóir chun Dé**, the right way to God. **Is cóir duit**, you ought to, you should. **Ní cóir (rud a dhéanamh)**, one ought not (to do something). **Ní córa dhóibh ná dhuitse**, there's no more reason why they should than you should; if they ought to, then so should you. Often conditional: **ba chóir duit**, you ought to. **Is cóir go**, there ought to:

277GCD p102 shows the gs coinnile is pronounced differently to the pl coinnle, and the dative is coinnil.

278Check morphology.

279Check morphology.

280Is the gsf and comparative cóire or córa?

**ba chóir go mbeadh áthas ar Cháitlín**, Cáitlín ought to be delighted/ought to have been delighted; **ba chóir go mbeadh ciall agat**, don't be so silly! **Ba chóir go**, one would have thought that: *agus gur chóir go mbéadh fhios ag aoinne go mbéadh aon chiall aige gur b'usa go mór rud a ghlacadh do ghlán mheabhair nuair a tuigtear é 'ná sar a dtuigtear é*, and you would have thought that anyone with any sense would realise that it is much easier to learn something by heart when it has been understood than before it has been understood [PUL1915]. **Mar is cóir**, properly. **Cóir cam díreach**, doing your level best to do something, at all costs, whether right or wrong: *cheap sé, cóir cam díreach, Séadna do thabhairt leis anuas ar chúl cinn agus é phósadh, láithreach bonn baill, le Sadhbh*, he intended to do his best to bring Séadna by the scruff of his neck and marry him on the spot to Sadhbh [PUL1904].

**cóir**, f. (gs. **cóir**) (κόρη) (ko:r') presence. I **gomhair** /ə go:r'/, ready, in store. With the genitive, for, to provide for: **adhmaid i gomhair tine**, wood for the fire. *Cheap sé go mbéadh sé tagaithe chuige féin i gcóir an Domhnaigh a bhí chuige, ach ní raibh*, he thought he would get better in time for the following Sunday, but he did not [PUL1915]. *Ní dócha go raghadh Diarmuid suas chómh dána go tigh Shéadna, 'ghá fhiafruighe dhe cad a cheap sé dhéanamh i gcóir na Máirte, mura mbéadh go raibh ceart nó teidiol éigin aige*, it is unlikely Diarmaid would have gone up to Séadna's house so boldly to ask him what he intended to do on the following Tuesday unless he had some right or reason to do so [PUL1904]. **Im chomhair**, for me, in store for me: *do fágadh biadh agus deoch am' chóir-se i n-aice na teine*, food and drink was left out for me next to the fire [PUL1915]. **Rud a chur id chomhair féin**, to put something by/aside for yourself. I **gomhair na haimsire a bhí romhainn**, for the future. **Fanúint i gomhair na hoíche**, to stay for the night. **Capaill i gcómhair chairréreachta**, haulage horses. **Os comhair** ór cóρη /os ko:r'/, in front of, in the presence of. **Os comhair daoine**, in front of people, publicly. **Os comhair an tí amach**, right in front of the house. **Os mo chomhair**, in my presence. **Os comhair do shúl**, openly, in full view of you, before your eyes; as plain as day to you. *Bhí an méid sin socair os cómhair m' aigne ó thosach*, it was settled in my mind from the start [PUL1915]. **Os cómhair chnámh a shúl**, before his very eyes. **Rud a chur os comhair duine**, to lay something before someone, set something out to him, suggest it to him. Note: this word seems to be the subject of great confusion in the ICS. **Cóir** is listed as the spelling of the noun but **os comhair** and **i gomhair** in prepositional phrases.

**coir**, f. (gs. **coire**, npl. **coirthe/cortha**, dpl. **coirhibh/corthaibh**) (κοίρη, κοίρηε/κοίρεα) (kir', kir'hi/korhə, dpl. kir'hiv'~korhiv') sin, crime. **Coir bháis**, mortal crime, capital crime. **Coir it aghaidh**, a crime laid against you. **Coir in aghaidh an stáit**, treason to the state. **Beirthe i gcoir**, apprehended/detected in a crime. **Coir a chur ar dhuine**, to accuse someone of a crime. **Coir bhréige do chur i leith dhuine**, to make a false accusation against someone. **Coir a dhéanamh**, to offend, commit an offence. **Gan choir**, blameless, innocent. Note: **cortha** is used as the plural in PUL1915b (see the footnote to Matthew 12:36); **coirthe** is found in PUL1913.

**cóir**, f. (gs. **córach**, npl. **córeacha**) (κόρη, κόρηα) (ko:r', ko:rəxə) 1. proper provision. **Cóir do chur ar dhuine**, to provide for someone: *do cuireadh gach aon chóir orm*, they treated me very well [PUL1915]. **Cóir bídh (bhídh) agus dí a chur ar dhuine**, to provide someone with food and drink. **Cóir chodlata**, somewhere to sleep, sleeping accommodation. **Cóir chothaithe**, sustenance. **Cóir mhaith**, good board/maintenance. **Tá cóir mhaith air**, he is well-off. **Cóir mhaith chun luite**, somewhere nice to sleep. **Suarach cóir**, poorly provisioned. I **gcóir**, ready, properly equipped. I **gcóir is i gceart**, ready and handy. **Rud do chur i gcóir**, to get something ready. I **gcóir chatha/i gcóir chun catha/i gcóir chun an chatha**, in battle array. **Slua a chur i gcóir chatha (in aghaidh)**, to prepare/draw up an army for battle (against). **Cóir ar dhíolaíocht (a bheith agat)**, the wherewithal to repay. 2. proper equipment. **Is cóir orm chun siúil**, I am ready, equipped to walk. **Cóir a bheith agat air**, to be equipped for it. **Easpa córach**, lack of equipment. **Tá cóir orm chun**, I am ready for (something). *Gach aon chóir a bhí riachtanach chun gach díobhála d'ár dhein na Lochlanaigh do leigheas*, everything needed to put right all the destruction of the Vikings [PUL1907]. *Dá mbéadh na h-airm acu, agus an chóir ortha, agus an stiúrughadh ceart ortha, dhéanfaidís obair a bhainfeadh cuid de'n mhóráil de'n "Times"*, had they had the arms and the proper equipment and proper direction, they would have achieved something that would have robbed *The Times* of some of its pride [PUL1915]. *Ní'l an chóir agat chun an uisge do thógaint aníos as an dtobar, agus tá an tobar doimhinn*, you do have nothing with which to draw the water up out of the well, and the well is deep [PUL1924]. **Cóir cosanta**, fortifications. **Cóir éadaigh (atá ort)**, rigout, clothing. **Cóir iompair**, means of transport: *do ghluais an Legáid agus Colla agus an gabha, chómh tiugh agus d'fhéadadar cóir iompair a dh'fhághail*, the Legate, Colla and the blacksmith set out, as soon they were able to get transport for the journey [PUL1907]. **Cóir scríbhinne**, writing materials, something to write with. **Córeacha tís**, household stuff, the things in the home. 3. a favourable wind. **Do bhí cóir againn**, we had a fair wind (while sailing). 4. right, justice. **Déanfad cóir duit**, I will do right by you. **Cóir nó éagóir**, right or wrong. **Eatarthu san atá an chóir**, the golden mean lies between the two.

**coirbeadh**, vn. GCh. ⇒ **cuirpeadh**.

**coirbim**, verb. GCh. ⇒ **cuirpim**.

**coirce**, m. (gs. **coirce**, npl. **coircíocha**) (κοίρκε, κοίρκεόχα) (kork'i, kor'k'i:xə) oats. **Arán coirce**, oatmeal bread. **Min choirce**, oatmeal. **Baint choirce**, cutting/harvesting oats. **Bualadh choirce**, to thresh oats. **Coirce cruaidh**, dried oats. **Ag cur/cuir choirce**, sowing oats. Note: the plural is glossed in PSD1927 as "various fields of oats".

**coirceog**, f. ICS. ⇒ **cruiceog**.

**coire**, m. (npl. **coirí**) (κοίρη, κοίρη) (kir'i, kir'i:) cauldron.

**cóirím**, verb. ICS. ⇒ **córaím**.

**coirim**, vn. **cor**, verb. (κοίριμ, κοίρη) (kor'im', kor) I tire, exhaust. Past: **do choiras, do choir sé**. Future: **coirfead, coirfidh sé**.

Imperative: **coir**. Participle: **cortha** /korhəl/. **Éirí cortha de rud**, to get tired of something: *deir an mhuintir a tháinig go bhfuil Leath Chuinn go léir cortha de Mh'Isheachlainn agus nách foláir é chur i leith taoibh agus Árdrígh dhéanamh de Bhrian*, the people who came are saying that the whole of Leath Choinn is fed up of Maeleachlainn and he needs to be put aside and Brian made High King [PUL1907]. **Coireadh me dhe**, I got tired of it. **Do coireadh me de bheith ann**, I got tired of being there. With **ó**: *nuair a bhíodar cortha ó bheith ag cainnt ar an gcuma san do shocarúighdar 'na n-aighe gur bh' as a mheabhair a bhí Naoi*, when they grew tired of talking in this way, they reached the conclusion that Noah was out of his mind [PUL1925]. *Caidé an cor athá ormsa agem bheirt sheanabhan féin*, how exhausted/fed up I am of my own two old women [AÓL1968].

**cóiriú**, noun/vn, m GCh. ⇒ **córu**.

**coirneach**, m. GCh. ⇒ **cáirneach**.

**coirméad**, m. (gs. **coirméid**, npl. **coirméidí**) (κοιρνεάδ, κοιρνεϊοί) (kor'n'ed, kor'n'e:d'i:) cornet (musical instrument).

**coirméal**, m. GCh. ⇒ **colonel**.

**coirpe**, adj. (cuirp̃e) (kir'ip'i) corrupt, vicious. Note: ultimately derived from a verbal adjective **cuirpthe**.

**coirpeach**, m. (npl. **coirpigh**) (cuirp̃eac̃, cuirp̃eig̃) (kir'ip'əx, kir'ip'ig') vicious person malefactor. *Taisbeánadh dom caint éigin a bhí sa "Times" 'á rádh ná raibh dlighthe Shasana cruaidh a ndóithin i n-aon chor ar na cuirptheachaibh sin, .i. muintir na h-Éirean*, I was shown something in the Times saying that the laws of England were not nearly hard enough on those malefactors, viz. the people of Ireland [PUL1915].

**coirpeacht**, f. (gs. **coirpeachta**) (cuirp̃eac̃t) (kir'ip'əxt) viciousness, criminality.

**coirt**, f. (gs. **coirte**) (κοιρτ) (kort') bark. **An choirt a bhaint de smután adhmaid**, to strip the bark from a chunk of wood.

**coirtithe**, adj. (κοιρτιḡḡe) (kir'tihi) tanned, swarthy. [DBÓC]

**cois**<sup>281</sup>, f. (gs. **coise**, npl. **coiseacha**) (κοιρ, κοιρεάχα) (kof, kojəxə) a drain in the bog created by cutting the turf.

**cois**, prep. (κοιρ) (kof) besides. **Lem chois**, along with me. **Le cois a chéile**, side by side. *Bhuaileadar suas Bóthar na Sop le cois a chéile agus iad ag caint*, they talked as they went up Sop Road together [PUL1915]. **Cois na habhann**, by the river. **Cois baile**, near home. **Cois farraige**, by the sea. **Cois na sráide**, near the town. **Cois tine/cois na tine**, besides the fire. **Cois toinne**, on the seashore. See ⇒ **cos**.

**coiscim**, vn. **cosc**, verb. (κοιρḡim, κορḡ) (kojk'im', kosk) 1. I prevent, hinder. **Duine a chosc ar rud éigin/ar rud a dhéanamh**, to prevent or forbid someone from doing something. *Cad 'tá chun tu chosg ar é fhághail airís?*, what is to stop you from getting it again? [PUL1909]. **Rud a chosc/rud a chosc ar thitím amach**, to obstruct or prevent something. **Rud a chosc ar dhuine**, to forbid someone something. **An tóir a chosc**, to hold back the pursuing party. 2. to check, restrain. **Do choisc an t-athair é**, his father stopped him from saying it, rebuked him for saying it. *Téidheadh t'fhearg chun suainis agus coisgtear í ó mhalluightheacht do dhaoine*, let thy anger cease, and be appeased upon the wickedness of thy people [Ecsodus 32:12]. *Ná coisg smacht ó leanbh*, withhold not correction from a child [Seanfhocail 23:13]. Autonomous: **coisct(e)ar**. Past: **do choisceas**, **do choisc sé**. Future: **coiscfead**, **coiscfidh sé**. Imperative: **coisc**. Participle: **coiscithe** /kojk'ihí/.

**coisí**, m. (npl. **coisithe**) (κοιρῖοe, κοιρῖοḡe) (ki'ji:, kijihi) walker, foot-traveller, a person going on foot. **Is maith an coisí thu**, you are a good walker.

**coisín**, m. (npl. **coisíní**) (κοιρῖn, κοιρῖnῖ) (ki'ji:n', ki'ji:n'i:) little foot. [DUL]

**coisíocht**, noun/vn, f. (gs. **coisíochta**) (κοιρῖοeac̃t) (ki'ji:xt) pace, gait, step; footsteps. **Gearú do choisíocht**, or **gearú sa choisíocht**, to quicken your pace. *Ghéaruigh sé a choisidheacht*, he quickened his pace [PUL1904]. *Fir óga luatha láidire ab eadh iad agus bhí ana chuisidheacht ag gach teachtaire acu*, they were young, swift and strong men and each of the messengers was fleet of foot [PUL1907]. **Coisíocht a bheith in each**, for a horse to be fleet of foot. **Fear na coisíochta**, the fleet of foot. As a verbal noun, **ag coisíocht**, to travel on foot, trudge. Note: in the singular, **coisíocht** can mean footsteps.

**coisir**, f. ICS. ⇒ **coisire**.

**coisire**<sup>282</sup>, f. (gs. **coisireach**, ds. **coisire**, npl. **coisirí**, dpl. **coisirbh**) (coir̃ire, coir̃ireac̃a/coir̃ir̃í) (ko:ʃir'i, ko:ʃir'i:) wedding banquet, wedding. **Caochóg ar coisire**, a socially backward person. Note: masculine in PUL1913b.

**coisreacadh**, noun/vn, m. (gs. **coisricthe/coisreactha**) (κοιρρεac̃ad̃, gs. κοιρριc̃e) (koʃir'əkə) consecration. **Coisreacadh a dhéanamh**, to consecrate something.

**coisreacan**, noun/vn, m. (gs. **coisreacain**) (κοιρρεac̃an) (koʃir'əkən) consecration. **Coisreacan a dhéanamh**, to consecrate or dedicate something. **Tu féin a choisreacan**, to bless yourself. **Uisce choisreacan**, holy water. **Coisreacan ban**, purification of women (after childbirth). See ⇒ **coisricim**.

**coisricim**, vn. **coisreacadh**, verb. (κοιρρεac̃aim, κοιρρεac̃ad̃) (koʃir'ik'im', koʃir'əkə) I consecrate. *Do dhein Colla na h-áiteana a bhí beannuighthe do choisreacan airís*, Colla reconsecrated the holy places [PUL1907]. With **chun**: to consecrate to someone/something: *"coisric chúghamsa," adeir an Tighearna, "gach céad-ghein a dh'osgalann an bhruinne amearg clainne Israél,"* consecrate to me, saith the Lord, every firstborn who opens the womb among the children of Israel [PUL1915b]. Present autonomous: **coisreactar**. Past: **do choisriceas**, **do choisric sé**, **do coisreacadh**. Future: **coisriceód**, **coisriceóidh sé**, **coisriceófar/coisreactar**. Imperative: **coisric**. Participle: **coisricthe**.

281Check pronunciation.

282Check npl. ns and gs and dpl. have been confirmed.

**cóiste**<sup>283</sup>, m. (npl. **cóistí**) (cóirce, cóircí) (ko:ʃtʲi, ko:ʃtʲi:) coach, carriage. **Bóthar an chóiste**, coach road, the main road to Dublin. **Fear an chóiste**, coachman. **Cóiste a bhriseadh**, to break into/rob a coach. **Ar an gcóiste** or **sa chóiste**, on the coach. **Cóiste cheithre gcapall**, four-horse carriage. **Stad na gcóistí**, cab stand.

**coiste**, m. (npl. **coistí**) (coirce, coircí) (koʃtʲi, koʃtʲi:) jury. **Coiste crónaera**, coroner's jury; coroner's inquest. **Coiste a bheith ar rud**, to hold an inquest.

**coiteann**, adj. (comp. **coitine**) (coitcéann, coitcínne) (koʲən, koʲinʲi) common, general. **Caint choiteann**, general chit-chat. **Cás coiteann**, a common case. **Comhrá coiteann**, general conversation. **An Fhaoistin Choiteann**, the general confession (prayer). **Lón coiteann**, a continual allowance of food. **Scoileanna coiteanna**, public schools. **Go coiteann**, in common.

**coiteannaím**, vn. **coiteannú**, verb. (coitcéannuigim, coitcéannuḡad) (koʲə'ni:mʲ, koʲə'nu:) to make common. Past: **do choiteannaigh sé**.

**coiteannú**, vn. ⇒ **coiteannaím**.

**coitianta**, adj. (coitcéannta) (koʲiəntə) customary, habitual. Adverbially, **(go) coitianta**, regularly: *nuair a bhínn ag éisteacht leo chuiridís coitianta i gcuimhne dhom an focal a deireadh Diarmuid ua Muíneacháin*, when I listed to them, they constantly reminded me of what Dermot O'Moynihan said [PUL1915]. Also, "all the time": *bhíodh oiread san daoine, uasal agus íseal, ag teacht agus ag imtheacht ann coitianta*, there were so many people there, noble and lowly-born, coming and going all the time [PUL1907].

**coitiantacht**, f. (gs. **coitiantachta**) (coitcéanntacht) (koʲiəntəxt) 1. the general run of things. **Thar an gcoitiantacht**, beyond the norm, out of the ordinary. *Chómh fada agus a théidhean an choitiantacht*, as far as the norm goes, as far as anything can be said about most people [PUL1904]. **An choitiantacht de sna húdaraibh**, most authors, the general run of authors. **Fear den choitiantacht**, a man of the common sort. **Bochta na coitiantachta**, the common poor. 2. the people in general, the general public.

**coitine**, f. (gs. **coitine**) (coitcínne) (koʲinʲi) generality. **I gcoitine**, in general.

**col**<sup>284</sup>, m. (gs. **cuil/cola**, npl. **colanna**) (col, cuil/cola(nna)) (kol, kolənə) 1. impediment. *Gan choinghioll gan chol*, with neither condition nor impediment [PUL1904]. **Col ceathar**, first cousin. 2. incest. 3. an aversion. **Col a ghlacadh le rud**, to take against something.

**coláiste**, m. (npl. **coláistí**) (coláirce, coláircí) (kla:ʃtʲi, kla:ʃtʲi:) college.

**coláisteánach**, m. (npl. **coláisteánaigh**) (coláirceánaic, coláirceánaig) (kla:ʃtʲa:nəx, kla:ʃtʲa:nigʲ) collegian.

**colaman**, m. (gs. **colamain**, npl. **colamna/colamain**) (colamān, colamāna/colamāin) (koləmən, koləmənə-koləminʲ) column, pillar. **I gcolaman scamail**, in a pillar of cloud. **Colaman tine**, a pillar of fire.

**colann**<sup>285</sup>, f. (gs. **colla**, ds. **colainn**, npl. **colla**, gpl. **colann**, dpl. **colannaibh**) (colann, colna) (kolən, kolə) the body, the flesh. *Óir is fearra dhuit ball de d'bhallaibh do chailleamhaint ná do cholann go léir a chur go h-Ifreann*, for it is profitable for thee that one of thy members should perish, and not that thy whole body should be cast into hell [Matt. 5:29, PUL1915/2]. **Colann daonna**, human flesh: *creidim gur ghlac an Mac, le h-oibriúghadh ó'n Spioraid Naomh, colan daona, i mbroinn na Maighdine Muire*, I believe the Son took human flesh, through the operation of the Holy Ghost, in the womb of the Virgin Mary [PUL1921]. **Mór id cholainn**, great in stature. Note: PSD1927 points out that **corp** has replaced **colann** in colloquial usage. **Colainn** is found in the dative in PUL1915, where **colann** is used in PUL1925.

**colann**<sup>286</sup>, m. (gs. **colain**, npl. **colla**, dpl. **colanaibh**) (colan, colna, gs. colain) (kolən, kolə, gs. kolinʲ) (yearling) heifer.

**colg**, m. (npl. **coilg**, gpl. **colg**) (colḡ, cuilḡ) (koləḡ, kil'igʲ) point of a sword. *Bíodh gur leig na Iúdaigh uatha an brígh agus nár choimeádar ach an focal, bíodh gur leigeadar uatha an substaint agus nár choimeádar ach an colg, ní fhágan san gur chuaidh an brígh ná an substaint amú'*, although the Jews did not retain the meaning and just kept the word, although they did not keep the substance and just kept the finer points of detail, that does not mean that the word or substance were wrong [PUL1910].

**colgach**, adj. (comp. **colgaí**) (colḡac, colḡaigē) (koləḡəx, kolə'gi:) bristling, angry, fierce.

**colgsheasamh**, vn. ICS. ⇒ **coilgsheasamh**.

**coll**, m. (gs. **coill**) (coll, gs. cuill) (koul) hazel, hazel tree.

**Colla**, name. (Colla) (kolə) an Irish masculine name, and the name of an abbot in the tenth century mentioned in PUL1907.

**collach**, adj. (adj. **collaí**) (kə'ləx, kó'li:) (colnac, colnaigē) fleshly, corporeal. **Giúdaigh chollacha**, Jews after the flesh (as opposed to the spiritual new Israel)

**collach**, m. (npl. **collaigh**, gpl. **collach**) (collac, collaig) (kə'ləx, kuligʲ) boar.

**collaí**, adj. (colnaíde/collaíde) (kó'li:) carnal, sexual, fleshly. **Aithne chollaí do chur ar fhearaibh**, to have carnal relations with men.

**collaíocht**, f. (gs. **collaíochta**) (colnaídeacht/collaídeacht) (kó'li:xt) carnality, sexuality.

**Colm Cille**, name. (gs. **Coluim Cille**) (Colm Cille) (koləm k'íl'i) Columba, the name of a 6th century saint from Co. Donegal.

283Check meaning of cóiste a bhriseadh.

284Gs and pl need sorting.

285Npl need addressing.

286An awkward word as the incorrect nn introduced in the ICS produces the wrong pronunciation.



**Buíon Choluim Cille**, the League of St. Columba.

**colm**<sup>287</sup>, m. (vs. **colaim**, gs. **colaim**, npl. **coilm**, gpl. **colm**) (colm, cuilm/colma, gs. cuilm) (koləm, kil'im) dove.

**Colmán**, name. (Colmán) (kəl'mɑ:n) Colman, the name of a 6th century Munster saint.

**colonel**, m. (kɑ:nəl) colonel. [DBÓC]

**colpa**, m. (npl. **colpaí**) (colpa, colpaí) (koləpə, kolə'pi:) calf (of the leg); forearm. Also, **colpaí coise**. **Colpa súiste**, handle of a flail; cudgel.

**colpach**, adj. (comp. **colpaí**) (colpac, colpaige) (koləpəx, kolə'pi:) stout in the calves.

**colscaradh**, m. GCh. ⇒ **díbert**.

**coltar**, m. (npl. **coltair**) (coltar, coltair) (koulhər, koulhir') coulter, the vertical blade in a ploughshare. Also **coltar céachta**.

**colún**, m. (gs. **colúin**, npl. **colúna**) (coláin, coláina) (kə'lun, kə'lunə) column. **Colún iúnsaithe**, attacking column of troops. [DBÓC]

**colúr**, m. (gs. **colúir**, npl. **colúir/colúra**, gpl. **colúr**) (colbair/colúir, colbair/colúir) (klu:r, klu:r'~klu:rə) pigeon. Note: PUL1915b uses **colúir** in the plural, where PUL1903 and Isaiah 59 have **colúra**.

**com**<sup>288</sup>, m. (gs. **coim**, np. **comanna**) (com, coim, gs. cuim) (ku:m, gs. ki:m') 1. coomb, mountain recess. **Com na nÉag**, Coomaneage, Co. Cork. 2. waist. *Nuair a bhí sé istigh sa phrísún do cuireadh slabhra fan chuim air*, when he was in the jail, a chain was put around his waist [PUL1907].

**comáinim**, vn. **comáint**, verb. (comáimim, comáint) (kə'mɑ:n'im', kə'mɑ:nt') 1. I drive forward. **Comáinim na ba**, I drive the cattle. 2. to drive something in. *Chuir sí an tarainge ar oiseanaibh a chinn agus bhuail sí an tarainge leis an gcasúr agus chomáin sí tré n' in chinn é*, she put the nail upon the temples of his head, and striking it with the hammer, drove it through his brain [Breithiúin 4:20]. 3. I proceed: **do chomáin sé leis air**, he went on, proceeded with it. *Comáin leat ar an sgéal*, carry on with the story [PUL1904]. **Comáin sé leis ag léitheoireacht**, he carried on reading. **Comáin leat!**, press on!, proceed!, go ahead! *Do chomáineadar an dlígh ar siubhal*, they pressed the law into action [PUL1915]. *Do comáineadh an cóisre dá ollmhughadh láithreach agus do ceapadh lá an phósta*, the wedding began to be prepared immediately and the day of the marriage was set [PUL1913b]. **Duine a chomáint uait**, to send someone away from you. **Rud a chomáint ar aghaidh**, to encourage something. **Rud a chomáint ar neamhní**, to reduce something to nothing, destroy it. **Comáinim amach**, I drive (someone) out. *Comáin ó-thuaidh mé*, send me north [PUL1915]. **Leitir/teachtair a chomáint chun duine**, to send a letter/messenger to someone. **Duine a chomáint as a mheabhair**, to drive someone out of his mind. **Duine a chomáint chun rud do dhéanamh**, to make someone do something. **Comáinte ar buile**, driven mad. *Bíon "a couple of things" 'n-a n-aighe agus comainid siad síos sa Ghaeilinn "cúpla rudaí"*, they have "a couple of things in their mind" and they continue on in the Irish "cúpla rudaí" [PUL leit]. 4. To dispatch (often followed by **ó**): *nuair a bhíodh sgéala ag Brian le cur go h-oban ag triall ar rígh éigin de righthibh Éirean nó ar dhuin'uasal éigin, ní dheineadh sé ach duine des na teachtairibh sin a chomáint uaidh ag triall ar an rígh sin, nó ag triall ar an nduin'uasal san, leis an dteachtairacht*, when Brian has news to send suddenly to some one of the kings of Ireland or to some gentleman, all he did was to dispatch one of the messengers to that king, or to that gentleman, with the message [PUL1907]. **Comáint amach**, to send out, propel out: *bhí an bhuairt chómh dian san gur chomáin sí an fhuil amach tré n-a bhallaibh beatha go léir*, the sorrow was so great that he shed blood through all of his limbs [PUL1917b]. Past: **do chomáineas**, **do chomáin sé**. Future: **comáinfead**, **comáinfidh sé**. Imperative: **comáin**. Participle: **comáinte**. Note: compare ⇒ **tiomáinim**. **Tiomáinim** has traditionally been used of horses, and now cars, and **comáinim** has referred to driving or herding other animals, but **comáinim** is the preferred form in Cork Irish. PUL's usage is mixed: *gaibh an capall, má 'seadh, agus comáin leat abhaile*, harness the horse, in that case, and go on home [PUL1904].<sup>289</sup>

**comáint**<sup>290</sup>, noun/vn. f. (gs. **comána**) (comáint) (kə'mɑ:nt') driving; the way someone drives. See ⇒ **comáinim**.

**comaoin**, f. (gs. **comaoine**) (comaoin) (kə'mi:n') favour. **Comaoin a chur ar dhuine**, to do someone a favour, oblige him. Also **comaoin a dhéanamh ar dhuine**. See ⇒ **comaoine**. [DBÓC]

**comaoine**, f. (npl. **comaoineacha**) (comaoin, comaoineada) (kə'mi:n'í, kə'mi:n'əxə) 1. favour. **Comaoin a chur ar dhuine**, to do someone a favour. **Bheith fé chomaoin ag duine**, to be beholden to someone, to owe someone a favour. 2. Holy Communion. **Dul chun Comaoin**, go to Holy Communion. **Comaoin a ghlacadh**, to receive Holy Communion. **Comaoin na naomh**, the communion of the saints. **Bheith páirteach i gcomaoin na naomh**, to take part in the communion of the saints. **An chéad chomaoin**, one's first holy communion. Note: the form **comaoin**, adopted in the ICS, is also found in PUL1904 alongside **comaoin**.

**Comaoin**, f. ICS. ⇒ **Comaoin** (in the meaning of "Holy Communion").

**cómbáidh**, f. (cóm-báidh) (kə:mɑ:g') sympathy. **Cómbáidh a bheith agat le duine**, to sympathise with someone. [DBÓC]

287Check all forms. PUL shows the vocative is a choluim with a broad L, which is the main source of my questions.

288Check pl. The CO has coim, coime, coimeanna, as a separate noun meaning waist, and the IWM entry indicated that coim may be a separate noun in Cork (but contradicting MSF where the genitive is an chuim) – the whole thing needs checking.

289Check comáin and tomáin issues.

290Check gs.

**comh-**, pref. (cómh-, cóimh-) (ko:-) a prefix meaning “equally”, producing many *ad hoc* words as well as more regular compounds. **Comhchaol**, equally thin. **Comhthéagartha**, of equal bulk or substance; **i gcómhthómmas**, in equivalent measure (of market weights that should be all equally true in Deuteronomí 25).

**comh**, adj. (cóm) (ko:) equal. *Cóilíneach*, *.i. fé líntibh cóimha*, equilateral, bounded by equal lines [PUL1926b]. Note: this is found as an adjective in PUL1926b, but T. F. O’Rahilly comments that it is an artificial word. The plural, **comha**, is also pronounced /ko:/.

**comh**, n. (pl. **comha**) (cómh, cóimh) (ko:, ko:) equal. *Trianosgal cóthaobhach nú cóchosach*, *.i. gur cóimha dhá thaobh aige*, an isosceles triangle, viz. where two of its sides are equals [PUL1926b]. Note: this is found as a noun in PUL1926b, but T. F. O’Rahilly comments that it is an artificial word.

**cómhachtaífm**, vn. **cómhachtú**, verb. (cuimhachtuighim, cuimhachtuighid) (ko:x’ti:m’, ko:x’tu:) to become mighty. Participle: **cómhachtaithe**.

**cómhachtú**, vn. ⇨ **cómhachtaífm**.

**comhaimsir**, f. (gs. **comhaimsire**, npl. **comhaimsirí**) (cómhaimsear) (kō:-aimjír’) compound tense in grammar. **I gcomhaimsir le**, contemporary with. **Lucht a chomhaimsire**, a contemporary of his.

**cómhaimsireach**, m. (npl. **cómhaimsirigh**) (cómhaimsear, cóimhaimsear) (ko:-aimjír’əx, ko:-aimjír’ig’) contemporary.

**comhaireamh**, noun/vn, m. (gs. **comhairimh**) (cómhairiamh) (kō:r’əv) calculation, reckoning, count. **Dul ó chomhaireamh**, to be impossible to count. **Ag comhaireamh na mbliain (atá ó rud)**, counting the years (since something). **Gan cóimhaireamh**, innumerable. **Thar cóimhaireamh**, innumerable. See ⇨ **comhairím**.

**comhairím**, ICS. ⇨ **comhairím**.

**comhairím**, vn. **comhaireamh**, verb. (cómhairiamh, cóimhairiamh) (kō:r’i:m’, kō:r’əv) I count, calculate. **Rud do chóimhaireamh amach**, to count something out. Past: **do chomhairíos**, **do chomhair/chomhairimh sé**. Future: **comhaireod**, **comhaireoidh sé**. Imperative: **comhairimh**. Participle: **comhairithe**.

**comhairle**, f. (npl. **comhairlí/cómhairleanna**) (cómhairle, cóimhairle/cóimhairleanna) (ko:rl’i, ko:rl’i:~ko:rl’əvə) advice; counsel (as a Christian virtue); council; “advice” in the sense of a notice of some kind. **Ag déanamh comhairle**, **ag dul i gcomhairle**, to take counsel, make decisions. **Comhairle a iarraidh ar dhuine/comhairle dhuine a dh’fháil**, to ask someone for advice. **Dul i gcomhairle an Tiarna**, to turn to the Lord for advice. **Dul i gcómhairle le duine**, to take counsel with someone. **Comhairle a thabhairt (uait) do dhuine**, to give someone some advice. With **chun**: **cómhairle chun aithrí**, admonition to repentance. **Ar chomhairle dhuine**, under someone’s influence, led by someone, under his advice, on his advice. **As comhairle a chéile**, in concert, as a joint initiative. **As a chóimhairle féin**, of his own accord. **Rud a chur i gcomhairle dhuine**, to ask someone’s advice about something: *ní mór dom é innsint dom’ mháthair, agus a chur ’na cóimhairle cad is ceart a dhéanamh*, I must tell my mother, and ask for her advice what to do [PUL1904]. **Dá ndeinteá mo chomhairle**, had you taken my advice. **Déanfadh do chóimhairle**, I’ll take your advice. **Comhairle a ghlacadh (ó dhuine)**, to take advice from someone. **Teacht i gcomhairle**, to consult, come together for consultation. **Teacht as an gcomhairle**, to come away from a council or consultation. **I gcomhairle le chéile**, consulting, conferring with each other. **Lucht comhairle**, advisors (eg, of a monarch), counsellors. **Fé chomhairle dhuine**, under someone’s advice, on this advice. **Tu féin a chur fé chóimhairle dhuine**, to take someone’s advice, to place yourself under someone’s counsel. **Trí chomhairle dhuine**, through someone’s advice. **Idir dhá chóimhairle**, irresolutely. **I gcás idir dhá chomhairle**, facing a conundrum, in a perplexing situation. **Comhairle nua**, new direction, new course of action. **Cómhairle phríomháideach**, privy council. **Gan mheabhair gan chomhairle**, madly, without any consideration of what they were doing.

**cómhairleach**, m. (npl. **cómhairligh/cómhairleacha**) (cómhairleach, cóimhairligh) (ko:rl’əx, ko:rl’ig’~ko:rl’əvə) adviser, counsellor.

**comhairleoir**, m. ICS. ⇨ **comhairleach**.

**comhairlífm**, vn. **comhairlíú**, verb. (cómhairlighim, cóimhairlighid) (kō:r’l’i:m’, kō:r’l’u:) I counsel, advise. **Duine a chomhairlíú (rud a dhéanamh)/comhairlíú do dhuine**, I advise someone. Used with **chun**: *ansan do chromas ar dhaoine eile do chóimhairliughadh chuige*, I then began to advise others to do likewise [PUL1915]. Past: **do chomhairlíos**, **do chomhairligh sé**. Future: **comhairleod**, **comhairleoidh sé**. Imperative: **comhairligh**. Participle: **comhairlithe**.

**comhairlíú**, noun/vn, m. (gs. **comhairlithe**) (cómhairliughadh) (kō:r’l’u:) counselling, consultation. See ⇨ **comhairlífm**.

**comhaltá**, m. (npl. **comhaltáí**) (cómhaltá, cóimhaltá) (ko:lhə, ko:l’hi:) foster-brother, or fellow member, e.g. fellow student at a school; companion.

**cómhaoirde**, f. (cómh-aoirde) (ko:i:rd’i) equal height. **Tímpall cóimhaoirde is ea sinn**, we are of roughly equal height. [DBÓC]

**comhaois**, f. ICS. ⇨ **comhaois**.

**cómhaontaithe**, adj. (cómh-aois) (ko:-e:ntihi) allied. **Na haim chómhaontaithe**, the Allies. [DBÓC]

**comhar**, m. (gs. **comhair**) (cómhar, cóimhar) (kō:r, kō:r’) combined work, co-operation, partnership. **Comhar a dhíol le duine**, to return a service or favour (or, to get your own back on someone). **I gcómhar**, in co-operation, in return, as a form of mutual assistance.

**comharba**, m. (npl. **comharbaí**) (cómharba, cóimharbaí) (ko:rbə, ko:r’bi:) the successor to the founder of a church or monastery. **Comharba Bhríde**, the success of St. Brigid, ie the head of the convent in Kildare in the Middle Ages, the abbess of Kildare.

**comharbas**, m. (gs. **comharbais**) (cómharbar) (ko:rbəs) ecclesiastical succession; succession to an ecclesiastical office.

**comharsa**, f. (gs. **comharsan**, ds. **comharsain**, npl. **comharsain**, vpl. **comharsain**, gpl. **comharsan**, dpl. **cómharsanaibh/cómharsainibh**) (κόμηαρρα, κόμηαρραϊν) (kō:rsə, kō:rsin') neighbour, acquaintance. **Cómharsa eile bhéil do dhorais**, next-door neighbour. Note: attested as feminine in PUL1915.

**comharsanach**, adj. (comp. **comharsanaí**) (κόμηαρραναδ, κόμηαρραναϊγε) (kō:rsənəx, kō:rsəni:) neighbouring.

**comharsanacht**, f. (gs. **comharsanachta**) (κόμηαρραναδτ) (kō:rsənəxt) neighbourhood. **Sa chomarsanacht**, in the neighbourhood. **Comharsanacht a dhéanamh le duine**, to act in a neighbourly fashion towards someone. **Im chómharsanacht**, in my neighbourhood.

**comhartha**, m. (npl. **comharthaí**) (κόμηαρτα, κόμηαρταϊ) (kō:rħə, kō:r'hi:) sign, mark. Sometimes used in the plural with the more general meaning of "appearance": *d'fhéachas go géar ar an dtigh i dtreó gur chuireas a chómhartaí isteach am' aigne go daingean*, I looked keenly at the house in order to firmly memorise its appearance [PUL1915]. **Comharthaí an bhóthair**, road directions. **Slán mo chomhartha**, God bless the mark! (an interjection used at the mention of human deformity). **Dá chomhartha san**, as proof of that ("signs on it" in Hiberno-English). **Dá chomhartha san féin**, similarly, by the same token, as confirmation of that. **Dá chomhartha (go)**, as proof (that). With **ar**, a sign of something: *ní' aon chómhartaí báis air*, he has no air of death about him, he doesn't look as if he is going to die [PUL1904]. **Comhartha a thabhairt uait ar rud a dheánamh**, to give a sign of doing something, to signal you will do it. **Comharthaí a dhéanamh do dhuine (rud a dhéanamh)**, to signal to someone to do something: *do bhuaill sí a méar uirthi féin a' déanamh cōrthaí dho í féin a lorg ar a' ngruagach*, she pointed to herself to signal to him to ask the hairy ogre for herself [AÓL1968]. **Comharthaí duine a thabhairt (uait, do dhuine)**, to give descriptions of someone. **Comharthaí ruda a bheith agat go cruinn**, to have an exact description of something. **Comhartha a thabhairt chun duine**, to give someone a sign. **Comhartha a thabhairt uait**, to give the signal. **Comhartha na croise a dhéanamh**, to make the sign of the cross. **Cómharthaí soird a dhéanamh**, to gesture, make gestures, make signs of a sort.

**comhbhá**, f. GCh. ⇒ **cómbáidh**.

**comhbheannach**, adj. (κόμη-βεανηαδ) (kō:-v'ə'nəx) with equal sides. *Cearnach, .i. cōfhanach cōbheannach díorosgail*, a square, a right-angled parallelogram with equal sides [PUL1926b]. Note: apparently an *ad hoc* word used in PUL1926b.

**comhbhia**, m. (κόμη-βιαδ) (kō:-v'ia) common table. **Ar chomhbhia le duine**, to eat with someone, eat at one table, eat the same food. [AÓL]

**comhbhiathú**, m. ICS. **comhbhia**.

**cómhbreith**, f. (κόμη-βρειτ) (kō:-v'reh) equal judgement (**idir dhaoibh**).

**comhchalán**<sup>291</sup>, m. (npl. **comhchaláin**) (κόμη-čalán, κόμη-čaláin) (kō:hə'lɑ:n, kō:hə'lɑ:n') a "pattern", a gathering around a holy well; a gathering, assembly of various kinds. Note: pronunciation given in CFBB.

**comhcheilg**, f. (gs. **comhcheilge**, npl. **comhchealga**, gpl. **comhchealg**) (κόμη-čealg, κόμη-čealgə) (kō:-x'el'ig', kō:-x'aləgə) conspiracy. **Lucht na comhcheilge**, the conspirators.

**cómhcheól**, m. (gs. **cómhcheóil**) (κόμη-čeol) (kō:-x'o:l') harmony.

**comhchliamhain**, m. (gs. **comhchleamhna**, npl. **comhchleamhnaíthe**) (κλιαμηαιν, κλεαμηαιτε) (kō:-xl'ian', kō:-xl'aunihi) fellow son-in-law, husband of one's wife's sister. Note: DBÓC had a short o in this word, /kō-xl'ian'/, where AÓL had a long one.

**comhchonsal**, m. (κόμη-čonçal) (kō:-xonsəl) co-consul.

**comhchosach**, adj. (κόμη-čosəç) (kō:xəsəx) isosceles. **Trianoscail comhchosach**, an isosceles triangle (see PUL1926b).

**comhchrúinn**, adj. (κόμη-čruinn, κόμη-čruinne) (kō:-xri:ŋ', kō:-xriŋ'i) perfectly round, spherical.

**comhchrúinniú**, m. (gs. **comhchrúinnithe**) (κόμη-čruinniuçad) (kō:-xri'ŋ'u:) congregation, assembly. **Comhchrúinniú na bhfforchreideamhach uile**, the congregation of all the faithful.

**cómhchrúitín**, m. (κόμη-čruicín/cómh-čruicín) ('kō:-xri'ti:n') adjoining curtain.

**cómhchuid**, f. (npl. **cómhchoda**, dpl. **cómhchodaibh**) (κόμη-čuid, κόμη-čoda) (kō:-xud', kō:-xodə) equal part. **I trí cómhchodaibh**, in three equal parts.

**cómhdhath**, m. (κόμη-čad) (kō:-çah) uniform colour. **Ar chómhhdath**, uniform in colour. [PÓB]

**comhdheas**, adj. (κόμη-čeas) (kō:-ças) equally good, equally fine, all the same. *Ba chómhdeas do'n each bhuidhe muir agus tír*, the yellow horse found no difference in traversing land and sea [PUL1909].

**cómhdheas**, adj. (comp. **cómhdheise**) (κόμη-čeas, κόμη-čeise) (kō:-ças, kō:çeji) ambidextrous. *Aod mac Gera mhic lémini, fear gur chómhdeas dó an dá láimh*, Aod, the son of Gera, the son of Jemini, who used the left hand as well as the right [Breithiúin 3:15].

**comhdhian**, adj. (κόμη-čian) (kō:-çian) equally severe, just as hard. *Bhí an bualadh agus an t-éirleach cómh-dhian, ba dhóich le duine, ó cheann ceann de'n mhachaire*, the fighting and the slaughter were equally intense, it would seem, from one end of the plain to the other [PUL1907].

**comhdhíreach**, m. (κόμη-čireas) (kō:-çi:r'əx) perpendicular. Note: apparently an *ad hoc* word used in PUL1926b.

**cómhdhul**, m. (κόμη-čul) (kō:-çul) a uniform appearance. **Ar chómhhdhul**, uniform in style. [PÓB]

**comhdhúnadh**, vn. ⇒ **comhdhúnaim**.

**comhdhúnaim**, vn. **comhdhúnadh**, verb. (κόμη-čúnaim, κόμη-čúnaδ) (kō:-çu:nim', kō:çu:nə) I close, I fasten. *Ní fhéadfadh dhá líne dhíreach luí ar a chéile, i gcuid díobh, gan luí ar a chéile ar fad, ná slí do chódhúna*, two straight lines could not

lay on each other partly, without laying on each other completely or closing the gap so there was no space between them [PUL1926b]. **Comhdhúnta fé theórainn**, enclosed within a boundary. Past: **do chomhdhúnas, do chomhdhún sé**. Future: **comhdhúnfad, comhdhúnfaidh sé**. Imperative: **comhdhún**. Participle: **comhdhúnta**.

**comhéadach**, m. (cóim-éαδαέ) (ko:-iadəx) uniform. I **gcomhéadach**, in uniform. Note: a neologism PUL recommended in a letter to Shán Ó Cuív in 1914 [PUL leit].

**comhéadaithe**, adj. (cóim-έδουιζέ) (ko:-iadihi) uniformed. Note: a neologism PUL recommended in a letter to Shán Ó Cuív in 1914 [PUL leit].

**cómhéisteacht**, f. (cóim-έιρτεαέ) (ko:-e:ft'əxt) a joint hearing. Note: attested in Iob 9.

**comhfhad**, m. ICS. ⇨ **comhfhaid**.

**comhfhaid**, f. (gs. **comhfhaid**) (cóim-φαιθ) (ko:-ad') equal length. With **do**: *áin, .i. clárdhealbh fé aon líne, .i. a cuairdroth, & gur cófhaid do gach líne díreach ó'n gcuardroth go hinne na háine, .i. go heó láir na háine*, a circle, a plane bounded by one line, i.e. its circumference, where each line from the circumference to the middle of the circle, i.e. to the point at the centre of the circle, is the same length [PUL1926b]. *Mara leogfair, có-fhaid an tslí a' dul 's a' teacht*, if you don't let me in, it's just as far going as coming/I might as well leave [AÓL1968]. **Cómhfhaid óna chéile**, equidistant from each other.

**comhfhana**, adj. (cóim-φανα) (ko:-a:nə) parallel. Note: apparently an *ad hoc* word used in PUL1926b.

**comhfhanaich**, m. (cóim-φαναέ) (ko:-a:nəx) parallelogram. Note: apparently an *ad hoc* word used in PUL1926b.

**cómhgháirdeachas**, noun/vn, m. (gs. **cómhgháirdeachais**) (cóim-γαίρθεαέ) (ko:'γa:r'd'əxəs) congratulations. **Ag cómhgháirdeachas le duine**, congratulating someone.

**comhghairdeas**, m. ICS. ⇨ **cómhgháirdeachas**.

**comhghearradh**, m. (gs. **comhghearrtha**) (cóim-γεαρραθ) (ko:-ja:rə) concision, curtailment. *Críoch uachtair líne, & cōghearra dhá uachtar líne*, the end of a surface is a line, and where two surfaces meet is also a line [PUL1926b].

**cómhghleacaí**, m. (npl. **cómhghleacaithe**) (cóim-γλεακαίθε, cóim-γλεακαίθε) (ko:-γl'a'ki:, ko:-γl'akihi) equal, fellow, companion.

**cómhghrá**, m. (gs. **cómhghrá**) (cóim-γρᾶθ) (ko:-γra:) mutual love. **Cómhghrá bráthar**, brotherly love.

**cómhiarracht**, f. (cóim-ιαρραέ) (ko:-iə'rəxt) joint attempt. **Ar cómhiarracht**, in unison. [DBÓC]

**cómhionannadh**, vn. ⇨ **cómhionannaim**.

**cómhionannaim**, vn. **cómhionannadh**, verb. (cóim-ιονανναιμ, cóim-ιοναννᾶθ) (ko:-unənim', ko:-unənə) to make equal to. Future: **cómhionannfad, cómhionannfaidh sé**. *Cad leis go gcómhionannfad thu?*, to what shall I equal thee? [Caoineadh 2:13].

**cómhla**, f. (gs. **cómhlann**, ds. **cómhlainn**, npl. **cómhlanna**, gpl. **cómhlann**) (cóim-la, cóim-lanna, gs. cóimhlan, ds. cóimhlain) (ko:lə, ko:lənə, gs. ko:lən, ds. ko:liŋ') door-leaf, the door itself (as opposed to the doorway, ⇨ **doras**). *Do bhris ainíos toibreacha uile an doimnis mhóir agus do h-osgaladh cómhлана-uisge neimhe*, all the fountains of the great deep were broken up, and the flood gates of heaven were opened [PUL's Bible, Genesis 7:11]. **Cómhla finneóige**, leaf of a shuttered window.

**comhlach**<sup>292</sup>, m. (npl. **comhlaigh**) (cóim-lac, cóim-laig) (ko:ləx, ko:'lig') comrade, fellow.

**cómhlacht**, m. (gs. **cómhlachta**, npl. **cómhlachta**) (cóim-lac, cóim-lac) (ko:ləxt, ko:ləxtə) company.

**comhlann**, n. (npl. **comhlainn**, gpl. **comhlann**) (cóim-lann, cóim-lann) (ko:lən, ko:liŋ') match, contest, fight. I **gcomhlann**, in combat.

**comhlíneach**, adj. (cóim-líneac) (ko:'li:n'əx) equilateral. **Trianoscall comhlíneach**, an equilateral triangle. Note: apparently an *ad hoc* word found in PUL1926b.

**comhlíonadh**, noun/vn, m. (gs. **comhlíonta**) (cóim-líonᾶθ) (kō:'li:nə) fulfilment. *Cómhlíonadh an mhargaidh a dhéin sé leis an bhFear nDubh*, fulfilment of the deal he made with the Dark Man [PUL1904]. See ⇨ **comhlíonaim**.

**comhlíonaim**, vn. **comhlíonadh**, verb. (cóim-líonaim, cóim-líonᾶθ) (kō:'li:nim', kō:'li:nə) I fulfil. **Coinníoll do chomhlíonadh**, to fulfil a condition. **Dualgas a chomhlíonadh**, to fulfil a duty. **An dlí a chómhíonadh le duine**, to serve legal writ on someone, go through the legal procedures against him. Past: **do chomhlíonas, do chomhlíon sé**. Future: **comhlíonfad, comhlíonfaidh sé**. Imperative: **comhlíon**. Participle: **comhlíonta**.

**comhluadar**, noun/vn, m. (gs. **comhluadair**) (cóim-luadair) (kō'luədər) company, society. **Id chomhluadar**, in your company. **I gcomhluadar a chéile**, in each other's company. **An bhfuil an comhluadar ar fad go maith?** Are all the family well? *Níor airigheas duine riamh 'ghá rádh go bhfeacaidh sé thú ag teacht abhaile ar meisge, sáiththe i mbuighin, ná ag cómhluadar le droch chuideachtaí*, I never heard anyone say he saw you coming home drunk, involved in a quarrel or keeping bad company [PUL1904]. **Lucht comhluadair**, associates. **Comhluadar a dhéanamh le duine**, to associate with someone. **Comhluadar a bheith idir thu agus duine**, to associate with someone. **Rud a bheith de chomhluadar agat**, to have something as company. **Comhluadar díomhaoin**, idle association (avoided by the godly). **Comhluadar mígheanmnaí le duine**, unchaste association with someone.

**comhnaois**<sup>293</sup>, f. (gs. **comhnaoise**, npl. **comhnaoiseanna**, dpl. **comhnaoisibh**) (cóim-naois/cóim-naois) (kō:'ni:f, kō:'ni:jənə) the same age. **Bheith comhnaois do dhuine**, to be the same age as someone. **Duine dá lucht comhnaoise**, one of his contemporaries. Note: DBÓC1940 has **comhnaos**.

292Note the plural cólaighe in PUL's letter to the Irishman 1878.

293Check pl.

**comhnaos**, m. ⇒ **comhnaois**.

**comhobair**<sup>294</sup>, f. (gs. **comhoibre**) (cóim-obair) (ko:-obir') cooperation, work in common, **Comhobair a dhéanamh le duine**, to cooperate or work with someone.

**comhoscail**, m. (cóim-oscail) (ko:-oskæl) equal angle. Note: this appears to be an *ad hoc* word found in PUL1926b.

**cómhpháirteach**, m. (npl. **cómhpháirtigh**) (cóim-pháirteac. cóim-pháirteig) (ko:-fa:rt'əx, ko:-fa:rt'ig') colleague.

**cómhpháirtí**, m. (npl. **cómhpháirtithe**) (cóim-pháirtíde, cóim-pháirtíde) (ko:-fa:rt'i:, ko:-fa:rt'ih) colleague; military ally. [DBÓC]

**cómhphléasc**, f. (cóim-phléasc) (ko:-fl'iasc) simultaneous discharge of ordnance. [DBÓC]

**cómhra**, f. (gs. **cómhrann**, ds. **cómhrainn**, pl. **cómhranna**) (cóimhra, cóimhranna, gs. cóimhrann, ds. cóimhrainn) (ko:rə, ko:rənə, gs. ko:rən, ds. ko:riŋ') coffin. **Cómhra na leabhar cúntais**, ledger safe (in DBÓC1933). See also ⇒ **cófra**.

**comhrá**, noun/vn, m. (npl. **comhráite**) (cóimhráid, cóimhráidce, gs. cóimhráid) (kō:'ra:, kō:'ra:t'i) conversation. **Mar chomhrá**, as an oral language: *ach d'airigheas an chaint agus na ráflaí, ó Bhaile Átha Cliath, 'ghá rádh go raibh buidhean le cur ar bun chun na Gaelinne shaothruhadh agus chun í choimeád beó, mar chómhrádh, d'a labhairt a' béalaibh na ndaoine*, but I heard talk and reports from Dublin that a group was to be set up to cultivate Irish and to keep it alive as an oral language spoken by the people [PUL1915]. **Ag comhrá le duine**, conversing with someone. **Comhrá coiteann**, general conversation. **Comhrá dí**, a chat over a drink.

**comhrac**, noun/vn, m. (npl. **comhraic**, gpl. **comhrac**) (cóimrac, cóimrac) (kō:ræk, kō:rik') fight, encounter, fray. *I gcómhrac lae agus oídhche*, just at the time of day where day meets night [PUL1904]. **Sos comhraic**, ceasefire. **Sos comhraic do bhriseadh**, to break a ceasefire. **Cathair a thógaint le corp nirt comhraic**, to take a city by storm. **Ag comhrac le duine/in aghaidh duine**, fighting with someone. **Comhrac aonair a dhéanamh le duine**, to engage in single combat with someone. **Comhrac dhá líne**, the juncture of two lines, the point at which two lines meet. **Fear cómhraic**, man of war, fighting man. **Cómhrac a fógairt ar**, to challenge to combat. See ⇒ **comhraicim**.

**comhraicim**, vn. **comhrac**, verb. (cóimraicim, cóimrac) (ko:ræk'im', ko:ræk) I meet, encounter; fight. **Cómhrac le duine**, to fight against someone. Past: **do chomhraiceas**, **do comhraic sé**. Future: **comhraicfead/cómhraiceód**, **comhraicfidh sé/cómhraiceóidh sé**. Imperative: **comhraic**. Participle: **comhraicthe**.

**comhriachtain**, f. GCh. ⇒ **cómhriachtaint**.

**cómhriachtaint**, noun/vn, f. (gs. **cómhriachtaint**) (cóimriachtaint) (ko:-'riəxtint') copulation, coition. **Ag cómhriachtaint le**, copulating/breeding with.

**comhsheirbhíseach**, m. (npl. **comhsheirbhísigh**) (cóimshairbhíseac, cóimshairbhísig) (kō:-her'i'vi:jəx, kō:-her'i'vi:jig') fellow servant, fellow domestic worker.

**comhshleasach**, adj. ICS. ⇒ **comhlíneach**.

**cómhspás**, m. (cóim-spás) (ko:-spa:s) an equal space.

**comhthaobhach**, adj. (cóimthaobac) (ko:-he:vəx) isosceles; with equal sides. **Trianoscail comhthaobhach**, an isosceles triangle (see PUL1926b). Note: this word is used in GCh to mean "collateral", as an adjective. See ⇒ **comhchosach**.

**cómhtharrac**, vn, m. (cóim-tharrac) (ko:-harək) pulling in unison. **Ar cómhtharrac**, putting in unison (as of a team of horses). [CFBB]

**comhthionól**<sup>295</sup>, m. (npl. **comhthionóil/comhthionóla**, gpl. **comhthionól**) (cóimthionól, cóimthionólca) (ko:həno:l, ko:həno:l'~ko:həno:lə) assembly, gathering. **Comhthionól a chruinniú**, to call or convene an assembly.

**cómhthíreach**, m. (npl. **cómhthíreacha**) (cóim-thíreach, cóim-thíreachca) (ko:-hi:r'əx, ko:-hi:r'əxə) fellow countryman.

**cómhthómhas**, m. (cóimthómar) (ko:-ho:s) equal measure. **Ar chómhthómhas**, of equal measure, commensurate in size.

**cómhthreabhach**, m. (npl. **cómhthreabhaigh**) (cóim-threabac, cóim-threabacab) (ko:-hr'avəx, ko:-hr'avig') fellow countryman.

**cómhthreó**, m. (cóimthreó) (ko:-hr'o:) parallel direction. **I gcómhthreó le**, in parallel with.[DBÓC]

**cómhthreómhar**, adj. (comp. **cómhthreómhaire**) (cóimthreómar, cóimthreómarce) (ko:-hr'o:vəg, ko:-hr'o:vir'i) parallel. [DBÓC]

**comhthreomharán**, m. ICS. ⇒ **comhthreomharán**.

**cómhthreórach**, m. (npl. **cómhthreóraigh**) (cóimthreórac, cóimthreóracig) (ko:-hr'o:rəx, ko:-hr'o:rig') parallel line. [DBÓC]

**cómhthrom**, m. (gs. **cómhthruim**) (cóimthrom, gs. cóimthruim) (ko:rħəm) an equal weight of something. *Ní lúgha 'ná bhéadh aon chiall le comhthrom an airgid bhréagaigh do thabhairt, i n-airgead dílis, do gach éilteoir ná raibh a chapall ann le tabhairt dó*, neither would there have been any sense in giving an amount in true coin equal to the amount in false coin to each claimant whose horse was not there to be given to him [PUL1904]. Note: this form is only used where the reference is specifically to something weighted out. Otherwise see ⇒ **cothrom**.

**comórtas**, m. (npl. **comórtaisí**) (comórtac, comórtacir/comórtacirí, gs. comórtacir) (kə'mo:rtəs, kə'mo:rtij:i) comparison, competition. **Comórtas a dhéanamh**, to make a comparison: *dá ndeintí comórtas idir na tíorthaibh isé mo thuairim láidir go bhfaighfí níos mó daoine dílse ar Ghaedhlaibh 'ná mar a gheóbhfí i náisiúnaibh eile*, if a comparison were made between the nations, it is my strong opinion that more loyal people would be found among the Gaels that would be found in other nations [PUL1915]. **Ag dul i gcomórtas le**, to compete with. **Triail comórtais**, contest. *Ná cuir thu féin i gcomórtas le rígh, muna rígh thu*, don't take on a king unless you are also a king [PUL1903]. **Ag dul isteach i gcomórtas**, to enter a competition: *nuair a tháinig deire na bliana agus an triail comórtais, féachaint cé gheóbhadh dul go Coláiste Mhaighe Nuadhat do chuas isteach sa chomórtas chómh maith le cách*, when the end of the year

294Check pronunciation.

295Check pronunciation in the light of PUL's cómhthionól and the Munster form cómhthalán and cufalán...

Transcribed as indicated in the LS for PUL1913 and CFBB 273.

came and the competition to see who would get to go to Maynooth College, I entered the competition along with everyone else [PUL1915]. **Nára slán comórtas**, there is no comparison! A fine comparison indeed! Also with **ar**: *chuaidh ceathrar agus trí fichid des na buachaillibh isteach ar an gcomórtas san*, sixty-four boys entered for that competition [PUL1915]. Note: the plural is given in CFBBx.

**compánach**, m. GCh. ⇒ **cúmpánach**.

**comparáid**, f. (gs. **comparáide**, npl. **comparáidí**) (comparáid, comparáidí) (ku:mpə'ra:d', ku:mpə'ra:d'i:) comparison. **Rudaí a chur i gcomparáid le chéile**, to compare things. **I gcomparáid le**, compared with. **An ceann is fearr den chomparáid a bheith agat**, to come off best in the comparison.

**compás**, m. (gs. **compáis**) (compár) (ku:m'pə:s) compass.

**compord**, m. (gs. **compoid**) (compóird, compóirdí) (ku:m'pə:rd, ku:m'pə:rd'i) comfort. **Compord do dhuine**, comfort or consolation to someone. **Compord suite**, comfort in sitting: *deirim gan amhras aon mhada ruadh do bhainfadh an t-earbal dé féin gur ... chompóird suighte dhó é*, I say without doubt that any fox who cuts off his tail will be able sit more comfortably as a result [PUL1903]. **Ní haon chompord bheith anso**, there is no pleasure in being here. **Compord a bheith agat**, to have some form of comfort (e.g. as in the ease a hobby gives you). **Cúmpóird aigne**, mental comfort, solace. **Inead cúmpúird (ar an dtraein)**, a first-class train carriage. **Cúmpóird a chur ar dhuine**, to afford someone comfort.

**compordach**, adj. (gsm. **compordaigh**, gsf/comp. **compordaí**) (compóirdach, compóirdaige) (ku:m'pə:rdəx, ku:m'pə:rdi:) comfortable.

**compordúil**, adj. (comp. **compordúla**) (compóirdúil, compóirdúil) (ku:m'pə:rdu:l', ku:m'pə:rdu:lə) comfortable.

**comrádaí**, m. (npl. **comrádaíthe**) (comrádaí, comrádaí) (kumə'ra:di:, kumə'ra:dihi) comrade, mate. **Comrádaí garsúin (a bhí agam)**, a boy who was a mate of mine. **Comrádaí scoile**, a schoolmate.

**comrádaíocht**, f. (gs. **comrádaíochta**) (comrádaíocht, comrádaíocht) (kumə'ra:di:xt) comradeship, companionship. **Comrádaíocht a dhéanamh le duine**, to consort with someone.

**conabhlach**, m. (npl. **conabhlacha/cnublaigh**, gpl. **conabhlach**) (conabhlach, conabhlach/conabhlach) (knubələx, knubələxə~knubəlig') carcass, remains. **Conabhlach mhadra<sup>296</sup>**, the carcass of a dog.

**conách**, m. (gs. **conáigh**) (conách, gs. conáigh/conáigh) (kno:x) wealth, prosperity. *A chonách air é!*, it serves him right!

**conach**, m. (gs. **conaigh**) (conach) (kə'nəx) murrain, a disease in cattle.

**cónaí**, noun/vn, f. (gs. **cónaithe**, npl. **cónaithe**) (cónaithe) (kō:'ni:) 1. living. **Do chuaigh sé chun cónaithe thar lear**, he went to live abroad. **I gcónaí**, always, still. *Do thuig na ríthe agus na taoisigh, ó bhí san mar sin, gur cheart spórt agus caitheamh aimsire chur ar bun, i dtreó, nuair a stadfaí i gcóir na h-oidhche i gcómhnuighe, go mbéadh rud éigin chun daoine choimeád go suairc agus go sultmhar*, the kings and chieftains realised that, since that was so, that it was right to provide sport and recreation, so that, whenever they stopped for the night, there would be something to keep the people gay and cheerful [PUL1907]. *Théadh sé ag imirt i gcónaí*, he kept on going playing cards [AÓL1968]. **I gcónaí riamh**, ever and always. **Táim im chónaí i gCorcaigh, tá cónaí orm i gCorcaigh**, I am living in Cork. **Duine a chur ina chónaí**, to put someone in his place: *ba ghearr go gcurfá na h-uaisle 'na gcómhnuidhe, agus ba ghádh san*, you would soon put the gentlemen in their place, and that is badly wanted [PUL1904]. 2. dwelling, residence. **Cónaí a dhéanamh ag duine**, to dwell with someone. **Cónaí a dhéanamh (duit féin) in áit**, to settle permanently, make your home in a place, dwell there. **Inead cónaithe**, dwelling place. **Áit a chónaithe (a áit cónaithe)**, his dwelling. **Tigh cónaithe**, dwelling-house. **Tigh ana-dheas chun cónaithe**, a very pleasant house to live in. **Duine a chur cónaithe in áit éigin**, to accommodate someone somewhere: *b'éigean tighthe nua do chur suas, i n-aice an tíghe mhóir, i dtreó, nuair a thioctadh rígh cúige nó príunsa nó fear léighinn, go bhféadfaí é chur chun cómhnuighthe ar a shuaimhneas*, they had to build new houses next to the main house so that, when a provincial king or prince or scholar came, they could accommodate him at his leisure [PUL1907]. Note: sometimes **cónaigh**, as in *Athaigh athá chun cónaig inti*, giants live there [AÓL1968]. See ⇒ **cónaim**.

**cónaim**, vn. **cónaí**, verb. (cónaim, cónaithe) (kō:'ni:m', kō:'ni:) I live, dwell. *'Do dhearbhuigh sé leis, arsa 'n ceann airm, 'gur bh'é duine a bhí ag déanamh an airgid bhréagaigh 'ná fear a chómhnuighean sa Mhúmhaín gurab ainim dó Séadna*, he testified also, said the police chief, that the person who produced the forged coins was a man living in Munster called Séadna [PUL1904]. **Nár chónaí tú anocht**, may you not rest tonight. **Cónaí id leannán ag duine**, to live with someone as an unmarried lover. **Lucht cónaithe**, inhabitants. Past: **do chónaíos, do chónaigh sé**. Future: **cónód, cónóidh sé**. Imperative: **cónaigh**. Participle: **cónaithe**. Note: PUL used to spell the verbal noun **cómhnuighe**, possibly to align the spelling with that of the verb.

**conair<sup>297</sup>**, f. (gs. **conaire**, npl. **conairí**) (conair, conairí) (kunir', kunir'i:) path, passage. [CFBB, DBÓC]

**Conaire**, name. (Conaire) (kunir'i) Conaire, an Irish masculine name, associated with the legendary High King Conaire Mór.

**conairt**, f. (gs. **conairte**, npl. **conairteacha**) (conairt, conairte) (kunirt', kunirt'əxə) pack of dogs.

**Conairt gadhar**, a pack of hounds (for fox-hunting). **Máistir conairte**, master of foxhounds. [DUL]

**cónaitheach**, adj. (comp. **cónaithe**) (cónaitheach, cónaithe) (kō:nihəx, kō:nih:) constant, continual.

**cónaitheach**, m. (npl. **cónaithe**) (cónaitheach, cónaithe) (kō:nihəx, kō:nihig') dweller, resident.

296The lenition on madra is given in PUL1931. Standing for cnubalach de mhadra?

297Check pl. PSD has conaire.



**cónaitheóir**, m. (gs. **cónaitheóra**, npl. **cónaitheóirí**) (cómnuigēceoir, cómnuigēceoirí) (ko:niho:r', ko:niho:r'i:) dweller, resident.

**Conán**, name. (gs. **Conáin**) (Cονάν) (kə'nɑ:n) Conan, an Irish masculine name (meaning "hound, wolf").

**conas**, adv. (cιονναρ) (konəs) how. **Conas tánn tú? conas tá an misneach?** how are you? With a clause, **conas mar:** *is cuimhin liom, 'n-a dhiaigh san, conus mar a chuireas aithne ar chnuc atá lastuaidh de'n Doire Liath*, I remember, after that, how I got acquainted with a hill to the north of the Derryleigh [PUL1915]. *Innsteair sa leabhar conus mar a bhí rí uasal árd-chómhachtach sa domhan tsoir*, it is related in the book that there is a noble and powerful king in the east [PUL1915]. **Conas é sin?, conas san? conas sin?**, what do you mean? how so? how can that be? **Conas san airiú?**, how is that then? (a request for further explanation). **Conas a bheidh an scéal (dá...)?**, what if...?

**conbhint**<sup>298</sup>, m. (npl. **conbhintí**) (konv'int', konv'int'i:) convent. Also **conbhint ban rialta**. Note: the recommended Irish form is **clochar**, but PUL1907 uses **conbhint**. PUL explained elsewhere that the word is used in the Four Masters.

**Conchúr**, name. (gs. **Conchúir**) (Cονcύρ) (kro'hɹu:r) an Irish name sometime rendered as Connor, and the name of Conchubar mac Nessa, mythological king of Ulster in the Ulster Cycle of myths.

**concúbina**, s. (konku:'b'i:nə) concubine.

**confesóir**, m. (npl. **confesóirí**) (konf'ə'so:r', konf'ə'so:r'i:) confessor (of the church).

**cóngar**, m. (npl. **cóngair**) (cómγαρ, cómγαιρ) (kō:ŋgər, kō:ŋgir') 1. proximity. *Ag teacht i gcómhgar an tíghe do Shéadna*, as Séadna approached the house [PUL1904]. **I gcóngar dom**, close to me. **In aon chóngar dó**, anywhere near it. Also, **im chóngar**. **I gcéin is i gcóngar**, far and near. **Sa chóngar**, nearby. 2. shortcut. **Bóthar cóngair**, shortcut. Also **cosán cóngair**. **Ag dul/teacht/gabháil an chóngair**<sup>299</sup>, to take the shortcut. **Bhí cóngar againn crosta na coille**, we took a shortcut across the wood. *Chomáineas rómham iad an cnuc suas i dtreó go bhféadfainn teacht cómhgar an chnuic abhaile leó*, I drove them before me up the hill so I could come by the hill shortcut home with them [PUL1915]. *Bhí fhios agam go raibh Cúm na n-Éag ar m' aghaidh soir díreach, agus go bhféadfainn cómhgar mór a dhéanamh ach aghaidh a thabhairt soir*, I knew that Coomnaneage was straight ahead to the east of me, and that I could make a shortcut by going east [PUL1915]. *Nuair a bhíos ag teacht abhaile an cómhgar*, when I was coming home by the shortcut [PUL1904]. **Tríd an gcosán cóngair**, by the shortcut. *As gach áird idir chian agus cómhgar*, from every direction, far and near [PUL1904]. *Ansan do thug daoine mar bhéas dóibh féin an cómhgar a ghlacadh ar an ainim agus gan a thabhairt uirthi ach Niamh*, then people got into the habit of shortening the name and only calling her Niamh [PUL1907]. **Cóngar mór is ea é**, it is a shortcut that cuts a lot out of the journey. **Cóngar chun áite**, a shortcut to a place.

**cóngarach**, adj. (comp. **cóngaraí**) (cómγαρας, cómγαραίγε) (kō:ŋgərəx, kō:ŋgəri:) 1. near to. Used with **do:** **an áit is cóngaraí dúinn**, the place nearest to us. **Tá an tigh cóngarach do bheith críochnaithe**, the house is nearly finished. **Cóngaraí don mharc**, nearer to the mark. 2. terse, curt. *Thugadar cómhairle cómhngarach neamh-chongantach dó*, they gave him glib, unhelpful advice [PUL1907]. **Freagra chóngarach**, a ready answer.

**cóngarach**, f. (gs. **cóngarachta**) (cómγαρας) (kō:ŋgərəxt) nearness, proximity. **Sa chóngarach**, in the vicinity.

**cóngas**<sup>300</sup>, m. (npl. **cóngais**) (cómγαιρ, cómγαιρ) (kō:ŋgəs, kō:ŋgij) closeness; relationship; a relative. *D'eirigh an cómhngas, agus ansan an gaol, idir iad féin agus na cómharsain a bhí 'n-a dtímpal*, they became close and then related to the neighbours around them [PUL1907]. **Cóngas spioradálta**, spiritual affinity (as of a godmother in PUL1921). Note: PUL1921 explains that **cóngas** refers to "affinity", a relationship by marriage, whereas **gaol** refers to consanguinity, a blood relationship.

**Conn**, name. (gs. **Coinn**) (Cονη) (ku:n) Conn, an Irish name associated with the ancient High King Conn Cétchathach.

**Connacht**, f. (gpl. **Connacht**, dpl. **i gConnachtaibh**) (Cονακτ) (konəxt) Connaught or Connacht, the western province of Ireland. Note: a plural noun, which explains the morphology.

**Connachtach**, adj. (Cονακτᾶς) (konəxtəx) of Connaught/Connacht. **Gaelainn Chonnachtach**, Connaught Irish.

**Connachtach**, m. (npl. **Connachtaigh**, gpl. **Connachtach**) (Cονακτᾶς, Cονακτᾶίγ) (konəxtəx, konəxtig') a native of Connaught/Connacht.

**connadh**, m. (gs. **connaidh**) (Cοναδ) (kunə, gs. kunig') firewood, fuel. **Smután connaidh**, a chunk of firewood. [PÓB]

**connradh**, f. (gs. **conartha**, npl. **connratha**, gpl. **connradh**) (Cονηραδ, Cονηραδα) (ku:rə~ku:rəv, ku:rəhə, gs. konərhə) 1. agreement, treaty. **Connradh do bhriseadh**, to break an agreement or covenant. **Connradh a dhéanamh le duine**, to make an agreement/covenant with someone. **Lúf isteach i gconnradh le duine**, to enter a covenant with someone. **Connradh a shuí le duine**, to settle a covenant with someone. *Siubhluigh am' láthair agus bí gan locht agus déanfadh connradh idir mé féin agus tú agus déanfadh do shliocht iomadhamhail thar barr*, walk before me, and be perfect. And I will make my covenant between me and thee: and I will multiply thee exceedingly [PUL1925]. **Arc na Conartha**, Ark of the covenant. **Bheith i gconnradh le duine**, to be allied with someone. **Dul i gconnradh le duine**, to enter a compact with someone. 2. contract. **Lucht connradh**, contractors. 3. league. **Conradh /kunəɾ/ na Gaelainne**, the Gaelic League. Note: **connradh** is masculine in PUL1924, but feminine in other works. The plural is attested in DBÓC1933.

**cónra**, f. GCh. ⇨ **cómhra**.

**consal**, m. (npl. **consail**, gpl. **consal**) (Cονσαι, Cονσαι) (konsəl, konsil') consul.

**consalacht**, f. (gs. **consalachta**) (Cονσαιλας) (konsələxt) consulship; consulate.

298Check gender, gs and viability of the form.

299Probably an cóngar.

300Check pl.

**constábla**, m. (**constáblaí/constáblaithe**) (constábla, constáblaí) (ku:n'sta:bələ, ku:n'sta:bəli:~ku:n'sta:bəlihi) constable, policeman. Note: AÓL had **constáblaithe** in the plural in AÓL1968. [DBÓC, AÓL]

**constaic**, f. (gs. **constaice**, npl. **constaicí**) (constaic, constaicí) (ku:nstak', ku:nstak'i:) obstacle, dodge, a "catch". **Constaic a chur i gcoinnibh ruda**, to place obstacles in something's way.

**contae**, m. (npl. **contaetha**) (contae/connae, contaete) (ku:n'te:, ku:n'te:hə) county. **Contae Luimní**, Co. Limerick. **Contae na Mí**, Co. Meath.

**contráth**, m. (gs. **contrátha**) (contráth) (koun'tra:) dusk, gloaming. **Contráth na hoíche**, nightfall. Note: also found as **cróntráth** in Béal Átha'n Ghaorthaidh. [AÓL, DBÓC]

**contúirt**, f. (gs. **contúirthe**, npl. **contúirtí**) (contáirt, contáirtí) (ku:n'tu:rt', ku:n'tu:rt'i:, gs. ku:n'tu:rhə) 1. danger. **Contúirt an uisce**, the danger posed by the water. With *i*: *tá aon chontabhairt amháin sa sgéal, ámhthach*, there is one danger in the matter/one risk is being run, however [PUL1907]. **Contúirt don stát**, a danger for the state. 2. doubt. *Thug mo neamhthuisgint féin contabhairt eile orm*, my own thoughtlessness led me into more danger [PUL1915]. I **gcontúirt**, in danger (sometimes with a further attribute, in danger of something happening, liable to do something): *agus é féin agus a chapall i gcontabhairt tuitim i ndíg an bhóthair*, with both him and his horse in danger of falling into the ditch at the side of the road [PUL1915]; *do thaidhbh[r]igh do go raibh na fallaí ag dúnadh isteach timcheall air i gconntabhairt é mhuchadh*, he imagined the walls were closing in on him and threatening to suffocate him [DBÓC1933]. I **gcontúirt ó dhuine**, to be in danger of someone. **Níl sé in aon chontúirt**, he is not in any danger. *Táim-se anois chómh fada isteach sa chontabhairt agus ataí-se*, I am as much in danger as you are [PUL1907]. **Tá gach aon chontúirt (go)**, there is every danger (that). **Dul i gcúirt**, to run a risk, expose yourself to danger. **Titim i gcúirt**, to fall into danger. **Contúirt os cionn duine**, a danger hanging over someone. **Duine a thabhairt as contúirt**, to get someone out of danger. **Fan amach as an gcontúirt**, stay out of danger. **Cúirt anama (ort)**, mortal danger. **Gan chúirt**, safely.

**contúirteach**, adj. ICS. ⇒ **contúirtheach**.

**contúirtheach**, adj. (comp. **contúirtheach**) (contáirt, contáirtí) (ku:n'tu:rhəx, ku:n'tu:rhəi:) dangerous, risky. *Agus do thuig sí ná fuil aon nídh is contabharthaighe do'n umhluidheacht 'ná moladh, agus d'á mhéid agus d'á fhírinne é an moladh gur b'eadh is mó an chontabhairt*, and she realised there is nothing more dangerous for humility than praise, and the greater and the more truthful the praise it, the greater the danger [PUL1924].

**copóg**, f. (gs. **copóige**, npl. **copóga**) (copóg, copóga) (kə'pɔ:g, kə'pɔ:gə) burdock.

**cor**, m. (gs. **coir**, npl. **cora/coraí**<sup>301</sup>) (cor, cora/coraí) (kɔr, kɔrə/kɔ'ri:) throw, cast. **In aon chor** <sub>1 n-aon cor</sub> (ə 'ne: xər) at all: **nílim go holc in aon chor**, I am not bad at all. Often used as a intensifier: *cad a dhéanfad i n-aon chor!*, what on earth will I do? [PUL1915]. Also **ar aon chor** /er' 'e:n xər/ (attested in LASID, but not used by PUL or AÓL). **An cor atá air**, the situation or condition he is in: *is deas an cor a bhéadh ansan uirthi*, she would then be in a right state [PUL1904]. **An cor atá ort ag duine**, they way you are being treated by someone. **Cuirim cor díom**, I budge: *do chití ansan iad gach aon mhaidean tar éis na h-oídhche, agus iad sínte 'n-a srathanaibh ann, cuid acu ag coruighe agus cuid acu socair go leór, gan aon chor acu 'á chur díobh*, you would see them there every morning after the night lifted, stretched out in rows, some of them stirring and some of them really quiet, without making a move [PUL1915]. *"Ní chuirfidh an cás cor eile dhé," arsa Tadhg, "go dtí go dtabharfar an páipéar eile dhómh-sa"*, "the case will proceed no further", said Timothy, "until you give me the other slip of paper" [PUL1915]. *Ní' cor 'n-a croíde ná 'n-a h-aighe ná fuil 'fhios agam*, nothing happens in her heart or mind I don't know of [PUL1907]. *Is 'mó cor a dh'fhéadfadh an saoghal a chur dé 'dir seo agus an oídhche*, things can change a lot between now and night-time [PUL1907]. **Cor a chur de rud**, to move something. Often paired with **leid** (or **lúb**): **gan cor ná leid do chur díot**. **Tugaim cor do dhuine**, I give someone the slip, trip someone up. **Pé cor a bhéarfadh í**, whatever happened to her, no matter what happened to her. **Cor a thabhairt do dhuine/ar dhuine**, to treat someone in a certain way, do something to someone: *ansan beidh Broderick agus Saunders anuas sa bhraiceal oraibh go léir, agus neart dóibh a rogha cor a thabhairt daoibh*, then Broderick and Saunders would be down on you all like a ton of bricks, and able to do exactly what they wanted with you [PUL1915]<sup>302</sup>; *tá coillteáin gur thug daoine an cor san ortha*, there are eunuchs, who were made so by men [PUL1915b]; *ansan do chuir sé seirbhísigh eile ag triall ortha airís, níba mhó 'ná an chéad chuid agus thugadar an cor céadna ortha*, again he sent other servants more than the former; and they did to them in like manner [PUL1915b]. *Ná bíodh aon iontaoibh choidhche agat as do namhaid bhunaidh, pé cor a thabharfidh sé dhó féin*, don't ever trust your inveterate enemy, whatever happens to him/whatever he does with himself [PUL1931]. **Pé cor a thabharfadh sé dhó féin**, however he looked at it. **Cor coise a thabhairt do dhuine**, to trip someone up. **Cad é sin dómhsa?**, so what? **Cad é sin dó** with an interrogative clause with **cor**, what is it to him (what happens, what someone says or does, etc)?: *cad é sin dómh-sa cad é an cor a thabharfaidh sé siúd dó féin!*, what is it to me what he does with himself? [PUL1907]. **Cor in aghaidh an chaim**, tit for tat. **Cor is lúb i rud**, twists and turns in something: *cad é mar fhéadan sí caint agus sult agus gáirí dhéanamh, gur dhóich le duine ná fuil cor ná lúb 'n-a croíde ach oiread leis an leanbh!*, how she can talk, have fun and laugh, in such a way that you would think there were no wiles in her heart any more than a child [PUL1907]. **Cor cainte**, a turn of phrase. **Cor iomrascála**, a bout of wrestling. **Téad trí gcor**, a threefold cord, a cord of three strands. **Gan cor asat**, without moving.

301Unclear as of yet which is the Cork form.

302This doesn't correspond exactly to the definitions in the dictionary.

**cór**, m. (npl. **córa**) (cóρ, cóρλ) (ko:r, ko:rə) choir, chorus.

**cór**, m. (npl. **córa**) (ko:r, ko:rə) kor, a Hebrew dry/liquid measure equivalent to 220 litres.

**cor**, vn. ⇒ **coirim**.

**cora**, f. (npl. **coraithe**) (corλ, corλιδελδλ, gs. corλδ, ds. corλιδ) (korə, kurihi) weir, dam. **Ceann Cora**, Kincora, the site of a fort near Killaloe, Co. Clare, built by Brian Ború in AD 1002.

**córach**, adj. (comp. **córaí**) (cóρλδ, cóρλιδε) (ko:rəx, ko:'ri:) shapely, comely, pleasant. *Bhí sé chómh cúmtha chómh córach san 'n-a dhéanamh gur bhreagh liom bheith ag féachaint air*, he was so handsome and well-proportioned that I enjoyed looking at him [PUL1915]. Often in alliterative combinations: *go cúmtha córach cothuighthe cumasach deagh-chroicinn*, handsome, well-proportioned, well-nourished, strong and fine-complexioned [PUL1904].

**córaí**, vn. **córu**, verb. (cóρλιδιμ, cóρλιδδ) (ko:'ri:m'~ko:'ri:m', ko:'ru:~ko:'r'u:) I arrange, dress; I improve on something, fix it up. *Agus neart fear Éirean do ghleusadh agus do chórughadh, mar a ghleus Fionn é*, and to equip and dress [for battle] the strength of the men of Ireland as Fionn equipped it [PUL1907]. **Bia a chóru**, to dress, prepare food. **Seomra a chóru**, to prepare or arrange a room (as for a guest). **Slua ' chóru**, to muster an army. **Droch-chomhairle ' chóru**, to frame evil advice. **Leabaidh chóraithe**, a bed that has been made. Past: **do chóraíos, do chóraigh sé**. Future: **córód, córóidh sé**. Imperative: **córaigh**. Participle: **córaithe**.

**córaíocht**, f. (gs. **córaíochta**) (cóρλιδελδτ) (ko:'ri:xt) chorus singing.

**coráiste**<sup>303</sup>, f. (gs. **coráiste**) (corρλιδιρτε) (kə'rɑ:ʃ'i) courage. **Coráiste a chur ar dhuine**, to inspire someone with courage or confidence. **Níor chuir sé aon choráiste mhór air**, it didn't inspire him with confidence. **Duine a chur i gcoráiste chun (rud a dhéanamh)**, to encourage someone to do something.

**córas**, m. (gs. **córais**) (cóρλρ) (ko:rəs) chorus.

**corc**, m. (npl. **coirc**) (corρ, cuirρ) (kork, kirk') cork.

**corca**, f. (gs. **corca**) (corρλ) (korkə) race, people. **Corca Baoiscne**, Corca Baiscinn, the name of an early kingdom in Co. Clare. **Corca Modhruadh**, Corcomroe, Co. Clare.

**Corcaigh**, f. (gs. **Corcaí**) (Corρλιδι) (korkig') Cork. **I gCorcaigh**, in Cork.

**corcáinín**, m. (npl. **corcáiníní**) (corρλιδιν, corρλιδινι) (kə'r'ka:n'i:n', kə'r'ka:n'i:n'i:) little pot.

**corcair**, f. ICS. ⇒ **corcar**.

**corcán**, m. (npl. **corcáin**) (corρλιν, corρλιν) (kə'r'ka:n, kə'r'ka:n') cooking pot.

**corcar**, adj. (adj. **corcaire**) (corρλρ, corρλριε) (korkəρ, korkə'ri) purple.

**corcar**, m. (gs. **corcair**) (corρλρ) (korkəρ) purple hue. **Chómh dearg le corcar**, as red as purple dye.

**corcra**, adj. (comp. **corcraí**) (corρλιδ, corρλιδε) (korkəρə, korkə'ri:) purple, scarlet. *Chuireadar éadach corcra uime*, they put on him a purple robe [John 19:2, PUL1915/2].

**corcraí**, vn. **corcrú**, verb. (corρλιδιμ, corρλιδδ) (korkə'ri:m', korkə'ru:) to turn purple; to cause to turn purple. [DBÓC]

**corcrú**, vn. ⇒ **corcraí**.

**corda**, m. (npl. **cordaí**) (corρδλ, corρδλ) (ko:rdə, ko:r'di:) cord, string.

**coriandar**, m. (gs. **coriandair**) (ko'r'iandəρ) coriander.

**Cormac**, name. (gs. **Cormaic**) (Corρλδλ) (korəmək) the Irish name Cormac, the name of a 10th century bishop-king of Munster.

**cormneasc**, m. (gs. **cormneaisc**) (corρινβ-neaρδ) (korm'n'ask) cow-spancel from horn to front leg. [LASID]

**corn**<sup>304</sup>, m. (npl. **coirn**, gpl. **corn**) (corρλ, cuirρλ/corρλλ) (korən, kir'in') drinking-horn. **Giollaí corn**, cupbearers.

**cornasc**, m. ⇒ **cormneasc**.

**coróin**, f. (gs. **coróinneach**, npl. **coróinneacha/coróinní**, dpl. **coróinníbh**) (coróινλ, coróιννελδλ/coróιννι) (kro:'η', kro:'ηəxə~kro:'η'i:) crown; circle. **An Choróin Mhuire**, the Rosary. *Agus nuair a chonaic sé an duine bocht i n-aice an tuir ar a ghlúinibh ag rádh na Coróinneach Muire*, and when he saw the poor man on his knees next to a bush saying the Rosary [PUL1904]. **Leathchoróin**, half a crown (in money). Also crown in the monetary sense (five shillings in the pre-decimal coinage): **coróin féin bpúnt**, 25%, a crown in the pound. **Coróin dheilgneach**, a crown of thorns. **Piosa coróinneach**, a five-shilling piece. **I gcoróinn**, reigning, on the throne.

**coróinní**, vn. **coróinniú**, verb. (coróιννιμ/coróιννιμ, coróιννδ/coróιννδδ) (kro:'η'i:m', kro:'η'u:) I crown. Past: **do choróinníos, do choróinnigh sé**. Future: **coróinneod, coróinneoidh sé, coróinnfar**. Imperative: **coróinnigh**. Participle: **coróinnithe**. Note: the future autonomous is attested as shown (a first-conjugation form).

**coróinniú**, noun/vn, m. (gs. **coróinnithe**) (coróιννδδ/coróιννδδ) (kro:'η'u:) coronation, crowning. See ⇒ **coróinní**.

**corónaí**, verb. ICS. ⇒ **coróinní**.

**corónú**, vn. ICS. ⇒ **coróinní, coróinniú**.

**corp**, m. (npl. **coirp**, dpl. **corpaibh**) (corρ, cuirρ) (korp, kirp') body. **An Corp Naofa**, the Eucharist, the Host. **Corp Chríost**, the body of Christ<sup>305</sup>. **Dardaoin Corp Chríost**, the feast of Corpus Christi. **An Corp Naofa**, the Eucharist. **Neart coirp**, physical strength. **Corp neamhshuim i rud**, indifferenct something, lack of interest in it. **I gcorp an fhalla**, in the very

303Is the first vowel elided?

304Check pl.

305PUL1921 maintains a distinction between corp Chríost, the actual physical body of Christ that lay in the tomb and Corp Críost with no lenition – the Eucharist.

wall, in the body of the wall. **Le corp**, through, out of (referring to the emotion or motivation with which something is done): *déarfadh sé gur le corp droch aigne a déarfadh aoinne a leithéid*, he would say that anyone who said that would do so out of malice [PUL1907]. *Tá sí ceapaithe ar do chroidhe a bhriseadh istigh ad' chliabh le corp soilbhris agus síbhialtacht!*, she has determined to break your heart within your breast/to crush you within with jollity and civility [PUL1907]. **Le corp lámh láidir**, by means of oppression. **Le corp nirt**, by force.

**corpáinín**, m. (npl. **corpáiníní**, gpl. **corpáinín**) (corpáinín, corpáiníní) (kə'pɑ:n'i:n', kə'pɑ:n'i:n'i:) little body.

**corpán**, m. (npl. **corpáin**, gpl. **corpán**) (corpán, corpáin) (kə'pɑ:n, kə'pɑ:n') corpse.

**corpartha**, adj. (corpapθa) (korpərhə) bodily; material. **Maitheasaí corpartha**, material goods.

**corpfiacha**, spl. GCh. ⇒ **cuirpfiacha**.

**corploch**, m. (npl. **corploigh**, gpl. **corploch**) (corpalać, corpalaig) (korpələx, korpəlig') body, torso. [AÓL]

**corplár**, m. (gs. **corpláir**) (corp-lár) (korp-'lɑ:r) centre, dead centre. **Corplár an chirt**, exactly correct, perfectly right. **An rud ba mheasa leat ná do bhás ní fheadraís ná gurbh é corp lár do leasa**, you never know when something you desire the least will turn out to be the best thing for you.

**corr riasc**, f. GCh. ⇒ **corriasc**.

**corr**, f. (gs. **cuirre**, npl. **corra**, gpl. **corr**) (corr, corra) (kɔr, kɔrə) 1. crane, stork. 2. heron. Also **corr ghlas** (with **cuirre glaise** in the genitive), heron.

**corr/corra**<sup>306</sup>, f. (gs. **coirre/corra**, npl. **corraí**) (corr, corraí, gs. cuirre/corra) (kɔrə, kɔ'ri:) projection, enclosure, round hill. **An Chorra Liath**, Curraleigh, Co. Cork. **An Corrshliabh**, the Curlew Mountains of Sligo/Roscommon. Note: PSD1927 says this word is generally pronounced **corra**.

**corrabhuais**, f. (gs. **corrabhuaise**) (corrabhuais) (kɔrə'vuə) uneasiness, consternation. *Níor chuir san aon chorbhuais ar an ngarsún*, that did not embarrass the boy [PUL1915].

**corradh**, s. (corp-a/corradh) (kɔrə) an addition, what is left over. *Aon chruitín amháin corra, clúdóchair drom an tabernacuil le n-a leath san*, one curtain that is over and above, with the half thereof thou shalt cover the back parts of the tabernacle [Ecsodus 26:12].

**corradh**, s. ICS. ⇒ **corraíocht**.

**corraghiob**, s. ICS. ⇒ **corragiob**.

**corragiob**, s. (corp-a-ḡiob) (kɔrə-g'ub) haunches, hunkers. **Seasamh suas ar do chorrageiob**, to stand up on your haunches.

**corraí**, noun/vn, m. (gs. **corraithe**) (corraige) (kɔ'ri:) stirring, movement. **Corraí ag bhaint as duine**, to move or stir someone: *is 'mó duine a dh'fhéadfadh éisteacht le gol agus le h-ologón ó mhnáibh agus ná bainfí aon choruighe ar a chuid fola*, there are many people who could listen to the weeping and lament of women without shuddering/without being moved [PUL1907]. **Corraí na fola**, excitement, stirring of the blood. **Corraí as an áit**, to stir or move from the place. **Is ar éigin a bhí iontu corraí**, they could hardly move. **Gan corraí**, without stirring. **Tráth corraithe aigne**, an emotional moment. See ⇒ **corraím**.

**corraím**, vn. **corraí**, verb. (corraigeim, corraige) (kɔ'ri:m', kɔ'ri:) I move, stir (transitive and intransitive). **Rud a chorraí**, to move something. Past: **do chorraíos, do chorraigh sé**. Future: **corród, corróidh sé**. Imperative: **corraigh**. Participle: **corraithe**. **Do chorraigh sé é féin**, he moved, he stirred himself. **Do chorraigh sé é féin rud a dhéanamh**, he bestirred himself to do something. *Do stadas, agus admhuighim gur choruigh mo chuid fola*, I stopped, and I admit that my blood stirred/I shuddered [PUL1915]. *Nuair a bhí sé ag feuchaint tamall air do choruigheadar na súile agus do bhog an beul mar a bhéadh sé chun labhartha*, when he had been looking at it for some time, the eyes stirred and the mouth moved as if it were going to speak [PUL1904]. **Duine a chorraí chun rud a dhéanamh**, for someone to stir/stir himself to do something. **Níor chorraigh éinne as an áit**, no-one stirred. **Tu féin a chorraí suas**, to stir yourself. **Duine ' chorraí suas**, to rouse someone, give him a stir. **Do chorraíodh a chróí dá dhriotháir**, he was deeply touched/deeply moved with affection towards his brother.

**corraíocht**, f. (gs. **corraíochta**) (corraíochta) (kɔ'ri:xt) excess, addition. **Corraíocht agus**, more than: **corraíocht agus sé troithe ar aoirde**, rather more than six foot in height, six foot odd in height. **Le corraíocht agus fiche bliain**, for 20 years and more.

**corraitheacht**, f. (gs. **corraitheachta**) (corraigeachta) (kɔrihəxt) nervousness, restlessness, excitement. [DBÓC]

**corrán**, m. (npl. **corráin**) (corrán, corráin) (kɔrɑ:n, kɔrɑ:n') 1. hook. 2. reaping-hook, for reaping corn; sickle. 3. jaw. *Deagh-chúmtha 'na bheul agus 'na chorán*, with a well-shaped mouth and jaw [PUL1904]. **Cnámh corráin** (with **an chnámh chorráin** in the genitive), jawbone. **Corrán Tuathail**, Carrauntoohil, the highest mountain in Ireland, Co. Kerry (**Tuathail** referring to the legendary king who some believe led the original Goidelic invasion of Ireland.)

**corghrian**, f. (corr ḡrian) (kɔr-ḡr'ian) bittern.

**corriasc**, f. (gs. **corréisce**) (corr riasc) (kɔ'riəsk) grey heron.

**cormhíol**, m. (gs. **cormhíl**, npl. **cormhíola**) (cormhíol, cormhíola) (kɔrə'v'i:l, kɔrə'v'i:lə) midge. *Go dtí so ba chuma iad nó cormhíola; d'á mhéid a marbhúightí dhíobh ní samhluightí easnamh ná laighead ortha*, up till now they have been like midges; however many of them were killed there never seemed to be any shortage or lack of them [PUL1907].

**corrshleasach**, adj. ICS. ⇒ **fíar**.

**córtas**, m. (gs. **córtais**, npl. **córtaisí**) (córtaś, córtaiś) (kɔ:rtəs, kɔ:rti:ś) agreeableness, courtsey. **Do chórtaisí a chailliúint le duine**, to expend all your powers of civility on someone, to use your utmost persuasiveness to try to talk someone

round. Note: used in the plural in PUL1913b.

**córu**, noun/vn, m. (gs. **córaithe**) (κόρυθαδ) (ko:'ru:) arrangement, dressing. Also, a beating: *Nach mór an iongnadh nár inis do leanán sídhe dhuit go dtabharfainn-se an córughadh san duit*, what a great surprise your fairy lover didn't tell you I would give you that beating [PUL1904]. **Córu bídh**, food preparation: *'n-a stíobhard ar gach córughadh bídh d'á mbéadh le déanamh ann*, a steward in charge of all food preparation that would need to be done there [PUL1907].

**Córu cainnte**, form of words. **Córu a dhéanamh ar neart fear chun catha**, to ready men in battle array. **Córu ríoga**, royal finery (of clothing). See ⇒ **córaim**.

**cos ar bolg**, m. (κορ-αρ-βολγ) (kos er' boləg) brutal oppression.

**cos-stól**, m. (κορ-στόλ) (kos-sto:l) footstool.

**cos**, f. (gs. **coise**, ds. **cois**, npl. **cosa**) (κορσ, κορσ) (kos, kosə, gs. kofī, ds. kof) 1. leg, foot; handle. **Cos na scine**, knife handle. **Scian coise duibhe**, a black-handled knife. **Cos deiridh**, hind leg. **Cos tosaigh**, fore leg. **Leath-chos**, one leg. **Cos búird**, a table leg. **Cos chaoireola**, leg of mutton. **Cois**, besides. See ⇒ **cois**. **Cos ar chois** /kos er' xof/, step by step (or **cois ar chois**, in CFBB). **Cos le cois**, foot to foot (as in marching at close quarters with others). **Ina chois** /nə xuf/, on foot. **Beirim na cosa uaidh**, I get away from him. **Cuirim mo chos ar**, I arrive at, set foot on (eg, a road). **Cur in sna cosaibh**, to make off. **Ar cos in airde**, at a gallop. **Gabháil de chosaibh i rud**, to kick something in, trample on it: *ghabhas do chosaibh ann go dtí go raibh sé 'n-a ghiobalaibh*, I kicked it until it was in pieces; *ansan, an cigire ag teacht agus ag gabháil de chosaibh ins gach aon rud*, then there was the inspector coming and trampling on everything [PUL1915]. *Níor stad cos leis go dtí go raibh sé ar aghaidh tíghe Dhiarmuda amach*, he never stopped until he was in front of Diarmuid's house [PUL1904]. *Níor stad cos de/leis*, he never stopped. **Do chos do chur fút**, to put your foot down, to take a step. *Ní fhéadfaínn aon chos a chur fúm*, I couldn't stand up [DBÓC1940]. **Fé chois**, underfoot. **Bheith fé chois**, to be subject, to be slaves, to be dominated by others. **Rud/duine do chimeád fé chois**, to keep something/someone down. **Rud/duine a chur fé chois**, to trample something/someone underfoot, suppress him/it: *tá fhios agam go maith gur bh' fhearr leis go mór iad do chur fé chois le neart a láimhe féin, dá bhféadadh sé é, ná aon chongnamh fhághail uaim-se*, I know evrery well he would greatly prefer to suppress them with his own strength if he could do so, than to get any help from me [PUL1907]. **D'imigh a chosa uaidh**, his legs gave way from under him. **Chomh tiubh agus atá sé ina chois**, as fast as his legs can go: *é ag cur na slighe dhé chómh tiugh i n-Éirinn agus bhí sé sa chois bhacach í chur dé*, covering the ground as quickly as it his lame leg could go [PUL1904]. Also **chomh tiubh agus atá sé ina chosaibh**: *imthigh suas chómh géar agus tá sé ad' chosaibh, agus abair le Diarmuid Liath go n-oirean dom labhairt láithreach leis*, go up as fast as your legs can carry you and tell Grey Diarmaid that I want to talk to him right away [PUL1904]. **An fhaid atá sé ina chosaibh**, as far as his legs can carry him. *An 'mó cos fé?*, how many legs has he? [PUL1903b]. *Is réidh a thógadh sé na cosa agus is réidhe 'ná san a leigeadh sé fé iad*, he lifted his legs gently, and put them down even more gently [PUL1903]. **Do rug sé na cosa leis**, he took to his heels. **Cor coise a thabhairt do dhuine**, to trip someone up. **Na cosa atá fútsa**, the legs you have. **Imeacht i gcoinnibh do chos**, to go somewhere unwillingly. 2. a small piece of land. **Cos mhóna**, a bank of turf. Note: **an mó cos tosaigh aici/uirthi** in CFBB.

**Cosacach**, m. GCh. ⇒ **Cosaic**.

**cosach**, adj. (comp. **cosaf**) (κορσς, κορσςιγε) (kə'sax, kə'si:) with long legs. **Corcán cosach**, a pot with feet.

**Cosaic**, m. (npl. **Cosaicf**) (kosik', kosi'k'i:) Cossack. [DBÓC]

**cosaint**, noun/vn, f. (gs. **cosanta**) (κορσιντ) (kosint') defence, protection. With the copula: *nár chosaint do'n duine sin macántacht ná neamhchiontacht*, neither gentleness nor innocence would protect the person [PUL1915]. **Duine a bhaint dá chosaint (glan)**, to throw someone (completely) off his guard. **Áit a chur i dtreo cosanta**, to put a place in state of defence, prepare to defend it. **Bheith/dul ar do chosaint in aghaidh duine**, to be/go on your guard against someone. **Duine a chur ar a chosaint ar dhuine eile**, to put someone on his guard against someone. **Cosaint a ghléasadh i gcoinnibh duine**, to take precautions, prepare defences against someone. **Gan chosaint**, defenceless. **Cosaint ar rud**, protection against something. See ⇒ **cosnaim**.

**cosán**, m. (npl. **cosáin/cosána**) (κορσάν, κορσάν/κορσána) (kə'sa:n, kə'sa:n'~kə'sa:nə) path, footpath. **Cosán a ghabháil**, to take a footpath. Note: the plural **cosána** is attested in Isaiah 59.

**cosantach**, adj. (comp. **cosantaf**) (κορσντσς, κορσντσςιγε) (kosəntəx, kosən'ti:) defensive, protective. **Go cosantach**, in a guarded way.

**cosantóir**, m. (gs. **cosantóra**, npl. **cosantóirf**) (κορσντσίρ, κορσντσίρῖ) (kosən'to:r', kosən'to:r'i:) defender, protector. See ⇒ **cosnamhaí**.

**cosaráil**, noun/vn, f. (gs. **cosarála**) (κορσράιλ) (kosə'ra:l') act of trampling. [AÓL, DBÓC]

**cosarálta**, adj. (κορσράιλτ) (kosə'ra:lhə) trampled. [DBÓC]

**cosc**, noun/vn, m. (gs. **coisc**) (κορσ) (kosk) an act of preventing or hindering. **Cuirim cosc (le duine/rud, le duine i rud)**, I prevent, hinder, stop someone or something. *Bheith ag casadh le h-aon rud a dhéanamh a chuirfeadh cosg leis an meathalughadh a bhí ag cur na Gaeluinne as an saoghal*, trying to do something that would stop the decline that was driving Irish from the world [PUL1915]. **Cosc a dhéanamh ar rud**, to prevent something. *Dar leis, má bhí Amhlaoibh beó thiofcadh sé thar n-ais chun na mainistreach mura mbéadh go raibh rud éigin 'á chosg ar theacht thar n-ais*, he felt that if Amhlaoibh were alive, he would come back to the monastery unless there were something stopping him from coming back [PUL1907]. **Deineann sé cosc mór**, it is a great impediment. *Cá bhfuil an t-é a dheineann cosg ná*

*ceataighe dhuít níos mó 'ná mar a dheinid na mianta gan smacht atá istigh at' chroíde féin?*, where is he who hinders or inconveniences you more than the uncontrolled desires of your own heart? [PUL1914]. **Cosc agus ceangal do chur ar dhuine**, to place someone under restraint; also **cosc agus coimeád to chur ar dhuine**. **Mar chosc air**, to restrain him. **Gan chosc gan chiotáí**, without let or hindrance. See ⇒ **coiscim**.

**coscaire**, m. (npl. **coscairí**) (cosɣaɪɾe, cosɣaɪɾí) (koskí'ri, koskí'ri:) inhibitor. Note: PUL recommended the use of this word for a bicycle brake, but it appears not to have been widely adopted [PUL ailt 1896].

**coscairt**, vn. See ⇒ **coscraím**.

**coscar**, noun/vn, m. (gs. **coscair**) (cosɣaɪɾ) (koskər) 1. mangling, shattering. 2. killing, spoils (as of game). See ⇒ **coscraím**.

**coscraím**<sup>307</sup>, vn. **coscar/coscairt**, verb. (cosɣɾaɪm, cosɣɾaɪð/cosɣaɪɾt) (koskə'ri:m', koskər~koskirt') I cut up, hack, mangle, shatter. *Is fada sinn cráidhte acu, iad ag faire ar ár gcuantaibh agus ar ár mbailtibh puirt, ag preabadh chughainn isteach nuair ná bíodh coinne leó, ag braduíol agus ag sgiobadh agus ag cosgar*, they have long been tormenting us, watching our harbours and our port towns, and dashing in towards us when were not expecting them, pilfering, snatching and shattering things [PUL1907]. Past: **do choscraíos, do choscair**. Future: **coscród, coscróidh sé**. Imperative: **coscair**. Participle: **coscartha**. Note: PUL used **coscar**; DBÓC1933 has **coscairt**.

**coséadrom**, adj. (cos-éadɾom) (kos-iadrəm) lithe, light on your feet.

**coslomnocta**, adj. (cos-lomnaɾtə/cos-lomnoctə) (kos'lomənəxtə) barefoot.

**coslomnoctaithe**, adj. (cos-lomnoctətə/cos-lomnoctaiɣtə) (kos'lomnəxtihi) barefoot. [CFBB]

**coslomracha**, adj. (cos-lomnaɾtə/cos-lomnoctə) (kos'lomərəxtə) barefoot.

**cross**<sup>323</sup>, f. (gs. **croise**, ds. **crois**, npl. **crossa**, gpl. **cross**) (κρος, κροσə, gs. kriʃi, ds. kriʃ) cross, crossroad, sign of the cross. **Maide croise**, crutch. **An Chrois Chéasta (Crois Chéasta Chríost)** /ən xriʃ x'iastə/, crucifix. **Ag bun craínn na Cruise Céasta**, at the foot of the cross (on which Christ was crucified). *Ma's áil le h-aoinne teacht am' dhiaidh-se, séanadh sé é féin, agus tógadh sé a chros, agus leanadh sé mé*, if any man will come after me, let him deny himself, and take up his cross, and follow me [PUL1915b]. *Agus nuair a chuardar amach fuaradar duine ó Chiréné, dár bh'ainim Símon; agus chuireadar fhéachaint ar an nduine sin dul leo agus a chros d'íompur*, and going out, they found a man of Cyrene, named Simon: him they forced to take up his cross [PUL1915b]. **Comhartha na croise a dhéanamh**, to make the sign of the cross. **D'fhuilig Críost Mac Dé bás ar chrann na croise**, Christ, the Son of God, suffered death on the cross. **Tá sé de chrosaibh ort (rud do dhéanamh)**, to have the misfortune to do something. **An Chros Iarainn**, the Iron Cross (the German military medal). **An Chros a thógaint**, to take the Pledge (an oath of temperance). Note: the dative has replaced the nominative in the phrase **an Chrois Chéasta**.

**crossadh**, vn. ⇒ **crossaim**.

**crossaim**, vn. **crossadh**, verb. (κροσαιμ, κροσαδ) (krosim', krosə) I cross. **Crossaim arís tú**, I withdraw that imprecation (implying making the sign of a cross to take back or lessen the harm of an imprecation just uttered); I take that back.

**Crossadh anonn**, to cross over. Past: **do chrosas, do chros é**. Future: **crossfad, crossfaidh sé**. Imperative: **cross**. Participle: **crosta**.

**crossaire**, m. (npl. **crossairí**) (κροσαιρε, κροσαιρί) (krosir'i, krosi'r'i:) crossroads.

**crossbhóthar**, m. (gs. **crossbhóthair**, npl. **crossbhóithre**) (κροσ-βóεαρ, κροσ-βóιερε) (kros-vo:hər, kros-vo:r'hi) crossroads.

**crosta**, adj. (κροστα) (krostə) troublesome, difficult. *Bhí an tslígh síos chun na sráide níba shia 'ná mar a mheasas, agus níba chrosta go mór 'ná mar a mheasas*, the way down to the town was longer than I thought and much more difficult than I thought [PUL1915].

**crosta**, adv. (κροστα) (krostə) crooked, across, crosswise. With the genitive: **crosta na gcnoc**, across the hills. **Tháinig boithrín crosta air**, the lane came across it. *Ní raibh aon bhaoghal go mbéadh na slóighte ag dul amú' ná go mbéidís ag brúth ar a chéile ná ag teacht crosta ar a chéile*, there was no chance the armies would go astray or pile up on each other or meet/come across each other [PUL1907]. **Rud a theacht crosta ar dhuine**, to fall foul of something, for something to befall someone, for something to come across him or interfere with him: *i lár na h-oibre dhúinn ámhthach tháinig matalong crosta orainn*, while we were doing this work, however, disaster befell us [PUL1915]. *Dá mbéadh aoitheó aige d'á fhághail agus go dtiocfadh aon nídh crossa uirthi, go spriúchfadh sí agus go gcuirfeadh sí ath-iompáil air chómh siúrálta agus a bhí Sadhbh mar ainim uirthi*, if he were on the verge of recovery and something

322 I think in meaning 2 the gs would just be cromadh.

323 The crucifix is definitely An Chrois Chéasta and in placenames eg Crois an tSeana-Dhroichid in DBÓC1940, it is crois, but otherwise cros.

happened to cross her, she would fly into a rage and cause him a relapse, as surely as her name was Sadhbh [PUL1904]. *Ansan tháinig neithe eile agus gnóthaí eile crosta ar an mainistir agus ar na manaigh, agus d'imthigh Amhlaobh as a gceann*, other things and other matters cropped up for the monastery and the monks, and they forgot about Amhlaobh [PUL1907]. **Gabháil crosta**, to go across.

**crostáilte**, adj. (croṡtáilte) (krəs'ta:lħə) fractious, troublesome, difficult to deal with.

**croit**, m. (gs. **cruit**) (croit) (krot) shape, form, appearance. *Trí fichid púnt ar stuthairín bramaigh gan croit air*, sixty pound for a little shaggy colt without shape or form [PUL1904]. *Siní an chaint go bhfuil an croit uirthi*, that's the way to talk!, you're right there! [PUL1904]. *Ní'l croit na firinne ar an gcaint sin*, what you said doesn't look like the truth [PUL1907].

**Croit an ampla ar dhuine**, someone who appears greedy or avaricious. **Tá croit an éithigh ar an eolas**, the information seems mendacious. **Croit saighdiúra ort**, looking every inch a soldier. **Gan puinn cruit**, poorly dressed or otherwise of a poor appearance. Note: PSD1927 states that **croit** should be used for "appearance" and ⇒ **cruth** for "shape, form".

**crothadh**, noun/vn, m. (gs. **croite**) (croṡtadh) (krohə) shake, shaking. **Crothadh a bhaint as duine**, to give someone a shake or jolt. **Crothadh a bhaint as do cheann**, to shake your head. **Crothadh ' dhéanamh le rud**, to shake or sprinkle something. **Abhar crothadh cínn**, something to make people shake the head in derision/disbelief. **Crothadh lámh a thabhairt do dhuine**, to shake hands with someone. See ⇒ **croithim**.

**crú**<sup>324</sup>, m. (gs. **crú**, npl. **cruite**) (crú, crúite) (kru:, kriu'it) shoe (for an animal's hoof). **Crú capaill**, a horse-shoe. **Crú a chur fé chapall**, to shoe a horse.

**crú**<sup>325</sup>, noun/vn, m. (gs. **cruite**) (crúit) (kru:h) an act of milking. See ⇒ **crúim**.

**crua-aigeanta**, adj. (cruaṡ-aigeanta) (kru-'ag'əntə) steely, of a smile; evincing a hard frame of mind. [DBÓC]

**crua**, adj. ICS. ⇒ **cruaidh**.

**cruabheart**, f. (cruaṡ-beart) (kruə-v'art) hard undertaking or enterprise.

**cruach**, f. (gs. **cruaiche**, ds. **cruaich**, npl. **cruacha**, gpl. **cruach**) (cruaṡ, cruacṡ) (kruəx, kruəxə, gs, kruəhi, ds. kruəh) rick, heap, stack. **Cruach na móna/cruach mhóna**, hayrick. *As san amach do chifeá lámh gach aoinne acu síos i bpóca a bhríste go fonnmar, agus an t-airgead geal ag teacht 'n-a chruachaibh ar an mbórd chúghainn*, from then on, you would everyone's hand willingly go down in his trouser pocket and the bright silver stacking up on our table [PUL1915]. **Ina gcruachaibh**, in heaps.

**cruach**, f. ICS. ⇒ **cruaidh**; **cruaidhiarann**.

**cruachadh**, vn. ⇒ **cruachaim**.

**cruachaim**, vn. **cruachadh**, verb. (cruaṡaim, cruacṡadh) (kruəxim', kruəxə) I heap, pile. **Rud do chruachadh suas**, to heap something up, pile something up. Past: **do chruachas**, **do chruach sé**. Future: **cruachfad**, **cruachfaidh sé**. Imperative: **cruach**. Participle: **cruachta**. **Rud do chruachadh chút féin**, to pile something up for yourself.

**cruachán**, m. (npl. **cruacháin**, gpl. **cruachán**) (cruacṡán, cruacṡaim) (kruə'xɑ:n, kruə'xɑ:n') a little hill, mound. **An Cruachán**, Croghan, Co. Roscommon.

**cruachan**, vn. GCh. ⇒ **cruachtaint**.

**cruachás**<sup>326</sup>, m. (gs. **cruacháis**, npl. **cruachásanna**) (cruaṡ-ṡár, cruacṡ-ṡáir) (kruə-'xɑ:s, kruə-'xɑ:sənhə) predicament, dilemma. **Bheith i gcruachás**, to be in a dilemma. **I gcruachás phoiblí**, in a public emergency.

**cruachíosa**, mpl. (cruaṡ-ṡíora) (kruə-'x'i:sə) rack-rents. *D'fhan an chuid ba mhó dhé gan díol go dtí go dtáinig an stailc úd a cuireadh suas i gcoinnibh cruadh-chíosa*, most of it remained unpaid until that strike came that was raised against rack-rents [PUL1915].

**cruachloch**, f. (cruaṡ-ṡloṡ) (kruə-xloṡ) flint, flintstone.

**cruachomhrac**, m. (cruaṡ-ṡóirrac) (kruə-xṡ:rək) fierce fighting. **Cruachomhrac a dhéanamh**, to engage in fierce fighting.

**cruacht**, f. (gs. **cruachta**) (cruaṡacṡ) (kruəxt) hardness, difficulty. [AÓL]

**cruachtaint**, vn. ⇒ **cruaim**.

**cruadas**, m. (gs. **cruadais**) (cruaṡad) (kruədəs) hardness. **Dul i gcruadas**, to get harder. Note: PUL said in PUL1926 that a "d" is pronounced in this word. See also ⇒ **cruas**.

**cruaghníomh**, m. (cruaṡ-ṡníomh) (kruə-jn'i:v) a cruel or wicked deed.

**cruaghnúiseach**, adj. (cruaṡ-ṡnúiseacṡ) (kruə-'yru:ʃəx) hardfaced.

**cruaidh**, adj. (pl. **cruadha**, comp. **crua**) (cruaṡ, cruaiṡe) (kruəg', kruə) hard, difficult. Often of the weather, "severe": **Iá cruaidh Márta**, a severe March day. **Coirce cruaidh**, dried oats. Adverbially: **go cruaidh**, strongly, severely, hard.

**Bheith cruaidh ar dhuine**, to go hard on someone, oppress him. **Chuaigh sé cruaidh air**, he pleaded with him, he insisted forcefully. **Cruaidh go maith air**, really hard for him.

**cruaidh**<sup>327</sup>, f. (gs. **crua**, ds. **cruaidh**) (cruaṡ, gs. cruaiṡe/cruaṡa) (kruəg') steel.

**cruaidhiarann**, m. (cruaṡ-ṡiarann) (kruəg'-iəɾən) steel. [DBÓC]

**cruaidhmhineálach**<sup>328</sup>, adj. (cruaṡ-ṡhineálacṡ) (kruəg'-v'i'n'a:ləx) stiffnecked, obstinate.

324Feminine? AÓL has crú thosaigh.

325FGB says gs is just crú as a noun.

326Check pl.

327Check gs.

328Check that there is a g in this word.

**cruáil**, f. (gs. **cruála**) (cρuaδáil, cρuaδ-δáil) (kruə'gɑ:'l) stinginess.

**cruaim**, vn. **cruachtaint**, verb. (cρuaδaim, cρuaδacτaint) (kruəm', kruəxtint') 1. I harden. *Do chruadhaidh a gnúis agus do las solus 'n-a súilbh, agus níor sholus fóghanta é*, her face hardened and a light shone in her eyes and it was not a pleasant light [ie, her face lit up with rage] [PUL1907]. *Do cruadhadh iad go maith leis an ngleacaidheacht a bhíodh ar siúbhal coitcheanta i gCeann Cora*, they had been toughened up well in the athletics that were constantly held in Kincora [PUL1907]. *Fé mar a neartuigh sé sa n-aois do chruaidh sé sa ghaduigheacht*, as he grew up he became set in his thieving ways [PUL1903]. **Nuair a chruann an tslat is deacair í a shníomh**, when the branch hardens, it is hard to weave it, i.e. people are not as pliable when they are old; habits are formed when young. **Do cruadh an coirce**, the oats were dried. 2. to curdle. Impersonally with **ar**: *do chruadhúigh ar mhuintir Chanaain go léir*, all the inhabitants of Chanaan became stiff [Ecsodus 15:15]. Past: **do chruas**, **do chruaigh sé** /də xruəg' je:/. Future: **cruafad**, **cruafaidh sé**. Imperative: **cruaigh**. Participle: **cruaite**.

**cruálach**, adj. (comp. **cruálaí**) (cρuaδálac, cρuaδállaige) (kruə'gɑ:ləx, kruə'gɑ:li:) stingy, mean, hardhearted, niggardly. **Maireachtant go cruagálach**, to manage on little.

**cruálámh**, f. (cρuaδ-lámh) (kruə-lā:v) strong hand. *A mhuintir na n-arm ngéar agus na gcruadh-lámh*, people of sharp weapons and strong hands! [PUL1907]. Note: not a standard "word", but it is found in PUL1907 and illustrates the use of **crua-** to form compounds.

**cruamhuineálach**, adj. GCh. ⇒ **cruaidhmhineálach**.

**cruas**, m. (gs. **cruais**) (cρuaδap) (kruəs) hardness. **Cruas croí**, hardness of hard. Note: this is also the form found in the ICS, but compare the dialectal form ⇒ **cruadas**.

**cruatan**, m. (npl. **cruatain/cruatana**, gpl. **cruatan**) (cρuaδatan, cρuaδatam/cρuaδatana) (kruətən, kruətín'~kruətənə) hardship, difficulty. **Cruatan a chur ar dhuine**, to make things hard for someone. **Duine a chur i gcruatan**, to subject someone to harsh punishment. **Gan aon chruatan saothair**, without exerting great effort. **Aimsir chruatain**, time of trouble. **In am cruatain**, in times of trouble. **Is cruatan orm iad**, they are troublesome to me.

**crúb**, f. (gs. **crúibe**, ds. **crúib**, npl. **crúba**) (cρúb, cρúba) (kru:b, kru:bə) hoof; claw (of a bird). **Crúb tairbh**, ox's hoof.

**crúca**, m. (npl. **crúcaí**) (cρúca, cρúcaí) (kru:kə, kru:'ki:) hook, crook. **Crúca a chur i rud**, to get something in your clutches. **Idir chrúcaí**, in parentheses.

**cruib**, f. (gs. **cruibe**, npl. **cruibeanna**) (cρuib, cρuibenna) (krib', krib'ənə) crib; creel or basket on a cart. Note: used in DBÓC1940 to refer to something used by butchers to carry pigs' carcasses in. PUL stated this word cannot be used to refer to a crib for the baby Jesus.

**crúibín**, m. (npl. **crúibíní**) (cρúib, cρúibíní) (kru:'b'i:n', kru:'b'i:n'i:) trotter, hoof. **Crúibíní muc**, pig's trotters.

**cruicéad**, m. GCh. ⇒ **cruicits**.

**cruiceog**, f. (gs. **cruiceoige**, npl. **cruiceoga**) (cρuiceog, cρuiceoga) (kri'k'o:g, kri'k'o:ge) beehive, cone. Also **cruiceóg beach**. **Cruiceóg mhóna**, a heap of footed turf.

**cruicithe**, adj. (cρuicēe) (krik'ih) footed (of turf). [AÓL, LASID]

**cruicits**, s. (npl. **cruicitse**) (krik'itʃ, krik'itʃ) cricket. [LASID]

**crúim**, vn. **crú**, verb. (cρúδaim, cρúδad) (kru:m', kru:h) I milk. Past: **do chrús**, **do chrúigh sé**. **Bainne a chrú ó sna buaibh**, to milk/get milk out of the cows. **Bean chrúite**, milkmaid. Future: **crúfad**, **crúfaidh sé**. Imperative: **crúigh** /kru:g'/. Participle: **crúite**.

**cruimh**, f. GCh. ⇒ **cruimh**.

**cruinn**, adj.(comp. **cruinne**) (cρuinn, cρuinne) (kri:ŋ', kriŋ'i) round, perfect, accurate. **Go cruinn (díreach)**, exactly, accurately. *Nuair a tháinig an solus cruinn ar an mealbhóig do chuir sé dealbh cinn duine uirthi*, when the light came right on the bag, it made it look like a man's head [PUL1904]. **Labhair cruinn!**, speak plainly! **Cruinn beacht**, totally accurate. **Níl sé róchrúinn 'na cheann**, he's not all right in the head.

**cruinne-thomhas**, m. (cρuinne-θómap) (kriŋ'i-ho:s) geometry. Note: apparently an *ad hoc* word found in PUL1926b.

**cruinne**, f. (cρuinne) (kriŋ'i) exactness, roundness, accuracy. **Dá chruinne**, however accurate.

**cruinne**, f. (npl. **cruinní**) (cρuinne, cρuinní) (kriŋ'i, kriŋ'i:) universe, globe, world. **Ón dtaobh thiar den chruinne**, from the Western hemisphere. *Ní cheadóchainn ar ór na cruinne Séadna d'á phósadh leis an ansgian mná san*, I would not approve of Séadna's marrying that harpy for all the gold in the universe [PUL1904]. **Ar an gcruinne/ar uachtar na cruinne**, in the world, on the face of the globe. **Cruinne an domhain**, the globe of the earth.

**cruinneas**, m. (gs. **cruinnis**) (cρuinneap) (kriŋ'əs) exactness. *Chonac an cruinneas a thaisbeáin an sagart paróiste i dtaobh an airgid*, I saw how careful the parish priest was with the money [PUL1915]. **Le cruinneas**, correctly, with any exactitude. **Rud a chur i gcruinneas**, to hone something, make it more accurate: *choimeád na mná é agus thugadar d'á n-ingheanaibh é, agus bhí an obair agus an taithighe 'ghá chur i méid agus i gcruinneas ó shliocht go sliocht*, the women kept it and gave it to their daughters, and their work and experience were augmented and honed from generation to generation [PUL1907]. **Cruinneas aigne**, mental clarity and coherence. **Cruinneas breithiúntais**, good judgment. **Cruinneas tuisceana**, depth of understanding. **Cruinneas led chaint**, coherence in your speech.

**cruinním**, vn. **cruinniú**, verb. (cρuinniim, cρuinniuğad) (kriŋ'i:m', kriŋ'u:) I gather together, assemble, get together. Intransitively, I assemble (eg, in a certain place). **Cruinnigh do chaint**, get to the point! say exactly what you mean! **Do neart a chruinniú**, to gather your strength. **Rud a chruinniú chút arís**, to salvage, gather up something. *Tá ár namhaid ag cruinniughadh chúghainn as an uile áird*, are enemies are gathering and coming towards us from all directions

[PUL1907]. **Cruinnídh sibh féin i dteannta ' chéile**, gather yourselves together. Past: **do chruinníos, do chruinnigh sé**.

Future: **cruinneod, cruinneoidh sé**. Imperative: **cruinnigh**. Participle: **cruinnithe**.

**cruinnithe**, part. (cruinnigē) (kriŋ'íhi) gathered, assembled. Also, concentrated, to the point. *Tá caint an Bharraigh sa bhéarsa so chómh "brevis" agus do b' fhéidir í bheith, níos cruinnithe go mór 'ná mar ab fhéidir í bheith i n-aon teagain eile*, the passage by Barry in this verse is as short as it could have been and much more to the point than it could have been in any other language [PUL1915]. See ⇒**cruinním**.

**cruinnitheacht**, f. (gs. **cruinnitheachta**) (cruinnigēacht) (kriŋ'ihəxt) pithiness, concentrated nature.

**cruinnitheóir**, m. (gs. **cruinnitheóra**, npl. **cruinnitheóirí**) (cruinnigēoir, cruinnigēoirí) (kriŋ'ího:r', kriŋ'ího:r'í) gatherer.

**cruinniú**, noun/vn, m. (gs. **cruinnithe**, npl. **cruinnithe**) (cruinniuḡad, cruinnigē) (kriŋ'u:, kriŋ'íhi) gathering, meeting, assembly. **Cruinniú chun gnótha**, a meeting to deal with business. **Cruinniú de rud**, a collection or agglomeration of something. **Cruinniú daoine**, a gathering or assemblage of people: *gan amhras níor thaithn le Hérod aon chruinniú daoine sa rígeacht a bheith ábalta ar chur 'n-a choinnibh agus ar sheasamh 'n-a choinnibh*, undoubtedly Herod did not like any group of people in the kingdom to be able to oppose or resist him [PUL1924]. **Cruinniú uisce**, a gathering of waters. See ⇒**cruinním**.

**cruinniúchán**, m. (npl. **cruinniúcháin**) (cruinniuḡán, cruinniuḡáin) (kriŋ'u:xa:n, kriŋ'u:xa:n') gathering.

**crúipéar**, m. (npl. **crúipéir**) (crúipéar, crúipéir) (kru:'p'e:r, kru:'p'e:r') crupper (strap that stops a saddle or harness from slipping forward). [LASID]

**crúiscín**, m. (npl. **crúiscíní**) (crúiscín, crúiscíní) (kru:ʃk'i:n', kru:ʃk'i:n'í) little jug. **Ní thagann an crúiscín slán ón dtobar i gcónaí**, many things can go wrong.

**crúisellí**, f. (gs. **crúisellí**) (kru:ʃil'i:t') chrysolite.

**crúisollí**, f. (krisə'l'i:t') chrysolite.

**cruit**, f. (gs. **cruite**, npl. **cruiteanna**, gpl. **cruit**, dpl. **cruitibh**) (cruit, cruiteanna) (krit', krit'ənə) small harp, lyre.

**Cruithneach**, m. (npl. **Cruithnigh**, gpl. **Cruithneach**) (Cruithneach, Cruithnig) (kriŋ'həx, kriŋ'hig') Pict.

**cruithneacht**, f. (gs. **cruithneachtan**, ds. **cruithneacht**) (cruithneacht) (kriŋ'həxt) corn, wheat. *An arán cruithneachtan d'ithe i n-inead na bulóige báine*, to eat wheat bread instead of the white loaf [PUL1915]. **Gort cruithneachtan**, field of wheat.

**cruithniú**, noun/vn, m. (gs. **cruithnithe**) (cruithniḡad) (kriŋ'u:) creation. **Cruithniú an domhain**, the creation of the world. Note: this form is found in PUL1915b, but the more common form is ⇒**cruthnú**. See also ⇒**cruthaíim**; **cruthaíim**; **cruthú**.

**cruitín**, m. (npl. **cruitíní**) (cruitín/cruitín, cruitíní/cruitíní) (kri't'i:n', kri't'i:n'í) curtain. **Cruitíní ' dhridiúint i leataoibh**, to draw back curtains.

**crupar**, m. GCh. ⇒**crúipéar**.

**crúsca**, m. (npl. **crúscaí**) (crúḡca, crúḡcaí) (kru:skə, kru:s'ki:) jug, jar.

**crústa**, m. (npl. **crústaí**) (crúḡca, crúḡcaí) (kru:stə, kru:s'ti:) crust (of bread). **Crústa reotha**, a crust of frost. **Crústaí an aráin**, breadcrumbs.

**crústach**, noun/vn, m. (gs. **crústaigh**) (crúḡcaḡ) (kru:stəx) pelting. **Ceap crústaigh**, a mark/block for target practice. [DBÓC]

**cruth**<sup>329</sup>, f. (gs. **crutha**, ds. **cruth/cruith**, npl. **cruthanna**) (cruith, cruith/cruith) (kruh, kruhənə) 1. appearance. *Bhí sé ríoga 'n-a cruith [chruith] agus 'n-a phearsain*, he was regal in appearance and bearing [PUL1907]. **Athrach crutha tagaithe ar dhuine**, a change in someone's appearance. **Tu féin a dh'athrú i gcruth tuincéara**, to to dress up as a tinker or change your appearance in such a way. 2. state, condition. *Déarfadh ciall agus tuisgint an tsaoghail seo, má theastuigh ó'n Slánuightheóir na daoine do chómhairliughadh agus iad do chur ar a leas, gur mhaith an rud dó teacht ar an saoghal i gcruth éigin 'n-a mbéadh uraim ag an saoghal dó, i gcruth éigin a bhéadh uasal, creideamhach, onóireach*, the sense and understanding of this world would say that, if the Saviour wished to advise people and show them the best way, he would be better off coming into the world in a state that the world would respect, in some kind of state that would be noble, respectable and honourable [PUL1910]. *An t-é ná fanan sa chruith n-ar dúthchas dó ach a bhíon ag rith i ndiaidh na h-uaisleachta, is amhlaidh a bhíon an uaisleacht ag teithe uaidh agus an ísleacht ag magadh féi*, he who chases after refinement instead of staying in the condition natural to him will find the genteel fleeing from him and the lowly born mocking him [PUL1931]. **Áilleacht agus uaisleacht crutha**, beautiful and elegance of form. See ⇒**crot**.

**cruthaíim**, vn. **cruthú**, verb. (cruithim, cruithim) (kru'hi:m', kru'hu:) I create. *Aithchimíd ort go h-úmhal creideamh firinneach do chruthúghadh ionainn ionas go n-iompróchaimís sinn féin do ghnáth le h-iomad cráibhtheachta agus fhomóis i láthair idhbirtha fhiornaomhtha a chod' fola agus feóla*, we humbly beseech thee to create a living faith within us that we might always conduct ourselves with a great deal of devotion and reverence in the most holy sacrificial presence of his body and blood [PUL1921]. **Ní cruthaithe**, a creature. **Gach ní cruthaithe**, all creation. Past: **do chruthaíos, do chruthaigh sé**. Future: **cruthód, cruthóidh sé**. Imperative: **cruthaigh**. Participle: **cruthaithe**. See also ⇒**cruthaíim**. Note: PUL stated in PUL1926 that he had both seen and heard **cruthaitheoir** and **cruthnaitheoir**, but had only seen **cruthú** in print, but had never heard anything other than ⇒**cruithniú**. It is likely that the forms with a medial -n- are preferable in Cork Irish. Nevertheless, **chruthaigh** is attested in PUL1915b and **cruthú** in PUL1921.

329Many queries on this word. I am assuming it is feminine, based on the dative cruith in Niamh. But then the dative is cruth in PUL1910. The gs. is attested in PUL1924. I gcrúth in PUL1909.

**cruthaitheoir**, m. (gs. **cruthaitheora**, npl. **cruthaitheoirí**) (crυt̪uəiɣ̪t̪eɔiɾ, crυt̪uəiɣ̪t̪eɔiɾi) (kruhə'ho:r', kruhə'ho:r'i:) creator. See ⇒ **cruthnaitheoir**.

**cruthanta**, adj. (crυt̪ənt̪ə) (kruhəntə) life-like, real; perfectly or exactly like someone in appearance. [AÓL]

**cruthnaím**<sup>330</sup>, vn. **cruthniú**, verb. (crυt̪n̪uəiɣ̪im, crυt̪n̪uəiɣ̪əd̪) (kruhə'ni:m', kri'ŋ'u:) I create. *Bíodh gach nídh cruthnuighthe ciúin ad' láthair*, let every creature be silent before you [PUL1914]. Past: **do chruthnaíof, do chruithnigh sé**. Future: **cruthnód, cruthnóidh sé**. Imperative: **cruthnigh**. Participle: **cruthnaithe**. See also ⇒ **cruthaím**, of which **cruthnaím** is a variant. Note: PUL stated in PUL1926 that he had both seen and heard **cruthaitheoir** and **cruthnaitheoir**, but had only seen **cruthú** in print, but had never heard anything other than ⇒ **cruthniú**. It is likely that the forms with a medial -n- are preferable in Cork Irish. **Chruithnigh** is attested in PUL1915b.

**cruthnaitheoir**<sup>331</sup>, m. (gs. **cruthnaitheora**, npl. **cruthnaitheoirí**) (crυt̪n̪uəiɣ̪t̪eɔiɾ, crυt̪n̪uəiɣ̪t̪eɔiɾi) (krunə'ho:r', krunə'ho:r'i:) creator. See ⇒ **cruthaitheoir**.

**cruthnú**, noun/vn, m. (gs. **cruthnaithe**) (crυt̪n̪uəiɣ̪əd̪) (kru'nu:) creation. **Cruthnú an domhain**, the creation of the world. See ⇒ **cruthnaím; cruthaím; cruthniú; cruthú**.

**cruthú**, noun/vn, m. (gs. **cruthaithe**) (crυt̪uəiɣ̪əd̪) (kru'hu:) creation. See ⇒ **cruthaím; cruthnaím; cruthniú**.

**cú**, f. (gs. **con**, ds. **coín**, npl. **coín**, gpl. **con**) (coŋ, cuin/coin) (ku:, kin') greyhound. **Cú Chulainn**, Cuchulainn, a hero in the mythological Ulster Cycle.

**cuach**, f. (gs. **cuaiche**, ds. **cuaich**, npl. **cuacha**) (cuac̪, cuac̪a) (kuəx, kuəxə, gs. kuəhi, ds. kuəh) cuckoo.

**cuach**, f. (gs. **cuaiche**, ds. **cuaich**, npl. **cuacha**) (cuac̪, cuac̪a) (kuəx, kuəxə, gs. kuəhi, ds. kuəh) goblet, drinking-cup.

**cuaille**, m. (npl. **cuailf**) (cuaille, cuailf) (kuə'i, kuə'i:) pole, stake; bough. *Ní bhrisfidh sé an cuaille leóinte*, the bruised reed he shall not break [PUL1915b]. **Cleas an chuaille a dhéanamh**, to do somersaults.

**Cuaille**, placename, m. (gs. **Cuaille**) (Cuaille) (kuə'i) Cooley, Co. Louth, the setting for the legendary tale, Táin Bó Cuailnge.

**cuaird**, f. (gs. **cuarda/cuairde**, npl. **cuarda**, gpl. **cuard**, dpl. **cuardaibh**) (cuair̪t̪, cuair̪t̪a) (kuərd', kuərdə) visit, circuit, course. **Táim ar chuaird aige**, I am visiting him. **Téim ar chuaird chuige**, I visit him, pay him a call. **Cuaird a thabhairt (ar, go)**, to make a circuit, go on a visit. *Thugais do chuaird mór-thimpal ortha go léir*, you went round them all [PUL1915]. **Cuaird an lae**, the day's business<sup>332</sup>. **Cuaird chónaithe**, sojourn. **Cuaird rí**, a royal tour. **I gcuaird na bliana**, in the course of the year. **Ar chuaird fhada**, on a long journey. **Lucht cuarda**, visitors. **I dhá gcuaird**, in two rows (round about an altar). Note: CFBB shows that **ar cuaird** was also found.

**cuairdroth**, m. (cuair̪t̪-ro̪t̪) (kuərd'-roh) circumference. Note: apparently an *ad hoc* word used in PUL1926b.

**cuairt**, f. ICS. ⇒ **cuaird**.

**cuairteachas**, m. (gs. **cuairteachais**) (cuair̪t̪eac̪as̪) (kuərt̪'əxəs) visitation.

**cuairteoir**<sup>333</sup>, m. (gs. **cuairteora**, npl. **cuairteoirí**) (cuair̪t̪eɔiɾ, cuair̪t̪eɔiɾi) (kuərt̪'o:r', kuərt̪'o:r'i:) visitor.

**cual**, m. ICS. ⇒ **uail**.

**cuallacht**, f. (gs. **cuallachta**, npl. **cuallachta**) (cuallaçt̪, cuallaçt̪a) (kuələxt, kuələxtə) company, band; group; the group of people with someone. **Cuallacht Íosa**, the Society of Jesus (the organisation of the Jesuits). *Ní bhíodh de chualacht aige ach a ghiolla*, the only companion he had was his manservant/groom [PUL1922b].

**cuan**, m. (gs. **cuain**, npl. **cuanta**, gpl. **cuan**, dpl. **cuantaibh**) (cuən, cuənt̪ə) (kuən, kuəntə) harbour. **Baile cuain**, seaport. **Cathracha cuan**, port cities. **Ar na cuantaibh**, at the ports.

**cuarchasadh**, vn. (cuar̪ç-çar̪ad̪) (kuəç-xəsə) curving, turning with a curving motion. [DBÓC]

**cuardach**, noun/vn, m. (gs. **cuardaigh**) (cuar̪t̪ac̪) search. **Bharántas cuardaigh**, search warrant. **Lucht cuardaigh**, a search party. *D'imthigheas féin sa chuardach leó*, I myself joined the search party [PUL1904]. **Gluaiseacht sa chuardach**, to set off on the search. See ⇒ **cuardaím**.

**cuardaím**, vn. **cuardach**, verb. (cuar̪t̪uəiɣ̪im, cuar̪t̪uəiɣ̪əd̪) (kuərd̪i:m', kuərdəx) I search. With an object, indicating the location searched: **do cuardaíodh an dúthaigh**, the district was searched. **Créacht a chuardach**, to probe a wound. With **do**, search for (a usage often used with a double object, one indicating the place to be searched and **do** indicating the thing to be looked for): *ní fhágfaid poll ná póirse i n-Éirinn gan cuardach dó*, I will not leave a hole or lane in Ireland unturned in my search for him [PUL1904]. **Cuardaigh an baile dhóibh**, search the town for them. **Cuardach romhat**, to search away. Past: **do chuardaíof, do chuardaigh sé**. Future: **cuardód, cuardóidh sé**. Imperative: **cuardaigh /kuərdig'/**. Participle: **cuardaithe**.

**cuarlíne**, f. (cuair̪-l̪ine) (kuərl̪'i:n̪i) curved line. **I gcuarlíne**, curving round, in a curved line. [DBÓC]

**cuasach**, adj. (comp. **cuasáí**) (cuasac̪, cuasac̪içe) (kuəsəx, kuə'si:) hollow.

**cuasán**, m. (npl. **cuasáin**, gpl. **cuasán**) (cuas̪ən, cuas̪ən) (kuə'sa:n, kuə'sa:n') cavity, cavern, small hole.

**cuasnóg**, f. GCh. ⇒ **cúnsóg**.

**cúb**, f. (gs. **cúibe**, npl. **cúba**, gpl. **cúb**) (cuib, cúba) (ku:b, ku:bə) hen-coop. [AÓL, LASID]

330Check the broad/slender quality of the middle n; chruithnigh is attested in PUL1915/2, cruthnaigh in PUL1925.

331crunahóir in LS, but not a devoiced n?

332Check this translation from Seadna chapter 18.

333Do all words based on cuaird have d?



**cúbadh**, vn. ⇨ **cúbaim**.

**cúbaim**, vn. **cúbadh**, verb. (cúbaim, cúbadh) (ku:bim', ku:bə) I cower, shrink. Past: **do chúbas**, **do chúb sé**. Future: **cúbfad**, **cúbfaidh sé**. Imperative: **cúb**. Participle: **cúbtha**<sup>334</sup>. **Do chúb sé chuige**, he retrenched, shrank into himself; also to restrain yourself. *Deirtí go raibh feuchaint ana choimhghtheach ag Séadna nuair curtí fearg air, agus gur bheag aoinne ná cúbadh roimpi*, it was said that Séadna had a wild look about him when he was angry, and that it was rare that anyone would not cower before it [PUL1904]. **Ag cúbadh beagán**, more restrained (as of something calming down or showing more circumspection).

**cúbat**, m. (npl. **cúbaít**) (cúbadh, cúbaid) (ku:bət, ku:bit') cubit.

**cubhad**, m. GCh. ⇨ **cúbat**.

**cúcamar**, m. GCh. ⇨ **cúcamer**.

**cúcamer**, m. (npl. **cúcameir**) (cúcamar, cúcamar) (ku:kəm'ər, ku:kəm'ir') cucumber.

**cufróg**, f. GCh. ⇨ **cupar**.

**cuí**, adj. (cuíbe/cuiböe) (ki:) fitting, proper. **Mar is cuí**, as is fitting, becoming. **Ní cuí dhuit (rud a dhéanamh)**, it is not proper (for you to do something).

**cuibheasach**, adj. (comp. **cuibheasaf**) (cuibheasac, cuibheasaf) (ki:səx, ki:'si:) fair, middling; just so-so. **Táim go cuibheasach**, I am fairly well. **Cuibheasach maith**, good enough. Note: the spelling **cuífosach** is also used to represent the Munster pronunciation.

**cuibheasacht**, f. (gs. **cuibheasachta**) (cuibheasacht) (ki:səxt) fair amount, moderation, having just enough. *Ní beag dó an chuibhsacht*, it is enough for him to have just enough [PUL1914].

**cuibhreach**, f. (gs. **cuibhrí**, ds. **cuibhrigh**, npl. **cuibhreacha**, gpl. **cuibhreach**) (cuibhreach, cuibhreach) (ki:r'əx, ki:r'əxə) fetter, shackle, stocks. **Cuibhreach a bheith ort**, to be entangled/encumbered. **Cuibhreach a chur ar dhuine**, to shackle someone.

**cuibhreann**<sup>335</sup>, m. (npl. **cuibhrinn**, gpl. **cuibhrinn**) (cuibhreann, cuibhreanna) (ki:r'ən, ki:r'in') common table, mess. I **gcuibhreann duine**, at table with someone; in someone's company: *an t-é a chuir a lámh sa mhéis am' chuibhreann, díolfaidh sé mé*, he that dippeth his hand with me in the dish, he shall betray me [PUL1915b].

**cuibhreannach**, m. (npl. **cuibhreannaigh**) (cuibhreannac, cuibhreannaig) (ki:r'ənəx, ki:r'əniɡ') someone sharing a plate with someone. [DBÓC]

**cuid**, f. (gs. **coda/cod'**, npl. **coda/codacha/codracha/cuideanna**, dpl. **codaibh**) (cuid, coda/codac/codrac/cuideanna) (kud'~kid', kodə~kodəxə~kodəxə~kid'ənə) 1. (pl: **coda**) share, part. **Tá a chuid éadaigh aige á chur air**, he is putting his clothes on. **An chuid eile**, the rest; the other people. **An chuid eile den lá san**, for the rest of the day. **An chuid eile dá shaol**, for the rest of his life. **Ana-chuid acu**, a great many, a great deal of the. **An chuid is fearr acu**, the best part of them, ie, most of them. **Cuid de**, some of it, part of it. **Mór-chuid**, a great many. I **gcuid díobh**, partly, in part of them. **An chéad cuid**, the first lot of them. the former. **Cúigiú cuid**, fifth part (20%). 2. (pl: **cuideanna**) meal. **Do chuid a dhéanamh**, to make your meal. **Cuid bídh/bhídh**, meal. **Cuid na hoíche**, supper. **Do chuid a chaitheamh**, to eat your meal/supper. **Dá chuid féin**, (something) of his own. **Dem chuid féin**, (something) of my own. **Cuid na comharsan**, one's neighbour's property. *Na daoine go bhfuil do chuid acu, ba dheacair iad d'áireamh*, it would be hard to count the people who owe you money [PUL1904]. *Droch mheas ar chuid duine féin, dúil i gcuid an fhir thall*, a low estimation of one's own property and a covetousness for the property of others [PUL1913]. **Do chuid agus do chluí**, your money and your reputation. **A gcuid 'en tsaol**, all they had in the world. **Cuid a bheith agat de rud**, to partake of something. **Do chuid a dh'fhágaint ag duine**, to leave your property to someone (after your death). In a more general sense of "lot, portion": *agus deighilfidh sé é, agus ceapfaidh sé a chuid amesg lucht fill*, and shall separate him, and appoint his portion with the hypocrites [PUL1915b]. I **ndeireadh a gcoda**, having run through all they have. **A chuid**, my dear (possibly referring to the interlocutor as **mo chuid den tsaol**). *Ná déin aon dá chuid ded' dhícheal*, don't do things by halves [PUL1904]. **'Na gcodaibh**, in bits, in parts; bit by bit. **Ina chodaibh beaga**, in separate little parts, by episodes. **'Na chuid agus 'na chuid**, bit by bit. **Tá a chuid ar Dhia**, he depends on God's providence. *Cad í an chuid atá agaibh-se de Thighearna Dia Israél?*, What have you to do with the Lord the God of Israel? [Iósúé 22:24]. **An chuid ba mhó dhe**, to a great extent, largely. Note: The genitive is frequently **cod'**, losing its final vowel. The plural **coda** is used in Munster, and is attested after numerals: *agus na saighdiúirí, nuair a chéasadar é, do thógadar a chuid éadaigh, agus dheineadar cheithre coda dhíobh, cuid do gach saighdiúir, agus a chasóg*, then the soldiers, when they had crucified Jesus, took his garments, and made four parts, to every soldier a part; and also his coat [John 19:23, PUL1915/2]. The plural **codracha** found in DBÓC1933 means "shares in a company". **Cuideanna** is found in Nehemias 8 and **codacha** in Nehemias 11.

**cuideachta**, f. (gs. **cuideachtan**, ds. **cuideachtain**) (cuideachtac) (ki'd'axtə~ki'l'axtə) company; fun, amusement. **An chuideachta**, the company, the people present. *Bhíodh fáilte ins gach cuideachtain roimis mar ní bhíodh sé choídhche ach ag déanamh spóirt agus suilt agus caitheamh aimsire d'á mbíodh láithreach*, he was welcome in all company as he was ever creating fun, amusement and a good time for all present [PUL1904]. **Ina cuideachtain**, in her company. I **gcuideachtain**, in company. **Gan cuileachta**, alone, without company. Note: **cuideachta** is also ICS for ⇨ **cuideachtanas**. See TÓD1931 for an instance of **cuileachta**.

334cúpaithe?

335Check pl.

**cuideachtanas**, noun/vn, m. (gs. **cuideachtanais**) (cuideac̄ctanac̄) (ki'd'axtənəs~ki'l'axtənəs) 1. company; keeping company. **Cuideachtanas a chéile**, each other's company. **Deinim cuideachtanas dó**, I keep him company. *Tabharfaidh sé formhór na h-aimsire sa choláiste sin ag imirt chártaí agus ag cuideachtanas agus ag ól*, he will spend the majority of the time in that college playing cards, keeping company and drinking [PUL1907]. Also in the sense of "company": *is áluinn agus is uasal an cuideachtanas atá acu agus iad ag gabháil tré thrioblóidibh an tsaoghail seo, agus ar neóin is áluinn agus is uasal an cuideachtanas atá i n-áirighthe dhóibh ar an saoghal eile*, they are in beautiful and noble company as they go through troubles in this world, and of course beautiful and noble company is secured to them in the next world [PUL1910]. **I gcuideachtanas a chéile**, enjoying each other's company: *dá bhfanadh Brian sa bhaile i gCeann Cora agus dá bhfanadh Niamh ann, agus í féin agus Gormfhlaith a bheith chómh mór i gcuideachtanas a chéile agus bhíodar, ní dhéanadh Gormfhlaith an gníomh i n-aon chor*, if Brian had stayed at home in Kincora and if Niamh had stayed there, and she and Gormfhlaith had gotten on as well as they had been doing, Gormfhlaith would not have done the deed [PUL1907]. 2. social intercourse. **Garbh ina gcuideachtanas**, rough/uncultured in their social habits. Note: according to CFBB, AÓL had a d in the pronunciation of this word.

**cuideóg**, f. (gs. **cuideóige**, npl. **cuideóga**) (cuideoḡ, cuideoḡa) (ki'd'ó:g, ki'd'ó:gə) earthworm. [LASID]

**cuidím**, vn. **cuidiú**, verb. (cuioigim, cuioiḡad̄) (ku'd'i:m', ku'd'u:) to help, assist. **Féoil a chuidiú**, to contribute meat (for a feast). **Cuidiú lena chéile**, to club together. Participle: **cuidithe**.

**cuidiú**, vn. ⇨ **cuidím**.

**cúig déag**, num. (cúig deaḡ) (ku:g' d'iag, xu:g' d'iag) fifteen. In counting: **a cúig déag**.

**cúig**, num. (cúig) (ku:g', xu:g') five. Note: other than in counting, it is usually **chúig** in PUL, with either the singular or plural of the noun, and rather erratic in terms of taking lenition (or even eclipsis): **chúig seachtaine**, five weeks [PUL1904], **chúig bhollóga**, five loaves, **chúig talanta**, five talents, **chúig gealbhúin**, five sparrows, **chúig phúint**, five pounds, **chúig mbailte**, five towns, **chúig cinn**, five ones [PUL1915/2]; with the singular: **chúig mhíle**, five miles, **chúig mhí**, five months [PUL1915/2]. Note that non-lenition of a c after **chúig** is the norm, as in **chúig céad**, five hundred, due to the coincidence of homorganic consonants across the word boundary.

**cúige**, m. (npl. **cúigí**) (cúigead̄, cúiḡ/cúiḡda, gs. cúiḡ) (ku:g'i, ku:g'i:) province.

**cuigeann**, f. (gs. **cuigne**, ds. **cuigin**, npl. **cuigne**) (cuigeann, cuigne) (kig'ən, kig'in'i) churn, churning of milk. *Do bhí cuigion againn d'á dhéanamh*, we were churning milk [PUL1904].

**cúigear**, m. (npl. **cúigir**) (cúigear, cúigir) (ku:g'er, ku:g'ir') five people.

**cúigiú**, adj. (cúigiead̄) (ku:g'u:) fifth. Prefixes h to a vowel: **an cuigiú hoíche**, the fifth night. Note: h-prefixation before a vowel is not always found.

**cuil**, f. (gs. **cuile**, npl. **cuileanna**) (cuil, cuileanna) (kil', kil'ənə) fly. *A ghiollaí dalla, sgagann sibh amach an chuil agus sloigeann sibh an camal*, blind guides, who strain out a gnat, and swallow a camel [PUL1915b].

**cúil**<sup>336</sup>, f. (gs. **cúlach**, npl. **cúlacha**) (cúil, cúileada, gs. cúile/cúilac̄) (ku:l', ku:ləxə) corner, nook, refuge. **Cúil Aodha**, Coolea, Co. Cork (**ar Cúil Aodha**, in Coolea). 2. heap. **Cúil mhóna**, heap of turf.

**cuileachta**, f. ⇨ **cuideachta**.

**cúileann**, f. (gs. **cúilinne**, ds. **cúilinn**, npl. **cúileanna**, gpl. **cúileann**) (cúil-ḡionn, cúil-ḡionna) (ku:l'ən, ku:l'ənə) fair maiden.

**cuileann**, m. (npl. **cuilinn**) (cuileann, cuilinn) (kil'ən, kil'in') holly-tree; holly oak; holm oak. Also **crann cuilinn**.

**cúiléith**, f. (gs. **cúiléithe**) (cúil-ḡéir̄) (ku:l'e:h) ligament at the back of the neck. By extension, steadiness of mind, power of reflection: *tá an chúil-fhéith ann chun na foghluma agus an éirim*, he has the mind and aptitude for study [PUL1915]. *Ach bhí an chúil-fhéith chómh maith san ag an Athair Séamus, agus an stuaim chómh daingean san ann, go mbaineadh sé an faobhar de'n fheirg i gcómhnuighe sar a bhféadadh sí aon díobháil a dhéanamh*, but Father James was so balanced and dignified that he always took the edge off the anger before it caused any harm [PUL1915].

**cuileóg**, f. (gs. **cuileóige**, npl. **cuileóga**) (cuileoḡ, cuileoḡa) (ki'l'o:g, ki'l'o:gə) fly. [LASID]

**cúilfhíacal**, f. (npl. **cúilfhíacla**) (cúil-ḡiacal, cúil-ḡiacal) (ku:l'-iækəl, ku:l'-iækələ) backtooth, molar. **D'ainneoin a chúilfhíacal**, in spite of him.

**cúilín**, m. (npl. **cúilínín**) (cúilín, cúilíní) (ku:l'i:n', ku:l'i:n'i:) hair on the back of the head. [AMF]

**Cuilinn Uí Chaoimh**, placename. (Cuilinn Uí Čaoim̄) (kil'in' i: xi:v') Place in Co. Cork associated with the O'Keeffe family.

**cuilith**, f. (gs. **cuilithe**, npl. **cuilithí**) (cuilic̄, cuilic̄i) (kil'ih̄i, kil'ih̄i:) eddying current; vortex; a silent, rapid current in the middle of a river which is much stronger than it seems to be from the bank. *Breithnig an abha sul a dtéidhir 'na cuilith*, examine the river well before you trust yourself to the current [saying] [PUL1903]. **Cuilithe guarnain**, whirlpool. Also **cuilithe guairne** [DBÓC1940]. Note: AÓL and DBÓC had **cuilithe**; PUL wrote **cuilith** in PUL1903/PUL1904, etc.

**cuilithe**, f. (npl. **cuilithí**) (cuilic̄, cuilic̄i) (kil'ih̄i, kil'ih̄i:) eddying current; vortex; a silent, rapid current in the middle of a river which is much stronger than it seems to be from the bank. [AÓL, DBÓC]

**cuidhin**, f. (cuim̄in) (ki:n') memory, recollection. **Is cuidhin liom tú**, I remember you. With **conas**: *is cuidhin liom conus mar a bhíos lá ag féachaint ar leabhar Gaeluinne sa leabharlann*, I remember one day looking at an Irish book in the library [PUL1915]. **Ní cuidhin liom anois mar gheall air**, I can't remember about it now. Note: the usual word for memory or recollection is **cuidhne**. The copular construction with **cuidhin** is used in the present and past tense, with **cuidhne** used with the other tenses.

**cuidhne**, f. (gs. **cuidhne/cuidhinte**) (npl. **cuidhneacha**) (cuim̄ine, cuim̄ineac̄a) (ki:n'i, ki:n'əxə) memory. **Tá cuidhne agam**

ort, I remember you. **Bíodh cuimhne agat ar go...**, remember that ... **Cuimhne do**, I remind someone. **Cuimhne a choimeád (ar dhuine/rud)**, to keep remembering someone/thing, not to forget him/it, keep him/it in mind. Also **rud do chimeád ar do chuimhne**. *Chómh fada agus théighean mo chuimhne níor airigheas ach na trí h-urchair*, as far as I remember, I only heard three shots [PUL1915]. *Níor déineadh is dócha le cuimhne aoinne atá suas a leithéid eile de ghníomh*, such a deed was not done within living memory/the memory of anyone alive [PUL1904]. **Óm chuimhne**, from memory. **Cuimhne do chur as do chroí**, to be able to forget something, put it out of mind. **Cuimhne dhuine a ghéarú**, to spur someone's memory. **Mar chuimhne ar dhuine**, as a memorial to or in remembrance of someone. **Imithe as cuimhne**, no longer remembered, out of mind. **Rud a theacht chun cuimhne**, for something to come to mind, to recall something for some reason. **Rud a thabhairt chun do chuimhinte**, to bring something to mind. **Rud a thabhairt chun a chuimhne**, to remind him of something. **Rud a thabhairt chun do chuimhne**, to recall something, bring it to mind. **Imithe as cuimhne**, forgotten. **Cuimhne an tseanlinbh**, the memories of an old man of his youth. **Lá cuimhne**, a memorial day. **Cómhartha cuimhne ar rud**, a memorial of or monument to something. **Agus mo chuimhne é**, and by the way (I nearly forgot)... Note: the use of **cuimhinte** as the genitive is attested in PUL1914b, but **cuimhne** is generally found as the genitive in his works. **Cuimhinte** arises via confusion between **cuimhne** and **caoineadh**.

**cuimhneachán**, m. (npl. **cuimhneacháin**) (cuimhneacáan, cuimhneacáim) (ki:n'əxɑ:n, ki:n'əxɑ:n') commemoration, memorial; memento; monument to remind you of something. See ⇒**cuimhniú**.

**cuimhneamh**, noun/vn, m. (gs. **cuimhnimh**, npl. **cuimhniithe**) (cuimhneamh, cuimhniġċe, gs. cuimhniimh) (ki:n'əv, ki:n'ihɪ) 1. remembering, remembrance. *Deinidh an nídh seo mar chuimhneamh orm-sa*, do this for a commemoration of me [PUL1915b]. 2. recollection, thought. With **ar**: **an bhfuil aon chuimhneamh ar imeacht agaibh?** have you any thought of leaving? *Níor tháinig lá d'á chuimhneamh riamh chúgham go raibh aon bhaoghal ar an nGaeluinn*, there never came a day when I thought Irish was in danger [PUL1915]. *Níor tháinig aon phioc d'á chuimhneamh chun aoinne acu go raibh aon bhaoghal go bhféadfadh Lochlanaigh, ná aon almhúraigh eile, Éire do chur fé n-a smacht go h-íomlán chóidhche*, it never occurred to any of them that there was a danger that the Vikings, or any other foreigners, could ever bring Ireland fully under their control [PUL1907]. *Is ró bheag d'á chuimhneamh, ámhthach, a bhí ag Dúlainn féin ná ag aoinne de'n mhuintir a bhí ag éisteacht leis an gcaint go raibh an chaint ag gearadh an chroíche aici ar an gcuma san*, little, however, did Dúlainn himself or any of those listening to what he was saying realise that it was cutting her to the quick like that [PUL1907]. See ⇒**cuimhním**. **Cuimhneamh** is also found in the ICS for ⇒**cuimhniú**.

**cuimhním**<sup>337</sup>, vn. **cuimhneamh**, verb. (cuimhniġim, cuimhneamh) (ki:n'í:m', ki:n'əv) I remember, think, consider, reflect. Past: **do chuimhníos, do chuimnigh sé**. Future: **cuimhneod, cuimhneoidh sé**. Imperative: **cuimhnigh** /ki:n'ig'/. Participle: **cuimhinte**. **Cuimhním ar**, I recall to memory, think of; I remember. *Ambasa ach do chuimhnigheas gur bh'fhéarr gan dul a thuille*, I can assure you that I recollected that it was better not to go any further [PUL1915]. **Cuimhním ar**, I think of (a way of doing something): *chuimhnigheas féin ar shlígh chun raint airgid a dhéanamh suas dos na fearaibh a bhí istigh ó'n Ráth*, I myself thought of a way to raise money for the men from Charleville who had been imprisoned [PUL1915]. *Níor chuimhnigheas riamh orm fhéin*, I never thought what I was saying [PUL1904]. **Anois a chuimhním air**, now that I think of it. **Cé ' chuimhneódh ar a leithéid?**, whoever would have thought of it? **Cuimhneamh air (go)**, to consider (that). **Do chuimhnigh sé air héinig**, he recollected himself, had a thought, a bright idea.

**cuimhniitheach**, adj. (comp. **cuimhniithí**) (cuimhniġċeac, cuimhniġċiġe) (ki:n'ihəx, ki:n'ihɪ:) mindful (with **ar**).

**cuimhniú**, m. (gs. **cuimhniithe**) (cuimhniugáð) (ki:n'u:) commemoration. **Cuimhniú baochais**, grateful commemoration. **Cuimhniú a dhéanamh ar rud**, to commemorate something. *Ofráilimid an t-Aifríon i gcuimhniúghadh buidhchais an mhéud a dhein sé agus d' fhuil sé le grádh dhúinn, ag déanamh cuimhniúghadh spisialta ar a ghéur pháis agus ar a bhás*, we offer this Mass in grateful commemoration of what he died and suffered out of love for us, particularly commemorating his bitter passion and death [PUL1921]. **Cuimhniú míos ar rud**, a special reminder of something, memento.

**cuimil**, f. ICS. ⇒**cimil**.

**cuimilt**, vn. ICS. ⇒**cimlim; cimilt**.

**cuimín**, m. (cuimín) (kim'i:n') cumin seed. Note: this variant of ⇒**cuimin** in used in PUL's Old Testament.

**cuimin**, m. (gs. **cuimin**) (cuimin) (kim'in') cumin seed. *Is mairg daoibh-se, a Sgríbhneóirí agus a Fhairsíneacha, a chluanaidhthe: óir tugann sibh deachmhadh as an miontais agus as an ainise agus as an gcuimin, agus d'fhágabhair gan cómhlonadh na neithe is truime sa dlígh*, Woe to you scribes and Pharisees, hypocrites; because you tithe mint, and anise, and cummin, and have left the weightier things of the law [PUL1915b]. See ⇒**cuimín**.

**cuimlím**, verb. ICS. ⇒**cimlim**.

**cuing**, f. (gs. **cuinge**, npl. **cuingeacha**) (cuing, cuingeacá) (ki:n'~ki:n'g', ki'n'axə~ki'n'axə) 1. yoke, bond. **Cuing phósta**, marriage bond, wedlock. *Cá bhfuil an t-é cheapadh go bhfeicfí choídhche an bheirt sin i gcuing phósta!*, who would have thought that pair would ever be seen wedded to one another? [PUL1904]. 2. swingletree (crossbar of a plough). **Dul i gcuing phósta le**, to be joined in marriage with. **Gan chuing**, without yoke. **Tarrac fé chuing**, to draw in a yoke (of cattle). Note: CFBB has /ki:n'g' and /ki'n'axə/; LASID has /ki:n'g' and /ki'n'axə/.

**cuingím**, vn. **cuingíú**, verb. (cuingġim, cuingġugáð) (ki'n'í:m', ki'n'u:) I enjoin (**ar**, on). *Creidimh gach uile nídh a chreidean* 337Check past and imperative. PUL had **do chuimhnigh sé**, but An Teango Bheo Chléire has **cuimhnimh**. Check **cuiminte**.

*agus a chuinnighean ár naomh-mhathair, an Eaglais Chaitlicíche Rómhánach*, I believe everything believed by and enjoined on us by our holy mother, the Roman Catholic Church [PUL1921]. Past: **do chuingfós, do chuingigh sé**. Future: **cuingeod, cuingeoidh sé**. Imperative: **cuingigh**. Participle: **cuingithe**.

**cuingíú**, vn. ⇒ **cuingim**.

**cúinne**, m. (npl. **cúinní/cúinneacha**) (cúinne, cúinní/cúinneacha) (ku:ŋ'í, ku:ŋ'í:~ku:ŋ'əxə) corner, nook. **Cloch cinn chúinne**, cornerstone. **Gach aon focal ar a chúinne acu**, their every word was spiked/barbed. **Cheithre chúinne air**, with four corners. **Ta a mbolg ar a gcúinne**, they were sated, had had their fill of food and drink. **Cúinne géar**, sharp corner.

**cúinse**<sup>338</sup>, m. (npl. **cúinsí**) (cúinse, cúinse) (ku:nʃí, ku:nʃí:) pretext, condition, agreed terms; bribe. See also ⇒ **anchúinse**. [CFBB, AÓL]

**cuireadh**<sup>339</sup>, m. (gs. **cuiridh**, npl. **cuirí**) (cuireadh, cuirí/cuireadh/cuireadh) (kir'í, kir'í:) invitation. **Cuireadh a chur amach**, to issue an invitation. **Cuireadh a dh'fháil ó dhuine**, to receive an invitation from someone. **Cuireadh a dh'fháil chun bainise**, to get an invitation to a wedding. **Cuireadh a thabhairt (chun féasta) do dhuine**, to send someone an invitation (to a feast). **Cuireadh dinnéir a thabhairt do dhuine**, to invite someone to dinner. **Gan cuireadh gan chead (ó dhuine)**, without invitation or leave (from someone).

**cuirim**, vn. **cur**<sup>340</sup>, verb. (cuirim, cur) (kir'im', kur/kir') 1. I put, place, set. **Chuir an chaint sin ag machnamh mé**, what was said made me think, set me thinking. **Duine a chur ag déanamh ruda**, to put someone doing something, have or make him do it, set him off doing it. *Nuair a h-innseadh dóibh gur bh'é lubhdán a chuir cosg leis an ndíobháil agus do chuir an tairbhe 'á dhéanamh, bhí ana bhuidhchas acu air agus ana uraim acu dhó*, when they were told that it was lubhdán who had halted the damage and who had had the improvements done, they were very grateful to him and very respectful of him [PUL1909]. **Cuirim Aifreann dá rá ar na mairbh**, I have a Mass said for the dead. **Tú fein a chur roim dhuine**, to place yourself above someone. **Clann a chur de mhnaoi**, to deliver a child. 2. I send. 3. I sow, plant. **Fionghort a chur**, to plant a vineyard. **Síol a chur**, to plant a seed. **Páirc a chur fé choirce**, to plant a field with oats. 4. I bury. **Duine a chur**, to bury someone. **Rud a chur á dhéanamh**, to have something made.

**Cuirim ar**: 1. I place something on something or somewhere. 2. I cover or enclose. a) clothing: **bróga a chur orm**, I put my shoes on. b) translation: **Gaelainn a chur ar focal**, to translate a word into Irish. 3. I cause or impose. a) **cuirim rud ar dhuine**, I impose or force something on someone: *nuair a cuireadh ortha an saghas múineadh sin a dh'fhág sa deire iad gan Bhéarla gan Ghaeilinn*, when they subjected them to that type of teaching that left them in the end with neither English nor Irish [PUL1915]. *An easumhluígheacht a dhein ár gcéad athair agus ár gcéad mháthair, do chuir sé an peacadh ortha féin agus ar a sliocht*, the disobedience of our first father and mother brought this sin on themselves and on their descendants [PUL1921]. **Aithne a chur ar dhuine**, to give someone a commandment to obey. b) challenging or taking someone on, attacking someone: *cad chuige an t-urchar agus gan aon namhaid ag cur ortha?*, why the shot when there was no one fighting against them? [PUL1915]. **Cuirim ort!** I challenge you! c) **rud a chur ar dhuine**, to examine someone on something: *do chailleas raint mhaith aimsire, tar éis na h-oídhche theacht orm, ag glao dhach ar dhaoine a bhí 'n-a gcodla agus ag cur tuairisge na slíge ortha*, I spent a good deal of time after midnight came calling on people who were asleep to ask the way [PUL1915]. *Ní mór dom é innsint dom' mháthair, agus a chur 'na cómhairle cad is ceart a dhéanamh*, I must tell my mother, and ask for her advice what to do [PUL1904]. d) **rud a chur ar dhuine**, to blame something on someone: *b'fhéidir go gcuirfeadh Cáit Ní Bhuachalla orm-sa é*, maybe Kate Buckley will try to say it was me [PUL1904]. **Dlí a chur ar dhuine**, to accuse someone of violating a law. 4. to bet something. *Cuirfeadh cárt leanna leat go mbeidh dán déanta agat sul a mbéimíd i mBaile Choitín*, I will bet you a quart of ale that you will have composed a poem before we are in Ballycotton [PUL1919]. 5. to affect adversely: **tá mo chroí ag cur orm**, my heart is troubling me. *Bhí an fuacht ag cur ar an bhfear chómh mór san go raibh a mhéireana le 'n-a bhéal aige agus é 'ghá shéideadh*, the cold was troubling the man so much that he put his fingers against his mouth and was blowing them [PUL1903]. **Níl aon rud ag cur air**, there is nothing troubling or afflicting him. **'Sé rud is mó a bhí ag cur orm go raibh...**, the main thing that troubled me was that... **An mhuínir atá ag cur orm**, the people persecuting me. 6. to set on a course of action: *táid na n-oibreacha le déanamh iomadamhail, ach cuirfidh a nádúr féin duine ar obair agus duine eile ar obair eile*, there are numerous things to do in life, and one person's nature will lead him to do one thing and someone else's another [PUL1913].

**Cuirim as**, I emit, utter, let out. *Dá gcuireadh sé an tarna guth as*, if it had rumbled a second time [PUL1915]. Also, I put out, drive out, drive off: *bheith ag casadh le h-aon rud a dhéanamh a chuirfeadh cosg leis an meathalughadh a bhí ag cur na Gaelinne as an saoghal*, trying to do something that would stop the decline that was driving Irish from the world [PUL1915]. **Duine a chur amach as áit éigin**, to turn someone out/send someone out of a place/expel someone from somewhere. *Mura n-ólfainn deoch maith láidir biotáille chun an fhuachta do chur amach as mo chroíde*, unless I drank a good strong drink of spirits to warm my heart up [PUL1915].

**Cur chun**. 1. **Cuirim chun rud a dhéanamh**, I set about/start doing something. *Ba mhaith liom an cleamhnas*

338 What does f mean on p11 of CFBB?

339 Check pl and the pronunciation of the gs.

340 GCD claims the pronunciation is generally cuir, but cur in the meaning of planting or burying (na prátaí a chur), and cur at the end of a sentence (ceist a chur). Check the Cork validity of this. CFBB often has cuir for cur, see pxi.

*a dhéanamh ach ná feadar conus cur chuige*, I would like to make the match, but I don't know how to set about it [PUL1904]. *Ach pé acu chreideadar é nó nár chreideadar, ní baoghal gur chuir aoinne chun an sgéil d'áiteamh uirthi*, whether they believed it or not, there was no fear that anyone would try to argue the matter with her [PUL1904]. *An túsige 'n-a gcuirfeadh an capal chun luighte bhéadh an marcach 'n-a sheasamh i n' aice*, as soon as the horse would start to lie down, the rider would be standing up besides it [PUL1907]. *Ní raibh aon bhreith ag aoinne de'n bheirt, ná ag aon fhear i n-Éirinn an uair sin, agus M'Isheachlainn Mór féin do chur chuige, ar Chaoilte, chun capail a mharcaigheacht*, neither of them, nor any man in Ireland then, or even Maeleachlainn Mór if he were to try his hand at it, could match Caoilte in horse-riding [PUL1907]. *Is olc a chuiris chun an bhacaig*, you didn't take the beggar on properly [AÓL1968]. 2. I set out, set off. **Do chuireadar chun gluaiste**, they set off. 3. **Rud a chur chút**, to appropriate something, put in your breast or pocket: *do léigh sé an leitir agus chuir sé chuige í*, he read the letter and tucked it away [PUL1907]. *Do rug duine eile acu air agus chuir sé ar a ghlúin chuige é, agus do lúb sé é, acht do theip air é bhriseadh*, one of the others took hold of it and put it on his knee in front of him and bent it, but failed to break it [PUL1903]. **Rud a chur ar do bhais chút**, to put something in the palm of your hand. 4 To let something out: *bhí fear tighé ann agus chuir sé fíonghort, agus chuir sé fál tímpal air, agus dhein sé fásgadóir ann, agus chuir sé suas túr ann, agus chuir sé chun lucht saothruighthe é, agus d'imthigh sé go dúthaigh íasachta*, there was a man an householder, who planted a vineyard, and made a hedge round about it, and dug in it a press, and built a tower, and let it out to husbandmen; and went into a strange country [PUL1915b]. 5. To put into some kind of state: *d'imthigh Cúán uatha gan an t-each do chur chun leath a dhíchill*, Cuan got away from them without making the horse go half as quickly as it could [PUL1914c]. 6. To place something before someone: **bia a chur (ar an mbord) chun duine**, to serve food to someone. **Rud a chur ina lámh isteach chun duine**, to put something in someone's hand. 7. To interfere with, affect: *ní féidir dóibh baint le duine a bhíon ag déanamh a ghnótha féin agus gan é ag cur chúca ná uatha*, they cannot touch someone who is minding his own business and not interfering with them either positively or negatively. [PUL1904].

**Cur de**: 1. **Cuirim díom**, I accomplish, get something done. *An dorus amach do chur dí gan oiread agus smiog do rádh*, she got out the door without saying a word [PUL1904]. **Do chuir sé dhe arís**, he continued, went on, walked along further. **Do chuireas an talamh díom**, I raced off. *Nuair a bhí cúpla míle de'n tsliogh curtha dhiobh acu b' éigean do Cháit stad*, after two miles Cáit had to stop [PUL1915]. Also, I get over something: *bhíos chómh buailte amach san gur shíneas ar bhara chlaidh an bhóthair chun an tuirse chur díom beagán*, I was so exhausted that I lay on top of the road wall to rest a little [PUL1915]. **Chuir sé dhe trí an slua**, he continued/went on his way through the crowd. **Do bhóthar a chur díot**, to get going, be on your way, making progress along the way. Also **an tsli a chur díot**. **Tá an fhearg curtha dhe aige**, he has calmed down. *Ní chuirfeadh náire an sgéil díom an dá lá 's 'n fhaid a mhairfeadh!*, I will never get over the shame of the matter for as long as I live [PUL1907]. **An cnoc amach do chur díot**, to go up or over the hill, to rush away up the hill. *Chuir sé an dréimire suas de gan congnamh*, he went up the ladder without any help [PUL1904]. *Chomáineadar na cosa leó ag cur díobh go lúthmhar agus go luaimneach, agus iad chómh geal le sneachta, bíodh gur as na seana-bhrógaibh a thángadar*, the legs carried on moving agilely and nimbly, as white as snow, although they had come out of the old shoes [PUL1913b]. **Do chuir sé an réidh de**, he ran along the moor. **An oíche do chur díot**, to spend the night. **A chúram a chur díot**, to get it over and done with. **Do bhí a chroí ag cur de**, his heart was palpitating. **Conas tánn tú ag cur díot?**, how are you getting along? 2. to put off, drive off (in various senses): **duine a chur de rud**, to put someone off from doing something. 3. **Clann/leanbh do chur díot**, to give birth.

**Cuirim fúm**, I settle down, settle in a certain place.

**Cuirim i**, I instil, inculcate: *go raibh muintir Shasana ag imtheacht as a meabhair le sgannradh roimis na Fíníní agus go rabhadar ar buile le feirg, a rádh gur fhéad na Fíníní a leithéid de sgeón a chur ionta*, that the English were going out of their minds with fear of the Fenians and were crazy with anger that the Fenians could instil such fear in them [PUL1915]. **Neart (binneas) a chur i rud**, to make something strong (sweet, etc). *D'imthigheadar a gceathrar go h-éasga éadtrom seólta de dhruim an chlaidhe sin, gan bárr coise tosaigh ná deirigh do chur ann*, the four of them went easily, lightly, gracefully over that fence, without the tips of their front or hind legs touching it/getting caught on it [PUL1904]. *Go raibh fir Éirean ceapaithe ar Bhrian do chur sa n-Árdrigheacht dá dtóilightheadh Brian féin chuige*, that the men of Ireland were determined to install Brian in the High Kingship if Brian himself agreed to it [PUL1907]. I put in, place in: *cuirfidh sé, má fhéadan sé é, fiacal nimhe sa lámh a shaor ó'n mbás é*, it will bite with its fang the hand that saved it from death if he can [PUL1931].

**Cur idir**, to place something between: *chuireadar an pháirc threabhtha idir iad agus an cath*, they put the ploughed field between them and the battle [they stayed the other side of the intervening field] [PUL1907].

**Cuirim le**, I append to, add to, include: *ní raibh duine óg ná aosta 'sna trí pobalaibh ná raibh an sgeul go léir aige agus a thrí oiread curtha leis*, there was no one young or old in the area who did not know the whole story, enlarged upon by a factor of three [PUL1904]. *Murar chuiris leis an bhfírinne nach baoghal gur bhainis uaithi*, if you did not embellish the truth, there is no chance you subtracted from it either [PUL1904]. *Fé mar a bhíodh gach leitir sgríobhtha aige chuireadh Brian a ainm thíos léi*, as each letter was written, Brian added his name to it at the bottom [PUL1907]. **Cur le chéile**, to give mutual support, co-operate, work together: *dá gcuirimís go léir le chéile d'fhéadfaimís a bhfuil de Dhanaraibh i n-Éirinn do mharbhughadh nó do dhíbhirt i n-aon cheithre h-uaire fichid amháin*, if we co-operated, we could kill or drive out all the Danes in Ireland in a single twenty-four-hour period

[PUL1907]. **Ní neart go cur le chéile**, unity is strength. **Cuirim le chéile**, I put something together. *Ní fhéadfadh sé neart fear Éirean do chur le chéile 'n-a gcoinnibh*, he couldn't have united the Irish forces against them [PUL1907]. *Do curfaí so agus súd le chéile agus bhéadh 'fhios acu go léir cad é an gnó a bhí agam i gCeann Cora an lá san*, they would put two and two together and they would all know what I was doing in Kincora that day [PUL1907].

**Cur ó**, to prevent, deprive of. *Bhí Gormfhlaith ag cuimhneamh ar Árdrígeacht na h-Éirean, agus ar Bhrian, agus ar Mhurchadh, agus ar a mac féin, agus ar conus a thiocfadh sí ar Mhurchadh do chur ó'n Árdrígeacht*, Gormfhlaith was thinking of the High Kingship of Ireland, and of Brian, Murchadh and her own son, and show she could prevent/stop Murchadh from getting the High Kingship [PUL1907]. **Duine a chur ó rud a dhéanamh**, to put someone off, or prevent someone, from doing something: *níor chuir san mé ó é bheith daingean am' aigne gur am' shagart a bheinn*, that did not put me off from being sure in my mind that I would become a priest [PUL1915]. *D'fheuch sé ar an ngárda a chuir sé, indé roimis sin, ó bheith i n-aice Bhriain*, he looked at the guard who he had taken off the duty of guarding Brian the previous day [PUL1907]. **Cuirim uaim**, I drop something, give it up, relinquish it: *do chuir sé uaidh ar fad an crónán*, he completely dropped the humming. **Cuir uait!**, stop that! *Cuir uait an dúil mhór san i n-eolus*, shun too great a desire for knowledge [PUL1914]. *Cuir uait an chogaint*, leave off/lay off the chewing [PUL1931]. **Daoine/rudaí a chur ó chéile**, to separate, put apart people or things. *Deir sé gur bh'fhear ceart Ióseph agus d'á bhrígh sin, ó nár mhaith leis masla poiblidhe thabhairt di gur mhian leis í chur uaidh a gan fhios*, he said Joseph was a just man and for that reason, since he didn't want to publicly insult her, he wished to put her away/divorce her in secret [PUL1924]. **Do chuir sé uaidh é**, he sent him off/away. **Chuir sé leitir uaidh**, he sent a letter.

**Rud a chur romhat**, to make up your mind to do something, propose to do something: *tá Gormfhlaith ró cheapaithe ar an ndroch obair atá curtha roimpi aici*, Gormfhlaith is too set on doing the mischief she has determined to do [PUL1907]. *Dlighthe a chuirfidh rómpa éagcóir a dhéanamh ar dhaoine macánta*, laws that will aim to do an injustice to honest people [PUL1915].

**Rud a chur timpeall**, to send something round, circulate it.

**Cur trí**, to mix up. *Agus thugadar le n-ól do fion gur cuireadh domblas tríd; agus nuair a bhlaís sé é ní ólfadh sé é*, and they gave him wine to drink mingled with gall. And when he had tasted, he would not drink [PUL1915b]. **Trí cheile**, confused. **Ana-mhór trí chéile**, greatly upset. **Cuir thrí chéile**, as a verbal noun, "creating confusion"; as a noun, "confusion". **Rud a chur trí chéile** /hr'i: x'e:l'i/, to discuss something; or to confuse something. *Ní stadann a bheul ach ag cur thré chéile*, he never stops going on [PUL1904]. *Tá an tiarna agaibh á chur tré chéile leis an bhfothrom atá agaibh á dhéanamh*, the lord is getting annoyed with the noise you are making [DBÓC1933]. **Rud a dhul trí chéile ort**, to get something confused. **Ana-chur trí chéile ort**, great concern or upset. **Trí chéile aigne**, mental confusion. **Aigne a chur trí chéile ar dhuine**, to perplex someone. *Níor dhéin sé ach aigne an duine bhoicht do chur tré chéile níos mó*, that only confused the poor man's mind yet more [PUL1904]. **Cur trí chéile a dhéanamh ar dhuine**, to disturb someone. *Do tugtí na fir amach os a chómhair agus do curtí tré n-a ngleacaidheacht iad*, the men were brought out before him and put through their exercises [PUL1907]. **Trína chéile**, mixed up, confused: *ag gabháil an bóthar abhaile dhó, do bhí a aigne agus a inntinn tré n-a chéile*, as he went home, his mind and thoughts were confused [PUL1904]. **Trína chéile** functions as a regular adjective, including forms such as **ana-thrína chéile**, very mixed up. **Fiacla a chur trí rud**, to bit something, pierce something with the teeth. **Rud a chur trí chriathar**, to sieve something. **Snáthad do chur trí éadach**, to use a needle to sew a piece of cloth.

**Cuirim umam**, I put on (clothes): **cuirim mo chuid éadaigh umam**. **Cuir umat é**, put it on! **Do chuir uime**, he got dressed.

Noun phrases. **Cuirim ina aghaidh**, I oppose, contradict it. **Rud a chur in aice rud eile**, to place something along with something else, consider it along with it (as a further example of something). **Cuirim aithne ar**, I become acquainted with; **cuirim duine in aithne do dhuine eile**, I introduce one person to another. **Cuirim cártaí**, I send postcards. **Cuirim ceist ar**, I ask someone, I pose someone a question. **Cuirim chun báis é**, I put him to death. **Duine a chur chun siúil**, to send someone away. **Cuirim cosc (ar dhuine, le rud)**, I prevent, hinder, stop someone or something. **Á chur ar chumas duine rud a dhéanamh**, to enable someone to do something. **Cuirim fáilte roimis**, I welcome him. **Cuirim fhéachaint ar**, I compel. **Cuirim geall leat (go)**, I wager that, I bet you that. **Cuirim púnt leat (go)**, I bet you a pound (that). **Cuirim i bhfeidhm ar**, I use or bring to bear against. **Cuirim i bhfolach**, I conceal, hide. **Cuir i gcás (is) go**, suppose that. **Cuirim i gceannas**, I put in authority over. **Cuirim i gcrích**, I accomplish, finish: *go dtiocfadh linn bheith ranpháirteach sa n-ídhbirt a chuir sé i gcrích ar chnuc Chalbherí*, that we might share in his sacrifice he accomplished on the hill of Calvary [PUL1921]. Also, I get someone settled for life; I marry someone off. **Cuirim i gcuimhne do**, I remind someone. **Cuirim ina chead**, I consult him. **Rud a chur in inead ruda**, to replace something. **Cuirim i leith**, I impute to, charge someone with, accuse someone of something: *is chuige do shuidh an chúirt sin 'ná chun Liam ua Briain, M.P., agus Seághan Mandeville do chur ar a dtríal mar gheall ar chaint éigin phoiblidhe a bhí curtha 'n-a leith*, that court sat to try William O'Brien, MP, and John Mandeville for something they were accused of saying in public [PUL1915]. **Cuirim ina shuí é**, I make him get out of bed. **Cuirim ina thost é**, I make him shut up. **Lámh do chur i rud**, to play a part in something, have a hand in something: *is creideamhaint é do'n Chualacht san, agus d'á mhuintir, agus d'á thír dhúchais, agus dómh-sa, ó's mé chuir an chéad lámh ann*, he is a credit to that Society, and to his family, and to his native land, and to me, since I was the first to take an interest in



him [PUL1915]. **Cuirim leath-chluas air**, I turn my head to listen; I give ear to. **Cuirim moill ar**, I delay. **Cuirim prátaí**, I plant, sow, eg potatoes. **Cuirim rath ar**, I prosper, bless, cause to succeed or flourish: **go gcuiridh Dia an rath ort**, God favour thee! **Cad a chuir an rud san id cheann?**, what made you think of that? **Cuirim suim i**, I take an interest in. **Cuirim amú é**, I set him astray, lead him up the garden path: *is amhlaidh a bhéadh an Béarla a'm chur amú sa láimhseáil sin*, the English would have interfered with my use [of the Irish] [PUL1915]. **Duine a chur amú ar a ghnó**, to distract someone. Past: **do chuireas, do chuir sé**. Future: **cuirfead, cuirfidh sé**. Imperative: **cuir**. Past: **curtha**. Note: PUL uses the autonomous forms **curtar, curfar, curfí, curtí**, which suggests a pronunciation in kur-, rather than the kir'- in modern Cork Irish. He used **curfá** in the conditional in PUL1903.

**Cuirim amach**, I put out, place out in the open. *Cuir amach an chailís óir eile atá againn, i gcóir an Aifrinn amáireach*, put our other golden chalice out to be used in the Mass tomorrow [PUL1907]. I issue something (eg, tickets): *do chuir an chúirt barántas amach chun beirthe ortha agus iad do thabhairt chun lámha*, the court issued a warrant for the pair to be arrested and brought to justice [PUL1915]. *Go raibh coróinn fé'n bpúnt acu d'á fhághail as an airgead do chur amach ar aontaídhíbh agus ar mhargaídhíbh*, that they were getting a crown in the pound for passing out the money at fairs and markets [PUL1904]. Also, I send out: *chuir sé lucht airm amach láithreach ar na bóithríbh a-ndeas*, he sent out armed men straightaway on the roads from the south [PUL1904]. Also, I report, make something known, publish something: *ach nuair a curfar amach i ndiaigh a chéile é, ceapfaidh gach aoinne, nídh nách iongnadh, gur as mo chéird a bhéidh sé déanta agam*, but when it becomes known gradually, people will, unsurprisingly, think I've done it by my trade [PUL1904]. **Leabhar a chur amach os comhair na poiblíochta**, to publish a book. **Táid na gránúlla ag cur amach**, the pomegranates are in bud.

**Cuirim anuas**, can refer to a drink washing food down: *is maith leis an sagart féin, nuair a bhíon dinnéar maith ithte aige, a bhraon beag puins do chur anuas ar an ndínnéar!*, the priest himself likes to wash his dinner down from a little drop of punch when a good dinner is finished [PUL1915].

**Cur isteach**. As a substantive, interference, intervention; also in the sense of a military invasion. **Rud a chur isteach**, to put something in somewhere; in context, **cur isteach** may refer to people being imprisoned or tenants being found for a place. **Cuirim isteach ar**, I challenge, I interrupt; I get on someone's nerves: *ach níor dheineas a thuille cur isteach ortha le leitreachaibh - ná le h-airgead*, but I didn't trouble them further with letters, or money either [PUL1915]. **Cur isteach**, to present something: *Lá Samhna an lá a bhí ceapaithe i gcómhnuighe riamh chun cíosa an Árdrigh do chur isteach*, All Saints' Day was the day that had always been set aside to present the High King's tax [PUL1907]. **Cur isteach is amach a bheith agat ar rud**, to keep tussling over something in your mind. **Cur isteach a dhéanamh ar dhuine**, to interfere with someone. **Gan cur isteach nó amach ar rud**, to not interfere with something at all.

**Cur ó**, to put away. **Éadach a chur uait**, to put clothes away.

**Cur siar**, 1. to move back. *Chuir sé siar a bhéal chun beirthe ar an marcach*, he threw back<sup>341</sup> his mouth to catch the rider [PUL1913b]. 2. to delay or put off.

**Cur síos**, to send down, put down (in various senses). **Coire do chur síos**, to put a cauldron on. **Cuirim síos tine**, I set a fire. **Cuirim síos (i scríbhinn) (do dhuine)**, I put down (eg in writing) (for someone), pull down, set down, lay down. *D'órduigh an reacht san do gach duine dule agus a ainm a thabhairt le cur síos sa chómhreamh, 'n-a bhailé dúchais féinidh*, that decree ordered everyone to go and give his name for inclusion in the [census] count in his own hometown [PUL1924]. *Ní h-áil le nádúr an duine pionós d'fhulang; ná cur síos d'fhulang; ná go mbuadhfaí air a dh'fhulang; ná smacht a dh'fhulang; ná srian a dh'fhulang go toiltneanach*, it's not in the nature of man to be willing to suffer punishment or being put down, or being defeated, or being under someone's control or direction [PUL1914]. **Cur síos ar rud**, to give an account of, describe something: *bhí Gormfhlaith ag cur síos d' Amhlaoibh ar Bhrian agus ar Murchadh, agus ar an gcuma 'n-a raibh an uile shaghas éagcóra ag an mbeirt 'á dhéanamh uirthi féin*, Gormfhlaith was telling Amlaoibh about Brian and Murchadh, and the way in which all sorts of injustice was being done to herself by the pair [PUL1907]. **Do chuir sí síos an citeal**, she put the kettle on. *Do cuireadh an dréimire síos láithreach idir an long agus an bád agus chuaidh an ceathrar ar bórd na loinge*, the ladder between the ship and the boat was put down straightaway and the four went on board the ship [PUL1907]. *Thug sé ar a' mbóthar, agus do bhíodh oíche anso agus eadartha ansúd aige, a' siúl roimis, agus béile bhíg aige á fháil anso 's ansúd—saol maith aerach aige á chuir síos*, he took to the road, and would spend a night here and a morning there as he wandered round, getting a little meal here and there, and leading a good and carefree life [AÓL1968]. *Agus do chreid Abram Dia agus do cuireadh san síos do chun fíoraontachta*, Abram believed God, and it was reputed to him unto justice [PUL's bible, Genesis 15:6]. **Duine a chur síos tríd an dtalamh**, to send someone to his grave (as of a curse in DBÓC1940). **Saol a chur síos**, to lead a life.

**Cur suas. Cuirim suas**: 1. I raise (eg, in the sense of starting a strike): *d'fhan an chuid ba mhó dhé gan díol go dtí go dtáinig an stailc úd a cuireadh suas i gcoinnibh cruadh-chíosa*, most of it remained unpaid until that strike came that was raised against rack-rents [PUL1915]. **Fiach a chur suas**, to put up a debt, to contract a debt. 2. I offer up (a prayer, shout or cry): *bhí liúgh áirighthe chuige, agus do thuig gach aoinne conus an liúgh san do chur suas*, there was special shout for it, and everyone knew how to make it [PUL1915]. 3. I set up, build: *do cuireadh suas tigh sgoile i gCarraig an Ime thoir*, a school was set up at over at Carriganimy [PUL1915]. **Campa ' chur suas**, to set up

camp. **Cathair a chur suas**, to build a city. **Túr a chur suas**, to erect a tower. 4. sometimes in a general sense of “I apply, put on”: *is usaide é ó baineadh an easgaine de’n mhealbhóig agus de’n chathaoir agus de’n chrann. Ní dócha gur bh’fhéidir í a bheith curtha suas airís*, it is easy now that the curse has been lifted from the bag, the chair and the tree. I don’t think they could have been put back on them [PUL1904]. *Dá mb’áil leó tuille de’n dath a chur suas ní móide go bhfaighfí amach chómh luath an gnó a bhí ar siúbhal acu*, if they had only applied more colour, it is unlikely what they were up to would have been found out so quickly [PUL1904]. 5. I lift up (in a more literal sense): *ní raibh le déanamh ach mé chur suas ar an gcroich!*, all that remained to be done was to hang me (lift me up onto the gallows) [PUL1907]. *Go gcuirfadh sé suas na lúdaigh os cionn na cine daona go léir*, that he would raise the Jews up above the whole human race [PUL1924]. **Fearg duine<sup>342</sup> a chur suas**, to incite someone to anger, get his hackles up: *nuair a thagadh Brian amearg daoine de’n tsórd san, ar a chuaird, bhíodh sé ag [caint] leó agus ag plé leó agus ’ghá ngríosadh agus ag spídiúchán ortha, go dtí go gcuireadh sé a bhfearg suas agus go socaruighdís ar na h-airm a sholáthar*, when Brian came among people like that on his visit, he would talk to them, dispute with them, incite them and revile them, until he got their hackles up and they decided to provide the arms [PUL1907]. *Tuítean sé i gcoir uathbhásach, agus i n-inead maitheamhnachais d’ fhághail cuirean sé suas níos mó fearg Dé*, he commits a dreadful sin, and instead of receiving remission of his sins, increases yet further the wrath of God [PUL1921]. **Fáinne ’ chur suas**, to put a ring on. **Duine a chur suas chun rud a dhéanamh**, to put someone up to something: *nuair a chuirean droch chómhairle agus droch chómhluadar suas é chun rud a dhéanamh a bhíon lom díreach i gcoinnibh a thuisgeana*, when bad advice and bad company puts him up to something directly against his understanding [PUL1915]. **Rud do chur suas le díol**, to put something up for sale. **Cur suas de rud**, to give up doing something: *chuireadar suas de labhairt le chéile acht go h-anamh agus go cosantach*, they gave up talking to each other other than rarely and in a guarded fashion [PUL1903]. **Cur suas le rud**, to put up with something, tolerate it; also substantivised in the meaning of “endurance”: **cur suas le tarcaisne**, endurance of insults.

**Cuirim thar**, I put something past someone: **ní chuirfinse thart é**, I wouldn’t put it past you.

**cuirpeadh**, vn. ⇒ **cuirpim**.

**cuirpfiacha**, mpl. (gpl. **corpfiach**) (cuirp-ḫiāčā) (kirp’-iəxə) the principal on a debt.

**cuirpim**, vn. **cuirpeadh**, verb. (cuirpim, cuirpeadh) (kir’ip’im’, kir’ip’i) to corrupt, pollute. Past: **do cuirpeadh**.

**cuirpthe**, part/adj. (cuirpṭe) (kir’ip’i) corrupted. **Cuirpthe ó dhrúis**, corrupted by lust.

**cúirt**, f. (gs. **cúirte**, npl. **cúirteanna**, dpl. **cúirteannaibh/cúirtibh**) (cúirt, cúirteanna) (ku:rt’, ku:rt’əne) 1. court (including in the legal sense and in the royal sense), courtyard. *Do shuidh cúirt i mBaile Mhistéala*, a court sat in Mitchelstown [PUL1915]. **Fear cúirte**, courtier. **An chúirt istigh**, the inner court. **An chúirt amu’**, the outer court. **Tigh na cúirte**, the courthouse. 2. mansion, grand house.

**cúirtéarach**, noun/vn, f. (gs. **cúirtéarachta**) (cúirtéarāčt) (ku:rt’ē:rəxt) an act of courting. **Tá sé ag cúirtéarach** léi, he is courting/wooing her. [LASID]

**cúirtéireacht**, noun/vn, f. GCh. ⇒ **cúirtéarach**.

**cúirtéiseach**, adj. (comp. **cúirtéisí**) (cúirtéireāč, cúirtéirige) (ku:rt’ē:ʃəx, ku:rt’ē:ʃi:) courteous. [DBÓC]

**cúirteoir**, m. GCh. ⇒ **fear cúirte**.

**cuirtín**, m. GCh. ⇒ **cruitín**.

**cúis**, f. (gs. **cúise**, npl. **cúiseanna**, gpl. **cúiseann<sup>343</sup>**) (cúis, cúiseanna) (ku:ʃ, ku:ʃəne) 1. cause, matter, reason. **Do dhóthain de chúis a bheith agat chun ruda a dhéanamh**, to have enough reason/cause to do something. **Cúis a bheith agat bheith duairc**, to have reason to be gloomy. **Pé cúis a bh leis**, for whatever reason. **Rud ba chúis leis**, the cause of it. **Ní bhfuairadar an chúis**, they had no reason to be so/do so. **Cúis a bheith agat ar dhuine**, to have a bone to pick with someone. 2. court case. **Cúis dlí**, legal case. **Socrú cúise**, to settle a case. *Ní gan chúis a tugtar Beinn na Leacht ar an mbaile sin*, that village is not called Beenalaght without reason [PUL1915]. **Do glaoth an chúis**, the case was called. **Do chúis a phlé (in aghaidh)**, to plead your cause. 3. charge (a charge against someone in a lawsuit): *agus chuireadar os cionn a chinn a chúis sgríobhtha: ÍOSA, RÍ NA n-IÚDACH, É SEO*, and they put over his head the charge against him in writing: THIS IS JESUS THE KING OF THE JEWS [PUL1915b]. **Cúis dúnmharaithe**, a charge of murder. **Agus a chúis aige**, and no wonder: *bhí Fréiní ag gáirí agus a chúis aige*, Freney was laughing, and not without cause [PUL1915]. **Cúis le rud a dhéanamh**, a reason to do something: *bhí cúis eile agam, leis, le gan an sgoil do chaitheamh chuige*, I had another reason too for not jacking in his school [PUL1915]. *“Ba mhaith linn, a uaisle,” arsa Brian, “go neósfadh sibh anso airís, i láthair an Easboig, an toisg a thug sibh, agus na cúiseana a bhí ag an muintir a chuir chúghainn sibh le sibh a chur chúghainn,”* gentlemen, said Brian, we would like you to tell us again, in the Bishop’s presence, the purpose that brought you here and the reasons of the people who sent you for sending you to us [PUL1907]. **Cúis (de chúis) chun ruda**, a reason for something. **Rud a thabhairt de chúis do dhuine**, to give something as a reason to someone. **Cúis bhróin**, a cause for sorrow. **Cúis chogaidh**, a reason for war, casus belli. **Cúis éada**, a reason to be jealous. **Cúis ghearáin (an rud)**, a cause for complaint. **Cúis ghéire chun duine**, a joke to someone. **Cúis ghéire chúinn!**, that’s a good joke!, how funny! **Cúis ghoil**, a reason for tears. **Gan chúis gan abhar**, with no rhyme or reason, for no reason. **Gan aon chúis**, for no reason. **Gan puinn cúise**, without much reason, for no reason at all. **Cúis mhachnaimh**, something to think about, a reason for reflection. *Nach deas an obair a bheadh*

342Or fearg dhuine?

343Find attestation for these short gpls.

*déanta ag Séadna, dá mbuaileadh sé an duine agus gan aon chúis aige air?*, wouldn't it be a fine thing done by Séadna, if he had hit the person for no reason? [PUL1904]. **Cúis maraíthe a bheith agat ar dhuine**, to have a reason for killing someone. **Cúis náire**, a reproach, a cause for shame. **Pé cúis a bhí aige leis**, for whatever reason, whatever reason he had for it. **Le cúis**, for a reason: *do cuireadh amach an ráfla le cúis eile, leis*, the rumour was circulated for another reason, too [PUL1907]. **Cad é an chúis**, the reason why: *a' bhfuil fhios agat cad é an chúis go bhfuil an cion san agam ort, a Chuinn?*, Conn, do you know why I like you so much? [PUL1907]. **Sin é cúis (go)**, that is the reason why. **Fothram mór ar bheagán cúise**, a great noise over nothing, a great fuss for no reason. **Mórán cainte ar bheagán cúise**, much ado about nothing. **Ar an gcúis céanna**, for the same reason.

**cúis**, f. ICS. ⇒ **cús**.

**cúisín**, m. (npl. **cúisíní**) (cúirín, cúiríní) (ku:'j'i:n', ku:'j'i:n'i:) cushion.

**cuisle**, f. (gs. **cuisleann**, ds. **cuislín**, npl. **cuisleanna**) (cuirle, cuirleanna) (kuʃl'i, kuʃl'ənə) 1. vein. 2. pulse. **Iarracht de chuislín do bheith ort**, to have an attack of diarrhoea. 3. forearm, wrist; sometimes simply "arm". *Bhuail sé a bhuille chómh maith agus bhí 'n-a chuisleanaibh agus 'n-a chorp é bhualadh*, he struck a blow with all his might [PUL1915]. *Agus srian a asail ar a chuislín aige*, with the donkey's reins over his arm [PUL1904]. 4. **a cuisle!**, my beloved!

**cúistiúnacht**, f. GCh. ⇒ **ceastúnacht**.

**cúiteamh**, noun/vn, m. (gs. **cúitimh**) (cúiteamh) (ku:t'əv) compensation, requital, expiation. **Cúiteamh a dhéanamh do dhuine i rud**, to make recompense to someone for something; also **rud a chúiteamh le duine**. **Cúiteamh a thabhairt i rud**, to make recompense for something. **Ag cur is ag cúiteamh**, to deliberate, argue, weigh the *pros* and *cons*: *bhíomair go léir ag cur a's ag cúiteamh féachaint conus a raighmís ó-dheas abhaile*, we were all weighing up how we would get back to our homes in the south [PUL1915]. **Grá gan chúiteamh**, unrequited love. **Do bhreithiúnachas aithrí do chúiteamh**, to do your penance (carry out the acts of penance enjoined on you in the sacrament of confession). **Aitheasc cúitimh (id bhéal agat)**, a reproof, a spoken retort. See ⇒ **cúitim**.

**cuiteog**, f. GCh. ⇒ **cuideóg**.

**cúitim**, vn. **cúiteamh**, verb. (cúitigim, cúiteamh) (ku:'t'i:m', ku:t'əv) I requite, compensate, repay (with **le**). Past: **do chúitíos**, **do chúitimh sé**. Future: **cúiteod**, **cúiteoidh sé**. Imperative: **cúitimh**. Participle: **cúitithe**. *Nár chúitighthear a saothar léi!*, may she not be rewarded for her work [PUL1904]. **Ceart Dé a chúiteamh id pheacaibh**, to make restitution for your sins.

**cúl-lochta**, m. (npl. **cúl-lochtaf**) (cúl-loctā, cúl-loctāí) (ku:l-loxtə, ku:l-lox'ti:) narrow loft over a fireplace. [PUB]

**cúl**<sup>344</sup>, m. (gs. **cúil**, npl. **cúla**, gpl. **cúl**) (cúl, cúla) (ku:l, ku:lə) back; especially, back of the head. *Do stad Diarmuid i lár an tíghe ag feuchaint sa chúl uirthi*, Diarmaid stood still in the middle of the house, looking at the back of her head [PUL1904]. *Filleán an mhaillís sa chúl uirthi féin*, malice rebounds on itself [PUL1903]. **Cúla casa**, curly heads of hair [PUL1904]. *Tá teinneas am' dhrom agus suas am' chúl fós!*, I've still got a pain in my back and up in the back of my head! [PUL1915]. **Cúl dínn**, refuge, sanctuary. **Ar chúl**, behind (with the genitive). **Cúl do chinn**, the back of your head. **Ar chúl cinn**, by the scruff of his neck: *cheap sé, cóir cam díreach, Séadna do thabhairt leis anuas ar chúl cinn agus é phósadh, láithreach bonn baill, le Sathbh*, he intended to do his best to bring Séadna by the scruff of his neck and marry him on the spot to Sathbh [PUL1904]. *Cas an gad de chúl na cuinge*, twist the twig round at the back of the yoke [PUL1919]. **Cúl le cine**, anti-racial, against one's heritage. *Thug Diarmuid a chúl leis agus bhuail sé thairis gan labhairt*, Dermot turned his back on him and carry on on past him without speaking [PUL1915]. **Go cúl**, to the end: *is liom na trí bliaghna déag gan buidhchas dó, agus caithfead iad go cúl*, the thirteen years are mine, in spite of him, and I will spend them to the end [PUL1904]. **Ar mo chúlaibh**, behind me. **Rud a chur ar gcúlaibh**, to put something off, postpone it. **Duine ' chur ar gcúl**, to turn someone back. **Rud a dhul ar gcúl**, to go back, recede: *nuair a tháinig an baoghal, ámhthach, chuaidh an díombágh agus an t-uabhar ar gcúl*, when danger came, however, the jealousy and pride were left behind [PUL1913]. **Iompáil ar gcúl**, to turn back. **I ndiaidh a chúil**, /i n'iaig' ə xu:l/, backwards. **Dul i ndiaidh do chúil**, to go backwards. **Duine a chur i ndiaidh a chúil**, to send someone reeling backwards: *bhí sé ag teip ar aon taobh an taobh eile do chur oiread agus órlach i ndiaigh a gcúil*, neither side was able to repel the other side as much as an inch [PUL1907]. **Capall a chur i ndiaidh a chúil**, to back a horse up. **Duine ' tharrac i ndiaidh a chúil**, to drag someone backwards. **Do chúl a thabhairt ar dhuine/le duine**, to turn your back on someone. **Cúl (do chúil) a thabhairt le rud/duine**, to abandon, forsake or turn aside from something: *"pé duine thabharfadh cúl le cath," arsa Murchadh leis, "níor mheasas gur tusa dhéanfadh é!"* whoever would forsake the battle, said Murchadh to him, I did not think it would be you [PUL1907]. **An geata cúil**, the back gate or entrance. **Lánaí cúil**, backways, back alleys.

**cúladh**, vn. ⇒ **cúlaim**.

**cúlaím**, verb. GCh. ⇒ **cúlaim**.

**cúlaim**, vn. **cúladh**, verb. (cúlaim, cúladh) (ku:l'im', ku:lə) to retreat. **Cúladh siar ó dhuine**, to draw back (from someone). [DBÓC]

**culaith**, f. (gs. **culaithe**, npl. **culaitheanna**) (culaitē, culaitēanna) (klih, klihənə) suit of clothes. **Culaith éadaigh**, a suit of clothes. **Culaith éadaigh uasail**, a suit of broadcloth. **Culaith manaigh**, a monk's dress. **Culaith airm**, military uniform. *Bhí culaith draoíbe ó mhulach talamh air*, he was covered in mud from head to toe [PUL1903]. **An chulaith dheireanach** /ən xli jernəx/, the habit on a corpse.

**cúlchainnteach**, adj. (comp. **cúlchainntí**) (cúl-čainntēac, cúl-čainntiē) (ku:l-'xaint'əx, ku:l-'xaint'i:) backbiting, fond of

344Check npl. Suas im chúl – backside or back of head? Plural is cúla (cúla casa) in Séadna.

backbiting.

**cúlchainnteóir**, m. (gs. **cúlchainnteóra**, npl. **cúlchainnteóirí**) (cúl-čáinnceoir, cúl-čáinnceoirí) (ku:l-ˈxaintˈo:r, ku:l-ˈxaintˈo:r:i) backbiter, detractor.

**cúlchaint**, noun/vn, f. (gs. **cúlchainte**) (cúl-čáinnce) (ku:l-ˈxaintˈ) backbiting, detraction. **Ag cúlchaint ar dhuine**, running someone down behind his back. Also **cúlchaint a dhéanamh ar dhuine**. **Lucht cúlchainnte**, slanderers, backbiters.

**cúlchraos**, m. (npl. **cúlchraois**, gpl. **cúlchraos**) (cúl-čraos, cúl-čraos) (ku:l-xre:s, ku:l-xre:ʃ) back of the throat.

**cúldoras**, m. (cúl-čoras) (ku:l-dorəs) back door. **Imeacht amach cúldoras**, to go out the back door.

**cúlfiacaíl**, f. ICS. ⇨ **cúlfiacal**.

**cúlshráid**, f. (cúl-šráid) (ku:l-hra:d) back street. [DBÓC]

**cúlshráid**, f. GCh. ⇨ **cúlshráid**.

**cultúr**, m. (gs. **cultúir**) (kulˈtu:r) culture. [DBÓC]

**cúlú**, vn. GCh. ⇨ **cúladh**.

**cuma**, adj. (cumΔ) (kumə) equal, indifferent. **Is cuma é/is cuma san**, it/that makes no difference. **Is cuma ceoca é**, it makes no difference either way. **Is cuma dhuit**, it is none of your business. **Ba chuma dhom**, it made no difference to me. **Is cuma liom**, I don't care, I don't mind. **Is cuma liom 'en domhan**, I don't care in the least. **Is cuma liom sa diabhal**, I don't give a damn. **Is cuma liom i dtaobh (rud a dhéanamh)/mar gheall ar**, I don't care/mind about doing something. **Ba chuma liom i dtaobh a dhéanamh**, I don't mind doing so. **Cuma liom ceocu é**, I don't care either way. **Is cuma nó bás é (is cuma é nó bás)**, it is the same as death. "*Ba chuma liom an tsaoghal, a rígan,*" *arsa Dúlainn*, "*ach go bhfeicfinn tu féin thíos i dTeamhair ad' Árdrígain ar Éirinn go léir*", all I care about in the world, my Queen, said Dúlainn, is to see you up in Tara High Queen of the whole of Ireland [PUL1907].

**cuma**, f. (npl. **cumái**) (cumΔ, cumΔí) (kumə, kuˈmi:) appearance, condition, form. **Ar aon chuma** /ər e:xuməl/, at any rate, in any case; at least. **Ar aon chuma eile**, in any other way. **Ar chuma éigin**, somehow. **Ar gach aon chuma eile**, in every other respect. **Ar aon tsaghas cuma**, in any way. Also, **in aon tsaghas cuma**. **Ar gach aon tsaghas cuma**, in every possible way. **Ar an gcuma gcéanna**, in the same way: *dá mb'iad na mná féin iad bhí an sgéal ar an gcuma gcéadna acu*, it was the same story with the women [PUL1907]. **Ar an gcuma san**, so, like that, thus. **Ar an gcuma so**, in this way. *Mo bhuille do bhualadh ar an gcuma dob' fhearr chun an ghráinne bhaint as an dtuighe*, striking my blow so as to best take the grain out of the straw [PUL1915]. **Ar chuma go**, in such a way that. **Ar a leithéid de chuma**, in such a fashion. **Ar a mhalairt de chuma**, in a different way, otherwise. **Ar athrach cuma**, different, in a different way. **Sin é an chuma atá air**, that's how it looks, that's about the size of it. **Pé cuma**, however, in whatever way: *níor chuir san mé ó é bheith daingean am' aigne gur am' shagart a bheinn, pé cuma 'n-a dtiocfadh san chun cinn*, that did not put me off from being sure in my mind that I would become a priest, however that would come about [PUL1915]. Followed by *i: thug Brian cúntas cruinn do'n Easbog, le breith thar n-ais chun na Rómha ag triall ar an bPápa, ar an gcuma 'n-a raibh an Creideamh i n-Éirinn an uair sin*, Brian gave an accurate account to the Bishop to take back to Rome to the Pope, on the state of the Faith in Ireland at that time [PUL1907]. **Pé cuma é**, however it happened. **Pé cuma (go)**, somehow, for some reason (it happened that). **Pé cuma ná feacaís mé**, however it was you didn't see me, regardless of the fact that you didn't see me. **An chuma gur chríochnaigh é**, the way he ended up/what finally happened to him. **Rud do chur ar chuma éigin**, to put something in a certain state or manner: *cuirfí mé ar chuma iad ná cuineoid siad a theille uirthi, an mhuintir athá ar do thóir*, I will deal with the people who are after you in such a way that they do not think about it any more [AÓL1968]. **Cuma cainnte**, a figure of speech. **Ar thrí chuma**, in three ways.

**cumadh**, vn. ⇨ **cumaim**.

**cumaim**, vn. **cumadh**, verb. (cumΔim, cumΔò) (kumim', kumə) I frame, shape, make. **Cumaim amhrán**, I compose a song. **An talamh chúm Dia**, the land God made. With **as**, to shape, make or form from: *nuair a bhíon ag an bpoiblidheacht eólus agus tuisgint agus éirim aigne, gur nósá láidire daingean, cúmtha as an eólus san agus as an dtuisgint sin agus as an éirim aigne sin le taithíge agus le h-imtheacht aimsire*, when the public has knowledge, understanding and intelligence, they become strong and firm customs, created from that knowledge, that understanding and that intelligence by force of habit and the passage of time [PUL1907]. **Leabhar do chumadh**, to compose or write a book. **Paidir do chumadh**, to compose a prayer. **Rá do chumadh**, to frame or compose a sentence or phrase. Past: **do chumas, do chúm sé**. Future: **cúmfad, cúmfaidh sé**. Imperative: **cúm**. Participle: **cúmtha**. Note: PSD1927 says that the preterite and future both have a long ú in Munster, at least in pronunciation.

**cumann**, m. (npl. **cumainn**, gpl. **cumann**) (cumΔnn, cumΔinn) (kumən, kumiŋ') 1. association, society. **I gcumann an aráin do bhriseadh**, in the fellowship of the breaking of bread (in the Christian sense). **Cumann a dhéanamh le duine**, to associate with someone. **Dul i gcumann**, to join an association. 2. affection, love, sweetheart. **A chumann!**, my darling!

**cumannach**, m. (npl. **cumannaigh**) (cumΔnnΔč, cumΔnnΔiġ) (kumənəx, kumənig') friend, companion. Note: a substantivisation of the adjective **cumannach** ("friendly, lovely"), used in PUL1914 in the vocative, **a Chumannaigh!**, to address God, "O thou sweet Lord!"

**cumar**, m. (npl. **cumair**) (cumΔr, cumΔir) (kumər, kumir') ravine, hollow.

**cumaraí**, f. (gs. **cumaraí**) (cumΔriġe) (kuməˈri:) refuge. *A Chumaraídhe na bpeacach, guidh orainn*, refuge of sinners, pray for us [PUL1921]. **Cumaraí mh'anama ort!**, I appeal to you to save my life! Note: this word is a variant of ⇨ **coimirce**.

**cumas**, m. (gs. **cumais**) (cumΔr) (kuməs) control, ability. **Ar chumas**, in the power or control of. *Agus gan ar chumas*

*mhuintir Shasana aon chur isteach a dhéanamh ortha ná aon chosg do chur le n-a ngnó*, with the English unable to interfere or put a stop to what they were doing [PUL1915]. **Ar do chumas (agat)**, at your disposal. Impersonally, **tá ar a chumas é a dhéanamh**, he is able to do it. **Tá ar mo chumas-sa go mór (rud do dhéanamh)**, I could easily (do it). **Á chur ar chumas duine rud a dhéanamh**, to enable someone to do something. *Do chomáin sé leis, ag brath air go mbuailfeadh seans éigin uime a chuirfeadh ar a chumas a ghnó a dhéanamh*, he continued his way, hoping for some good luck that would enable him to do what he intended [PUL1904]. *Ba dhóich liom gur b'é ceart an Árdrígh a bheith ar a chumas gladhach chuige ar a bhfuil de neart sa n-oileán go léir*, you would think it is the right of the High King for it to be within his power to call on all the forces of the whole island [PUL1907]. *Ba cheart rud éigin a dhéanamh a chuirfeadh as a cumas aon díobháil a dhéanamh do'n rígh*, something ought to be done that would prevent her from harming the king [PUL1907]. **Cumas a thabhairt do dhuine ar rud do dhéanamh**, to give someone the power to do something: *tugtar do Maois comas ar a thoisc do dheimhniú le mírbhuiltibh*, Moses is empowered to confirm his mission with miracles [Ecsodus 4]. **Níor fhág sí ar a chumas é ' dhéanamh**, she didn't give him an opportunity to do it. **É ' bheith id chumas (rud do dhéanamh)**, to be able to do something. **Cumas gnímh**, ability to act. **Cumas radhairc**, power of sight, ability to see something [PUL1924]. **Os cionn cumais tuisceana an duine**, beyond human understanding. **Cumas ar**, power over something: *é 'á gheallamhaint d'á dheisgiobulaibh cumas ar cheangal agus ar sgaóile do thabhairt dóibh*, he promises to his disciples the power of binding and loosing [PUL1915b]. **Cumas a bheith agat ar rud**, to have dominion or control over something. **Fé chumas**, under the power, influence or effect of. **An éagóir is troime ar a chumas**, the most serious injustice he could do. **Gan cumas a lámha**, without the use of his hands (as of a disabled person). **Chuaigh sé thar a chumas**, it was too much for him, it was beyond his abilities to do it.

**cumasach**, adj. (adj. **cumasaf**) (cumafac, cumafaiġe) (kuməsəx, kumə'si:) capable, able, powerful. **Tigh cumasach**, a stately, imposing house.

**cumasc**, m. (npl. **cumaisc**) (cumafg, cumafg) (kuməsk, kumij'k') mixture, blend.

**cumha**, m. (gs. **cumha**) (cumha, gs. cumhad, ds. cumhad) (ku:) loneliness, longing, pining. *Muna dtigir-se liúm 's a thabhairt dam searc, cuirfead san úir mé ded chumha gan stad*, if you don't come with me and love me, I will be sent to my grave from pining for you without end [PUL dánta]. **Marbh le cúmha i ndiaidh duine**, loing for, dying with grief for someone.

**cumhacht**, f. (gs. **cumhachta**, npl. **cumhachta**, dpl. **cumhachtaibh**) (cumhacht, cumhacht) (kō:xt, kō:xtə) 1. power, authority. *Óir do dhein sé an teagasg mar a dhéanfadh duine go raibh cómhacht aige*, for he taught them as one having authority [Matthew 7:29, PUL1915/2]. **Cumhachta Shasana**, the English authorities. **Cumhacht draíochta**, magic power. **Cumhacht iasachta**, a foreign power. **Cumhachta saolta**, the worldly powers, the powers of this world. **I gcómhacht os cionn daoine**, ruling, in power over people. **Bheith i gcómhacht**, to be in power. **Teacht i gcumhacht**, to come to power. **Níl (sé) de chumhacht aige é a dhéanamh**, he is unable to do it, it is not in his power to do it. 2. property. *D'admhuigheadh Lonán gur bh' fhéarr an t-eólus a bhí ag Gormfhlaith ar na luibhneacha agus ar na cómhachtaibh a bhí ionta chun uilc nó chun maitheasa 'ná mar a bhí aige féin*, Lonnán admitted that Gormfhlaith had a better knowledge of the herbs and their good and bad properties than he had [PUL1907]. **Lucht na gcumhacht**, the mighty. Also **lucht cómhachta**. **Gan chumhacht**, powerless. **Gan chumhacht shaolta**, powerless in this world (as of the baby Jesus). 3. dominion, the area in which an authority holds sway. *Troid go láidir ar mo shon agus buaidh ar na droch bheithidhigh seo, na droch mhianta mealltacha so, adeirim; ionus go ndéanfaí síothcháin tré d' chómhacht*, strive strongly on my behalf and tame those evil beasts, the beguiling evil desires I mean, that peace may reign through they domain [PUL1914].

**cumhachtach**, adj. (comp. **cumhachtaí**, dsf. **cómhachtach/cómhachtaigh**) (cumhachtach, cumhachtach) (kō:xtəx, kō:x'ti:) powerful, influential, commanding, mighty.

**cumhachtach**, m. (gs. **cómhachtaigh**, npl. **cumhachtacha**) (cumhachtach, cumhachtach) (kō:xtəx, kō:xtəxə) a powerful or mighty person.

**cumhachtaím**, verb. GCh. ⇒ **cómhachtaím**.

**cumhachtú**, vn. GCh. ⇒ **cómhachtú**.

**cumhartha**, adj. (cumhartha) (ku:rhə) fragrant. **Blas cumhartha**, an appetising taste.

**cumharthacht**, f. (gs. **cumharthachta**, npl. **cumharthachtaí**) (cumharthacht, cumharthacht) (ku:rhəxt, ku:rhəxti:) fragrance.

**cúmharthachtóir**, m. (gs. **cúmharthachtóra**, npl. **cúmharthachtóirí**) (cumharthachtóir, cumharthachtóirí) (ku:rhəxtó:r', ku:rhəxtó:r'i:) perfumer.

**cumhdach**, noun/vn. m. (npl. **cumhdacha**, gpl. **cumhdach**) (cumhdach, cumhdach) (ku:dəx, ku:dəxə) cover, covering; protection. **Fé chúmhdach**, under cover. See ⇒ **cumhdaím**.

**cumhdaím**, vn. **cumhdach**, verb. (cumhdaim, cumhdach) (ku:'di:m', ku:dəx) 1. I cover. 2. I keep, preserve (as of God preserving the faithful). **Stór a chumhdach**, to store up wealth. Past: **do chumhdaíos, do chumhdaigh sé**. Future: **cumhdód, cumhdóidh sé**. Imperative: **cumhdaigh**. Participle: **cumhdaithe**.

**cumhra**, adj. ICS. ⇒ **cumhartha**.

**cumhracht**, f. GCh. ⇒ **cumharthacht**.

**cumhradóir**, m. GCh. ⇒ **boladóir; cúmharthachtóir**.

**cúmpánach**, m. (npl. **cúmpánaigh**) (compánach, compánach) (ku:m'pə:nəx, ku:m'pə:nig') companion.

**cumtha**, adj. (cumt̃a/cúm̃t̃a) (ku:mhə) composed; well-shaped, handsome. **Cailín cumtha**, a comely girl. *Bhí Caoilte cùmtha chun na marcaigheachta chómh maith díreach agus bhí sé cùmtha chun an reatha*, Caoilte was built for riding just as well as he was for running [PUL1907]. **Rud a bheith cùmtha ceapaithe ag duine id choinnibh**, for someone to fabricate allegations against you.

**cúnamh**, m. (gs. **cúnaimh/cúnta**) (coññam̃) (ku:nəv) help; (collective) helpers/assistants. **Cúnamh fear**, an auxiliary force, a body of men. **Abhcóideach cúnta**, assistant barrister. **Lucht cúnta**, helpers. **Le cúnamh Dé**, God willing! **Gan cúnamh**, without any help. **Cúnamh chun na hoibre**, help in the work, help to do the work. *Thuig sé gur mhaith an congnamh dó chuige sin máthair an rígh a bhí ar Lochlanaigh Átha Cliath a bheith pósta aige*, he understood that it was a good help to him to do that to be married to the king of the Vikings of Dublin [PUL1907]. **Cúnamh a lorg**, to seek help. **Cúnamh a thabhairt do dhuine (chun)**, to help someone. **Cúnamh amú, help in vain.** **Cúnamh cosanta**, a means of defence. **Cúnamh fé cheilt**, covert help. **De chúnamh**, as a help, as a means to do something: *tá, ar seisean, adharca ar an bhfiadh, agus bíodh gur congnamh cosanta dhó iad, is fear 'na san de chongnamh chum beirthe air iad*, there are horns on a deer, and although they help to defend it, they perform a better role in helping them to be caught [PUL1903]. *Bhí an bheirt 'n-a gcongnamh ana-mhaith aige chun a ríghreachta do chimeád fé smacht*, the pair were great help to him in keeping the kingdom under control [PUL1924].

**cúng**, adj. (gsm. **cúng**, comp. **cúinge**) (cũñaŋs, cũñaŋs̃e) (ku:ŋg, ku:ŋg'i) narrow. *An t-é leis gur cúmhang fágadh*, let the person who finds it narrow be the one to leave [PUL1913]. Also **an té lenar cúng, fágadh**.

**cúngaím**, vn. **cúngú**, verb. (cũñaŋsũĩm, cũñaŋsũãd̃) (ku:ŋ'gi:m', ku:ŋ'gu:) to narrow, restrict. **Falla do chúngú**, to narrow a wall for a chimney. Past: **do chúngaíos, do chúngaigh sé**. *Do chúmhanguigh an t-Amorrhiteach sliocht Dan sa chnuc agus níor leogadar dóibh teacht anuas ar an machaire*, the Amorrhite straitened the children of Dan in the mountain [pinned them in on the mountain], and gave them not place to go down to the plain [Breithiúin 1:34].

**cúngrach**, m. (gs. **cúngraigh**) (cũñaŋrãc̃) (ku:ŋgəɾəx) a narrow space, a congestion, a difficulty, a tight spot. **Cúngrach a chur ar dhuine**, to encroach on someone.

**cúngracht**, f. (gs. **cúngrachta**) (cũñaŋrãc̃t̃) (ku:ŋgəɾəxt) a narrow space, a congestion, a difficulty, a tight spot. **Cúngracht croí**, meanness of heart.

**cúngú**, vn. ⇨ **cúngaím**.

**cunlach**, m. (gs. **cunlaigh**) (cãñlãc̃/coññlãc̃) (ku:nləx) moss. a narrow space, a congestion, a difficulty, a tight spot

**cúnlacht**, vn. ⇨ **cúnlaím**.

**cúnlachtan**, vn. ⇨ **cúnlaím**.

**cúnlaím**, vn. **cúnlacht/cúnlachtan**, verb. (cũñlãĩm, cũñlãc̃t̃/cũñlãc̃t̃ãñ) (ku:n'li:m', ku:nləxt~ku:nləxtə̃ñ) to protect. *Coigillim an tine seo leisna fearta fuair Pádrúig. Na haingil 'á cúnlacht; nár sbiúnaigh aon namhaid í!*, I rake this fire with the powers that Patrick received. May the angels protect it. Let no enemy scatter it! [BM1931]. Note: a form of ⇨ **cumhdaím**. [BM]

**cúnsóg**, f. (gs. **cúnsóige**, ds. **cúnsóig**, npl. **cúnsóga**, gpl. **cúnsóg**) (cú̃ñs̃õg, cú̃ñs̃õg̃a) (ku:n'so:g, ku:n'so:gə) wild bees' nest in grass.

**cuntanós**, m. (npl. **cuntanóis**) (coññtãñõs̃, coññtãñõĩ) (ku:ntə'no:s, ku:ntə'no:ĩ) countenance.

**cúntaois**<sup>345</sup>, f. (gs. **cúntaoise**, npl. **cúntaoisí**) (coññtãõĩs̃, coññtãõĩs̃ĩ) (ku:n'ti:f, ku:n'ti:fi:) countess. [DBÓC]

**cuntar**<sup>346</sup>, m. (npl. **cuntair**) (cú̃ñtãr̃, cú̃ñtãĩr̃) (ku:ntəɾ, ku:nti:r') shop counter, bar.

**cuntas**, m. (gs. **cuntais** npl. **cuntaisí**) (cũñtãs̃, cũñtãĩs̃ĩ) (ku:ntəs, ku:nti'ʃi:) account, count, reckoning. **Cúntas ar rud**, an account of something. **Cúntas a bheith agat ar rud**, to know about something, have knowledge of it. **Mórán cuntaisí a bheith agat**, to have a lot information. **Gan aon chúntas acu**, with no idea, not having a clue. **Coimeádaim cuntas (ar rud)**, I keep account (of something). **Cúntas a chimeád le duine**, to reckon or keep an account (e..g of money spent) with someone. *Níor airigheas a thuille cuntais air go dtí go rabhas ar sgoil i gCeann Tuirc ag foghlaim na Laidne*, I did not hear any more of him until I was teaching Latin at a school in Kanturk [PUL1915]. **Cúntas a chur isteach ar dhuine**, to make a report about someone, to record something about someone. **Cuntas/cuntaisí a shocrú le duine**, to settle accounts with someone. **Lá socraithe cuntaisí**, settlement day. **Cuntas a thabhairt ar rud**, to give an account of something. **Cuntas a thabhairt i rud**, to account for something: *agus deirim libh, an uile fhocal díomhaoin d'á labhraid daoine, do dtabharfaid siad cuntas ann lá an bhreitheamhantais*, but I say unto you, that every idle word that men shall speak, they shall render an account for it in the day of judgment [PUL1915b]. **Cuntas cruinn**, an accurate account. **Leabhar cuntais/leabhar an chúntais**, account book. **Leitir a chur fé chuntas**, to register a letter, send it by register post. *Ní raibh aon phioc dá chuntas aige*, he had no inkling of it. Also *ní raibh aon phioc cuntais agam air*. **Lá an chúntais**, the day of reckoning. **Cúntas gairid ar rud**, a short account or brief sketch of something. **Thar cuntas**, beyond reckoning, innumerable.

**cúntasaíocht**, f. (gs. **cúntasaíochta**) (cũñtãsãĩõc̃t̃ã) (ku:ntəsi:xt) accounting, reckoning. **Cúntasaíocht a dhéanamh ar airgead**, to make an accounting of money.

**cúntasóir**, m. (gs. **cúntasóra**, npl. **cúntasóirí**) (cũñtãsãõĩr̃, cũñtãsãõĩr̃ĩ) (ku:ntəso:r', ku:ntəso:r'i:) accountant, book-keeper.

**cuntasóireacht**, f. GCh. ⇨ **cúntasaíocht**.

**cúntóir**, m. (gs. **cúntóra**, npl. **cúntóirí**) (coññtãõĩr̃, coññtãõĩr̃ĩ) (ku:n'to:r', ku:n'to:r'i:) assistant.

345PSD has conntaiseacha in the pl.

346Is the u long?



**cupa**, m. (npl. **cupaí**) (cupa, cupaí/cupaða) (kupə, ku'pi:) cup. Generally ⇒ **cupán**.

**cupán**, m. (npl. **cupáin**) (copán, copáin) (kə'pɑ:n, kə'pɑ:n') cup.

**cupar**, m. (gs. **cupair**) (kupər, kupir') cypress (tree).

**cupard**, m. GCh. ⇒ **cupúrd**.

**cúpla**, m. (npl. **cúplaí**) (cúpla, cúplaí) (ku:pələ, ku:pəli:), a couple; twins. Takes the singular: **cúpla seomra**, but note *cúpla caoira* and *cúpla seana chaoira* in PUL1915. **Leath-chúpla**, one of twins. **Ina gcúplaibh**, two by two. **De chúpla léim**, in two leaps. **Cúplaí**, couples, pairs of rafters.

**cúpláil**, vn. GCh. ⇒ **cúplú**.

**cúplaím**, vn. **cúplú**, verb. (cúpluigim, cúpluğað) (ku:pəli:m', ku:pəlu:) to couple or link together. **Rudaí ' chúplú dá cheile**, to link things together. Participle: **cúplaithe**.

**cúplálaim**, verb. GCh. ⇒ **cúplaím**.

**cúplú**, vn. ⇒ **cúplaím**.

**cupúrd**, m. (npl. **cupúird**) (kə'pu:rd, kə'pu:rd') cupboard.

**cur-in-aghaidh**, m. (cup 1 n-αξαιθ) (kur ən əig') opposition. **Lucht cur-in-aghaidh do lámha deise**, those who oppose thy right hand (from Psalm 16).

**cúr**, m. (gs. **cúir**) (cubair) (ku:r) froth, foam. **Trí chúr na trá**, through the foaming waters of the beach. *Bhí gal as a shróin, agus bhí cúbhar geal le n-a chorán*, there was steam coming from his nose, and white foam along his jaw [PUL1903].

**cur**, noun/vn, m. (gs. **cuir**) (cup) sowing, setting, putting. **Cur amach**, emission, production, issue; eviction (of tenants). *Ba mhóide an cur-amach ar threabhchas Chaisleán Turnhill é*, the family holding Turnhill would have shown themselves to greater advantage for it [DBÓC1933]. **Cur amú**, interference, an act of putting off, act of misleading: *pé feabhas fé leith a bhéadh agam ar an nGaeluinn bhéadh an cur amú céadna aici-sí 'á dhéanamh orm i dtaobh an Bhéarla*, however remarkable my Irish, it would have interfered in the same way with my English [PUL1915]. **Cur amú ' dhéanamh ar rud**, to confound something. **Duine a chur amú**, to give someone a false impression, mislead someone. **Cur isteach a dhéanamh ar dhuine**, to meddle with someone. **Le cur**, to let (of property). See ⇒ **cuirim**.

**curadh**<sup>347</sup>, m. (gs. **curaidh**, npl. **curaí**) (cupað, cupaí/cupaða, gs. cupaíð/cupaíð, ds. cupað/cupaíð) (kurə, ku'ri:) warrior.

**curadóir**, m. (gs. **curadóra**, npl. **curadóirí**) (cupaðóir, cupaðóirí) (kurə'do:r', kurə'do:r'i:) sower, tiller.

**curadóireacht**, f. (gs. **curadóireachta**) (cupaðóireacht) (kurə'do:r'əxt) act of sowing; crops in general. *Gach curadóireacht nár chuir m'Athair neamhdha-sa, stracfar as a phréachaibh é*, every plant which my heavenly Father hath not planted, shall be rooted up [PUL1915b]. **An churadóireacht a dhéanamh**, to sow the fields.

**cúram**, m. (gs. **cúraim**) (cúram) (ku:rəm) 1. care, thought, concern. **Cúram na mbó a bheith ort**, to be in charge of the cows, to be responsible for the cows. *Is air a bhí cúram oibre an lae*, he was in charge of the day's proceedings [PUL1915]. **Cúram a dhéanamh dom**, to concern me, bother me: *agus gur dhóich le duine ortha ná raibh aon nídh fé bhun Dé ar an dtalamh so ag déanamh aon chúraim dóibh ach an ceól agus an rince agus an t-aobhneas a bhí ansúd 'n-a dtímpal*, and you would have thought, looking at them, that there was nothing on earth that concerned them other than the music, dance and the joy there was around them [PUL1907]. **Tá sé ag déanamh ana-chúraim dom**, I really care about him, he makes me concerned for him. **Do dheineadar cúram díom**, they made a fuss of me, made much of me, took care of me. *Is leamh an gnó dhúinn faillighe a thabhairt ins na neithibh atá tairbheach, riachtanach, agus cúram a dhéanamh de neithibh baoithe, díobhálacha*, it is silly to neglect the things that are beneficial and necessary, and to be taken up with things that are vain and harmful [PUL1914]. *"Dá mb'áil liom-sa," ar seisean, "a mhalairt de chúram a chur ar Fhear na gCos nuair a bhí an chaoi agam air!"*, if I had only treated the Fear na gCos [the nickname of a messenger] differently when I had the chance! [PUL1907]. **Tarraing /tar'ig/ a mhalairt de chúram ort**, mind your own business. *Do cuireadh cúram an érdaim in Inis Cathaigh ar Amhlaobh*, the duty of tending the sacristy on Scattery Island was given to Amhlaobh [PUL1907]. **Rud a dhéanamh de chúram de dhuine**, to make a fuss of someone, do things for someone: *ní raibh aon tseó ach ar dhein na manaigh go léir de chúram de 'n tsagart óg*, you never saw anything like the fuss all the monks made of the young priest [PUL1907]. 2. commission, charge, task. **Rud a fhágáil ina chúram ar dhuine**, to leave something in someone's care: *déanfaidh an duine sin úsáid mhaith de'n tsaidhbhreas an fhaid is toil le Dia é fhágáil 'n-a chúram air*, he will make good use of the wealth as long as God pleases to leave in it his care [PUL1910]. **Rud a fhágáil fé chúram duine**, to leave someone in charge of something. *Na mná a bhí pósta agus go raibh cúram clainne ortha*, the married women who had children to look after [PUL1907]. **Rud a chur ina chúram/mar chúram ar dhuine/cúram a chur ar dhuine**, to leave/give something to someone to do. *Ní raibh de ghnó ná d'obair ná de chúram ortha, ó mhaidin go h-oídhche acht bheith ag snámh anonn 's anall tríd an uisge*, they had no work or duties to perform, from morning till eve, save swimming back and forth through the water [PUL1903]. *Do deineadh an obair chómh maith san gur tugadh fé ndeara ar fuaid na cómharsanachta feabhas na h-oibre, agus gur mhéaduigh ar an gcúram a curtí ar an mnaoi abhrais sin*, the work was done so well that the quality of the work was noticed throughout the neighbourhood, and the amount of work sent to that spinner increased [PUL1914b]. *An mhuintir ná cuirfidh smacht ar a mioscais féin, ní bheidh choídhche acht ag bruighean agus ag clampar agus ag troid, ag ithe a chéile agus ag stoladh a chéile, agus na cómharsain ag magadh fútha, go dtí fé dheire go dtagan a namhaid aicionta agus go gcuirean sé a mhalairt de chúram ortha*, people who won't control their own spite will always be fighting and quarreling and arguing, destroying each other and

tearing each other apart, with their neighbours mocking them, until, at last, their natural enemies come and give them something else to worry about [PUL1903]. **Cúram tí** (' **bheith ort**), responsibility for the house (as of a chamberlain or steward). Note: a plural of this word is not attested.

**cúramach**, adj. (comp. **cúramaf**) (cúramac, cúramaiġe) (ku:rəməx, ku:rəmi:) busy, taken up with duties (i **dtaobh**). Note: DÓC1950 states this does not mean "careful".

**cúrán**, m. (gs. **cúráin**) (cúbrán) (kuər'ɑ:n) froth, foam. *Bhí sí ag siotaraigh, agus ag stealladh chúbhráin bháin amach as a béal*, she was neighing and pouring white foam from her mouth [DUL1934]. [DUL, DBÓC]

**curanta**, adj. (curanta) (kurəntə) solidly healthy; courageous.

**curata**, adj. ICS. ⇒ **curanta**.

**currach**<sup>348</sup>, f. (npl. **curracha**) (currac, curraca/curraciġe) (kra:x, kra:xə) marsh, low-lying plain. **An Churrach**, the Curragh army base, Co. Kildare, found in 1855 on a military site with a history going back centuries.

**cúrsa**, m. (npl. **cúrsaí**) (cúrsa, cúrsaí) (ku:rsə, ku:r'si:) course, journey, career, round. **Cúrsa fada**, a long journey. **Cúrsa ' dhéanamh**, to accomplish a journey. **Cúrsa ' thabhairt**, to run a course; to engage in a proceeding. **Cúrsa fada ' thabhairt**, to go on a long journey. **Cúrsa a thabhairt ag triall ar dhuine**, to go to visit someone. **Cúrsa a thabhairt ar fuaid na páirce**, to go round the field, to take a circuit round the field (e.g. on horseback). *B'éigean dóibh gabháil tré chúrsa eile dlíge chun é a chur a' seilbh*, they had to go through another legal process to put him out of the property [PUL1915]. *Ní raibh aon fhear ann a dh'fhéadfadh coimeád i n-aice leis i n-aon chor i gcúrsa reatha*, no-one at all could keep up with him in a run [PUL1907]. **Cúrsa roim bricfeast**, a morning ride before breakfast. **Dul ar chúrsa**, to go on a journey. **Cúrsaí na mblianta**, the events of the years, what happened in the years. **Cúrsaí an chleamhnais**, the circumstances surrounding the match, all about the match. *Má thagan Cormac suas leis curfar deire le n-a chúrsaibh*, if Cormac catches up with him, his travels will be over [PUL1904]. **Cúrsaí** in the plural, a matter for something: *ní dóigh liom gur cúrsaidhe smachta é*, I don't think it is a matter of control [PUL1904]. **Cúrsaí airgid**, matters concerning money. **Cúrsaí cainte**, subjects for discussion: *ó mhaidín go h-oídhche ní bhíodh aon chúrsaí cainte idir é féin agus na daoine thigeadh isteach, ach "cá raibh sí?" nó "cad a bhí 'ghá coimeád amuich?"*, from morning to evening there was no other topic of conversation between him and the people who came in than "where was she?" or "what was keeping her?" [PUL1904]. **Cúrsaí na teangan**, questions or matters concerning the language. **Cúrsaí gáirí leo**, a subject for mirth, something they saw as funny.

**curtha**, part. (curtha) (kurhə) put. Also "let", of property: *bhí na feirmeacha go léir curtha ana dhaor aige*, all his farms were let out at a high price [PUL1915]. See ⇒ **cuirim**.

**cús**<sup>349</sup>, m. (gs. **cúis**) (cúsa/cúsaí) (ku:s) conscience. **Fiafraí tar cús**, asking a question you already know the answer to. **Mo chúis**, by my conscience, upon my word.

**cuspa**, m. (npl. **cuspaí**) (cupa, cupaí) (kospə, ku'spi:) objective. [DBÓC]

**custam**, m. (gs. **custaim**) (cupam) (kustəm) customs. **Áit an chustaim**, the customs house. Also **tigh an chustaim**.

**cuthach**<sup>350</sup>, m. (gs. **cuthaigh**) (cuthac) (kuhəx) rage, fury.

**cuthaigh**, adj. (comp. **cuthaí**) (cuthaig, cuthaighe) (kuhig', ku'hi:) angry, furious, fierce. The genitive as an adjective: **fear cuthaigh**, an angry, mad man. **Capall cuthaigh**, a brave horse. **Go cuthaigh**, furiously: *airghim go bhfuil do neart agat d'á chruinniúghadh go cuthaigh*, I hear you are frantically gathering your forces [PUL1907]. Note: this word is really the genitive of ⇒ **cuthach**.

**Czar**, m. (sar) Czar, Tsar. [DBÓC]

**D** (D), letter of the alphabet, traditionally called **dair** daire /dar/, the oak tree.

**dá**, conj. (dā) (da:) a combination of the prepositions **de** or **do** with the comprehensive relative particle **a**: *dhéanfadh an t-ím an cíos, agus ansan bhéadh gach aon toradh eile d'á mbainfí as an dtalamh, bhéadh sé ag an bhfeirmeóir dó féin*, the butter would cover the rent, and then every other fruit that could be got out of the ground would be for the farmer himself [PUL1915].

**dá**, conjunction (dā) (da:) when, where. **Ins gach áit dá mbím**, in every place where I happen to be. **Lá dá raibh sé**, one day when he was. Note: a combination of **de** and the relative particle **a**.

**dá**, prep. (dā) (da:) if. **Dá mbeadh airgead agam**, if I had some money. **Dá mba mhaith leat é**, if you liked it. Often with the extended meaning of "even if": *an cíos d'fhásgadh asta dá bhfásgtí an t-anam asta i n-aonfheacht leis*, to squeeze the rent out of them, even if their lives were squeezed out of them in the process [PUL1915]. **Dá mba ná**, if it were not that. **Dá mba rud é ná**, if it were not that, should it be the case that (followed by a negative clause): *dá mba rud é ná toileóch' M'Isheachlainn chuige sin nár bh'fhóláir d' fhearaibh Éirean a iaraidh ar Bhrian an Árdrígheacht a thógaint do thoradh catha*, in the event that Maeleachlainn did not consent to that, the men of Ireland would have to

348 Check pronunciation and plural and gender.

349 Check this word. It is given as cubus in PUL1914c, but CFBB has cúis. The LS of PUL1914c has cús. **Cógús** is another variant.

350 Check pronunciation.

ask Brian to take the High Kingship by force of arms [PUL1907]. **Dá mba ná béadh agam ach an Ghaeluinn anois**, if I only spoke Irish now [PUL1915]. **Dá mba rud é go dteipfeadh an gnó so uirthi**, if this business of hers were to fail [PUL1904]. *Dá mb' é an pocán féin é, féach an dá adhairc atá air*, even the he-goat, look at his two horns [PUL1931]. As an interjection: *dá bhfícfá chómh buartha 's do bhí sé!*, if only you had seen how upset he was [DUL1909]; *dá mbéadh a fhios agat!*, if only you knew! [PUL1904]. *Da mb' í a ainim féin í tá mistéir ag baint léi*, his very name is not without mystery (even in the case of his very name, there is mystery bound up with it) [PUL's Bible, Isaiah introduction]. *Dá mb' iad na chúig bhológa féin iad*, though it were but five loaves/even if only five loaves of bread [1 Samuél 21:3]. Note: followed by eclipsis and the dependent form of the verb, if one exists. Correctly used with the past subjunctive, but often with the conditional in its place.

**dá**, preposition. (dā) (dɑ:) however much. Used with an abstract noun, which is lenited: **dá mhéid é**, however big it is. *D'á fhaid a leigfeair i n-aisge léi é iseadh is dána leanfaidh sí dhe. D'á luaithe a cuirfeair cosg léi iseadh is lugha an díobháil a bheidh déanta aici*, the longer she is allowed to get away with it, the bolder she will keep it going; the sooner she is stopped, the less harm she will do [PUL1904]. **Gach éinní dá bhreáthacht**, everything really fine and beautiful.

**dá**, pron. (ā, dā) (ɑ:) prepositional pronoun combining the particle governing the verbal noun and its object, with a passive meaning: *na Gaedhil d'á ruagadh a' talamh a sínsear*, the Gaels were driven from the land of their ancestors [PUL1915]. See ⇒**á**.

**dabh**, s. ⇒**dubh**.

**dabhach**, f. (gs. **daibhche**, npl. **dabhcha**) (dab̥d̥ac̥, dab̥d̥ac̥d̥) (dauχ, dauχə. gs. d̥əiχi) vat, tub.

**dabhaid**, f. (gs. **dabhaide**, npl. **dabhaidreacha**) (dab̥h̥aid̥, dab̥h̥aid̥r̥eac̥d̥) (daud', daud'ir̥əχə) lump, chunks, especially of turf. [DBÓC]

**dabht**<sup>351</sup>, m. (npl. **dabhtanna**) (dab̥t̥) (daut) doubt. **Gan dabht**, undoubtedly. **Gan aon dabht**, for definite. **Gan dabht ar domhan**, without a shadow of a doubt. **Gan aon dabht ná dearmad**, without the slightest doubt. **Dabht a bheith agat i rud**, to doubt something. **Dabht a dhéanamh de dhuine/rud**, to doubt someone/something. **Níor fhág sé aon tslí dabht agat**, he left you with no room for doubt. **Ná bíodh aon dabht agat ann**, be in no doubt, under no illusions about it. **Níl aon dabht (air), ná go**, there is no doubt but that. Note: normally **dabht** in **gan dabht**. But see also ⇒**dabhta**.

**dabhta**, m. (npl. **dabhtanna**) (dab̥t̥) (dautə) doubt. **Dabhta a dhéanamh de dhuine/rud**, to doubt someone/something. Note: both ⇒**dabht** and **dabhta** are found in PUL1904.

**Daghdha**, m. (gs. **Daghdha**) (dāg̥d̥d̥a) (d̥əi) the Dagda, a powerful god in Irish mythology. Also **an Daghdha Dearg**.

**Dáibhid**, name. (Dāib̥hid̥) (dɑ:v'íd') David. Note: this form of the name is used by PUL to refer to King David of Israel, but is not generally found otherwise.

**daichead**, num. (npl. **daichidí**) (dā'ic̥id̥) (dohəd) forty. With genitive plural: **dachad blian**, forty years [PUL1915].

**daicheadú**, adj. (dā'ic̥eΔom̥d̥o) (dohədu:) fortieth.

**daid**<sup>352</sup>, m. (gs. **daid**, npl. **daideanna**) (dāid̥, dāid̥i) (dad', dad'əne) dad. **Daid mór**, grandfather.

**daide**, m. (dāid̥e) (dad'i) dad, daddy. [AFM]

**daigh**<sup>353</sup>, f. (gs. **daighe**, npl. **daitheacha**) (dāig̥, dāig̥eΔac̥d̥/dāig̥eΔac̥d̥) (dig', d̥əhəχə) pain. **Daigh ionat**, the devil take you! [an interjection to a noisy person; "shut up!"] Note: see ⇒**daitheacha** as a separate entry.

**daighe**, n. (dāig̥d̥o) (d̥əi) found in the phrase, **an daighe /ən d̥əi/**, indeed! really! Also **an daighe féin** and **an daighe ar ndóin**. See ⇒**dóigh**. **An bhfuilir sásta leis sin? An daighe ach táim**, are you satisfied with that? indeed I am! Note: **an daighe** refers to the Dagda, a powerful god in Irish mythology; **an daighe** is sometimes found as **don daighe**, but the etymology is unclear.

**daighear**, f. GCh. ⇒**daighir**.

**daighir**<sup>354</sup>, f. (gs. **daighre**, npl. **daighreacha**) (dāig̥eΔar̥, dāig̥eΔar̥c̥d̥) (d'ir̥, d'ir̥:əχə) blast, gust. [DBÓC]

**dáil**, vn. ⇒**dáilim**.

**dáileadh**, vn. GCh. ⇒**dáil**.

**dáileamh**<sup>355</sup>, m. (npl. **dáilimh**) (dāileΔm̥, dāilim̥) (dɑ:l'əv̥, dɑ:l'iv̥) cupbearer.

**dáilim**, vn. **dáil**, verb. (dāilim̥, dāil) (dɑ:l'im', dɑ:l') I distribute, pour out, allot. **Deoch a dháileadh ar dhuine**, to serve drink to someone. Past: **do dháileas**, **do dháil sé**. Future: **dáilfead**, **dáilfidh sé**. Imperative: **dáil**. Participle: **dáilte**.

**daille**, f. (gs. **daille**) (dāille) (dal'i) blindness. **Daille intinne**, blindness of heart. **Daille aigne**, mental blindness. **Duine ' bhualadh le daille**, to strike someone blind.

**dailtín**, m. (npl. **dailtíní**) (dāilt̥in̥, dāilt̥in̥i) (dal'hi:n', dal'hi:'ni:) brat, spoilt child.

**daingean**, adj. (gsm. **daingin**, comp. **daingne**) (dāing̥eΔan̥, dāing̥e) (dan'ən, dan'in'i) firm. **Tá sé daingean im aigne (go)**, I am convinced of it. **Tá sé daingean im chroí**, it's gone to my heart, stuck in my heart disturbing me: *an focal úd adúbhairt an t-Iarla, an 'beithigheach, ' a ndúbhrais féin, an focal úd adúbhairt sé le rígh Laighean tá sé daingean am'*

351Gs? No attestation of pl yet. Dabht a dhéanamh de dhuine and dabhta are both found in Séadna.

352Check pl.

353Does this word still exist in the sense of pain?

354Check pl.

355GS in PSD dáilimh or dáileamhan.

*chroíde ó shin mar a bhéadh dealg*, what the Jarl said, the 'beast', as you yourself said, what he said to the king of Leinster has stuck in my heart ever since like a thorn [PUL1907]. *Mo ghrádh go daingean tu!*, I will always love you [EDNC1773]. **Daingean fé bhrí na mionn**, bound by the oath. Locked/secure (of a door): *bhí sé daingean ó'n dtaobh istigh*, it was locked from the inside [PUL1904]. **Suite go daingean**, firmly based, established: *níor mhaith leo aghaidh a thabhairt ó dheas go dtí go mbéadh greim i gceart acu ar Éirinn, agus a gcómhacht suidhte daingean acu sa n-oileán*, they wouldn't want to head south until they had a proper grip on Ireland, and their power was established in the island [PUL1907]. *Bhí a aigne chómh daingean ar an ngnó san go ndéarfadh duine ná raibh blúire suime aige sa chaint a bhí ar siúbhail*, his mind was so focused on that matter that you would have said he was not taking the slightest interest in the conversation [PUL1907]. **Daingean in aon áit amháin**, fixed in one place. **Daingean sa bhfalla**, fixed to the wall. **Daingean sa chreideamh**, firm in the faith. **T'aighe a bheith daingean ar rud**, to focus on something, to have something constantly in mind. **Deirim go daingean san**, I mean that.

**daingean**<sup>356</sup>, m. (gs. **daingin**, npl. **daingeana/daingneacha/daingeanacha**, gpl. **daingean**, dpl. **daingeanuibh/daingnibh**) (δαἰγγεαν, δαἰγγεανα, gpl. δαἰγγεαὶ) (daiŋ'ən, daiŋ'ənə~daiŋ'in'əxə~daiŋ'ənəxə) 1. garrison, fortress, fortification. Also **daingean cosanta**. **Gan daingean**, unenclosed (of land). 2. a secure bar of some kind. **Ana-dhaingean ar an gcoill**, a well-fenced off or secured entry to a wood. **Daingean a chur ar rud**, to firmly secure something. **Gan daingean ar an ndoras**, with the door unlocked. **Daingean Uí Chúis** or **an Daingean**, Dingle, Co. Kerry. Note: PUL had **daingeanuibh**, **DBÓC daingnibh**. **DBÓC** had **daingeanacha** in the plural.

**daingne**, f. (gs. **daingne**) (δαἰγγνε) (daiŋ'in'i) firmness, security. **Dá dhaingne**, however securely, firmly, solidly. Also used in the ICS for ⇨ **daingneacht**.

**daingneacht**, f. (gs. **daingneachta**) (δαἰγγνεαὶ) (daiŋ'in'əxt) strength, firmness, security.

**daingnírm**, vn. **daingníú**, verb. (δαἰγγνιῖμ, δαἰγγνιῖσθ) (daiŋ'in'i:m', daiŋ'in'u:) I make fast or secure (eg, a door); I fix (something in a place); to fence in (a place). *Bhíodar tar éis na manach a dhíbirt as an oileán agus iad féin do dhainginiughadh ann*, they had driven the monks from the island and secured themselves there [PUL1907]. **Geall a dhaingníú síos**, to put down a bet. **Rud do dhaingníú síos**, to fasten something down. **Do shúil a dhaingníú ort féin**, to fix your gaze on yourself, focus on yourself. **Do shúile ' dhaingníú ar dhuine**, to fix your eyes on someone. **Mionn a dhaingníú**, to confirm an oath. **Páirc a dhaingníú ar bhuaibh**, to fence cows in in a field. Past: **do dhaingníos**, **do dhaingnígh sé**. Future: **daingneod**, **daingneoidh sé**. Imperative: **daingnígh**. Participle: **daingníthe**.

**daingníú**, vn. ⇨ **daingnírm**.

**daingníúchán**, m. (npl. **daingníúcháin**) (δαἰγγνιῖσθ, δαἰγγνιῖσθ) (daiŋ'in'u:xa:n, daiŋ'in'u:xa:n') bulwark, fortification.

**dainséar**, m. (npl. **dainséir**, gpl. **dainséar**) (δαἰνιῖεαρ, δαἰνιῖεαρ) (daiŋ'je:r, daiŋ'je:r') danger.

**dáir**<sup>357</sup>, f. (gs. **dáirach**) (δαἰρ) (dai:r') heat (in cows), copulation (of cattle). **Tá an bhó fé dháir**, the cow is in heat/ready to take a bull. [LASID]

**dair**<sup>358</sup>, f. (gs. **daraf**, npl. **daracha/daraf**) (δαἰρ, δαἰραῖγε/δαἰραῖ) (dai'r, dai'rəxə) oak. **Crann daraf**, an oak tree. **Dair ghlas**, holm-oak, evergreen oak. **Cill Dara**, Kildare.

**dáiríre**, int. ICS. ⇨ **dáiríribh**.

**dáiríreacht**, f. (gs. **dáiríreachta**) (δαἰρῖρεαὶ) (dai:r'i:r'əxt) earnestness. [DBÓC]

**dáiríribh**, int/adv/adj. (δᾶ ρῖρῖβ) (dai:r'i:r'iv'~yɑ:r'i:r'iv') 1. indeed, actually, really. *Is dóich liom go rabhas dhá bhliain anso nuair a thosnuigh obair na Gaeluinne, dáiríribh*, i mBaile Átha Cliath, I think I had been here for two years when the Irish language movement got going for real in Dublin [PUL1915]. **Rud a theacht dáiríribh**, for something to come true: *sé sin le rádh, aoinne go mbeadh an t-eóilus ceart aige do thuigfadh sé conus mar a taisbeánadh roimré, sa Tiomna Sean, i bhfigiúiribh, neithe a bhí le teacht dáiríribh sa Tiomna Nua*, that is to say that anyone who had the right knowledge would know how things that were to come true in the New Testament were prefigured in the Old Testament [PUL1924]. 2. in earnest, serious. *Ba léir do gach aoinne go raibh sé dílis, dáiríribh*, it was clear to everyone he was faithful and sincere [PUL1907]. **Lom dáiríribh**, actually; in all earnestness: *cad eile bhéarfadh amach í ina gaosadán siúbhail an aonaigh leis agus an clóca dearg úd uirthi, ach gur cheap sí lom dáiríribh go raibh an cleamhnas déanta?*, what else would bring her out like a fool to walk through the fair with him wearing that red cloak, other than the fact that she really thought the match was made? [PUL1904]. **Lom dáiríribh atáim**, I'm serious! **De chroí dháiríribh**, in earnest: *cheapamar uile ná raibh ann ach magadh, ach am briathar gur ghlac seisean de chroíde dháiríribh é*, we all thought we were only joking, but in fact he took it very seriously [PUL1904]. **Go cruínn dáiríribh**, in very earnest. **Díreach dáiríribh**, directly and earnestly, as of someone telling the whole truth. 3. serious, earnest. **Aghaidh dháiríribh**, an earnest, serious face/facial expression. Note: the form **dháiríribh** is found in PUL1913b after a preceding vowel.

**daite**, prep/adj. (δαἰτε) (dai'ti) 1. coloured, dyed. 2. attractive (of hair).

**daitheacha**, fpl. (δοιῖεαὶ/δαῖεαὶ) (dohəxə) rheumatism. *Bhí dathacha ag imirt ar an nduine mbocht*, the poor man was suffering from rheumatism [PUL1915]. Note: this word is the plural of ⇨ **daigh** "pain, pang" in the ICS. IWM lists /dohəxə/ as the pronunciation, with a note that speakers such as Amhlaoibh Ó Loinsigh prefer /də'həxə/. CFBB1947 shows a back-formation of a new singular **dathach** /dohəx~də'həx/, gs. **dathaf**, ds. **dathaigh**. LASID gives **dathaigh** as

356Check gpl. Is my translation of gan daingean right?

357PSD has dára and dátha also in the genitive.

358Check npl.

the word for “rheumatism”.

**dál**, m. (gs. **dáil**) (ḁál) (da:l) people, tribe, the territory of a tribe. **Dál gCais**, the Dalcassians, a tribe that held a kingdom in Thomond in the Middle Ages, whose members included the High King Brian Ború. They claimed descent from Cormac Cas, a legendary third century king of Munster. Note: **dál** was originally neuter, and thus eclipsed the following word in earlier forms of Irish, which eclipsis is retained in certain proper names today.

**dála**, f. ICS. ⇒ **dálta**.

**dall**, adj. (comp. **daille**) (ḁall, ḁaille) (daul, da:l'i) blind; dull. *Táim níos daille anois ar an sgeul 'ná bhíos riamh*, I am more in the dark on/ignorant of/puzzled about the matter than I ever was [PUL1904]. **Do rugadh ina dhall é**, he was born blind.

**dall**, m. (npl. **dall**, gpl. **dall**) (ḁall, ḁall) (daul, di:l') a blind person. **Do rugadh ina dhall é**, he was born blind.

**dallacán**<sup>359</sup>, m. (npl. **dallacáin**) (ḁallacáin, ḁallacáin) (dalə'ka:n, dalə'ka:n') dimwit. *Nár mhór an dallacán mé nár chuimhnigh ar an slígh sin ar dtús?*, am I not a great dimwit not to have thought of this way of doing it from the beginning? [PUL1904].

**dalladh**, vn. ⇒ **dallaim**.

**dallaim**, vn. **dalladh**, verb. (ḁallaim, ḁalladh) (dalim', dalə) I blind, dazzle. Past: **do dhalas**, **do dhall sé**. Future: **dallfad**, **dallfaidh sé**. Imperative: **dall**. Participle: **dallta**. *Siné dhall mé, agus daoine nach mé*, that's what deceived/confused me, and others besides me [PUL1904].

**dallóg**, f. (gs. **dallóige**, npl. **dallóga**, gpl. **dallóg**) (ḁallóg, ḁallóg) (də'lo:g, də'lo:gə) blind. [DBÓC]

**dálta**, fpl. (ḁáilte/ḁáilte) (da:l'hə) affair, circumstances. **Dálta an scéil**, by the way, now I think of it. Also adverbially, “as with, as in the case of”: *“dáltha an chait, a Athair,” arsa Seághan. “Mar mhaithe leis féin a dheinean an cat crónán,” “it’s as with the cat, Father”, said Seán—“it’s for its own good that the cat purrs” [saying] [PUL1904]. *B’in é a dháltha súd*, that was the case with him [DBÓC1940]. **Ní hé sin a dháltha aige siúd é**, it’s otherwise with him/that. With **ar**: *bhí dálta gach aon bhitheamhnaigh ortha*, they were like every thief [PUL óráid]. Note: **dálta** is, etymologically at least, the plural of the word **dáil**, “meeting, assembly”. See ⇒ **údháilte**.*

**dalta**, m. (npl. **daltaí**) (ḁalta, ḁaltaí) (dalhə, da'l'hi:) pupil, disciple.

**damáiste**, f. (npl. **damáistí**) (ḁamáiste, ḁamáistí) (də'ma:st'i, də'ma:st'i:) damage.

**damanta**, adj. (ḁamanta) (daməntə) damned; damnable; wicked, terrible. **Breith dhamanta**, judgement, condemnation, damnation. **Coir dhamanta**, a wicked sin/crime.

**damanta**, m. (ḁamanta) (daməntə) a damned person. **lfreann na ndamanta**, the Hell of the damned, the part of hell reserved for the unjust (as opposed to limbo).

**damantach**, m. ICS. ⇒ **damanta**.

**damh**, m. (npl. **daimh**) (ḁamh, ḁamh) (dav, dav') ox, stag.

**damhán alla**, m. (npl. **damháin alla**) (ḁamháin alla, ḁamháin alla) ('duwa:n 'alə, 'duwa:n 'alə) spider. More generally ⇒ **rúán alla**.

**damhas**, noun/vn, m. (gs. **damhsa**) (ḁamhas) (daus) dance, skip around. *Tháinig na luchtaigh amach sa bhrothal agus bhíodar ag damhas i n-a thimpal*, the mice came out in the heat and were dancing around him [PUL1931]. Note: PSD1927 indicates this word is used in Munster to refer to the gambolling or dancing of animals; ⇒ **rince** is used of humans. PUL1909 used this word to refer to the skipping around of young children.

**damhra**<sup>360</sup>, m. (gs. **damhra**) (ḁamhra) (davəə) coll. oxen.

**damhsa**, m. ICS. ⇒ **damhas**.

**dámhscoil**, f. (ḁámhscoil) (da:v-skol') bardic school. [PÓC]

**damnaím**, vn. **damnú**, verb. (ḁamnaím, ḁamnaím) (damə'ni:m', damə'nu:) I damn, condemn. Past: **do dhamnaíos**, **do dhamnaigh sé**. Future: **damnód**, **damhnóidh sé**. Imperative: **damnaigh**. Participle: **damnaithe**.

**damnú**, vn. ⇒ **damnaím**.

**dán**, m. (gs. **dáin**, npl. **dána**, gpl. **dán**, dpl. **dántaibh/dánaibh**) (ḁán, ḁána) (da:n, da:nə) 1. gift, offering. 2. craft, calling, profession. *Do réir a ndán*, according to their professions [PUL1907]. 3. lot, fate. **I ndán dó**, fated, in store for, predestined for him: *na neithe ba mhó 'ná san a bhí i ndán dó a dhéanamh anois nuair a bhí a chómhacht agus a ghradam agus a dhlighthe i bhfeidhm ar Éirinn go léir*, the things greater than that that he was bound to do now when his power, glory and laws were in effect in the whole of Ireland [PUL1907].

**dán**, m. (gs. **dáin/dána**<sup>361</sup>, npl. **dánta**, gpl. **dán**) (ḁán, ḁána) (da:n, da:nə) 1. poem. **Ollamh le dán**, a master-poet. **Dán a dhéanamh**, to compose a poem. **Dán a rá**, to recite a poem. **Dán mholta**, eulogy. **Fear dána**, man of song, i.e., a poet. **Aos dán**, poets. 2. hymn (in PUL's Bible).

**dána**, adj. (comp. **dána/dáine**) (ḁána/ḁaine) (da:nə~da:n'i) bold, daring; naughty; confident. *Bhí sé dána gan bheith droch-mhúinte*, he was confident without being impolite [PUL1915]. **Chómh dána le muic**, as bold as a pig (as bold as

359dallachán in one edition of Séadna.

360M and f in PSD.

361Dónall's dictionary says the literary pl is dána and the ordinary pl. dánta. Poem is the ordinary meaning, and craft, calling the literary meaning. Dánta is attested in the meaning of poems. Dpl. attested as dántaibh. Check gender – listed as feminine in Foclóir d'Eisirt. FEAr dána in Eisirt – is gs dána?

brass, as bold as a lion). Note: AÓL1912 and DBÓC1933 have **dáine** as the comparative, where PUL has **níos dána**. **dánacht**, f. (gs. **dánachta**) (ḏán.acht) (dɑ:nəxt) boldness, daring, audacity, impudence. **Do chuadar i ndánacht (air)**, they grew bolder, more daring (with him). **Tá sé de dhánacht ionat (rud a dhéanamh)**, to be bold enough to do something. **Gníomh go bhfuil dánacht fir ann**, an act performed with the boldness/daring of a man [see PUL1913, where this phrase refers to the acts of a woman]. **Dánacht aigne**, presumption. Note: **dánacht** is used in the ICS in preference to ⇒ **dánaíocht**; both forms are found in PUL's works.

**danaid**, f. (gs. **danaide**) (ḏan.aid) (danid') grief, regret. **Is danaid do chúrsaí**, it's a pity what happened to you. [DBÓC] **dánaíocht**, f. (gs. **dánaíochta**) (ḏán.aid.acht) (dɑ:'ni:xt) presumptuousness, forwardness, familiarity. **Déanfad an méid seo dánaigheacht' ortha**, I will be forward/familiar enough as to say this about them [PUL1900]. **Déanfad dánaíocht ar a rá go**, I will make so bold as to say that. **Dhein sé dánaíocht**, he made bold. **Le corp dánaíochta**, out of sheer foolhardiness. **De dhánaíocht**, in an act of presumption. **Bhí sé de dhánaíocht ann é a dhéanamh**, he was bold enough to do it. **Cad a thug isteach im chaisleán tu, nú caidé an dánaíocht duit teacht gan chuire gan chead uaimse?**, what brought you into my castle? or what a liberty it was for you to come without invitation or leave from me! [AÓL1968].

**Danar**, m. (npl. **Danair**, gpl. **Danar**) (ḏan.arp, ḏan.arp) (danər, danir') Dane; barbarian; foreigner.

**danartha**, adj. (ḏan.arp.ḏa) (danərthə) 1. inhospitable, unsociable. 2. cruel, barbarous, terrible, desperate. **Beart d(h)anartha**, desperate plight.

**Danmhairg**, placename. (ḏan.mhairg) (danvar'ig') Denmark. **Ó chríochaibh Danmharg**, from Denmark/the Danish lands. Note: **Danmhairg** was original a plural noun meaning "Danes".

**daod**<sup>362</sup>, m. (gs. **daoid**) (ḏaod, gs. ḏaod.ḏa) (de:d) fit, impulse, spite, envy.

**daoire**, f. (gs. **daoire**) (ḏa.oir.ē) (di:r'i) dearness, expensiveness, the high value of a thing.

**daoirse**, f. (gs. **daoirse**) (ḏa.oir.ē) (di:rj) slavery. **Duine ' chimeád i ndaoirse**, to make slaves of someone. **Fuascailt as daoirse**, manumission, release from slavery. **Duine ' thabhairt fé dhaoirse**, to place someone in bondage.

**daon**, m. (ḏaon) (de:n) a chimney-breast in masonry. **Daon an tsimné**, the masonry supporting the chimney. This was DBÓC's form. See also ⇒ **aon**. [CFBB]

**daona**, adj. (ḏaon.ḏa) (de:nə) with masonry support, of a chimney. **Simné daona**, a supported chimney. This was AÓL's form. See also ⇒ **aon**. [CFBB]

**daonna**, adj. (comp. **daonnaí**) (ḏaon.ḏa/ḏaon.ḏa, ḏaon.ḏa.ige) (de:nə, de:'ni:) human. **An chine daonna**, the human race. **Colann daonna**, human body. **Léann daonna**, human learning.

**daonna**, m. (npl. **daonnaí**) (ḏaon.ḏa/ḏaon.ḏa, ḏaon.ḏa.ige) (de:nə, de:'ni:) human being. **Ní raibh daonna ann**, there was no one there. [PÓB]

**daonnacht**, f. (gs. **daonnachta**) (ḏaon.acht) (de:nəxt) humanity, compassion. **Daonnacht do dhuine**, compassion towards someone. **Duine go bhfuil daonnacht ann**, a compassionate/humane person.

**daonnachtach**, adj. (comp. **daonnachtai**) (ḏaon.acht.ach, ḏaon.acht.ach.ige) (de:nəxtəx, de:nəxti:) humane, kindly.

**daonnachtúil**, adj. (comp. **daonnachtúla**) (ḏaon.acht.ach.ail, ḏaon.acht.ach.ail.ḏa) (de:nəxtu:l', de:nəxtu:lə) humane, kindly. [DBÓC]

**daonnaí**, m. (npl. **daonnaithe**) (ḏaon.ḏa.ige, ḏaon.ḏa.ige) (de:'ni:, de:nih) human being; (collective) mankind.

**daor**, adj. (comp. **daoire**) (ḏa.oir, ḏa.oir.ē) (de:r, di:r'i) 1. dear (in price). **Díol go daor as rud**, to pay dearly for something. 2. hard, severe. **Is fearr dul go h-Éirinn, pé crích a bhéarfaidh sinn, agus beatha bog sóghail a bheith ag duine ar thalamh bhreagh shaidhbhir, 'ná bheith a d' iaraidh beatha docht daor a bhaint as na riasgaibh fiaine fuara so**, it is better to go to Ireland, whatever happens to us, and have a soft and comfortable life on good, rich land than to stay and try to eke out a hard and difficult life from these wild and cold marshes [PUL1907]. 3. condemned. **Daor chun báis**, condemned to death. 4. unfree. **Mná daora**, bondwomen, female slaves. Note: the original meaning was enslaved, the opposite of **saor**, free.

**daor**, m. (npl. **daoir**) (ḏa.oir, ḏa.oir) (de:r, di:r') a slave, bondsman. **Duine ' dhíol 'na dhaor**, to sell someone into slavery.

**daoradh**, vn. ⇒ **daoraim**.

**daoradh**, vn. ⇒ **daoraim**.

**daoraicme**<sup>363</sup>, f. (pl. **daoraicmí**) (ḏa.oir.ach.ē, ḏa.oir.ach.ē.ach.ḏa/ḏa.oir.ach.ē) (de:r-akm'i, de:r-ak'm'i:) unfree class of people. **Daoraicme na cathrach**, the slave-class of ancient Rome. Note: used to refer to the Connacht host defeated by the Munster host of fairy queen Aibell near Youghal.

**daoraim**, vn. **daoradh**, verb. (ḏa.oir.aim, ḏa.oir.aid) (de:rím', de:rə) I condemn, convict. Past: **do dhaoras, do dhaor sé**. Future: **daorfad, daorfaidh sé**. Imperative: **daor**. Participle: **daortha**. With **i**, convict someone of something: **mar sin bhí sé amuich air go raibh sé pósta trí h-uaire, agus gur mhairbh sé an cheud bhean, ach níor daoradh ann é**, what happened was that he was said to have married three times, and to have killed the first wife, but he was not convicted of it [PUL1904]. **Duine ' dhaoradh i gcoir**, to convict someone of a crime. **Duine ' dhaoradh le (duine eile)**, to accuse someone to (someone else). **Do daoradh é chun a chrochta**, he was sentenced to be hanged. Also, **do daoradh chun báis é**.

**daorbhean**, f. (gs. **daormhná**, ds. **daormhnaoi**, npl. **daormhná**, gpl. **daorbhan**) (ḏa.oir.ē.ach.ē, ḏa.oir.ē.ach.ē) (de:r-v'an, de:r-vnə:ə) bondwoman, female slave.

362Check gs.

363Attestation of the plural required.



**daorbhreith**<sup>364</sup>, f. (gs. **daorbhreithe**, npl. **daorbhreitheanna**) (ὑδοιρ-βρειεῖ, ὑδοιρ-βρειεῖεanna) (de:r-vr'eh, de:r-vr'ehəne) condemnation, conviction. **Daorbhreith a thabhairt ar rud/ar dhuine**, to condemn something/someone. **Fé dhaorbhreith dlí**, convicted of an offence.

**daorbhroid**, f. (gs. **daorbhroide**) (ὑδοιρ-βροιδο) (de:r-vrid') bondage.

**daorfhear**, m. (npl. **daorfheara**) (ὑδοιρ-ῥεαρ, ὑδοιρ-ῥεαρᾶ) (de:r-ar, de:r-arə) bondman, male slave.

**daorghalar**, m. GCh. ⇒ **emróidí**.

**daorobair**, f. (ὑδοιρ-οβαιρ) (de:r-obair') hard labour.

**daorsmacht**, m. (gs. **daorsmachta**) (ὑδοιρ-ῥμαῖτ) (de:r'smaxt) oppression, bondage, slavery. **Daorsmacht na Sacsan**, English oppression.

**daoscar**, m. GCh. ⇒ **dfoscar**.

**daoscarshlua**, m. GCh. ⇒ **dfoscarslua**.

**dár**, conj. (ὑᾶρ) (dɑ:r) a combination of the prepositions **de** or **do** with the comprehensive relative particle **a** and then the perfective particle **ro**: *ins gach cath trom d'ár buailleadh eatartha*, in every serious battle that was fought between them [PUL1915]. Similarly, a combination of **de** or **do** with comprehensive relative particle **a** and the copula: *do chuireadh gach cóir ortha d'ár cheart*, they were given all the right provisions, they were treated well in the proper manner [PUL1907].

**dár**, conj. (ὑᾶρ) (dɑ:r) to whom, to which, a combination of the prepositions **de** or **do** with the indirect relative particle **a** and the copula. **Dára** in the present tense before a consonant: **fear dára mac Seán**, a man whose son is Seán. Becomes **dárab** before a vowel: **fear dárab ainm Peadar**, a man whose name is Peter. **Dár** is used with lenition with the past-tense copula, becoming **dárbh** before a vowel: **fear dár shloinne Ó Laoghaire**, a man whose surname was O'Leary; *do cuireadh múinteóir isteach ann d'ár bh' ainim Cormac ua Luasa*, a teacher was appointed there whose name was Cormac Lucey [PUL1915].

**dar**, defective verb. (ὑᾶρ) (dɑr) it seemed (to), it would seem (to). Used with **le**: *dar liom níor bh' í Éire i n-aon chor í nuair a bhéadh sí gan aon fhocal Gaeluinne d'á labhairt inti*, it seemed to me that it would not be Ireland at all when not a word of Irish was spoken in the country [PUL1915]. Sometimes with a counterfactual meaning, "as I thought": *chromas ar na gamhna iasachta, dar liom, do dheighilt amach ó n-ár mbuaibh féin*, I began to separate what I thought were the calves that weren't ours from our own cows [PUL1915]. Or sometimes with the nuance of "or so I made out": *bhí an bhean abhrais a d'iarraidh an chailín do thabhairt as an bhfanntais, dar léi, agus bhí an oidhche ag imtheacht*, the spinner was trying to revive the girl, or so she made out, as the night was getting on [PUL1914b].

**dar**, prep. (ὑᾶρ) (dɑr) by (used in oaths). Used with the dative, and sometimes with lenition. **Dar a bhfuil in Éirinn**, by all that is in Ireland! **Dar bhrí na mionn!** ὑᾶρ βριῖς na mionn! by my oath! by the relics! by all that is holy [PUL1904]. **Dar lámh m'athar**, on my father's grave! **Dearbhú dar an teampall**, to swear by the temple. **Dar fia!** /dar' f'ia/, by Jove! **Darfa lia** ὑᾶρ ῥοῖ Dia /darfə l'ia/, egad!, by God! See ⇒ **fotha**. Also **darca Dia**. **Dar mo leabhair**, upon my word. **Dar so 's súd**, by this and that! [in other words, "I swear..."]: *dar so 's súd ach má deintear san beidh an cath ar ár dtoil féin againn!*, I swear if that is done, the battle will go just as we hope [PUL1907]. **Dar déithe agus daoine**, I call gods and men to witness. **Dar dia na firinne**, upon my word of honour. **Dar mo leabhar**, upon my word, upon my faith.

**dara**, num. ICS. ⇒ **tarna**.

**daradaol**, m. (gs. **daradaoil**, npl. **daradaoil**) (ὑᾶρῖ-ὑᾶοί, ὑᾶρῖ-ὑᾶοίί) (darə'del, darə'dil') black beetle; Devil's coach-horse. [AÓL, LASID]

**darb**, conj. ⇒ **dar**.

**darbh**, conj. ⇒ **dar**.

**darca**, prep. ⇒ **dar**.

**Dardaoin**<sup>365</sup>, f. (ὑᾶρῖοῖν) (gs. ???) (dar'di:n') Thursday. **Dardaoin Deasgabhála**, Ascension Thursday. **Dardaoin Corp Chríost**, the feast of Corpus Christi.

**darfa**, prep. ⇒ **dar**.

**darna**, num. ⇒ **tarna**.

**dartán**, m. (npl. **dartáin**) (ὑᾶρῖᾶν, ὑᾶρῖᾶν) (dər'tɑ:n, dər'tɑ:n') drove, herd.

**dásacht**, f. (gs. **dásachta**) (ὑᾶρᾶῖτ) (dɑ:səxt) daring, audacity; madness. **Dásacht a bheith ionat**, to be daring. **Dásacht aigne a dh'éirí dhuit**, to become emboldened, have a rush of high spirits. **Dásacht ort**, in a fit of exuberance. **I ndásacht do Dhia**, rejoicing in God.

**dásachtach**, adj. (comp. **dásachtaí**) (ὑᾶρᾶῖτᾶῖ, ὑᾶρᾶῖτᾶῖḡe) (dɑ:səxtəx, dɑ:səxti:) daring, audacious, presumptuous.

**dáta**, m. (npl. **dátaí**) (ὑᾶτᾶ, ὑᾶτᾶῖ) (dɑ:tə, dɑ:'ti:) date, time.

**dath**, m. (gs. **datha**, npl. **dathanna**) (ὑᾶῖ, ὑᾶῖanna) (dɑh, dɑhəne) 1. colour. **Ar aon dath**, of a single colour. **Ar dhath eile**, of a different colour. (RaC had **ar dath**.) *Agus aghaidh bhán uirthi ar dhath an bháis*, her face was a deathly white [PUL1904]. *Bhí a gruaig ar dhath an óir*, her hair was the colour of gold [PUL1907]. Followed by **ar**: **bhí dath dubh air**, it was black; *ní fheaca riamh am' shúilibh cinn dath ba bhreaghta 'ná an dath a bhí ar an mám óir a thaisbeáin sé dhom*, I never saw a nicer colour than the colour of the handful of gold he showed me [PUL1904]. **Dath an bháis air**, a deathly pallor. **Cad é an dath atá air?** what colour is it? **Dath an fhaobhair do chur ar an mbuille**, to put more effort

364See the query on the plural of breith.

365Check gender, gs and pl. Feminine in Dinneen's.

into the blow, to strike a blow in such a way that the blade has a chance to do its work. **Dath dearg**, red dye. 2. often referring to a person's complexion: *d'iompuigh dath gorm ar an mbitheamhnach*, the villain turned blue in the face [PUL1904]. **Scéal gan dath**, an unlikely story.

**dathadóir**, m. (gs. **dathadóira**, npl. **dathadóirí**) (ḏačadod̪iɾ, ḏačadod̪iɾi) (dahə'do:r', dahə'do:r'i:) colourist, painter. [DUL]

**datháim**, vn. **dathú**, verb. (ḏačuiɟim, ḏačuiɟad̪) (dɑ'hi:m', dɑ'hu:): I colour, I dye. **Dathaithe dearg**, dyed red. Past: **do dhathaíos**, **do dhathaigh sé**. Future: **dathód**, **dathóidh sé**. Imperative: **dathaigh**. Participle: **dathaithe/daite**. Note: both verbal adjectives are attested in Isaiah 63.

**dathannach**, adj. (comp. **dathannaí**) (ḏačannač, ḏačannaɟe) (dahənəx, dahə'ni:) colourful, gaily coloured.

**dathú**, vn. ⇒ **datháim**.

**dathúil**, adj. (comp. **dathúla**) (ḏačaiɾiɾil, ḏačaiɾilɾ) (dɑ'hū:l', dɑ'hū:lə) pleasant, graceful, beautiful. **Buachaill dathúil**, a beautiful young man. **Dathúil le féachaint air**, comely, pleasing to look at.

**dathúlacht**, f. (gs. **dathúlacht**) (ḏačaiɾilɾəčt) (dɑ'hū:ləxt) good looks, beauty.

**de Barra**, name. (ḏe B̪ar̪ra) (də bərə) Barry, an Hiberno-Norman surname associated with Co. Cork.

**de Bhál**, name. (ḏe B̪ál) (də vɑ:l) Wall, a surname originating in the French du Val.

**de Búrca**, name. (ḏe B̪ur̪ca) (də bu:rkə) the Irish surname Burke, of Norman origin. Note: PUL1904 also mentions a variant, **de Búrc**.

**de Faointe**, name. (ḏe F̪oiɾte) (də fi:t'i) the Irish surname White, of Norman origin.

**de Paor**, name. (ḏe P̪aor̪) (də pə:r) the Irish surname Power, of Norman origin.

**de Róiste**, name. (ḏe R̪óiɾte) (də ro:ʃt'i) the Irish surname Roche, of Norman origin. [DBÓC]

**dé**<sup>366</sup>, f. (npl. **déithe**) (ḏé, ḏéite) (d'e:, d'e:hi) puff, breath. **Gan ann ach an dé**, scarcely breathing, at death's door. [DBÓC]

**déinide**, adj. (δέινη δε) (d'e:n'i d'i) harder, more intensely. Usually in the sense of "all the harder, the harder". *B'fhéidir gur déine-de a déanfar an guidhe an teachtaireacht do chur tímpal uait-se, a Árdrígh*, maybe the prayer will be prayed all the harder for the message being sent round from you, High King [PUL1907]. Note: **déinide** is **déine** plus **de**. See ⇒**dian; déine**.

**deinim**, vn. **déanamh**, verb. (δο-ζήμι/ἀν ποένημι?, vn. δένημι) (d'in'im', dianəv) 1. I do, make. **Teampall a dhéanamh**, to make or build a temple. **Deineann san**, that makes (in the sense of arriving at an arithmetical result): *do réir chúig phúint fé'n gcéad dhéanfadh san deich bpúint sa mbliain*, at a rate of five per cent, that would make ten pound a year [PUL1915]. *Deinidh an crann a bheith go maith agus a thoradh fóghanta air; nó deinidh an crann go h-olc agus an toradh go h-olc air; óir is as a thoradh do h-aithnighgear an crann*, either make the tree good and its fruit good: or make the tree evil, and its fruit evil. For by the fruit the tree is known [PUL1915b]. **Dhein san róláidir é**, that made him

387Check pronunciation. LS version of PUL1913 has *deini*, as if no ng.

too powerful. To become, turn out as: *d'airigh sí daoine 'ghá rádh gur bh' áluinn an sagart a dhéanfadh sé*, she heard people say he would turn out a handsome priest [PUL1907]. 2. Intransitively, to do, get long: *bhí sé a' fiafraí don bhacach conas a bhí sé a' déanamh ar a' gcéird, nú ar bh'fhiú do dhuine tosnú uirthí*, he was asking the beggar how he was managing in the trade, or if it would be worth someone's while taking it up [AÓL1968]. 3. To make someone/something do something: *do chruthuigh Dia, an c[h]éad lá, an solus, agus do dhein an solas lá agus oídhe le bheith ag dul ó lastoir go lastiar, ag eiríge agus ag dul fé*, God created on the first day, light, which being moved from east to west, by its rising and setting, made morning and evening [PUL's Bible, note to Genesis 1:16]. **Is cuma liom cad a dhéanfadh sé**, I care nothing for him, don't care what happens to him. *Déanfad go gcuirfí mé i n-úil dóibh go bhfuil a' tseana-spréach cheart ionam fós!*, what I will do is let them know that I still have what it takes/still have the whole spirit in me! [AÓL1968]. **Is maith/olc a dheineann tú é (nuair...)**, it is good/bad of you (when)/you do well/badly by acting in a certain way. **Deinim ar**, I make towards, make for (a person or place): *le n-a linn sin d'eirigh sé de'n bhóthar agus dhein sé orm*, just then he got up from the road and made towards me [PUL1915]. **Ag déanamh ar a haon**, getting on for one o'clock. **Déanamh fé dhéin an tí**, to head towards the house. **Déanamh anonn ar dhuine**, to go over towards someone. **Déanamh isteach ar an bhfalla**, to go in towards the wall. **Do dhein sí air suas**, she went up to him. *Dhein sí suas ar an áit 'n-a raibh an bhean abhrais ag obair*, she went up to where the spinning woman was working [PUL1914b]. **Rud a dhéanamh ar dhuine**, to do something to someone: *ní h-é mo thuairim go ndéanfá an méid sin orm dá dtuighá i gceart conus atá an sgéal agam*, I don't think you would do this to me if you really understood my plight [PUL1915]. **Rud a dhéanamh ar dhuine** can also mean "to do as someone says, obey someone's orders": *ní dhéanfadh an banc rud ortha*, the bank would not obey them [PUL1915]. *An fear gur dhein lucht airm an rígh rud air, mar a dheineadar air siúd, ní ró fhuiriste dhó dul i bhfolach ó ríogra na tíre*, a man who the king's soldiers obey, as they did him, will not easily hide from the nobles of the land [PUL1907]. **Do dhein fear de**, he became a man. *"Mura n-éistir do bhéal," ar seisean, "déanfad gabhar díot"*, "if you don't shut your mouth", he said, "I will turn you into a goat" [PUL1904]. **Déanta de**, made of something: *déanta d'ór chasta*, made of twisted gold [PUL1904]. **Éinne déanta**, anyone alive, any human being. **An bhean a dhein cloch ded chroí**, the woman who made a stone of your heart, turned your heart to stone. **Ag déanamh dó féin**, fending for himself. **Ná dein, ná dein aon ní leis**, don't do anything to him. **Níor dheineadar pioc leis**, they didn't do anything to him. Used with many subsidiary meanings. **Deinim amach**, I make out, gather, conclude, find out; also make out in the sense of "discern": *do theip orm glan aon phioc d'á dheabhramh a dhéanamh amach ameach na sliabh eile*, I totally failed to make out any sign of them among the other hills [PUL1915]. *Cuid acu 'ghá dhéanamh amach gur chosa daona a bhí aige agus tuille acu 'ghá dhéanamh amach nár bh'eadh, ach cosa draoidheachta*, some of them claiming he had human legs and others of them claiming they weren't, but were legs of magic [PUL1909]. Also, I head out, proceed: *ach ag déanamh amach ar dheire na h-aimsire bhídís-sin ar an gcuma gcéadna nách mór*, they were more or less the same when they headed off at the end of their time there [PUL1915]. **Rud do dhéanamh amach ar rud**, to determine, make or work something out from/on the basis of something. Also, I make out (in the sense of pretend): **á dhéanamh amach ná raibh sé ann**, making out it wasn't there. **Slí mhaireachtaint a dhéanamh amach**, to make a living. **Deinim suas**, I raise (of a sum of money): *dheineamair suas dachad púnt*, we raised forty pound [PUL1915]. **Cathair a dhéanamh suas**, to build a city. **Neart fear a dhéanamh suas**, to raise a body of men. *Is féidir dúinn a dteastuighean dé do dhéanamh suas le gníomharthaibh aithríge uainn féin*, it is possible for us to make up all that is lacking therein with penitential deeds of our volition [PUL1921]. **Deinim suas ar**, I make for, proceed to a certain place. **Déanta suas le ribíní**, made up or garlanded with ribbons. **Tu féin a dhéanamh suas in anracht bacaigh**, to dress up as a beggar or change your appearance in such a way. **Deinim aighneas**, I row, argue. **Tá sé ag déanamh ana-chúraim dom**, I really care about him, he makes me concerned for him. **Ag déanamh cíosa**, producing rent, earning rent. **Deinim dearmhad air**, I forget it. **Deinim deimhin de**, I make sure of, make certain of, am sure of. **Ag déanamh mo dhíchill ar**, doing my best to do something. **Ag déanamh dlíthe**, making laws. **Ag déanamh an fhómhair**, harvesting. **Deinim foighne air**, I bear with it. **Ná dein goid**, thou shalt not steal. **Deinim iarracht ar**, I make an attempt at. **Deinim ionadh de**, I wonder at. **Deinim magadh ar**, I joke, scoff at. **Deinim moill**, I delay. **Deinim síocháin le**, I make peace with. **Deineann sé tairbhe dhom**, it does me good. **Dein trócaire orainn**, have mercy on us. Note more abstract usage: a) to serve to, to use something to do something, could do something, or periphrastic usage with a verbal noun construction best left untranslated: *dheineadh daoine a ndícheal chun oiread des na prátaibh miona do choimeád agus dhéanfadh an garaidhe do chur i gcóir na h-aithbhliana*, people would do their best to keep as many of the little potatoes as would serve to sow/could sow the field for the next year; *bhí máthair Shíle lá agus mám gairbhéil aici sa chorcáinín tón-leathan go ndeineadh sí an ciste do bhácáil ann*, Síle's mother was there one day, and she had a handful of gravel in a broadbottomed little pot that she was using to bake a cake in; *dúbhradh liom-sa dul le n-a chois i dtreó dá mbéadh na ba ag ruith uaidh, a' d'iaraidh teacht thar n-ais abhaile, go ndéanfinn-se ruith agus teacht rómpa dhó*, I was told to go with him so that if the cows ran away, trying to get back home, I could run and get ahead of them for him; *do dhein Fionn agus Fiana Éirean an tír seo na h-Éirean do chosaint ar gach namhaid iasachta an fhaid a mhair a réim i n-Éirinn*, Fionn and the Irish Fenians served to protect Ireland from each of her foreign enemies as long as they held sway in Ireland; *do thiocthad as anois go ndéanfaínn m' eólus féin ar na seana theangthachaibh d'athnuachaint*, what would result from it now would be that I would get to renew my own knowledge of the classical languages; *gach aon uair a dheineadh an tineóntaidhe aon fheabhas do chur ar an bhfeirm le n-a shaothar féin*,

every time the tenant made any improvement to the farm by his own labour; *bhí na daoine a shrois an áit romhainn bhíodar imthighthe amach as an sráid, ar bhóthar Luimnighe, i gcoinnibh na ndaoine a bhí ag teacht an treó san, chun go ndéanfaidís siúbhal i n-aonfheacht leó thar n-ais isteach sa tsráid*, the people who arrived there before us had left the town and taken the Limerick road to meet the people coming from that direction, so they could walk back into town with them [PUL1915]. b) **déanamh le**, make do with: *b'éigean dom fanmhaint sa bhaile, agus pé múineadh a thug mo mháthair dom déanamh leis*, I had to stay at home, and make do with whatever instruction my mother gave me [PUL1915]. **Déanamh gan**, to make do without: *bhí uirthi déanamh gan a h-athair fé dheire*, she had to cope without her father at last [PUL1907]. c) **déanfaidh sé an gnó (do dhuine)**, it will do/suit: *ní dhéanfaidh Gaeluinn an gnó i n-aon chor dos na mnáibh sin*, those women would not be satisfied in Irish/Irish would not have done those women at all; *"Ó," ar seisean, "ní dhéanfaidh san an gnó i n-aon chor!*, "Oh," he said, "that wouldn't do at all!" [PUL1915]. d) **déanamh ar**, getting on for, going on for: *bhíos, is dóich liom, timpal deich mbliana dh'aois, nó b' fhéidir ag déanamh ar bheith aon bhliain déag*, I was, I think, about 10 years old, or maybe going on for 11 [PUL1915]. *Fé dheire bhíodar ag déanamh ar an dtigh*, they were finally nearing the house [PUL1904]. Also **déanamh amach ar**: *bhí sé ag déanamh amach ar uair an mheadhon-oídhche nuair a thánag go dtí an áit*, it was getting on for midnight when I arrived there [PUL1915]. **Do dhein sé fé dhéin an tí**, he made for the house. **Cad a bhí le déanamh?** what was to be done? Past: **do dheineas, do dhein** /də g'in'~də jin'/ **sé**. Future: **déanfadh, déanfaidh sé**. Imperative: **dein**. Participle: **déanta**. Note: the second person singular **deinir** is occasionally found in PUL1904. The past-tense dependent form, **deárna**, is occasionally found, as in PUL1921. The second-person plural imperative is found as **deinídh** in AÓL1968.

**déirc**, f. (gs. **déarca**) (δεῖρε) (d'e:rk', gs. d'e:rkə) alms, charity. **A d'iarraidh (na) déarca**, seeking alms. **Déirc a dhéanamh/déirc a thabhairt**, to give alms. **Fial sa déirc le duine**, to be generous in extending charity to someone. **Déirc a lorg ar dhuine**, to ask someone for charitable help.

**déircínteacht**, noun/vn, f. (gs. **déircínteachta**) (δεῖρεῖντεαχτ) (d'e:r'k'i:nt'əxt) an act of begging, asking for something importunately. **Ag déircínteacht air**, begging him, pleading him. [AÓL]

**Deireadh Fómhair**<sup>388</sup>, m. (gs. **Deiridh Fómhair**) (Δεῖρεαδ Φόγηαιρ) (d'er'i fō:r') October. **An tarna lá de Dheireadh Fómhair**, October 2nd. Traditionally known as **an mí déanach d'fhómhar**.

**deireadh**<sup>389</sup>, m. (gs. **deiridh**, npl. **deiríoch**) (δεῖρεαδ, δεῖρεῖδα) (d'er'i, d'er'i:xə, gs. d'er'ig') 1. end. *Cad é an deire a bhéarfaidh sinn i n-aon chor?*, what will become of us in the end? [PUL1914]. With **ar**: *chonacadar cad é an deire a bhí ar obair na mBuachaillí mBán*, they saw what became of the Whiteboys [PUL1915]. **Fé dheireadh**, at last, finally. **An lá fé dheireadh**, the other day. **An oíche fé dheireadh**, the other night. **Fé dheireadh thiar thall**, at long last. **A dheireadh**, the end of it. **Ar deireadh**, behind, in the rear; in the end, in due time; last (in doing something). **Ar dheireadh na haimsire**, at the end of the period. **Sa deireadh**, in the end. **I ndeireadh an anama**, exhausted. **I ndeireadh báire** /i n'er'i bə:rəl/, at length, after all is said and done. **Ag dul chun deiridh**, to fail, fall behind: *fé mar a bhí na buachaillí ag imtheacht as na sgoileanaibh tuatha bhíodar-san, nídh nách iongnadh, ag dul chun deiridh agus ag dul i n-olcas*, as the boys left the country schools, the latter, unsurprisingly, began to fail and deteriorate [PUL1915]. **Bheith chun deiridh**, to lose out (on something): *ní bheidh sé siúd aon leathphinne chun deirigh leis an obair seo*, he won't miss a penny as a result of this [PUL1915]. **Rud do chur chun deiridh**, to set something back. **Chun deiridh**, behindhand (e.g. with the rent); behind the times, backwards. **Cuirim deireadh le rud (duine)**, I bring something to an end, to finish someone off. **Tagann deireadh le rud éigin**, something comes to an end. **Tá deireadh leis**, it is finished, done with; it's dead; he's dead: *má bheirean an namhaid seo buadh anois orainn tá deire linn; tá deire le sliocht Gaedhal i n-Éirinn agus tá deire leis an gCreideamh a thug Pádraig chúghainn tré ghrásta Dé*, if this enemy defeats us now, it is all over for us, for the Gaelic race in Ireland and for the Faith that Patrick brought to us through the grace of God [PUL1907]. **Seomra deiridh**, a secluded room. **Go deireadh a shaoil**, till the end of his life. 2. ultimate state. **An deireadh a bhí air**, the upshot, the eventuality: *shocarúigh sé ar an gcogadh do thosnú, pé deire bheadh air dó*, he determined to launch the war, however it would end up for him [PUL1913]. 3. hindparts (as of an animal); backside (of a person).

**deireanach**, adj. (comp. **deireanaí**) (δεῖρεαναχ, δεῖρεαναιγε) (d'er'ənəx~d'er'in'əx, d'er'ə'ni:~d'er'in'i:) last, final. **An suipéar deireanach**, the last supper. **Bhí an tráthnóna deireanach ann**, it was late in the evening. **An chulaith dheireanach** /ən xli jernəx/, the habit on a corpse. **An tríú ceann deireanach**, the third to last. **Go deirineach**, late on. The comparative **deireanaí** may mean "the last", as opposed to **túisce**, "the first". Note: PUL generally wrote a slender r and a slender n in this word (although counterexamples exist); AÓL had a slender r and a broad n; LASID has /d'erənəx/.

**deireanaí**, f. (gs. **deireanaí**) (δεῖρεαναιγε) (d'er'ə'ni:~d'er'in'i:) lateness. **Le deireanaí**, /l'i d'er'in'i:/, recently. **Drúcht deireanaí**, evening dew. **Dul chun deireanaí i rud**, to become late in doing something.

**deiríúr**, f. ICS. ⇨ **driofúr**.

**deirge**, f. (gs. **deirge**) (δεῖργε) (d'er'ig'i) redness. **Dul i ndeirge**, to grow red.

**deirim**, vn. **rá**, verb. (Δεῖριμ/δεῖριμ, Δη Δβριμ?, ράδ) (d'er'im', rə:) 1. I say. **Deirim leat imeacht**, I tell you to go away.

**Deirim leat gan rud a dhéanamh**, I tell you not to do something. **Fan uaim amach, adeirim leat**, stay away from me, I'm telling you. **Duairt bean liom go nduairt bean léi**, someone said that someone said, just like Chinese whispers.

388And pl?

389Check pl.



*Dúbhart liom féin go n-eireóchainn ana mhoch ar maidin amáireach a bhí chúghainn*, I told myself that I would get up very early the next day [PUL1915]. *An rígh cúige seo a deirir-se*, this provincial king you're on about [PUL1907]. Sarcasmically: *deirim-se caitheamh-aimsire leat*, for the fun of it indeed! [DBÓC1933]. *Abair istoidhche i mbáireach*, tomorrow evening, say; how about tomorrow evening? [DBÓC1933]. 2. I state, I recite. *Abair iad*, list them, recite them [PUL1921]. Followed by **le** in the sense of "about": *cad dúbhairt Niamh, agus a h-athair, agus Murchadh, leis an ngnó?*, what did Niamh, her father and Murchadh say about the matter? [PUL1907]. **Tá sé ráite go**, it is reported that. Reported speech: ... **a deir sé**. *An oídhche seo adeirim*, on this night I am talking about [PUL1915]. **An ndeireann tú liom é?**, are you sure? **Deirimse scleóndar leat**, I'll give you 'excitement!' (in the sarcastic sense). **Deirim** sometimes means "I mean": *ar maidin an lae fé dheire, adeirim*, the other morning, I mean [PUL1904]. **Tugaim a rá do dhuine go**, I give grounds for someone to say something. **Mar adeirim**, as I say. **Mar (a) déarfá**, roughly, about: *nuair a bhíos, mar a déarfá, fiche slat ó'n gcrosaire*. when I was about twenty yards from the crossroads [PUL1904]. **Fé mar adéarfá**, you could say: *bhí ana-dhúil aige i scuraíocht, imirt chártaí agus nithe eile don tsórd so: fé mar adéarfá gach aon rud dá olcas*, he was very keen on visiting neighbours, playing cards and other things of this sort, you could say in everything unprofitable [AÓL1968]. **Mar adéarfá**, as it were, after a manner of speaking. With **ná go: ní deirim ná gur dhein**, I dare say he did. **Abair é!**, in the rhetorical sense of "I should say say so!", "you can say that again!" *Ní bheinn i gcás an fhir mhóir úd ar rud ná déarfainn, má tagtar suas leis*, I would not be in that great man's shoes for anything I could name if they manage to catch up with him [PUL1904]. **Cad deirir liom?**, what about?: "*agus cad 'deirir liom,*" *ar seisean, "i dtaobh dul síos agus an sgéal go léir a dh'innsint do Cholla?"*, what about, he said, going down and telling the whole story to Colla? [PUL1907]. **Cad duairt sé leis an ngnó?**, what did he say about the business? **An leanbh úd adúradh**, the aforesaid child. Past: **duart, dúraís** /du:riʃ~du:'ri:ʃ/, **dúirt sé**. Future: **déarfad, déarfaidh sé**. Imperative: **abair** /abir'/. Participle: **ráite**. Note: the dependent form of the verb is generally not used in the indicative in Cork Irish: **ní deirim**. The *abr-*<sup>390</sup> stem is generally used in PUL in the imperative, often in conditional sentences with **má**, and in the present and past subjunctive: **dá n-abrainn-se**, if I said [PUL1915]. A counterexample is *sa n-áit 'n-a n-abradh Eibhlín "Mo ghrádh go daingean tu!"*, where Eileen said "Mo ghrádh go daingean tu!" [PUL1915]. Use after **má**: *má abraimid gur ó neamh é, déarfaidh sé, Má 'seadh, cad 'n-a thaobh nár chreideabhair é? Ach má abraimid gur ó dhaoinibh, is baoghal dúinn na daoine; mar fáidh ab eadh Eóin acu*, if we shall say, from heaven, he will say to us: Why then did you not believe him? But if we shall say, from men, we are afraid of the multitude: for all held John as a prophet [PUL1915b]. The *abr-* stem is also used after **ná** in PUL1915b: *ná h-abrann tú focal leis na neithibh atá acu so dh'á dhearbhuighadh ort?*, answerest thou nothing to the things which these witness against thee? The present tense often has a second person singular in *-ir*: **deirir** (otherwise **deir tú**). An archaic second person plural in the present tense is also found in (as **deirtí** in PUL1915b and **deirthí** in PUL1924). Verb forms in *-rt-* often have a lenited t, eg **deirtí** or **deirthí**, and **dá n-abarthá**, found in PUL1907. See the autonomous form given in IWM, **deirtear** /d'er'hær/. The dependent form of the autonomous present **abarthar** is sometimes found: *cad iad na h-adhbhair ar a n-abarthar an t-aifríon?* why is the Mass said? [PUL1921]. See ⇒**abraim**.

**Abair is go** /abir' əs gə/, although, supposing: **do bhíos ag obair, abair is go rabhas breóite**, I was working, although I was sick.

**deís**<sup>391</sup>, f. (gs. **déise**, npl. **déise**) (dẽiʃ, dẽiʃe, gs. dẽiʃe/dẽiʃa) (d'e:ʃ, d'e:ʃi) vassal. The plural **Déise**, or Decies, refers to various tribes in ancient Ireland, including the **Déise Mumhan**, who held a kingdom in Co. Waterford and Co. Tipperary. **Rí na nDéise**, king of the Decies.

**deis**, f. ICS. ⇒**deas**.

**deisbhéalach**, adj. (comp. **deisbhéalaf**) (dẽiʃb'ẽalac̃) (d'eʃv'ialəx, d'eʃv'iali:) witty.

**deisbhéalaf**, f. (gs. **deisbhéalaf**) (dẽiʃb'ẽalaf̃e) (d'eʃv'iali:) repartee, readiness of speech. *Bhí sa Ghaeluinn a bhí am' thimpal-sa deich mbliana agus trí fichid ó shin, tréithe chun nirt agus chun fuinnimh agus chun deisbhéalaighe agus chun géire urlabhra agus chun solusmhaire, nách féidir liom a dh'fhághail anois i n-aon tsórd cainte d'á bhfuil ar siubhal, i mBéarla ná i nGaeluinn*, there were qualities of strength, vigour, repartee, wit and clarity in the Irish that was around me 70 years ago that I cannot find now in any speech, whether English or Irish [PUL1915].

**deisceabal**, m. (npl. **deisceabail**, gpl. **deisceabal**) (dẽiʃceabal, dẽiʃceabail) (d'eʃk'əbəl, d'eʃk'əbil) disciple.

**deisceart**, m. (gs. **deiscirt**, ds. **deiscirt**) (dẽiʃceart) (d'eʃk'ərt) south, southern part. Note: this word may be feminine in the dative.

**deisceartach**, m. (npl. **deisceartaigh**) (dẽiʃceartac̃, dẽiʃceartac̃iʃ) (d'eʃk'ərtəx, d'eʃk'ərtig) southerner. [DBÓC]

**deise**, f. GCh. ⇒**deiseacht**.

**Déiseach**, m. (npl. **Déisigh**, gpl. **Déiseach**) (Déiʃeac̃, Déiʃiʃ) (d'e:ʃəx, d'e:ʃiʃ) a member of the ancient Decies (or Déisi Muman) tribe; a native of the Decies (ie, Co. Waterford and its environs). Note: **deís** meant "vassal, subject" in old Irish, and so the Decies tribe probably emerged from people linked by that social status.

**deiseacht**, f. (gs. **deiseachta**) (dẽiʃeac̃t) (d'eʃəxt) niceness, elegance; attractiveness.

**deiseal**, m. (gs. **deisil**) (dẽiʃeal) (d'eʃəl) right-hand, to the right; clockwise. **Ar an dtaobh deiseal de**, to the right of.

**deisim**, vn. **deisiú**, verb. (dẽiʃim, dẽiʃiuʃad̃) (d'eʃi:m, d'eʃu:) I mend, repair. Past: **do dheisios, do dheisigh sé**. Future:

390Do the *abr-* forms all have an epenthetic, PUL1924 has *dá n-abradh sé*...

391Check gs.

**deiseod, deiseoidh sé.** Imperative: **deisigh.** Participle: **deisithe.**

**deisitheóir,** m. (gs. **deisitheóra,** npl. **deisitheóirí**) (deifig'ceoir, deifig'ceoirí) (d'ejf'ho:r', d'ejf'ho:ri:) fixer, repairer.

**deisiú,** vn. ⇨ **deisím.**

**deisiúchán,** m. (gs. **deisiúcháin**) (deifiu'gáan) (d'e'ju:xa:n) act of mending or repairing.

**deismireacht,** f. (gs. **deismireachta,** npl. **deismireachtaí**) (deifmireadct, deifmireadctái) (d'ejm'ir'əxt, d'ejm'ir'əxti:) incantation, spell. **Lucht deismireachta,** enchanters.

**déistin,** f. (gs. **déistine**) (deifitin) (d'e:ft'in'~d'e:ft'an) sickening disgust. **Chuir sé déistin air,** it disgusted/repulsed him.

**déistineach,** adj. (comp. **déistíní**) (deifiteanaic/deifitead, deifiteanaige/deifiteige) (d'e:ft'in'əx, d'e:ft'in'i:) loathsome, disgusting, nauseating.

**deitheansach,** adj. (comp. **deitheansaí**) (deit'heasac, deit'heasige) (d'ehənsəx, d'ehənsi:) hurried, hasty. [AÓL, DBÓC]

**deo,** f. end. (deo/veoð, ds. veoið) (d'o:) **Go deo,** for ever; ever, in future constructions; never, in negative constructions.

**Go deó na ndeór,** till the end of time. **Go deo deo,** for ever and ever. **Faire go deo!** alas! the shame of it. **Go deo arís,** ever again.

**deoch**<sup>392</sup>, m. (gs. **dí,** ds. **digh,** npl. **deocha/deochanna**) (deoc, deocá/deocáanna) (d'ox, d'oxə~d'oxənə, gs. d'i:, ds. d'ig') drink. *Cromadh airís ar an bpráta agus ar an mbainne do chaitheamh mar bhiadh agus mar dhigh,* another attempt at giving up the potato and milk as food and drink [PUL1915]. **Ólaim deoch air,** I drink to his health. **Deoch a bhaint as ártach,** to take a drink from a vessel/container. **Braon dí,** a little drink, a drink. **Comhrá dí,** a chat over a drink. **Deoch bhainne,** a drink of milk. **Deoch láidir,** strong drink, liquor. **Deoch a dhul suas sa cheann agat,** for a drink to go to your head. Note: the plural **deocha** is used after numerals. **Deocha chun nirt,** drinks to keep your strength up. PUL generally uses the plural **deocha** in all circumstances.

**deochán,** m. (npl. **deocháin,** gpl. **deochán**) (diúcan, diúcáin) (d'o:xa:n, d'o:xa:n') windpipe; tube or straw of some kind. Note: PUL recommended this word in the meaning of "valve", but it doesn't appear to have entered wider use [PUL ailt 1896].

**deóidh,** s. (veoið) (d'o:g<sup>393</sup>) found in **fé dheóidh,** at last, in the end. [DBÓC]

**deoin**<sup>394</sup>, f. (gs. **deona,** npl. **deonta**) (deoin, deonta) (d'o:n', d'o:ntə) will, consent. **Ded dheoin féin,** of your own free will, willingly. *Tá daoine eile adéarfadh gur cháirde dílse do Chn. Pompéius, le fada dh'aimsir roimis sin, na roidirí sin agus gur do dheoin Phompéi a mharbhuighdar Píso,* there are other people who would say those knights had been loyal friends of Gnaeus Pompeius for a long time before that, and that they killed Píso in accordance with the desire of Pompeius [PUL1913]. See also ⇨ **leóinte.**

**deoir**<sup>395</sup>, f. (gs. **deoire,** ds. **deoir,** npl. **deora/deoracha,** gpl. **deor,** dpl. **deoraibh**) (deor, deora/deoracá, gs. deoir) (d'o:r', d'o:rə~d'o:rəxə) tear. *Main do dheor nár chuirir díot,* may your inclination to weep continue (said as a reproach to useless tears) [PUL1904]. *Siúd caise deór anuas ó n-a shúilibh,* a stream of tears trickled down from his eyes [PUL1907]. **Deoracha a choimeád siar (gan teacht as do shúilibh),** to hold back tears. **Deora a shileadh,** to shed tears. Note: PUL has both **deora** and **deoracha** in the plural, in PUL1915/2 and PUL1915/PUL1907 respectively.

**deoise,** f. ICS. ⇨ **dóiseas.**

**deóiseas,** m. (deoir'as) (d'o:ʃəs) diocese. Note: this is the form found in DBÓC1940. See also ⇨ **dóiseas.**

**deol,** vn. ⇨ **deolaim.**

**deolaim,** vn. **deol,** verb. (deolaim, deol) (d'o:lim', d'o:l) I suck (as in a baby suckling at its mother's teat). *Tháinig mach tíre lá ar ghabhar, agus uan ghá deól,* a wolf came across a goat one day, with a lamb sucking its teat [PUL1903]. **Ag deól a mháthar,** suckling at its mother's teat. Past: **do dheolas, do dheol sé.** Future: **deolfad, deolfaidh sé.** Imperative: **deol.** Participle: **deolta.**

**deonach,** adj. GCh. ⇨ **deónaitheach.**

**deonaím**<sup>396</sup>, vn. **deonú,** verb. (deonaim, deonaid) (d'o:'ni:m', d'o:'nu:) I consent, grant, condescend. *A Uain Dé, a thógan peacaidhe an domhain, deónuig eisteacht linn, a Thighearna,* Lamb of God, who takest away the sins of the world, consent to hear us, O Lord [PUL1921]. Past: **do deonaíos, do deonaigh sé.** Future: **deonfad, deonfaidh sé.** Imperative: **deonaigh.** Participle: **deonaithe.** See ⇨ **leamhnaím.**

**deónaitheach,** adj. (comp. **deónaithaí**) (deonait'heac, deonait'heige) (d'o:ni'həx, d'o:ni'hi:) agreeable, willing. **Is deónaitheach leat é,** you consent to it, you prove amenable to it, you are pleased to do it.

**deonú,** noun/vn, m. (gs. **deónaithe**) (deonaid) (d'o:'nu:) consent, will. See ⇨ **deónaím; leamhnaím, leamhnú.**

**deor,** m. (gs. **deoir,** npl. **deora**) (deor, deora) (d'o:r, d'o:rə) tear. Note: found in PUL1914 in one passage. See ⇨ **deoir.**

**deorach,** adj. (comp. **deoraí**) (deorac, deoracige) (d'o:rəx, d'o:'ri:) tearful.

**deoraí,** m. (npl. **deoraithé**) (deoracige, deoracige) (d'o:'ri:, d'o:rihi) stranger, exile, alien.

**deóraíocht,** f. (gs. **deóraíochta**) (deoraid'ect) (d'o:'ri:xt) wandering, exile.

**desc,** f. (gs. **desce,** npl. **desceanna**) (d'esk, d'eskənə) desk.

392Check plural and the use of deocha after numerals.

393Check the g.

394Do dheoin in PSD1927.

395Check gender and gs.

396Check all forms. Deónaigh is attested, but so is deónfaidh.

**deuteronomí**, s. (d'ut'ərenəm'i:) deuteronomy, a copy of the law (in Deuteronomí 17:18).

**deúteronomíum**, s. (d'u:t'ərenə'm'i:əm) deuteronomy, a copy of the law (in Lósué 8:32, etc).

**dhá**, num. (ḏá) (ɣɑ:) two. Lenites: **dhá fhuinneog**. *Bhí iongnadh ba dhá mhó 'ná san ar Shadhbh*, Sadhbh was twice as surprised as that [PUL1904]. **I dhá n-áit**, in two places. Delenited after **an**: **an dá**. With the possessive, lenition is only occasioned where the possessive means "his": **a dhá bhróig (bhreátha)**, his two shoes; **a dhá bróig (breátha)**, her two shoes; **a dhá mbróig (mbreátha)**, their two shoes. Traditionally used with the dual. The /ɣ/ may be elided after gutturals: **pósadh dhá uair í** /po:səg a: uə' i:/, she was married twice. See ⇒**dó**.

**dhá**, pron. (ḏá, 'ḡá) (ɑ:, ɣɑ:) prepositional pronoun combining the particle governing the verbal noun and its object, where a third-person pronoun is the object of the verbal noun: **do bhíos dhá dhíol**, I was selling it. See ⇒**á**.

**dháréag**, num/noun, m. (gs. **dáréag**) (ḏáréag) (ɣɑ:'riag) twelve (people). **Breith dáréag**, judgment by a jury of 12 men. **An dáréag aspal**, the twelve apostles. **D(h)áréag fear**, 12 men. Note: delenited after **an**, **aon** and **chéad**: *agus sidíad ainimneacha an dáréag aspal*, now the names of the twelve apostles are these [Matt. 10:2, PUL1915/2]. Note: the r is broad in this word. LASID shows that the dh is often delenited.

**dhe**<sup>397</sup>, int. (ḏe) (je) indeed, really. **Dhe** or **a dhe**. Also **dhe mhuisse!** **Dhe 'gus**, why, then. Note: **a dhe** is often written **oidhe** in older literature.

**dhera**, int. (ḏerɹɑ) (jerə) of course, indeed. Note: usually condescending in tone.

**dí-áirimh**, adj. (dí-áirimh) (d'i:-ɑ:r'iv') innumerable, infinite.

**dí-áirithe**, adj. (dí-áirithe) (d'i:-ɑr'ih) countless, innumerable.

**dí-áirithe**, adj. (dí-áirithe) (d'i:-ɑ:r'ih) innumerable, infinite.

**dia**, m. (obl. **dé**) (ɔɪɑ, obl. **dé**) (d'ia) *lit.* day. **Dé Luain**, Monday.

**Dia**, m. (voc. **Dia**, gs. **Dé**, npl. **déithe**, gpl. **déithe/dia**, dpl. **déithibh**) (ɔɪɑ, déite) (d'ia, d'e:hi) God. Note: the vocative differs from the genitive to avoid confusing with **gé**. **A Dhia Mhóir!**, God Almighty! **A Dhia mhuisse!**, goodness me! **Dia dhuit**, **Dia dhaoibh**, hello. **Dia linn**, God help us! Also **Dia linn is Muire!**/**Dia le m'anam/Dia mór linn**, God help me! **Dia lem láimh**, God help me! **Dia 's Muire dhuit**, the reply to the morning greeting **go mbeannaí Dia dhuit**; also itself a morning greeting, leading to the reply **Dia 's Muire 's Pádraig duit**. **Déithe falsa**, false gods. Also **déithe bréige**. **Duine le Dia**, man of God/a harmless soul. **Dia idir sinn agus an t-olc**, God protect us from all harm (a pious utterance on mention of the Devil).

**diabhailín**, m. (npl. **diabhailíní**) (ɔɪɑbáilín, ɔɪɑbáilíní) (d'ia'l'i:n', d'ia'l'i:n'i:) rogue, rascal. [AÓL]

**diabhal**, m. (npl. **diabhail**) (ɔɪɑbáɪ, ɔɪɑbáɪ) (d'iaɪ, d'iaɪ') devil. Used in many curses: *go mbrisidh an D—I do chosa, mar asall!*, donkey, may the Devil break your legs! [PUL1915]. **Go maraídh an diabhal é**, damn him! *Ná an diabhal a dtabharfad!*, like hell will I give it you! [DBÓC1933]. **Diabhal coimhdeachta**, evil genius (*The Times of London* being referred to this way in PUL1915). **Diabhal éithigh é sin!**, that's a damned lie! **Is cuma liom sa diabhal**, I don't give a damn. **Is cuma liom den domhan**, I don't care in the least. **Cé hé sa diabhal tusa?**, who on earth are you? **Téir in ainm an diabhail**, go to blazes! *An dial blúire do Sheán ná gur dhin féna géin ar muin capail, agus a chlaíomh aige*, I'll be damned if Seán did not approach it on horseback with his sword drawn<sup>398</sup> [AÓL1968]. **A dhiabhail!**, for Pete's sake! **An diabhal!**, dear me, damn! **An diabhal mhuisse!**, damn it! **An diabhal gnó agamsa ag dul ann**, I have no reason at all to go there. **Cad é an diabhal gnótha a thug anso thu?**, what damned reason brought you here?, why the hell are you here? **Cad é an diabhal é sin agat á dhéanamh?**, what the hell are you doing? **Cad é an diabhal atá orm is fanúint anso!**, what the devil is wrong me with staying here? Also **nách mór an diabhal mé is fanúint anso!** **Diabhal áitithe**, a real scoundel. Also **diabhal ceart**, **diabhal amu' is amach**. **'Sé an diabhal buí é**, it's pure hell, it's the very devil, a real torment. **Don diabhal a thuilleadh**, nothing else. **Do bheirim an diabhal**, I do declare.

**diabhar**, m. (ɔɪɑbɑr) (d'iaɹ) devil. **An diabhar pioc**, nothing at all. See ⇒**diabhal**. [DBÓC]

**diabhlaí**, adj. ICS. ⇒**diablaí**.

**diabhlaíocht**, f. ICS. ⇒**diablaíocht**.

**diabhlánach**, m. ICS. ⇒**diabhailín**.

**diablaí**, adj. (ɔɪɑblaiə) (d'ia'bli:) diabolical.

**diablaíocht**, f. (gs. **diablaíochta**) (ɔɪɑblaiəəɔt) (d'ia'bli:xt) devilry, wizardry. **Diablaíocht a dhéanamh ar rud**, to perform some sort of spell on something.

**diachair**, f. (gs. **diachra**) (ɔɪɑɔair) (d'ia'xir') pain, affliction, distress.

**diacht**, f. (gs. **diachta**) (ɔɪɑəɔt) (d'iaxt) divinity. **Lucht diachta**, theologians. Note: a variant of ⇒**diagacht**, found in PUL1921.

**diaga**, adj. (ɔɪɑə) (d'iaə) divine, holy. **Bean dhiaga**, a pious woman. **Tithe diaga**, religious establishments (used by PUL in the context of the stripping of the altars in the Reformation).

**diagacht**, f. (gs. **diagachta**) (ɔɪɑəəɔt) (d'iaəxt) theology; divinity. **Lucht diagachta**, divines, theologians. **Ollamh diagachta**, professor of divinity. **Diagacht Chríost**, the divinity of Christ.

**diagasamhlacht**, f. (gs. **diagasamhlachta**) (ɔɪɑəsaɪəɔt) (d'iaəsaɪəxt) devotion, piety, godliness.

397I am assuming **oidhe** in chapter 3 of *Séadna* is "a dhe" or "ó, a dhe", although it is **oidhe** in the 1994 edition, a word meaning "tragedy".

398check this.

**diaidh**<sup>399</sup>, f. (DIAIÖ) (d'íəg') wake, rear, end, conclusion. I **ndiaidh** with genitive, after, in the wake of, in the aftermath of; following, pursuing: **im dhiaidh**, after me (**im dhiaidhse** /im' j̪əj̪i/); **'na diaithi** /nə d'íəhi/, after her; **ndiaidh an chuirteora**, in pursuit of the visitor. **Dul i ndiaidh a gcínn**, to retreat (of an army). I **ndiaidh an tsuibhris**, in pursuit of riches. *Ní bhéadh aon bhean uasal ag feuchaint 'na dhiaigh*, there would have been no lady after him, interested in him [PUL1904]. *Tagaidh am' dhiaidh-se, agus déanfad iasgairí ar dhaoibh dhíbh*, come ye after me, and I will make you to be fishers of men [PUL1915b]. *Bhíos ag cur blonag mo shúl amach ag gol 'na dhiaidh*, I was crying my eyes out for it [DBÓC1940]. **'Na dhiaidh sin**, after him (mor specific than where **san** is used). **Ina dhiaidh san**, nevertheless, in spite of everything. **'Na dhiaidh san is eile/uile**, even so, yet, notwithstanding. **'Na dhiaidh san go léir**, in spite of all that. I **bhfad ina dhiaidh san**, for a long time afterwards. **Drochscéal ina dhiaidh**, a bad report of him. **Ina dhiaidh sa bhaile**, at home, left behind at home, waiting for him when he gets home. I **ndiaidh a chéile**, /n'íə x'e:l'i/, one after the other, gradually, in succession. I **ndiaidh a chúil**, /i n'íəg' ə xu:l'i/, backwards. I **ndiaidh ar ndiaidh**, gradually. **Féachaint i ndiaidh duine**, to look after, attend to someone: *a cheann d'á sgoltadh le teinneas agus ná feuchfadh aoinne agaibh 'na dhiaigh*, his head bursting with pain, and none of you looking after him [PUL1904]. *Tugaidh aghaidh ar an gcnoc agus ná féachaidh i nbhúr ndiaidh pé rud a dh'aireóchaidh sibh*, head for the hill, and don't look behind you whatever you hear [PUL1925]. **Imeacht i ndiaidh déithe iasachta**, to follow foreign gods. **Liúireach i ndiaidh dhuine**, to yell at someone. **Teacht i ndiaidh dhuine**, to succeed to someone. **Go dtí ina dhiaidh san**, until later. **An lá ina dhiaidh san**, the next day. **An lá amáireach agus an lá 'na dhiaidh san arís**, tomorrow and the day after that. **Tamall ina dhiaidh san arís**, a little while after that. **Poll i ndiaidh na gloine**, a hole by the telescope. Note: the final consonant can be dropped before the demonstrative adjective and the definite article: **ina dhiaidh san** /nə j̪ə son/; **i ndiaidh na hordóige** /i n'íə nə ho:r'do:g'i/. The final consonant appears not to be dropped in **ina ndiaidh sin**.

**diail**, adj. (comp. **diaile**) (DIAI/DAIBAI, DIAILE/DAIBALE) (d'íə'l', d'íə'l'i) 1. excellent, great, out of the ordinary. **Táid siad go diail**, they are splendid. 2. terrible. *Is diail an éagóir athá déanta agat air sin*, you have committed a terrible injustice against him [AÓL1968]. **Diail greannúr**, exceedingly peculiar.

**diar**, adj. (comp. **diaire**) (DIAIR/DÉAGAIR, DIAIRE) (d'íə'r', d'íə'r'i) found in the adverb **go diar**, instantly, quickly.

**diairmín**, m. (npl. **diairmíní**) (DIAIRMÍN, DIAIRMÍNÍ) (d'íə'r'm'i:n', d'íə'r'm'i:n'i:) swear word, expletive. **Ag cáitheadh dhairmíní**, pouring out expletives. Note: **diairmín** ("little Diarmaid") refers to any small thing.

**diallait**, f. ICS. ⇒ **iallait**.

**diamant**, m. GCh. ⇒ **adamant**.

**diamhair**, adj. ICS. ⇒ **diamhar**.

**diamhaire**, f. (gs. **diamhaire**) (DIAHAIRE) (d'íəv'ir'i) darkness, obscurity; mysteriousness.

**diamhaireacht**, f. (gs. **diamhaireachta**) (DIAHAIREACT) (d'íəv'ir'əxt) darkness, obscurity.

**diamhar**<sup>400</sup>, adj. (comp. **diamhaire**, npl. **diamhra**) (DIAHAR, DIAHAIRE) (d'íəvər, d'íəv'ir'i, pl. d'íəvərə) 1. dark, secluded, solitary. 2. mysterious, mystic. *A Rós dhiamhair, guidh orainn*, mystical rose, pray for us [PUL1921]. I **gcéill dhiamhar**, in a mysterious/mystical sense.

**diamhar**<sup>401</sup>, f. (gs. **diamhaire**, npl. **diamhra**) (DIAHAR, DIAHAIRE) (d'íəvər, d'íəvərə) darkness, obscurity. In the plural, the recesses, the dark or impenetrable parts of something. I **ndiamhraibh coille**, in the recesses of a wood.

**diamhasla**, m. (npl. **diamhaslaithe**, dpl. **diamhaslaíbh**) (DIAHASLAÖ, DIAHASLAIOË) (d'íəvəsələ, d'íəvəslihi) blasphemy. **Diamhasla a dhéanamh**, to blaspheme.

**diamhaslach**, adj. (comp. **diamhaslaf**) (DIAHASLAC, DIAHASLAIGE) (d'íəvəsələx, d'íəvəs'li:) blasphemous. Note that this term is used in the ICS whereas both **diamhaslach** and ⇒ **diamhaslaitheach** are found in Cork Irish.

**diamhaslaím**, vn. **diamhaslú**, verb. (DIAHASLAIGIM, DIAHASLAIGAD) (d'íə-vəs'li:m', d'íə-vəs'lu:) to blaspheme. Participle: **diamhaslaithe**. **Lucht diamhaslaithe**, blasphemers. Note: the verbal noun is attested.

**diamhaslaitheach**, adj. (comp. **diamhaslaithe**) (DIAHASLAIGÉAC, DIAHASLAIGÉIGE) (d'íə-vəsələhəx, d'íə-vəsələ'hi:) blasphemous, sacrilegious. See ⇒ **diamhaslach**.

**diamhaslóir**, m. (gs. **diamhaslóra**, npl. **diamhaslóirí**) (DIAHASLÓIR, DIAHASLÓIRÍ) (d'íəvəslo:r', d'íəvəslo:r'i:) blasphemer.

**diamhaslú**, vn. ⇒ **diamhaslaím**.

**diamhracht**, f. GCh. ⇒ **diamhaireacht**.

**dian**, adj. (comp. **déine**) (DIAN, DÉINE) (d'íən, d'e:n'i) vehement, intense, hard; urgent; severe; keen to do something. Adverbially: **go dian**. With **ar**: *bhéadh sé dian air an tslígh chur dé gan aon ualach a bheith air*, it would have been hard for him to complete the journey, even without a burden to carry [PUL1915]. *Do leigidís ortha nár mhaith leó bheith dian air*, they made out they didn't wish to be hard on him [PUL1915]. **Ana-dhian ort féin**, hard on yourself. **Dul dian ar /luí go dian ar dhuine** to go "hard" on someone: *níor chuaidh sé ró dhian ar an gcuid eile acu*, he didn't go too hard on the rest of them [PUL1915]. *Théidheadh sé chómh dian san air féin gur dhóich leat go dtachtadh sé é féin le h-easba análach*, he strained himself so much that it seemed he would chock himself from shortness of breath [PUL1904]. **Bhí an cath ag dul dian air**, he was losing the battle. **Dul ródhian a d'iarraidh ruda éigin ar dhuine**, to go too far in asking something of someone, to press someone too hard on something. **Scéal a dhul dian ort**, to be hard pressed: *mheas sé nár rug aon sgéal dian riamh air ach bheith ansúd ag feitheamh agus ag faire*, he thought nothing

399Is this noun used other than in the phrases shown? I ndiaidh duine, found without lenition in PUL1924.

400Check pronunciation. Diamhair in IWM.

401pronunciation unclear.

had ever been as hard for him/had ever been as hard a trial for him as waiting there and watching [PUL1904]. **Tá sé ag dul dian orm chun é ' dhéanamh**, I'm finding it hard to do it, having trouble doing it. **Bheith dian i rud**, to be strict in terms of something, to insist on it: *ní foláir gach nídh a thabhairt dom thar n-ais, agus táim ana dhian i n-éileamh an bhuidheachais is dual dom*, everything must be returned to me, and I am very strict in demanding the thanks that is due to me [PUL1914]. **Beatha dhian**, a strict life. **Pianta diana**, severe pains. See also ⇒ **déinide**.

**dianghoimh**, f. (gs. **dianghoimhe**) (διδαν-ζοιμή) (d'íen-γυv', gs. d'íen-γiv'i) venom, extreme annoyance.

**dianghrá**, m. (διδαν-ζήλδδ) (d'íen-γρα:) intense love.

**dianleathadh**, n. (διδαν-λεαεαδδ) (d'íen-l'ahə) found in the phrase **ar dianleathadh**, wide open.

**dianmhachnamh**, noun/vn, m. (gs. **dianmhachnaimh**) (διδαν-μήαααααα) (d'íen-vəxəv) an act of engaging in deep thought. [DBÓC]

**dianmhaith**, adj. (διδαν-μήαιε) (d'íen-vəh) found in the phrase **go dianmhaith**, very well: *is cuimhin liom go dian mhaith*, I remember really well [PUL1915].

**dianolc**, adj. (διδαν-ολε) (d'íen-olk) very bad, really bad.

**dianscrúdadh**, m. (διδαν-εεεεεεεε) (d'íen-skru:də) diligent study.

**Diarmaid**, name. (gs. **Diarmada**) (Διδαρμυιδ) (d'íermid') an Irish name often anglicised as Dermot.

**Diarmán**, name. (Διδαρμάν) (d'íer'mɑ:n) Diarmaun, a rather rare Irish name.

**dias**<sup>402</sup>, f. (d'íəs) (διδας,) two (of people); a pair, a couple. A variant of ⇒ **dís**, found in PUL's Bible (Genesis 6:19-20).

**dias**, f. (gs. **déise**, npl. **diasa**, gpl. **dias**) (διδας, διδας) (d'ias, d'iasə) ear of corn; the head of a blade of grass. See also ⇒ **léas**.

**diascán**, m. (npl. **diascáin**) (διδαςκάν, διδαςκάν) (d'íəs'ka:n, d'íəs'ka:n') gleanings. **Diascáin a bhailiú**, to glean (in the fields).

**díbeartach**, m. ICS. ⇒ **díbearthach**.

**díbearthach**, m. (npl. **díbearthaigh**, gpl. **díbearthach**) (διδεαρτεαε, διδεαρτεαεε) (d'í:b'ərhəx, d'í:b'ərhig') outcast, exile, banished person.

**díbhéannaím**, vn. **díbhéannú**, verb. (διδεαννουεεεε, διδεαννουεεεε) (d'í-v'a'ni:m', d'í:-v'a'nu:) I defile, desecrate. Past: **do dhíbhéannaíos**, **do dhíbhéannaigh sé**. Future: **díbhéannód**, **díbhéannóidh sé**. Imperative: **díbhéannaigh**. Participle: **díbhéannaithe**.

**díbhéannú**, vn. ⇒ **díbhéannaím**.

**díbheirg**, f. (gs. **díbheirge**, ds. **díbheirg**, npl. **díbheirgí**) (διδεεεεεε, διδεεεεεε) (d'í:-v'er'ig', d'í:-v'er'ig'i:) wrath, vengeance. **Díbheirg a dhéanamh ar (dhuine, áit)**, to wreak vengeance on a (person, place).

**díbirt**, noun/vn, f. (gs. **díbeartha/díbirt**, npl. **díbirtí**) (διδεεεε, διδεεεε) (d'í:b'irt', d'í:b'irt'i:) banishing. **Ar díbirt**, in banishment. **Bean díbeartha**, a divorced woman. **Scríbhinn díbeartha**, bill of divorce. Also, **leitir díbeartha** or **bille díbeartha**. See ⇒ **díbrim**.

**díbrim**, verb. ICS. ⇒ **díbrim**.

**díbrim**, vn. **díbirt**, verb. (διδεεεε, διδεεεε) (d'í:b'ir'im', d'í:b'irt') 1. I banish; drive out (with **as**). *Dá ndéineadh gach aoinne maith i n-aghaidh an uilc níor bh'fhada go mbeadh an t-olc díbeartha as an saoghal*, if everyone did good in return for evil, it would not be long before evil was driven from the world [PUL1931]. **Rud do dhíbirt uait**, to drive something from you. **Duine ' dhíbirt amach**, to drive someone away. **Rud/duine do dhíbirt chun siúil**, to dispel something/someone, drive it/him away. 2. to divorce. Present autonomous: **díbearthar**. Past: **do dhíbreas**, **do dhíbir sé**. Future: **díbreod**, **díbreoidh sé**. Imperative: **díbir**. Participle: **díbeartha**.

**dícheall**, m. (gs. **díchill**) (διδεαλλ) (d'í:həl) neglect, negligence. *Deineann sé iad go léir i n-onóir do Dhia, agus deineann sé dícheall ar gach aon chreideamhaint a lorg dó féin d'á mbárr*, he does them all to the honour of God, and neglects to seek any credit for himself as a result of them [PUL1914]. Note: a rare literary usage.

**dícheall**, m. (gs. **díchill**) (διδεαλλ) (d'í:həl) one's best effort, an earnest endeavour. **Ag déanamh mo dhíchill ar**, doing my best to do something (sometimes without the possessive, **dícheall a dhéanamh ar**). Also with **chun** (**chun** rather than **ar** where the purpose or intention is emphasised): *an t-é gur mian leis bréithre Chríost do thuisgint i gceart, agus le sochar, ní foláir dó a dhícheall a dhéanamh chun a bheatha ar fad do chur ar aon dul le beatha Chríost*, he who wishes to understand the words of Christ to advantage must do his best to bring his whole life into line with the life of Christ [PUL1914]. **Do dhícheall a dhéanamh do dhuine**, to do your best for someone. **A dhícheall**, as much as he could do: *b' é a dhíthchioll é féin do choimeád gan dul fé uisge*, it was as much as he could do to prevent himself from becoming submerged [PUL1925]. **Dícheall a dtuille**, their utmost efforts. **A dhícheall bháis agus bheatha**, his utmost endeavours, all he could possibly do. **Pé dícheall a dhéanfaimid**, however earnestly we try. **Ba dhícheall dom**, it was as much as I could do (to do it). **Ar mo dhícheall**, as much as I can; doing my best. **Bheith ar do dhícheall chun gan rud do dhéanamh**, to do your best not to do something. *Ná déin aon dá chuid ded' dhícheal*, don't do things by halves [PUL1904]. *Pé dícheal a dhéanfadh sé air*, however hard he tried [PUL1907]. **Tá an saol (an scéal) ar a dhícheall aige**, he is doing his best, struggling as hard as he can, in life. **Ar a ndícheall bháis**, to the utmost of their power. **Do dheineadar a ndícheall bháis é ' dhéanamh**, they fought furiously to do it. With **ar**: *dá ndeintí oiread díchill ar na dobhailcibh a dhíbirt agus ar na sobhailcibh do shaothrú*, if as much effort were expended on rooting out vices and cultivating virtues [PUL1914].

**dícheallach**, adj. (comp. **dícheallaí**) (διδεαλλαε, διδεαλλαεε) (d'í:həlx, d'í:hə'li:) diligent (**i rud**, **ar rud do dhéanamh**).

**díchéillí**<sup>403</sup>, adj. (οἰχ-κέλλιθε/οἰ-κέλλιθε) (d'í:-k'e:l'i:) senseless, foolish. [DBÓC]

**díchráifeacht**<sup>404</sup>, f. (gs. **díchráifeachta**) (οἰ-χράιβέεαχτ) (d'í:-xra:fəxt) impiety.

**díchreideamh**, m. (gs. **díchreidimh**) (οἰχ-χρειδεαμ) (d'í:-x'r'ed'əv) unbelief, lack of faith. **Gáire díchreidimh**, a scornful laugh of disbelief. With the genitive used adjectivally: **a phobal dhíchreidimh**, ye people of little faith. **Lucht díchreidimh**, unbelievers, infidels.

**díchreideamhach**, adj. (οἰ-χρειδεαμᾶχ) (d'í:-x'r'ed'əvəx) unbelieving, sceptical (with **do**).

**díchreideamhach**, m. (οἰ-χρειδεαμᾶχ) (d'í:-x'r'ed'əvəx) unbeliever.

**díchreidmheach**, adj. ICS. ⇨ **díchreideamhach**.

**díchreidmheach**, m. ICS. ⇨ **díchreideamhach**.

**díchrioslaithe**, adj. (οἰ-χριορλουιζέε) (d'í:-x'r'islihi) ungirded.

**difear**, m. ICS. ⇨ **deifir**.

**difrócht**<sup>405</sup>, f. (gs. **difróchta**, npl. **difróchtaí**) (deifriodeaχt, deifriodeaχtaí) (d'ef'ə'ri:xt~d'ef'i'ri:xt, d'ef'ə'ri:xti~d'ef'i'ri:xti:) difference. *Cad é an deifrigheacht atá idir shácráimint dul fé láimh easboig agus shácráimint an bhaistí?* what is the difference between the sacrament of confirmation and the sacrament of baptism? [PUL1921]. **De dhifrócht**, as or by way of a difference (often used to mean simply "difference"): *bhí an bhreacarnach chéadna ar an spéir thuas, os cionn na dútha, ach so a bheith de dheifrigheacht idir an mbreacarnach thuas agus an bhreacarnach thíos, .i. an rud ba sgáth laistíos gur sholus lastuas é, agus an rud ba sholus laistíos go mba sgáth lastuas é*, there was the same speckled character in the sky above the land, but with this being the difference between the speckling above and the speckling below, namely that what was shade below was light above, and what was light below was shade above [PUL1915]. **Ní dheineann san difrócht ar bith**, that makes no difference. **Difrócht aigne**, difference of opinion. **Difrócht brí**, a difference in meaning. **Deifrócht pearsan**, a distinction between people.

**díg**, m. (gs. **díg**) (οἰοζα) (d'í:g') the worst, a bad choice. **Díg a thógaint**, to make a bad choice. **Tabhair rogha don bhodach agus tógfaidh sé díg**, give a churl a choice and he will pick the worst; give a beggar a horse and he will ride to the devil.

**dil**, adj. (comp. **dile**) (οἰλ, οἰλε) (d'il', d'il'i) dear, beloved. **A grá dhil**, her dearly beloved. **A Athair dhil**, beloved Father. **A chara dhil**, my dear friend.

**díle**, f. (gs. **díleann**, ds. **díle/dlínn**, npl. **díleanna**) (οἰλε, οἰλεanna) (d'í:l'i, d'í:l'ənə) flood. **Roimis an ndíle/ndlínn**, before the flood/deluge. **An Díle**, the (Noachian) Flood.

**dílis**<sup>406</sup>, adj. (comp. **dílise**) (οἰλεαγ/οἰλεγ, οἰλεγ/οἰλεγ) (d'í:l'ij, d'í:l'ij~d'í:l'ij'i) 1. faithful, loyal. With **do**: *bhí cuid acu níba dhílise dhó 'ná mar a bhí cuid des na h-Éireanaigh*, some of them were more faithful to him than were some of the Irish [PUL1907]. 2. proper. **Airgead dílis**, genuine money (as opposed to forgeries). **Adhmad dílis**, proper solid wood (as opposed to bits of firewood). **Ór dílis**, pure gold, solid gold. 3. one's own. **A dteanga dhílis**, their own language. *Do thrialas an uile phiosa dhe agus bhí sé go léir chómh dílis agus dá mba amach ó cheártain an rígh féin do thioctadh sé an mhaidion chéadna*, I tested every one of the coins, and they were as true as if they had come out the king's own mint that very morning [PUL1904]. **Bhí an saol ar a dhícheall go maith aige**, he really struggled to make a living. **Seasamh dílis**, to stand firm.

**dílleachta**, m. GCh. ⇨ **dílleachtaí**.

**dílleachtaí**, m. (npl. **dílleachtaithe**) (οἰλεαχταἰθε, οἰλεαχταἰθε) (d'í:l'axti:, d'í:l'axtihi) orphan.

**dílse**, f. (gs. **dílse**) (οἰλεγ) (d'í:l'ij) loyalty, allegiance. With **do**: loyalty to (someone). *Ag dul isteach 'n-a bhéal le dílse dhó*, feigning that their loyalty to him knew no bounds [PUL1915]. **Dá dhílse é**, the closer it is, the more faithful or intimate it is. **Dílse in urnaithibh**, faithfulness/dedication in prayer.

**dílseacht**, f. (gs. **dílseachta**) (οἰλεαχτ) (d'í:l'jəxt) faithfulness.

**Eascaine/ceangal eascaine a chur ar rud/dhuine**, to place a curse on something/someone. **Eascaine a dhéanamh ar dhuine**, to curse/swear at someone. **Fé eascaine**, accursed. **Duine a chur fé eascaine**, to curse/reproach someone.

**Eascaine a leagadh ar dhuine**, to place a curse on someone. Note: PUL has **eascainí** in the plural; DBÓC has **eascainithe**.

**eascainí**, vn. ⇒ **eascainím**.

**eascainím**, vn. **eascainí**, verb. (εάσκαϊνίμ, εάσκαϊνίγε) (aski'n'i:m', aski'n'i:) I curse. With **ar**: *bhí sgannradh ar Neill le h-eagla go mbéadh an bhean ag easgainighe ortha*, Neill was afraid the woman would put a curse on them [PUL1904].

Past: **d'eascainíos**, **d'eascainigh sé**. Future: **eascaineod**, **eascaineoidh sé**. Imperative: **eascainigh**. Participle: **eascainithe**.

**éascafocht**, f. ICS. ⇒ **éascacht**.

**eascair**, vn. ⇒ **eascraim**.

**eascairdeas**, m. (gs. **eascairdis**) (εάσκαϊρδεάσ) (as'ka:rd'əs~as'ka:rdəs) enmity, antagonism.

**eascann**, f. ICS. ⇒ **eascú**.

**eascara**, m/f. (gs. **eascarad**, ds. **eascaraid**, npl. **eascairde**, gpl. **eascarad**) (εάσκαρᾱ, εάσκαϊρθε) (as-karə, as-ka:rd'i) enemy, foe. Note: the nominative is also found as **eascaraid**. Both genders are found in PUL's Psalms.

**eascraím**, verb. GCh. ⇒ **eascraim**.

**eascraim**, vn. **eascar**, verb. (εάσκαρᾱμ, εάσκαρᾱ) (askərím', askər) I sprout, shoot up. *Mo ghrádh-sa an leanbh nár easgair i n-éinfheacht*, how I love the child who did not spring into adulthood all at once [PUL leit 1894]. Past: **d'eascras**, **d'eascair sé**. Future: **eascród**, **eascróidh sé**. Imperative: **eascair**. Participle: **eascartha**.

**eascú**, f. (gs. **eascún**, ds. \***eascúin**, npl. **eascúin**) (εάσκú, εάσκούμ) (as'ku:, as'ku:n') eel, reptile, snake; wily person. **Mar a bheadh eascú a bheadh ar lic the**, like a cat on a hot tin roof.

**easláine**, f. (gs. **easláine**) (εάσλάϊνε) (ə'sla:n'i) unhealthiness, infirmity.

**easláinte**, f. (npl. **easláintí**) (εάσλάϊντε, εάσλάϊντε) (ə'sla:nt'i, ə'sla:nt'i:) ill-health; ailment.

**easlán**, m. (npl. **easláin**) (εάσλᾱν, εάσλᾱμ) (ə'sla:n, ə'sla:n') sick person, invalid. **Tigh na n-easlán**, infirmary.

**easna**, f. (npl. **easnafocha**) (εάσνα, εάσναϊγεάσ) (asnə, as'ni:xə) rib. Note: frequently written **asna**, showing a preceding particle would be broad, as **an easna**, /ən asnəl/.

**easnamh**, m. (npl. **easnaimh**) (εάσναϊμ, εάσναϊμ) (asnəv, asniv') want, deficit, shortage. **Rud a bheith in easnamh ort**, to lack something. *Bhí raint pingíní i n-easnamh air*, it was several pennies short [PUL1915]. *Bhí easnamh sa chreideamh a bhí aige*, there was something lacking in his faith [PUL1924]. Also **easnamh a bheith ort**, to be short of something. *Nuair a dh'imthigh M'Isheachlainn agus a dheich gcéad as an gcath d'fhág sé easnamh mór agus leathlámh [mhór] ar na Conachtachaibh*, when M'leachlainn and his one thousand men left the battle, that left the Connaughtmen with a big gap and a shortage of men [PUL1907]. **Bheith in easnamh**, to be in want: *le féachaint ortha bhíodar i n-easnamh*, they were poor to look at [PUL1914]. **Gearán ar easnamh bídh**, to complain about not getting enough food. **Le heasnamh guail**, for want of coal.

**easonóir**, f. (gs. **easonóra**, npl. **easonóreacha**) (εάσονóϊρ, εάσονóρᾱσ) (asə'no:r', asə'no:rəxə) dishonour, affront. **Easonóir a thabhairt do dhuine**, to cast indignity on or insult someone. **Easonóir a dh'fháil**, to be affronted, be shown dishonour. **Easonóir a dh'fholog**, to suffer dishonour. **Fé easonóir**, held in dishonour.

**easonóireach**, adj. (comp. **easonóirí**) (εάσονóϊρεάσ, εάσονóρᾱϊγε) (asə'no:r'əx, asə'no:r'i:) dishonourable; disrespectful, insulting.

**easonórach**, adj. ICS. ⇒ **easonóireach**.

**easpa**<sup>475</sup>, f. (npl. **easpaí**) (εάσπαϊθ, εάσπαδᾱ/εάσπαϊ, gs. εάσπαδᾱ, gpl. εάσπαδᾱ) (aspə, as'pi:) want, lack. **Tá easpa airgid orm**, I am short of money. *D'airigh sé an obair ar siúbhal chómh dian agus dá mbéadh an saoghal i n-easba bróg agus gan aoinne chun iad do dhéanamh ach Séadna agus a lucht oibre*, he heard the work in progress so intently as if the world were short of shoes and there were no-one to make them except Séadna and his workmen [PUL1904]. **Easpa análach**, shortness of breath. **Easpa creidimh**, lack of faith. **Easpa codlata (ort)**, lack of sleep. **Easpa codlata a dh'fhulag**, to suffer lack of sleep. **Easpa dóchais**, hopelessness. **Easpa eolais**, lack of knowledge. **Easpa meabhrach**, a state of being out of one's mind. **Trí easpa machnaimh**, through lack of contemplation. **Easpa nirt**, lack of strength. **Easpa sláinte**, ill-health. **Fé easpa éadaigh**, lacking clothes. **In easpa**, destitute, in want. **Ar easpa leathscéil**, without an excuse.

**easpag**, m. (npl. **easpaig**) (εάσπαγ, εάσπαϊγ) (aspəg, aspig') bishop. **A Thiarna Easpaig**, Lord Bishop! **Tá se ina easpag**, he is a bishop. **Dul fé láimh easpaig**, confirmation, to be confirmed (as in the sacrament of confirmation). **Duine a chur fé láimh easpaig**, to confirm someone. **Sacraimint dul-fé-láimh-easpaig do ghlacadh**, to receive the sacrament of confirmation. Note: **an t-easpag**, /in' t'aspəg/.

**easpagaíocht**, f. (gs. **easpagaíochta**) (εάσπαγᾱϊθεάσ) (aspə'gi:xt) bishopric; the office of a bishop.

**easpagóideacht**, f. GCh. ⇒ **easpagaíocht**.

**eastát**, m. (npl. **eastáit**) (ə'sta:t, ə'sta:t') estate.

**easumhlaíocht**, f. (gs. **easumhlaíochta**) (εαρυμίλαϊτ/εαρυμίλαϊθεαϊτ) (asu:li:xt) disobedience, insubordination, rebelliousness. **Easumhlaíocht in aghaidh dlí Dé**, disobedience to God's law. **Easumhlaíocht a dhéanamh**, to be disobedient.

**easurraim**, f. (gs. **easurrama**) (εαρυρραϊμ) (as-urim') disrespect, irreverence.

**eatal**<sup>476</sup>, f. (gs. **eataile**) (εαταλ) (atəl) fit, puff, impulse, found in **eatal agus áthas ort**, to be jumping for joy. Note: CFBB states DBÓC had heard /at'əl/ for this word, but this may reflect confusion with/crossinfluence from **aiteall**, "fine spell between showers". [CFBB, DÓB]

**ecsodus**, m. (gs. **ecsoduis**) (eksədəs) exodus.

**effemináif**, spl. (ef'em'i'no:t'i:) effeminate men.

**Eibhlín**, name. (Eibhlín) (əi'l'i:n') an Irish name, anglicised as Eileen.

**éide**, f. (npl. **éidí**) (éide) (e:d'i, e:d'i:) clothes, vestments, uniform, armour. **In arm is in éide**, armed and accoutred. Also **duine a ghléasadh in arm is in éide**, to arm and accoutre someone. **Éide Aifrinn**, Mass vestments. **Éidí mitil**, metal armour. **Éide rí**, royal robes. **Éide shagairt**, priest's vestments. See also ⇒ **comhéadach** and ⇒ **comhéadaithe**.

**éidearfacht**, f. (gs. **éidearfachta**) (éidear'fəxt) (əi-d'arəfəxt) uncertainty. [DBÓC]

**eidhneán**, m. (gs. **eidhneáin**) (eidhneán) (əi'η'a:n) ivy. **Carraig an Eidhneáin**, Ivy Rock, a minor placename in Co. Cork.

**éidim**, vn. **éidiú**, verb. (éidim, éidiuğəð) (e:'d'i:m', e:'d'u:) to dress, clothe, accoutre. **Éidithe le línéadach**, clothed in linen. **Éidithe i léine**, clothed in a tunic. Past: **d'éidíos**, **d'éidigh sé**. Future: **éideód**, **éideóidh sé**. Imperative: **éidigh**. Participle: **éidithe**.

**éidir**, noun. (éidir) (e:d'ir') possible. **Ní héidir**<sup>477</sup>, surely it is not possible: "*ní h-éidir, a dhuin' uasail,*" *arsa Séadna*, "*ná béadh dóithin na h-aimsire ann*, "I suppose it is not possible, Sir," said Séadna, "that there would not be enough time?" [PUL1904]. See ⇒ **féidir**.

**eidiraithint**, vn. ⇒ **eidiraithním**.

**eidiraithním**, vn. **eidirithint**, verb. (eidir-aiçim, eidir-aiçinc) (ed'ir'-an'hi:m', ed'ir'-ahint') to distinguish or discern between things. **Naofa agus neamhnaofa d'eidiraithint**, to discern between holy and unholy.

**eidirbhríoch**, adj. (eidir-briçəç) (ed'ir'-vr'i:x) doubtful, capable of being interpreted in more than one way.

**eidirbhriseadh**, noun/vn, m. (gs. **eidirbhriste**) (eidir-briçəð) (ed'ir'-vr'i:ʃi) breaking up (of an intermittent sound).

**eidirbhriste**, adj. (eidir-briçte) (ed'ir'-vr'i:ʃi) broken up, intermittent (as of a sound).

**eidirdhealú**, m. (gs. **eidirdhealaithe**) (eidirdhealuğəð) (ed'ir'-ja'lu:) distinction. **Eidirdhealú céime**, a distinction in rank. [DBÓC]

**eidirmheánaif**, m. (npl. **eidirmheánaithe**) (eidir-mheadóinaide, eidir-mheadóinaide) (ed'ir'-v'a:ni:, ed'ir'-v'a:nihi) mediator, intermediary.

**eidirmheántóir**, m. (gs. **eidirmheántóra**, npl. **eidirmheántóirí**) (eidir-mheadóncóir, eidir-mheadóncóiri) (ed'ir'-v'a:n'to:r', ed'ir'-v'a:n'to:r'i:) mediator, intermediary.

**eidirmheas**, vn. ⇒ **eidirmheasaim**.

**eidirmheasaim**, vn. **eidirmheas**, verb. (eidir-mheasaim, eidir-mheas) (ed'ir'-v'asim', ed'ir'-v'as) to discern between things. **Breithiúntas d'eidirmheas**, to discern judgement. Note: only the verbal noun is attested.

**eidirmhíneóir**, m. (eidir-mhineoir) (ed'ir'-v'i:'n'o:r') interpreter, expounder.

**eidirmhínim**, vn. **eidirmhíniú**, verb. (eidir-mhincim, eidir-mhinciuğəð) (ed'ir'-v'i:'n'i:m', ed'ir'-v'i:'n'u:) to interpret.

**eidirmhíneóir**, m. (eidir-mhincioir) (ed'ir'-v'i:'n'ho:r') interpreter, expounder.

**eidirmhíniú**, noun/vn, m. (gs. **eidirmhíneithe**) (eidir-mhinciuğəð, eidir-mhincicce) (ed'ir'-v'i:'n'u:, ed'ir'-v'i:'n'ih) interpretation. **Aisling a dh'eidirmhíniú**, to interpret a vision. **Eidirmhíniú a dhéanamh ar rud**, to interpret something.

**Eidirsceol**, name. (Eidirsceol) (ed'ir'k'o:l) an Irish masculine personal name and the name of the legendary High King Eterscéil Mór, said to have ruled in the early BC period.

**eidirshnoif**, m. (gs. **eidirshnoif**) (easair-çnoide) (ed'ir'-hni:) carving in-between, intergraving.

**éidiú**, vn. ⇒ **éidim**.

**éifeacht**, f. (gs. **éifeachta**) (éifeaçt) (e:fəxt) force, substance, significance; effect. **Gan éifeacht**, pointless. **Cainnt gan éifeacht**, foolish talk. **A thoice bhig gan éifeacht**, you foolish little hussy! In the plural, **éifeachtaif**, effects, goods. *Ní' brígh ná éifeacht le caint go dtí go mbeidh san déanta ar dtúis*, there is no significance or effect to our talking about it until the deed is done first [PUL1907]. **Le héifeacht**, to effect.

**éifeachtach**, adj. (comp. **éifeachtaif**) (éifeaçtaç, éifeaçtaicce) (e:fəxtəç, e:fəxti:) efficacious, effective.

**éifeachtúil**, adj. (comp. **éifeachtúla**) (éifeaçtaçil, éifeaçtaçilə) (e:fəxtu:l', e:fəxtu:lə) effectual, efficient.

**éigean**<sup>478</sup>, m. (gs. **éigin**, ds. **éigin/éigean**) (éigean) (e:gəən) force, necessity, violence; rape. **Lucht an éigin**, the violent [Matt. 11:12, PUL1915/2]. Also **lucht éigin a dhéanamh (ar dhuine)**. **Éigean mná**, rape. **Éigean a dhéanamh ar dhuine**, to do violence to someone, to violate someone, to rape someone. **Ar éigin**, barely, hardly, with difficulty, a close thing: *ar éigin a bhí an focal as a bheul nuair d'airgheadar coiscéim ag déanamh ar an ndorus*, hardly were the

476PSD has eatal m, with eatal in gs.

477Is there a difference in nuance between ní féidir and ní héidir?

478Ar éigin, as used in PUL, seems to reflect a feminine noun éigean, with a genitive éigine, but PUL also uses éigin as the genitive. The word seems confused.

words out of his mouth, when they heard a footstep coming towards the door [PUL1904]. **Ar éigin bháis**, only by the greatest effort. **Ar ais nó ar éigin**, willingly or unwillingly, whether by consent or by compulsion. **Ar éigin**, by force. **Is éigean dom**, I must. **B'éigean dó**, he had no choice, he had to do it. *A mhuintir na n-arm ngéar agus na gcruadh-lámh, nár staon agus nár stríoc do namhaid fós riamh, i gcath d'á thruime, i n-éigin d'á ghéire, i spéirlinn d'á dhéine, mo sheasamh indiu oraibh!*, people of sharp weapons and strong hands who have never yet flinched or yielded to the enemy, no matter how heavy the battle, no matter how keen the violence, no matter how hard the fight; I'm relying on you today! [PUL1907]. **Fé éigean**, oppressed. **Le héigin**, by force, by violence. **Le héigean fearthana**, by violent rain. **Trí éigean**, by force, through compulsion. Note: the variant form **éigint** /e:g'int'/ was frequently used by AÓL (**b'éigint dó**), but is not found in PUL's works.

**éigeantach**, adj. (comp. **éigeantaí**) (éιγεανταc, éιγεανταιγε) (e:g'əntəx, e:g'ənti:) violent, forced.

**éigeantach**, m. (éιγεανταc) (e:g'əntəx) violent person.

**éigeantóir**, m. (gs. **éigeantóra**, npl. **éigeantóirí**) (éιγεαντοοιρ, éιγεαντοοιρι) (e:g'ənto:r', e:g'ənto:r'i:) oppressor.

**éigeas**, m. (gs. **éigis**, npl. **éigse**) (éιγεαγ, éιγρε) (e:g'əs, e:gʃi) learned man, sage, poet. **Rí éigeas**, chief poet in ancient Ireland.

**eighdeán**, m. (npl. **eighdeáin**) (eιγδεαν, eιγδεαιν) (əi'd'a:n, əi'd'a:n') moan, murmur. Note: **an t-eighdeán** is pronounced /ən təi'd'a:n/. [CFBB]

**éigiallaí**, m. (npl. **éigiallaithe**) (éιγιαλλαιοε, éιγιαλλαιοεε) (əi'g'ial:i:, əi'g'ial:hi) 1. a senseless person. 2. brute, animal. **Éigiallaithe na farraige**, referring in CFBB to sea creatures of some kind.

**éigin**, adj/adv. (éιγιη) (e:g'in') some. **Rud éigin**, something; to some degree: *ceapaim am' aigne nach foláir nó bhíos as mo mheabhair rud éigin*, I think I must have been out of my mind to some extent [PUL1904]. **Rud éigin fé bhun naoi gcéad punt**, a little under £900. **Daichead éigin blian**, some forty years. **Gruaig dhail láidir éigint**, quite exceedingly strong hair. Note: the plural is also **éigin** (**ceisteanna éigin**). The variant form **éigint** /e:g'int'/ was frequently used by AÓL (**lá éigint**), but is not found in PUL's works; DBÓC had **éigin**.

**éigint**, adj. ⇨ **éigin**.

**éigint**, n. ⇨ **éigean**.

**Éigipt**, placename, f. (gs. **na hÉigipte**) (Éιγίπτ) (e:g'ipt') Egypt. Note: used with the article, **an Éigipt**.

**Éigipteach**, adj. (Éιγίπτεαc) (e:g'ipt'əx) Egyptian.

**Éigipteach**, m. (npl. **Éigiptigh**) (Éιγίπτεαc, Éιγίπτιγ) (e:g'ipt'əx, e:g'ipt'ig') Egyptian.

**éigse**, f. (gs. **éigse**) (éιγρε) (e:gʃi) 1. learned man, sage, poet. 2. (coll.) learned men. Note: used in PUL1924 to describe Tertullian as a learned man. See also ⇨ **éigeas**.

**Eilbhéis**, f. (gs. **na hEilbhéise**) (el'i'v'e:ʃ) Switzerland.

**eile**, adj. (eile) (el'i) other, another. Goes after the noun: **fear eile**, another man; **an fear eile**, the other man. **A lán eile nithe**, many other things. Sometimes with **úd**: **an lá eile úd**, the other day. **Aon radharc amháin eile**, one more look. **Aon tsaghas eile duine**, any other sort of person. **Puinn eile aimsire**, much more time. **Cad eile?**, what else?, sometimes meaning "of course". **Cad é seo eile id lámh agat?**, what else is that in your hand? **Cé heile?**, who else? who then? **Agus eile**, and all, and everything else. **Agus rud eile**, and another thing, while I think of it. **Agus rudaí eile nách é**, other things besides, among other things. Note: **agus eile** may be a corruption of **agus uile**; see ⇨ **uile**.

**eile**, adj/noun. ⇨ **uile**.

**éileamh**, noun/vn, m. (gs. **éilimh**, npl. **éilithe**) (éιλεαη, éιλιτθε) (e:l'əv, e:l'ihi) claim, demand. **Ag éileamh chíosa**, demanding rent. **An t-éileamh a dhíol**, to pay the fee demanded, foot the bill. With **ar**, a claim on something or someone. *Ba leis féin Niamh, dar leis, agus níor theastuigh uaidh aon éileamh a bheith ag Amhlaobh ná ag aoinne eile uirthi*, Niamh belonged to him, or so he thought, and he didn't want Amhlaobh or anyone else to have any claim on her [PUL1907]. **Éileamh a bheith agat os cionn duine**, to have a claim on or hold over someone in some sense. **An chéad éileamh**, the first charge (as of a senior debt). Also **tosach éilimh (ar rud)**. See ⇨ **éilím**.

**eilifint**, f. GCh. ⇨ **elefant**.

**éilím**, vn. **éileamh**, verb. (éιλιγim, éιλεαη) (e:l'i:m', e:l'əv) I demand, claim. With **ar**: *ansan do h-éiligheadh ar an gcuid eile an cíos a bhí ar an bhfear san*, then the rent that was due from that man was demanded from the others [PUL1915]. *Ná h-éilimh do cheart, Go bhfeicir do neart*, don't demand your rights without weighing up your strength first [PUL1903]. **Rud a dh'éileamh duit féin**, to claim something for yourself, make a claim about yourself. Past: **d'éilíof**, **d'éilimh sé**. Future: **éileod**, **éileoidh sé**. Imperative: **éilimh**. Participle: **éilithe**.

**eilimint**, f. ICS. ⇨ **céadní**.

**Eilís**, name. (gs. **Eilíse**) (Eilír) (e'l'i:ʃ) an Irish feminine personal name, equivalent to Elizabeth.

**eilit**<sup>479</sup>, f. (gs. **eilite**, npl. **eilití**, dpl. **eilitibh**) (eilite, eilite/eilte) (el'it', el'it'i) hind, doe. Also **eilit fia**.

**éilitheoir**, m. ICS. ⇨ **éilteoir**.

**éilteoir**, m. (gs. **éilteora**, npl. **éilteoirí**) (éιλιτθεοιρ, éιλιτθεοιρι) (e:l'ho:r', e:l'ho:r'i:) claimant, claimer, creditor.

**éim**, vn. **éamh**, verb. (éιγim, éιγεαη) (e:m', e:v) I cry out, scream; complain. *Agus d'éighimh Íosa airís do ghuth árd, agus thug sé a anam uaidh*, And Jesus again crying with a loud voice, yielded up the ghost [PUL1915b]. **Ag éamh chun Dé**, crying out to God. Also, **ag éamh ar an dTiarna**. **Éamh amach**, to cry out. Past: **d'éas**, **d'éimh sé**. Future: **éifead**, **éifidh sé**. Imperative: **éimh**. Participle: **éite**.

479Check pl. The dpl is attested.

**éimh**, int. (éigimh/éimh) (e:v) what! bah!, an exclamation of disgust.

**éineacht**<sup>480</sup>, n. (éimfeacht/aoimfeacht) (e:n'əxt) used in the phrase **in éineacht**, at once, altogether. **Ná hól in éineacht é**, don't drink it all at once, all in one go. **In éineacht le**, together with. Often means "both" in the sense of two things together: *ach do bhris an chómharsa dlígh Dé agus dlígh na rígeachta i n-aonfheacht*, but the neighbour broke both the law of God and the law of the kingdom [PUL1915]. See also ⇒ **aonacht**. Note: often losing its final /t/ in pronunciation when followed by **le**.

**éinne**, pron. (éinne) (e:n'i) 1. anyone (a contraction of **aon duine**). **An t-éinne amháin sin**, that one person alone. With **de** and a relative particle: *níor thrácht sé amach as a bheul air le h-ainne dár mhair riamh*, he never let a word slip about it to anyone who ever lived [PUL1904]. **Éinne den bheirt**, either of the two. **Éinne againne**, any of us. Or **éinne orainn-ne** (MÓL). 2. one person. **Éinne déag**: eleven people. **Éinne déag driféar**, eleven sisters. An **t-éinne déag aspal**, the eleven apostles.

**éinní**, pron. (éinní) (e:'n'i:) anything (a contraction of **aon ní**). **Ní héinní dhá shaghas**, nothing of the sort.

**eipistil**, f. (gs. **eipistile**, npl. **eipistill**) (eipistil, eipistilí) (ep'ist'il, ep'ist'il'i:) epistle.

**Éire**, f. (gs. **na hÉireann**, ds. **Éirinn**) (Éire) (e:'r'i) Ireland. **Ó Éirinn is ea dhó**, he is from Ireland. **In Éirinn** /ən e:'r'in/ as an intensifier: **ní fheadar in Éirinn**, I haven't a clue. *Taraing as chómh géar i n-Éirinn agus is maith leat é*, draw from it as rapidly as you wish [PUL1904]. *Dá bhfaghadh Diarmuid Éire air ní fheudfadh sé a dhéanamh amach cia'cu firinne nó éitheach bhí ag Micil d'á insint*, he couldn't make out for the life of him whether Mícheál was telling the truth or lying [PUL1904]. Note: this noun is normally definite in the genitive (**ar fuaid na hÉireann**, throughout Ireland); use without the article usually denotes a more fundamental and essential sense of Irishness, rather than something ephemeral: *ba lúgha ba ghann do ríghthibh Éirean, agus d'fhearaibh Éirean, Éire agus an obair, agus an mhuintir a bhí ag déanamh na h-oibre, do chosaint ar namhdaibh iasachta*, it was the least the kings of Ireland and the men of Ireland could do, to protect Ireland and the work, and the people doing the work, from foreign enemies [PUL1907]. **Árdrí Éireann**, the High King of Ireland. Medial r may become broadened: **muintir na hÉireann** /mi:n't'ir nə he:rən/, the people of Ireland.

**eire**, m. (npl. **eirf**) (eire, eireadā/eirí, gs. eire/eireadā, ds. eire/eirí) (er'i, e'r'i:) load, burden; the trappings. **Eire catha**, the complete outfit for battle: *bhí capal uasal uaibhreach óg, agus eire catha air, agus é ag gluaiseacht fé dhéin an chatha*, there was a noble, proud, young horse, rigged out for battle and making his way towards the battlefield [PUL1903].

**eireaball**, m. (npl. **eireabaill**) (eapball, eapbaill) (er'əbəl~erəbəl, er'əbil'~erəbil') tail. **Eireaball a bheith ort**, to have a tail. **Cnoc an Eireabaill**, Knockanerribul, Co. Kerry. Note: a broad r is shown in LASID.

**Éireannach**, adj. (comp. **Éireannaí**) (Éireannaic, Éireannaige) (e:'ənəx~e:rənəx, e:r'əni:) Irish. Note: there was a reluctance to use **Éireannach** as an attributive adjective. It should be **duine ó Éirinn**, and not **duine Éireannach**.

**Éireannach**, m. (npl. **Éireannaigh**) (Éireannaic, Éireannaig) (e:'ənəx~e:rənəx, e:r'əniɡ') Irishman.

**éirf**, vn/noun, m. (gs. **éirf**) (éirge) (əi'r'i:) Rising. **Éirf amach**, an uprising. **Le héirf gréine**, at sunrise. Also **ar éirf gréine**. **Tá an lá ag éirf**, the day is breaking. **Éirf an lae**, the daybreak. **Ar éirf lae**, at daybreak. **Éirf in airde**, airs, uppishness: *murab ort atá an t-eirighe i n-áirde, ag teacht anso chun capaill a cheannach agus gan phingin ad' phóca!*, I'll be damned if you haven't got some front, coming here to buy a horse without a penny in your pocket! [PUL1904]. See ⇒ **éirím**.

**éiric**, f. (gs. **éirice**, npl. **éiricí**) (éiric, éiricí/eiricí, gs. éirice/éirice) (e:r'ik', e:r'ik'i:) compensatory payment, retribution, reparation, the "eric fine" of Ireland's ancient Brehon laws. **Éiric a bhaint amach**, to exact retribution.

**eiriceach**, m. (npl. **eiricigh**, gpl. **eiriceach**) (eiriceac, eiricig) (er'ik'əx, er'ik'ig') heretic.

**eiriceacht**, f. ICS. ⇒ **eiriceadacht**.

**eiriceadacht**, f. (gs. **eiriceadachta**) (eiriceadac) (er'ik'ədəxt) heresy.

**eiriceadaí**, m. (npl. **eiriceadaithe**) (eiriceadaige, eiriceadaighe) (er'ik'ədi:, er'ik'ədihi) heretic.

**éirim**, f. (gs. **éirime**, npl. **éirimí**) (éirim, éirimí) (e:r'im', e:r'im'i:) aptitude, talent. **Éirim aigne**, intelligence. **Éirim cheoil**, musical talent. **Éirim roim ré**, foresight.

**éirím**, vn. **éirf**, verb. (éirgim, éirge) (əi'r'i:m', əi'r'i:) 1. I rise, get up out of bed. I stand up. **D'éiríos im sheasamh**, I got up on my feet. Sometimes "go up" or just "go" in a vaguer sense: **éirighse abhaile**, go home; *eirigh go dtí tigh an tsagairt féin agus tabhair dhó é*, go up/over to the priest's house and give it to him [PUL1915]. *Má thógais braon, eirigh a-chodladh agus cuir díot é*, if you've been drinking, go to bed and sleep it off [PUL1904]. 2. I become, I get. 3. I develop, emerge (eg, of trouble or a situation), appear. *"Ní fheadar-sa san," a déarfadh an fear eile, "mura mar seo a dh'éirigh an focal,"* I don't know, said the other man, unless the rumour began like this [PUL1907]. *D'éirigh sa n-áit sin sgríbhneóirí éachtacha agus siné an rud a chuir 'n-a luighe ar an ndomhan go léir gníomhartha na n-Ataénach a bheith chómh mór*, wonderful writers emerged in that place, and that is what gave the whole world to understand the deeds of the Athenians were so great [PUL1913]. **D'éirigh sé féin agus Cáit mór lena chéile**, Cáit and he become friendly with each other. **Éiríonn sé fuar**, it's getting cold. *D'éirigh ana chlampar dlígh mar gheall air sin*, a great legal wrangle arose on account of that [PUL1915]. **D'éirigh a chroí air**, his heart broke; the shock affected his heart. **Éirím as**, I give up, get out of; I rise or emerge out of something. **Buail an gadhar agus éirigh as**, strike the dog and have done with it (do what you need to do and don't keep doing it). **Éirím as an ól**, I give up drink. *Cad 'n-a thaobh nár*

480Is there a broad n version aonacht? See PUL1926b.



*eirighis as an obair láithreach nuair a h-iaradh ort an bheart spríunlaithé sin do dhéanamh?*, why didn't you give the job up straightaway when you were asked to pull that mean stunt? [PUL1915]. **Éirím asat**, I'm through with you; I'll have no more to do with you. **Cad d'éirigh dó?**, what happened to him? "*Cad é an donas é seo,*" *ar sise,* "atá ag eirighe dos na daoine go léir," "what is this mischief", she said, "coming over all the people?" [PUL1904]. **Éirí chun a chéile**, to "go" for each other, attack each other. **D'éirigh bradáin chuige**, a salmon swam towards him. **Cad a éireodh chuige ná giorrae!**, what else should run towards him but a hare? **Éirím de**, I abandon, leave alone: **éirigh díom!**, leave me alone. *Ní fheadar an tsaoghal cad 'tá ag éirighe fúithi'*<sup>481</sup>, I haven't a clue what has come over her [PUL1904]. **D'éirigh eatarthu**, they quarrelled, fell out. **Éiríonn liom**, I succeed. "*An dóich leat,*" *ar seisean,* "*an bhfuil ag eirighe leis an rígh cúige sin?*", do you think that provincial king is succeeding, he said? [PUL1907]. **Go n-éirídh an t-ádh leat**, may you prosper! **Go n-éirídh do bhóthar leat, have a good journey!** **Éirigh aniar ar do chabhail chúm**, sit up and face me. **Éirí aniar ar do leathuillinn**, to lean up from a lying position on one elbow. **Éirí i gcoinnibh duine**, to rise up against someone (as of a tyrant). **Éirím isteach**, I go in, get in: *ná h-éirigh isteach go mbeidh a fhios agat conus thioctir amach, le h-eagla go bhfanfa istig*, don't go in somewhere until you know how you will get out, lest you remain in there [PUL1903]. **Éirí síos**, to go down somewhere. **Éirím suas**, I grow up. **Éiríthe suas ina fhear**, grown up. **Éirí suas os cionn ruda**, to rise above something. **Éirím amach**, I rise up in revolt, I get up (out of bed). **Éirí amach as**, to get out of, give over some kind of business. **Éirí i gcoinnibh duine**, to rebel against someone. Past: **d'éiríos, d'éirigh sé**. Future: **éireod, éireoidh sé**. Imperative: **éirigh**. Participle: **éiríthe**.

**éirimíúil**, adj. (comp. **éirimíúla**) (éirimíúil, éirimíúla) (e:r'i'm'u:l', e:r'i'm'u:lə) capable, clever, talented, intelligent.

**eirleach**, m. (gs. **eirlich**) (éirleac/oirleac) (e:r'l'əx) slaughter, havoc; confusion. *Nuair airigheas an t-eirleach go léir d'á dhéanamh*, when I heard all the excitement [PUL1904]. **An t-eirleach oibre ar siúl**, the tremendous amount of work in progress. **Eirleach a dhéanamh ar dhuine**, to wreak slaughter or destruction on someone.

**eirmin**<sup>482</sup>, f. (gs. **eirmine**) (eirimín) (e:r'm'in') ermine. **Clúmh eirmine**, ermine fur.

**eirimín**, m. ICS. ⇒ **eirmin**.

**éis**, f. (gs. and npl. **éise**) (éir, éire) (e:j, e:j) track, trace. Only used in the phrase **tar éis**, after, past (sometimes found as **d'éis**), /t'r'e:j-t'e:j/. **Tar m'éis**, after my time. **Tar a éis**, after it. With the genitive: **tar éis a bháis**, after his death. **Tar éis an lae**, at the end of the day. Note: **d'éis** is found only once in PUL1904; **tar éis** is the usual form. **T'éis** is found in LASID and TÓD1932.

**éisclínn**, f. (npl. **éisclínnte**) (éirg-linn, éirg-linnce) (e:j'k'-l'i:n', e:j'k'-l'i:nt'i) fish pool, fish pond.

**eisean**, pron. ⇒ **sé**.

**éislínn**, f. (gs. **éislínne**) (éirlinn) (e:j'lin') unsafe place; weak, vulnerable spot; a weakness, a flaw. **Rud a dh'fháil in' éislínn (i rud)**, to find something wanting (in some respect).

**éisteacht**, noun/vn, f. (gs. **éisteachta**) (éirteacht) (e:j'əxt) 1. listening. 2. the ability to hear. *Tá radharc ag dail; tá siúbhal ag bacaigh; glantar na lobhair; tá éisteacht ag daoine a bhí bodhar; Eirighid na mairbh; Tá an Soisgéal d'á theagasg dos na bochtaibh*, The blind see, the lame walk, the lepers are cleansed, the deaf hear, the dead rise again, the poor have the gospel preached to them [PUL1915b]. **Tá éisteacht mhaith agam**, I have good hearing. **In éisteacht duine**, within someone's earshot. **De réir éisteacht cluas**, according to what is heard. **Fear éisteachta**, a hearer. See ⇒ **éistim**.

**éistim**, vn. **éisteacht**, verb. (éirim, éirteacht) (e:j't'im', e:j't'əxt) I listen; I keep silent, hold my tongue. With **le**. Also, to hear of something: *táim ag éisteacht riamh le n-a ndroch bheartaibh, agus le n-a n-éagcóir, agus leis an sgríos a bhíon acu d'á dhéanamh ar dhaoibh bochta*, I have always heard of their evil deeds and their injustice, and the ruin they inflict on poor people [PUL1904]. Also means "listen to" in the sense of obeying something heard: *chómh luath agus a tugadh an tuairisg dóibh d'éisteadar leis*, as soon as the information was given to them, they listened to it [PUL1910]. **Tá éistithe led ghuf**, your prayer has been answered. Past: **d'éisteas, d'éist sé**. Future: **éistfead, éistfidh sé**. Imperative: **éist, éistidh/éistfidh**. Participle: **éistithe**. **Éist** /ejt/, e:j't/, hush! **Éist** /ejt/ **do bhéal**, hold your tongue! Also **eist do bhéal ort**. *Do liúghadar: A Thighearna, ar siad; déin trócaire orainn, a Mhic Dáibhid. Agus bhí an tsluagh 'ghá gcosg, go n-éistfidís*, they cried out, saying: O Lord, thou son of David, have mercy on us. And the multitude rebuked them that they should hold their peace [PUL1915b]. Note: IWM shows that **éist** is normally /e:j't/, but has a by-form /ejt/. The participle is attested in PUL1900.

**eite**, f. (npl. **eiteacha**) (eite, eiteach) (e't'i, e't'əxə) 1. wing, fin. 2. fins on a fish (as a collective singular).

**eiteach**, vn. ⇒ **eitím**.

**eiteachas**, m. (gs. **eiteachais**) (eiteachas) (e't'əxəs) refusal. **An t-eiteachas a thabhairt (uait) do dhuine**, to refuse someone's request.

**eiteall**, noun/vn, m. (gs. **eitill**) (eiteall) (e't'əl/e't'il') flying. **Ar eitill**, flying, in flight. Note: **ag eiteall** was AÓL's pronunciation; **ag eitil** DBÓC's. **Ar eitill** shows a feminine dative. See ⇒ **eiteallaim**.

**eiteallach**, adj. (comp. **eiteallaí**) (eiteallaic, eiteallaige) (e't'ələx, e't'ə'li:) flying. **Go heiteallach**, swiftly, as if in flight. [DBÓC]

**eiteallach**, noun/vn, f. (gs. **eiteallaí**) (eiteallaic) (e't'ələx) flying. Note: as a feminine verbal noun in -ach, this becomes **ar eiteallaigh**, "flying; in flight", in the dative.

481I couldn't find this idiom in dictionaries.

482The nominative is not attested in PUL's works, but he used eirmine as the gs, although the LS edition of PUL1922b transcribes as if eirimín.

**eiteallacht**, f. (gs. **eiteallachta**) (εἰτεἰλλᾶτ) (eʹʷəɫəx) flying, an act of flying.

**eiteallaim**<sup>483</sup>, vn. **eiteall**, verb. (εἰτεἰλλᾶμ, εἰτεἰλλ) (eʹʷəɫimʹ, eʹʷəɫ) I fly. Past: **d'eiteallas**, **d'eitill sé**. Future: **eiteallód**, **eiteallóidh sé**. Imperative: **eitill**. Participle: **eitilte**.

**éitheach**, m. (gs. **éithigh**) (éιτεἰᾶç) (e:ħəx) falsehood. **Éitheach a cheapadh**, to invent something, fabricate a falsehood. **An éitheach a dh'insint**, to tell lies. **Thugais t'éitheach** (sometimes written **thugais d'éitheach** through de-aspiration of the d), you are lying! **An t-éitheach a chur ar dhuine/éitheach a chur ar dhuine**, to lie against someone, make false charges against him, slander him. **An t-éitheach a thabhairt do dhuine (suas lena bhéal)**, to lie to someone's face, lie to someone brazenly; or flatly contradict someone face to face, refute what he has said. **Dearbhú éithigh**, perjury. **Creideamh éithigh**, false religion. **Diabhal éithigh é sin!**, that's a lie! **Fínnithe éithigh**, false witnesses. **Lucht éithigh**, used to translate "prevaricators" in Daniel 11:14. **Tromafocht éithigh**, untruthful denigration. **Leabhar éithigh a thabhairt**, to swear falsely, to perjure yourself. **Ag cúlchaint san éitheach**, maliciously backbiting, spreading false rumours. Note: not used in the plural. **Mórán éithigh** means "many lies".

**eithne**<sup>484</sup>, f. (npl. **eithne**) (εἰτνε, εἰτνεᾶçᾶ) (ehin'í, ehin'í) kernel; fruit, produce. Note: the plural is attested as **na heithne** in PUL1905b.

**eitilt**, vn. GCh. ⇨ **eiteall**.

**eitím**, vn. **eiteach**, verb. (εἰτιγῖμ, εἰτεᾶç) (eʹʷi:mʹ, eʹʷəx) I refuse. Past: **d'eitíos**, **d'eitigh sé**. Future: **eiteod**, **eiteoidh sé**. Imperative: **eitigh**. Participle: **eitithe**. **Eitím duine ar rud**, I refuse someone something. **Eitím rud a dhéanamh**, I refuse to do something. *Ní eiteóchtá mé ar aon phúnt amháin*, you wouldn't refuse me a single pound [PUL1904].

**eitleach**, adj. GCh. ⇨ **eiteallach**.

**eitlím**, verb. GCh. ⇨ **eiteallaim**.

**eitlíocht**, f. GCh. ⇨ **eiteallacht**.

**elan**, f. (ə'lən) élan. [DBÓC]

**elefant**, m. (eɫ'əfənt) elephant.

**embasacht**, f. (embəsəxt) embassy.

**emerald**, m. (em'ərəɫd) emerald.

**emróidí**, spl. (dpl. **emródaibh**) (emə'ro:d'i:) piles, haemorrhoids.

**eo**, m. (gs. **eo**) (eo) (o:) point of a blade. Note: used by PUL in PUL1926b to refer to a point in geometry.

**eo**, pron. ⇨ **seo**.

**Eochail**, placename, f. (**Eochail**) (Eoçᾶill) (o:xil') Youghal, a port in Co. Cork.

**eochair**, f. (gs. **eochrach**, npl. **eochracha**, gpl. **eochrach**) (eoçᾶir, eoçᾶçᾶ) (oxir', oxəɾəxə) key. **Poll eochrach**, keyhole. *Agus tabharfad duit eochracha na righeachta na bhflathas*, and I will give unto thee the keys of the kingdom of heaven [Matt. 16:19, PUL1915/2]. *An túisge 'n-a raibh an méid sin as a béal aici bhí sí imthighthe amach dorus a bhí i n-iahtar an tseómra agus an dorus dúnta 'n-a diaigh aici agus an eochair casta sa ghlas aici*, as soon as she had said that, she was out the door at the other side of the room, with the door shut behind her and the key turned in the lock [PUL1907]. **Eochair a chasadh sa ghlas**, to turn the key in the lock. Note: **an eochair** is pronounced /in' oxir'/ or /ən oxir'/ (LASID).

**eocharshnámh**, vn. (eoçᾶr-ḡnᾶm) (oxəɾ-hnə:v) swimming round about. Note: this is an archaic word mentioned in PUL1909.

**Eoghan**, name. (gs. **Eoghain**) (Eoçᾶn) (o:n) Eoghan, an Irish name later linked with Owen or Eugene.

**Eoin**, name. (gs. **Eoin**) (Eoin) (o:n') Eoin, an Irish name cognate with the English name John. **Eoin Baiste**, John the Baptist.

**eol**, m. (gs. **eoil**) (eol, gs. iuil, ds. iúil) (o:l) knowledge. Used with the copula: **is eol dom go**, I know that. **An eol duit é?**, do you know what it is? **Mar is eol duit**, as you know. *Ní h-eól dom i n-aon fhilidheacht dár cumadh riamh i n-aon teangain acu, beó ná marbh, aon cheithre líne chómh maith leis na cheithre líntibh sin a chúm Barry the Rake an uair sin agus an t-ocras air!*, I do not know of any four lines in any poetry ever composed any language, living or dead, as good as those four lines that Barry the Rake composed then while he was hungry [PUL1915]. **Marú nách eól**, a secret murder.

**eolach**, adj. ICS. ⇨ **eolaiseach**.

**eólaí**, m. (npl. **eólaithe**) (eolaiōe, eolaiōçe) (o:'li:, o:lihi) guide, expert; manual. [DBÓC]

**eólaiste**, m. (npl. **eólaistí**) (eolairce, eolairci) (o:liʃ't'i, o:liʃ't'i:) sign, indication. *Bhí na heolaistí go léir 'na choinnibh*, the signs were all against him [DBÓC1933]. [DBÓC]

**eolas**, m. (gs. **eolais**, dpl. **eólaisibh**) (eolair) (o:ləs) knowledge, skill, information. **Tá eolas agam air**, I know of it (to express knowledge of places and things). **Tá eolas an bhaile go maith aige**, he knows the town well. **Do fuaras eolas ar rud bheith beartaithe acu**, I found out about something being planned by them. **Eolas a choimeád ó dhuine**, to keep information from someone. **Eolas a dhéanamh (do dhuine)**, to serve as a guide: *bhídís roimis an sluagh amach ag réidhteach na mbóithre nó ag déanamh an eóluis, 'ghá dhéanamh amach ciacu bóthar ab fhearr nó ba réidhe nó ba chómhngaraighe*, they were in front of the army, sorting out which roads to take or serving as guides, working out which road was better or easier or shorter [PUL1907]. **Eolas na cathrach a dhéanamh**, to find your way through the

483only the present and future are attested so far and vn. and d'eitil. Is participle eiteallta?

484check pl.

city. **Eolas na slí a dh'fháil go háit**, to find your way somewhere. **Do cuireadh as a heólas an beithíoch**, the cow went astray. **Do chuaigh an fear as a eólas**, the man got lost (when finding his way back). **Eolas a dh'imirt ar dhuine**, to use your knowledge on someone: *is dócha gur cuma leat cé 'cu Lochlanaigh nó Éireanaigh an mhuintir n-a n-imireóchair do chuid eóluis ortha?*, I expect it is all the same to you whether you ply your skills [medical knowledge] on Vikings or Irishmen? [PUL1907]. **Eolas a dh'fháil abhaile**, to find your way home. *Conus fhéadfadh an callín bocht san dul go dtí an baile mór agus eólas na catharach do dhéanamh?*, how could that poor girl go to Dublin and find her way about the city? [PUL1904]. **Eolas a dh'fháil tríd an gcathair**, to find your way through the city. **Cuirim/gheibhim eolas ar rud**, I find out about, acquire knowledge of, something. *Ní foláir dom tú thionnlaican abhaile agus eólas na slíge do chur*, I must escort you home and get to know the way [PUL1904]. *Thugadh an gnó eólas dóibh ar an dtír agus ar na daoine, ní b'fhearr ná mar a dh'fhéadfaidís a dh'fhághail ar aon chuma eile*, the business/work gave them a knowledge of the country and the people, better than they could get it in any other way [PUL1907]. **Eolas a chur ag triall ar dhuine ar rud**, to send information about something to someone. **Eólas a lorg ar dhuine**, to make an enquiry of someone. **An t-eolas a thabhairt do dhuine**, to tell someone something, make it known to him. Also **eolas a thabhairt do dhuine ar rud**. **Eolas a thabhairt uait ar rud**, to give some information about something. **Tá sé ar eolas agam**, I know it, have learned it. **Bheith ar bheagán eólais**, to have little knowledge. **Eólas mór an domhain a bheith agat**, to have great knowledge. **Bheith in eolas ar rud**, to be privy to something. **Lucht eolais**, intellectuals, people with knowledge. **Eolas as leabhraibh**, book knowledge. **Eolas as an obair**, knowledge from practical experience. **Eolas a chruinniú**, to gather knowledge, become learned. Note: **an t-eolas** is pronounced /ən to:ləs/.

**eolgaiseach**, adj. (comp. **eolgaisí**) (eolɣaɪɸeac̃, eolɣaɪɸiɣe) (o:lɣiɸəx, o:lɣi'ji:) knowledgeable.

**Eóraip**, f. (gs. **Eóirpa**) (eopɪaɪp) (o:ɾiɸ', gs. o:ɾpə) Europe. Used with the article: **an Eóraip**. See ⇒ **Iúróip**. [DBÓC]

**eorna**, f. (gs. **eornan/eorna**, ds. **eórna/eórnain/eórnainn**) (eopɪnə) (o:ɾnə) barley. *Tá buachaill anso agus tá chúig bhulóga eórnan aige agus dhá iasg*, there is a lad here, which hath five barley loaves, and two small fishes [John 6:9, PUL1915/2]. **Arán eórna(n)**, barley bread. **Eórna mhór**, tall barley. Note: frequently spelt **órna**, indicating a previous particle would have broad ending, as **an eórna**, /ən or:nəl/. The declined genitive and dative are often eschewed in PUL's works.

**epaulettí**, spl. (epə'l'et'i) epaulettes. Also **epaulettí gualann**. [DBÓC]

**ephí**, m. (e'f'i:) ephah, a Hebrew dry measure equivalent to 22 litres.

**ephod**, m. (efəd) ephod, a linen garment worn by the Jewish high priest on which the breastplate rested.

**epops**, f. (epəps) hoopoe bird.

**eviction**, s. (i'vikjən) eviction.

**F** (F), letter of the alphabet, traditionally called **fearn** ɸeapɪn /f'arn/, the alder tree.

**fá**, prep. (ɸá) (fə:) times (used in multiplication). **Fá seacht**, sevenfold. Note: this is a byform of ⇒ **fé**, used especially in contexts of multiplication.

**fá**, prep. (ɸá/ɸá) (fə:) under. Note: this is generally ⇒ **fé** in WM Irish, but forms such as **fám**, under my, are occasionally found in PUL's works.

**fabhall**, m. (npl. **fabhaill**, gpl. **fabhall**) (ɸabəl, ɸaɪble) (faul, faul') fable.

**fabhar**, m. (npl. **fabhair**) (ɸabəɸ, ɸabəɸɪ) (faur, faur') favour. *Ag tabhairt na leath-bhfabhar uatha*, giving away semi-favours [PUL1915]. **Fabhar a dh'fháil i radharc duine/í súilbh duine**, to find favour in someone's sight. **I bhfabhar do**, in favour of: **an bhreith a thabhairt i bhfabhar do dhuine**, to hand down a judgment in someone's favour. *Bhí an cluiche i bhfabhar do'n tineóntaidhe agus i gcoinnibh an landlord*, the game was in favour of the tenant and against the landlord [PUL1915]; *ach bhí na fir óga go léir, go mór mór na h-uaisle óga, i bhfabhar d'á raibh beartuighthe ag Catilína*, but all the young people, especially the young nobles, were in favour of what Catilina was planning [PUL1913]. **I bhfabhar le**, favouring, looking with favour on: *má cháinim mé féin, agus gan a dhéanamh díom féin ach neamhnídh, agus a dh'admháil ná fuil creideamhaint ar bith ag dul dom, agus ná fuil ionam, le firinne, ach luaithreach, beidh do ghrásta-sa i bhfabhar liom*, if I condemn myself and bring myself to naught, and admit that no credit at all is due to me and that I am, in truth, but ashes, thy grace will favour me [PUL1914]. **I gcás ná beidh aon fhabhar le héinne**, so everything is above board, so there is no favouritism.

**fabhra**, m. (npl. **fabhraí**) (ɸabɾə, ɸabɾəɪ) (faurə, fau'ri:) eyelash; eyebrow; the fringe of something; the hem of a garment. *Bhí fabharaí dearga ar na billeógaibh aige*, there were red edges along its leaves [PUL1904]. **Fabhra an chnoic**, the brow of the hill. **Fabhraí súl**, eyelashes.

**fabhrach**, adj. ICS. ⇒ **fabhrúil**.

**fabhraíocht**, f. (gs. **fabhraíochta**) (ɸabɾaɪəɔc̃t) (fau'ri:xt) growth, development. **Tá fabhraíocht sa bheithíoch san/sa duine sin**, that cow/that person shows promise. See ⇒ **abhraíocht**. [CFBB, DBÓC]

**fabhrúil**, adj. (comp. **fabhrúla**) (ɸabɾaɪuɪl, ɸabɾaɪuɪlə) (fau'ru:l', fau'ru:lə) favourable. **Fabhrúil do**, favourable to, favourably disposed towards, in favour of.

**fad**, length. ICS. ⇒ **faid**. **Ar fad**, entirely, altogether. **Tá sé go hana-lag ar fad**, he is extremely weak. The whole of something: **an bhliain ar fad**, all year long. **Aniar ar fad**, from a long way west. **Aduaidh ar fad**, all the way from the north. **Thoir ar fad**, way over to the east. **An tír ar fad**, the whole country, the whole territory. **Nách namhaid ar fad**, not just enemies, not all of them enemies. *Ní suaimhneas ar fad a chuir an radharc a taisbeánadh dóibh ortha*, the sight they were shown didn't quite put their minds at rest [PUL1907]. **Ceathrar acu ar fad**, four of them in total/four of them

altogether. **I bhfad** /ə'vɑ:d/, far, for a long time. *Imthigh anois agus ná bí abhfad*, go now and don't be long [PUL1915]. **Ní rabhas i bhfad ag teacht abhaile**, I didn't waste any timing going home. **I bhfad anonn**, very distant (e.g. of a relationship), far off; very late, after a long pause. **I bhfad as so**, far from here. **I bhfad ó chéile**, far apart. **I bhfad ó bhaile**, far from home. **I bhfad suas uathu**, a long way above them. **I bhfad siar/i bhfad amach**, a long way off. **I bhfad eile**, any longer, for much longer. **Níl sé i bhfad ón gceart**, he is not far from the truth. *Ní'l abhfad ó tháinig Gobnait*, it is not long since Gobnait arrived [PUL1904]. **Ar feadh i bhfad**, for a long time. **Ní bheidh sé i bhfad ann**, he won't live long. **Bheith i bhfad á dhéanamh**, to take a long time doing it. **Bheith i bhfad gan rud do dhéanamh**, to have not done something for a long time. **Ní raibh sé i bhfad ag dul abhaile**, it didn't take him long to get home. **I bhfad**, altogether: *gandal eile abhfad*, another gander altogether<sup>485</sup> [PUL1915]. **Seomra i bhfad isteach**, a room well within the complex. **Giorracht faid**, range (eg, of a shot).

**fada**, adj. (comp. **sia**) (fada, fia) long; longer. Referring both to linear length and time. Sometimes implying height: *fear fada caol dubh*, a tall, slight, dark-haired man [PUL1904]. **Níos sia**, further. **Rófhada uaim**, too far away from me. **Rófhada síos**, too far down. **Fada do dhóthain**, for long enough. **Le fada**, for a long time; sometimes followed by **de**: *le fada dh'aimsir*, for a long time [PUL1907]. **Le fada (de) bhliantaibh**, for many years. **Le fada riamh**, for a very long time. Also **le fada roimis sin**. **Is fada ó chéile iad**, they are very unlike. **Fada amach ó**, far out/away from. **Níos sia amach**, further away, further out. **Fada amach a dhóthain**, far out enough. **Chomh fada agus**, as far as: *chuaidh gach aon rud chun suaimhnis 'n-a thaobh, chómh fada agus do feiceadh ar aon chuma*, everything in connection with it calmed down superficially at any rate [PUL1915]. *Chómh fada 's chuaidh mo bhreitheamhantas féin*, as far as I could judge [PUL1915]. **Chomh fada amach le deireadh soiscéil Naoimh Eoin**, as far as the end of St. John's Gospel. **Chomh fada soir le Corcaigh**, as far east as Cork. *A Thighearna, an 'mó uair a dhéanfaidh mo bhráthair beart am' choinnibh agus go maithfead dó? Chómh fada le seacht n-uair, an eadh?*, Lord, how often shall my brother offend against me, and I forgive him? till seven times? [PUL1915b]. **Chomh fada le**, in terms of: **dealbh chomh fada le saibhreas an tsaoil seo**, poor in terms of the riches of this world. **Is fada ataoi**, you're taking a long time. **An fada?** how long? **An fada eile?** how much longer? **An fada a bhís i Sasana?** how long were you in England? *Nách fada ataoi leis!*, how long you are at it? [PUL1903b]. **Is fada ná feaca thú**, it is a long time since I saw you. *Is fada nár tháinig ó'n mbaile mór aon amadán chomh críochnuighthe leis*, it is a long time since such a perfect fool as he came from Dublin [PUL1904]. **Is fada go dtánaís**, it took you a long time to come. **Is fada a bhí sé ag feitheamh**, he waited for a long time. *Is fada mé ar an saoghal agus is 'mó bob glic do buaileadh orm le m' ré*, I have lived long and many a clever trick has been played on me in my time [PUL1904]. **Ní fada go mbeidh sé ullamh**, it will soon be ready. *Ní fada bhí Dómhnall ua Dúbhgáin lastiar de'n tsruthán 'n-a chómhnuighe nuair a bhuail sé féin agus Diarmuid ua Tuathaig umá chéile maidin bhreagh shamhraidh*, Donald O'Duggan had not lived long west of the stream when he and Dermot O'Twohig bumped into each other one fine summer morning [PUL1915]. **Is fada dhom ar an saol**, I've lived a long life. **Is fada liom é/go**, I think it too long: **b'fhada liom fanúint leis**, I thought it too long to wait for him. **B'fhada leis a bhí sí fanta uaidh**, she seemed to take a long time getting back to him. **Is é is fada liom go**, I long for. *B'é b'fhada liom go rabhas as a radharc, geallaim dhuit é*, I was dying to get out of his sight, I can assure you [PUL1904]. *Tá cleas ar an obair aici 'á mhúineadh dhom agus is é is fada liom go mbeidh an cleas agam*, she is teaching me a trick for the needlework and it will take me a while to get the hang of it [PUL1907]. **Dob'fhada go**, it was a while before: *dob' fhada go ndeaghas thairis sin soir*, it was a long time before I went further east than that [PUL1915]. **Níorbh fhada (chun) go**, it wasn't long before: *níorbh fhada go raibh slóighte líonmhara Gaedhal ins gach cúig de chúigíbh na h-Éirean*, it wasn't long before there were sizeable armies in each of the provinces of Ireland [PUL1915]. *Níorbh fhada le dul iad*, they (the shillings) could not go far [PUL1904]. *B'fhada ó n-a chéile deallramh an bhotháin duibh istigh agus an scéimh aluinn iol-dathach a bhí ar an ndúthaigh, lasmuigh*, there was a quite a contrast in aspect between the dark hut and the beautiful, multi-coloured aspect of the land outside [DBÓC1933]. **Sararbh fhada**, before long, shortly. **Nára fada go bhfeicimid arís tú**, may be meet again soon! *Táid siad fada a ndóthin ag teacht*, they've been coming for long enough [PUL1907]. **Pé fada gairid go dtiocfadh sé**, whether it came sooner or later. **Fada fairsing** (fada fairsing) (fada fairsing) far and wide. *Bhí talamh breágh fada fairsing Chúig' Uladh fágtha 'n-a ndiaigh acu*, the broad and fine land of the Province of Ulster was left behind them [PUL1915]. **Go fada**, lingeringly<sup>486</sup>. **Maireachtaint go fada**, to live long, live a long life. **Cá fada?**, how long? **Dul rófhada ar rud**, to go too far, take things too far. See ⇒ **sia**.

**fadaím**, verb. ICS. ⇒ **adaím**.

**fadanálach**, adj. (comp. **fadanálaí**) (fada-análach, fada-análaige) (fadə'nɑ:ləx, fadə'nɑ:li:) slow-breathing.

**fadaraí**<sup>487</sup>, f. (gs. **fadaraí**) (fada-araí) (fadə'ri:) long-suffering. Note: **faidearaí** in PUL1907, pronounced /fad'a'ri:/.

**fadaraíonach**, adj. (comp. **fadaraíonaí**) (fada-araíonach, fada-araíonaige) (fadə'ri:nəx, fadə'ri:ni:) long-suffering, patient. Note: DUL1934 has **faidaradhach**, implying /fad'a'rəinəx/.

**fadaraíonacht**, f. (gs. **fadaraíonachta**) (fada-araíonacht) (fadə'ri:nəxt) long-suffering, patience.

**fadchosach**, adj. ICS. ⇒ **faidchosach**.

**fadfhulag**, m. (fad-fulag) (fad-uləg/fad-oləg) forbearance, long-suffering.

485Check this.

486Check this translation of “d'fheuch sí ar an stróinséir go fada agus go dúr” in Séadna 20.

487Check pronunciation in the light of faidearaídhe in PUL1907.

**fadhulaingt**, f. ICS. ⇒ **fadhulag**.

**fadhghéagach**, adj. GCh. ⇒ **faidghéagach**.

**fadharcán**, m. (npl. **fadharcáin**, gpl. **fadharcáin**) (φαδάρκαν, φαδάρκαιν) (fəi'r'ka:n, fəi'r'ka:n') knot in timber. [DBÓC]

**fadhb**, f. (gs. **faidhbe**, npl. **fadhbanna**) (φαδβ, φαδβα/φαδβαννα) (fəib, fəibənə) problem. See ⇒ **adhb**.

**fadhbairne**, f. (npl. **fadhbairní**) (φαδβαιρνε, φαδβαιρνί) (fəibir'n'i, fəibir'n'i:) a large lumpy object. See ⇒ **adhbairne**. [CFBB]

**fadleicneach**, adj. (comp. **fadleicní**) (φαδ-λεικνεαδ, φαδ-λεικνειγε) (fad'-l'ek'in'əx, fad'-l'ek'in'i:) long-cheeked, long-featured.

**fadó**, adv. (φαδ ó/φαδ ó ροιν) (fa'do:) long ago. **Uair éigin fadó**, at some point long ago in the past. **Fadó riamh**, ever such a long time ago.

**féachaim**, vn. **féachaint**, verb. (φέαχαιμ, φέαχαιπ) (f'iaxim', f'iaxint'~f'iant') 1. I look at. Generally used with **ar**. **Féach** (addressed to one or more people), behold! (eg, in Biblical usage), lo!, look here!. **Féach air sin**, just think, just imagine, to think of it! **Go bhféachaidh Dia orainn!**, God save us! Without **ar**, examine, consider: **féach mise!**, look at and examine me! Sometimes used with **isteach** i: *pé taobh ó n-a bhféachtí isteach an uair sin sa chuma ar a raibh an duine ná raibh aon Bhéarla aige, do chítí go raibh sé i gcruadh-chás go tiubaisteach*, no matter how you looked at at the situation of someone at that time with no English, you would see that he was in a dreadful bind [PUL1915]. **Féach isteach sa chaint sin**, examine, analyse what was said. **Féachaint sa ghnúis (san aghaidh, in sna súilibh) ar dhuine**, to look at someone in the face (in the eyes). Also **féachaint go cruinn seasmhach idir an dá shúil ar dhuine**. **D'fhéach sé air idir é agus an solas**, he held it up to the light. 2. I ascertain, try to work (something) out. *Bhíomair go léir ag cur a's ag cúiteamh féachaint conus a raighmís ó-dheas abhaile*, we were all weighing up how we would get back to our homes in the south [PUL1915]. **Féach** sometimes replaces **féachaint**: *do dheineas díthneas, féach a' dtiocfainn suas leis*, I hurried to see if I could catch up with him [DBÓC1940]. *Feuch a' bhféadfá cnaipe do chur ann dom*, see if you could put a button on that for me [PUL1907]. *Feuch nach amhlaidh do dhéin licíní slinne de'n airgead mar a dhéin d'airgead Mhíchíl Réamoinn*, take care the money didn't turn into little tiles of slate just as happened to Michael Redmond's money [PUL1904]<sup>504</sup>. 3. I reflect on. *Féach na h-Aspoil agus na Mairtireacha agus na Confessóirí agus na Maighdineacha, na daoine go léir do lean rian Chríost*, reflect on the apostles, martyrs, confessors and virgins, all those who followed the footsteps of Christ [PUL1914]. Past: **d'fhéachas, d'fhéach sé**. Future: **féachfad, féachfaidh sé**. Imperative: **féach; féachaidh/féachaidh**. Past: **féachta**. **Agus féach**, mind (you behave in a certain manner): *agus feuch; ná labhair amach as do bhéal le h-aoinne beó ar an sgéal*, mind you don't mention it to anyone [PUL1907]. **Féach!**, well, look at it this way, consider this: *feuch, a rígan, arsa Murchadh, cad é an bac atá ar t' athair teacht i n-aonfheacht leat!*, well, Your Majesty, said Murchadh, why can't your father come with you? [PUL1907]. *Anois, 'dhó leat go raibh an scéal chó holc le riamh, ach féach ná raibh*, now you would have thought the situation was worse than ever, but actually it wasn't [AÓL1968]. **Féachaint amach ar rud**, to look directly at something: *ní fhéadadh sé féachaint amach ar éinní bheadh ar siúl, ach i bhfuim an t-éadach casta air féin le heagla go bhficeadh sé iad*, he couldn't look directly at anything that was happening, but sort of had the bed clothes wrapped round himself in case he saw them [AÓL1968]. **Féach anois**, watch out! look here! **Féach air sin!**, oh, to think of it! **Féachaint chun**, attending to something: *is gnáth le daoine sgéal de'n tsaghas san do ghlacadh gan feuchaint chuige puinn*, people usually accept things like this without too much examination [PUL1904]. *"Ba dhóich liom, a rígh," arsa'n t-Easbog, "gur b' shin rud agus gur cheart d'fhearaibh Éirean feuchaint chuige i n-am"*, I think, O king, said the Bishop, that that is precisely the thing and the men of Ireland ought to address it in time [PUL1907]. *Níor fheuchadar chun luighead an tíghe*, they paid no attention to how small the house was [PUL1924]. **Féachaint chun do thairbhe féin**, to look to your own interests. **Féachaim chúm féin**, I sort myself out, address my own problems: *geallaim go mb' éigean dom féachaint chúgham féin go maith*, I can assure you I had to address my own deficiencies [PUL1915]. **Féach chút féin**, watch/examine yourself, be careful, look out! With **ó**, looking over at something: *agus é ag féachaint uaidh ar bhun an aeir*, looking over/far away at the horizon [PUL1915]. **Féachaint chun pearsan**, to respect persons (discriminate on the basis of personalities). **Féach anso chúm!** look here! **Féachaint chuige, go/ná**, to make sure, see to it that. **Féachaint do**, having regard to: *labhrann Dia linn i mórán slighe, gan féachaint do dhuine seachas a chéile*, God speaks to us in many ways, without respecting persons/without respect one version over another [PUL1914]. **Féachaint romhat (amach)**, to look ahead, consider the future: *is breagh glan géar an fheuchaint atá aici 'á dhéanamh roimpi*, she is planning ahead in a truly clear and keensighted way [PUL1907]. *Bhídís ag feuchaint rómpa amach chun an lae 'n-a mbéadh an chuaird críochnuighthe agus iad go léir ag teacht abhaile go Ceann Cora i n-aonfheacht leis an Árdrígh*, they were looking forward to the day when the visit would be over and they would all be coming home to Kincora with the High King [PUL1907]. **Féachaint rómhat** often has a nuance of "to be cautious, to think about the consequences" as well as "to look out for yourself": *ní deirim ná go bhfeuchfaidh sé roimis sar a ndéanfaidh sé macshamhail eochrach airís, an fear bocht!*, I dare say the poor man will think twice before he makes a copy of key again [PUL1907]. **Féachaim trí rud**, I look or browse through something. **Féachaint amach tríd an bhfinneóig**, to look out of the window. **Ag féachaint siar (dom) (ar rud)**, looking back, as I look back to that time. *Ag féachaint siar dom anois ar an saghas Gaeluinne a bhí d'á labhairt am' thimpal ins gach aon ball an uair sin*, when I look back on the sort of Irish that was spoken around me everywhere back then [PUL1915]. **Féachaint suas**, to look up (e.g., from your work). **Féachaint suas ar dhuine**, to look up at someone. Also, **féachaint suas chun duine**. **Féachaint suas ins an spéir**, to look up at the sky. **Féachaint i ndiaidh**, to look after something/see to it (or to follow someone leaving with your eyes); to look into it: *a cheann d'á sgoltadh le teinneas agus ná feuchfadh aoinne agaibh 'na dhiaigh*, his head bursting with pain, and none of you looking after him [PUL1904]. *Do stad an bheirt, Bruadar agus Amhlaobh, ag feuchaint 'n-a dhiaigh*, the pair, Bruadar and Amhlaobh, stood there, watching him leave [PUL1907]. **Féach i leith**, look here! With **féin**: *feuch féin nár ghlac*, well, you see, he didn't accept it [PUL1904]. *Dá mbéadh aon chiall ag Micil, go dtuigfeadh sé an méid sin, feuch!*, if Mícheál had had any sense, he would have understood that, mind you! [PUL1904]. Note: **féachaim** can also refer to the way something looks: *siar ó-dheas uaim iseadh chonac an daingean san, agus isé a bhí ag féachaint go garbh*, to the southwest of us I saw that fortress, and it really looked rough [PUL1915]. Sometimes with **chun** or **do**: *d'fhéach an scáil ana-bhreá go léir chuige*, the

504the exact meaning of the sentence still unclear. also check my "mind you" translation later on.

reflection looked very fine indeed to him [AÓL1968]; *ta slígh a fhéuchan cóir do dhuine. Ach is chun an bháis a s[h]eólan a chríoch*, there is a way which seemeth just to a man: but the ends thereof lead to death [Seanfhocail 14:12].

**féachaint**, f. (gs. **féachana**) (fḗacáinṭ/íacáil) (iʰaxint'~f'iant'). Generally occurs with lenition as **fhéachaint**. Can also be **d'fhéachaint**: **cuirim ' dh'fhéachaint/d'fhéachaint (ar dhuine) rud a dhéanamh**, I force/make someone to do something. *Tá fhéachaint ort an claiómh san a thúirt 'na láimh dò*, you are required to give him that sword in his hand [AÓL1968]. **Tá sé d'fhéachaint ort rud do dhéanamh**, you are required to do something.

**féachaint**, noun/vn, f. (gs. **féachainte**) (fḗacáinṭ) (f'iaxint'~f'iant'). 1. a look. *Bhí sé i n'aghaidh agus i n' fheuchaint mar a bheadh duine buile*, he resembled a mad man in every look and feature [PUL1913]. *Thug san feuchaint ana uasal dos na fearaibh*, that gave the men a very noble look [PUL1907]. **Féachaint a bheith agat ar rud**, to have a view of something, for something to look a certain way to you. **Féachaint a thabhairt ar rud**, to take a look at something. **Féachaint chruaidh/ghreannmhar a thabhairt ar dhuine**, to give someone a stern/queer look. Often used accusatively: *féachaint dá dtug Ó Conchubhair Sligigh thar a ghualainn chonnaic sé an sgriosaire fir ag déanamh air isteach tríd an sluagh*, as O'Conor Sligo looked over his shoulder he saw a hulk of a man making his way towards him through the army [PUL1913b]. **Féachaint suas**, prospect: *ní raibh aon fhéachaint suas an uair sin ag aoinne de mhúintir na h-Éirean ach an talamh*, none of the Irish people had any other prospect at that time than the land [PUL1915]. **Féachaint romhainn**, looking ahead, acting with prudence. **Is fear aon fhéachaint romhat ná dhá fhéachaint it dhiaidh**, one look forward is better than two looks backward [a saying]. *Bhí sé ró osgailte, ró ghealgháiriteach, ró mhacánta i n' fheuchaint*, he appeared to be too open, too cheerful and too honest [PUL1907]. **Le féachaint air**, to look at: *le féachaint ortha bhíodar i n-easnamh*, they were poor to look at [PUL1914]. 2. one's look or appearance. **Daoine a bhreithníú óna bhféachaint**, to judge people by their looks. Note: PUL generally uses **féachaint** as the genitive: *do stadas tamaillín chun aon fhéachaint amháin eile thabhairt am' thimpal ortha go léir*, I stood there a little while to have one more look around me at them all [PUL1915].

**fead**, f. (gs. **feide**, npl. **feadanna**<sup>505</sup>) (fḗad, fḗada) (f'ad, f'adənə) whistle; a whistling sound. **Fead a leogaint ar**, to whistle to (someone). **Chuir sé fead as**, he whistled.

**feadaíl**, f. ICS. ⇨ **feadaíol**.

**féadaim**, verb<sup>506</sup>. (fḗadaim) (f'iedim') I can. Past: **d'fhéadas, d'fhéad sé**. Future: **féadfad, féadfaidh sé**. **Ní fhéadfá é**, you couldn't do it. **Ní fhéadaim gan rud a dhéanamh**, I couldn't help doing something: *ní fhéadainn gan gáire dhéanamh, i gcaitheamh an lae 'n-a dhiaigh san, nuair a chuimhnighinn ar a luighead d'á fhios a bhí ag an sagart bocht úd gur bh' ar Bhríghid Naomhtha ba cheart dó a bhuidheachas a bheith aige nár chaitheas chuige an sgoil*, I had to laugh/I couldn't help laughing the following day, when I reflected on how little that poor priest knew that his thanks were due to St. Bridget that I had not told him to shove his school [PUL1915]. Note: the verbal noun is given in PSD1927 as **féadachtáil**, but there is no evidence this is actually in use.

**feadaíol**, m. (gs. **feadaíle**) (fḗadāil, gs. fḗadāile) (f'a'di:l) an act of whistling. **Ní féidir bheith ag ithe mine agus ag feadaíol**, you can't whistle and drink at the same time.

**feadán**, m. (npl. **feadáin**, gpl. **feadán**) (fḗadān, fḗadāin) (f'ə'da:n, f'ə'da:n') tube.

**feadar**, defective verb. (fḗadər) (f'adər) to know. **Ní fheadar**, I don't know, I wonder. **Ní fheadar den domhan (ní fheadar ó thalamh an domhain)**, I haven't a clue. Also: **ní fheadar 'en tsaol, ní fheadar in Éirinn**. *Ní fheadar an tsaoghal ná an domhan le chéile cad 'tá le déanamh agam*, I have no idea in the world or in all creation what to do [PUL1904]. *Ní deirim ná gurb amhlaidh mar atá an sgeul ag Cáit an aimsir seo, ná feadair cos léi cad a dhéanfaidh lámh léi*, I would say that the situation with Kate right now is that her foot doesn't know what her hand is going to do [PUL1904]. **Ní fheadraís a leath**, you don't know the half of it. **Ní fheadair sé (ná) go raibh**, he didn't know there was. **Ní fheadar ceocu é**, I wouldn't know, I don't know either way. **Ní fheadraís ná go**, you never know, maybe. Note: this verb is used only in the dependent: **ní fheadar, ní fheadraís** /n'i: adəri:ʃ/, **ní fheadair sé, ní fheadramair** /n'i: adərəmir'/, **ní fheadrabhair, ní fheadradar** /n'i: adərədər/. PUL spelled the third-person singular **ní fheidir sé**, /n'i: ed'ir' ʃe:./, in the past tense, "he didn't know", thus contrasting with **ní fheadair sé**, "he wonders, he doesn't know".

**feadhuaim**, f. (fḗad-uaim) (f'ad-uəm') whirring sound. [DBÓC]

**feadh**, m. (fḗad) (f'ag) found in **ar feadh** /ər~ər f'ag/, throughout, during. **Ar feadh críocha an domhain uile**, throughout the whole world. **Ar feadh na maidine**, throughout the morning. **Ar feadh mí**, for a month. **Bhíomair i Sasana ar feadh sé mhí**, we were in England for six months. **Ar feadh i bhfad**, for a long time. **Ar feadh na slí**, along the way. **Feadh na hoíche** /f'a nə hi:hi/, all night.

**feadhmannach**, m. (npl. **feadhmannigh**) (fḗadmannac, fḗadmannaiḡ) (f'əimənəx, f'əimənig') official, functionary. [DBÓC]

**feadóg**, f. (gs. **feadóige**, npl. **feadóga**, gpl. **feadóg**) (fḗadóg, fḗadóḡa) (f'ə'do:g, f'ə'do:gə) whistle. [DBÓC]

**feall**, m. (gs. **fill**) (fḗall, gs. fḗill/fíll) (f'aul) deceit, evil, betrayal. **Feall a dhéanamh ar dhuine**, to betray someone, let someone down. **Lucht fill**, liars, deceitful people. **Meadh fill**, a deceitful balance/pair of scales. **Ropaire fill**, treacherous scoundrel. **Le feall**, by deceit, falsely. Also **i bhfeall**.

**feallaire**, m. (npl. **feallairí**) (fḗallaire, fḗallairí) (f'alir'i, f'alir'i:) betrayer, deceiver. **Filleann an feall ar an bhfeallaire**, deceit/evil rebounds on the evildoer. **Cas an feall ar an bhfeallaire**, make the evil pay for their deceit, turn their evil

505Check pl.

506Apparently no verbal noun.

back on them.

**fealltóir**, m. (gs. **fealltóra**, npl. **fealltóirí**) (fɛalˠtˠoːrʲ, fˠaulˠhoːrʲiː) betrayer, traitor.

**fealltúil**, adj. (comp. **fealltúla**) (fɛalˠtˠaːiːlʲ, fˠaulˠtˠuːlʲə) treacherous. [CFBB]

**feamainn**, f. GCh. ⇒ **feamnach**.

**feamnach**, f. (gs. **feamnaí**, ds. **feamnaigh**) (fɛamˠnˠaːç, fɛamˠnˠaːiːɟɛ) (fˠamənəx) seaweed. [DBÓC]

**feannadh**, vn. ⇒ **feannaim**.

**feannaideach**, adj. (comp. **feannaidí**) (fɛamˠnˠaːiːdɛaːç, fɛamˠnˠaːiːdɛiːɟɛ) (fˠanidˠəx, fˠaniˠdˠiː) bleak, severe, bitterly cold. [DBÓC]

**feannaim**, vn. **feannadh**, verb. (fɛamˠnˠaːim, fɛamˠnˠaːð) (fˠanimˠ, fˠanə) to flay, skin.

**feanntach**, adj. GCh. ⇒ **feannaideach**.

**féar**, m. (gs. **féir**, npl. **féara**) (fɛːar, fɛːara) (fˠiar, fˠiarə) grass. **Féar bó**, grazing of one cow, land for one cow. **Féar glas**, green grass. **Féar tirim**, hay. **Féar a shábháil (sábháil an fheír /ən eːrʲ/)**, to make hay.

**fear**, m. (gs. **fir**, npl. **fir/feara**) (fɛːar, fɪr) (fˠar, fˠirˠ) 1. man. 2. a piece in chess. **Fear a dh'aistriú**, to move a chess piece. **Fear magaidh**, scoffer. **Fear oibre**, workman. **Fear rámh**, oarsman. **Fear siopa**, shopkeeper. **Fear tábhairne**, innkeeper. **Fear troda**, troublemaker. Note: the dative plural, **fearaibh**, is sometimes used as the nominative plural or vocative plural. Otherwise, the vocative plural should be **a fheara** Δ fɛːara /arə/. **Feara** is also used in numerals (and occasionally elsewhere): **ocht feara déag**, 18 men; **chúig feara fichid**, 25 men. **A fhir mhaith!** My good fellow! **Fear** has also been used as a male name in Ireland.

**fearadh**, vn. ⇒ **fearaim**.

**fearaim**, vn. **fearadh**, verb. (fɛːaraim, fɛːarad̪) (fˠarimˠ, fˠarə) to pour, shed forth. Future: **fearfad**, **fearfaidh sé**. *Feuch, fearfad-sa arán ó neamh chúghaibh*, behold I will rain bread from heaven for you [Ecsodus 16:4].

**féarán**<sup>507</sup>, m. (npl. **féaráin**) (fɛːarˠan, fɛːarˠan) (fˠiaːraːn, fˠiaːraːn) grazing land. **Bodaigh na bhféarán**, the big graziers. **Lucht féarán**, graziers. [DBÓC]

**féaránach**, adj. (comp. **féaránaí**) (fɛːarˠanaːç, fɛːarˠanaːiːɟɛ) (fˠiaːraːnəx, fˠiaːraːniː) grazing. **Feirm fhéaránach**, a grazing farm, farm with grazing land. [DBÓC]

**fearann**, m. (npl. **fearainn**, gpl. **fearann**) (fɛːarˠanˠ, fɛːarˠanˠ) (fˠarən, fˠariŋ) land. **Fearann talaimh**, a parcel of land. **Fearann saor**, free land<sup>508</sup>. **Baile fearainn**, townland.

**fearg**, f. (gs. **feirge**, ds. **feirg**) (fɛːarˠɟ, fɛːarˠɟ) (fˠarəɟ, fɛːarˠiːgʲi) anger. **Tá fearg orm**, I am angry. **Tagann fearg air**, he gets angry. **Chuir sé seo fearg ar Sheán (chun duine)**, this made Seán angry (at someone). **Fearg a ghlacadh chun/í gcoinnibh duine**, to get angry at someone. **Fearg duine a chur suas**, to incite someone to anger, get his hackles up: *nuair a thagadh Brian ameasg daoine de'n tsórd san, ar a chuaird, bhíodh sé ag [caint] leó agus ag plé leó agus 'ghá ngríosadh agus ag spídiúchán ortha, go dtí go gcuireadh sé a bhfearg suas agus go socaruighdis ar na h-airm a sholáthar*, when Brian came among people like that on his visit, he would talk to them, dispute with them, incite them and revile them, until he got their hackles up and they decided to provide the arms [PUL1907]. **Brúigh fút an fhearg**, control your temper. **T'fhearg a luí ar dhuine**, to get angry with someone. **Dul chun feirge**, to get angry. **I bhfeirg**, in a rage. *Do las fearg Bhriain nuair a fuair sé cad a bhí déanta*, Brian flew into a rage when he found out what had been done [PUL1907]. **I bhfeirg le duine**, angry with someone. **Ná bí i bhfeirg liom**, don't be angry with me. **Bhí fearg acu chuige**, they were angry with him. **Buile feirge (ar dhuine)**, mad rage. **Fearg trí thíorántacht na n-uasal**, anger at the tyranny of the nobles.

**feargach**, adj. (comp. **feargaí**) (fɛːarˠaːç, fɛːarˠaːiːɟɛ) (fˠarəɟəx, fˠarəːgiː) angry.

**feargaím**, vn. **feargú**, verb. (fɛːarˠɟiːim, fɛːarˠɟuːð) (fˠarəːgiːmˠ, fˠarəːguː) to anger, irritate, provoke.

**feargaitheach**, adj. (comp. **feargaitní**) (fɛːarˠaːiːtɛaːç, fɛːarˠaːiːtɛiːɟɛ) (fˠarəːgiːhəx, fˠarəːgiːhiː) infuriating, exasperating.

**Fearghas**, name. (fɛːarˠɟur) (fˠarəɟəs) Fergus, an Irish masculine personal name, and the name of Fergus mac Róich, king of Ulster in the Ulster cycle of myths.

**feargú**, vn. ⇒ **feargaím**.

**fearmadóir**, m. (gs. **fearmadóra**, npl. **fearmadóirí**) (fɛːarˠmaːdˠoːrʲ, fˠarəːmˠəːdˠoːrʲ) bigot. [DBÓC]

**fearmadóireacht**, f. (gs. **fearmadóireachta**) (fɛːarˠmaːdˠoːrɛaːçt) (fˠarəːmˠəːdˠoːrˠəxt) bigotry. [DBÓC]

**féarmhar**, adj. (comp. **féarmhaire**) (fɛːarˠmˠaːr, fɛːarˠmˠaːrɛ) (fˠiarvər, fˠiarvirʲi) grassy, verdant.

**fearn**<sup>509</sup>, m. (gs. **fearna**, npl. **fearnaí**) (fɛːarˠn, fɛːarˠna) (fˠaːrnə) alder. **Crann fearna**, alder tree.

**fearnóg**, f. (gs. **fearnóige**, ds. **fearnóig**, npl. **fearnóga**, gpl. **fearnóg**) (fɛːarˠnˠoːɟ, fɛːarˠnˠoːɟa) (fˠaːrˠnoːg, fˠaːrˠnoːgə) alder tree. [AÓL]

**fearóglach**, m. (npl. **fearóglai**) (fɛːarˠ-ɔːɟlˠaːç, fɛːarˠ-ɔːɟlˠaːiːɟɛ) (fˠarˠ-ˠoːgələx, fˠarˠ-ˠoːgəlɪgʲ) manservant.

**fearr**, adj. (fɛːarˠ) (fˠaːr) Comparative of **maith**, better. **Fearr chun**, better at. **Is fearr amuigh**, best of all. *Is fearr labhairt leis an Abb*, we had better talk to the abbot [PUL1907]. **Is é is fearra dhuit**, it's the best thing for you. **B'fhearra dó go**, it would be/would have been better for him if: *b'fhearra go mór, ámhthach, do lucht an éada agus an eagla ná déanfaidís an gníomh san*, it would have been a lot better for the jealous and fearful people, however, had they not done that deed [PUL1907]. **B'fhearra dhuit (rud a dhéanamh)**, it would be better for you (to do something). **Níorbh fhearra dhó rud a dhéanfadh sé (ná)**, the best thing he could do (would be to): *b'é sin le rádh, mura raibh*

507PSD has alternative plural féarána.

508Implying land free of tax?

509nominative shown as fearna in Foclóir d'Eisirt.

*M'Isheachlainn ábalta ar an Árdrígheacht do chosaint nár bh'fearra dhó rud a dhéanfadh sé 'ná í thabhairt do'n fhear a chosnoch' í; nó í thabhairt do Bhrian, in other words, if Maeleachlainn were not able to defend the High Kingship, the best thing he could do would be to give it to someone who would defend it, or give it to Brian [PUL1907]. Níorbh fearra dhúinn riamh é, we were much better off for it. Ní fearra dhúinn a bheith, we are much better off on account of its being so. Is fearr liom, I prefer. Bhí sé i bhfionn ní b'fhearr chun na mine agus chun na n-ubhall an uair sin 'ná mar a bhí sé indé roimhe sin, he was more in a mood for the meal and the apples than he had been the day before [PUL1904]. B'fhéidir nár bh'fhearr riamh é mar sgeul, maybe it's just as well [PUL1904]. Ach isé a deireadh Éamonn nár bh'fhearr leis ag abhrán í, Éamonn said she might as well sing to them instead [he had no preference whether she cursed them or sang to them] [PUL1904]. Is fearr gan rud a dhéanamh, we had better not do something. Ní fearr, it is better not to do something: ach ní fearr bheith ag caint air, but it's better not to talk about it [PUL1907]. Má tá 'sin mar is fearr é, if so, so much the better [PUL1907]. Go m-budh seacht féarr um an d-taca so arís sibh, may you be seven times better this time next year [PUL leit]. Ní fearr riamh é, it is just as well. Níorbh fheárr leis é, he wanted for nothing better. Níos féarr as, better off, better off as a result. See ⇒maith; fearrde. Note: the Munster colloquial form fearra /f'arə/ is also found in PUL.*

**fearra**, adj. ⇒**fearr**.

**fearrde**, adj. (f'ærɪr ɔe) (f'a:rdə) the better for it. **Gura fearrde thú é**, may you be the better for it! *Ní fheadar an fearr-de iad ar thugas dóibh*, I wonder if they are the better for all the help I gave them [PUL1904]. *Bean dhiadha dheagh-shomplach, gur fearr-de an pobal 'na n-éistean sí Aifreann ann*, she is a pious, exemplary woman, who is an asset to the congregation where she attends Mass [PUL1904]. Note: **fearrde** is **fearr** plus **de**. See ⇒**maith; fearr**.

**fearsad**, f. (gs. **feirste**, ds. **fearsaid**, npl. **fearsaid/feirste**) (f'ærɪsəd, f'ærɪsɪd~f'ærɪt'i) spindle; axle.

**fearsaid**, f. ICS. ⇒**fearsad**.

**feart**, m. (gs. **fearta**, npl. **fearta**, gpl. **feart**) (f'ærɪt, f'ærɪtə) virtue, power, miracle. **A Dhia na bhfeart!**, O God of power! **A Dhia na bhFeart is a Mháthair Bheannaithe, saor sinn!**, O God, preserve us! **In ainm Dé na Glóire is na bhFeart**, in the name of Almighty God! **A dhrólainn na bhfeart!**, goodness gracious! **A Mhuire na bhfeart!**, holy Mary!

**fearthainn**<sup>510</sup>, noun/vn, f. (gs. **fearthana**) (f'ærɪtəɪnɪ) (f'ærɪnʲ) rain. **Tá sé ag cur fearthana**, it is raining. **Tá sé ag tosú ar fheartainn**, it's starting to rain. **Fearthainn a thitim ar dhaoine**, for it to rain on people. **Ná bí amu' ar an bhfearthainn**, don't be out in the rain. **Ruibh a chur mar fheartainn (ar dhuine)**, to rain down sulphur on someone. **Fearthainn i dtráth**, early rain. Note: PUL had **fearthana** in the genitive singular, but IWM has **fearthainne**.

**fearúil**, adj. (comp. **fearúla**) (f'ærɪuːl, f'ærɪuːlə) manly, brave.

**fearúlacht**, f. (gs. **fearúlachta**) (f'ærɪuːlɔxt) manliness. **Fearúlacht a bheith ionat**, to be manly.

**feasach**<sup>511</sup>, adj. (comp. **feasaf**) (f'æsəx, f'æsɪ:) knowing. **Is feasach dom é**, I am aware of it.

**feasach**, adj. ICS. ⇒**fiosach**.

**féasóg**, f. (gs. **féasóige**, ds. **féasóig**, npl. **féasóga**) (f'ias'ɔ:g, f'ias'ɔ:gə) beard. With **ar**: *bhí féasóg fhada liath air*, he had a long grey beard [PUL1904]. **Féasóg mí**, a beard of a month's growth. **A chuid féasóige**, his beard.

**feasta**, adv. (f'æstə) 1. in future, from now on, presently, henceforth. *Ní fios cad a thiocfaidh as dúinn feasda*, there is no knowing what will happen to us next! [PUL1904]. With negative: never again. 2. already, by now. *Tá sé n-a lá feasta!*, the day has already broken [PUL1925].

**féasta**, m. (npl. **féastaf**) (f'ias'tə, f'ias'ti:) feast, banquet. **Féasta a dhéanamh**, to hold a feast or banquet.

**Féasta a dh'ullmhú**, to prepare a feast.

**féastach**, m. GCh. ⇒**féastathach**.

**féastaím**, vn. **féastú**, verb. (f'ias'ti:m', f'ias'tu:) to feast.

**féastathach**, m. (gs. **féastathaigh**) (f'ias'təhəx) one making merry or feasting.

**féastú**, vn. ⇒**féastaím**.

**féastúchán**, m. (gs. **féastúcháin**) (f'ias'tu:xə:n) feasting, the habit of feasting or carousing.

**feiceadóir**, m. (gs. **feiceadóra**, npl. **feiceadóirí**) (f'ik'ə'do:r', f'ik'ə'do:r'i:) overseer.

**feiceáil**, vn. ICS. ⇒**chím; feiscint**.

**feiceóir**, m. (gs. **feiceóra**, npl. **feiceóirí**) (f'ik'o:r', f'ik'o:r'i:) overseer.

**feicf\***, m. (npl. **feicithe**) (f'ik'iə, f'ik'ihi) seer.

**feicim**, verb. ICS. ⇒**chím**.

**feicire**, m. (npl. **feicirí**) (f'ik'ir'i, f'ik'ir'i) overseer.

**féid**, adj. ⇒**féidir**.

**feidhm**, m. (gs. **feadhma**, npl. **feidhmeanna**) (f'əim', f'əim'ənə) 1. function, use, service, work. **I bhfeidhm**, in force, in effect. **Rud a chur chun feidhme**, to put something into operation. **Rud a chur i bhfeidhm**, to put something into effect: *bhí a lán neithe chun na bréige sin do chur i bhfeidhm*, there were many things to make the lie an effective one [PUL1915]. *Ná fuil ann ach díth céille dhóibh bheith ag brath air go bhféadfaidís í chur i bhfeidhm ar an nduine*, that is it just senseless for them to expect to be able to enforce [the agreement] against the man [PUL1904]. *Bhí an ceart agat' athair, ach ní raibh sé ábalta ar an gceart do chur i bhfeidhm id' choinnibh se, agus do scaoil sé leat*, your father was right, but he was unable to insist on the correct form in the face of your questioning, and he let you be

510Check gs.

511The transcription in Shiana does not indicate a stress on the second syllable.

[PUL leit]. **Éagóir a chur i bhfeidhm ar dhuine**, to force something wrong or incorrect on someone. **Margadh do chur i bhfeidhm**, to enforce a deal or bargain. **Do thoil a chur i bhfeidhm ar dhuine**, to work your will on someone, subject someone to your will, do as you please with him. **Cuirim i bhfeidhm ar**, I use or bring (something) to bear against (someone): *dá dtugainn, níor bh' fhéidir dom gan an droch Bhéarla do dhul i bhfeidhm ionam*, if I had [gone there], there would be no way that bad English would not have gone to work on me [PUL1915]. *Do shocaruiheadar ar dhul láithreach agus labhairt leis an atúrnae, agus an dlígh chur i bhfeidhm chun iad féin do chosaint*, they determined to go immediately to talk with the attorney, and arrange for their legal defence [PUL1915]. **Dul i bhfeidhm**, to hit home (e.g. of a shot or volley). **Dul i bhfeidhm ar**, to make an impression on, to affect, have an impact on: *chuaidh eólas ar an gCreideamh i bhfeidhm ortha i ndiaigh ar ndiaigh*, the knowledge of the faith gradually made an impression on them [PUL1907]. *D'á mhéid iad an t-eólas agus an tuísgint agus an éirim aigne, sa phoibílidheacht, iseadh is treise agus iseadh is uaisle an chómhacht, agus iseadh is iomláine a theidhean an chómhacht i bhfeidhm*, the greater the knowledge, understanding and intelligence in the public, the stronger and the more noble that power is, and the more fully the power goes into effect [PUL1907]. **Chuaigh sé i bhfeidhm air**, it dawned on him, he started to realise. **Imithe as feidhm**, fallen out of use. *Maith agus ceart 'á dhéanamh le feidhm nádúra níba mhó 'ná le feidhm dlighthe*, goodness and justice were done from natural inclination more than by the force of laws [PUL1913]. 2. force, strain. *B'éigean do'n chleasaidhe a dhá láimh do chur ar an snáith bhí an feidhm chomh láidir sin air*, the trickster had to put both hands on the thread, so great was the strain on it [PUL1913b]. 3. need, emergency. *Má thagan feidhm i n-ar ghádh congnamh uainn – nár leigidh Dia go dtiocfaidh – ach má thagan, abair leis ná fuil fear sa dúthaigh seo ná h-imireóchaidh a anam go fonnmhar ar son an rígh*, if there arises an emergency where our help is needed – God forbid that it should arise – but if it does, tell him there is no man in this district who would not willingly risk his life for the king's sake [PUL1904]. **Feidhm capaill**, horse-power; one horse-power. **Le feidhm a thola**, by sheer willpower. Note: the genitive **feadhma** is given in PUL1926; DBÓC1933 had **feidhme**.

**feidhmeannach**, m. GCh. ⇒ **feadhmannach**.

**feidhmiúil**, adj. (comp. **feidhmiúla**) (f̥ẽi̯m̥u:l̥, f̥ẽi̯m̥u:l̥ə) effective, functional, forceful.

**feidín**, m. (gs. **feidín**) (f̥ẽi̯n̥) (f̥ẽd̥'i̯:n̥) dry filling, adobe. **Falla feidín**, a wall made of clay of small stones. [DBÓC]

**féidir**, adj. (f̥ẽi̯r̥) (f̥ẽd̥'i̯r̥) possible. **Is féidir liom é a dhéanamh**, with the verbal noun, I can do it. **B'fhéidir**, maybe, often followed by a clause with **go**. Also with **do** in more objective commentary: *tá fhios ag an saoghal nách féidir do leanbh, do gharsún nó do chailín bheag, sláinte cheart a bheith acu nuair a bhíd na fiacala ag leaghadh ar an gcuma san amach as an gceann acu*, the world knows that it is not possible for a child, a boy or a little girl, to be in proper health when their teeth are wasting out of their heads in this way [PUL1915]. *Dá dtugainn, níor bh' fhéidir dom gan an droch Bhéarla do dhul i bhfeidhm ionam*, if I had [gone there], there would be no way that bad English would not have gone to work on me [PUL1915]. Note the meaning of the double negative: *bhíos ag cur na slíghé dhíom soir go dtí gur mheasas nár bh'fhéidir dom gan bheith ag teacht ar Chúm na n-Éag*, I made my way east till I thought that I must be getting near Coomneaneage [PUL1915]. Also note use at the end of a sentence: *bhí tuairim ag na fearaibh go mb' fhéidir go raibh obair throm rómpa, cathana fuilteacha b'fhéidir*, the men thought that maybe there was an important job for them to do, in the form of bloody battles, possibly [PUL1907]. **B'fhéidir é**, perhaps so, that may be so! **B'fhéidir eile (go/ná)**, quite possibly; it is also possible. Sometimes abbreviated as **féid**: *conas is féid, Ar n-aithne féin gan sdad?*, how can we come without delay to a knowledge of ourselves? [PÓL1914]. See also *go mb'é go mbeadh sé fútha*, that it might be underneath them, in DBÓC1940 where **é** is a transcription of **fhé**, an abbreviation of **fhéidir**. See ⇒ **éidir**.

**feighil**, f. (gs. **feighle**) (f̥ẽi̯l̥) (f̥ẽih̥l̥~f̥ẽil̥) care, attention, vigilance. **Bheith i bhfeighil ruda**, to be attending to something. *D'fhan Micil i bhfeighil na h-áite*, Mícheál stayed to look after the place [PUL1904]. **Rud a fheighil**, to look after something. **Feighilt na mbó**, to look after/herd the cows; also **feighil na mba**.

**féile**, f. (gs. **féile**) (f̥ẽi̯le) (f̥ẽ:l̥i) hospitality, generosity. *Bhí féile agus fairsinge i ríghtheighlach Bhriain, agus saidhbhreas agus uaisleacht, thar gach teighlach Árdrígh d'á raibh i n-Éirinn ó aimsir Chormaic mhic Airt*, there was lavish hospitality in Brian's household, and riches and nobility, beyond that of any household of a High King in Ireland since the time of Cormac mac Airt [PUL1907].

**féile**, f. (npl. **féilte/féileanna/féilí**, dpl. **féilbh/féiltibh**) (f̥ẽi̯le, f̥ẽil̥ce/f̥ẽileanna/f̥ẽil̥í) (f̥ẽ:l̥i, f̥ẽ:l̥hi~f̥ẽ:l̥əna~f̥ẽ:l̥i:) 1. vigil; feast-day. 2. party, feast. **Lá féile, lá na féile**, the feast-day, day of the festival. **Laethanta féile**, feast-days. **Lá féile 'chimeád**, to keep a festival. **Lá Fhéile Bríde, Lá 'le Bríde**, February 1st, St Bridget's Day. **Lá Fhéile Muire na gcoinneal sa teampall**, Candlemas, February 2nd. **Lá Fhéile Muire sa Mhárta**, Lady day, March 25th. **Lá Fhéile Pádraig, Lá Fhéil' Pádraig, Lá 'le Pádraig** /l̥a: l̥e: p̥a:dr̥iɡ̥/, March 17th, St Patrick's Day. **Lá Fhéile Míchíl, Lá 'le Míchíl**, September 29th, Michaelmas. **Lá Fhéile Muire, Lá 'le Muire**, March 25th, the Annunciation. **Féile na Cásca**, the Passover. These feast-days ("gale days") were often used as rent-payment dates: *bhí sé ag cur creithnimh isteach 'na gcroidhe go léir, mar ní raibh de ghreim ag éinne acu ach ó fhéile go féile*, it was striking terror in all their hearts, for none of them had long-term possession of their land [DBÓC1933]. **Cíos na féile reatha**, the hanging gale (the custom of allowing six months' grace in payment of rent until a subsequent feast-day or gale day). **Gach ceann féile**, every gale day, once a quarter. **Féile 'chimeád**, to keep or observe a festival. Note: **féile** originally signified the vigil of the feast-day, but now is normally the feast-day itself.

**féiliúil**, adj. (comp. **féiliúla**) (f̥ẽi̯l̥i̯u:l̥, f̥ẽi̯l̥i̯u:l̥ə) regular, punctual. [DBÓC]

**feillbheart**<sup>512</sup>, f. (gs. **feillbhirte**, npl. **feillbhearta**, gpl. **feillbheart**) (fɛall-bɛart/feill-bɛart, fɛall-bɛarta/feill-bɛarta) (f'el'i-v'art, f'el'i-v'artə) foul, treacherous deed.

**feillghníomh**, m. (gs. **feillghnímh**, npl. **feillghníomhartha**) (fɛill-ɣnʲom, fɛill-ɣnʲomɑrtə) (f'el'i-ɣn'i:v, f'el'i-ɣn'i:rhə) foul, treacherous deed. **Feillghníomh a dhéanamh**, to do a foul deed.

**feilmeanta**, adj. (fɛilmɛanta) (f'el'im'əntə) strong, vigorous; elemental; excellent. **Go feilmeanta**, splendidly.

**féiltiúil**, adj. GCh. ⇨ **féiliúil**.

**féin**, pron. (fɛin) (f'e:n~he:n) 1. self. **Tugaim féin an t-airgead dó**, I myself give him the money. **Duine féin**, oneself: *sídh an fhoghluid is aoirde agus is tairbhighe, fíor-aithne ar dhuine féin agus uirisleacht*, this is the highest and most advantageous form of learning: to truly to know and disparage oneself [PUL1914]. 2. even. **Ansan féin/an uair sin féin**, even then. *Ní raibh ag fás uirthi ach fraoch, agus ní puinn dé sin féin a bhí ag fás uirthi*, there was only heather growing on it, and not even much of that was growing on it [PUL1915]. *Ná raibh sé soiléir le feiscint, dá mb'é an creideamh féin é, gur bh'í an Ghaeilinn, i dteannta grásta Dé, do choimeád beó é i gcroíthe na ndaoine?*, wasn't it clear to see, even in the case of the faith, that it was the Irish language, along with the grace of God, that kept it alive in the hearts of the people? [PUL óráid]. 3. one's own. **M'athair féin**, my own father. 4. too. **Tá tigh agam féin**, I have a house too. *Is deise an tslighe dheireannach san féin ná an tslighe roimis sin*, that last way of doing it is actually neater than the former way [PUL leit.]<sup>513</sup> Note: some sources indicate a pronunciation **péin** after m, a case of delentition, but the best authors, such as PUL, eschew incorrect delentition, in print at any rate. Sometimes pronounced and written **héin**, particularly in phrases like **me féin**, **do féin**, etc, and **mo chaipín féin** (see DBÓC1940). See **tu féin** /he:n'/ and **sibh féin** /he:n'/ in LASID. The vowel is often shortened: **me féin**, /m'e f'en'/.

**féinig**, pron. (fɛinʲ) (f'e:n'ig') self. *Do h-innseadh dúinn gur dhein duine acu féinig feall ar an gcuid eile acu*, I was told that one of their own selves had betrayed the rest of them [PUL1915]. Note: this a colloquial Munster form of ⇨ **féin**. TÓD1931 shows this can be /p'e:n'ig'/ after a labial (**m'ainm péinig**).

**féinní**, m. (npl. **féinnithe**) (fɛinnʲ, fɛinnʲtʰe) (f'e:ɲ'i:, f'e:ɲ'ihɪ) warrior, soldier; a member of the Fenian warriors.

**feircín**, m. (npl. **feircíní**) (fɛircín, fɛircínʲ) (f'er'k'i:n', f'er'k'i:n'i:) ferkin.

**féire**, m. (npl. **féirí**) (fɛire/fɛiɔre, fɛiri/fɛiɔri) (f'əi'r'i, f'əi'r'i:) pair. **Féire bróg**, a pair of shoes.

**feire**, m. GCh. ⇨ **iora**.

**feirm**, f. (gs. **feirme/feirmeach**, npl. **feirmeacha**) (fɛirm, fɛirmeɑɑ) (f'er'im', f'er'im'əxə) farm. Note: DBÓC1933 and DUL1934 have **feirmeach** in the genitive.

**feirmeoir**, m. (gs. **feirmeora**, npl. **feirmeoirí**) (fɛirmeoir, fɛirmeoirʲ) (f'er'im'o:r', f'er'im'o:r'i:) farmer. Note: LASID shows a broad m.

**feirmeoireacht**, f. (gs. **feirmeoireacht**) (fɛirmeoirɛɑɑ) (f'er'im'o:r'əxt) farming. [AÓL, DBÓC]

**feirmítí**, fpl. (fɛirmítʲ) (f'er'im'it'i:) firmaments. **I bhfeirmítíbh**, at great speed. Note: always used in the plural.

**feis**, f. (gs. **feise**, npl. **feiseanna**) (fɛis, fɛisɛanna, gpl. fɛɑf/fɛis/fɛisɛann) (f'ɛʃ, f'ɛʃə) 1. festival, convention. **Feis na Gaelainne**, Irish-language festival. **Tigh na Feise**, House of Commons (in the British Parliament). 2. feast, supper, an evening's entertainment.

**feiscint**, noun/vn, f. (gs. **feiscint/feiscinte**) (fɛiscin/fɛiscinɛ, gs. fɛiscinɛ) (f'ʃk'int') act of seeing. **Le feiscint**, visible: *ní dóich liom go bhfuil aon rian de thigh Pheig na Croise le feisgint ag an gcrois anois*, I don't think there is any trace left of Peig of the Crossroads' house at the crossroads now [PUL1915]. See ⇨ **chím**. Note: the genitive is usually not given.

**feisire**, m. (npl. **feisirí**) (fɛisire, fɛisiri) (f'ɛʃ'i:r'i, f'ɛʃ'i:r'i:) member of the British parliament.

**feistím**, vn. **feistiú**, verb. (fɛisɛim, fɛisɛuɑɑ) (f'ɛʃ't'i:m', f'ɛʃ't'u:) to arrange, set, lay out. Participle: **feistithe**. [DBÓC]

**feistiú**, vn. ⇨ **feistím**. [DBÓC]

**féith**, f. (gs. **féithe**, npl. **féitheacha/féitheanna**) (fɛitʰ, fɛitʰɛɑɑ/fɛitʰɛanna) (f'e:h, f'e:həxə~f'e:hə) 1. sinew; vein. **Féith óir**, seam of gold. 2. streak, strain, bent, natural leaning. **Féith na foghlama**, a natural inclination towards study. **Gach féith im chroí**, every feeling in my heart. 3. a swampy area of bogland. *Mar a bheadh capall a bheadh i bhféith ná féadfadh a chosa 'chur fé!*, like a horse in a swamp area of bogland who can't stand up [TÓD1931].

**féitheach**, adj. ICS. ⇨ **féithleach**.

**feitheamh**, noun/vn, m. (gs. **feithimh**) (fɛitʰɛɑɑ) (f'ihəv). waiting; expectation. **Ag feitheamh le**, waiting for. **Feitheamh a dhéanamh le rud**, to wait for something. **Táim ag feitheamh go n-éiridh sé**, I am waiting till he gets up. With **féachaint**: *ag feitheamh féachaint an raghainn amach ar an Seana Mhacha*, waiting to see whether I would go out on the old cattle-field [PUL1915]. **An feitheamh do sheasamh**, to bear the wait. Note: **feitheamh** is from an obsolete verb **feithim** whose loss is made up for by **fanaim**.

**féitheog**, f. ⇨ **féithleog**.

**féitheogach**, adj. GCh. ⇨ **féithleógach**.

**feitheoir**, m. GCh. ⇨ **feicire**.

**feithid**, f. GCh. ⇨ **aithid**.

**féithleach**, adj. (comp. **féithlí**) (fɛitʰlɛɑɑ, fɛitʰlʲɛ) (f'e:l'həx, f'e:l'hi:) sinewy, with rugged sinews.

**féithleann**, m. (gs. **féithlín**) (fɛitʰlɛann) (f'e:l'hən) woodbine, honeysuckle. **Féithleann fó chrann**, woodbine wound around a tree.

512Check gender and gs, as this is masculine in the CO.

513Is this a subset of “too” or “also”?



**féithleog**, f. (gs. **féithleoige**, npl. **féithleoga**) (φέιθλεος, φέιθλεογα) (f'e:l'ho:g, f'e:l'ho:gə) sinew, muscle (especially small ones); gristle.

**féithleógach**, adj. (comp. **féithleógai**) (φέιθλεογᾶς, φέιθλεογαίγε) (f'e:l'ho:gəx, f'e:l'ho:gi:) muscular, brawny. [DBÓC]

**fénar**<sup>514</sup>, conj. (φέναρ) (f'e:nər) under which, a combination of the preposition **fé** with the relative particle **a** and the copula: **leabaidh fénar féidir bosca a chur**, a bed it's possible to put a box under. Becomes **fénarb** before a vowel: **crann fénarb áil liom suí síos**, a tree I wish to sit under. **Fénar** is used with lenition with the past-tense copula, becoming **fénarbh** before a vowel: **crann fénar mhaith liom suí síos**, a tree I would like to sit under; **leabaidh fénarbh fhéidir bosca a chur**, a bed it would be possible to put a box under.

**fénarb**, conj. ⇒ **fénar**.

**fénarbh**, conj. ⇒ **fénar**.

**feó**, noun/vn. m. (gs. **feó**) (φεοῖ/φεοῖαδ) (f'o:) withering, decay. **Ar feó**, in decay, withering, in decline. Note: this is generally used by PUL as **ar feó**, but otherwise forms are used of ⇒ **feochaim**; **feochadh**.

**feochadán**, m. (npl. **feochadáin**, gpl. **feochadán**) (φεοῖαδᾶν, φεοῖαδᾶιν) (f'o:xə'da:n, f'o:xə'da:n') thistle.

**feochadh**, vn. ⇒ **feochaim**.

**feochaim**, vn. **feochadh**, verb. (φεοῖαίμ, φεοῖαδ) (f'o:xim', f'o:xə) I wither, decay. Past: **d'fheochas**, **d'fheoch sé**. Future: **feochfad**, **feochfaidh sé**. Imperative: **feoch**. Participle: **feochta** (**feóite**). **Feóchadh amach**, to wither away.

**feochta**<sup>515</sup>, part. (φεοῖγε/φεοῖα) (f'o:xtə) withered, decayed. **Seandúine feochta**, a faded old man. **Bileoga feochta**, withered leaves. **Áit fheochta**, a dry, parched place. See ⇒ **feochaim**.

**feoil**, f. (gs. **feola**) (φειλ) (f'o:l') 1. flesh, meat. **An fheoil a chur suas**, to put on weight. **Ceann feola**, a fleshy head. **Feoil bhríste**, slices of meat, salad meat. **Gach feóil**, all flesh (all humanity). **Feóil muice**, pork. 2. Livestock. **Feóil do mharú**, to kill livestock for meat.

**feoim**, verb. ICS. ⇒ **feochaim**.

**feoirling**<sup>516</sup>, f. (gs. **feoirlinge**, npl. **feoirlingí**) (φειρλίγγ, φειρλίγγι/φειρλίγγεᾶς) (f'o:rl'ín', f'o:rl'ín'i:) farthing.

**feóite**, part. (φεοῖγε/φεοῖα) (f'o:t'i) withered, decayed. See also ⇒ **feochaim**; **feochta**.

**feolaím**, vn. **feolú**, verb. (φειλιγίμ, φειλιγᾶδ) (f'o:'li:m', f'o:'lu:) I wound, cut. Past: **d'fheolaíos**, **d'fheoil sé**. Future: **feolfad**, **feolfaidh sé**. Imperative: **feol**. Participle: **feolaithe**. *A óigfhir nach feóllta do chanas bhérsa*, young man, with no scars, who chants in verse [PUL1915].<sup>517</sup>

**feolmhar**, adj. (comp. **feolmhaire**) (φειλίμᾶρ, φειλίμᾶιρε) (f'o:lvər, f'o:lvir'i) fleshy, fat, flabby.

**feolú**, vn. ⇒ **feolaím**.

**feóras**, m. (gs. **feórais**) (φειράρ) (f'o:rəs) spindle-tree. [DBÓC]

**fhéachaint**, f. ⇒ **féachaint**.

**fí**, adj. (φί) (f'i:) nothing. See ⇒ **spide fí**.

**fí**, noun/vn. m. (gs. as noun **fí**, as vn **fíte**, npl. **fíthe**) (φίγε, φίγτε) (f'i:, f'i:hi) 1, act of weaving. **Obair fhíte**, woven work. 2. web. **Fíthe rúán alla**, spiders' webs. See ⇒ **fm**.

**fia-chat**, m. (npl. **fia-chait**, gpl. **fia-chat**) (φιαῖ-ῥᾶς, φιαῖ-ῥᾶις) (f'ia-xat, f'ia-xat') wild cat.

**fia**<sup>518</sup>, m. (φιαῖ, gs. φιαῖαδ/φιαῖα/φιαῖαδ, ds. φιαῖαδ) (f'ia) Lord, God. Found in the interjection **dar fia** /dar' f'ia/, by Jove! Also **dar fia féin** /he:n'/. **Dar fia ach (go)**: *dar fiadh ach go bhfuil árd-oifigeach díreach ar aghaidh ár ngunnaí-ne amach ag stiúrá na hoibre*, I'll be damned if a senior officer directly facing our guns is not directing the work [DBÓC1933]. Note: usually found as φιαῖ, reflecting a confusion of φιαῖα and φιαῖ, "deer".

**fia**, m. (npl. **fianna**, gpl. **fia**) (φιαῖ, φιαῖνα/φιαῖαίνα, gs. φιαῖα) (f'ia, f'iaə) deer. **Fia fionn**, fallow deer, hart. **Fia rua**, red deer.

**fiabhras**<sup>519</sup>, m. (npl. **fiabhrais**) (φιαβῆρας, φιαβῆραιρ) (f'iaəvərəs, f'iaəvəri) fever.

**fiacail**, f. ICS. ⇒ **fiacal**.

**fiacal**, m. (gs. **fiacaille**, ds. **fiacail**, npl. **fiacla**) (φιακᾶλ, φιακᾶλα) (f'iaəkəl, f'iaəkələ) tooth. **Fiacla bréagacha**, false teeth. **Fiacal nimhe**, fang: *cuirfidh sé, má fhéadan sé é, fiacal nimhe sa láimh a shaor ó'n mbás é*, it will bite with its fang the hand that saved it from death if he can [PUL1931]. **Fiacal rotha**, cog of a wheel. **Fiacla a chur trí rud**, to bit something, pierce something with the teeth. **Teinneas fiacaille (ort)**, toothache. **Fiacal a tharrac**, to pull a tooth. Note **an dá fhiacal** in the dual in PUL's works.

**fiach**, m. (gs. **féich**, npl. **fiacha**, gpl. **fiach**) (φιας, φιαςᾶ) (f'iax, f'iaxə) obligation. Usually used in the plural, with the meaning of "debts". Also cost, price: *agus fiacha a gcod' folá geallta dhó*, with the price on their heads pledged to him [PUL1915]. *Tá fhiachaibh ar gach tír acu cosnamh dlíge a thabhairt dos na ceannaighthibh a thagan ó'n dtír eile*,

514No real examples in Cork literature found. the pronunciation has been checked, but was there a fada over the a in the old script?

515Feochta is attested in PUL1915/2, but why not feochtaithe on the lines of cos-nochtaithe?

516Check pl.

517I think I have identified the right word, although this is not in Dónall's dictionary. Check the real status of this word.

518Does this word exist other than in asseverations? Is the gs and ds known?

519Check pronunciation. Pl: fiabhraisí? fiabhraistí?

each of the countries is required to give legal protection to traders who come from the other country [PUL1907]. **Na fiacha atá orm**, the debts I have contracted. **Fiacha na mbróg**, the price/cost of the boots. **Díol fiach**, the discharging of a debt, retribution (eg, in the religious sense of Jesus' ransom sacrifice). **Díol fiach a dhéanamh**, to make restitution. **Fear na bhfiach**, debtor. **Fiacha ' chur ar dhuine**, to set a price on someone's head. **Fiach a chur suas**, to put up a debt, to contract a debt. **Ar fhiacha**, for a price. **Cuirim d'fhiachaibh ar**, I compel, oblige (this is **cuirim fhiachaibh ar** in PUL, but the phrase generally includes **de**; DBÓC has **cuirim d'fhiachaibh ar**): *'ghá chur 'na luíge orainn go léir go raibh fhiachaibh ar Shéadna í phósadh*, impressing on us all that Séadna was bound to marry her [PUL1904]. **Tá d'fhiachaibh air é a dhéanamh**, he is bound or obliged to do it. Note: confused with the related phrase **cuirim d'fhéachaint ar/cuirim fhéachaint ar**. See ⇒**féachaint**. PUL stated in PUL1926 that the two phrases were distinct: **cur d'fhiachaibh** means "to oblige, or make someone bound, to do something", whereas **cur d'fhéachaint** means "to force someone to do something".

**fiach**, m/f. (gs. **féiche**, npl. **fiacha**) (f<sub>1</sub>iac, f<sub>1</sub>iac<sub>2</sub>) (f'íəx, f'íəxə) raven. Also **fiach dubh** (pl: **fiacha dúbha**). **Fail na bhFiach**, Ravens' Cliff, a minor placename in Co. Cork. **Fiach farraige**, cormorant. **Fiach óche**, night-raven. Note: although **fiach dubh** is masculine, the genitive of **fiach** is **na féiche**.

**fiach**, noun/vn, m. (gs. **fiagh**) (f<sub>1</sub>iaðac) (f'íəx) 1. hunt, pursuit, act of hunting. **Capall fiagh**, hunting horse. **Gadhar fiagh**, hunting dog, hound. **Lá fiagh**, a day's hunting. **Liú fhiagh**, a wild shout, the shout of a huntsman. **Fiach a chur i ndiaidh duine**, to set in motion a hunt or search for someone. **Fiach a dhéanamh**, to hunt. **Rud a dh'fhiach**, to hunt something. **Fiach ar ghiorrae**, pursuit of a hare. **Fiach mada ruaidh**, a fox-hunt. **Ag fiach bheithíoch**, hunting animals. 2. game. **Fiach a dh'fháil**, to find game. See ⇒**fiachaim**.

**fiachaim**, vn. **fiach**, verb. (f<sub>1</sub>iaðacaim, f<sub>1</sub>iaðac) (f'íəxim', f'íəx) I hunt, chase. **Duine a dh'fhiach**, to hunt someone down. **Duine ' dh'fhiach as an dtír**, to hunt someone out of the country. Past: **d'fhiachas, d'fhiach sé**. Future: **fiachfad, fiachfaidh sé**. Imperative: **fiach**. Participle: **fiachta**.

**fiachlach**, adj. (comp. **fiachlaí**) (f<sub>1</sub>iaclac, f<sub>1</sub>iaclaiǵe) (f'íəxələx, f'íəxə'li:) toothed.

**fiagraí**, noun/vn, f. (gs. **fiagraithe**) (f<sub>1</sub>iafraiǵe) (f'íə'r'hi:) inquiry, question. **Lucht fiagraithe**, inquirers. Note: LASID gives /f'íə'r'hu:/. See ⇒**fiagraím**.

**fiagraím**, vn. **fiagraí**, verb. (f<sub>1</sub>iafraiǵim, f<sub>1</sub>iafraiǵe) (f'íə'r'hi:m', f'íə'r'hi:) I inquire of, ask questions of. With **de**. Past: **d'fhiagraíos, d'fhiagraigh sé**. Future: **fiaród, fiaróidh sé**. Imperative: **fiagraigh**. Participle: **fiagraithe**. **An miste dhom a fhiagraí dhíot?** May I ask you?

**fiagraitheach**, adj. (comp. **fiagraithí**) (f<sub>1</sub>iafraiǵeac, f<sub>1</sub>iafraiǵeaiǵe) (f'íə'r'hiəx, f'íə'r'hi:hi:) inquisitive.

**fiagraitheacht**, f. (gs. **fiagraitheachta**) (f<sub>1</sub>iafraiǵeac<sub>2</sub>t) (f'íə'r'hiəxt) curiosity, inquisitiveness.

**fiagraitheóir**, m. (gs. **fiagraitheóra**, npl. **fiagraitheóirí**) (f<sub>1</sub>iafraiǵeoi<sub>1</sub>r, f<sub>1</sub>iafraiǵeoi<sub>1</sub>r<sub>1</sub>) (f'íə'r'hiho:r', f'íə'r'hiho:r'i:) inquirer.

**fiagaf**, m. (npl. **fiagaithe**) (f<sub>1</sub>iaðaiðe, f<sub>1</sub>iaðaiðe) (f'íə'gi:, f'íə'gihi) huntsman, hunter, fowler.

**fiaghabhar**, m. GCh. ⇒ **tragelaphus**.

**faile**<sup>520</sup>, f. (gs. **faile**, npl. **faileacha**) (f<sub>1</sub>iaðǵail/f<sub>1</sub>iaðail, f<sub>1</sub>iaðǵailteac<sub>2</sub>, gs. f<sub>1</sub>iaðǵail) (f'íə'l'i) weeds. **Glanaim ó fhaile**, I weed.

**faileach**, m. (gs. **faillí**, npl. **faillíthe**) (f<sub>1</sub>ial-teac, f<sub>1</sub>ial-tiǵe) (f'íə'l't'əx, f'íə'l't'íhi) latrine, privy.

**fiáin**, adj. (comp. **fiáine**) (f<sub>1</sub>iaðain, f<sub>1</sub>iaðaine) (f'íə'n', f'íə'n'i) wild. *An stail ba mhó agus ba threise agus ba thréine dob' fhéidir a dh'fhághail, agus é bheith ag imtheacht fiain, gan lámh duine do dhul ar a cheann go dtí go mbéadh sé i n-aois a sheacht mbliain, do léimfeadh Caoilte ar a mhuin*, the largest and strongest stallion that could be found, running wild, not under the control of a man's hand until he was seven years of age, Caoilte could leap on his back [PUL1907].

**Imeacht fiáin**, to go wild, to go to excess, to run wild. **Fiáin níos fearr**, much better altogether.

**fiare**, m. (npl. **fiairí**) (f<sub>1</sub>iaðaire, f<sub>1</sub>iaðairí) (f'íə'r'i, f'íə'r'i:) originally a word meaning "hunter", but found in **fiare feá/fide feá**, f<sub>1</sub>iaðaire feáð, harum-scarum, pleasure-seeker, vagrant. **Fide feá buachalla**, young waster. Note: **fiare feá** was a pen-name adopted by DUL.

**fial**, adj. (comp. **féile**) (f<sub>1</sub>ial, féile) (f'íə'l, f'e:l'i) generous, liberal. *Fuaramair rud le n-ithe agus le n-ól go fial*, we got plenty to eat and drink [PUL1915]. **Fial sa déirc le duine**, to be generous in extending charity to someone. *Tugtar dóibh é go fial!*, let it be given to them in spades! [PUL1907].

**príobháid**, f. (gs. **príobháide**, npl. **príobháidí**) (πρῖοβῆαιδ, πρῖοβῆαιδί) (pr'í:va:d', pr'í:va:d'í:) a private place. I **bpríobháid**, in private.

**príobháideach**, adj. (comp. **príobháidí**) (πρῖοβῆαιδεαδ, πρῖοβῆαιδε) (pr'í:va:d'əx, pr'í:va:d'í:) private, secret. **Go príobháideach**, in private. **Áiteanna príobháideacha**, private parts (of the body). See also ⇨ **príobhóideach**.

**príobháideach**, m. (πρῖοβῆαιδεαδ) (pr'í:va:d'əx) found in the dative plural in Deuteronomí 25, **príobháideeachaibh**, man's privates or private parts.

**príobhóideach**, adj. (comp. **príobhóidí**) (πρῖοβῆοιδεαδ, πρῖοβῆοιδε) (pr'í:vo:d'əx, pr'í:vo:d'í:) private, secret. Note: this form is attested in PUL1915, but the general form is ⇨ **príobháideach**.

**príocadh**, noun/vn, m. (gs. **príoctha**) (πρῖοκαδ) (pr'ukə) prick, prod, sting. **Príocadh a thabhairt do dhuine**, to have a dig at someone. See ⇨ **príocaim**. Note: PUL recommended this word in the meaning of bicycle puncture, but it doesn't appear to have entered wider use [PUL ailt 1896].

**príocadóir**, m. (gs. **príocadóra**, npl. **príocadóirí**) (πρῖοκαδοίρ, πρῖοκαδοίρί) (pr'ukə'do:r', pr'ukə'do:r'í:) goad, something that pricks.

**príocaim**, vn. **príocadh**, verb. (πρῖοκαίμ, πρῖοκαδ) (pr'ukim', pr'ukə) I prick. Past: **do phríocas**, **do phríoc sé**. Future: **príocfad**, **príocfaidh sé**. Imperative: **príoc**. Participle: **príoctha**<sup>918</sup>. *Nuair a bhíodh an gort bainte ní fhéadainn dul soir tríd an bpáirc, mar bhíodh na coínliní agus na briogadáin sa choínleach, agus do phríocfaidís mo chosa*, when the corn was harvested, I could not go east through the park, as the cut stalks and prickly stumps were in the stubblefield, and they would prick my feet [PUL1915]. **Do phríoc a chuid cainnte é**, he was stung by what he said.

**príocaire**, m. (npl. **príocairí**) (πρῖοκαίρε, πρῖοκαίρί) (pr'ukír'í, pr'ukír'í:) goad, something that pricks; poker.

**príomh-**, pref. (πρῖομ-/πρῖμ-) (pr'í:v-) prefix meaning prime, first. Note: a distinction was once made, in writing at least, between **príomh-** and **prímh-** in broad and slender environments. **Príomháit**, a chief or main place; **príomhathair**, head of a household (in 1 Paralipomenón 8); **príomhchantaire**, chief singer; **príomhdhán**, chief poem; **príomhdhia**, main/chief god; **príomhfhear**, leader, leading man, chief; **príomhghíúistís**, chief justice or magistrate; **príomh-mhírr**, principal myrrh; **príomhní**, principal (the main part of a debt); **príomhoifceach** (pl. **príomhoifceacha**), chief officer. **príomhpheaca**, a main or chief type of sin; **príomhphríúnsa**, chief prince; **príomhsholamnacht**, main solemnity or festival; **príomhshráid**, main street; **príomhspríd**, a perfect spirit (in Psalm 50); **príomhthaoiseach**, chief captain, general.

**príomh-mhinistir**<sup>919</sup>, m. (πρῖομ-μῖνῖστῖρ) (pr'í:-v'íníj't'ír) prime minister. *Bhí Disraeli 'n-a phríomh-mhinistir nuair a briseadh ticéad Mhichíl Daibhéid*, Disraeli was prime minister when Michael Davitt's probation was cancelled [PUL1915].

**príomhbháicéir**, m. (πρῖομ-βῆαικέιρ) (pr'í:v-va:'k'e:r') chief baker.

**príomhbhuiléir**, m. (πρῖομ-βυιλέιρ) (pr'í:v-vut'l'e:r') chief butler.

**príomhchaptaein**, m. (πρῖομ-καπταεῖν) (pr'í:v-xap'te:n') chief captain (e.g. of the army).

**príomhchathair**, f. (npl. **príomhchathracha**) (πρῖομ-καθεῖρ, πρῖομ-καθεῖρα) (pr'í:v-xahir', pr'í:v-xahəɾəxə) capital city; principal city.

**príomheaglais**<sup>920</sup>, f. (πρῖμ-εαγλαί) (pr'í:-v'agəlíj) mother church, a phrase used in PUL1907 to refer to Armagh as the metropolitical seat of the Irish church.

**príompallán**, m. ICS. ⇨ **trumpallán**.

**prionsa**, m. (npl. **prionsaí**) (πρῖοπηα, πρῖοπηαί) (pr'u:nsə, pr'u:n'si:) prince. **Príúnsaí ar an bpobal**, princes of the people.

**prionsabálta**, adj. ICS. ⇨ **prínseabálta**.

**prionsacht**, f. GCh. ⇨ **príúnsaíocht**.

**prionta**, m. GCh. ⇨ **print**.

**príosún**, m. (npl. **príosúin**) (πρῖορῖν, πρῖορῖν) (pr'í:'su:n pr'í:'su:n') prison. *Do cuireadh isteach sa phríosún é*, he was sent to prison [PUL1915].

**príosúnach**, m. (npl. **príosúnaigh**) (πρῖορῖναδ, πρῖορῖναί) (pr'í:'su:nəx, pr'í:'su:nig') prisoner. **Duine a ghabháil/thógaint ina phríosúnach**, to take someone prisoner. **Príosúnach a dhéanamh de dhuine**, to capture someone, make someone a prisoner.

**príosúnacht**, f. (gs. **príosúnachta**) (πρῖορῖναδτ) (pr'í:'su:nəxt) imprisonment.

**príúnsaíocht**, f. (gs. **príúnsaíochta**) (πρῖοπηαίθεαδτ) (pr'u:n'si:xt) 1. principality. 2. princely status or dignity.

**próca**, m. (npl. **prócaí**) (πρῖοκα, πρῖοκαί) (pro:kə, pro:'ki:) crock, urn. **Próca óir**, a crock of gold.

**prócadóir**, m. (gs. **prócadóra**, npl. **prócadóirí**) (πρῖοκαδοίρ, πρῖοκαδοίρί) (pro:kədo:r', pro:kədo:r'í:) 1. proctor, procurator. 2. financial agent. Note: the proctors were church officials who enforced tithing in Irish history.

**proinn**<sup>921</sup>, f. (gs. **proinne**, npl. **proinnté**) (πρῖοῖν, πρῖοῖν/πρῖοῖνα) (pri:n', pri:n'tí) meal.

918Check pronunciation.

919What is genitive and plural?

920Check the quality of the v.

921Check pl.



**Próinsias**, name. (gs. **Próinséis**) (Πρόινριαν/Πρόινριέιρ) (pro:n'ʃiaj~pro:n'ʃe:j) an Irish male name, equivalent to Francis.

Note: PUL had **Próinsias** in the nominative but DBÓC seems to have had **Próinséis** in all cases.

**promhadh**, m. ICS. ⇨ **fromadh**.

**promhaim**, verb. GCh. ⇨ **fromaim**.

**própitiatórium**, m. (gs. **própitiatóriuim**) (pro:p'it'ia'to:ri'əm) propitiatory, the mercy seat covering the ark of the covenant.

**proselíteach**, m. (npl. **proselítigh/proselíteacha**, dpl. **proselítibh**) (proʃə'l'i:t'əx, proʃə'l'i:t'ig'~proʃə'l'i:t'əxə) proselyte.

**Protastúnach**, m. GCh. ⇨ **Protestúntach**.

**Protestúntach**, m. (npl. **Protestúntaigh**, dpl. **Protestúntaibh**) (Προσταρτύνας, Προσταρτύναις) (pro'tes'tu:ntəx, pro'tes'tu:ntig') Protestant.

**provincia**, m. (gs. **provinciae**) (prə'v'i:ŋk'ie) province.

**Pruiséal**, name. (gs. **Pruiséal**) (Πυρρίελ) (pri'ʃe:l) Purcell, an Anglo-Norman surname.

**pú**, int. (pú) (pu:) a cry of distress, used to attract attention, especially in an insulting sense, where an offence is being committed. Often **pú-ú-ú-ú-ú!**

**puball**, f. (gs. **puible**, npl. **puible/pubaiill**, gpl. **puball**) (pubəll, puible/pubaiil, gs. puible) (pubəl, pib'il'i/pubil') tent, pavilion.

**púca**, m. (npl. **púcaí**) (púca, púcaí) (pu:kə, pu:'ki:) hobgoblin, sprite.

**púca**, m. (npl. **púcaí**) (púca, púcaí) (pu:kə, pu:'ki:) pouch. **Púca padhail**, toadstall, inedible egg-shaped fungus. [DBÓC]

**púdar**, m. (npl. **púdair**, gpl. **púdar**) (púdar, púdar) (pu:də, pu:'dir') powder. **Púdar gunna**, gunpowder. The plural, **púdair**, can mean "ammunition".

**pugargus**, m. (pugəragəs) addax (a kind of antelope).

**púicín**, m. (npl. **púicíní**) (púicín, púicíní) (pu:'k'i:n', pu:'k'i:n'i:) 1. blindfolds, masks. 2. camouflage, deceit. *Nuair a chonaic Béibíonn an ceistiúchán thuig sí ná raibh ann ach púicín*, when Béibíonn saw the questioning, she realised it was just a feint [PUL1907].

**puile-má-liú**, int. (puilliliú) (p'il'i-ma:-'l'u:) hullabaloo; the sound of voices in lamentation.

**puinn**<sup>922</sup>, f. (puinn) (pi:ŋ) a point, particle; much, many, with negative constructions and the genitive. **An bhfuil puinn airgid agat?** Have you got a lot of money? **Níl puinn daoine ann**, there are few people there. **Níl puinn againne ann**, we are few in number. **Níl puinn céille aige**, he hasn't got much sense. **Gan iontaoibh puinn ag duine as duine eile**, without the slightest trust between people. *Bhí sé ana árd, agus do luigheadh an ghaoth go mór ar an gcnuacán nuair a bhíodh aon phuinn nirt inti*, it was very high up, and the wind pressed hard on the hill when there was any strength in it [PUL1915]. *Na daoine do theangbhaidh leis agus do mhothuigh an neart atá 'n-a chuislín ní puinn acu a tháinig uaidh chun an sgéil a dh' innsint*, not many of the people who came into contact with him and who felt the strength in his harm escaped to tell the tale [PUL1907]. **Puinn eile aimsire**, for much longer (in negative constructions): *bhíodh sé coitcheanta anonn 's anall idir an dá chathair ag tabhairt gach aon tsaghas eóluis do rígh Lochlan ar ghnóthaibh na h-Éirean, ar an gcuma 'n-a raibh Brian ag tuitim agus nár bh' fhéidir dó maireachtaint puinn eile aimsire*, he was constantly coming and going between the two cities bringing all sorts of information for the Scandinavian king on the affairs of Ireland, how Brian was declining and could not live much longer [PUL1907]. **Sara raibh a fhios aige, puinn**, before he quite knew. *Do luigheadh an ghaoth go mór ar an gcnuacán nuair a bhíodh aon phuinn nirt inti*, the wind would lean greatly on the hillock if there were any force in it [PUL1915]. Sometimes used in reference to people: **ní thaitheann tarcaisne na croise le puinn**, not many people like the shame of the Cross; *chuirfinn mo cheann ar cheap ná fuil puinn sa logán ná go bhfuil a chúntas acu um an dtaca so*, I would vouch there aren't many people in the valley who don't know about it by now [DBÓC1933]. *Ní fhéadfadh sé bheith puinn níos nua*, it couldn't be any newer [DBÓC1933].

**puins**<sup>923</sup>, m. (gs. **puins**) (puinj) (punj) punch (alcoholic drink).

**pulfon**, m. ⇨ **piótón**.

**punainnín**<sup>924</sup>, m. (npl. **punainníní**) (punnaɪnɪn, punnaɪnɪn) (puni'ŋ'i:n', puni'ŋ'i:n'i:) little sheaf.

**punann**, f. (gs. **punainne**, ds. **punann**, npl. **punanna/punannacha**, gpl. **punann**) (punnaɪn, punnaɪna) (punən, punənə~punənəxə) sheaf. **An deichiú punann**, tithe. **Ag ceangal phunann**, binding sheaves. Note: DBÓC has **punannacha** in the plural in DBÓC1940.

**púnc**, m. (gs. **poinc**, npl. **púncanna**) (ponnc, ponncanna) (pu:ŋk, pu:ŋkənə) a point (in a number of senses, including the vowel points in Hebrew in Ecsodus 6). **I bponc**, in a fix. **Ponc dlí**, a point of law. **In aon phonc amháin aimsire**, in an instant of time. **Ponc do réiteach**, to deal with a point, sort it out. See ⇨ **eo**.

**punt**, m. (npl. **puint**) (púnc, púnc/púnc) (pu:nt, pu:nt') pound. *Tá púnt sa tseachtmhain ag dul do Mhicheál*, Micheál gets a pound a week [PUL1904].

**purgadóireacht**, f. (gs. **purgadóireachta**) (purɣədóireacht/purɣədóireacht) (prugə'do:r'əxt) purgatorial suffering. By extension, purgatory, the cleansing of one's soul. Note: LASID has **prugadóireach** with no final t.

**purgóid**<sup>925</sup>, f. (gs. **purgóide**, npl. **purgóidí**) (purɣóio, purɣóio/purɣóioeada) (pru'gə:d', pru'gə:d'i:) purgative. [DBÓC]

922No gs and npl in meaning of point?

923F in Dinneen's.

924Check gender.

925Check pl.

**púrficáitíó**, s. (pu:r'if'i'ka:t'io) purification.

**pus**<sup>926</sup>, m. (gs. **puis**, npl. **pusa**) (пуф, пуиғ/пуға) (pus, pusə) protruding mouth, pout.

**puth**<sup>927</sup>, m. (gs. **puth**, npl. **putha**, gpl. **puth**) (пуэ, пуэа) (puh, puhə) puff, breath, whiff. *Ansan do mhaoluigh sé go dtí ná h-airigheadh an buachail ach puth beag anois agus airís dé*, then it died down until the boy could only hear a little of it now and then [PUL1907]. **Puth anáilach**, a puff of breath. *Chuir sí puth d'á h-anáil air*, she blew a puff of breath on it [PUL1904]. *Do chuir sé puth dá anáil fé'n mbrobh láir agus shéid sé dá bhais é*, he blew under the middle blade, blowing it off the palm of his hand [PUL1913b]. **Puth gaoithe**, breeze.

**putháil**, f. ICS. ⇨ **putharnach**.

**puthaire**, m. ICS. ⇨ **buthaire**.

**putharnach**<sup>928</sup>, f. (gs. **putharnai**) (пуэарнач) (puhərnəx) act of puffing.

**putóg**, f. (gs. **putóige**, ds. **putóig**, npl. **putóga**) (путог, путога) (pə'to:g, pə'to:gə) intestine. **Putóg Nollag**, Christmas pudding.

**pútón**, m. (npl. **pútónacha**) (пүтөн, пүтөнача) (pu:'to:n, pu:'to:nəxə) python. Note: used in the sense of a "divining spirit" in 1 Samuél 28:8 and 4 Ríthe 21:6.

**pútónach**, adj. (pu:'to:nəx) pythonic.

**R** (R), letter of the alphabet, traditionally called **ruis** руиғ /riʃ/, the elder tree.

**rá**, noun/vn, m. (gs. **rá**, npl. **ráite**) (рэд, рэдце, gs. рэд/рэдэ) (rɑ:, rɑ:'i) saying, sentence, utterance. *Is cuimhin liom gur thug sé dhúinn, aon tráhnóna amháin, an rádh so chun na h-aiste do sgrí air*, .i. "Perseverando vinces," I remember one evening that he gave us this saying to write an essay on, viz. "perserverando vinces" [PUL1915]. *Níor ghéilleas féin riamh do ráidhtibh aoinne gur thug sé geallamhint di*, I myself never yielded to/believed anyone's comments that he had made a promise to her [PUL1904]. **Mo ráite béil**, my statements. *Is é a rádh féin ná deachaidh aon bhitheamhnach riamh fós uatha*, what they themselves say is that no thief has ever escaped their clutches yet [PUL1904]. **A rá** frequently indicates a view on something happening or something that could be said, "considering that, seeing that": *go rabhadar ar buile le feirg, a rádh gur fhéad na Fíiníní a leithéid de sgeón a chur ionta*, that they were crazy with anger [considering] that the Fenians could instil such fear in them [PUL1915]. *Ní fheadar cad é an buadh a bhí sa tseoid úd a thug an bhean chos-nochtaithe do Shéadna agus a rádh gur imthigh an bhuaire mhór chómh tapaigh dhe*, I wonder what special power there was in that jewel the barefoot woman gave to Séadna such that his great sorrow was lifted from him so quickly [PUL1904]. *A rádh gur rug sé am' beathaigh orm mo dhritháir a bheith n-a bheithigheach iompair ag Brian!*, to think that I lived to see the day my brother became a pack animal for Brian! [PUL1907]. **Agus a rá go**, /sə r'a: gəl/, since, seeing that: *cá rabhais i gcathamh na haimsire?, aduairt an gruagach, 's a rá gur theip orm tu fháil?* where were you the whole time?, said the hairy ogre, since I failed to find you? [AÓL1968]. **'Sé sin le rá/b'é sin le rá**, that is to say, in other words. *Is suarach le rádh é*, it's no big deal! [PUL1904]. **Is mór le rá é**, he/it is very important, significant: *bhí an deich gcéad fear ins na h-éidibh práis ar thaobh na Lochlanach, agus do measadh gur mhó le rádh an deich gcéad san, i bhfíothghuin catha, 'ná deich míle des na fearaibh ná raibh ortha ach an "léinteacha sróil"*, there were a thousand men in brass armour on the side of the Vikings, and it was thought those thousand were of more account in the cut and thrust of battle than ten thousand of the men who were just wearing linen shirts [PUL1907]. **Níos mó le rá**, more significant. **Tabhair le rá dhó (go)**, give him reason to say (that), make him realise (that). **Ná bíodh sé le rá orainn go**, let it not be said about us (that). Note: **a rá** and **do rá** are pronounced /ə r'ɑ:, də r'ɑ:/, and **á rá** is pronounced /ɑ: r'ɑ:/. See ⇨ **deirim**.

**rábach**, adj. (comp. **rábaí**) (рэдэч, рэдэчы) (rɑ:bəx, rɑ:'bi:) bold, dashing. **Go rábach**, vigorously (e.g. of walking).

**rábaire**, m. (npl. **rábairí**) (рэдэире, рэдэирі) (rɑbir'i, rɑbi'r'i:) active or dashing person. **Rábaire mná**, a healthy woman, on the go. **Rábaire marcaigh**, dashing horseman[AÓL, AMF]

**rabairne**, f. (gs. **rabairne**) (рэдэирне) (rɑbirn'i) extravagance, wealth.

**rabairneach**, adj. (comp. **rabairní**) (рэдэирнеэч, рэдэирнечы) (rɑbirn'əx, rɑbirn'h'i:) extravagant, luxurious.

**rabhadh**<sup>929</sup>, m. (npl. **rabhaidh**, gpl. **rabhadh**) (рэдэд, рэдэд/рэдэа) (rou) warning. **Rabhadh a thabhairt do dhuine fé rud**, to give someone a warning about something.

**rabharta**, m. (npl. **rabhartai**) (рэдэрта, рэдэртаі) (rouɾtə~rouɾtə, rouɾ'ti:~rouɾ'ti:) spring tide. **Rabharta feirge**, torrent of anger. Note: CFBB shows the medial r may be omitted.

**raca**, m. (npl. **racai**) (рэдэ, рэдэі) (rɑkə, rɑ'ki:) 1. comb; rake. Also **raca gruaige**. 2. rack. **In airde ar raca**, up on a rack.

**racáil**, vn. ⇨ **racáilaim**.

**racáilaim**, vn. **racáil**, verb. (рэдэлаим, рэдэлаі) (rə'kɑ:lim', rə'kɑ:l') to rake. Note: verbal noun attested in Isaiah 7.

**rachmas**, m. (gs. **rachmais**) (рэдэмағ/рэдэмағ) (rɑxməs) wealth, abundance, capital. **Rachmas a dh'fháil**, to gain wealth.

**racht**<sup>930</sup>, m. (gs. **rachta**, npl. **rachtanna**) (рэдэч, рэдэчана) (rɑxt, rɑxtənə) fit, outburst. **Racht gáire do chur asat**, to burst out laughing. **Racht a theacht ort**, to become worked up. [DBÓC]

926Check pl.

927Check gs. Gender is attested. Gs. puth or putha?

928ds?

929Check pl and pronunciation of gs. and npl.

930PSD has rachtaí in the pl.

**rachta**, m. (npl. **rachtaí**) (ραχτα, ραχταί) (raxtə, rax'ti:) rafter; beam.

**radadh**, noun/vn, m. GCh. ⇨ **raideadh**.

**radaim**, verb. ICS. ⇨ **raidim**.

**radharc**, m. (gs. **radhairc**, npl. **radharca/radharcanna**) (ραδαρς, ραδαρςα/ραδαρςαλλα) (rəirk, rəirkə~rəirkənə) 1. vision, sight, a view; the ability to see; eyes; pupil. With **ar**: **radharc ar an tír**, a view of the country. **Radharc a choimeád/choinneáil ar dhuine**, to keep someone in sight. **Coimeád as radharc duine**, to keep out of someone's sight. **A(s) radharc na ndaoine**, out of sight. **Gan rud a leogaint as do radharc**, not to let something out of your sight. **D'imigh sé as a radharc**, he disappeared from sight. **Ó radharc**, out of sight. **Radharc a bheith agat ar rud**, to have sight of something. **Radharc a fháil ar rud/dhuine**, to catch a glimpse of something/someone. **Radharc maith a dh'fháil ar dhuine**, to get a good look at someone. **I radharc**, in view of something (or in a vision): *chómh luath agus tháinig sé i radharc an chearnaigh mhóir*, as soon as he came in view of the large square [PUL1915]. **Nuair a chuas ina radharc**, when I got within sight of it. **Im radharc**, in my sight, within my line of vision. **I radharc daoine**, in open sight. *Níor fheuch sé idir an dá shúil uirthi mar ní raibh radharc aige ach ar shúil léi*, he didn't look straight at her, as he could only see one of her eyes [PUL1904]. **Radharc a shúl**, what he can see, the sight that confronts eyes, the evidence of his eyes: *ba dhóich le duine air gur bh' amhlaidh nár fhéad sé radharc a shúl féin do chreideamhaint*, it would seem he couldn't believe his eyes [PUL1907]. **Radharc a shúl féin a dh'fháil ar rud**, to see something for oneself, with one's own eyes. **De réir radhairc súl**, according to sight. *Níor fágadh aon leus radhairc acu*, they were left with no sight at all [PUL1925]. **Níor bheag de radharc é**, it was quite a sight! **Tá radharc gairid aige**, he's shortsighted. 2. scene in a play.

**radharcach**, m. (gs. **radharcaigh**) (ραδαρςακ) (rəirkəx) someone with sight; the seeing.

**rafaireacht**, f. (gs. **rafaireachta**) (ραφειρεαχτ) (rəfir'əxt) prosperity, a state of being prosperous. **Rud a thabhairt do rafaireachta**, to bring something to fruition: *tar éis blianta fada bheith caithte 'ghá shaothruhadh agus 'ghá thabhairt chun rathmhaireachta*, after long years spent developing it and bringing it to fruition [PUL1915].

**rafar**, adj. (comp. **rafaire**) (ραφειρ, ραφειρι) (rəfər, rəfir'i) prosperous, fruitful, gracious.

**raffle**, s. (rəfəl) raffle.

**ráfla**, m. (npl. **ráflaí**) (ράπλα, ράπλαί) (rə:fələ, rə:fəli:) 1. rumour, report. 2. warbling, chattering. With **ar**, a rumour about something: **ráflaí ar chogaibh**, rumours of wars. **Ráfla a chur amach**, to circulate, set off a rumour. Also **ráfla a chur ar siúl**. **Ráfla a dhul amach**, for a rumour to circulate, go round.

**ragairne**, m. (gs. **ragairne**) (ραγαρινε) (rəgərn'i) revelling, carousing. See ⇨ **ragarnáil**. [DBÓC]

**ragarnáil**, noun/vn, f. (gs. **ragarnála**) (ραγαρναίλ) (rəgər'nə:l') revelling, an act of revelling, going out until the early hours of the morning.

**raic**<sup>931</sup>, f. (gs. **raice**, npl. **raiceanna**) (ραικ, ραίσι) (rak', rak'ənə) row, quarrel. **Tógaim raic**, I create an uproar.

**raicín**, m. (npl. **raicíní**) (ραικίν, ραικίνί) (ra'k'i:n', ra'k'i:n'i:) rake. [LASID]

**raideadh**, noun/vn, m. (gs. **raidte**) (ραδαδ/ραιδαδ) (rad'i) shower, volley (of shots). **Raideadh piléirí**, a volley of bullets. See ⇨ **raidim**.

**raidhfil**, m. GCh. ⇨ **rifle**.

**raidhse**, f. (gs. **raidhse**) (ραδαίρε/ραιδρε) (rəifi) abundance, profusion.

**raidhsiúil**, adj. (comp. **raidhsiúla**) (ραδαίρεαίλ/ραιδρεαίλ, ραδαίρεαίλα/ραιδρεαίλα) (rəi'ju:l', rəi'ju:lə) abundant, plentiful. [TÓD]

**raidim**, vn. **raideadh**, verb. (ραδαίμ/ραιδοίμ, ραδαδ/ραιδαδ) (rad'im', rad'i) I give, bestow; I shower, pelt. Past: **do raideas, do raid sé**. Future: **raidfead, raidfidh sé**. Imperative: **raid**. Participle: **raidte**. Note: usually used in the past tense. *Ó, ambasa, raid leat iad*, Oh, give her as many as you like [PUL1904].

**ráil**, f. (gs. **rálach**, npl. **ráileanna/rálacha**) (ράιλ, ράιλεαλλα/ράλαχα) (rə:l', rə:l'ənə~rə:ləxə) rail, railing. **Ráil altórach**, an altar rail. Note: PUL had **ráileanna**; DBÓC **rálacha**.

**ráille**, m. ICS. ⇨ **ráil**.

**ráiméis**, f. (gs. **ráiméise**, npl. **ráiméisí**) (ράίμειρ, ράίμειρί) (rə:'m'e:ʃ, rə:'m'e:ʃi:) nonsense, nonsensical talk. **Cuir uait an ráiméis**, stop talking nonsense! **Ráiméis, a dhuine!**, nonsense, man! Note: often used in the plural, **ráiméisí**.

**raiméis**, f. ICS. ⇨ **ráiméis**.

**raímhdeas**, m. (gs. **raímhdis**) (ρειμήδαρ) (ri:d'əs) thickness, fatness. **Dul i raímhdeas**, to grow thick. A variant of ⇨ **raimhre**.

**raimhre**, f. (gs. **raimhre**) (ρειμήρε) (ri:r'i) thickness, fatness. *Trí nó a ceathair de throighthibh ar raimhre ar gach aon tslígh*, three or four feet thick in every way [PUL1915]. **Dul i raimhre**, to get fat.

**ráiníonn**, defective verb. (ριγιμ) (rə:'n'i:n) to happen. Usually found impersonally with **do**: **ráinig dom bheith ann/do ráinig go rabhas ann**, I happened to be there. **Do ráinig don lá a bheith ana-bhreá**, the weather happened to be very fine. *Ach ráinigheann d'á lán daoine bheith ag éisteacht go minic leis an Soisgéal agus ná cuirid siad puinn suime ann, toisg gan intinn Chríost a bheith acu*, but many people happen to listen frequently to the Gospel and do not pay any attention to it, because they do not have the mind of Christ [PUL1914]. **Dá ráineadh/ráiníodh iad a bheith ann**, if they should be there. **Níor ráinig éinne muirín acu**, they didn't happen to have any children. **Conas a ráinig san ar dtús**, how that came about in the first place. *Do ráinig an comhrádh so i mbothán ar chliathán cnuic i gConntae Thiobrad*

*Árann san mbliain d'aois Ár dTiarna 1854*, this conversation took place in a hut on a hillside in Co. Tipperary in the year of our Lord 1854 [DBÓC1933]. **Do ráinig se greannúr go maith**, it happened in a rather funny way. **Do ráineódh go mbeidís ann**, they might be there. Past: **do ráinig sé** oo ráinigis ré /də r'a:n'ig'/. Future: **ráineoidh**. *Ní chuirfeadh sé blúire iongnadh orm, dá mba rud é go dteipfeadh an gnó so uirthi, dá ráineóchadh go bhfágfadh an duine uasal so Baile Átha Cliath ar an mbóthar aici*, it wouldn't surprise me in the least if the thing fell through, if it transpired that the gentleman left her in the lurch [PUL1904]. Note: this now rare verb is mainly used in the impersonal. The only forms attested in PUL's works are **ráinig**, **ráiníonn**, **ráineódh** and **dá ráiníodh**. A number of other forms (subjunctive, verbal noun, etc) are listed in PSD1927, but are extremely obscure and not attested.

**ráiteas**, m. (npl. **ráitis**) (ράιτέας, ράιτέις) (ra:t'əs, ra:t'ij) statement. [DBÓC]

**ráithe**<sup>932</sup>, f. (npl. **ráithí**) (ράιτέε, ράιτέϊ/ράιτέεας/ράιτέεαννα, dpl. ράιτέϊβ) (ra:hə, ra:'hi:) season, three months. **Ráithe an tsamhraidh**, the summer. *Púnt sa rátha*, a pound a quarter [PUL1915]. Often singular: **trí ráithe**, three seasons, nine months.

**ráithín**, m. (npl. **ráithíní**) (ράιτέϊν, npl. ράιτέϊνί) (ra:'hi:n', ra:'hi:n'i:) small ring-fort.

**rámh**<sup>933</sup>, m. (gs. **rámha**, npl. **rámhaí**) (ράμη, ράμηα/ράμηαι) (rā:v, rā:'vi:, gs. rā:) oar. **Fear rámha**, oarsman. **Bata rámha**, oar. Also **maide rámha**.

**rámhadh**, vn. ⇨ **rámhaim**.

**rámhadóir**, m. (gs. **rámhadóra**, npl. **rámhadóirí**) (ράμηδοίρ, ράμηδοίρϊ) (ra:'do:r', ra:'do:r'i:) rower, oarsman.

**rámhaí**, m. GCh. ⇨ **rámhadóir**.

**rámhailliú**, noun/vn, m. (gs. **rámhaillithe**) (ράμηαίλιου) (ra:v'il'u:) act of raving.

**rámhaím**, verb. GCh. ⇨ **rámhaim**.

**rámhaim**, vn. **rámhadh**, verb. (ράμηαιμ, ράμηαδ) (ra:m'. ra:) to row.

**rámhainn**, f. ICS. ⇨ **rámhann**.

**rámhaíocht**, vn. GCh. ⇨ **rámhadh**.

**rámhann**, f. (gs. **rámhainne**, ds. **rámhainn**, npl. **rámhainní**) (ράμηαν, ράμηαννί, gs. ράμηαινε, ds. ράμηαινν) (rā:n, rā:'h'i:, gs. rā:h'i) spade; spade-length (as a measurement of land). **Satait na rámhainne**, the step of the spade.

**ramhar-chíos**, m. (ραμήαρ-χίος) (rāur-'x'i:s) extortionate rent.

**ramhar**<sup>934</sup>, adj. (gsm. **ramhair**, comp. **raimhre**, dsf. **ramhair**, npl. **ramhra**) (ραμήαρ/ραμήαρ, ρεήρη/ρεήρη, gsm. ρεμήαιρ/ρεμήαιρ) (rāur, rī:'r'i, gsm. rī:'r') thick, fat. **Bainne ramhar**, thick milk. **Súsa ramhar**, a thick rug. *Bíodh doircheacht ar thalamh na h-Éigipte, chómh ramhar san go bhféadfar é mhothú*, may there be darkness upon the land of Egypt, so thick that it may be felt [Ecsodus 10:21].

**ramhar**, m. (gs. **ramhair**) (ραμήαρ/ραμήαρ) (rāur) the thick part of something. **Ramhar a shliasta**, the thick part of his thighs. **Ramhar na cré**, the thickness of the earth (in Psalm 140).

**rámhlong**, f. (npl. **rámhloingeas**) (ράμη-λονγ, ράμη-λοινγεας) (ra:v-lu:ng, ra:v-lin'əs) galley.

**ramhraím**, vn. **ramhrú**, verb. (ραμήρραιμ, ρεμήρραιδ) (rau'ri:m', rau'ru:) I fatten, thicken. Past: **do ramhraíos**, **do ramhraigh sé**. Future: **ramhród**, **ramhróidh sé**. Imperative: **ramhraigh**. Participle: **ramhraithe**.

**ramhrú**, vn. ⇨ **ramhraím**.

**rampar**, m. (npl. **rampair**) (ραμπαρ, ραμπαρϊ) (raumpær, raumpir') rampart. [DBÓC]

**rang**, m. (gs. **ranga**, npl. **ranga**) (ρανγ, ρανγ) (raunγ, ranγ) class; row; rank.

**rann**<sup>935</sup>, m. (gs. **rainn**, npl. **ranna**, gpl. **rann**) (ρανν, ρανν/ραννα, gs. ρανν/ραννα) (raun, ranə, gs. ri:'h') 1. verse. **Rann a ghabháil de mheabhair**, to recite a verse from memory. 2. division, partition, portion.

**rannpháirteach**, adj. (ρανν-φάιρτεαδ) (raunfa:rt'əx) partaking, participating. **Rannpháirteach i rud**, sharing in something: *go dtiocfadh linn bheith ranpháirteach sa n-ídhbirt a chuir sé i gcrích ar chnuc Chalbherí*, that we might share in his sacrifice he accomplished on the hill of Calvary [PUL1921].

**raon**<sup>936</sup>, m. (gs. **raoin**, npl. **raonta**) (ραον, ραοιν) (re:n, re:ntə) range. *Do tharla éan faraige bheith ag gluaiseacht fan an ghleanna thall, lasmuich, dar le n-a raibh láithreach, de raon aon urchair*, there happened to be a seabird flying through that side of the valley, beyond the range of any shot, or so thought all who were present [PUL1907]. **As raon na gcluas**, out of earshot. **Laistigh de raon na gunnaí**, within the range of the guns.

**rás**, m. (gs. **ráis**, npl. **rásanna/ráiseanna**, gpl. **rás**) (ράς, ράσαννα) (ra:s, ra:sənə) race. **Rás na gcapall**, horserace. **Rás na nGael**, the Irish race. **Rás a rith**, to run a race. **Capall ráis**, a racehorse. **Dul isteach ar na rásannaibh**, to enter the races. Note: DUL1934 has **ráiseanna** in the plural.

**rásáil**, vn. ICS. ⇨ **rástáilaim; rástáil**.

**rásáilaim**, verb. ICS. ⇨ **rástáilaim**.

**rascaí**<sup>937</sup>, m. (gs. **rascail**, npl. **rascaill**) (ρασκαί, ρασκαί) (raskil', raski'l'i:) rascal.

932Check the npl and dpl. Why ráithibh and not ráithibh?

933Check pl. Check pronunciation.

934Check all forms.

935Check gs and npl.

936Check pl.

937Check pl.

**rástáil**, noun/vn, f. (gs. **rástála**) (ῥάστᾱιλ) (rɑ:'stɑ:l') striding, racing. *Nuair a bhí greas rástála déanta aige do stad sé ar aghaidh na Banríghne amach*, when he had strode around for a bit, he stopped in front of the Queen [PUL1907]. See ⇒**rástálaim**.

**rástálaim**<sup>938</sup>, vn. **rástáil**, verb. (ῥάστᾱλᾱιμ, ῥάστᾱιλ) (rɑ:'stɑ:lim', rɑ:'stɑ:l') I stride, race. Past: **do rástálas, do rástáil sé**. Future: **rástálfad, rástálfaidh sé**. Imperative: **rástáil**. Participle: **rástáilte**.

**rásúr**<sup>939</sup>, m. (ῥᾱῡῥ) (rɑ:'su:r) razor.

**ráth**<sup>940</sup>, m. (gs. **rátha**, npl. **ráthanna**) (ῥᾱṯ, ῥᾱṯ/ῥᾱṯᾱṽᾱ, gs. ῥᾱṯᾱ) (rɑ:h, rɑ:həne) ringfort, earthen rampart. **Ráth Chormaic**, Rathcormack, Co. Cork. **wAn Ráth**, Ráth Luirc or Charleville, Co. Cork. **An Ráth Mór**, Rathmore, Co. Kerry.

**rath**, m. (gs. **ratha**) (ῥᾱṯ) (rɑh) good luck, bounty, prosperity. **Cuirim rath ar**, I prosper, bless, cause to succeed or flourish. **Go gcuiridh Dia an rath ort**, God favour thee! **Gan rath ort!**, may you fail, may you have bad luck! **Gan rath air!**, damn it!, confound it! *Ní bhíon an rath ach mar a mbíon an smacht*, there is no favourable result where there is no discipline [a saying along the lines of "spare the rod and spoil the child"] [PUL1904]. *Bhí sé daingean i n-aighe na ndaoine, aoinne ná taisbeánfadh an uraim sin do'n dlígh ná béadh an rath air*, the people realised that he who could not show the same respect for the law could not flourish [PUL1907]. *Iarraim ort, mar is maith leat an rath a bheith ar do chlainn féin i sin do chosaint ar dhíobháil!*, I am asking you to protect her from harm just as you would wish your own children to be well [PUL1913].

**rational**, s. (rat'io'nal'i) rational, a Latin term for the hoshen or breastplate worn by the Hebrew high priest.

**ré-bhéiseach**, adj. (ῥεῖῶ-βέδᾱῥᾱṯ) (re:'v'iasəx) of easy morals. [DBÓC]

**ré-nósach**, adj. (ῥεῖῶ-ἠῶῥᾱṯ) (re:'no:səx) of easy manners. [DBÓC]

**ré**<sup>941</sup>, f. (npl. **réanna**, gpl. **ré**, dpl. **réannaibh/réithibh**) (ῥε, ῥεῖῶᾱṽᾱ, gs. ῥε/ῥεῖῶᾱ, ds. ῥε/ῥεῖῶ) (re:, re:nə) interval, month (literary); moon. **Uair sa ré**, once a month. **Gach aon ré sholais**, constantly, at every opportunity, every minute of the day. **Roim ré** /rim' r'e:~rim' re:/, in advance, beforehand. **Rud do bhreithniú roim ré**, to forecast something. **Rud d'insint roim ré**, to foretell something. **An oíche roim ré**, the previous night. **An lá roim ré**, the previous day. **An tráthnóna roim ré**, the previous evening. **Lem ré**, during my lifetime, in my time. **Ré aithrí**, time to repent. **Ré nua**, new moon. **Solas na ré**, the moonlight. **Ré lán**, full moon.

**ré**, f. ICS. ⇒**réidh**.

**re**, prep (ῥε/ῥε) (rə) along, by, against, towards. **Ollamh re dán**, a master-poet. Note: an archaic word, whose meaning is now covered by ⇒**le**. Occasionally used in PUL's works, particularly in archaizing contexts; see PUL1913b.

**re**, pron. (ῥε) (r'i) second, found in the phrase **gach re**<sup>942</sup> /g'axir'i/, every other, every second, with eclipsis. **Gach re seachtain**, every other week. **Gach re sea**, alternatively, every second time; **gach re sea a thabhairt do dhuine**, to answer someone back. Eclipses; *gach 're mbuille i gcoinnibh buailteóra eile*, by alternative blows in tandem with another thresher [PUL1915]. *Ba ghnáth leis a lán d'á aimsir a chaitheamh mar sin 'na sheasamh sa doras agus a ghuala leis an ursain, agus é ag feuchaint síos an bóthar agus suas an bóthar, síos an bóthar agus suas an bóthar, gach re dtamall*, he was accustomed to spending much of his time like that, standing in the doorway, with his shoulder against the doorpost, looking up and down the road by turns [PUL1904]. **Gach re dtamall**, by turns. **Gach re dturas**, alternately.

**ré**, vn. ⇒**réim**.

**réabadh**, vn. ⇒**réabaim**.

**réabadóir**, m. (gs. **réabadóra**, npl. **réabadóirí**) (ῥεᾱḃᾱḃᾱḃᾱṽᾱ, ῥεᾱḃᾱḃᾱṽᾱṽᾱ) (re:bədo:r', re:bədo:r'i:) wrecker, destroyer. [DBÓC]

**réabaim**<sup>943</sup>, vn. **réabadh**, verb. (ῥεᾱḃᾱṽᾱ, ῥεᾱḃᾱḃ) (re:bim', re:bə) 1. I tear, rip up. **Bearna a réabadh isteach in áit**, to tear a gap (e.g. in a fence) go get in somewhere. 2. I violate. *A radh gur bh' é rud a bhí uainn 'há talamh gan chíos a thabhairt dos na feirmeóiribh, agus go raobfadh san an seachtmhadh aithne*, saying that what we wanted was to give the land rent-free to the farmers, and that that would violate the seventh commandment [PUL1915]. **Réabadh reilige**, sacrilege, violation of a graveyard: *ansan do taisbeánadh dó gach lot agus gach raobadh-roilge d'ár dhein na Lochlanaigh an fhaid a bhíodar ann*, then he was shown all the damage and sacrilege done by the Vikings while they were there [PUL1907]. Past: **do réabas, do réab sé**. Future: **réabfad, réabfaidh sé**. Imperative: **réab**. Participle: **réabtha**.

**reacaire**, m. GCh. ⇒**reiceadóir**.

**recht**, f. (gs. **reachta**, npl. **reachta**) (ῥεᾱṯ, ῥεᾱṯᾱ) (rɑxt, rɑxtə) law, statute, decree. **Reacht a chur amach**: to promulgate a decree. *Do thuig sgoiláirí na n-lúdach go raibh an t-am ann tímpal na h-aimsire 'n-ar cuireadh an recht so amach*, the Jewish scholars knew that the time was at hand around the time the decree was issued [PUL1910]. **Reacht a dhéanamh**, to make a decree. **Fé recht**, by decree, by ordinance.

**rechtadh**, vn. ⇒**rechtaim**.

938I only found the verbal noun, not the verb. Check.

939check gs, npl.

940plural?

941Check pl.

942Check pronunciation. Shiana has gachara.

943Check participle.

**reachtaim**, vn. **reachtadh**, verb. (ρεάτταιμ, ρεάτταδ) (raxtim', raxtə) to decree, enact. Present: **reachtaim**, **reachtann sé**. Past: **do reachtadar**. See also ⇨ **reachtaim**.

**reachtaím**, vn. **reachtú**, verb. (ρεάτταιξιμ, ρεάτταξιδ) (rax'ti:m', rax'tu:) to decree, enact. Past: **do reachtaíos**, **do reachtaigh sé**, **do reachtaíodar**. Participle: **reachtaíthe**. See also ⇨ **reachtaim**.

**reachtaire**, m. (npl. **reachtairí**) (ρεάτταιρη, ρεάτταιρί) (raxtir'i, raxtir'i:) administrator, rector, agent; steward (in PUL1909).

**reachtú**, vn. ⇨ **reachtaim**.

**réadúit**, s. (re:'du:t') redoubt. [DBÓC]

**réal**<sup>944</sup>, m. (gs. **réil**, npl. **réalacha**) (ρέαλ, ρέαλαδα) (re:l, re:ləxə) sixpence. **Dhá réal scilling**, it is six of one and half a dozen of the other.

**réalt**, f. (gs. **réilte**, ds. **réalt**, npl. **réalta**, gpl. **réalt**, dpl. **réaltaibh**) (ρέαλτ, ρέαλτα) (re:hl, re:lhə) star. **Réalt eolais**, guiding star, leading light. **Réalt na maidine**, the day star. **Réilte na maidine**, morning stars. **An réalt nóna**, the evening star. **Réalt an tsolais**, the daystar. Note: usually ⇨ **réiltín** in Cork Irish.

**réalta**, f. ICS. ⇨ **réalt**.

**réaltach**, adj. GCh. ⇨ **réiltheanach**.

**réaltann**, f. (gs. **réaltainne**, ds. **réaltainn**, npl. **réaltanna**, gpl. **réaltann**) (re:lhən, re:lhənə) star. *A Réultan na maidne, guigh orainn*, morning star, pray for us [PUL1921]. Note: **réilteanna** is found in the nominative plural in Daniel 12 and **réilteann** in the genitive plural in Psalm 146. See ⇨ **réiltín**.

**réaltealaín**, f. (ρέαλτ-εαλαδαίν) (re:hl-ə'li:n') astrology. **Lucht réaltealaín**, astrologers.

**réaltóir**, m. (gs. **réaltóra**, npl. **réaltóirí**) (ρέαλτόρη, ρέαλτόρη) (re:l'ho:r', re:l'ho:r'i:) astrologer, stargazer.

**réamhfios**, m. ICS. ⇨ **roimheolas**.

**Réamoinn**, name. (Ρέαμοινν) (re:miŋ') the Irish surname Redmond, associated with Co. Wexford and originating with the Norman surname Raymond.

**reanga**<sup>945</sup>, m. (npl. **reangaf**) (ρεαγγα, ρεαγγαί) (raŋə, ra'ŋi:) ridge, hill-ridge. Also **reanga carraige**. [DUL]

**reann**<sup>946</sup>, f. (npl. **reanna**, gpl. **reann**) (ρεανη, ρεανηα) (raun, ranə) star, constellation. **Reann réilteann**, star constellation.

**reannach**, adj. (comp. **reannaf**) (ρεανηαδ, ρεανηαιζε) (ranəx, ra'ni:) pointed, bevelled, grooved.

**reannrealt**, f. (ρεανη-ρέαλτ) (raun-re:hl) constellation.

**réasún**, m. (npl. **réasúin**, gpl. **réasún**) (ρέαγύν, ρέαγύν) (re:'su:n, re:'su:n') reason. **Ní... ar aon tsaghas cleas ná réasún**, not on any account or for any reason. *An uile dhuine gur thug Dia ciall agus résún dó*, everyone given sense and reason by God [PUL1910].

**réasúnta**, adj. (ρέαγύντα) (re:'su:ntə) reasonable, moderate. *Do labhair sí chómh cneasta leis agus chómh résúnta gur chuir sí a aigne chun suaimhnis i dtaobh an tuathail a bhí déanta aige*, she spoke so gently and reasonably to him that she put his mind at rest about the blunder he had committed [PUL1907]. **Bheith níos réasúnta chun rud a dhéanamh**, to be more reasonable/lenient about doing something.

**reathaf**, m. (npl. **reathaithe**) (ρεαθαίθε, ρεαθαίθε) (ra'hi:, rahihi) runner.

**regio**, s. (dpl. **regionaibh**) (reg'io) region.

**réic**<sup>947</sup>, m. (npl. **réicí**) (ρέικ, ρείκελπηα) (re:k', re:'k'i:) rake, rover. [AMF]

**réice**<sup>948</sup>, m. (npl. **réicí**) (ρέικε, ρείκελπηα) (re:k'i, re:'k'i:) rake, rover.

**reiceadóir**, m. (gs. **reiceadóra**, npl. **reiceadóirí**) (ρεικεαδóρη, ρεικεαδóρη) (rek'ə'do:r', rek'ə'do:r'i:) auctioneer, seller. [DBÓC]

**réidh**, adj. (comp. **réidhe**) (ρέιð, ρείðε) (re:g', re:) 1. quiet, low of voice. **Eist réidh**, keep quiet! 2. ready. **Réidh chun**, ready to, about to: *bhí sé leaththa ar fuid na dúithe go raibh Séadna réidh chun a phósta*, it was spread throughout the area that Séadna was to be married [PUL1904]. **Réidh rianta**, ready and in order. 3. level. **Gleann réidh**, a valley with a gentle slope. 4. smooth, plain. 5. finished. **Táim réidh leis an obair seo**, I am finished with this piece of work. *Táim réidh anois murab ionann a's riamh*, I am done for now like I never was before [PUL1904]. **Táim réidh leat**, I'm rid of you, done with you. 6. calm, even-tempered: *dhéanfadh Sadhbh an gnó go maith, b'fhéidir, dá mbéadh sí pósta ag fear réidh daingean stuama de shaghas Shéadna thuas ansan*, Sadhbh would do well, perhaps, if she were married to an even-tempered, firm and well-balanced man like Séadna up there [PUL1904]. 7. easy. **Go réidh**, quietly, mildly; readily. **Go breá réidh**, really easily. **Duine a ghlacadh réidh**, to go easy on someone, treat someone gently. **Glac réidh an scéal**, take it easy! *Níor labhair an duin'usal riamh léi mar gheall air, agus dá labhradh ní ró-réidh a glacfí a chaint*, the gentleman had never spoken to her about it, and if he had his words would not have been accepted too readily [PUL1922b]. **Duine a ghlacadh go réidh**, to deal carefully with someone, avoid ruffling his feathers. As an interjection: **go réidh!**, careful now! **Siúl go réidh**, to walk slowly, tread lightly.

**réidh**, f. (gs. **réidhe**, npl. **réithe**) (ρέιð, ρείðε) (re:g', re:hi, gs. re:) moorland, heather plain. **Barra na Réidhe**, Moorland's Edge, a minor placename in Co. Cork. Note: the plural is attested in PUL1907.

**reigleáilte**, adj. ICS. ⇨ **reigleáita**.

944Dinneen says also f with gs réalach. Check.

945PSD indicates it was the same word as ranna, shoe-welt?

946PI reannta: gs rinne/reanna:? Gender?

947Check pl.

948Check pl.

**reigleálta**, adj. (ρείγλεᾶλτα) (reg'í'l'a:lhə) regular. [DUL]

**réileán**<sup>949</sup>, m. (npl. **réileáin**) (ρείϐλεᾶν, ρείϐλεᾶιν/ρείϐλέιν) (re:'l'a:n, re:'l'a:n') level area, green, lawn.

**reilig**, f. (gs. **reilige**, npl. **reiligí**) (ρείλιγ/ρείλιγ, ρειλγί/ρειλγί) (rel'ig'~ril'ig', rel'ig'i:~ril'ig'i:) graveyard, churchyard. **Cloch reilige**, gravestone. **Réabadh reilige**, sacrilege, violation of a graveyard: *ansan do taisbeánadh dó gach lot agus gach raobadh-roilge d'ár dhein na Lochlanaigh an fhaid a bhíodar ann*, then he was shown all the damage and sacrilege done by the Vikings while they were there [PUL1907].

**réilt**, f. (gs. **réilte**, ds. **réilt**, npl. **réilte**, dpl. **réiltibh**) (ρέιλτ, ρέιλτα) (re:hl', re:l'hi) star. **Réilt an lae**, the daystar. Also **réilt sholais**. Note: usually ⇒ **réiltín** in Cork Irish.

**réiltheanach**, adj. (compl **réiltheanaí**) (ρείλτεᾶνναῖ, ρείλτεᾶνναίγε) (re:l'hənəx, re:l'həni:) starry, starlit. [DBÓC]

**réiltín**, f. (npl. **réiltíní**) (ρείλτίν, ρείλτίνί) (re:l'hi:n', re:l'hi:n'i:) star. *Solas éigin ar lasadh agus ar crith, mar bhéadh réiltín, oídheche sheaca*, some kind of light glowing and twinkling like a star on a frosty night [PUL1904]. See ⇒ **réalt**. **Réiltíní ar an aer, ar aon spéir**, stars in the sky. **Réiltín an aireabail**, comet. Note: attested as feminine in PUL1924.

**réim**<sup>950</sup>, f. (gs. **réime**, npl. **réimeanna**) (ρέιμ, ρέιμε/ρέιμεᾶννα, gs. ρέιμε) (re:m', re:m'ənə) 1. sway, authority; reign, period in power. I **réim**, in power, in authority, holding sway. **Teacht i réim**, to come to power. **Réim chlu a dh'fháil**, to gain authority and repute. **Lasmuigh dá réim**, beyond his reach, beyond someone's power or authority. **Réim a ghabháil**, to come to power, begin to reign. **Réim rí do ghlacadh**, to come to power as king, take royal authority. 2. force of men (larger than a **buíon**). **Gach réim um á ríoga**, each force accompanying their noble leaders.

**réim**, vn. **ré**, verb. (ρείϐιμ, ρείϐεᾶδ) (re:m', re:) to settle, agree with. Note: this is a variant of ⇒ **réitím**, forms of which are more commonly found. However, **réifidh** in the future is found in PUL1914.

**réimhe**, adj. (ρείμη) (ri:) fattest, thickest. Note: a comparative with no corresponding non-comparative adjective. But see ⇒ **raímhre**. [DBÓC]

**réimím**, vn. **réimiú**, verb. (ρέιμιζιμ, ρέιμιζᾶδ) (re:'m'i:m', re:'m'u:) to reign. **Réimiú ar (ríocht)**, to reign over a kingdom. Past: **do réimíos, do réimigh sé**. Future: **réimeód, réimeóidh sé**.

**réimiú**, vn. ⇒ **réimím**.

**réimiúil**, adj. (comp. **réimiúla**) (ρέιμεῦιλ, ρέιμεῦιλᾶ) (re:'m'u:l', re:'m'u:lə) stately, imposing, glorious, holding sway.

**réir**, f. (ριᾶρ/ρέιρ) (re:r') service, treatment; will, desire. **Réir Dé a dhéanamh**, to serve God. **Réir aitheanta Dé do dhéanamh**, to do the bidding of God's commandments. **Réir a dhéanamh**, to obey. **De réir** with the genitive (often **do réir**), in accordance with: **ag obair de réir na seachtaine**, working by the week. **De réir chirt**, as is right. **De réir choróin an t-unsá**, at a rate of five shillings ("a crown") to the ounce. **Dem réirse**, in accordance with my commands. **Dá réir**, accordingly. **Dá réir sin/den réir sin**, therefore, according to that, if that be so, in that case. With **mar** and a subsequent clause: *do réir mar a airighim*, from what I have heard, according to what I have heard. **De réir mar 'mheasas**, as it seemed to me, as far as I could work out. **De réir aimsire**, in due season. **De réir a aoirde**, in terms of his height. **De réir a chéile**, in agreement, with regularity, in due order. *Ach nuair fheuchfá ar a aghaidh i n-aonfheacht chiféa go raibh na ceannacha go léir do réir a chéile cruinn*, but when you looked at his face as a whole, you would see his features were all just as they should be [PUL1907]. *An duine bocht tuatha a dheineann réir Dé*, a humble rural man who serves God [PUL1914]. Note: PUL used **do réir**. He told Osborn Bergin the pronunciation was /də re:r'/ when the words were separate, or when run together /dr'e:r'/, i.e., with a slender d. TÓD had /d'e:r'/.

**Réir** is ultimately derived from the dative of ⇒ **riar**.

**réise**, f. (npl. **réisí**) (ρείρη, ρείρη) (re:ʃi, re:ʃi:) a span (nine inches).

**réiteach**, noun/vn, m. (gs. **réitigh**) (ρείτειαῖ) (re:t'əx) solution, settlement. *Cad a thuigeann tú le logha? Réidhteach ó'n bpianós aimsire d' fhanan go minic i ndiaig an pheaca tar éis maitheamhnachais d' fhághail ansa choir*, what do you understand by an indulgence? A freeing from the period of punishment that often remains from a sin after remission is obtained for the misdeed [PUL1921]. **Abhar réitigh**, the sort of person to sort things out, calm things down. See ⇒ **réitím**.

**réiteoir**. (gs. **réiteora**, npl. **réiteoirí**) (ρείτσειρ, ρείτσειρη) (re:'t'o:r', re:'t'o:r'i:) pipe-cleaner.

**reith**, f. (gs. **reithe**) (ρειθε) (reh) heat in sheep and goats. **Fé reith**, in heat. [LASID]

**reithe**, m. (npl. **reithí**) (ρειθε, ρειτή) (rehi, re'hi:) 1. ram. **Teacht chun reithe**, to go to ram (of a ewe). 2. battering ram. Also **reithe buailte**.

**réitheach**, m. (gs. **réithigh**, npl. **réitheacha**) (ρείτειαῖ, ρείτειαῖᾶ) (re:həx, re:həxə) ridgeband, backband. **Réitheach truaille**, the ridgeband of a cart. Note: apparently masculine in PUL1904 and PUL1908.

**réitím**, vn. **réiteach**, verb. (ρείτσειμ, ρείτειαῖ) (re:'t'i:m', re:t'əx) 1. I solve (a problem). I agree, come to terms. Past: **do réitíos, do réitigh sé**. Future: **réiteod, réiteoidh sé**. Imperative: **réitigh**. Participle: **réitithe**. **Réitím ceist**, I solve a problem: *cuirfad-sa, leis, aon cheist amháin chughaibh-se, agus má réidhtigheann sibh dom í, neósfad-sa dhaoibh-se, leis, cad é an t-úghdarás atá agam chun na neithe seo dhéanamh*, I also will ask you one word, which if you shall tell me, I will also tell you by what authority I do these things [PUL1915b]. **Réitím an bóthar**, I facilitate matters; I clear the road: *bhídís roimis an sluagh amach ag réidhteach na mbóithre nó ag déanamh an eóluis, 'ghá dhéanamh amach ciacu bóthar ab fharr nó ba réidhe nó ba chómhngaraíge*, they were in front of the army, sorting out which roads to take or serving as guides, working out which road was better or easier or shorter [PUL1907].

949Check gs and npl.

950Check pl.



**Réitím ar**, I agree upon: **réitím leis ar phunt**, I agreed to work for him for a pound (or, I hire him for a pound). **Réiteach le fear**, to hire someone. *Agus má réidhtighim leat, cá raghmaoid an uair sin?*, and if I agree to what you propose, where will we go then? [PUL1904]. *“Do réidhtigh an rígh liom, a Shoillse,” arsa Lonán, “chun go ndéanfainn, mar is gnáth a dhéanamh do rígh, aireachas a thabhairt do’n bhia agus do’n digh a curfaí os a chómhair le caitheamh, le h-eagla go ndéanfaí éagcóir air, le h-eagla go dtabharfaí nimh dó”,* the king agreed with me, Your Excellency, said Lonán, that I should, as is customary with a king, watch over the food and drink placed before him to consume, lest any wrong be done to him, lest he be poisoned [PUL1907]. **Réiteach le duine sa méid sin**, to agree on that with someone. **Do réitigh Séadna sinn as**, Séadna got us out of it, extricated us from it (a problem of some type). **Is breá a réitím leis**, I get on well with him. *Ar a shon san agus uile, – an dtuigean tú mé? – b’fhéidir dá mbéidís pósta go dtuitfeadh amach gur fearr a réidhteóchadh an bheirt le chéile ‘ná mar a réidhteóchadh aoinne de’n bheirt le duine eile,* notwithstanding all that, you see, maybe if they were married it would turn out that the pair got on better with each other than either of them would get on with anyone else [PUL1904]. *Ní réidhteóch’ an áit le m’ shláinte,* the place would not agree with my health [PUL1904]. *Is amhlaidh a réidhtighean san le n-a goile agus le n-a sláinte,* that agrees with/concords with her appetite and her health (such as approach goes well with her general personality type) [PUL1907]. **Rudaí a réiteach as a chéile**, to sort things out, to get them arranged separately, to disentangle them. 2. To save. *An greim is géire, Dia ‘ghá réidhteach!*, may God free us from the strongest grip! [PUL1914].

**reó**<sup>951</sup>, m. (gs. **reótha**, npl. **reóthanna**) (реоð, gs. реоðча, npl. реоðчanna) (ro:, gs. ro:hə, npl. ro:hənə) frost. **Crústa reótha**, a crust or film of frost. **Reó liath**, hoarfrost.

**reóite**, adj. (реоитче) (ro:t’i) congealed. **Fuil reóite**, dried blood. [DBÓC]

**résín**, m. (npl **résíní**) (re:’jɪ:n’, re:’jɪ:n’i:) raisin.

**résín**, s. (re:’jɪn’) resin.

**rétheaglach**, m. ⇒ **rítheaglach**.

**rhinoceros**, s. (gs. **rhinocerois**) (ri’nok’əɾəs) rhinoceros.

**rí**<sup>952</sup>, f. (gs. **rítheacha**) (ri:’e, ri:’eəchə) (ri:, ri:həxə) forearm. [DBÓC]

**rí**, m. (npl. **ríthe**, gpl. **rí/ríthe**) (rɪ, ri:’e/ri:’e, gs. ríe, ds. ríe, gpl. ríe/ri:’e) (ri:, ri:hi) king. **Rí cúige**, a provincial king in ancient Ireland. **Rí ar chathair éigin**, king of a certain city. Sons of kings and other men of high position were addressed as **a rí** /ə ri:/: **Rí na Síochána**, Prince of Peace, as a title of Jesus. Note: the npl appears as both **righthe** and **righththe** and the gpl is found as both **rí** and **righththe** in PUL1915/2.

**rí**, s. (rɪ) (ri:) found in the phrase **rí ná rath**, “neither luck nor grace”. *Ní raibh rí ná rath ar an saghas balcaisí éadaigh a bhí air*, there was neither luck nor grace to the sort of clothing he was wearing [PUL1913b].

**rí**, vn. ⇒ **rím**.

**riabhach**<sup>953</sup>, adj. (риабһа́ч, риабһсе, npl. риабһча) (riəvəx) striped, streaked.

**riachtanach**<sup>954</sup>, adj. (comp. **riachtanaí**) (риа́чтана́ч, риа́чтанайсе) (riəxtənəx, riəxtəni:) necessary. **Riachtanach ar dhuine**, required of someone: *bhí sé riachtanach ar gach aon sgoiláire oiread san laétheanta bheith déanta aige chun bheith i gcóir na trialach*, every pupil was required to have completed so many days in order to qualify to sit the test [DBÓC1940]. With **chun**, necessary in order to do something. With **do**, essential to: **riachtanach don tsláinte**, essential to health.

**Suím i gcathaoir**, I sit in a chair. *Bhí ag bun an chupáin uirthi, mór-thímpal, sa n-áit 'n-a raibh an cupán suidhte ar an gcois, crios de chlochaibh lóghmhara*, there was, all around the base of the cup, where it sat on its base/stem, a row of precious stones [PUL1907]. **Suite go daingean**, firmly based, established: *níor mhaith leó aghaidh a thabhairt ódheas go dtí go mbéadh greim i gceart acu ar Éirinn, agus a gcómhacht suidhte daingean acu sa n-oileán*, they wouldn't want to head south until they had a proper grip on Ireland, and their power was established in the island [PUL1907]. *Níl aon teóra leis an neart atá suidhte ins gach ball d'á bhallaibh*, it is fabulous the strength that is located in each of his limbs [PUL1907]. *Thug sé gach aon chúntas mar sin di ar an gcuma 'n-a raibh neart Lochlan suidhte an uair sin*, he gave her every account like that on how the Viking forces were placed/set at the time [PUL1907]. **Seo mar a bhí nithe suite**, this is how things stood. **Compord suite**, comfort in sitting: *deirim gan amhras aon mhada ruadh do bhainfadh an t-earbal dé féin gur ... chompórd suighte dhó é*, I say without doubt that any fox who cuts off his tail will be able sit more comfortably as a result [PUL1903]. **Suite ann**, couched in it (of truths couched in a saying). **Suite le saifribh**, set with sapphires.

**suimiúil**, adj. (comp. **suimiúla**) (συιμεαῖμι, συιμεαῖμι) (si'm'u:l', si'm'u:lə) interesting.

**suimphoine**, f. (simfin'i) symphony.

**suíochán**, m. (npl. **suíocháin**) (συιθεαῖάν, συιθεαῖάν) (si:'xɑ:n, si:'xɑ:n') seat, pew. **Na suíocháin uachtaracha**, the top seats, the prominent pews. **Suíochán oibre**, a seat one works in. **Suíochán trócaire**, mercy seat (on the ark of the covenant).

**suíomh**, m. (gs. **suímh**) (συιθεαῖν) (si:v) setting, position, layout.

**suipéar**, m. (gs. **suipéir**, npl. **suipéaracha**) (συιπεῖαρ, συιπεῖαρ) (si'p'e:r, si'p'e:rəxə) supper. **An suipéar deireanach/déanach**, the last supper. **Rud a bheith chun suipéir agat**, to have something for supper. **Am suipéir**, supper-time.

**súire**, m. (npl. **súirí**) (σúγειρε, σúγειρι) (su:'í, su:'í:) horseleech, bloodsucker.

**suirí**, noun/vn, m/f. (gs. **suirí**) (συιριγε) (si'r'i:) act of wooing or courting. *Deirim gur neamh-choitchianta an suiríge é*, it seems an unusual kind of courtship [PUL1904]. Note: PUL and AÓL had a masculine **an suirí**; DUL had **an tsuirí**.

**súisín**, m. (npl. **súisíní**) (σúισιν, σúισινί) (su:'fi:n', su:'fi:n'í:) coverlet.

**súiste**, m. (npl. **súistí**) (σúιρτε, σúιρτι) (su:'ft'i, su:'ft'i:) flail for threshing. **Súiste a chasadh**, to whirl a flail in threshing.

**súisteáil**, vn. ⇨ **súisteáilim**.

**súisteáilim**, vn. **súisteáil**, verb. (σúιρτεαῖιμ, σúιρτεαῖι) (su:'ft'a:lim', su:'ft'a:l') to thresh, flail. **Súisteáltha**, battered, thrashed. Participle: **súisteáltha**. [DBÓC]

**súistín**, m. (npl. **súistíní**) (σúιρτιν, σúιρτινί) (su:'ft'i:n', su:'ft'i:n'í:) little flail. [TÓD]

**suite**, prep. (συιθε) (sit'i) situated, located. See ⇨ **suím**.

**sula, sular**, adverb. ICS. ⇨ **sara, sarar**.

**súlach**, m. (gs. **súlaigh**) (σúγλας) (su:ləx) sap, juice.

**Sulán**, m. (**an tSuláin**) (Solán) (sə'lɑ:n) the River Sullane. Used with the article: **an Sulán (Abha an tSuláin)**. Note: this is the only river with masculine gender in Ireland.

**sult**, m. (gs. **suilt**) (σουλ) (suhl, gs. sil'h) amusement, enjoyment, pleasure. **Bainim sult as an saol**, I enjoy life. **Sult a bhaint amach**, to bring amusement, give people some fun. **Sult a bhaint as rud**, to make fun of something. **Ní bhfuaras aon tsult sa rud**, I didn't find any fun in it, see the funny side of it. *D'fhéach sé idir an dá shúil orm agus sult ar lasadh n-a shúilibh féin*, he looked at me between the eyes, his own eyes lit up with amusement [PUL1915]. **Bean suilt**, a woman given to fun. **Ba mhór an sult é**, it would be great fun. **Ag déanamh suilt /sil'h/**, having fun, amusing oneself. **Sult a dhéanamh de rud**, to amuse yourself with something.

**Sultan**, m. (gs. **Sultain**) (sultən) Sultan.

**sultmhar**<sup>1161</sup>, adj. (comp. **sultmhaire**) (σουλμαρ, σουλμαρι) (suhlfər, suhlfir'i) pleasant, enjoyable. **Sultmhar i gcuideachtain**, pleasant company.

**sum**, s. (sum) sum. **Sum a thógaint**, to take the sum of something, count it up. See ⇨ **suím**.

**súmaire**, m. GCh. ⇨ **súire**.

**súnc**, m. (npl. **súncanna**) (συνε, συνεαῖνα) (su:ŋk, su:ŋkənə) thrust, push, nudge, jolt. **Súnc a thabhairt do**, to push or shove.

**súncáil**, vn. ⇨ **súncáilim**.

**súncáilim**, vn. **súncáil**, verb. (σúνκαῖιμ, σúνκαῖι) (su:ŋ'ka:lim', su:ŋ'ka:l') to sink. **Do shúncáil an bád**, the boat sank.

**súp**, m. (gs. **súip**) (σúιρ) (su:p) soup. **Súp a bheith chun dinnéir agat**, to have soup for dinner.

**súrac**, noun/vn, m. (gs. **súraic**) (σúιρακ) (su:rək) suck, suction. **Súrac a baint as rud**, to suck or take a drag on something, e.g. a pipe. See ⇨ **súracaim**.

**súracaim**<sup>1162</sup>, vn. **súrac**, verb. (σúιρακαῖιμ, σúιρακ) (su:rəkim', su:rək) I suck. Past: **do shúracas, do shúraic sé**. Future: **súraiceód/súracód, súraiceóidh/súracóidh sé**. Imperative: **súraic**. Participle: **súraicthe**.

**súraicím**, m. GCh. ⇨ **súracaim**.

**Surochaldaiach**, m. (Συρο-Χαλδαιακ) (surə-xaldajəx) Syro-Chaldaic, a variety of Aramaic spoken in first-century Palestine.

**súsa**, m. (npl. **súsaf**) (σúιρα, σúιραῖ) (su:sə, su:'si:) 1. rug, cover. 2. bed, couch, sofa.

**suthaine**, f. (gs. **suthaine**) (συεῖαινε) (suəhin'i) eternity, perpetuity.

1161Check pronunciation.

1162Check present.



**suthaineacht**, f. GCh. ⇨ **suthaine**.

**T** (Τ), letter of the alphabet, traditionally called **tinne** τεινε /t'ehin'i/<sup>1163</sup>, the furze tree.

**tabernaculum**, s. (tab'ərnəkələm) tabernacle.

**tábhacht**, f. (gs. **tábhachta**) (τάβηχτ) (ta:xt) importance, significance. **Níor thábhacht dom é**, it was of no importance to me. **Argóintí gan tábhacht**, abstract arguments, with no real significance. [DBÓC]

**tábhachtach**, adj. (comp. **tábhachtaí**) (τάβηχτάς, τάβηχταίγε) (ta:xtəx, ta:x'ti:) important, significant. **Duine tábhachtach**, a person of substance, a wealthy person.

**tábhachtmar**, adj. (comp. **tábhachtmaire**) (τάβηχτῆμαρ, τάβηχτῆμαίρε) (ta:xtvər, ta:xtvir'i) important, substantial, of consequence. **Fear tábhachtmar**, an important man. [AÓL]

**tábhairne**<sup>1164</sup>, m. (npl. **tábhairní**) (τάβηρνε, τάβηρνή) (ta:r'n'i, ta:r'n'i:) public house, tavern. **Tigh tábhairne, tigh an tábhairne**, public house. **Fear an tábhairne**, innkeeper. **Tithe tábhairne**, public houses. **I dtíthibh na dtábhairní**, in public houses.

**tabhairt**, noun/vn, f. (gs. **tabhartha**) (ταβhairτ) (tu:rt') grant. **Tabhairt amach**, display, description; the way something is brought out. *Ach go bhfuil sí le fághail sa tSeptuagint Gréigise, an tabhairt amach a dh'aistirigh an dáréag a's trí fichid mínightheóirí as an Eabhrais*, but is found in the septuagint Greek edition, which the seventy-two interpreters translated out of the Hebrew [Ester 10]. **Fear dá thabhairt amach**, a person of his description/standing. **Tabhairt suas**, education, upbringing. **Cuirim tabhairt suas ar**, I give an upbringing to: *do cuireadh tabhairt suas maith ar an gclainn*, the children were given a good upbringing [PUL1915]. **Tabhairt suas a bheith ort i léann Laidne**, to have been educated with a knowledge of Latin. **Tabhairt isteach ar rud**, an introduction to something. See ⇨ **tugaim**.

**tabhall**, m. (gs. **tabhaill**, npl. **taibhle**) (ταβhall, ταίble) (taul, tǝil'i) sling. **Crann tabhaill**, sling, catapult. **Lucht crann tabhaill**, slingers, stone throwers (in an armed force)

**tabhall**, m. (gs. **tabhaill**, npl. **taibhle**) (ταβhall, ταίble) (taul, tǝil'i) writing-tablet.

**tabhartas**, m. ICS. ⇨ **tabharthas**.

**tabhartha**, adj. (ταβhairτᾶ) (tourhə) illegitimate. **Mac tabhartha**, illegitimate son, bastard.

**tabhartha**, prep. (ταβhairτᾶ) (tu:rhə) given. **Tabhartha don ól**, given to drink. *Daoine a bhíodh tabhartha suas mar sin ar fad do Dhia*, people who devoted themselves totally to God [PUL1904].

**tabharthas**, m. (npl. **tabharthaistí~tabharthaisí**, gpl. **tabharthas**) (ταβhairτᾶς, ταβhairτᾶιστῖ) (tourhəs, tourhif't'i:/tourhif'i:) gift. *Tabharthas ó Dhia iseadh an Creideamh*, faith is a gift from God [PUL1907]. Note: **tabharthaistí** is the more frequent form in the plural, but **tabharthaisí** is found in one passage in PUL1907 and also in PUL1921.

**taca**, m. (gs. **taca**, npl. **tacaí**) (τακα, τακαί, ds. τακα/τακαίῶ) (takə-tak'i, t'ak'i:) 1. point of time, juncture; peg, pin, nail. **An taca so**, at this time. **Um an dtaca so**, by this time. **Roimis an dtaca so**, by now. **Fén dtaca so istoíche amáireach**, by this time tomorrow night. **Bliain ón dtaca so**, a year from now. **Sara mbeiridh an taca so amáireach ort**, by this time tomorrow. 2. prop, support. **Taca do dhuine**, something to support someone. **Taca féd chosaibh**, a footrest. **Taca féd cheann**, a support under your head like a pillow. *Ba shuarach an taca an Calacholg i gcoinnibh do chlaidhimh-se*, the sword Calacholg would not be much to reply on against your sword [PUL1909]. **Taca na n-úiríseal**, the lifter up of the humble. **Taca muiníne (ag duine)**, a support, something that gives someone confidence. **Taca do chur fé rud**, to prop something up. **Taca do dhéanamh do dhuine**, support someone. **I dtaca**, propering someone up (**fén' oscaill**, etc). Note: PUL had /takə/, but other speakers had /tak'i/. AÓL1912 shows the genitive in **timpeall an taice seo**, around this time.

**tacaíocht**, f. (gs. **tacaíochta**) (τακαίῶδακτ) (ta'ki:xt) support, backing. **Tacaíocht a dhéanamh do**, to provide backing or support for.

**tachtaim**, vn. **tachtadh**, verb. (τακταίμ, τακταδ) (taxtim', taxtə) I choke, strangle. **Tá sé á thachtadh**, he is choking. **Tú féin a thachtadh le caoireoil**, to gorge yourself on mutton. Past: **do thachtas, do thacht sé**. Future: **tachtfad, tachtfaidh sé**. Imperative: **tacht**. Participle: **tachtaithe**. Note: the participle is attested in PUL1919.

**tacúil**, adj. (comp. **tacúla**) (τακαίμáil, τακαίmlá) (ta'ku:l', ta'ku:lə) solid, sturdy.

**Tadhg**, name. (gs. **Taidhg**) (Ταδῆς) (təig) Irish name, sometimes associated with Timothy, but of more ancient Celtic origin.

**tae**, m. (npl: **taenna**) (τέ, τείῶεanna) (te:, te:nə) tea.

**taephota**, m. GCh. ⇨ **taepot**.

**taepot**, m. (te:pət) teapot. [AMF]

**tagaim**, vn. **teacht**, verb. (τιγίμ/ταγμαίμ, τεακτ) (tagim', t'axt) I come, arrive. **Nílíd siad tagtha abhaile fós**, they have not come home yet. **Tagaim anuas den bhus/chapall**, I get off the bus/horse. *Is neithe beaga iad a thagan isteach go mion minic sa chaint*, they are little things that very often come up in conversation [PUL1915]. **Sa chaibideal ag teacht**, in the following chapter. Note: an third person singular present **tig** is found in some ossified phrases: *ar iompáil na n-each tig atharach na sgéal*, a turning of the horses brings a change of tidings [a saying] [PUL1904]; *adhramíd-ne an nídh is eól dúinn, óir is ó sna lúdaígh atá an slánú, ach tig an uair, agus is anois é, 'n-a ndéanfid na h-adharthóirí fírinneacha an t-Athair a dh'adhradh i spirid agus i bhfírinne*, we worship what we know, for salvation is from the Jews, but the hour is coming, and it is now, when the true worshippers will worship the Father in spirit and in

1163Check pronunciation.

1164Fear tábhairne or fear an tábhairne? Shiana implies tigh tábhairne is pronounced ti tábhairne.

truth [PUL1924]. Also note the following: *an t-é go dtig leis a ghabháil gabhadh*, he that can take, let him take it [PUL1915b]. Further examples of forms derived from the original **tigim** is *fé mar thigidís*, “according as they came”; *dá dtigeadh*, “if he came”; *mura dtigid siad suas leis*, “unless they catch up with him”; *na daoine thigeadh isteach*, the people who came, all from PUL1904; *dá dtigeadh leis an sgéal go léir do sgaoileadh amach*, if he had been able to spill all the beans, from PUL1907. Occasional examples of **tigim** with a lenited g are found (producing **tíonn** from **tigeann**): *dá dtigeadh fiolar nó seabhac*, if an eagle or hawk should come; *tighean an bhréag tímpal*, falsehood comes around; the evil you do tends to rebound on you [PUL1903]; *muna dtigirse liúm*, unless you come with me [PUL dánta]. The past-tense autonomous form, normally **do thánathas**, is found as **do tagadh** in PUL1907. Past: **do thánag sé** /ha:ní je:/ (ná táinig sé). Future: **tiocfad, tiocfaidh sé**. Imperative: **tair**. Participle: **tagtha** /takihi/. Note: TÓD sometimes pronounced the verbal noun /taxt/.

**Teacht ag**, to get to, to begin to feel a feeling: **aithne a theacht agat ar dhuine**, to get to know someone; **báidh a theacht agat le duine**, to get to like someone; **cion a theacht agat ar dhuine**, to develop an affection for someone; **trua a theacht agat do dhuine**, to begin to feel pity for someone; **eagal a theacht agat roim dhuine**, to begin to feel afraid of someone.

**Teacht amach**, to come out, get out: *go dtí gur thosnuigh neithe áirighthe ar thuitim amach ar fuaid na tíre agus gur thosnuigh a dtuairisgí ar theacht amach ins na páipéaraibh*, until certain things started happening throughout the country and reports of them started appearing in the newspapers [PUL1915]. *Ansan do tháinig amach gur bh' árd liagh é*, then it came out/news got round that he was a great doctor [PUL1907]. *Do thuig sé, leis, nuair a thiocfadh a ainim féin amach in sna leabhraibh, agus áireamh ar na h-éachtaibh móra a bheadh déanta aige ... nár bhaoghal ná go mbainfí ó'n oirdhearcas a bhí ar na h-ainimneachaibh eile úd*, he realised, too, that when his name appeared in books with a reckoning of the great exploits he had done, it would be sure to detract from the distinction accorded to those other names [PUL1922b]. **Tair amach chúm**, come up over here (as addressed to a child expected to leave his desk).

**Teacht aníos**, to spring up (e.g. of a plant).

**Teacht ar**, 1) to come on, come upon, arrive at (something). *An t-Árdrígh ná h-ollmhóchaidh é féin roim ré, ach a bheidh ag feitheamh go dtagaidh an namhaidh, tiocfaidh an namhaid air agus ní bheidh sé ollamh*, the High King who does not prepare himself beforehand, and simply waits for the enemy to come—the enemy will come on him and he won't be ready [PUL1907]. *Mura mbéadh an dubh a theacht ar na prátaí*, if it the blight had not afflicted the potatoes [PUL1915]. *Mhuise, conas, aduairt sé leis a' gcaillín, nár tháinig air sin ach an t-aon úll amháin?*, Well, how, he said to the girl, did there could to be only the one apple on that? [AÓL1968]. **Do thánadar ar athrú aigne**, they changed their minds. **Cad a tháinig ort?** What happened to you? **Bás a theacht ort**, for death to befall you. *An greim is géire a thiocfaidh ort, ní chaillfidh ar do mhisneach*, in the sharpest predicament that comes upon you, your courage will not fail [PUL1904]. 2) to come upon, get at something: *do dhein sé an méid sin i dtreo go bhféadfadh sé teacht ortha go léir leis an éileamh*, he did all that so he could hit them all with the demand [PUL1915]. *Pé cuma 'n-a dtiocfadh sé air*, however it could be managed/got [PUL1915]. *Chun teacht ar rígeacht Shasana agus chun na rígeachta choimeád dó féin do mhairbh sé a ghaolta go léir díreach mar a mharbhóch' búistéir muca!*, in order to obtain the kingdom of England and to keep it for himself, he killed all his relatives just as a butcher would kill pigs [PUL1907]. *Seo mar a cheap sé teacht ort*, this is how he meant to get at you [PUL1904]. *Bhí Gormfhlaith ag cuimhneamh ar Árdrígeacht na h-Éirean, agus ar Bhrian, agus ar Mhurchadh, agus ar a mac féin, agus ar conus a thiocfadh sí ar Mhurchadh do chur ó'n Árdrígeacht*, Gormfhlaith was thinking of the High Kingship of Ireland, and of Brian, Murchadh and her own son, and show she could prevent Murchadh from getting the High Kingship [PUL1907]. Often in the sense of “getting at an answer, reaching a solution, understanding something properly”: *do freagradh na ceisteana fé mar a féadadh teacht ortha*, the questions were answered as well as they could be [PUL1907]. *Ní fheadradar ó thalamh an domhain cad é an fuadar a bhí féi, nó cad air go raibh sé ag teacht*, they didn't know for the life of them what he was up to or what he was driving at [PUL1903]. 3) to discover, find: *tháinig an machtíre ar an madra agus an madra 'n-a chodla lasmuich de dhorus an tigh*, the wolf found the dog sleeping outside the door of his house [PUL1931]. 4) to set about, busy yourself with something: *mura mbéadh san níor bh'fhéidir do Mheargach teacht ar an obair*, if that had not been the case, Meargach would not have been able to set about the work [PUL1907]. *Nuair a bhíodh an iomad de'n obair aici le déanamh, agus gan ar a cumas teacht air, pé dícheall a dhéanfadh sí ná pé árneán a dhéanfadh sí, thagadh an mhórsheisear agus dheinidís an obair dí*, when she had too much work to do, and couldn't cope with it, however hard she tried or however long she stayed up at night, the six of them would come and do the work for her [PUL1914b]. **Tagann an obair orm**, I have to, I am compelled to do the work.

**Teacht as**, to come out of. **Rud a tháinig dom as**, what came to me from it, what I realised as a result of it. **Do tháinig as go**, the upshot was that, it came to pass that, the result was that. *Cá bh'fhios cad a thiocfadh as 'n-a dhiaigh so?*, who knows what could come of it later? [PUL1915]. *Ní fios cad a thiocfaidh as dúinn feasda*, there is no knowing what will happen to us next! [PUL1904]. *Ansan d'íompóch' neart ár namhad go léir orainn agus ní thiocfadh duine againn beó as an gcath*, in that case the forces of our enemies would have all turned on us and none of us would have survived the battle [PUL1907]. *Bhí eagal ar an rígh, dá dtugtí aon anchor dó go dtiocfadh cogadh as*,

*agus gan sinn ollamh fós, dar leis, the king was afraid that if he were ill-treated it would lead to war, without our being ready yet, or so he thought [PUL1907]. Beidh sé suas leat ar chuma éigin, luath nó mall, agus ní tu is fearr a thioctaidh as, he will get even with you somehow, sooner or later, and you won't come off the better [PUL1903]. Ní tú is fearr a thioctaidh as, you will not come out of it the best, you will come out of it worse off. Substantivised, **teacht as**, an exit, a way of getting out of something: *sé an rud is mó a bhí ag déanamh buaidheartha dhó, conus thioctadh sé ar an scéal do thosnú i dtreo, dá n-athruigheadh sé a aigne 'na dhiaidh san, go mbeadh teacht-as aige, the thing that was troubling most was how he could manage to start the thing in such a way that he could get out if it if he changed his mind later [DBÓC1933].**

**Tagann chúm**<sup>1165</sup>, 1. I attain, reach, manage to: *b'fhéidir ná tiocfadh briseadh an chleamhnais chomh saoráideach chugam agus cheapas é, maybe I could not break the match off as easily as I thought [PUL1904]. Dá dtagadh Brian chun na h-Árdrigheachta nár ró fhada 'n-a dhiaigh san go dtí go mbéadh Murchadh i n' Árdrigh, if Brian attained the High Kingship, it would not be long after that until Murchadh was High King [PUL1907]. 2. to come to. *Ní fheicim conus a bhéadh aon tairbhthe ag teacht chúichi ó n-a mbás san, I don't see how she could get any benefit from their death [PUL1907]. Rud a theacht chút, to undergo something, for it to befall you, happen to you. 3. to become, come to be: *tré thalamh na h-Éigipte go léir, díoltar an cúigmhadh cuid leis an rígh, agus tá sé tagaithe chun bheith 'n-a dhlígh, in the whole land of Egypt, the fifth part is paid to the king, and it is become as a law [PUL's Bible, Genesis 47:26]. Ag teacht chun cinn, to come to a head, come about, come to pass: *níor chuir san mé ó é bheith daingean am' aigne gur am' shagart a bheinn, pé cuma 'n-a dtiocfadh san chun cinn, that did not put me off from being sure in my mind that I would become a priest, however that would come about [PUL1915]. Also, to get on, get ahead: *bhíos féin ag gabháil anall feuchaint conus bhí sé seo ag teacht chun cinn, I was coming across to see how he was getting on [PUL1904]. Do tháinig sé chuige féin (with emphasis on **chuige féin**), he came too, came round (e.g. after fainting or being engrossed in thoughts). Also more generally in the sense of "recover": *cheap sé go mbéadh sé tagaithe chuige féin i gcóir an Domhnaigh a bhí chuige, ach ní raibh, he thought he would get better in time for the following Sunday, but he did not [PUL1915]. D'á n-éaghmais sin bhí a lán n-ar chuimhin leó cathrím Shulla agus conus mar a bhí fir ná raibh ionta ar dtúis ach saighdiúirí singile agus do tháinig chun bheith 'n-a bhfearaibh seanaide, agus 'n-a n-uaislibh saidhbhre, agus bia agus cóir ríoga orthu, in addition to that, there were many who recalled the triumph of Sulla and how there were men who were originally only private soliders who became senators and rich nobles, with food and regal lifestyles [PUL1913].******

**Teacht de**, to come from, arise: *bhí an ceirthlín ag imtheacht suas, agus an snáith ag teacht dé, go dtí go ndeaghaidh sé isteach sa sgamal a radharc na ndaoine, the ball was going up, and the thread coming from him, until it went into the cloud and out of sight [PUL1913b]. **Teacht anuas ded chapall**, to dismount, to get off your horse.*

**Teacht do**. 1. to come to, to happen to. *Dá bhfeicfeá an dá shúil a tháinig do Chormac, if you saw how Cormac's eyes widened with surprise [PUL1904]. Ó'n gcéad neómat n-ar thosnuigh caint ar theacht dom, from the first moment I began to learn how to speak; *chómh luath agus bhíon aon chiall ag teacht do leanbh, as soon as a child becomes old enough to think; bhí fhios agam féin, leis, chómh luath agus tháinig aon tuisgint dom, I realised it too, as soon as I was old enough to understand [PUL1915]. Ansan iseadh bhéadh a chuisidheacht ag teacht i gceart do'n ghiolla turais, it is just then that the courier would be getting properly into his stride [PUL1907]. 2. to suit someone. **Tagann sé go maith dhuit**, it suits you. **Is fearr a thioctadh sé dhó**, it would have become him better (to do something). **Teacht dá chéile**, to come together (used in PUL1915b of a husband and wife coming together in marriage). 3. **Cad a thagann duit as?**, what do you get out of it?**

**Teacht fé**, to come under something: *d'á dhéine a bhí lámh Bhriain ortha gur thuigeadar go mbéadh lámh Mhurchadh niba sheacht ndéine ortha nuair a thioctaidís fúithi, however heard Brian was on them, they realised that Murchadh would be seven times harder on them when they came under his rule [PUL1907].*

**Teacht i**, to come in, attain: *níor chuimhnigh aoinne acu, go dtí gur labhair sé, ar cad a thuitfeadh amach dá n-iarthí ar dhuine éigin eile teacht sa n-Árdrigheacht i n-inead Mh'Isheachlainn, none of them had thought, before he spoke, of what would happen if someone else was asked to become High King in Maeleachlainn's place [PUL1907]. Ach bhí rud éigin tagaithe sa bhfáilte ná bíodh ann roimis sin, there was something else wrapped up in/included in the welcome that had not been there previously [PUL1907]. Tar éis an chatha chuaidh cuid d'á mhuintir i mbuidhin Dhonchadh, mhic Bhriain, agus tháinig cuid acu i mbuidhin Thaidhg Óig uí Chealla, after the battle some of them joined the troops of Brian's son, Donnchadh, and some of them entered the troops of Taidhg Óig Ó Ceallaigh [PUL1907].*

**Teacht isteach**, to come in (in various senses). *Feuch siar ortha go léir, ó'n lá a tháinig Uilliam agus a shluagh Nórmánach isteach, go dtí gur bhain na daoine an chómhacht as a lámhaibh ar fad nách mór, agus nár fágadh acu ach ainim na cómhachta, look back on them all, from the day William and his Norman army came in, until the people took more or less all of the power out of their hands, and left them with nothing more than just a title [PUL1907]. Bheireadh an rabairne sin uaidh trí ceathramhna d'á mbíodh ag teacht isteach chuige de shaidhbhreas, such extravagance would use up three-quarters of his incoming wealth [PUL1922b]. **Teacht isteach le rud**, to fit in with something: *bhí san agus a mbuac féin ag teacht isteach le n-a chéile, that and the peak of their own power were**

1165I couldn't find tagann chúm in dictionaries. Is it exactly the same as tagann liom in the example quoted? Am I right to assume a meaning "manage to"?

coinciding [PUL1907]. *Pé am is fearr a thioctaidh isteach le d' chaothamhlacht féin*, whenever fits in best with your own schedule [PUL1904]. **Teacht isteach air**, to enter or encroach upon: *thuig gach aoinne gur bh' fhearr an fharaige do theacht isteach ar Éirinn agus gan aon Chríostaidhe dh' fhanmhaint beó ar an oileán 'ná sliocht Gaedhal do luighe fé smacht na Lochlanach an uair sin*, everyone realised that it would be better for the sea to overwhelm Ireland and for no-one to be left alive on the island than for the Gaelic rice to submit to Viking control at that time [PUL1907].

**Teacht idir**, to come between in a number of senses: *táim lán-deimhnitheach, pé rud atá ag teacht idir Shéadna agus pósadh t' inghíne-se, ná bainean sé le Sathbh agus ná bainean Sathbh leis, olc maith ná donaidhe*, I am fully certain, whatever is stopping Séadna from marrying your daughter, it has nothing to do with Sathbh and Sathbh has nothing to do with it, good, bad or indifferent [PUL1904].

**Teacht le**: to come with in various senses. **Tháinig sé liom**, it came away with me (as I pulled on it). **Tagann liom**<sup>1166</sup>, I can: *dá mba ná tiocfadh liom a dhéanamh ach a bheag féin, gur bh' fhearr é dhéanamh 'ná gan aon rud a dhéanamh*, even if I could only do a little, it would be better to do it than not to do anything [PUL1915]. *Cheapas go ndéanfadh an bhaintreach é. Má dhéin, níor tháinig léi*, I thought the widow would do it; if she did, she didn't succeed (she wasn't able to do it) [PUL1904]. *Tá a fhonn orm leanamhaint siar ar an gceist sin go dtagaidh a réidhteach liom, luath nó mall*, I have a mind to follow up that matter until I am able to solve it, sooner or later [PUL1904]. *An t-é go dtig leis a ghabháil gabhadh*, he that can take, let him take it [PUL1915b]. **Tagann rud leat de réir do thoile**, for something to go your way. **Tagann** may appear as **thig** in this idiom: *má thig leat-sa siúbhal ar uachtar an uisge ní thig liom-sa é dhéanamh*, if you are able to walk on the surface of the water, I can't [PUL1909].

**Teacht ó**: 1. to escape, get away from, come away from: *na daoine do theangbhaidh leis agus do mhothuigh an neart atá 'n-a chuislinn ní puínn acu a tháinig uaidh chun an sgéil a dh' innsint*, not many of the people who came into contact with him and who felt the strength in his harm escaped to tell the tale [PUL1907]. *Tá eagal orm go bhfuil aimhleas, agus nách aimhleas beag é, déanta againn, agus nách fios conus a thioctaimid uaidh*, I fear we have done something harmful, and not on a small scale, and goodness knows how he will get out of it [PUL1907]. 2. to descend from: *an iad so na daoine a tháinig uainne!*, are these our descendants? [PUL1907]. 3. to come away. *An t-é ná tagadh ó'n dtroid chómh luath agus gheibheadh sé an focal*, he who would not stop fighting as soon as he received the order [PUL1913]. 4. to get over something. *Chomh luath agus bheid said tagaithe uaidh sin chífir go dtiocfaidh a gcainnt dóibh*, once they've got over that, you'll see them start talking about it [DBÓC1933].

**Teacht roim**, I intercept, interrupt: *is é rud a bheartuigheadar 'ná teacht roimis an gcóisde agus an páipeur a bhaint amach ar ais nó ar éigin*, what they decided to do was to waylay the coach and get the paper, by force if necessary [PUL1904]. **Teacht ar na bóithribh rompu**, to waylay them, interrupt them, hijack them on the roads. *Tagtar ar an mbóthar roimis san oídhche agus marbhuintear é chun an airgid a bhaint dé*, he is waylaid on the road in the night and killed in order to get the money from him [PUL1904].

**Teacht thar**, to come cross: **teacht thar an abhainn**, to cross the river. **Teacht thar scéal**, to mention or to refer to a matter. **Teacht thar n-ais**, return.

**Teacht suas**. **Do tháinig sé suas**, he came up, he approached. **Teacht suas chun duine**, to approach someone, come up to where they are. *I dtreo go dtáinig an uimhir a marbhuintear suas chun seacht ndéich a ceathair [sic] de mhíltibh*, inasmuch that the number of them that were killed amounted to seventy-five thousand [Ester 9:16]. **Tagaim suas leis**, I overtake/catch up with him. *Is usa go mór sgaramhaint le saidhbhreas 'ná teacht suas airís leis*, it is much easier to part with riches than to retrieve them again [PUL1915]. Also, "I know where to find/come across": *dá bhféadfainn teacht suas le duine éigin do labharfadh léi agus do nochtadh an sgeul san dí*, if I could come across someone who could talk to her and make her understand that situation [PUL1904]. Sometimes just "get": *"is dócha," arsa 'n sagart, "dá mbeadh cearc ag glaothach sa tigh ná béadh aon bhac uirthi teacht suas leis an méid sin eóluis ach chómh beag agus bhí uirthi teacht suas leis an gcuid eile,"* I expect, the priest said, that if there were a hen crowing in the house, there would be nothing to stop her getting that information, any more than there would be to stop her finding out the rest [PUL1904]. *D'á fheabhas faire a dhein sí, ámhthach, níor fhéad sí teacht suas le h-aon nídh áirighthe do thabharfadh eólus cruinn dí ar cad a bhí ar siúbhal acu*, however well she kept watch, however, she couldn't find out anything in particular that would give her accurate information as to what was gone on [PUL1907]. **Teacht suas leis an obair**, to catch up with the work, to get it in hand again.

**Teacht timpeall ar dhuine**, to get round someone, to get round on the other side so as to be able to block his passage; to surround or encompass him.

**Teacht trí**, to come through. *Gach aon tsaghas fáis d'á raibh ag teacht tríd an dtalamh*, every type of plant coming up through the ground [PUL1924].

**tagairt**, noun/vn, f. (gs. **tagartha**, npl. **tagartha/tagarthaí**) (ταῖς αἰρέσεσιν, ταῖς ἀρεταῖς) (tagirt', tagərħə~tagərhi:) reference. **Tagairt a dhéanamh do**, to refer to. See ⇒ **tagraim**. Note: **tagartha** is found in PUL1915b; **tagarthaí** is used in CFBbxi.

**taghd**, m. ICS. ⇒ **daod**.

**tagraim**, verb. ICS. ⇒ **tagraim**.

**tagraim**, vn. **tagairt**, verb. (ταῖς ἀρεταῖς, ταῖς αἰρέσεσιν) (tagərim', tagirt') I refer (with **do**, refer to something). **Tagairt don scéal**, to allude to, refer to the matter. **Caint a thagairt do dhuine**, to refer or allude in a certain way to someone. With an

1166Thig liom in Ulster is always lenited. what about tagann liom in Munster? Mar a thagann liomsa found in PUL1907.

object: **rud do thagairt do rud eile**, to relate something to something else, to interpret it in such a way. Present autonomous: **tagarthar**. Past: **do thagraíos, do thagair sé**. Future: **tagród, tagróidh sé**. Imperative: **tagair**. Participle: **tagartha**.

**taibearnacal**, m. (npl. **taibearnacail/taibearnacailí**, dpl. **taibearnacalaibh/taibearnacailibh**) (ταιβερνακαλ, ταιβερνακαιλ) (tab'ærnekəl, tab'ærnekil'~tab'ærnekil'i:) tabernacle.

**taibhreamh**, noun/vn, m. (gs. **taibhrimh**, npl. **taibhrithe**) (ταϊβρημαδ/ταϊβρημαθι, ταϊβρημιδθε) (tair'əv, tair'ihhi) dream. **Deineadh taibhreamh dom**, I had a dream. **Lucht taibhrithe**, dreamers. **Taibhreamh ar rud**, a dream of something. See ⇨ **taibhrim**.

**taibhrim**, vn. **taibhreamh**, verb. (ταϊβρημιθι, ταϊβρημαθι) (tair'ri:m', tair'əv) I dream. This verb is generally found in autonomous usage: **taibhríodh dom (go)**, I dreamt (that). **Taibhreamh ar dhúnmarú**, to dream of murder. Present: **taibhríonn sé**. Past: **do thabhrigh sé**. Future: **taibhreoidh sé**. Imperative: **taibhrigh**. Participle: **taibhrithe**.

**taibhse**, f. (npl. **taibhsí**) (ταϊβση, ταϊβσηρι/ταϊβσηρεαδ/ταϊβσηρεαθηα) (tair'fi, tair'fi:) appearance; ghost; size, bulk. Note: used in PUL1926b in the meaning of "a solid".

**taibhseach**, adj. (comp. **taibhsí**) (ταϊβσηεαδ, ταϊβσησηε) (tair'əx, tair'fi:) immense, enormous.

**taibhsím**, vn. **taibhsíú**, verb. (ταϊβσησηθι, ταϊβσησηεαδ) (tair'fi:m', tair'fi:u:) to appear, seem. Past: **do thabhsigh**. Used impersonally: **do thabhsigh do**, he had a presentiment, a foreboding: *do thaidhbhsigh do go raibh na fallaí ag dúnadh isteach timcheall air i gconntabhairt é mhuchadh*, he imagined the walls were closing in on him and threatening to suffocate him [DBÓC1933]. [DBÓC]

**taibhsíú**, vn. ⇨ **taibhsím**.

**táibléad**, m. (gs. **táibléid**, npl. **táibléadaí**, dpl. **táibléidibh**) (ταϊβλεαδ, ταϊβλεαδαί) (ta:b'il'e:d, ta:b'il'e:di:) tablet. **Táibléadaí cloiche**, tablets of stone.

**taidhleóir**, m. (gs. **taidhleóra**, npl. **taidhleóirí**) (ταϊδλεοιρι, ταϊδλεοιρι) (tair'l'o:r', tair'l'o:r'i:) diplomat. [DBÓC]

**taighde**, noun/vn, m. (gs. **taighde**) (ταϊγδεαδ, ταϊγδεε/ταϊγδισεε) (tair'd'i) research, searching for something. **Taighde a dhéanamh ar rud**, to research something. See ⇨ **taighdim**.

**taighdim**<sup>1167</sup>, vn. **taighde**, verb. (ταϊγδοιμ, ταϊγδε) (tair'd'im', tair'd'i) I research, investigate, probe (with **ar**). **Taighde ar rud**, to search for something. Past: **do thaighdeas, do thaighid sé**. Future: **taighdfead, taighdfidh sé**. Imperative: **taighid**. Participle: **taighdte**.

**táille**, f<sup>1168</sup>. (npl. **táillí**) (ταϊλλε, ταϊλλί) (ta:l'i, ta:l'i:) tally, fee.

**táilliúir**, m. (gs. **táilliúra**, npl. **táilliúirí**) (ταϊλλιυιρι, ταϊλλιυιρι) (ta:'l'u:r', ta:'l'u:r'i:) tailor. **Ag caitheamh trí léim táilliúra de dhroim a chéile**, leapfrogging over each other (as a child's game).

**táim, an bhfuilim?**, vn. **bheith**, verb. (ταϊμ, αν βφυλιμ?, vn. βειθ) (ta:m', ə vil'im', v'eh) I am; to be. **Tá sé** /ta: je(:)~ha: je(:)/, it is/he is. Negative: **nílim** nīlim /n'i:l'im'/, **ná fuilim?** ná fuilim? /na: fil'im'/. Past: **do rabhas** do ραβας /də rous/, **do raibh sé** do ραιβ ρε /də rev' je:~də re je:/. Future: **bead** bead /b'ed/, **beidh sé** beidh ρε /b'e je:/. Imperative: **bí bí** /b'i:/. With **ag** to express possession: **tá airgead agam**, I have money. **Tá punt agat orm**, I owe you a pound. *Ní bheidh t'anam-sa orm*, I will not be responsible for killing you [PUL1915]. **Tá agat arís**, you've won again, you've beaten me again, you've scored again. **Bíodh agat**, have it your way. *Is dócha ná fuil dul as anois agam*, I probably can't get out of it [PUL1904]. **Bíodh san aige**, let him take that! stick it to him! To express something that has to be done: *dá mbéadh lín-tíge mór ann ní bhéadh acu ach breis tailimh leasuighthe do bheith sa gharaidhe acu*, if there was a large household, they would have to have more ploughed land in the field [PUL1915]. With **i**, to have it in you, to have some kind of quality: *ní raibh aon chuinne aige go raibh sé i gcuislín an fhir a bhí os a chómhair an chosaint a dhéanamh, gan bac d'aon tsádh dhéanamh*, he didn't expect the arm of the man in front of him would have it in it to make defence, let alone make a thrust [PUL1907]. **Bíodh (agus/ís) go**, in spite of the fact that, even though. With **le**, **ná bí liom mar gheall air**, don't hassle me, don't get on at me, about it. **Bheith le duine**, to compete with someone. **Tá orm** with the verbal noun, I have to, I intend to: **tá orm dul go dtí an margadh**, I have to go to the market. *Do socaruigheadh neithe sa choláisde i dtreó go bhféadfadh buachaill teacht ann agus gan bheith air an deich bpúint fichid do dhíol*, things were arranged in the college such that a boy could enroll without having to pay the thirty pound [PUL1915]. *Ní h-ort atá an t-aer agus an talamh do choimeád gan tuitim ar a chéile*, you are not charged with keeping the sky and the ground from falling in on each other [you are not infallible] [PUL1904]. **Tá sé air ag duine**, to have difficulty, have a job, doing something: *bhí sé air agam mo sgríbhinn féin do léigheadh*, I had a job reading my own writing [PUL1915]. **Dá mbeadh sé air agam**, if I really had to, if it really came to it. *Tá rud éigin ar mo mháthair*, there's something the matter with my mother [PUL1904]. **Bíodh orm**, believe me, take it from me: *bíodh orm-sa má mhothuighean sé 'na dhiaigh í go gcuirfidh sé féin, nó duine éigin uaidh, deire léi go tapaidh*, believe me, if he feels her behind him, he himself or one of his people will put an end to her quickly [PUL1904]. **Bíodh air féin**, let him take the consequences. **Tá rud le déanamh agam**, I have something to do. **Tá...uaim**, I want: **cad tá uait?** what do you want? **Tá tamall mór ó imíodar**, they left a long while ago. Negative constructions with **ach**: **níl agat ach labhairt leis**, all you have to do is speak to him; *dá mbéadh lín-tíge mór ann ní bhéadh acu ach breis tailimh leasuighthe do bheith sa gharaidhe acu*, if there was a large family, there would just have to be more manured land in their field [PUL1915]. Note: the relative form **atá** ατá is often lenited in speech: /ta:, ə'ta:~ha:, ə'ha:/. This verb is one of the few

1167Check participle.

1168Or m?

verbs to preserve a conjugated second person singular **taoi, an bhfuilir?** in the present tense in PUL's usage. The second person singular form **táir** is used in PUL1904 and **taoinn tú** in PUL1907. An archaic second person plural is occasionally found, with **táthaoi** in PUL1915b and **ní dócha go bhfuilfise** in PUL1907 (compare **an bhfuil sibh** in PUL1915b). Also note the second person plural imperative **bígis**, /b'i:giʃ/, probably formed with the emphatic suffix; PUL's spelling **bídhidh-se** in PUL1907 implies a pronunciation of /b'i:giʃ/.

**táin**, f. (gs. **tána**, npl. **táinte**) (τάιν, τάιντε, gs. τάνα, ds. τάιν) (tɑ:n', tɑ:n'ti) herd of cattle; cattle raid; pl, wealth. **Táinte phóg**, millions of kisses. **Táinte stuic**, herds/droves of cattle. **Ina dtáintibh**, in droves. **Táin Bó Cuailnge**, the Cattle Raid of Cooley, a famous legendary tale from the Ulster cycle.

**tainist**, m. (npl. **tainistí**) (ταινιστ, ταινιστι) (tan'ist', tan'ist'i:) tanist, the elected heir to throne in ancient Irish kingdoms.

**tainiste**, adj. (ταινιστε) (tan'ist'i) second, next in order.

**táinrith**<sup>1169</sup>, m. (gs. **táinreatha**) (τάιν-ριθ) (tɑ:n'-rih) rush, stampede. **Fuill 'na táinrith tród chuisleannaibh**, for blood to surge through your veins. [AÓC]

**taip**, f. (ταιπ) (tap') lump, "catch". **Nách é an taip agat é!** what a "find"! (including in ironic and sarcastic senses). [CFBB]

**taipéis**, f. (gs. **taipéise**, npl. **taipéiseacha**, dpl. **taipéisibh**) (ταπειρ, ταπειρεαδα) (tɑ'p'e:ʃ, tɑ'p'e:ʃɔxə) tapestry.

**taipéistreach**, adj. (comp. **taispéistrí**) (ταπειρτερεαδ, ταπειρτεριγε) (tɑ'p'e:ʃt'ir'əx, tɑ'p'e:ʃt'ir'i:) tapestry (adj).

**tairbhe**, m. (npl. **tairbhí**) (ταιρβε, ταιρβι) (tɑ'r'if'i, tɑ'r'if'i:) profit, good, benefit, advantage. **Cad é an tairbhe é?** What use is it? With **do: deineann sé tairbhe dhom**, it does me good; **tairbhe a dhéanamh do dhuine eile**, to benefit or do good by someone else. **Más aon tairbhe dhuit é**, if it's any help to you. **Tairbhe a bhaint as rud**, to profit by something. **Imithe gan tairbhe**, gone to waste. **Pé tairbhe atá déanta agam, is ar aon aigne amháin do dhéineas é**, whatever good I have done, I did it with one thing in mind [PUL1904]. **Rud a chur chun tairbhe**, to make something of something, put it to good use: *is é adúbhradar go léir 'ná gur mhór an truagh gan tú thíos acu féin mar a mbéadh cothrom agat ar an inntleacht atá agat do chur chun tairbhe*, they all said it was a great shame they didn't have you up with them where you would have had an opportunity to make something of your talents [PUL1904]. *Cad é an tairbhthe, nú an tsúil le tairbhthe, a bhí le fághail acu ós gach aon bhall*, what support/useful aid, or expectation of it, they could get from all quarters [PUL1913]. **Ba bheag an tairbhe dhuit (rud a dhéanamh)**, it would be no good, there would be no use, doing something. **De thairbhe don phobal**, beneficial to the people. **Tairbhe na poiblíochta a chur os cionn do thairbhe féin**, to put the public welfare before your own advantage. **Féachaint chun do thairbhe féin**, to look to your own interests. **Chun a thairbhe**, in his interests. **Tairbhe anama**, spiritual benefit, something good for the soul.

**tairbheach**, adj. (comp. **tairbhí**) (ταιρβεαδ, ταιρβιγε) (tɑ'r'if'əx, tɑ'r'if'i:) useful, beneficial. **Obair thairbheach**, good, well-paid work. **Tairbheach don stát**, beneficial to the state.

**táire**<sup>1170</sup>, f. (gs. **táire**) (ταίρε) (tɑ:r'i) reproach, disgrace. **Chun do tháire féin**, (redounding) to your disgrace.

**tairgim**<sup>1171</sup>, vn. **tairiscint**, verb. (ταιργιμ, ταιργιμ/ταιργιμτε) (tɑrɛg'im~tɑr'ig'im, tɑr'ijk'int') I offer, tender. Past: **do thairgeas, do thairg/thairiscin sé**. Future: **taraiceod, taraiceoidh sé**. Imperative: **tairg**. Participle: **taircthe**. **Tairgim punt dó air**, I offer him a pound for it. Note: the forms of this verb are frequently confused with those of ⇨**tarraingim**, as in: *b'fhuirisde dhuit a aithint, nuair taraingeadh trí fichid punt duit ar do bhraimín gioblach, gorta, droich-mhianaigh, nár dhuine macánta tharaing riamh air a leithéid d' airgead*, it was a simple thing for you to realise, when you were offered sixty pound for your shaggy, emaciated, vicious colt, that it was not an honest man who ever offered so much money for it [PUL1904].

**tairgim**<sup>1172</sup>, vn. **tarrac**, verb. (ταιρραγιμ, ταιρραγιμ/ταιρραγιμτε) (tɑr'ig'im', tɑrɛk) I draw, pull. *Tharaing sé an triccer*, he pulled the trigger [PUL1915]. **Fiacal a tharrac**, to pull a tooth. Present autonomous: **tarraigtar**. Past: **do thairgeas, do thairig sé** /də har'ig' je:/. Future: **tairiceod, tairiceoidh sé**. Imperative: **tairig** ταιρραγιμ /tɑr'ig'/. Participle: **tairricthe** /tɑr'ik'i~tɑr'ik'i/ (TÓD had /tɑr'ik'ihi/). **Tairgim ar:** 1. I pull on: *d'fhan fáinne ruadh ar an bhfeur ag bun an chrainn i ndiaigh na h-órdóige, fé mar fhanfadh dá mba iaran dearg a taraiceofaí air*, a red ring was left on the grass at the bottom of the tree where the thumb had been, just as if two red-hot iron bars had been drawn along it [PUL1904]. **Tá sé ag tarrac ar a haondéag**, it's getting on for eleven o'clock. 2. I bring on (eg, to bring something on myself). *Innseadh Gobnait féin anois é, tharaing sí an cheist uirthi*, let Gobnait let us now, seeing as she has brought the question on herself [PUL1904]. *Ná tarraing ort gnó an fhir thall*, don't meddle in other people's affairs [PUL1914]. **Drochamhras a tharrac ort féin**, to attract suspicion. 3. I draw (eg, a gun) on someone, I try to strike someone: *tharaing sé an tsrian ortha fé mar a bhéadh sé chun a mbuailte*, he swung the reins towards them as if to hit them [PUL1904]. *Bhí sluagh Shíguird ag tuitim láithreach chómh tiugh agus do féadtí na buillí do tharang ortha*, Sigurd's army was falling on the spot as quickly as the blows could be reined on them [PUL1907]. **Claíomh a tharrac ar dhuine**, to bring down a sword on someone. 4. I attract, draw towards myself, take up, attempt. **Gnó a tharrac ort**, to take something up, start doing it, undertake it. *"Dein an dithineas is mó a dh' fhéadfair," arsa'n t-Airchinneach leis an*

1169Broad n?

1170PSD has táir in the nominative.

1171Check all forms of this verb. Future and Past confirmed.

1172All forms need very careful checking. Is it slender r or broad r in the middle? osborn bergin says it is do thaire sé, but the Shiana transcriptions keep the g. PUL1903 has tarangthar, but I think this may be tairrigthear.

**tathlaím**, vn. **tathlú**, verb. (τᾱθεῖμ, τᾱθεῖ) (ta:'hi:m', ta:'lu:) to set to rest. **Tathlú chút**, to settle oneself to rest. [DBÓC]

**tathlú**, vn. ⇨ **tathlaím**.

**táthú**, noun/vn, m. (gs. **táite/táthaithe**) (τᾱθεῖ) (ta:'hu:) consolidation; joint. See ⇨ **táthaím**.

**te**<sup>1191</sup>, adj. (comp. **teo**, npl. **teo**) (te/teit, teo/teoð) (t'e/t'eh, t'o:) warm. **Is teo an lá inniu ná inné**, it is warmer today than it was yesterday. Also hot in figurative senses: *bhí an tóir 'n-a dhiaigh go teith*, he was hotly pursued [PUL1915].

**té**, indefinite pron. (té/ḡn té) (ən t'e:) he who. Generally used with the article. *Mairfidh an t-é atá ag teacht anois*, the one being born now will die [PUL1915]. Frequently found in rhetoric questions: *cá bhfuil an t-é cheapfadh go bhfeicfí choídhche an bheirt sin i gcuing phósta!*, who would have thought that pair would ever be seen agreeing to marry each other? [PUL1904]<sup>1192</sup>. Note: the genitive and dative are also **an té**. *Dúbhairt Tadhg gur dhóich leis gur mhaith an rud teachtaire chur óthuaidh ag triall ar Chaoilte 'ghá rádh leis bheith ar thuairisg an t-é a bhí uatha*, Tadhg said he thought it would be a good idea to send a message north to Caoilte, to tell him to look for the man they wanted [PUL1907]. *B'é crích an sgéil é go raibh uaisle an tSanhedrim 'ghá chuimhneamh, le fírinne, go mbeadh gnó tairbhtheach déanta ag an t-é chuirfadh deire, ar chuma éigin, leis an mbeirt*, the upshot was that the nobles of the Sanhedrim were thinking, with justification, that a good deed would be done by whoever put an end to the pair in some way [PUL1924].

**té**, m. (té) (t'e:) tea. [DBÓC, TÓD]

**teach**, m. ICS. ⇨ **tigh**.

**teachín**, m. ICS. ⇨ **tighín**.

**teacht**, noun/vn, f. (gs. **teachta**) (teact) (t'əxt) coming, arrival. *Ansan nár bhaoghal ná go bhfanfadh na Lochlanaigh amach, nó dá dtagaidís gur theacht gan imtheacht dóibh é*, then there would be no fear but that the Vikings would stay away or if they came, they would be coming for good [implying they would be killed by Brian Ború's armies] [PUL1907]. **Teacht Chríost**, the coming of Christ. **Teacht isteach (ó)**, income. **Teacht thairis**, a mention, a coming across, of something: *ansan bhí rudaí eile nár airigheas riamh aon teacht thórsa*, then there were other things I had never heard mention of [PUL1915]. As an exclamation, **teacht!**, yes!, coming! **Ar mo theacht abhaile (dhom)**, on my way home. **Teacht agus imeacht**, comings and goings; visits. Note: the feminine gender is attested in PUL's Bible, Genesis 30:42; the genitive is not directly attested. TÓD1931 shows that some speakers had /təxt/. See ⇨ **tagaim**.

**teachtair**, m. (npl. **teachtairí**) (teactaire, teactairí) (t'əxtir'í, t'əxtir'í:) messenger; ambassador. **Teachtair a chur/chomáint chun duine**, to send a messenger to someone.

**teachtairacht**, f. (gs. **teachtairachta**, npl. **teachtairachtaí**) (teactaireact, teactaireactaí) (t'əxtir'əxt, t'əxtir'əxti:) message, dispatch. **Teachtairacht a chur ag triall ar dhuine**, to send a message to someone. **Ag dul ar theachtairacht**, to go and deliver a message. **Duine a chur ar theachtairacht** (or **i dteachtairacht** in DBÓC1940) to send someone to deliver a message. **Teachtairacht an Aingil**, the Angelus.

**téad**, f. (gs. **téide**, ds. **téid**, npl. **téada/téadracha**, dpl. **téadaibh**) (téad, téada/téadraca) (t'iad, t'iadə-t'iadrəxə) 1. rope. *Is truagh gan a bhfuil de chladhairíbh bitheamhnach i n-Éirinn in aon téid amháin agam, ar aon chroich amháin*, what a shame I don't have all the villainous rogues in Ireland on one rope, on one gallows [PUL1904]. 2. string (as in a musical instrument). *Do ghléas sé na téada i bhfonn*, he tuned the strings of the instrument [PUL1913b]. **Úirlis ocht**

1191This implies the gsf is also teo, but Foclóir Beag says it is te.

1192Check the translation.



**dtéad**, an eight-stringed instrument. **Téad rannta**, a line of distribution, some method of dividing land by lots in Psalm 77.

**téadbhinn**, adj. (τέαδο-βινν) (t'iad-v'i:n̄) melodious, of a stringed instrument.

**teadhall**<sup>1193</sup>, m. (gs. **teadhail**, np. **teadhla**) (τεαδῶλλ, τεαδῶαλλ) (t'ail, t'ailəxə) handful. In agriculture, the quantity of ears of corn that can be reaped with a **corrán** or reaping-hook.

**teágar**, m. (gs. **teágair**) (τέαγαρ) (t'iaɣər) substance, bulk, strength. **Teágar atá i rud**, the bulk of something.

**teágartha**, adj. (τέαγαρῑα) (t'iaɣərhə) substantial, bulky.

**teagasc**, noun/vn, m. (gs. **teagaisc**, npl. **teagaisc**) (τεαγασκ, τεαγαισκ) (t'agəsk, t'agɪjk') teaching, instruction. **Duine a theagasc**, to teach or give instruction to someone. **Rud a theagasc do dhuine**, to teach someone something. **Teagasc a dhéanamh**, to teach. **Teagasc a ghlacadh**, to receive instruction. **Ag teagasc ins na sionagógaibh**, teaching in the synagogues. **An Teagasc Críostaí**, Christian doctrine, the catechism. **Lucht teagaisc**, teachers, the learned. Note: the genitive is sometimes **an eagaisc chríostaí**, as if the t were foreign in this word. See ⇒ **teagascaim**.

**teagascaim**, vn. **teagasc**, verb. (τεαγασκαίμ, τεαγασκ) (t'agəskim', t'agəsk) I teach, instruct. With **chun**: *agus teagaisgidh iad chun gach ar órduigheas-sa dhaoibh do choimeád*, teaching them to observe all things whatsoever I have commanded you [PUL1915b]. **Duine a theagasc i rud**, to give someone instruction in something. Past: **do theagaisceas, do theagaisc sé**. Future: **teagascóid, teagascóidh sé**. Imperative: **teagasc, teagaiscidh**. Participle: **teagasctha**. Note the plural imperative: **teagaiscidh**, attested in PUL1915b.

**teagascóir**, m. (gs. **teagascóra**, npl. **teagascóirí**) (τεαγασκοίρ, τεαγασκοίρῑ) (t'agə'sko:r', t'agə'sko:r'i:) instructor, teacher, preacher. **Teagascóir ar an ndlí**, a doctor of the law.

**teagascóireacht**, f. (gs. **teagascóireachta**) (τεαγασκοίρεαχτ) (t'agə'sko:r'əxt) instruction, act of instruction.

**teaghlach**, m. (npl. **teaghlacha**) (τεαγλαχ, τεαγλαχα) (t'ailəx, t'ailəxə) household, family. **Rítheaghlach**, royal household/dynasty; also the name of a castle in Co. Cork known as Rathealy in English.

**teagmháil**, vn. GCh. ⇒ **teangmháil**.

**teagmhaím**, verb. GCh. ⇒ **teangmhaím**.

**teagmhálaí**, m. GCh. ⇒ **teangmhálaí**.

**teallach**, m. (npl. **teallaigh**) (τεαλλαχ/τυλαχ, τυλαχ) (t'ə'ləx, t'alig') blacksmith's hearth or forge. Also, **teallach ceártan**. Note: **tulach** is found in PUL1904.

**téamh**, vn. GCh. ⇒ **téim; téidh**.

**Teamhair na Rí**, placename. (Τεαίρῑα ἢ ἢ ῑοχ) (t'aur' nə ri:) Tara in Co. Meath, the ancient seat of the High Kings of Ireland. *Dob' áluinn an radharc iad, ag gluaiseacht soir óthuaidh fé dhéin na Teamhrach*, they were a beautiful sight, proceeding north-east towards Tara [PUL1907].

**teamhair**<sup>1194</sup>, f. (gs. **teamhrach**, npl. **teamhracha**) (τεαίρῑα, τεαίρῑαχα, gs. τεαίρῑαχ/τεαίρῑα) (t'aur', t'aurəxə) elevated place, assembly hill.

**teampaillín**, m. (npl. **teampaillíní**) (τεαμπαίλῑν, τεαμπαίλῑνῑ) (t'aumpil'i:n', t'aumpil'i:n'i:) little temple or shrine.

**teampall**, m. (npl. **teampaill**, gpl. **teampall**) (τεαμπαλλ, τεαμπαλλ) (t'aumpəl, t'aumpil') temple, church (sometimes with the additional nuance of referring to a Protestant church). **Ceann an teampaill**, the head of the church (ie, the Pope): *níor bh'fhéidir dó an leigheas a dhéanamh sa cheart agus é dhéanamh do réir dlíge na h-Eaglaise ar gach aon tsaghas cuma, mar ba chóir, gan cómhairle agus teagasg agus stiúruhadh a bheith aige ó cheann an Teampuil, ó Fhear Inid Íosa Críost*, he couldn't remedy it properly and do so according to Church law in every possible way, as he should, without having the advice, teaching and direction of the head of the Church, the Vicar of Christ [PUL1907].

**téanam**<sup>1195</sup> **ort**, phrase. (τέανῑα ὀρτ) (t'ianəm ort) come on, come along. Note: from a defective verb. *Téanam agus labhramís le m' athair*, come along and let's talk to my father [PUL1907]. *Téanaíg, come along* [PUL1907]. *Téanaidh, a dhaoine beannuighthe le m' Athair, agus sealbhuidh an rígeacht atá ollamh daoibh ó chruithniú an domhain*, come, ye blessed of my Father, possess you the kingdom prepared for you from the foundation of the world [PUL1915b]. **Téanam isteach**, let's go in. Note: only used in the various persons of the imperative. **Téanaidh**, with a long vowel in the second syllable, is the form found in AÓL1968. **Téanaidh liom**, come along with me.

**teanchair**, f. (gs. **teanchaire**, npl. **teanchairí**) (τεανχῑρ, τεανχῑραχα, gs. τεανχῑραχ/τεανχῑρα/τεανχῑραῑ) (t'ə'naxir'~tə'naxir', t'ə'naxir'i:~tə'naxir'i:) blacksmith's tongs. Note: PUL's suggestion to use this word, which he spelt **tnachair**, for "wrench, spanner" does not appear to have been adopted in wider use [PUL ailt 1896].

**teanga**, f. (gs. **teangan**, ds. **teangain**, npl. **teangthacha/teanganna**, gpl. **teangan/teangthacha**) (τεανγα, τεανγῑαχα, gs. τεανγῑαν/τεανγῑαδ, ds. τεανγῑαν/τεανγῑαδ) (t'anə, t'auŋəxə) language; tongue. *Do shloig sé a theanga*, he swallowed his tongue [PUL1915]. **Ar bharr a theangan**, on the tip of his tongue. *Barra na teangan go mbaintear amach as do bhéal, a bhrealláin!*, may your tongue be ripped out, you fool! [PUL1907]. **Fear teangan**, interpreter. **Teanga tine**, tongue of fire. **Seachain teanga liom, leo**, avoid two-faced people who agree with both sides. **Do theanga ' chimeád agat féin**, to hold your tongue. Note: the dual is usually **an dá theanga** in PUL, except directly following a preposition that takes the dative. Note: LASID has /t'auŋəxə/ for the plural.

**teangáil**, vn. ⇒ **teangáim**.

1193What is pronunciation and pl?

1194Check gs. and pronunciation.

1195Are there any other parts of this verb? See p305 GCD.

**teangaíom**, vn. **teangáil**, verb. (teangúigim/teangúigim, teangáil/teangáil) (t'ang'i:m', t'ang'a:l') to meet with, encounter; used with **le**. Future: **teangóidh**.

**teangaire**, m. GCh. ⇒ **fear teangan**.

**teangmháil**<sup>1196</sup>, noun/vn, f. (gs. **teangmhála**, npl. **teangmhálacha**) (teangháil/teangháil, teanghála/teanghála) (t'ang'va:l', t'ang'valəxə) contact, communication. **Teangmháil a bheith agat le duine/rud**, to have contact with someone or something, be in contact with someone. **Teangmháil a dhéanamh le duine**, to come into contact with someone. See ⇒ **teangmháim**; **teangmhálaim**.

**teangmháim**, vn. **teangmháil**, verb. (teangúigim/teangúigim, teangáil/teangáil) (t'ang'vi:m', t'ang'va:l') I meet with, encounter. *Gur le mangaireacht do mhaireadar go dtí gur theangbhaigh an obair seo leó*, they got their living by hawking before they came across this line of work [PUL1904]. With **le**, to come into contact with, strike against, touch: *do thuit an teine 'n-a cith mar a thuitfadh fearhainn agus dhein sí lasair de gach aon rud n-ar theangbhuigh sí leis*, the fire fell in a shower as rain would fall, and turned everything it touched into flames [PUL1925]. Past: **do theangmháios**, **do theangmháigh sé**. Future: **teangmhód**, **teangmhóidh sé**. Imperative: **teangmháigh** /t'ang'vəig/. Participle: **teangmháilte**.

**teangmhálaí**, m. (npl. **teangmhálaithe**) (teangháilte, teangháilte) (t'ang'va:li:, t'ang'va:lihi) a person encountered by chance. **Drochtheangmhálaí**, a bad associate, a person who it is sign of bad luck to encounter.

**teangmhálaim**, vn. **teangmháil**, verb. (teangháilim/teangháilim, teangháil/teangháil) (t'ang'vai:lim', t'ang'va:l') to meet with, encounter; touch, come into contact. Imperative: **teangmháil**, **teangmhálaidh**. Note: a variant of ⇒ **teangmháim**.

**teann**, adj. (comp. **teinne**) (teann, teinne) (t'aun, t'əi'ni) 1. tight, taut, firm; distended; plump; well-filled; pumped tight (as of a bicycle tyre). *Thabharfá fé ndeara na balcaisí, ná rabhdar chomh teann air agus bhídís sul ar buaileadh breóite an fear bocht*, you could see his clothes, which weren't as filled out as they were before the poor man became ill [PUL1904]. **Tinteán tirim teann**, a dry and full hearth. 2. bold, assured, forceful, emphatic; arrogant, full of yourself. **Buille teann**, a confident blow. **Go teann**, firmly, stiffly, forcefully, emphatically, confidently: *ceapaim gurab é céad aitheasg a dhéanfaidh Sadhbh a fhiafruighthe dhíot go tur agus go teann cé dúbhairt leat teacht chun cainte léi*, I think the first move Sadhbh will make will be to ask you bluntly and firmly who told you to come and talk to her [PUL1904].

**teannadh**, vn. ⇒ **teannaim**.

**teannaim**, vn. **teannadh**, verb. (teannaim, teannad) (t'aním', t'anə) 1. I tighten. 2. pump something up. **Bonn a theannadh**, to pump a tyre up. **Mála a theannadh**, to fill the bag that goes with bagpipes with air. **T'ucht a theannadh amach**, to throw your chest forward. With **le**: *bhí an t-olc poiblidhe ag teannadh leó san agus leis an gcuid eile go léir*, public disorder was providing a means of support to them and to all the rest of them [PUL1913]. Past: **do theannas**, **do theann sé**. Future: **teannfad**, **teannfaidh sé**. Imperative: **teann**. Participle: **teannta**.

**teannaire**, m. (npl. **teannairí**) (teannaire, teannairí) (t'anir'i, t'anir'i:) pump. **Teannaire bonn**, a tyre pump.

**teannta**, m. (npl. **teanntaí**) (teannta, teanntaí) (t'auntə, t'aun'ti:) 1. a prop or support. **I dtéannta** with the genitive, near, about, along with. **I dtéannta a chéile**, together, all together, /i d'auntə x'e:l'i/. **Im theannta**, along with me. **Ina theannta san**, in addition to that, moreover, besides. **Ina dtéannta san**, in addition to those. **Ina theannta san is eile**, in addition to all that. **Tá an uair id theannta**, your time is near. **Is beag 'na theannta é**, not far from it. Governing a verbal noun in the meaning "as well as": *i dtéannta é bheith i n'oidhche dhubh bhí ceó tagaithe ar an gcnuic*, as well as it being dark, a fog had descended on the hill [PUL1915]. **Duine ' bheadh mar theannta ar do chúlaibh**, someone supporting you, backing you up. **Is mór an teannta dhuit é**, it will come in very handy. 2. a fix, a difficult situation. **Bhí sé i dtéannta**, he was in a fix, in an uncomfortable situation, in distress. **Aos teannta**, rickets.

**teanntaíom**, vn. **teanntú**, verb. (teanntúigim, teanntúigim) (t'aun'ti:m', t'aun'tu:) I hem in, corner. Past: **do theanntaíos**, **do theanntaigh sé**. Future: **teanntód**, **teanntóidh sé**. Imperative: **teanntaigh**. Participle: **teanntaithe**. [AÓL]

**teanntú**, vn. ⇒ **teanntaíom**.

**tearc**, adj. (comp. **teirce**) (tearc, teirce) (t'ark, t'erk'i) scarce, sparse, scanty, meagre.

**téarma**, m. (npl. **téarmaí**) (téarma, téarmaí) (t'e:rmə, t'e:r'mi:) 1. term; period of apprenticeship or service. *Do chuas síos go Coláiste Mhaighe Nuadhat chun mo théarma aimsire do chaitheamh ann am' ollmhughadh chun bheith am' shagart*, I went up to Maynooth College to serve my apprenticeship in preparation to become a priest [PUL1915]. **Do théarma ' thabhairt**, to serve out your apprenticeship. 2. term, word, expression. *Agus cad é sin dúinne cad a bhaineann le téarmaibh suadh?*, what do matters of philosophy matter to us? [PUL1914]. 3. terms (as in conditions arrived at in a negotiation).

**tearmain**, f. (gs. **tearmann**) (tearmainn) (təremin') church land; sanctuary, refuge. Note: the t is broad in AÓL's Irish, slender in PÓC's.

**tearmann**, m. (gs. **tearmain**) (tearmainn, gs. tearmainn) (təreman) church land; sanctuary, refuge. Note: the t is broad in AÓL's Irish, slender in PÓC's. See ⇒ **tearmainn**.

**teas**, m. (gs. **teas**) (teas) (t'as) heat. **Cuirim teas i**, I heat. **Bhí an leite i ndeireadh a teas**, the porridge was lukewarm. **Tháinig an teas sa ghréin**, the sun grew hot. **Teas ag loscadh**, burning/searing heat. **I dteas an lae**, in the heat of the day.

**teasaí**, adj. (teasaí) (t'a'si:) quick-tempered; headlong; warm.

**teasaíocht**, f. (gs. **teasaíochta**) (teasaíochta) (t'a'si:xt) hot temper.

1196Check pl and check all forms of the verb too.

**teasargaim**, vn. **teasargan**, verb. (τεαργαίγω, τεαργάω) (t'as-arəgim', t'as-arəgən-t'as-arəgin') to deliver, rescue. Preterite: **do theasargain sé**. *Agus do theasargain Dáibhid gach a raibh beirthe leó ag na h-Amalecíteachaibh, agus do shaor sé a bheirt bhan*, so David recovered all that the Amalecites had taken, and he rescued his two wives [1 Samuél 30:18].

**teasargaim**, vn. **teasargan**, verb. (τεαργαίγω, τεαργάω) (t'asəregim', t'asəregən) I rescue, save, deliver. Past: **do theasargas, do theasairg sé**. Future: **teasargfad, teasargfaidh sé**. Imperative: **teasairg**. Participle: **teasairgthe**.

**teasargan**, vn. ⇨ **teasargaim**.

**teasargan**, vn. ⇨ **teasargaim**.

**teasc**, m. (gs. **teaisc**, npl. **teascanna**) (τεασκ, τεασκαννα) (t'ask, t'askənə) task. **Máistrí na dteascanna**, taskmasters.

**teascadh**, vn. ⇨ **teascaim**.

**teascaim**, vn. **teascadh**, verb. (τεασκαίω, τεασκάω) (t'askim', t'askə) to cut, lop off. Past: **do theascas, do theasc sé**. Future: **teascfad, teascfaidh sé**. Imperative: **teasc**. Participle: **teascaithe**.

**teasghrá**, m. (gs. **teasghrá**) (τεαγρηά) (t'as-γrɑ: ) fervent love, zeal. **Teasghrá carthanachta**, a zeal for charity.

**teaspach**, m. (gs. **teaspaigh**) (τεασπάς) (t'is'pɑx, gs. t'aspig') 1. heat. 2. ardour. **Teaspach dearg nó fíor-riachtanas an dá ní is fearr chun duine a chur ar a aimhleas**, burning lust or dire need are the two things most likely to drive a man to do foolish things [proverb]. 3. exhuberance, tendency to gad in animals. *Do shín Osa amach a lámh ag cimeád na h-airce, mar bhí teasbach ar an ndamh, agus do chlaonuig sé i beagan i leith taoibh*, Oza put forth his hand, to hold up the ark: for the ox being wanton had made it lean a little on one side [1 Paralipomenón 13:9]. 4. animal spirits. **Tá an teaspach bainte dhe**, he has sobered up, cooled down. *Gur dhóich leat ortha ná raibh i saidhbhreas dóibh ach adhbhar spóirt, rud a dh'fhéadfidís a bheith acu go macánta ach nár bh'fhóláir leó droch úsáid a dhéanamh de le neart teasbaigh*, it seems they only regarded wealth as a plaything, and what they could have had honestly they were impatient to squander in a fit of exuberance [PUL1913].

**teastabháil**, vn. ⇨ **teastaím**.

**teastáil**, vn. ICS. ⇨ **teastabháil**.

**teastaím**, vn. **teastabháil**, verb. (τεαστημι, τεαστάω/τεαστῶ) (t'as'ti:m', t'astə'vɑ:l') I am lacking. Past: **do theastaíos, do theastaigh sé**. Future: **teastód, teastóidh sé**. Imperative: **teastaigh** /t'astig'/. Participle: **teastáilte**. Usually used in impersonal constructions with **ó**: **teastaíonn punt uaim**, I need a pound. **Teastaíonn uaim imeacht anois**, I want to go now. **Tá punt ag teastabháil uaim**, I need a pound. *Is féidir dúinn a dteastuighean dé do dhéanamh suas le gníomharthaibh aithrige uainn féin*, it is possible for us to make up all that is lacking therein with penitential deeds of our volition [PUL1921].

**teastas**, m. (gs. **teastais**) (τεαστη) (t'astəs) testimony. **Teastas filíochta**, poetic credentials.

**téics**<sup>1197</sup>, m. (npl. **téicseanna**) (τέικς, τέικσεαα, gs. τέικς/τέικςα) (t'e:kʃ, t'e:kʃənə) text.

**teideal**, m. (npl. **teidil**) (τειδεαλ, τειδιλ) (t'ed'əl, t'ed'il') 1. title. **Teideal leabhair**, title of a book. An aristocratic title: *Lord Doneraile an teidiol a bhí aige*, Lord Doneraile was his title [PUL1915]. 2. entitlement, claim, with **chun**: *fuaras na h-úird, gach órd acu fé mar a tháinig mo theidiol chuige*, I received the holy orders, each order as I was qualified for it [PUL1915]. *Ní dócha go raghadh Diarmuid suas chómh dána go tigh Shéadna, 'ghá fhiafruighe dhe cad a cheap sé dhéanamh i gcóir na Máirte, mura mbéadh go raibh ceart nó teidiol éigin aige*, it is unlikely Diarmaid would have gone up to Séadna's house so boldly to ask him what he intended to do on the following Tuesday unless he had some right or reason to do so [PUL1904]. With **do** and **chun**: *thug san sórd teidil 'n-a dhiaidh san do Héród chun bheith n-a rí ar na Iúdaigh*, that then gave Herod some sort of title to be king over the Jews [PUL1924]. **Fén dteideal**, under the title of. 3. pillar, monument. Also **teideal cloiche**. **Teideal cuímhne**, monument pillar, pillar to someone's memory. **Scríbhinn teidil**, inscription on a monument.

**teidealacht**, f. (gs. **teidealachta**) (τειδεαλαχτ) (t'ed'ələxt) entitlement, having titles, authority. [DBÓC]

**teídh**, vn. ⇨ **téim**.

**teifeach**<sup>1198</sup>, m. (npl. **teifigh**) (τεϊφέαχ, τεϊφίγ) (t'ef'əx, t'ef'ig') fugitive.

**teile**, f. (npl. **teillí**) (τεϊλε, τεϊλί) (t'el'i, t'e'l'i:) lime, linden. **Crann teile**, lime tree. [PUB]

**teileagram**, m. GCh. ⇨ **telegram**.

**teileascóp**, m. GCh. ⇨ **fadradharcán**.

**teilgean**, vn. ⇨ **teilgim**.

**teilgeóir**, m. (gs. **teilgeóra**, npl. **teilgeóirí**) (τεϊγέοιρ, τεϊγέοιρῖ) (t'el'i'g'o:r', t'el'i'g'o:r'i:) founder (metallurgical).

**teilgim**, vn. **teilgean**, verb. (τεϊγίω, τεϊγεαω) (t'el'ig'im', t'el'ig'ən) 1. to cast, throw. **Teilgfar amach na Giúdaigh**, the Jews shall be cast out. **Rud do theilgean uait**, to cast something away. **Rud do theilgean ar lár**, to cast something to the ground. 2. to cast, mould metal. Past: **do theilgeas, do theilg sé**. Future: **teilgfead, teilgfidh sé**. Imperative: **teilg**. Participle: **teilgthe**<sup>1199</sup>.

**téim**, vn. **dul**, verb. (τέϊμι, ουλ) (t'e:m', dol) I go. Sometimes in more figurative sense: *chómh fada agus chuaidh an obair a deineadh ins na sgoileanaibh*, as far as the work done in the schools went, as far as it was concerned [PUL1915].

*Ba cheart duit gach cion ar dhaoibh a bheith chómh marbh san ionat gur mhian leat, (chómh fada agus théigheann*

1197Check gs.

1198Check pronunciation.

1199teilici? or teiligithe?

*tú féin*), *bheith sgartha ó aon tsaghas cómhluadair daoine*, all affection towards people should be so dead within you that you would like (as far as it depends on you yourself) to keep apart from any sort of intercourse with people [PUL1914]. *Bhí sé ag dul ó dhearg go bán agus ó bán go dearg an fhaid a bhí sé ag éisteacht leó*, he face flushed with embarrassment, going from red to white and back while he was listening to them [PUL1907]. Past: **do chuas, do chuaigh sé** /xuə fe:/. Future: **raghad, raghaidh sé**. Imperative: **téir**, pl **téigh**. Participle: **dultha**. **Téim sa leabaidh**, I go to bed. **Do chuaigh an fion sa cheann aige**, the wine went to his head. **Do chuaigh sé uathu**, he fled from them, left them. *Is deacair dul uatha*, it is hard to escape their venom [PUL1904]. **Dul ó shlaghdán**, to escape catching a cold. *Tá fir 'na dhiaigh gur deacair dul uatha*, there are man after him who are hard to escape from [PUL1904]. *Is ró mhaith atá a fhios agat, nuair a thioctaidh an t-am ná fuil aon dul uait agam*, you know very well when the time comes I won't be able to escape from you [PUL1904]. *Cheap sé ná raibh aon tslígh b'fhearr 'na rachadh sé féin ó ainim an bhitheamhnaigh do thabhairt air 'ná é féin do thabhairt ainime an bhitheamhnaigh ar dhuine éigin eile*, he thought there was no better way he could escape the charge of being a thief than to accuse someone else of being a thief [PUL1904]. **Cad é an fhaid le dul é?**, how far would it last/go?: *cad é an fhaid le dul dhá mhuc ar mo theaghlach-sa?*, how far would two pigs go (to feed) my household? [PUL1909]. **Téim saor ó**, I escape, go free from. **Táim ag dul i dtaithe air**, I am getting used to it. With **agus**, "to go and do something": *dá mbeadh orm maireachtaint mar a mhairean tusa is é mo thuairim láidir go raghainn agus go mbáthfínn mé féin!*, if I had to live like you live, I am of the firm opinion I would go and drown myself [PUL1931]. **Téim ag** with the verbal noun: I proceed to, I go and do something. *Tar éis tamaill do stad an chos chlé agus do chuaidh an lámh dheas ag déanamh an cheoil i dteannta na coise deise agus do mheas gach aoinne gur chuir san binneas sa cheól ná raibh ann roimhe sin*, after a while, the left leg stopped and the right hand proceeded to play the music along with the right leg and everyone thought that made the music sweeter than it had been before [PUL1913b]. **Téim ar**: 1) I proceed with something, take it up: *níor chuas níba shia ar an sgéal leis*, I didn't proceed any further with the matter with him [PUL1915]. 2) I go on/get on/mount something. **Dul ar chamall**, to get on a camel. *Do cuireadh srian agus ialait ar an gcapal agus chuaidh an fear ar a mhúin*, reins and a saddle were placed on the horse and the man got on its back [PUL1903]. **Dul ar**, for something to happen to someone: *nuair théidheadh tuitim focail air*, when he missed a word out [PUL1904]. *Thuigeadar go mbeadh an méid díobh a raghadh thar abhainn siar go mbeidís gearrtha amach ó'n gcuid eile a bheadh 'n-a ndiaidh, agus ó bhí an méadú ag dul ortha chómh tiugh nár bhfada go mbeadh tuille acu ag imtheacht, agus go ndéanfadh san sgaramhaint eile*, they realised those who went over the river west would be cut off from the rest behind them, and since they were increasing so quickly it wouldn't be long before more of them would be leaving, and that would mean another parting of the ways [PUL1925]. *Mar sin, nuair a fuair an stát an fhuasgailt níor bheag d'iongna an bhreis a chuaidh air i mbeagán aimsire*, thus, once the state had been saved, it is almost incredible how much it grew in a short space of time [PUL1913]. *Do chuaig ar gharsún Bhleá Cliath an chéad c[h]leas a dhéanamh*, it fell to the Dublin boy to do the first trick [AÓL1968]. **Feabhas do dhul ar rud**, for something to improve. **Laghad do dhul ar rud**, for something to get less. **Chuaigh sé cruaidh air**, he pleaded with him, he insisted forcefully. **Má théann sé air dom**, if it comes to it, if it gets that far.

**Téim as**, I escape, get out of something: *sásta 'na n-aigne tré a fheabhas mar a chuardar as*, pleased with how well they had escaped it [PUL1904]. *Do chuadhais as go dian mhaith*, you got off lightly/you've had a grand escape/you came out of it quite well [PUL1904]. *"Tá eagla orm," ar seisean le Diarmaid, "má beirtear orthu, gurb olc a raghaid siad as*, "I am afraid", he said to Diarmaid, "if they are caught, they will come off badly" [PUL1904]. *D'fhiafraigh sé conus a thárla gur deineadh a leithéid de dhísgiughadh ar Dhál gCais agus ar na Conachtaigh agus ar na Muímhneachaibh, agus M'Isheachlainn Mór agus a shluagh bheag do dhul as chómh maith*, he asked how it came to be that such destruction was wreaked on the Dalcassians and the Connaughtmen and the Munstermen, and that M'leachlainn Mór and his small host were absent as well [PUL1907]. **Dul as**, to fail, decline: *anois, ag feuchaint dom ort, chím go bhfuilir ag dul as*, now, looking at you, I see you are growing weaker [PUL1907]. To escape, get out of something: *ní thugaim dul as d' eunaibh*, I don't let birds escape [PUL1903]. **Táim ag dul as**, I am getting frail, wasting way, becoming thin. *Is dócha go raibh ag dul a hainmneacha dhóibh*, they were probably running out of names [DBÓC1940].

With **chun**: **dul chun bídh a chaitheamh**, to go to dinner, go to have something to eat. *Dein na neithe a théigheann chun fóraontachta*, do those things that lead to/tend towards righteousness [PUL1914].

With **do**: 1) for something to go a certain way with you, to strike you or have an impact on you in a certain way: *"dá mbeitheá am' chás, a Athair," ar seisean, "ní ró mhaith do raghadh sé dhuit Sadhbh Dhiarmuda bheith ag magadh fút ar an gcuma so"*, if you were in my shoes, Father, you wouldn't appreciate Sadhbh Diarmaid making fun of you in this way [PUL1904]. *B'fhéidir go raghadh braon fíona go maith dhó*, maybe a drop of wine would suit him/agree with him [PUL alta]. **Ní raghadh puinn cainte dhuit**, too much talk will not suit you, will not do you good. **Téadh sé go maith nú go holc dom**, whether it go well or not. 2) to be due, to deserve: **an onóir a bhí ag dul dó**, the honour that was due to him. 3) to be accorded to: *na daoine a bhí ag obair le fiche bliadhain faoi mhí-mheas, tá meas agus urraim ag dul dóibh anois, agus is míthid é*, those who had been working for 20 years in an atmosphere of disdain are now being accorded regard and respect, and it is high time too [PUL leit 1894].

**Dul de**: 1) **téann de**, it fails, runs short, diminishes: **tá ag dul de**, it is diminishing, some of it is going, disappearing, it is getting low; **chuaigh den ghaoth**, the wind abated; **tá ag dul dá chiall**, he is going senile; **do chuaigh**

**dá mheabhair**, he went out of his mind; **tá ag dul dá radharc**, his sight is failing. *Níor ghádh do Cholla aon eagla bheith air go raghadh d'á chuid lóin bídh ná díghe, pé tarang a déanfaí ortha*, there was no need for Colla to fear that his supply of food or drink would run out, however much they were drawn on [PUL1907]. 2) **téann díom** with the verbal noun, I fail, omit, leave out: **chuaigh díom é a dhéanamh**, I failed to do it; **cad a théann díobh gan déanamh?** What do they omit to do?

**Dul do: téadh sé olc nú maith dhúinn**, come weal or woe, whether it works out well or not.

**Téim fé**, 1. I go under, pass under, sit under. **Tá an ghrian ag dul fé** (or **dul fúithi**), the sun is setting. *Nuair a tháinig ár Slánuightheóir, moladh go deó leis, b'é a thoil naomhtha dul fé'n ndlígh sin, díreach mar a bhí ceangailte ar gach duine firean de'n phobul Eabhra ó aimsir Ábrahaim anuas*, when our Saviour was born, praise be under him for ever, it was his holy will to undergo that law, just as each male of the Hebrew people had been required to do since the time of Abraham [PUL1910]. 2/ **Dul fé**, to undermine, affect: *an fhaid a bhéadh Niamh ann agus í fé shúilibh Ghormfhlaith, agus a h-anál ag dul fé Ghormfhlaith, agus a guth agus a gáire ag dul fé Ghormfhlaith, ní dhéanfadh Gormfhlaith an gníomh*, as long as Niamh were there and under Gormfhlaith's gaze, and her breath affecting Gormfhlaith, and her voice and laugh affecting Gormfhlaith, Gormfhlaith would not have done the deed [PUL1907]. **Chuaigh a bholadh fúm**, I felt the perfume/smell: *nuair a chuaidh an balaith sin fútha d'iompuigh a ngoile, bhí an balaith chómh trom san*, when the smell affected them, their stomachs were upset, the smell was so strong [PUL1907]. *Nuair a chuaidh teas na teine fé'n athair nimhe tháinig sé chuige féin*, the serpent came around when the heat of the fire got to it [PUL1931]. 3. **dul fé dhuine**, to charge at someone, vigorously go for or attack him.

**Dul i (dul isteach i)**, to join. *Tar éis an chatha chuaidh cuid d'á mhuintir i mbuidhin Dhonchadh, mhic Bhriain, agus tháinig cuid acu i mbuidhin Thaidhg Óig uí Chealla*, after the battle some of them joined the troops of Brian's son, Donnchadh, and some of them entered the troops of Tadhg Óg Ó Ceallaigh [PUL1907]. *Ní'l aon rud anois chun me chosg ar dhul isteach i dteighlach ban riaghaltá agus an ídhbirt do chur i ngníomh*, there is now nothing to stop me from entering a convent and putting the sacrifice into effect [PUL1907]. *Beidh mé ag dul 'san ochtmhadh bliain déag agus trí fichid an uair sin*, I will be entering my 78th year at that time [PUL leit]. **Dul i neart**, to become stronger, grow up. **Oiread agus a raghaidh ann**, as much as will fit, as much as it will hold.

**Dul le rud**: 1) to get away with something: *ba cheart dó a fhios do bheith aige ná féadfadh dul leis abhfad fé ainm an rígh*, he ought to have known he couldn't get away with doing it in the king's name for long [PUL1904]. 2) to succeed in, manage to, happen to: *tá earbal ar an bhfrancach agus má théidhean leis imtheacht ó'n stáca agus a cheann do shádh i bpoll, is minic go bhfan an t-earbal lasmuich de'n pholl, agus go mbeirtear air*, there is a tail on the rat, and if it happens to leave the haystack and poke its head in a hole, the tail often remains outside the hole, and it is caught [PUL1903]. 3) to go with, accompany. 4) to take after, resemble. *Ní mór dhom seift éigin a dhéanamh ar dhul leis na péacógaibh*, I must think up a way to look more like the peacocks [PUL1931].

**Dul i**, to go in: *bhí Ábraham a' dul sa chéadmhadh bliadhain d'á aois*, Abraham was in the one hundredth year of his life [PUL1910].

**Dul ó**, to escape: **chuaigh cuid acu uaim gan cur síos**, I neglected to set some of them down. **Níl aon dul uaidh agam**, I have no way of escaping it, there is no way out.

**Dul thar**, to go beyond: *ní théidhan an peacadh thar an t-é dheineann a t-olc*, the sin does not extend beyond the one who commits the evil [PUL1903]. *Agus cad é an mhaith an bhreághacht ná téidhean thar chroicean isteach?*, what is the use of beauty that does not extend beyond the skin to the person within? [PUL1931]. **Dul thar fhocal an mhargaidh**, to breach the agreement by going beyond what was agreed.

**Dul trí**, to pierce. **Chuaigh an radharc trína croí**, the sight pierced her heart, affected her to the core.

**Dul tríd isteach**, to get in through something: *agus 'ghá rádh leó féin gur dheacair d'aon fhuacht dul tríd isteach*, saying to themselves that it would be hard for any cold to get in through [the shawl] [PUL1915]. *Chuaidh ceann des na rothanaibh síos go mol tríd an mbóthar*, one of the wheels went through a gap in the road down to its axis [PUL1931].

**Dul um: do chuaigh an lá uimena thaitheamh**, the day/weather did not live up to its promise.

**Scéal a dhul amach**, for word to get round. **Rud a dhul amach (ort)**, for something to get out, become known, about you: *b'fhearra dhó teitheadh as an ndúthaigh 'ná an liúgh san do dhul amach air*, it would be better for him to flee the area than gain that reputation [PUL1915]. *Chuaidh an focal san amach ameach na ndaoine ins gach aon bhall*, the word went out among the people everywhere [PUL1907]. *Chuaidh a cháil amach ar fuaid na tíre go léir sin*, his fame became known throughout that district [PUL1924]. **Dlí do dhul amach**, for a law to be published. **Ag dul amach ins na bliantaibh**, getting on in years.

**Dul amú**: *níor chuaidh aon fhocal de'n sgéal amú uaim*, I didn't miss a word of the story [PUL1915]. **Dul amú ar**, to be mistaken, be spoilt, go to loss: *an rud a theidheadh amú' ar dhuine thugadh duine eile sa cheart leis é*, something that one person was getting mixed up, someone else would put it right also [PUL1907]. **Dul amú aigne**, distraction.

With **gan**: *'is i n-ainim an rígh do rugadh mo chuid uaim,' ar sise, 'agus ní rachaidh sé gan innsint dó'*, my money was taken from me in the king's name, she said, and I will be sure to tell him/it will not go untold [PUL1904]. **Téim siar**, I go back to something, retrace a story: *i dtreó go dtuigfear an nídh sin i gceart ní mór dom dul siar tamall*, I need to go back a bit so that the matter will be properly understood [PUL1915]. **Téim síos**, I go down (somewhere):

*cad d'imthigh ort, nó conus a chuais ansan síos!*, what happened to you, or how did you get down there? [PUL1925].

**Téim suas**, I go up (to a certain place). **Dul suas ar neamh**, to ascend into heaven. *Do chuaigh Aodh suas ar chulaibh Eisirt*, Aodh got on Eisirt's back [PUL1909]. **Deoch a dhul suas sa cheann agat**, for a drink to go to your head. **Dul treasna**, to go across: *dhein sé drochaid bhreaghtha leathana láidire ins na h-áiteanaibh 'n-a dtéidheadh na bóithre sin treasna aibhní*, he made nice, broad and strong bridges in the places where those roads went across rivers [PUL1907]. **Téann sé go maith dhom**, it suits me: *go bhfuil fear anso againn is géar-chúisíge go mór 'ná Séadna féin, agus go raghadh nead cluthmhar i n-áice an rí chómh maith dhó agus do raghadh sé d'aoinne*, that there is a man among us here who is much more discerning even than Séadna, and who a cushy job near the king would suit as well as it would suit anyone [PUL1904]. Note: in the past tense, PUL normally uses **níor chuas, níor chuidh sé**, but the dependent form **ní dheaghas, ní dheigh sé** /n'i: jəis, n'i: jəi je:/, is also found: *dob' fhada go ndeaghas thairis sin soir*, it was a long time before I went further east than that [PUL1915].

**téim**, vn. **téidh**, verb. (τείξιμ, τείδεαδ) (t'e:m', t'e:~t'e:h) I heat. *I dtreó ná féadadh sé fanmhaint i bhfad sa doras gan teacht anois agus airís go dtí an teine 'ghá théidh féin*, in such a way that he couldn't stay long at the door without coming over to the fire every now and then to warm himself [PUL1904]. **Duine do théidh suas**, to warm someone up. Past: **do théas, do théigh sé**. Future: **téifead, téifidh sé**. Imperative: **téigh**. Participle: **téite**.

**teimheal**, m. (npl. **teimhil**, gpl. **teimheal**) (τείμεαλ, τείμιλ) (t'i:l, t'i:l') stain. **Gan teimheal**, immaculate, without blemish.

**teimhealaím**, vn. **teimhealú**, verb. (τείμεαλιξιμ, τείμεαλυαδ) (t'i:'li:m', t'i:'lu:) to tarnish. Participle: **teimhealaithe**. [PUB]

**teimhealú**, vn. ⇒ **teimhealaím**.

**teimhlím**, verb. GCh. ⇒ **teimhealaím**.

**teimhliú**, vn. GCh. ⇒ **teimhealú**.

**teip**, noun/vn, f. (gs. **teipe**) (τειβ) (t'ep') failing, failure. **Gan (aon) teip**, without fail. *"Is dócha, a rígh," arsa Sitric le Maolmórdha, "ná fuil aon teip ná go mbuadhfaimid sa chath so atá le troid Dé h-Aoine"*, there is probably, said Sitric to Maolmórdha, no way we will not win this battle that is to be fought on Friday [PUL1907]. *"Is dócha, a rígh," arsa Sitric le Maolmórdha, "ná fuil aon teip ná go mbuadhfaimid sa chath so atá le troid Dé h-Aoine"*, "it is probable, Your Majesty", said Sitric to Maolmórdha, "there is no way we will not win this battle/there is no doubt but that we will find this battle that is to be fought on Friday" [PUL1907]. See ⇒ **teipim**.

**teipim**, vn. **teip**, verb. (τειβιμ, τειβ) (t'ep'im', t'ep') I cut off; stop; fail. Past: **do theipeas, do theip sé**. Future: **teipfead, teipfidh sé**. Imperative: **teip**. Participle: **teipithe**. **Teipeann orm**, I fail. **Do theip air glan (leis)**, he failed completely. Sometimes without the following pronoun: *theip é chuir amach an iarracht san*, they failed to evict him on that occasion [AÓL1968]. **Do theip sé orm**, I didn't manage to do it. *Bhí aon chloch amháin ann agus bhí teipithe ar na fearaibh í bhriseadh*, there was one stone the men failed to break [PUL1915]. **Ná teip orm**, don't let me down. With a negative: *b'fhéidir, dá mbéinn féin ann, go dteipfeadh orm gan feuchaint éigin a thabhairt ar na guairibh*, if I had been there myself, maybe I could not have kept myself from casting a glance at the bristles [PUL1904]. **Rud a theip ort**, for something to fail you: *ní raibh aon bhaoghal go dteipfeadh an t-eólus air mar is ag foghlaim chun bheith 'n-a dhochtúir atá a shaoghal go dtí so caithte aige*, it was unlikely his knowledge would fail him, as he spent his life up until then learning to be a doctor [PUL1907]. *T'réis bliana nú mar sin do bhí a' teip ar Ó Mhic an driotháir a bheith a' teacht*, after a year or so, Ó Mhic noticed his brother's failure to come [AÓL1968]. **Níl éinne chun teip orm**, there nothing to stop me, prevent me from doing it.

**teist**<sup>1200</sup>, f. (gs. **teiste**, npl. **teisteanna**) (τεϊστε, τεϊστεαλλα) (t'ejt', t'ejt'ənə) 1. witness, testimony. 2. reputation, character. **Cad é an teist atá air?**, what sort of reputation has he got? What is known of his character?

**teistiméireacht**, f. (gs. **teistiméireachta**, npl. **teistiméireachtaí**) (τεϊστιμέρεαχτ, τεϊστιμέρεαχταί) (t'ejt'i'm'e:r'əxt, t'ejt'i'm'e:r'əxti:) testimony; testimonial. **Teistiméireacht a thabhairt do dhuine ar dhuine**, to give testimony on someone to someone. *Tá teistiméireachtaí anso agam ó ríghthibh agus ó uaislibh agus ó choláistibh móra, 'ghá thaisbeaint cad é an saghas mé*, I have references here from kings and nobles and great colleges, showing what sort of person I am [PUL1907].

**teitheadh**, noun/vn, m. (gs. **teithe/teite**) (τεϊεαδ/τεϊεαδ) (t'ehi) fleeing. **Ar teitheadh**, on the run, in flight. **Ar teitheadh len' anam**, fleeing for his life. **Ar teitheadh ón dlí**, on the run from the law. **Ar mo theitheadh**, on the run. **Imeacht ar do theitheadh**, to go on the run, to put to flight. **Is fearr teitheadh maith ná drochsheasamh** [saying], discretion is the better part of valour. **Lucht teithe**, fugitives, people in flight. See ⇒ **teithim**.

**teithim**, vn **teitheadh**, verb. (τεϊιμ/τεϊιμ, τεϊεαδ/τεϊεαδ) (t'ehim', t'ehi) I flee. Past: **do theitheas, do theith sé**. Future: **teithfead, teithfidh sé**. Imperative: **teith**. Participle: **teite/teithe**. **Ag teitheadh lena n-anam**, fleeing for their lives. **Teitheadh a chur ar an namhaid**, to put the enemy to flight. With **ó**, to flee from: *teithe ó ócáidibh peactha*, to flee the occasions of sin [PUL1915b]. Note: the past participle is attested as **teithe** in PUL1907; it was traditionally spelled **teichthe**.

**telegram**, s. (t'el'igram) telegram. Note: PUL insisted that, as this was a Greek word, the Irish had as much right to it as the English.

**temptation**, s. (tem'teifən) temptation. **Ná léig sinn i dtemptation**, lead us not into temptation. Note: attested in LASID.

**teo**, f. (gs. **teo**) (τεο/τεοα) (t'o:) warmth, heat. *Cad é an bheann a bhéadh aige siúd ar uisge te, agus a theó atá an áit as a dtáinig sé?*, why would he give a damn about hot water, given the heat of the place he came from? [PUL1904].

1200PSD has variant gs *teasta* and pl *teasta*.

**teócht**, f. (gs. **teóchta**) (τεοῦδᾶτ) (t'ó:xt) warmth, heat. See ⇒ **teo**. [AÓC]

**teodailít**, f. GCh. ⇒ **theodolite**.

**teora**, f. (gs. **teorann**, ds. **teorainn**, npl. **teoranna/teoranta**, gpl. **teorann**) (τεορια, τεοριαννα) (t'ó:rə, t'ó:rənə) boundary, edge. **Níl aon teora leis**, there is no end to it; there is nothing like it; it's fabulous; also, there's no stopping him, he's always up to something! *Dúbhart liom féin ná raibh aon teóra leis an radharc le breaghtacht a bhéadh agam ar an ndúthaigh go léir mór-thímpal dá mbeinn ar mhullach an chnuic sin*, I said to myself that I would have an unparalleled view of the whole countryside around if I were at the summit of that hill [PUL1915]. There is no end in a more negative sense: *níl teóra le n-a leithéidí nuair a luíghid siad amach ar an bhfeall agus ar an gcalaois agus ar an éitheach*, such people know no bounds when they take to deceit, cheating and lies [PUL1904]. With **chun**: *ní raibh aon teóra leis an leanbh san chun ceistiúcháin, agus Niamh a caitheadh na ceistean go léir a fhreagairt dó*, there was no end to the child's questions, and it was Niamh who had to answer the questions for him [PUL1907]. **Gan teóra**, infinite. **Gráin gan teora (ar)**, boundless abhorrence (for something). **Neart gan teora**, an unlimited power (as of God). *A Íosa, a Mhaith gan teóra, dein trócaire orainn*, Jesus, infinite goodness, have mercy on us [PUL1921]. **Saibhreas thar teorainn**, immense wealth. **Fiain gan teóra**, exceedingly primitive. **Dul thar teorainn dlí Dé**, to go beyond the bounds of the law of God. **Ar dhá thaobh an teorann**, on either side of the boundary. **Teóra do chur le rud**, to place a limit/place bounds on something: *chidhtear as san, bíodh gur fhéad na druighidóirí, le congnamh an áirseóra, na frograna do thabhairt ann, nár fhéadadar iad do chur as: óir b'é toil Dé teóra do chur le cómhacht an áirseóra sa méid sin*, by this it appears, that though the magicians, by the help of the devil, could bring frogs, yet they could not take them away: God being pleased to abridge in this the power of Satan [Ecsodus 8]. **Teóra do tharrac (idir)**, to draw the boundary (between things). **Cómhartha teorann**, landmark. Also **cloch teorann**. Note: AÓL had **teoranta** in the plural in AÓL1980.

**teorainn**, f. ICS. ⇒ **teora**.

**teorannach**, adj. (comp. **teorannaí**) (τεοριανταῖς, τεοριανταίγε) (t'ó:rənəx, t'ó:rəni:) bordering, adjoining. With **do**: **teorannach dá chéile**. With **le**: **teorannach le tír éigint**, bordering a certain land.

**teoranta**, adj. (τεοριαντα) (t'ó:rəntə) limited, bounded.

**teorantach**, adj. ICS. ⇒ **teorannach**.

**teraphim**, spl. (t'erəf'im) teraphim, idols or gods used in divination among the Philistines.

**terebínt**, f. (gs. **terebínite**) (τερεβίντε) (t'er'i'b'i:nt') turpentine.

**thall**, adverb. (θάλλ) (haul) yonder, over there. **Taobh thall de**, beyond. Sometimes **tall**, especially after a dental: **an tigh úd tall**, that house over there. **An fear thall**, others, other people: *eagna mhór agus fíoraontacht íseadh gan aon mhaoidheamh a dhéanamh asainn féin, agus meas mór maith a bheith againn ar an bhfear thall i gcómhnuidhe*, it is great wisdom and righteousness not to boast of ourselves and always to think highly and well of others [PUL1914]. **An taobh thall**, the other side.

**thar**, prep. (τὰρ/ἐὰρ) (har) 1. beyond, over. *Ba dhóich le duine ná raibh tar chúig neómataí sa n-uair a' chloig sin*, you would have thought there were no more than five minutes in that hour [PUL1915]. *Ní raibh puinn thar ocht n-uaire a's dachad acu an uair sin chun an ollmhucháin a dhéanamh*, they didn't have much more than 48 hours then to prepare [PUL1907]. **Thar aon uair amháin**, more than once. *Má labhair sé i n-aon chor níor labhair sé thar an dá fhocal*, he didn't say more than two words if he said anything at all [PUL1904]. **Thar (tar) gach ní (eile)**, above all else. *Bhí nídh thairis sin inti*, there was something else about it [PUL1907]. **Thar mhnáibh na Múmhan**, above all other women in Munster. **Thar falla**, over a wall. 2. use in comparisons: *tar fhearaibh an domhain mhóir bhraonaigh, cé chuimhneóchadh go mbéadh ceangal de'n tsórd san ar Shéadna?*, of all the men in the great wide world, who would have thought Séadna would be under such an obligation? [PUL1904]. **Thar a raibh d'fhearaibh sa domhain**, of all the men in the world. *Bhí féile agus fairsinge i ríghtheighlach Bhriain, agus saidhbhreas agus uaisleacht, thar gach teighlach Árdrígh d'á raibh i n-Éirinn ó aimsir Chormaic mhic Airt*, there was lavish hospitality in Brian's household, and riches and nobility, beyond that of any household of a High King in Ireland since the time of Cormac mac Airt [PUL1907]. **Thar áireamh**, innumerable. **Thar barr**, tip-top, excellent, and with lenition in more specific cases: **thar bharr an chnoic/thar bárr an chnuic**, over the top of the hill. **Thar cheann**, in return for, instead of: **téim thar a cheann**, I go in his stead, on his behalf; *do dhíoladar an cíos thar cheann an fhir a dh'fhan siar*, they paid the rent on behalf of the man who had got behind [PUL1915]. "*Tabhair dhom déirc ar son an tSlánuightheóra agus le h-anaman do mharbh, agus tar cheann do shláinte*," "give me alms for the Saviour's sake and for the souls of the dead and for your health" [PUL1904]. **Tón tar ceann**, head over heels. **Bád do chaitheamh tón tar ceann**, to keel a boat over. **Thar cómhaireamh**, uncountable. **Thar cúntas**, beyond reckoning. **Isteach tar claí**, over a fence (motion). **Thar lear**, abroad, overseas. **Thar n-ais**, back: **tagaim thar n-ais**, I come back. In exclamations: **thar a bhfeacaís riamh!**, exactly so! (literally: beyond everything you ever saw). **Thar a raibh d'fhearaibh i n-Éirinn**, beyond all others, more than any other man. **Rud a chur thar dhuine**, to put something past someone, ie not think something possible of them: *ní chuirfínn thar mo leasmháthair é!*, I wouldn't put it [the theft of a chalice] past my stepmother! [PUL1907]. **Dul thar uisce**, to put to sea. **Dé Luain seo ' ghoibh thorainn**, last Monday. **Thar a chéile**, overlapped, overlapping, crossing over each other. Note: **thar** lenites in particularised reference: **thar barr**, excellent; **thar bharr an chnoic**, over the top of the hill. **Thairis** has been used with the article and the relative particle, but this was not the usage of PUL, who had **thar an**, **thar na** and **thar a**. **Thairis** is used with the demonstrative pronoun: *dob' fhada go ndeaghas thairis sin soir*, it was a



long time before I went further east than that [PUL1915]. **Thairis amach**, past him. **Thairis sin amach**, further on, further out. **Thairis an méid sin uile go léir**, in addition to all of that, furthermore. **Thar** is generally always lenited in the modern language, but for a non-lenited example, see ⇒**tar éis**. Pronoun forms: **thorm** /horəm/, **thort**, **thairis**, **tháirsi**, **thorainn**, **thoraibh**, **thórsu** /ho:rsə~hɑ:rsə/ (the latter form found in LASID).

**thart**, adverb. (ἔαρτ) (hart) round, about, by, past. *Dein t'iaraidh thort!*, *l'in' t'iarə hort*<sup>1201</sup>, ask something else! [PUL1904].

**Dul thart**, to pass through/by.

**theas**, adverb. (ἔεαρ) (has) south, in the south, south. **Ar an dtaobh theas de**, to the south of. **Thuaidh ná theas**, north or south. **An tír theas**, the land to the south. **An ceann teas/an ceann theas**, the south.

**theodolite**, s. (t'iodəlaít) theodolite.

**thiar**, adverb. (ἔιαρ) (hiər) to the west or rear; behind. **Ar an dtaobh thiar**, behind, to the west of. **Ar an dtaobh thiar de**, supporting. Sometimes just "over, over at the house": *"ar inis Máire dhuit," arsa 'n sagart, "cad dúbhairt Séadna léi an lá a bhí sé thiar?"*, did Máire tell you, the priest said, what Séadna said to her the day he came over?" [PUL1904].

**Thiar theas**, southwest. **Sa chúinne thiar theas de**, in the south-west corner of it. **Tá sé thiar air**, he was in a bad way, set back, behindhand. **Tá an diabhal thiar ort**, you're in a really bad way! Also found impersonally: **do bheadh thiar orthu**, they were disappointed, they lost out. **An ceann thiar**, the west. **Thiar ar deireadh**, in the rear.

**thíos**, adverb. (ἔιopf) (hi:s) below; down; in the north. **Thíos i gcathair Luimní**, up in Limerick city. **Thíos agus tuas**, above and below. *Ansan ní bheidh truagh thíos ná thuas duit*, there will no sympathy anywhere (or in heaven and on earth) for you [PUL1931]. *Theip ortha teacht thíos ná thuas air*, they failed to get at the truth from any angle/however they approached it [PUL1904]. **Thíos**, suffering, on the receiving end. **Thíos**, written down, set down, set out somewhere. **Thíos leis**, suffering for it, bearing the consequences: *nuair a thioctadh an lá déanach ní bhéadh thíos leis ach é féin*, when the last day came, no-one would suffer for it but himself [PUL1904]. **Thíos le**, affixed or added below something (e.g., of a seal to a document). Note: **thíos** is often used where "up" would be more likely for a location to the north in English.

**thoir**, adverb. (ἔoir) (hir') east, in the east. **Thoir thiar (agus) thall**, all over the place; here, there and everywhere: *dá mbeidhfeá ag caint léi ní fhéadfadh sí dhá fhocal a labhairt gan Éamonn óg thoir thiar thall aici*, if you spoke to her, she couldn't help coming out with Eamonn this, Eamonn that and Eamonn the other [PUL1904]. **An ceann thoir**, the east. **An Domhan Toir**, the Orient.

**thuaidh**, adverb. (ἔυαιð) (huəg') north, in the north. **Ó thuaidh**, to the north, northwards. **Ó thuaidh ó**, to the north of. **Siar ó thuaidh**, to the north-west. **Soir ó thuaidh**, to the north-east. **Thuaidh ná theas**, north or south. **An áit thuaidh**, the north. **An ceann tuaidh/an ceann thuaidh**, the northern end; the north. **An namhaid thuaidh**, the northern enemy.

**thuas**, adverb. (ἔυαρ) (huəs) above. **Ón áit thuas**, from above. Note: in **thíos agus tuas**, above and below, the th is delenited following a dental.

**thuine**, s. (tin'i) thyme (tree).

**tí**<sup>1202</sup>, m. (npl. **títhe**) (tí, tíce) (t'i:, t'i:hi) point, mark. **Ar tí**, about to, intending to, ready to, determined to: **ar tí do mharaithe**, on the point of killing you. **Ar a thí**, after him, in pursuit of him. **Ar tí titim**, on the point of falling over.

**tiachán**, m. (npl. **tiacháin**) (tíachán, tíacháin) (t'íə'xɑ:n, t'íə'xɑ:n') wallet. [DBÓC]

**tiachóg**, f. GCh. ⇒**tiachán**.

**tiarcas**, m. (tíarcas) (t'íərkəs) only found in **a thiarcais!** /ə hɪərkɪf/ Oh God! My goodness! Note: an exclamation used to avoid **a thiarna!**, seen as blasphemous.

**tiarna**, m. (npl. **tiarnaí**) (tígearna, tígearnaí) (tígearna, tígearnaí, gs. tígearna/tígearna) (t'íərnə, t'íə'rni:) Lord. **Tiarna talún**, **tiarna tailimh**, landlord. **Tiarna tíre**, a lord of the land. **Lá an Tiarna**, the Lord's day; **briseadh lae an Tiarna**, breaking of the sabbath. **An Tiarna Dia**, the Lord God. **Tiarna Inid (ar chúntae)**, Lord Lieutenant.

**tiarnas**, m. (gs. **tiarnais**) (tígearna) (t'íərnəs) lordship, dominion, domain. Note: can refer to the territory as well as the title.

**tiarpán**, m. (npl. **tiarpáin**, gpl. **tiarpán**) (tíarpán, tíarpáin) (t'íə'rpa:n, t'íə'rpa:n') hip-sack; testicle. Note: attested in Job 40.

**tic**, m. (npl. **ticeanna**) (tí, ticeanna) (t'ík', t'ík'ə'nə) tick of a clock. **Tic teac**, tick-tock. [DBÓC]

**ticéad**, m. (gs. **ticéid**, npl. **ticéadaí**) (tícéad, tícéadaí, gs. tícéid) (t'ík'e:d, t'ík'e:di:) ticket. **Amuigh ar thicéad**, out (of prison) on probation. **Ticéad a bhriseadh**, to cancel someone's probation.

**tigh**, m. (gs. **tí**, ds. **tigh**, npl. **tithe**, gpl. **tithe/teach**) (tí, tíce, gs. tíge) (t'íg', t'íhi) house, building. **Tigh ar ard**, a house built on an eminence, and hence thought unlucky. **Tigh cónaithe**, dwelling-house. **Tigh Shúilleabháin**, the Sullivans' pub. **Tigh tabhairne**, **tigh an tabhairne**, public house. *Ó Dhomhnach Diagh go Tigh Mháire*, from Donaghadee Co. Down [the easternmost point of mainland Ireland] to Tigh Mháire [translated as Dunmore Head, Co. Kerry, properly Tigh Mháire] [PUL1915]. **Tigh a chur suas**, to build a house. Also **tigh a dhéanamh**. **Bean tí**, housewife or housekeeper. **Fear tí**, householder. **Muintir thí**, servants or members of a household. Note: **tigh** is a historic dative, which has replaced the historical nominative, **teach**. **Tigh** is often pronounced /t'i/, losing its final consonant, when followed by a qualifier, e.g., **tigh ósta** /t'i o:stə/. **Teach** is found in the genitive plural in PUL1903, but **tithe** is used in the genitive plural in PUL1915b.

1201This surprising transcription is what Shan Ó Cuiv had in chapter 19 of Shiana; check. Also, is it the adverb here? or a prepositional pronoun? Is it hart, haret or hort for the adverb?

1202Check gender. F in CO.

**tighín**, m. (npl. **tighíní**) (τιγῖν, τιγῖνί) (t'í:g'í:n', t'í:g'í:n'í:) small house; privy.

**tigim**, verb. ⇒**tagaim**.

**tigris**, s. (t'í:g'í:r'íj) tiger.

**timire**, m. (npl. **timirí**) (τιμῑρη, τιμῑρηί) (t'im'í:r'í, t'im'í:r'í:) attendant.

**tímpallach**, adj/adv. (comp. **tímpallaf**) (τιμῑελλαῑ, τιμῑελλαῑγε) (t'i:m'pələx, t'i:m'pəli:) roundabout.

**tímpalladh**, vn. ⇒**tímpallaim**.

**tímpallaim**, vn. **tímpalladh**, verb. (τιμῑελλαῑμ, τιμῑελλαῑδ) (t'i:m'pəlim', t'i:m'pələ) to go round, encompass. Past: **do thímpallas**, **do thímpall sé**. Participle: **tímpalltha**. Note: other conjugated forms are not shown as unlikely to be used.

**Tímpalltha máguard**, encompassed on every side.

**tímpallghearraim**, vn. **tímpallghearradh**, verb. (τιμῑελλαῑγῑεῑρῑαῑμ, τιμῑελλαῑγῑεῑρῑαῑδ) (t'i:m'pəl-jarim', t'i:m'pəl-jarə) to circumcise. Past: **do thímpallghearras**, **do thímpallgheárr sé**. Future: **tímpallghearrfad**, **tímpallghearrfaidh sé**. Imperative: **tímpallgheárr**. Participle: **tímpallgheárrtha**.

**timpeall**, m. (npl. **timpill**) (τιμῑεῑλλ, τιμῑεῑλλ) (t'i:m'pəl, t'i:m'píl') 1. circuit, circumference. *B'fhearra dhom gur bh' é an tímpal a gheóbhainn*, I ought to have gone the long way round [PUL1915]. **Timpeall fada a ghabháil**, to go the long way round, make a large circuit to go somewhere. 2. as an adverb with the genitive, around: **timpeall an bhaill**, around the place; **timpeall an tseomra**, around the room. **Gabháil timpeall**, to go round: *thusnuigh ceist ar ghabháil tímpal i dtaobh an stíobhaird nua a bhí tagaithe ann*, a question began to go round/circulate about the new steward who had arrived [PUL1907]. **Do ríth sí timpeall go dtí an taobh eile den tigh**, she ran round to the other side of the house. **Timpeall na haimsire céanna**, around the same time (or **timpeall an am gcéanna** in DBÓC1940). **Timpeall na bliana 1900**, around the year 1900. *"B'fhéidir," ar seisean, "go bhféadfá-sa tuairisg éigin do thabhairt dúinn i dtaobh an ráfla so atá ar siúbhail tímpal Shadhbh Dhiarmuda agus Chormaic Báille,"* maybe, he said, you could give us some information about the rumour that is around about Sadhbh Diarmada and Cormac the Bailiff [PUL1904]. **Im thimpeall**, around me. With **ar**, round, surrounding: *na feallairí a bhí tímpal ar Washington gach aon ré sholuis*, the betrayers round Washington at every turn [PUL1915]. **Míle de timpeall**, a mile in circumference, a mile in a roundabout route: *ghabhdís gach aon chómhngar, i dtreo gur mhinic ná biodh míle 'shlígh acu le gabháil nuair nár bhfoláir d'fhear capail gabháil, b'fhéidir, deich míle de thímpal*, they took every shortcut, so that they often had to go only one mile when a man on horseback would have to go, maybe, ten miles on a circuitous route [PUL1907]. **Timpeall** with genitive, around. **Timpeall ocht míle**, around eight thousand. **Timpeall le**<sup>1203</sup>, around, about: **timpeall le coicíos ó shin**, around a fortnight ago. **Sa timpeall**, all around: *agus an chuid eile d'éileamh ortha go léir sa tímpal*, with them all all around required to pay the rest of the money due [PUL1915]. *Bheireadh a ngnó sa tímpal iad i dtreo go mbídís tamal ins gach aon bhuidhin*, they work took them all around so that they would spend a while in each group [PUL1907]. **Caogad míle sa tímpall**, fifty miles in circumference. **Timpeall trí**, all around, all over: *nuair a bhí Cúig' Uladh siúbhailta do gabhadh tímpal tré Chúige Laighean*, when they had journeyed through Ulster, they went all over Leinster [PUL1907]. **Rud a chur timpeall**, to send something round, circulate it. Note the broad pronunciation of the p.

**timpeallach**, adj. GCh. ⇒**tímpallach**.

**timpeallaím**, verb. GCh. ⇒**tímpallaim**.

**timpeallghearradh**, noun/vn, m. (gs. **timpeallghearrtha**) (τιμῑελλαῑγῑεῑρῑαῑδ) (t'i:m'pəl-jarə, gs. t'i:m'pəl-ja:rə) circumcison. **Timpeallghearradh a dhéanamh ar dhuine**, to circumcise someone. **Gan timpeallghearradh**, uncircumcised. See ⇒**tímpallghearraim**.

**timpeallú**, vn. GCh. ⇒**tímpalladh**.

**tincéir**, m. (gs. **tincéara**, npl. **tincéirí**) (τινῑεῑρη, τινῑεῑρηί) (ti:ŋ'k'e:r', ti:ŋ'k'e:r'í:) tinker. Note: the t is broad.

**tindeáil**, vn. ICS. ⇒**tiondáil**.

**tindeálaim**, verb. ICS. ⇒**tiondálaim**.

**tine**, f. (npl. **tinte/tinteacha**, dpl. **tíntibh**) (τεῑνε, τεῑντε) (t'in'í, t'i:nt'í~t'i:nt'əxə) 1. fire. **Trí thine**, on fire. **Rud a chur trí thine**, to set something on fire. **Tine a lasadh**, to light a fire. **Tine a chur**, to start a fire. **Tine a chur síos**, to set a fire. Also **tine do dhéanamh**. **Tine ' thógaint**, to catch fire. **Do theip tine**, it didn't fire (e.g. of a gun). **Tinte ifrinn**, the fires of hell. **Giolla tine**, a servant who looked after the fire. **Tine 'gus teas**, fire and heat. **Tine bhríceach**, brick-kiln. **Tine chnámh**, bonfire. **Fé thine (áit éigin)**, within a line of fire, easily fired on from somewhere. 2. rage, frenzy. **Tine i súilibh duine**, a frenzied look in someone's eyes. **Tine dhia**, St. Anthony's fire, a form of skin rash. Note: the genitive was sometimes written **teineadh**, with the dative then becoming **teinidh**, but **tine** is the pronunciation. PUL states in PUL1926 that both plurals are correct; **tinteacha** is attested in PUL1909.

**tiníl**, f. (gs. **tiníola/tiníolach**, npl. **tiníolacha**) (τεῑμ'ῑοῑ/τεῑμῑῑ) (t'in'í:l', t'i'n'í:ləxə) limekiln. Note: the l is broad in the genitive and plural. AÓL and DBÓC had **tiníolach** in the genitive.

**tinn**, adj. (comp. **tinne**) (τεῑνν, τεῑννε) (t'əin', t'əin'í) 1. sore. *Chreid gach aoinne ná rabhdar ciontach i ngnó na mbithiúnach agus ná raibh aon rún acu air, agus ná raibh aoinne ba theinne do fágadh 'ná iad*, everyone believed they were not guilty of what the thieves had done, and that they had no knowledge of it, and that there was no-one more greatly harmed by it than they [PUL1904]. **Rud ab eol dóibh go teinn**, something they sorely knew (knew only too well). 2. painful, distressing (of a topic of conversation). Note: the traditional distinction in meaning between **tinn**, sore, and **breoite**, ill, is maintained in Munster.

1203What is the difference between timpeall and timpeall le.

**tinneall**, m. (inneall/cinneall) (t'ɪn'əl) found in the phrase **ar tinneall**, at the ready, set, cocked. **Rud a chur ar tinneall**, to set something, get it ready, prime it. Note: derived from **inneall**, "state, arrangement".

**tinneas**<sup>1204</sup>, m. (gs. **tinnis**, npl. **tinneasaf**) (ceinneas, ceinneas, gs. ceinneas) (t'ɛn'əs~t'ɪn'əs, t'ɛn'ɪ'si:) pain, soreness. **Tá teinneas im cheann**, my head hurts. **Bheith i dtinneas clainne**, to be in labour (about to give birth). **Teinneas clainne 'bheith ort**, to be in labour. **Tinneas do dhóthain ort**, to be in a good deal of pain. **An teinneas do mhaolú**, to reduce the pain. **Do buaileadh tinneas coirp orm**, I began to feel a physical pain. **Cuireann sé tinneas cinn ar dhaoine**, it gives you a headache. **Teinneas fiacail (ort)**, toothache. **Rud a dheineann teinneas**, something that causes pain.

**tinteach**, adj. (comp. **tintí**) (ceinteas, ceinteas) (t'ɪ:nt:əx, t'ɪ:n't'i:) fiery.

**tinteán**, m. (npl. **tinteáin**) (ceinteán, ceinteáin) (t'ɪ:n't'a:n, t'ɪ:n't'a:n) fireplace, hearth.

**tintí**, adj. (ceinteas) (t'ɪ:n't'i:) fiery.

**tintreach**, f. (gs. **tintrí**, npl. **tintreacha**, gpl. **tintreach**) (ceintreas, ceintreas) (t'ɪ:ntr'əx, t'ɪ:ntr'əxə) lightning. **Lasair thintrí**, a flash of lightning.

**tiobraid**, f. (gs. **tiobratán**, npl. **tiobraide/tiobraidí**) (tiobraid, tiobraide/tiobraidí) (t'ubrid', t'ubrid'i~t'ubrid'i:) fountain, well, spring, especially a holy fountain. **Tiobraid Árann** (well of the River Arra), County Tipperary. **Conntae Thiobrad Árann** /ku:n'te: hurbəd a:rən/, Co. Tipperary: PUL had **Cionntae Thiobraid Árann**, but this form found in LASID shows a variant genitive. Note: the Muskerry placenames **Gort na Tiobratán** is also found as **Gort na Tiobrait**, showing yet another variant genitive singular. The plural is attested in PUL1924b.

**tiogar**, m. GCh. ⇨ **tigris**.

**tíolacadh**<sup>1205</sup>, noun/vn. (gs. **tíolactha**, npl. **tíolacthaí**) (tióilacadh, tióilacadh) (t'əilək'i, t'əilək'i:) bestowal, gift (from God). **Tíolacadh ó Dhia**, a gift from God. See ⇨ **tíolacaim**.

**tíolacaim**<sup>1206</sup>, vn. **tíolacadh/tíolacan**, verb. (tióilacaim, tióilacadh/tióilacadh) (t'əilək'im', t'əilək'ə/t'əiləkən) I dedicate. *Fé mar a thiodhnaic Maois an seana-thiomna le fuil na neithe a h-ídhbireadh, nuair adubhairt sé: "fuil an tiomna an fhuil seo," ar an gcuma gcéadna, tiodhnactar agus curtar ar bun an tiomna nua anso, i bhfuil Chríost*, as the old testament was dedicated with the blood of victims, by Moses, in these words: This is the blood of the testament, so here is the dedication and institution of the new testament, in the blood of Christ [PUL1915b]. Past: **do thíolacas**, **do thíolaic sé**. Future: **tíolacfad**, **tíolacfaidh sé**. Imperative: **tíolaic**. Participle: **tíolactha**. Note: CFBB shows both verbal nouns.

**tíolacan**, vn. ⇨ **tíolacaim**.

**tiomáinim**, vn. **tiomáint**, verb. (tiomáinim, tiomáint) (tə'mɑ:n'im', tə'mɑ:nt') 1. I drive. **Bó a thomáint**, to drive a cow. **Do thiomáineadar leo**<sup>1207</sup>, they pressed on, proceeded, went on, went ahead. **Rud a thiomáint ar aghaidh**, to drive something ahead, drive something along. *Ní raibh aige ach bagairt air chun é a thiomáint ar siúl*, all he had to do was beckon in order to set him to work [PUL1904]. 2. I force in, I plunge (something in): *ní túsge thiomáinean sí an chealg 'ná 'tá deire léi*, its life is finished as soon as it plunged the sting in [PUL1903]. Past: **do thiomáineas**, **do thiomáin sé**. Future: **tiomáinfead**, **tiomáinfidh sé**. Imperative: **tiomáin**. Participle: **tiomáinte**. Note: both transitive and intransitive in meaning. Compare ⇨ **comáinim**. **Tiomáinim** has traditionally been used of horses, and now cars, and **comáinim** has referred to driving or herding other animals.

**tiomáint**, vn. ⇨ **tiomáinim**.

**tiománaí**, m. (npl. **tiománaithe**) (tiománaí, tiománaí) (tə'mɑ:ni:, təm'a:nihi) driver.

**tiomna**<sup>1208</sup>, m. (npl. **tiomnaithe**) (tiomna, tiomnaí) (tumna, tumnihi) 1. testament, covenant; precept. **An Tiomna Nua**, the New Testament. **An Tiomna Sean**, the Old Testament. Also **an tSeana-Thiomna**. **Fén dTiomna Nua**, under the New Testament/new covenant. 2. will, legacy.

**tiomnadh**, vn. ⇨ **tiomnaim**.

**tiomnaim**, vn. **tiomnadh**, verb. (tiomnaim, tiomnadh) (tumnim', tumna) to dedicate. Past: **do thiomnadar**.

**tiomnaím**, vn. **tiomnú**, verb. (tiomnaím, tiomnaím) (tum'ni:m', tum'nu:) to dedicate. Past: **do thiomnaíos**, **do thiomnaigh sé**. Future: **tiomnód**, **tiomnóidh sé**. Imperative: **tiomnaigh**. Participle: **tiomnaithe/tiomanta**.

**tiomnú**, vn. ⇨ **tiomnaím**.

**tiompán**, m. (npl. **tiompáin**) (tiompán, tiompáin) (t'i:m'pɑ:n, t'i:m'pɑ:n) lyre, a harp-like instrument with metal strings.

**tiondáil**, vn. ⇨ **tiondálaim**.

**tiondálaim**, vn. **tiondáil**, verb. (t'in'dɑ:lim', t'in'dɑ:l') I serve, attend to. Past: **do thiondálás**, **do thiondáil sé**. Future: **tiondálfad**, **tiondálfaidh sé**. Imperative: **tiondáil**. Participle: **tiondálte**.

**tionéontaí**, m. (npl. **tionéontaithe**) (tioneontais, tioneontais) (t'ɪ'n'o:nti:, t'ɪ'n'o:ntihi) tenant.

**tionlacaim**, vn. **tionlacan**, verb. (tionlacaim, tionlacadh) (t'u:nlək'im', t'u:nləkən) I escort, accompany. Past: **do thionlacas**, **do thionlaic sé**. Future: **tionlacfad**, **tionlacfaidh sé**. Imperative: **tionlaic**. Participle: **tionlactha**. *Bhí gárda lucht airm 'ghár dtionlacan*, we were escorted by an armed guard [PUL1915].

1204Check pl.

1205IWM has t'əiləkə, but the LS for PUL1921 indicates a slender c. PUL1914 has tíodhlaice.

1206Check vn. Past participle is tiodhlaicthe in PSD1927. Check pronunciation. IWM has t'əiləkə, but this conflicts with the spelling in PUL1915b as given in the example.

1207This is in PUL1904, but PUL1915 has chomaineadar leo.

1208Check vowel.

**tionlacan**, noun/vn, m. (gs. **tionnlacain**) (τιοννλακαν) (t'ʉ:nləkən) escort. **Gárda tionnlacan**<sup>1209</sup>, guard of escort. See ⇒**tionlacaim**.

**tionóisc**, f. (gs. **tionóisce**, npl. **tionóiscí**) (τιονóιςκ, τιονóιςκί) (t'ə'no:ʃk', t'ə'no:ʃk'i:) accident. **I bhfad uainn an tionóisc**, may a sudden calamity be far from us (a pious invocation on hearing of a serious accident). *Bhí fhios againn go léir gur le tionóisc a marbhuightheadh an duine*, we all knew that the man had been killed by accident [PUL1915]. **Le tionóisc**, by accident. Also **trí thionóisc**. **Le haon tionóisc**, by any mishap. **Bas d'fháil à tionóisc**, to die in an accident. **Thit tionóisc amach dom**, I had an accident. Note: found as **tonóisc** in PUL1903; found with a broad t in LASID.

**tionónta**, m. ICS. ⇒**tionéontaí**; **tróntaí**.

**tionscal**, m. (npl. **tionscail**, gpl. **tionscal**) (τιοννσκάλ, τιοννσκάλ) (t'ʉ:skəl, t'ʉ:skil') industry, exertion; project, design. *Níor fághadh an giolla turais abhfad ag déanamh an tíusgail, ámhthach*, the courier was not long left busying himself with this work, however [PUL1907]. *Má's mó do sheasamh ar do thúisgint agus ar do thionnscaí féin ná ar an bhfioraontacht a chuireann fhiachaint ar dhuine bheith úmhal d' Íosa Críost*, if you rest more on your own understanding and your own exertions/experience than on the righteousness that obliges a man to submit to Jesus Christ [PUL1914].

**tionsclach**, adj. (comp. **tionsclaí**) (τιοννσκλάκ, τιοννσκλάκ) (t'ʉ:skələx, t'ʉ:skə'li:) industrious. *Dá mbéadh aoinne 'ghá iaraidh ortha ní baoghal go mbéidís chómh tionsgalach*, if anyone were asking them to something, there would be no way they would be so diligent [PUL1904].

**tionsclóir**, m. (gs. **tionsclóra**, npl. **tionsclóirí**) (τιοννσκλόιρ, τιοννσκλόιρ) (t'ʉ:skəlo:r', t'ʉ:skəlo:r'i:) contriver, inventor; busybody.

**tionscnaím**, vn. **tionscnú**, verb. (τιοννσκναιμ, τιοννσκναιμ) (t'ʉ:skə'ni:m', t'ʉ:skə'nu:) I begin, initiate. Past: **do thionscnaíos**, **do thionscain sé**. Future: **tionscnód**, **tionscnóidh sé**. Imperative: **tionscain**. Participle: **tionscanta**.

**tionscnamh**<sup>1210</sup>, m. (gs. **tionscnaimh**) (τιοννσκναιμ) (t'ʉ:skə'nəv) beginning, introduction. **Ráiteas tionscnaimh**, introductory/preliminary/prefatory statement. See ⇒**tionscnaím**, **tionscnú**.

**tionscnóir**, m. ICS. ⇒**tionsclóir**.

**tionscnú**, vn. ⇒**tionscnaím**.

**tionscra**<sup>1211</sup>, m. (gs. **tionscra**) (τιοννσκραι) (t'ʉ:skərə) allowance, wages.

**tioránach**, m. (npl. **tioránaigh**, gpl. **tioránach**) (τιορανάκ, τιορανάκ) (t'i:'ra:nəx, t'i:'ra:nig') tyrant, bully.

**tiorántacht**, f. (gs. **tiorántachta**) (τιοραντάκτ) (t'i:'ra:ntəxt) tyranny.

**tiorántas**, m. (gs. **tiorántais**) (τιοραντάς) (t'i:'ra:ntəs) tyranny. [DBÓC]

**tios**, m. (gs. **tís**) (τις) (t'i:s) housekeeping, household. **Fear tís**, house steward. **Córeacha tís**, household stuff, the things in the home.

**tíosaigh**, m. (npl. **tíosaigh**, gpl. **tíosaigh**) (τιοσαίγ, τιοσαίγ) (t'i:səx, t'i:'sig') hospitable host, housekeeper. [DBÓC]

**tír**<sup>1212</sup>, f. (gs. **tíre**, npl. **tíortha**) (τίρ, τίορτά, gs. τίρε) (t'i:r', t'i:r'hə) 1. country, land. **An tír naofa**, the Holy Land. 2. region, district. **Thánadar i dtír de shnámh**, they swam ashore. *Do cuireadh i dtír ag calaith an chuain sin é agus do fághadh ansan é*, he was put on shore at that jetty and left there [PUL1907]. **Rud do chur ar tír**, to land something (as of goods transported by sea). **Dul i dtír**, to land. **Tír Chonaill**, Tyrconnell, a kingdom including parts of Co. Donegal and other counties. **Tír Eoin**, Co. Tyrone.

**tírim**, adj. (comp. **tiorma**, npl. **tiorma**) (τιριμ, τιοριμα) (t'i'rim', t'i'umə) dry. **Talamh tírim**, dry land.

**títim**, noun/vn, f. (gs. **títim/títim**) (τιτιμ, τιτιμ) 1. fall, falling. **Títim na hoiche/títim oíche**, nightfall. **Tháinig títim oíche**, night fell. **Ar a dtítim**, on their decline, on the decline. 2. lie, slope. **Le títim an tailimh**, with the lie or slope of the land. **Títim focail**, a slip of the tongue: *nuair théidheadh tuitim focail air, nó gan an casadh do dhéanamh cruinn do réir a chéile, théidheadh sé siar ar an gcaint go dtí go mbíodh a aigne sásta ar í a bheith do réir a chéile aige*, when he missed one of the words out or failed to swap them round in the correct order, he would get back over what he said until he was satisfied he had them in the correct order [PUL1904]. 3. accrual (with **chun**). *Bheadh tuitim saidhbhris isteach chúichí ó'n Eúróip go léir*, wealthfé would flow into it from the whole of Europe [PUL1924b]. **Títim amach (idir dhaoibh)**, a falling-out, a quarrel. See ⇒**títim**. Note: this tends not be declined for the genitive where it is a verbal noun.

**títim**, vn. **títim**, verb. (τιτιμ, τιτιμ) (t'i'tim', t'i'tim') I fall. **Títim sa chath**, I fall/die in the battle: *i dtreó go mbeidís ollamh chun dul i láthair Dé nuair a thuitfidís sa chath a bhí le teacht*, so they would be ready when they fell in the forthcoming battle [PUL1915]. **Títim in fodaladhradh**, to fall into idolatry. 2. I decline (of an person approaching death): *bhíodh sé coitianta anonn 's anall idir an dá chathair ag tabhairt gach aon tsaghas eóluis do rígh Lochlan ar ghnóthaibh na h-Éirean, ar an gcuma 'n-a raibh Brian ag tuitim agus nár bh' fhéidir dó maireachtaint puinn eile aimsire*, he was constantly coming and going between the two cities bringing all sorts of information for the Scandinavian king on the affairs of Ireland, how Brian was declining and could not live much longer [PUL1907]. **Ag títim leis an aois**, to decline in old age. Past: **do thiteas**, **do thit sé**. Future: **títfead**, **títfidh sé**. Imperative: **tít**. Participle:

1209Tionnlacain?

1210pSD also has tionnsúnta as the gs.

1211Check pronunciation.

1212 Check gs. tíreach, found in LS of Eisirt.

**titithe**. **Ag titim ar a gcosaibh**, staggering on their feet, collapsing (e.g., with laughter). **Titim ar**, for a lot of some type to fall upon someone: *an fághaltas cíosa a bhíodh ag tuitim ar na cineachaibh agus ar na dúthaibh fé leith*, the amount of tax falling on the various peoples and districts [PUL1907]. **Titim ar dhuine**, to stumble and fall on someone. **Titim ar a chéile**, to fall together, to collapse in on itself. **Titithe ar a chéile**, collapsed in on itself. **Titithe as a chéile**, collapsed, fallen apart. **Titim chun tailimh (anuas)**, to fall to the ground. **Rud a thitim uait**, for something to fall from you, to fall out of your hands. **Titim i gceann do chos**, to collapse. **Titim amach (ar an urlár)**, to fall out (on/over the floor). **Titim sé amach**, it happens: **thit sé amach go**, it came to pass that; **do thit rud amach (do dhuine)**, something happened. *Chuireas díom iad gan aon rud neamhchoitianta do thuitim amach dom*, I got through them [the years], without anything unusual happening to me [PUL1915]. Also, "it turned out": *ní bhéadh aon iongnadh orm féin dá dtuitedh amach go mbéadh beann-lámha de'n fhirinne ann, mar ráfla*, I wouldn't be surprised if it turned out there was a bit of truth in the rumour [PUL1904]. **Sin mar a thit amach sa deireadh**, that is what happened in the end. **Do thiteadar amach lena chéile**, they fell out with each other. **Cíos a thitim amu' ort**, to owe rent. **Titim anuas de rud**, to fall down from something/somewhere. **Titim síos**, to fall down. **Do thit sí i ngrá leis**, she fell in love with him. **Do thit sé i laige**, he fainted. **Titim i bpeaca**, to fall into sin. **Titithe**, fallen in price.

**tiubh**, adj. (comp. **tiubha**, npl. **tiubha**) (τιυθ, τιγε) (t'uv, t'u:) thick, rapid, plentiful. **Do bhíodar go tiubh ann**, there were many of them there. Also, "common, widespread": *gan amhras bhí Béarla briste go tiugh i n-Éirinn le linn Dhómhnaill uí Conaill*, broken English was undoubtedly widespread in Ireland in the days of Daniel O'Connell [PUL1915]. Also, "dense, close": *bhí iongnadh ortha agus bhíodar ag cíoradh an sgéil go tiugh*, they were surprised and were examining the matter closely [PUL1907]. **Agus fuil go tiubh air**, he was covered in blood.

**tiubh**, m. (gs. **tiubh**, npl. **tiúbha**) (τιυθ, τιυθα) (t'uv, t'u:) thick part, thicket. **As tiubh na gcrann**, out of the thick of the trees. **Tiubh sló**, the thick of the armies, a concentration of military forces.

**tiúin**, f. (gs. **tiúine**, npl. **tiúineanna**) (τιυιν, τιυινεαννα) (t'u:n', t'u:n'ənə) tune. **Rud do chur i dtiúin**, to get something in tune (used in DBÓC1933) to refer to a getting a tobacco pipe going. [DBÓC]

**tláith**, adj. (comp. **tláithe**) (τλάιτ, τλάιτ/τλάτ) (tla:h, tla:hə) languid. *Is tláith me le grádh*, I languish with love [Cantic 2:5].

**tláithlag**, adj. (τλάτ-λαγ) (tla:h-lag) weak and languid.

**tlú<sup>1213</sup>**, m. (npl. **tlúnna**) (τλύθ, τλύθαννα) (tlu:, tlu:nə) tongs.

**tnáite**, part. (τνάιττε) (tna:t'i) worn-out, exhausted. **Tnáite ón rince**, exhausted by dancing. See ⇒**tnáithim**.

**tnáitheadh**, vn. ⇒**tnáithim**.

**tnáithim**, vn. **tnáitheadh**, verb. (τνάττιμ, τνάττδ) (tna:him', tna:hə) I wear down, weary, exhaust. Past: **do thnáitheas, do thnáith sé**. Future: **tnáithfead, tnáithfidh sé**. Imperative: **tnáith**. Participle: **tnáite**.

**tnúfar**, adj. (comp. **tnúfaire**) (τνούτταρ, τνούτταρτε) (tnu:fər, tnu:fir'i) jealous. **Tnúfar i dtaobh ruda**, jealous of something.

**tnúth**, adj. (tnu:h) dear, beloved. **Is tnúth le Dia duine bocht súgach**, God loves a poor merry soul. Note: a variant of ⇒**ionúin**; **ionúth**; this form was offered by DÓB. [CFBB]

**tnúth**, noun/vn, m. (gs. **tnútha**) (τνούτ) (tnu:h) envy; yearning, longing, desiring. **Ag tnúth le chéile**, vying with each other. **Ag tnúth le rud**, yearning for something, earnest hoping for it. *Gach aoinne, óg agus aosta, ag tnúth agus ag machtnamh ar conus a chuirfidís méid ar a n-olcas agus ar a malluightheacht*, with everyone, both old and young, competing and racking their brains over how they could increase their evil and wickedness [PUL1925]. *Feuch ansúd í, os cómhair bhúr súl, an fhuasgailt n-ar mhínic sibh ag tnúth léil*, behold, yonder, before your eyes, the liberation you often yearned for [PUL1913]. **Ag tnúth i gcoinnibh ruda**, vying with something. **Tnúth onóra**, striving after honour. **Ag tnúth chun**: *ansan nuair a conaic Dia go raibh malluightheacht na ndaoine go líonmhar ar an dtalamh, agus go raibh smuineamh 'n-a gcroíde ag tnúth chun an uile coitianta*, And God seeing that the wickedness of men was great on the earth, and that all the thought of their heart was bent upon evil at all times [PUL's Bible, Genesis 6:5]. **Lucht tnútha**, zealots.

**tnúthach**, adj. (comp. **tnúthaf**) (τνούτác, τνούτáιγε) (tnu:həx, tnu:'hi:) envious, jealous.

**tnúthach**, m. (npl. **tnúthaigh**, gpl. **tnúthach**) (τνούτác, τνούτáιγ) (tnu:həx, tnu:hig') envious person, jealous rival. *An Carthag, tnúthach ímpireachta na Rómha*, Carthage, jealous rival of the Roman Empire [PUL1913].

**tobac**, m. (gs. **tobac**) (τóbác) (tə'bək) tobacco. **Ólaim tobac**, I smoke tobacco (**ag ól thobac/tobac duit féin**). **Ólaim gal tobac**, I have a smoke of tobacco. **Píosa tobac**, a piece of tobacco. **Téad tobacco**, a rope of tobacco.

**tobainne**, f. GCh. ⇒**obannacht**.

**tobairín**, m. (npl. **tobairíní**) (τóbαιρίν, τóbαιρíní) (tobir'i:n', tobir'i:n'i:) little well; a dimple.

**tobán**, m. (npl. **tobáin**) (τóbάν, τóbáιν) (tə'bɑ:n, tə'bɑ:n') tub.

**tobann**, adj. ICS. ⇒**obann**.

**tobar<sup>1214</sup>**, m. (gs. **tobair**, npl. **toibreacha**) (τóbαιρ, τóιβρεác) (tobər, teb'ir'əxə) well. **Tobar a bhaint**, to dig a well. **Tobar a dh'oscailt**, to sink a well. **Tobar fíoruisce**, spring. **Tobair na hOla**, Tubbernahulla, a blessed well in Co. Waterford dedicated to St Michael, but dating back to Druidic times.

**tóch**, vn. ⇒**tóchaim**.

**tóchaim**, vn. **tóch**, verb. (τóττιμ, τóτ) (to:xim', to:x) I dig, root up, ransack. **An talamh a thóch**, to root up the ground.

**Tobar do thóch**, to dig a well. **Trínse do thóch**, to dig a trench. **Rud do thóch amach**, to root something out. Also **rud**

1213check gender, gs npl

1214Does the pl have o or e?

**do thóch ó phréimh.** Past: **do thóchas, do thóch sé.** Future: **tóchfad, tóchfaidh sé.** Imperative: **tóch.** Participle: **tóchta.**

**tóchar,** m. (npl. **tóchair**) (τόχαρ, τόκαιρ) (to:xær, to:xír) causeway, raised embankment. **An Tóchar,** a village in Co. Kerry founded on an ancient Celtic roadway reputed to have extended to Tara.

**tochas,** m. (gs. **tochais**) (τοχας) (toxæs) itch. **Tá tochas orm,** I have an itch.

**tochrais,** vn. ⇒ **tochraisim.**

**tochraisim**<sup>1215</sup>, vn. **tochrais,** verb. (τοχραιμ, τοχραι) (toxæjím', toxæj) I wind. **Snáth do thochras,** to wind yarn. Past: **do thochraiseas, do thochrais sé.** Future: **tochraiseod, tochraiseoidh sé.** Imperative: **tochrais.** Participle: **tochraiste.**

**tochraiste,** prep/adj. (τοχραιτε) (toxæjít'i) wound up; strongly built (of a person).

**tochras,** vn. ICS. ⇒ **tochraisim; tochrais.**

**tocht**<sup>1216</sup>, m. (gs. **tochta,** npl. **tochtanna**) (τοχτ, τοιχτ/τοχτσί/τοχτση, gs. τοχτ/τοιχτ) (toxt, toxtənə) mattress.

**tocht**<sup>1217</sup>, m. (gs. **tochta**) (τοχτ, τοιχτ/τοχτσί/τοχτση, gs. τοχτ/τοιχτ) (toxt) 1. a catch in the throat; silence. **Tháinig tocht air,** he was unable to speak (eg, with emotion). *Chaitheadh sé stad idir gach aon dó nó trí fhocalaibh le tocht feirge,* he had to stop between every two or three words as he was too enraged to speak [PUL1907]. 2. an emotional catch that stops you from speaking. **Do bhain sé an tocht dem chroí,** it lifted a weight from my heart. **Fé thocht chráite,** with a note of desperation in your voice. **Le tocht feirge,** with a note of anger in his voice. **Tocht buartha croí (ort),** a feeling of heartfelt sorrow.

**todóg.** f. (gs. **todóige,** ds. **todóig,** npl. **todóga,** gpl. **todóg**) (tə'do:g, tə'do:gə) cigar. **Bun todóige,** stump of a cigar. [DBÓC]

**tofa,** part. (τοβδα) (tofə) chosen, selected, choice. **Fear tofa,** an outstanding man. See ⇒ **toghaim.**

**tógáil,** vn. ICS. ⇒ **tógaim; tógáilt; tógaint.**

**tógáilt,** noun/vn, f. (gs. **tógála**) (τόγβάλ) (to:'gá:l't') taking, lifting. **Tógáilt a chur ar dhuine,** to get someone arrested. **Tógáilt cinn a dh'fháil,** to get an uplift: *bhí sé buailte isteach 'n-a n-aighe ná raibh nídh ar bith ag teacht idir iad agus aon tógáilt cinn 'fhághail dóibh féin ná dá sliocht go deó, ach an Ghaeluinn,* they were convinced that the only thing standing between them and getting a better future for themselves and for their descendants for ever was the Irish language [PUL óráid]. **Tógáilt na Maighdine Muire suas ar Neamh,** the Assumption of the Blessed Virgin Mary into Heaven. See ⇒ **tógaim.** Note: the form **tógáil** is found in PUL1921.

**tógaim**<sup>1218</sup>, vn. **tógaint/tógáilt,** verb. (τόγαιμ/τόγβαιμ, τόγαιπ/τόγβάλ/) (to:'gim', to:'gint'~ to:'gá:l't') 1. I rise, take, pick up. *Do tógadh an liúgh mór-thimpal an aonaigh,* the cry was taken up all round the fair [PUL1904]. **Ag tógáilt chiosa,** demanding or picking up the rent. **Do thógadar eatarthu é,** they lifted it between them/they jointly lifted it up. **Tigh ósta a thógaint,** to take or occupy a hotel. **Do thógadar an chathair,** they took/seized the city. **Ní thógfadsa pioc de,** I won't take any of it. **Nár thóg sé aon cheann acu,** he didn't take (choose) any of them. **An dtóghfair aon ní?,** do you want any refreshments? 2. I build. 3. I raise children. **In Éirinn a tógadh mé,** I was raised in Ireland. *Tá a fhios agam-sa cár rugadh agus cár tógadh í, agus dob' olc an tógáilt í,* I know where she was born and raised, and it was a bad upbringing [PUL1904]. **Duine a thógaint i gcreideamh éigin,** to raise someone in a certain faith, to bring someone up with a certain religious background. *Ba dheocair iad san go leir a thógaint i maireachtaint chómh beag,* it was difficult to raise them all on such meagre means [DBÓC1940]. 4. I lift. 5. I pick up, convey (of people being transported). Past: **do thógas, do thóg sé.** Future: **tógfad, tógfaidh sé.** Imperative: **tóg.** Participle: **tógtha** /to:kə/. **Tógaint air: tógaim air,** I raise on it, bring up (children) on it. **Ná tóg orm é,** don't blame me, don't take it out on me. **Do thóg sé dhá lá orainn,** it took us two days. **Rud do thógaint ort,** to undertake something, take it upon yourself to do it. **Tógaim as,** I take from or out of: *conus ab éigean Niamh a thógaint as an obair sin mar go raibh Gormfhlaith 'ghá chur chun báis le neart soilbhais agus cuideachtanais agus gealgháirí,* how Niamh had to be taken away from that work, as Gormfhlaith was killing her with the force of her cheerfulness and company and pleasant laughter [PUL1907]. **Níor thóg sé i bhfad air dul ann,** it didn't take him long to go there. **Tógaim chúm,** I seize or take for myself, I take up: *murar thárla do thárla gur thóg Bolingbroke chuige ríghheacht Shasana, agus gur chuir sé Risteárd chun báis le h-eagla go mb' fhéidir go dtiocfadh le Risteárd a neart do chruinniughadh agus an ríghheacht a bhaint dé airís,* what in fact happened was that Bolingbroke seized the kingdom of England, and put Richard to death lest he could possibly gather his strength and take the kingdom from him again [PUL1907]. *Thóg sé chuige cuid de shaighdibh an Bháis, agus d'fhág sé 'n-a dhiaidh cuid d'á shaighdibh féin,* he picked up some of Death's arrows and left some of his own arrows behind him [PUL1931]. *A Uain Dé a thógan chun siubhail peacaí an domhain, déin trócaire orainn,* Lamb of God, who takest away the sins of the world, have mercy on us [PUL1917b]. **Ar gcrathacha do thógáilt suas chun Dé,** to lift our hearts up to God. **Tógaim de,** I take or lift something off: *dá mbéadh an radharc seacht n-uaire níos aoibhne, ní bhainfeadh sé an chloch as a chliabh ná ní thógfadh sé an sgamal d'á cheann,* if the view were seven times more pleasant, it would not have taken the stone out of his chest or lifted the cloud from his head [PUL1904]. **Do thóg leis é,** he took it away, took it with him. **Bheith tógtha le rud,** to be

1215Check epenthetic vowel and the forms. Participle and vn attested.

1216Check forms.

1217Check forms.

1218check my theory that tógaint means taking, tógáilt means lifting. Dob' olc an tógáilt í – Norma Borthwick's translation is that SHE was a bad rearing, as if it were she who was hard to rear. Check the wording.

taken with something, attracted, excited by it; to be “set up” by something, derive great advantage from it. **Tógaim ort é**, I blame you for it. **Rud a thógaint ó dhuine**, to take something from someone. **Ní thógfadh sé fiche neómat uaidh (é ' dhéanamh)**, it wouldn't take him twenty minutes. **Tógaim amach**, I take something out: *tá cailís eile ann agus isí a tógtar amach nuair a bhíon aon ócáid áirighthe ann*, there is another chalice there, and it is that one that is taken out [for use] when there is some special occasion [PUL1907]. **Airgead a thógaint amach**, to withdraw money. **Rud a thógaint romhat abhaile**, to take something home with you. **Duine ' thógaint isteach**, to take someone in, allow him into a group. **Rud a thógaint síos**, to take something down, note it in writing. **Tógaim suas**, I take up, lift. **Rud do thógaint suas ort féin**, to take something upon yourself. **Duine a thógaint leat suas ann**, to take someone up there. **Rud a thógaint suas idir do dhá láimh**, to lift something up with your hands. **Slí a thógaint suas**, to take up room: *is dóich leó féin go mbeidh deich míle fear acu, agus go dtógfaid na mná agus an chlann suas oiread slíghé agus thógfadh deich míle eile fear*, they themselves think they will have 10,000 men and that the women and the children will take up as much room as another 10,000 men would have [PUL1907]. **Tógtha suas le rud**, busy with, taken up with something. **Rud do thógaint suas go hárd**, to lift something up high. **Rud do thógaint chun siúil**, to take something away. **Tógaim ceann de**, I pay attention to it, heed it, keep an eye on it. **Cathair a thógaint**, to seize/take a city. **Iasc a thógaint**, to catch fish. **Tógaim raic**, I create an uproar. *Is dócha go ndéarfadh duine a tógadh i n-áit eile, nó i gcúig eile, i n-Éirinn, an rud céadna i dtaobh Gaeluinne na cúige gur tógadh é fein ann*, someone brought up somewhere else, or in another province, in Ireland would probably say the same thing about the Irish of the province in which he had been brought up [PUL1915]. Frequently in the autonomous in the sense of being brought up: *mura mbéadh an áit 'n-ar rugadh agus 'n-ar tógadh mé, ámhthach, ní bhéadh an Ghaeluinn agam*, if it were not for the place where I was born and brought up, however, I would not speak Irish [PUL1915]. **Tógaim an talamh/an tigh**<sup>1219</sup>, I take out a lease on the land, I rent the house. **Tógaim rud anuas**, I take something down. **Tógaim rud suas**, I lift something up. **Ag tógáil sealbha**, taking possession (of a property). **Rud a thógaint ar do láimh féin**, to take charge of, look after something. Note: the preterite autonomous **tógadh** is consistently /to:gəv/ in AÓL1968.

**tógaint**, vn. ⇒ **tógaim**.

**tógalach**, adj. (comp. **tógálaí**) (τόγάλιας, τόγάλιαίς) (to:'gɑ:ləx, to:'gɑ:li:) infectious, contagious. **Galar tógalach**, an infectious disease.

**togha**, m. (gs. **togha**) (τόξα, gs. τόξα/τοξά) (tou) pick, choice. **Togha droch-scéil**, really bad news, the worst possible news. *Trí ghuidhe le fághail aige ar a thogha agus ar a thuisgint féin*, he had three wishes available, at his choice and discretion [PUL1904]. *Tabharfad-sa togha an aireachais an rud a theip oraibh féin ná cuirfidh sibh chun cinn é le n-a congnamhsan*, I will take real good care that what you failed to do you will not achieve with her help [PUL1904]. *Dúbhairt sé linn go raibh togha na h-aithne aige féin ar Shéadna*, he told us he was thoroughly acquainted with Séadna [PUL1904]. **Togha fir**, an excellent man.

**toghadh**, noun/vn, m. (gs. **tofa**) (τόξadh) (tou) election, selection. **Togha a dhéanamh**, to make a selection/choice, have an election. See ⇒ **toghaim**.

**toghail**, adj. (comp. **toghaile**) (τόξαιλ, τόξαιλε) (toul', toul'i) bold, presumptuous. [DBÓC]

**toghaim**, vn. **toghadh**, verb. (τόξαίμ, τόξadh) (toulm', tou) I choose. **Rud do thoghadh dhuit féin**, to choose something for yourself, make your own choice. **Rud do thoghadh roim rud eile**, to choose something over something else. **Rud do thoghadh amach**, to pick something out. Past: **do thoghas**, **do thoibh** /hov'/ **sé**. Future: **toghfadh**, **toghfaidh sé**. Imperative: **toibh** /tov'/. Participle: **tofa**. Note: PUL wrote in 1917 that the imperative was **toibh** and not **togh**, and that the third person preterite was **thoibh** and not **thogh**. LASID has a variant singular imperative **toghaigh** /toug'/.

**tógtha**, adj/part. (τόξθά) (to:kə) taken. **Bhí a aigne tógtha suas**, he was preoccupied. **Tógtha suas le rud**, taken up, preoccupied with it.

**toibhéim**<sup>1220</sup>, f. (gs. **toibhéime**) (τοιβέιμ) (ti'v'e:m') reproach, blemish. *A Mháthair gan toibhéim, guidh orainn*, Mother undefiled, pray for us [PUL1921].

**toice**, f. (npl. **toicí**) (τοιце, τοιcí) (tok'í, to'k'i:) hussy, wench (affectionate or contemptuous in tone). *A thoice bhig, you little hussy* [PUL1904]. **A thoice bhig gan éifeacht**, you foolish little hussy!

**toil**, f. (gs. **toile**, npl. **toileanna**) (τοιλ, τοιλεαννα, gpl. τοιλ) (tol', tol'əna) will. **Is toil leat é**, you wish it. **Más é do thoil é**, /mɑ: je: də 'həl'e:/, if you please; please. *Chuireas mo thoil le toil Dé*, I submitted to the will of God [PUL1915]. **Do thoil a chur i gcoinnibh toile Dé**, to oppose the will of God. **Do thoil féin do leanúint**, to follow your own will, do what you like. **Dá mb'é do thoil é**, if you wouldn't mind. **Toil/do thoil a thabhairt do dhuine/rud**, to submit to someone, give him/it your consent, consent to something. *Baois iseadh toil a thabhairt do dhrúis, dúil a chur sa rud a chuirfidh pianta ifrinn ort ar ball*, it is folly to submit to physical lust, to desire something that will presently bring the torments of hell on you [PUL1914]. *An peacadh gach droch smuíneamh? Ní h-eadh muna dtugtar toil dó*, is each bad thought a sin? No, not unless you wilfully yield to it [PUL1921]. **Tabhair a toil féin di**, let her have her own way. **Do thoil a dh'imirt ar dhuine**, to have your way with someone, subject them to your will. *Ach fuair focal an rígh toil agus d'imthigh loab agus chuaidh se tre Israel go léir*, but the king's word rather prevailed: and Joab departed, and went through all Israel [1 Paralipomenón 21:4]. **Ar a thoil aige**, just as he pleases, at his disposal: *dá leanadh an sgéal abhfad ar an gcuma san bhéadh gach aon rud ar a dtoil ag na feirmeóiríbh*, if the situation had continued in the same way for a long time,

1219Does it refer just to leasing or buying too?

1220Check pronunciation.



the farmers would have had everything their own way [PUL1915]. *Dá bhfaghthá-sa do thoil sa sgeul, cia h-í an bhean do thoghfa dhó?*, if you had your own way, who would you choose as a wife for him? [PUL1904]. **Chun a thoile**, to his liking: *bhí Meargach Gabha ag imtheacht anonn 's anall ameach an lucht oibre agus a shúil ar gach aon rud agus é ag órdúchán agus ag stiúrchán, ag moladh agus ag cáineadh, fé mar a déintí an obair chun a thoile nó ar a mhalairt de chuma*, Crusty the Smith was going back and forth among the workers, with an eye on everything and giving orders and directions, praise and blame, according as the work was done to his liking or otherwise [PUL1907]. *Iseadh, chun do thoile, a Árdriagan*, it is, may it please Your Majesty [PUL1907]. **De thoil a chéile (chun rud a dhéanamh)**, with one accord. **Rud atá de thoil agat**, to be willing to do something. **Dá bhfaighinnse mo thoil**, if I had had my way. **Le toil**, deliberately. **Lena toil**, of her own volition, voluntarily. **Lem thoil mhacánta**, of my own free will. **Le toil t'onóra**, if your honour pleases. **Neart toile**, willpower. **Toil a' ghnímh a dhéanamh le duine**, to have sexual relations with someone. **Íbirtí ó thoil**, voluntary oblations.

**toilghnómh**, m. (τοιλ-ḡníomh) (tol'-ḡn'i:v) sexual intercourse. **An toilghníomh a dheánamh le duine**, to have sexual relations with someone.

**toilím**, vn. **toiliú**, verb. (τοιλίγim, τοιλυḡadó) (to'l'i:m', to'l'u:) I consent, agree. With **chun**, agree to: *go dtí go dtoileóch' an máighistir chun é ghlacadh gan an locáiste*, until the landlord agreed to accept it, minus the reduction [PUL1915]. *Go raibh fir Éirean ceapaithe ar Bhrian do chur sa n-Árdriagheacht dá dtoilgheadh Brian féin chuige*, that the men of Ireland were determined to install Brian in the High Kingship if Brian himself agreed to it [PUL1907]. **Toiliú le rud**, to consent to something. Past: **do thoilíos**, **do thoiligh sé**. Future: **toileod**, **toileoidh sé**. Imperative: **toiligh**. Participle: **toilithe**.

**toiliú**, vn. ⇨ **toilím**.

**toiliúl**, adj. (comp. **toiliúla**) (τοιλεḡmáil, τοιλεḡmála) (to'l'hu:l', to'l'hu:lə) wilful, intentional.

**toilteanach**, adj. (comp. **toilteanaí**) (τοιλτεḡnác, τοιλτεḡnáiḡe) (to'l'hənəx, to'l'hə'ni:) willing (with **chun**, to). **Toilteanach chun do chuardaithe**, willing to be searched. **Íbirt thoilteanach**, voluntary sacrifice. **Go toilteanach**, willingly.

**tóin**, f. ICS. ⇨ **tón**.

**toínn**, f. (gs. **toinne**, npl. **toinneacha**) (τοἰnn, τοἰnneáca) (ti:n', ti'n'əxə) level marsh. **Toínn ar bogadh**, marsh, quaking sod. **Toínn ar bogadh a thabhairt isteach**, to reclaim marshland.

**tointe**<sup>1221</sup>, m. (npl. **tointí**) (ταοἰnnte, ταοἰnnteáca) (ti:n'ti, ti:n'ti:) thread, strand, stitch. **Gan tointe air**, without a scrap of covering, without a stitch of clothing on him.

**tóir**<sup>1222</sup>, f. (gs. **tóra**, npl. **tóireacha**) (τόἱr, τόἱreáca/τόἱraí) (to:r', to:r'əxə) pursuit; hunt, attack; pursuing party *Bhí an tóir 'n-a dhiaigh go teith*, he was hotly pursued [PUL1915]. *Dheineadar margadh le n-a chéile go gcosnóchaidís a chéile dá dtigheadh aon tóir ortha*, they made a bargain with each other that they would protect each other if they were attacked [PUL1903]. **Ar thóir na mbithiúnach**, in pursuit of the thieves. **Do lean sé ar a dtóir**, he went in pursuit of them.

**toirbheart**, noun/vn, f. (gs. **toirbhirte**) (τοἱrβεḡart) (ter'iv'irt) offering, bestowing, presentation. **Toirbheart Íosa sa Teampall**, the presentation of Christ in the Temple. See ⇨ **toirbhrim**.

**toirbhirt**, vn. ⇨ **toirbhrim**.

**toirbhrim**, verb. ICS. ⇨ **toirbhrim**.

**toirbhrim**, vn. **toirbhirt/toirbheart**<sup>1223</sup>, verb. (τοἱrβḡrim, τοἱrβεḡart) (ter'iv'ir'im', ter'iv'irt') I deliver up, hand over. *Do thoirbhir Dia a Mhac, agus do thoirbhir an Mac é féin, tré ghrádh dhúinne, agus chun sinn do shábháil*, God gave up his son, and the Son gave himself, out of love for us and in order to save us [PUL1915b]. Past: **do thoirbhreas**, **do thoirbhir sé** /də her'iv'ir' je:/. Future: **toirbhreód**, **toirbhreóidh sé**. Imperative: **toirbhir**. Participle: **toirbhearta**.

**toircheas**, m. (gs. **toirchis**, npl. **toircheasaí/toircheasa**, gpl. **toircheas**) (τοἱrčeas, τοἱrčeasáí) (tir'əs, tir'ə'si:) offspring. **Toircheas a bhreith**, to give birth to young. Also **toircheas a chur díot**.

**toirchiú**<sup>1224</sup>, m. (gs. **toirchithe**, npl. **toirchithe**), m. (τοἱrčiuḡadó, τοἱrčigče) (tir'x'u:, tir'x'ih) fertilisation, impregnation, conception.

**Toirdhéalbhadh**<sup>1225</sup>, name. (gs. **Toirdhéalbaigh**) (Τοἱrδealbác) (tre:ləx) Turlough, a Irish masculine name spuriously associated with the English name Terence.

**toireasc**, m. (npl. **toirisc**) (τοἱreasč, τοἱrifč) (tir'əsk, tir'ij'k') saw. **Rud do ghearradh 'na dhá leath le toireasc**, to saw something in half.

**tóirfocht**, noun/vn, f. (gs. **tóirfochta**) (τόἱrfočct) (to:'r'i:xt) pursuing, chasing. **Tóirfocht ar dhuine**, to pursue after someone.

**toirmeasc**, noun/vn, m. (gs. **toirmisc**, npl. **toirmeascaí**) (τοἱrmeasč, τοἱrmeasčáí) (tor'im'əsk, tor'im'əski:) 1. prevention, hindrance. 2. mischief, row, fuss. **Ag déanamh toirmisc do dhuine**, to make trouble for someone. **Toirmeasc a dh'éiri**

1221Check pl.

1222Check pl.

1223Check pronunciation. Check the 1<sup>st</sup> declension. Toirbheart in An Choróinn Mhuire, toirbhirt in PUL's Acts of the Apostles.

1224Check pronunciation.

1225Check pronunciation.

**idir dhaoinibh**, for there to be a row between people. **Toirmeasc a tharrac ort féin**, to bring trouble on yourself, get into a row or a spot of bother. See ⇒ **toirmiscim**.

**toirmeascaí**, m. ICS. ⇒ **toirmisceoir**; **toirmeascóir**.

**toirmeascóir**, m. (gs. **toirmeascóra**, npl. **toirmeascóirí**) (τοἰρμεασκόρ/τοἰρμεασκόρ, τοἰρμεασκόρ/τοἰρμεασκόρ) (tor'im'asko:r', tor'im'asko:r'i:) hinderer, obstructor, mischief-maker.

**toirmisceoir**, m. (gs. **toirmisceora**, npl. **toirmisceoirí**) (τοἰρμεασκόρ/τοἰρμεασκόρ, τοἰρμεασκόρ/τοἰρμεασκόρ) (tor'im'ijk'o:r', tor'im'ijk'o:r'i:) hinderer, obstructor, mischief-maker.

**toirmiscim**, vn. **toirmeasc**, verb. (τοἰρμιτῆριμ, τοἰρμεασ) (tor'im'ijk'im', tor'im'ask) I prevent, hinder. **In sna glúinibh toirmiscithe gaoil**, (of a marriage) in the forbidden degrees of consanguinity. **Rud a thoirmeasc ar dhuine**, to forbid someone something. **Ag toirmeasc na síochána**, disrupting the peace. Past: **do thoirmisceas**, **do thoirmisc sé**. Future: **toirmiscfead**, **toirmiscfidh sé**. Imperative: **toirmisc**. Participle: **toirmiscithe**.

**tóirse**<sup>1226</sup>, m. (npl. **tóirsí**) (τόρρη, τόρρη) (to:rʃi, to:rʃi:) torch.

**tóirtéiseach**, adj. (comp. **tóirtéisí**) (τοἰρτεῖσεαδ, τοἰρτεῖσεαδ) (to:r't'e:ʃax, to:r't'e:ʃi:) self-important, pretentious. [DBÓC]

**toirtéiseach**, adj. GCh. ⇒ **tóirtéiseach**.

**tóirthiú**, vn. ⇒ **tóirthním**.

**toirthneach**, f. (gs. **toirthní**, ds. **toirthnigh**, npl. **toirthneacha**, gpl. **toirthneach**) (τοἰρνεαδ/τοἰρνεαδ, τοἰρνεαδ) (to:rhn'ax, to:rhn'axə) thunder. **Beidh toirthneach againn**, there's going to be some thunder. **Tóirthneach a dhéanamh**, to thunder (of God creating thunder). **Splanc thoirthní**, thunderbolt. Note: LASID has the plural for "thunder".

**tóirthním**, vn. **tóirthniú**, verb. (τοἰρνεῖμι, τοἰρνεῖμι) (to:r'hni:m', to:r'hni:) to thunder. Past: **do thóirthnigh**.

**toisc**, f. (gs. **toisce**, npl. **toisceanna**) (τοἰς, τοἰς) (to:ʃk', to:ʃk'əna) 1. intention, object, purpose. "*Ba mhaith linn, a uaisle, arsa Brian, go neósfadh sibh anso airís, i láthair an Easboig, an toisc a thug sibh, agus na cúiseana a bhí ag an muintir a chuir chúghainn sibh le sibh a chur chúghainn,*" gentlemen, said Brian, we would like you to tell us again, in the Bishop's presence, the purpose that brought you here and the reasons of the people who sent you for sending you to us [PUL1907]. **An toisc fé ndeara dhuit rud a dhéanamh**, the purpose/object with which, the reason why, you do something. **Toisc go**, because. Also used directly with the verbal noun: **toisc mé a bheith ann**, because of my being there. *Toisc fánaidheachta agus éidearbthachta a smaointe*, on account of the rambling and uncertain nature of his thoughts [DBÓC1933]. **De thoisc**, in intention: *agus nuair ná bíon de thoisc ná de bhun ná d'aidhm acu leis an obair ach onóir do Dhia*, when there is no other intention, object or purpose to the work than honouring God [PUL1915]. With **ar**: *níor bh'fhada gur bhailigh sé uatha an toisc ar a raibh an bhuidhean ag imtheacht ódheas, agus cé bhí 'n-a cheann ortha*, it wasn't long before he gathered from them the objective with which the troops were going northwards, and who was leading them [PUL1907]. 2. mission, errand quest. *Tugtar do Maois comas ar a thoisc do dheimhniú le mírbhuiltibh*, Moses is empowered to confirm his mission with miracles [Ecsodus 4].

**toise**<sup>1227</sup>, m. (npl. **toisí**) (τοἰς, τοἰς) (tʃi, tʃi:) dimension, size. **Ní raibh puinn toise ann**, there was nothing to him, he was tiny.

**tóiteán**, m. (npl. **tóiteáin**, gpl. **tóiteán**) (τότεαν, τότεαν) (to:'t'a:n, to:'t'a:n) conflagration, fire. *Na tóiteáin d'á n-ullmhú*, preparing to burn the city [PUL1913]. Note: this word may be connected to **dóiteán**, "a burner with which to light a fire/lamp", but these words are kept separate in PSD1927.

**toitín**, m. (npl. **toitíní**) (τοἰτῖν, τοἰτῖν) (t'e'i:n', t'e'i:n'i:) a chop of meat; a cigarette (roasted snuff). **Ag déanamh toitín**, to make homemade roast snuff.

**tolg**<sup>1228</sup>, m. (npl. **tuilg**) (τοἰς, τοἰς) (toləg, til'ig') sofa.

**tollaire**, m. (npl. **tollairí**) (τοἰλαῖρ, τοἰλαῖρ) (tolir'i, toli'r'i:) a big, strong person. **Tollaire garsúin**, a strapping lad.

**Tomás**, m. (gs. **Tomáis**) (τομάς) (t'e'ma:s) the Irish equivalent of the name Thomas.

**tómas**, s. (τόμας) (to:məs) respect. Only used in the phrase **I dtómas**, for, for the use of, for the sake of. **I dtómas na scoláirí**, for the schoolchildren. [DBÓC]

**tomhaisim**, vn. **tomhas**, verb. (τόμαιμι, τόμαι) (tō:ʃim', tō:s) I measure, estimate. *Ní le h-aislingibh, ná le sólásaibh, ná le h-eolus mór ar an Scriptúir, ná le céim árd, a tómhaisítear luacht saothair chun duine*, merit is not reckoned to someone by his visions, his consolations, his great knowledge of the Scriptures or his high station [PUL1914]. **Do chéimeanna tómhaisíte agat**, with a measured gait, slowly. Past: **do thomhaiseas**, **do thomhais sé**. Future: **tomhaisfead**, **tomhaisfidh sé**. Imperative: **tomhais**. Participle: **tomhaisíte**.

**tomhas**, noun/vn, m. (gs. **tomhais**, npl. **tomhais/tomhasa/tomhaiseanna**, gpl. **tómhas/tómhaiseanna**) (τόμας, τόμας/τόμας) (tō:s, to:ʃ-to:sə-to:ʃəna) measure; measurement. *An tómhais le n-a dtómhaisfidh sibh, is leis a tómhaisfar chúghaibh*, with what measure you mete, it shall be measured to you again [PUL1915b]. *D'á bhrígh sin is finnithe sibh oraibh féin gur sibh sliocht na ndaoine a mhairbh na fáidhe. Lionaidh-se suas, mar sin, tómhais bhúr sínsear*, wherefore you are witnesses against yourselves, that you are the sons of them that killed the prophets. Fill ye up then the measure of your fathers [PUL1915b]. **Tómhas fliche**, liquid/fluid measure. **Tomhas gann**, a short measure of something. **Cleith chun tómhais/cleith chun tómhaisíte**, measuring reed. **I dtómhas**, in measure, in proportion. **Gan tómhais**, without measure, immeasurable. See ⇒ **tomhaisim**. In the meaning of "riddle", see

1226PSD has it as feminine. Check pl. See ina thóirsibh in Fuinn na smól.

1227Check pl and gender.

1228Check gender and pl. PSD prefers it as f, with pl tolgá.

⇒ *aenigma*.

**tón**, f. (gs. **tóna**, ds. **tóin**, npl. **tóna**, gpl. **tón**) (τόν, τόνα, gs. τόνα, ds. τόιν) (to:n, to:nə) bottom, backside. **Corcán tón-leathan**, a broadbottomed pot. *Ní féidir liom tón ná ceann a dh'fhághail air!*, I can't make head nor tail of it! [PUL1907]. **Tón tar ceann**, head over heels. **Go tóin**, to the bottom. **Go tón poill**, to the bottom of the sea. **I dtóin poill**, at the bottom of a hole. **Gan tón**, bottomless. Note: the dative is often for the nominative.

**tonn**, f. (gs. **toinne**, ds. **toínn**, npl. **tonnthacha/tonnta**, gpl. **tonn**, dpl. **tonnaibh/tonnthachaibh**) (τονν, τοννᾶς/τοννᾶ, gs. τουννε, ds. τουνν) (tu:n, tu:nhəxə~tu:ntə, ds. ti:ng', gs. tiŋ'i) wave. **'Na thonnthachaibh**, in waves. **Cois toinne**, on the seashore. Note: PUL had **tonnthacha**, DBÓC **tonnta** in the plural.

**tonna**, m. (npl. **tonnaí**) (τοννα, τονναί) (tonə, tu'ni:) ton. **Leathtonna ualaigh**, a half-ton load.

**topas**, m. (gs. **topais**) (topəs) topaz. **Cloch topais**, topaz stone.

**tópás**, m. GCh. ⇒ **topas; topasos**.

**topasos**, m. (topəsəs) topaz.

**tor**, m. (gs. **toir**, npl. **toir**) (τορ, ταιρ) (tor, tir') bush. **Tor aitinn**, a furze bush. **Ag bualadh thor ar**, beating around the bush, umming and aahing about (doing something).

**toradh-bheart**, m. (τοραδ-βεαρτ) (tori-v'art) effectiveness, ability to get things done. [DBÓC]

**toradh-bheartúil**, adj. (comp. **toradh-bheartúla**) (τοραδ-βεαρταμίλ, τοραδ-βεαρταμίλα) (tori-v'ar'tu:l', tori-v'ar'tu:lə) effective, capable, able to manage. [DBÓC, CFBB]

**toradh**, m. (gs. **toradh**, **tortha/torthaí**) (τοραδ, τορέα/τορέαί) (torə, torhə~tor'hi:) 1. product, fruit, yield, upshot, result, effect. *Toradh na feirme*, the yield of the farm [PUL1915]. **Toradh an tsaothair**, the fruit of one's labour. **Toradh crainn**, fruit of a tree. **Cranna toraidh**, fruit trees. **Torthaí talún**, the fruits of the earth. *Má's eadh tugaidh toradh uaibh a bheidh do réir na h-aithrige*, bring forth therefore fruit worthy of penance [PUL1915b]. **Maireachtaint ar thoradh oibre do lámh**, to earn a living from hard physical work. More generally, effect, results (with **ar**): *an éirim aigne a bhí ar gach taobh fé ndear an toradh san a bheith ar an obair*, the intelligence on both sides was the reason for the results achieved [PUL1915]. *Ní foláir na peacaí do bheith maithte sul ar féidir toradh an logha d' fhághail*, the sin must be forgiven before the benefit of the indulgence can be obtained [PUL1921]. **Toradh a chainte**, the upshot of his talk: *b'é toradh a chainte gur socaruigheadh ar gan aon leathphinne cíosa thabhairt d'aon tighearna talmhan ná tabharfadh locáiste maith uaidh*, the upshot of his talk was that they agreed not to give a halfpenney of rent to any landlord who would not give a good reduction in the rent [PUL1915]. **Toradh do mhachnaimh**, what you have worked out in your mind, the results of your thinking on a matter. *Sgaoil chúghainn toradh do mhachtnaimh*, let me know what you've arrived at in your mind [PUL1907]. *Admháil Pheadair agus a thoradh dhó*, Peter's confession is rewarded [PUL1915b]. **Do thoradh a bheith agat**, to get your payback or comeuppance from something (in a positive or negative sense). **Toradh a bhaint as rud**, to profit from something, take advantage of it. **Toradh a thabhairt**, (of a tree) to produce fruit. **Toradh a thabhairt uait**, to bring forth fruit (e.g. in a religious sense). **Rud a thabhairt chun toradh**, to bring something into effect. **Tháinig toradh maith láithreach as**, it produced an immediate effect. **Gan toradh**, without effect. **Toradh do ghnímh**, the upshot of your action. 2. Yield or return on a business deal. 3. **Toradh a thabhairt ar dhuine**, to pay heed to someone, take notice of someone. *Dá mba ná béadh agam ach an Ghaeluinn anois, ní tabharfaí aon toradh orm pé olc maith a bhéadh sí agam*, if I spoke only Irish now, no attention would be paid to whether I spoke it well or not [PUL1915]. *D'á bhrígh sin adeirim libh go dtógfar uaibh-se rígeacht Dé, agus go dtabharfar í do chine a thabharfaidh toradh uatha uirthi*, therefore I say to you, that the kingdom of God shall be taken from you, and shall be given to a nation yielding the fruits thereof [PUL1915b]. *Ní raibh de thoradh aici ar an moladh ach mar a bhí aici ar an ngaoith*, she paid no more attention to the cheering than she did to the blowing of the wind [PUL1904]. **Níl aon tor' aige ar an gcreideamh**, he doesn't heed/he disdains the Christian faith. 4. Favourable regard (with **ar**). *Níl aon tora againn-ne uirthi sin anso*, we don't think much of that one here [AÓL1968]. **De thoradh**, as a result of, by dint of: *dá mba rud é ná toileóch' M'Isheachlainn chuige sin nár bh'fhóláir d' fhearaibh Éirean a iaraidh ar Bhrian an Árdrígeacht a thógaint do thoradh catha*, in the event that Maeleachlainn did not consent to that, the men of Ireland would have to ask Brian to take the High Kingship by force of arms [PUL1907]. **De thoradh aimsire**, owing to the passage of time. **De thoradh cómhraic**, by fighting, in battle. **De thoradh gnímh**, by one's actions: *agus ná raibh ceaduighthe dhó aon chómhhartha, i bhfuirm suathantais, do chur ar a sgiath go dtí go mbainfadh sé an cómhhartha san amach de thoradh gnímh*, and it was not permitted for him to put any sign, in the form of an emblem, on his shield until he had won that sign by his actions [PUL1922b]. **De thoradh reatha**, by sheer speed. **Le toradh logha**, as a result of an indulgence. Note: DBÓC had **tortha** in the plural, which plural is also found in Nehemias 10:35.

**tóraíocht**, noun/vn, f. GCh. ⇒ **tóiríocht**.

**torann**, m. (npl. **torainn**) (τορανν, τωρανν) (torən, toriŋ') noise, roar, din.

**torannach**, adj. (comp. **torannaí**) (τοραννας, τωρανναίγε) (torənəx, torə'ni:) noisy, rumbling. [DBÓC]

**torc**, m. (npl. **toirc**) (τορς, ταιρς) (tork, tirk') boar. **Ceann Toirc**, Kanturk, Co. Cork.

**torculár**, s. (tork'la:r) winepress.

**tórmach**, noun/vn, m. (gs. **tóрмаigh**) (τόρμας) (to:rməx) act of increasing, swelling, developing. **Tórmach cogaidh**, brewing of war: *bhí sé i n' aigne, fé mar a bhí i n-aigne gach aoinne, go raibh tórmach cogaidh ar síúbhal*, he was thinking, as was everyone, that a war was coming [PUL1907]. **Ag tórmach**, pregnant (of an animal). **Bó thóрмаigh**, a springer.

**tormas**, noun/vn, m. (gs. **tormais**) (τορμας) (torəməs) 1. crying without reason, grumbling, sulking, whining. 2. disdain. **Le neart tormais**, with disdain.

**torrach**<sup>1229</sup>, adj. (gsf. **torraf**) (τορραδ, τορραγιε) (tə'rax, to'ri:) pregnant. **Torrach ó**, pregnant by. **Crann torrach**, a fruitful tree. **tórramh**, noun/vn, m. (gs. **tórraimh**, npl. **tórramhaí**, gpl. **tórramh**) (τόρραϊη, τόρραϊαί) (to:rəv, to:rəvi:) wake, funeral. **Duine a thórramh**, to hold a wake for someone. *Bhí sé á thórramh sa chliabhán*, we were holding a wake for him with him in his cradle [DBÓC1940]. **Gléas tórraimh**, materials for a wake.

**tortaobh**, f. (τορταοβ) (tu:r'te:v) confidence, full trust. Only attested in the phrase **i dtortaobh le**, relying solely on, making do with.

**tortaobh**, s. GCh. ⇨**túrtaoibh**.

**torthach**, adj. (comp. **torthaí**) (τορδαδ, τορδαγιε) (torhəx, tor'hi:) fertile, with young; fruitful. **Bean thorthach**, a woman with child.

**torthúil**, adj. (comp. **torthúla**) (τορδαϊαι, τορδαϊα) (tor'hu:l', tor'hu:lə) fruitful, fertile (of fields); productive, something that "pays off".

**torthúlachta**, f. (gs. **torthúlacht**) (τορδαϊαδδδ) (tor'hu:ləxt) fruitfulness.

**torthúlaide**, adj. (τορδαϊα δε) (tor'hu:li d'i) more effective. Usually in the sense of "all the more effective, the more effective". *Is treise-de, agus is torthamhla-de, na beanachtaí seo atá agamsa 'á chur ort, iad a bheith tagaithe chúgham i n-oighreacht ó m' athair féin, Isaac, agus óm' shean-athair, Abraham*, thy father's blessings are made more prevalent and effectual in thy regard, by the additional strength they receive from his inheriting the blessings of his progenitors Abraham and Isaac [PUL's Bible, Genesis 49]. Note: **torthúlaide** is **torthúla** plus **de**. See ⇨**torthúil**.

**tortóg**, f. (gs. **tortóige**, npl. **tortóga**) (τορτδδ, τορτδδα) (tu:r'to:g, tu:r'to:gə) tussock, clump of grass.

**tortóigin**<sup>1230</sup>, f. (npl. **tortóiginí**) (τορτδγιη, τορτδγιηί) (tu:r'to:g'i:n', tu:r'to:g'i:n'i:) little tussock of grass. [DUL]

**tosach**, m. (npl. **tosaigh**) (τορδδ, τορδδγι) (tə'səx, tosig') 1. beginning, front. **A thosach**, the start of it. **Ar tosach**, at the head (eg of a procession), in the lead, at the front. **Ar tosach catha**, at the head of a battalion. **Go maith ar tosach**, well in the lead. **I dtosach**, in the beginning. **I dtosach an lae**, at the beginning of the day. *I gcaitheamh na sé mbliana a thugas sa Choláisde sin bhínn ag machtnamh go minic ar na coláisdibh úd a bhí i n-Éirinn i dtosach aimsire*, over the six years I spent in that college, I would often reflect on those colleges that existed in Ireland long ago [PUL1915]. *Na bratacha ar a gcrannaibh i dtusach gach buidhne*, the standards on poles leading each of the troops [PUL1907]. **Bheith i dtosach an ghalair**, to have just recently fallen sick, to be at the beginning of the sickness. **I dtosach aimsire**, right at the beginning (used by PUL in one speech to refer to the time of the Roman persecutions of the early church). **I dtosach na hoíche**, early on in the evening. **I dtosach a shaoil**, at the beginning of his life, earlier on in his life. **Do thánadar i dtosach na páirce**, they came to the top/front/beginning of the field. **I dtosach na sló**, in the vanguard of the army. **Tosach gan tosach**, God. **Chun tosaigh**, first, at first, to the front, ahead of, advanced. **Ó thosach**, from the start. **Ó thosach aimsire**, from the beginning of time. **Ó thosach go deireadh**, from start to finish. **Gach aon tosach oíche**, every evening. The genitive as an adjective: **na ceachtanna tosaigh**, the first lessons. **An focal tosaigh**, the first word (in a passage). **Tá tosach agat orm**, you've got a head start on me, you arrived before me. *Is dócha gur mhór an nídh leis tusach do bheith aige féin ar an sgéal*, it was probably a big thing to him to "get in first" [PUL1904]. *Cheap sí dá mbéadh tusach an sgéil aici dhuit-se go mbainfeadh sí sintiús airgid asat d'á bharr*, she thought that if she gave you the first report of it, she would get some money out of you for it [PUL1904]<sup>1231</sup>. **Bhí tosach freagra agat**, you got in quick with your answer. **An tosach a bhaint de dhuine**, to take the lead from someone, have precedence over someone, or get somewhere before someone. **Tosach a dh'fháil ar dhuine**, to gain precedence over someone. **Tosach a tabhairt do rud**, to give primary or preference to something: *is ceart i gcómhnuidhe tosach a thabhairt do'n choinsias ghlan agus do'n bheatha fhíoraonta*, it is always right to give preference to a clean conscience and a righteous life [PUL1914]. **I dtosach an scéil**, at the beginning of the story; **tair i dtosach an scéil**, get to the beginning of the story, tell the story from the beginning. **Tosach an oilc is é is usa do chosc**, evil is easier to prevent at the beginning than later on; also found as **tosach an oilc is é is usa do leigheas**.

**tosaím**, vn. ICS. ⇨**tosnaím**.

**toscaireacht**, f. GCh. ⇨**embasacht**.

**tosnaím**, vn. **tosnú**, verb. (τορναϊηη, τορναϊηδδ) (tos'ni:m', tos'nu:) I begin. Past: **do thosnaíos**, **do thosnaigh sé**. Future: **tosnód**, **tosnóidh sé**. Imperative: **tosnaigh**. Participle: **tosnaithe**. With **ar**: **tosnaíonn sí ar mhúineadh**, she begins to teach. *Thosnuigh sé ar na caipíní*, he began to go through the caps [DBÓC1940]. **Do thosnaíodar ar a chéile**, they began to attack each other, fell on each other. **Tosnú le rud**, to start off with something; also **tosnú ar rud**. Note: the simplified spelling transcription used by Osborn Bergin implies a pronunciation /tosə'ni:m'/; an epenthetic vowel may have been used by some speakers. 2. the edge, the precedence in various ways. *Tabhair duit féin tosach cómhairle, thar do cháirdibh go léir*, focus your advice on yourself, more than any of your friends [PUL1914].

**tosnóir**, m. (gs. **tosnóra**, npl. **tosnóirí**) (τορναϊηγεοηη, τορναϊηγεοηηί) (tə's'no:r', tə's'no:r'i:) beginner.

**tosnú**, noun/vn, m. (gs. **tosnaithe**) (τορναϊηδδ) (tos'nu:) start. **An tosnú a dhéanamh**, to take the lead, set an example. *Tabhair dhom tosnú indiu dáiríribh*, grant a good beinning to me today [PUL1914]. See ⇨**tosnaím**.

1229Gsf also torrcha, toirreche?

1230Tortóigin deas...

1231Check meaning of tosach an scéil.

**tost**, m. (gs. **tosta**, npl. **tostanna**) (τορτ) silence. **Cuirim ina thost é**, I make him shut up. **Táim im thost**, I am silent. **Bí id thost**, shut up!

**tostach**, adj. (comp. **tostaí**) (τορταc, τορταιγε) (tostəx, tos'ti:) taciturn. [DBÓC]

**tóstalach**, adj. (comp. **tóstalaí**) (τοίcεαρταλαc, τοίcεαρταλαιγε) (to:stələx, to:stə'li:) arrogant, conceited; stately.

**tosú**, vn. ICS. ⇨ **tosnaím**; **tosnú**.

**trá**, f. ICS. ⇨ **tráigh**.

**trá**, vn. ⇨ **tráim**.

**trácht**<sup>1232</sup>, noun/vn, m. (gs. **tráchta**, npl. **tráchtanna**) (τραcct, τραccta, gs. τραcct/τραccta) (tra:xt, tra:xtəne) discussion, mention. *Dúbhairt sí go raibh trácht sa líne ar "Madam Anne" éigin*, she said the line mentioned a "Madam Anne" [PUL1915]. *Chífidh sé gníomh grána ó Mhac Giolla Pádraig úd n-ar thrácht Brian ar a ainim nuair a bhí sé ag labhairt leis an sluagh maidion lae an chatha*, he will see the ugly deed of that Kilpatrick who was mentioned by Brian by name when he was talking to the army on the morning of the battle [PUL1907]. **Gan trácht ar**, apart from, to say nothing of. **Trácht a dhéanamh le duine ar rud**, to discuss something with someone. See ⇨ **tráchtaim**.

**tráchtáil**, f. (gs. **tráchtála**) (τραcctáil) (tra:x'ta:l') trade, trading, commerce. **Lucht tráchtála an airgid**, financial traders. [DBÓC]

**tráchtaim**, vn. **trácht**, verb. (τραcctaim, τραcct) (tra:xtim', tra:xt) I discuss, talk. Present autonomous: **tráchtathar**. Past: **do thráchtas**, **do thrácht sé**. Future: **tráchtfad**, **tráchtfaidh sé**. Imperative: **trácht**. Participle: **tráchta**<sup>1233</sup>. With **ar**: **ná trácht air**, don't mention it; there's no comparison. **Trácht le duine ar rud**, to discuss something with someone. *Níor thrácht sé amach as a bheul air le h-ainne dár mhair riamh*, he never let a word slip about it to anyone that ever lived [PUL1904]. **Trácht do dhuine ar rud**, to describe or expound something to someone.

**traein**<sup>1234</sup>, f. (gs. **traenach**, ds. **traen**, npl. **traenanna**) (τραεν, gs. τραεναc) (trə:n', trə:nəne) train. **Tagaim amach as an draen**, I get out of the train. **Stáisiún traenach**, railway station.

**tragelalphus**, m. (tragələlfəs) chamois goat, goat-antelope.

**tráigh**<sup>1235</sup>, f. (gs. **trá**, npl. **tránna**) (τραιγ, τραγa, gs. τραγa) (tra:g', tra:nə, gs. tra:) strand, beach. **Lag tráigh**, a low tide. **Trá Lí** τραιγ Lí /tra: l'i:/, Tralee, Co. Kerry. **Ní thagann an dá tráigh leis an ngobadán**, one cannot be everywhere at once.

**tráim**, vn. **trá**, verb. (τραιγim, τραγa) (tra:m', tra:) I ebb, abate, subside. **Do thráigh an t-uisce**, the water subsided. Past: **do thrás**, **do thráigh sé**. Future: **tráfad**, **tráfaidh sé**. Imperative: **tráigh**. Participle: **tráite**.

**traipéisiam**, m. ICS. ⇨ **fiarbheannach**.

**tráithnín**, m. (npl. **tráithníní**) (τραιcñin, τραιcñiní) (tra:n'hi:n', tra:n'hi:n'i:) dry grass-stalk. **Ní thabharfainn tráithnín air**, I wouldn't give a fig for it, I wouldn't rate it.

**tranglam**, m. (gs. **tranglaim**) (τραnglam) (traŋləm) tangle, clutter, disorder. [DBÓC]

**traochadh**, vn. ⇨ **traochaim**.

**traochaim**, vn. **traochadh**, verb. (τραocəaim, τραocəa) (tre:xim', tre:xə) I wear out, exhaust, overcome, subdue. Past: **do traochas**, **do traoch sé**. Future: **traochfad**, **traochfaidh sé**. Imperative: **traoch**. Participle: **traochta**. *Art ua Laoghaire, Atá anso traochta, Ó mhaidin anné agam*, Arthur O'Leary, who lies here overpowered, since yesterday morning [EDNC1773, quoted in PUL1915]. **Traochta le tuirse**, worn out, exhausted. **Traochta ón rince**, worn out by dancing. **Traochta ag an gcodladh**, weary from lack of sleep.

**traona**, m. (npl. **traonaí**) (τραονa, τραονaí) (trə:nə, trə:'ni:) corncrake. [LASID]

**traonach**, m. GCh. ⇨ **traona**.

**trap**, m. (gs. **trap**, npl. **trapanna**) (τραp, τραpanna) (trap, trapəne) 1. trap, in the vehicular sense. 2. trap, snare.

**trasna**, prep. ICS. ⇨ **treasna**.

**trasnaíl**, vn. GCh. ⇨ **treasnaíol**.

**trasnán**, m. GCh. ⇨ **treasnán**.

**tráth**<sup>1236</sup>, m. (gs. **trátha**, npl. **trátha/tráthanna**, gpl. **tráth**, dpl. **tráthaibh**) (τραc, τραcanna, gs. τραc/τραc) (tra:h, tra:həne) 1. time, occasion. **Pé moch déanach an tráth**, however early or late it was. **Pé tráth**, whenever: *cia adúbhairt leat-sa ná béadh fáilte anso roimpe pé tráth do thioctadh sí?*, who told you she wouldn't be welcome whenever she came? [PUL1904]. **Ag faire na dtráth san oíche**, keeping the watches of the night. 2. as an adverb: once, when: *do thárla, tráth, go raibh súil le duine eile clainne acu*, it turned out, once, that they were expecting another child [PUL1915]. *Ach i dtaobh Chatilína, ar an slighe dhó chuir sé a lán leitreacha uaidh, ag triall ar uaislibh a bhí tráth 'n-a gConsulaibh*, with regard to Catilina, as he went he sent a lot of letters to nobles who had previously been consuls [PUL1913]. **Bhí ann tráth**, once upon a time there was a... **Go dtí an tráth san**, until then, up to that point. **Tráth éigin** (**tráth éigint**), at some time, at some point; once upon a time. **Tráth éigin den oíche**, at some point in the night. **An tríú tráth den lá**, the third hour of the day. **Aon tráth ó**, at any point since. **Aon tráth ba thoil leis é**, whenever he liked. **Tráth is** /tr'a:s/ (**go**), since, seeing as: *cheapas go mb'fhéidir gur braon beag a bhí ólta agat, trá 's gur thugais céad*

1232Check forms.

1233Trácht or tráchtaithe?

1234These are from PUL. Check this with modern Cork Irish. CFBB 89 had traeneach.

1235Check the pl.

1236Check gs.

*púnt mar mhalairt ar sgílling dom*, I thought you might have had a wee drop to drink, seeing as you gave me a hundred pound in return for a shilling [PUL1904]. **I dtráth**, in due season. **Fearthainn i dtráth**, early rain. **Id thráth féin**, in your turn. **Ins gach tráth**, at all times. **In sna tráthannaibh córa**, in due season. **Roim thráth**, before time (as of a premature birth in lob 3). **Tráth faire**, watch.

**tráthar**, m. (npl. **tráthair**, gpl. **tráthar**) (τραράραρ/τραράραρ, τραράραρ/τραράραρ) (tra:hər, tra:hir') auger, a tool for boring holes in wood or in the ground. **Poll tráthair**, an auger hole. *Dá dtéidheadh sé isteach i bpoll tráthair i bhfolach uaithi ní dhéanfaidh sé an gnó dhó*, even if he hid from her in a bore hole in the ground, it will do him no good [PUL1904].

**tráthnóinín**, adv. (τρατένοινίν) (tra:n'ho:n'i:n') late of a evening. [AMF]

**tráthnóna**<sup>1237</sup>, m. (npl. **tráthnóintí**) (τρατένονα, τρατένονα/τρατένοιντί) (tra:n'ho:nə, tra:n'ho:nt'i:) evening. **Fé thráthnóna**, by evening. **Go tráthnóna**, until the evening. **Um thráthnóna**, in the evening. **Um thráthnóna amáireach**, tomorrow evening. **Um thráthnóna inné**, yesterday evening. **Um thráthnóna an lae**, that evening. **Um thráthnóna mór luath**, early in the evening: *bhí sé 'n-a thráthnóna mhór luath*, it was early in the evening [PUL1915]. **Gach aon tráthnóna Dé Satharainn**, every Saturday evening. **Tráthnóna déanach**, late one evening. **Go dtugaidh Dia tráthnóna maith dhuit**, good evening!

**tráthúil**, adj. (comp. **tráthúla**) (τρατέαιλ, τρατέαιλ) (tra:'hu:l', tra:'hu:lə) timely.

**treabh**, f. (gs. **treibhe**, ds. **treibh**, npl. **treibh**, gpl. **treabh**, dpl. **treabhaibh**) (τρεαβ, τρειβ) (tr'av, tr'ev') house, homestead, farmstead; tribe. **Níl tigh ná treabh ann**, there is neither house nor home there.

**treabhadh**, vn. ⇒ **treabhaim**.

**treabhaim**, vn. **treabhadh**, verb. (τρεαβαιμ/τρεαβαιμι, τρεαβαδ) (tr'aum', tr'au) 1. I plough. **Páirc threafa**, a ploughed field. **Treabhadh a dhéanamh**, to plough. **Treabhadh tríd**, to plough through it, keep on at something. 2. I do my bit. **Bím ag treabhadh liom**, I keep plodding along. Past: **do threabhas**, **do threabhs sé**. Future: **treabhad** /tr'auhəd/, **treabhaidh sé**. Imperative: **treabh** /tr'av/. Participle: **treafa** τρεαβέα /tr'afə~tr'ahə/ (from LASID and CFBB respectively).

**treabhaire**, m. (npl. **treabhairí**) (τρεαβαιρε, τρεαβαιρί) (tr'aur'i, tr'aur'i:) ploughman.

**treabhann**, m. GCh. ⇒ **tribún**.

**treabhchas**, m. (npl. **treabhchasaí/treabhchaisí**) (τρεαβέα, τρεαβέα) (tr'auxəs, tr'auxəsi:~tr'auxəfi:) tribe, people. *Chómh galánta chómh macánta le h-aon treabhchas eile daoine a bhí sa dúthaigh*, as decent and honest as any other family in the area [PUL1915]. **Treabhchas daoine**, a clan or family of people. Note: **treabhchasaí** in attested in PUL1907 and DBÓC1940; AÓL had **treabhchaisí**.

**treabhdóir**, m. GCh. ⇒ **treabhaire**.

**tréad**<sup>1238</sup>, m. (gs. **tréada**, npl. **tréada/tréadtha**, gpl. **tréad**, dpl. **tréadaibh**) (τρέαδ, τρέαδα) (tr'iad, tr'iadə~tr'iatə) flock, herd.

**trealamh**<sup>1239</sup>, m. (npl. **trealaimh**) (τρεαλαμ, τρεαλαμ) (tr'aləv, tr'aliv') equipment, gear, outfit. **Trealamh gaisce**, suit of armour, outfit of armour.

**tréan**, adj. (comp. **treise/tréine**) (τρέαν, τρεϊρε/τρεϊνε) (tr'ian, tr'eji~tr'e:n'i) strong. **Tréan i gcath**, strong/brave in battle. Note: While examples of **tréan** can be found in PUL1907, the positive adjective has been largely replaced by ⇒ **láidir**, of which **treise** is the comparative. Both forms of the comparative are found, **treise** in PUL1904 and PUL1915, and **tréine** in PUL1907. The two comparatives can be found used together: *an bheirt óigfhear ba threise agus ba thréine i dtír na h-Ioruaidhe an uair sin*, the two strongest young men in Norway at the time [PUL1907]. **Go tréan**, intensely, rapidly. *Is treise dhuit ná dhósa*, you are stronger than me [AÓL1968].

**tréan**, m. (gs. **tréin**, npl. **tréana**, gpl. **tréan**) (τρέαν, τρέανα) (tr'ian, tr'ianə) strength; a strong man. **Tréan airgid**, plenty of money. **Tréan Gaelainne**, quite a lot of Irish.

**tréanas**, m. (gs. **tréanais**) (τρέανασ, τρεϊθέανασ) (tr'e:nəs) abstinence from meat. **Troscadh agus tréanas**, fasting and abstinence. **Lá tréanais**, day of abstinence. **Tréanas ó rud**, abstinence from something. Note: often spelt with a slender n in PUL's works; the pronunciation is shown in LASID.

**tréanfhear**<sup>1240</sup>, m. (npl. **tréinfhir**, gpl. **tréanfhear**) (τρέιν-φέαρ, τρέιν-φίρ) (tr'ian-ar, tr'ian-ir') strong man, warrior, champion (e.g., as of the champion of the king, a warrior who used to take part in tournaments).

**tréaniarracht**, f. (gs. **tréaniarrachta**, npl. **tréaniarrachtaí**) (τρέαν-ιαρραχτ, τρέαν-ιαρραχτά) (tr'ian-iarəxt, tr'ian-iarəxti:) strong, forcible attempt. [DBÓC]

**treas-**, pref. (τρεα-) (tr'as-) prefix meaning "for a third time". **Treasléimt**, to jump for a third time.

**treas**, num. (τρεα) (tr'as) third. **An treas lá**, on the third day.

**treascairt**, noun/vn, f. (gs. **treascartha**) (τρεαγαιρτ) (tr'askirt') a knocking down, a fall. **Treascairt a bhaint as duine**, to knock someone down, give someone a fall. **Treascairt na nAssuiriánach**, the overthrow of the Assyrians. See ⇒ **treascraim**.

**treascraim**, verb. GCh. ⇒ **treascraim**.

**treascraim**, vn. **treascairt**, verb. (τρεαγαιρμ, τρεαγαιρτ) (tr'askərim', tr'askirt') I knock down; overthrow, vanquish.

**Treascartha ar lár**, felled, knocked down, knocked to the floor. Present autonomous: **treascartha**. Past: **do**

1237Check the pl.

1238The plural is tréadta in PUL1925...

1239PSD shows pl may be trealamha.

1240Check plural.

**threascaíós, do threascair sé.** Future: **treascród, treascróidh sé.** Imperative: **treascair.** Participle: **treascartha.**

**treasdhubailt, vn.** ⇒ **treasdhublaim.**

**treasdhublaim, vn. treasdhubailt, verb.** (τρεαδ-δύβλαιμ, τρεαδ-δύβλαιτ) (tr'as'yu:bəlim', tr'as'yu:bihl') to double a third time. [DBÓC]

**treasna, prep/adv.** (τρεαδνα/τρεαδνα δρ) (tr'asnə) 1. across. With genitive: **treasna na gcnoc,** across the hills. **Tagaim treasna ar,** I cross, contradict. **Snámh (anonn) treasna,** to swim across. **Cruitíní ' tharrac treasna ar an bhfinneóg,** to draw curtains across a window. **Treasna na sráide uait,** across the street from where you are. 2. crossways. *Dúbhairt sé leó, an t-é fhéadfadh an dórnán do bhriseadh 'na dhá leath treasna, go bhfágfadh sé a chuid aige, ag dul chum báis dó,* he told them that when he died he would leave his property to whoever could break the handful [of rods] in half across/crossways [PUL1903]. **Treasna go,** over (to).

**treasnaíol, noun/vn, m.** (gs. **treasnaíola**) (τρεαδναξδλ) (tr'as'ni:l) contradicting, interrupting, arguing. *An méid eolais a bhí i ndeireadh na cainnte sin a bhí ráidhte aige, ní chun argóna ná treasngala a dhéanamh 'na thaobh a thug sé uaidh é,* it was with no intention of arguing or disputing that he gave the information with which he concluded his statement [DBÓC1933]. [DBÓC]

**treasnán, m.** (npl. **treasnáin**) (τρεαδνάη, τρεαδνάημ) (tr'is'nə:n, tr'is'nə:n') transom, crossbar.

**treibh<sup>1241</sup>, f.** (gs. **treibhe**, ds. **treibh**, npl. **treabha**, vpl. **treabha**, gpl. **treabh**, dpl. **treabhaibh/treibhibh**) (τρεαδβ, τρεαδβδ) (tr'ev', tr'avə) tribe. **Deich d'treabha de shliocht Israéil,** ten tribes of Israel.

**treibh, f. ICS.** ⇒ **treabh.**

**treidhlín, m.** (gs. **treidhlín**) (τρειδήλιν) (tr'əi'l'i:n') the Pleiades star cluster.

**tréigean<sup>1242</sup>, noun/vn, m.** (gs. **tréigin**) (τρείγεαν) (tr'e:g'ən~tr'e:g'int') abandonment, desertion. *Tré bhrígh do chroise agus do thréigin, saor sinn, a Thighearna,* by your cross and dereliction, save us, O Lord [PUL1921]. Note: AÓL and DBÓC had **tréigint**. See ⇒ **tréigim**.

**tréigim, vn. tréigean, verb.** (τρείγιμ, τρείγεαν) (tr'e:g'im', tr'e:g'ən) 1. to abandon, forsake. *A Dhia, a Dhia, cad uime gur thréigis mé?,* My God, my God, why hast thou forsaken me?[PUL1915b]. **An saol do thréigean,** to renounce the world. 2. to fade. **Bhí an dath tréigthe,** the colour had faded. Past: **do thréigeas, do thréig sé.** Future: **tréigfead, tréigfidh sé.** Imperative: **tréig.** Participle: **tréigthe, /tr'e:k'í/.**

**tréimhse, f.** (npl. **tréimhsí**) (τρείμησε, τρείμησί) (tr'e:vʃi, tr'e:vʃi:) period, term. **Do chaitheas tréimhse m(h)ór ann,** I spent a good while there. **I gcaitheamh a dtréimhse ar an saol so,** during their time on earth. **Tréimhse aimsire,** a period of time. **Tréimhse chónaithe ' thabhairt in áit éigint,** to dwell somewhere for a time. **Tréimhse ' thabhairt ag duine,** to spend some time/stay with someone. Note: the Four Master of Ballyvourney preferred a feminine **tréimhse**; we read **tréimhse mór** in PUL1904. **Lucht tréimhse,** sojourners.

**tréimhseach<sup>1243</sup>, m.** (npl. **tréimhsigh**) (τρείμησεαδ, τρείμησίγ) (tr'e:vʃəx, tr'e:vʃig') sojourner.

**tréimhsím, vn. tréimhsíú, verb.** (τρείμησίγim, τρείμησίγδ) (tr'e:vʃi:m', tr'e:vʃu:) to sojourn, spend some time. Note: only verbal attested.

**tréimhsíú, vn.** ⇒ **tréimhsím.**

**tréine, f.** (gs. **tréine**) (τρείηε) (tr'e:ní) strength, intensity. *Bhí fhios acu, leis, ag an uile dhuine acu, gur ag na Lochlanaigh a bhéadh an buadh mura mbéadh a thréine do throid na Gaedhil,* each of them knew too that the Vikings would have won had it not been for the intensity with which the Gaels had fought [PUL1907]. *Agus dar mo leabhar gur dóigh liom gur treise 'á tuilleamh sinn,* I have to say it's no more than we deserve [DBÓC1933].

**treis, f.** (τρείη) (tr'eʃ) found in **sa treis,** at foot, under way. [PUB]

**uain**<sup>1284</sup>, f. (gs. **uanach**, npl. **uaineacha**) (υαιν, υαινε/υαινεαα, gs. υαιναα) (uən', uən'əxə) 1. time, opportunity. **Tá uain agam ar rud a dhéanamh** or **tá sé d'uain (dh'uain) agam rud a dhéanamh**, I have the opportunity or time to do something. **Uain a bheith agat ar rud a dhéanamh** is sometimes found without **ar**, reflecting contamination from **é ' bheith d'uain agat rud a dhéanamh**: *sul a raibh uain ag an marcach é thabhairt fé ndeara*, before the horseman had a chance to notice him [PUL1904]. With **tabhairt**: *níor thug sé uain dó féin ar an gcoinnghíoll do bhreithniughadh*, he didn't give himself enough time to consider the condition [PUL1904]. *Déarfur gur breagh a thugas uain do'n bhitheamhnach ar imtheacht slán agus an chailís a bhreith leis agus do chur ó aon fhághail a bheith ar í thabhairt thar n-ais*, it will be said that I gave the thief a great opportunity to get away safe and take the chalice with him and put it somewhere from where there would be no way to bring it back [PUL1907]. Often paired with **aimsir**: *do faireadh uain agus aimsir*, they watched for an opportunity [PUL1924]. **An-uain**, a good opportunity. 2. often refers to the weather: **pé fiuch fuar an uain**, however wet and cold it was. **Do chiúnaigh an uain**, the weather abated.

**uaine**, adj. (υαινε/υαινε) (uən'hi) green, verdant. Note: whereas ⇒ **glas** refers to grass and other living green things, **uaine** refers to artificial green shades, e.g. of clothing.

**uainín**, m. (npl. **uainíní**) (υαινίν, υαινíní) (uə'n'i:n', uə'n'i:n'i:) little lamb, lambkin.

**uainíocht**, f. GCh. ⇒ **uanaíocht**.

**uair**, f. (gs. **uaire**, npl. **uaireanta**) (υαιρ, υαιρεαηαα) (uə'r', uə'r'əntə) hour, time. With **ar**, at a certain time: *dúbhairt sé an t-Aifrean díreach ar an uair a bhí ceapaithe, gan aon neómat ríghnis*, he said Mass at exactly the intended moment, without a minute's delay [PUL1915]. **Ar uairibh**, at times. **Ar feadh uaireanta**, for hours. **An chéad uair**, for the first time. **Gach uair**, all the time. **Le línn na huair**, at the time, at the appointed time. **Uair éigin**, some time; once, at a certain point in time, once upon a time. **Uair fhánach**, sometimes, on the odd occasion. **Uair nú dhó**, once or twice. **Uair sa ré**, once a month. **Uair sa tseachtain**, once a week. **Uair ins gach trí bliana**, once every three years. **Uaireanta**, sometimes. **Uaireanta eile**, at other times. **Aon uair amháin**, just once. **An t-aon uair amháin**, just the once, on just a single occasion. **Níorbh aon uair amháin é**, more than once. **Míle míle uair níos fearr**, a million times better. **Uair as an míle**, one time in a thousand. **Den uair deiridh**, for the last time. Note: the plural used with numerals is **uaire**.

**An uair**, when, just at the time when (⇒ **nuair**). **An uair chéanna**, at that very time. **An uair sin féin**, even then, even in that case: *is anamh a labhrann Pails ach nuair labharthar léi, agus an uair sin féin ní ró thapaidh chuige í*, Pails rarely speaks, except when she is spoken to, and even then she is not too quick to do so [PUL1904].

**Uair an chloig** /uə'r' ə xliɡ'/, an hour. **Uair go leith** /uə'r' ɡil'i~uə'r' ɣil'i/, an hour and a half. *Dá gcuirimís go léir le chéile d'fhéadfaimís a bhfuil de Dhanaraibh i n-Éirinn do mharbhughadh nó do dhíbhirt i n-aon cheithre h-uaire fichid amháin*, if we co-operated, we could kill or drive out all the Danes in Ireland in a single twenty-four-hour period [PUL1907]. **Ar feadh cheithre n-uaire fichid**, for 24 hours. **Uair a dó dhéag**, twelve o'clock. **Ar uair a dó dhéag**, at twelve o'clock. **An uair den ló**, the hour of the day.

**Uair dá**, once when: *uair dár luigh an luichín anuas ar an dtalamh agus go ndeaghaidh an cat amach dá druim le fuinneamh a reatha, do rith an luch amach 'n-a dhiaidh agus chuaidh sí de léim i n-áirde ar a dhrom*, once the little mouse had touched down on the floor and the cat had gone over it with the momentum of its run, the mouse ran off after it and leapt up on its back [PUL1913b].

**uaireadóir**,<sup>1285</sup> f. (gs. **uaireadóira**, npl. **uaireadóirí**) (υαιρεαδóρ, υαιρεαδóρí) (uə'r'ədo:r', uə'r'ədo:r'i:) watch. [DBÓC, AÓL]

**uaisleacht**, f. (gs. **uaisleachta**) (υαιρλεααα) (uəʃ'l'əxt) nobility, gentility. *Má thagan Cormac suas leis curfar deire le n-a chúrsaibh agus le n-a chuid uaisleachta go ceann tamaill*, if Cormac catches up with him, his travels and his acting the gentleman will be over for a while [PUL1904]. *Bitheamhnach dob' eadh an duine uasal úd, pé uaisleacht a bhí aige, 'ná ná raibh*, that gentleman was a thief, whatever claim to gentility he had or didn't have [PUL1904]. Sometimes referring collectively to nobles or refined people: *an t-é ná fanan sa chruith n-ar dúthchas dó ach a bhíon ag rith i ndiaidh na h-uaisleachta, is amhlaidh a bhíon an uaisleacht ag teithe uaidh agus an isleacht ag magadh féi*, he who chases after refinement instead of staying in the condition natural to him will find the genteel fleeing from him and the lowly born mocking him [PUL1931]. **Uaisleacht aigne**, nobility of mind. **Uaisleacht cainnte**, eloquence. **Uaisleacht súilce**, the excellence of virtue. **Dá uaisleacht é**, however noble. **Mar a chéile in uaisleacht**, equal in status.

**uaislím**, vn. **uaisliú**, verb. (υαιρλιγim, υαιρλιγiαα) (uəʃ'l'i:m', uəʃ'l'i:u:) to exalt, dignify, enhance. Past: **d'uaislíos**, **d'uaisligh sé**. Future: **uaisleód**, **uaisleóidh sé**. Imperative: **uaisligh**. Participle: **uaislithe**.

**uaisliú**, vn. ⇒ **uaislím**.

**uaithe**<sup>1286</sup>, f. (gs. **uaithe**) (υαιθε/υαιθε) (uən'hi) greenness, verdure. Note: used in Leviticus 15:24 to refer to menstrual blood, translating the elliptical "flowers" in the Douay Bible.

**uaithe**, f. (npl. **uaithe**) (υαιθε, υαιθε) (uən'hi, uən'hi:) prop, post, pillar.

**ualach**, m. (gs. **ualach**, npl. **ualach**) (υαλαα, υαλαα) (uə'ləx, uə'li:) load, burden. **Ualach airgid**, a great deal of money. **Ualach cíosa**, rental burdens, the burden of heavy rents. *An t-ualach gruaige go raibh dóthin trí ann*, a great deal of hair sufficient for three people [PUL1907]. **Ualach a chur ar dhuine**, to burden someone. **Ualach a dh'iompar**, to carry a

1284Check npl.

1285M in PSD.

1286Check PSD.

weight or burden. **Ualach a thabhairt leat**, to carry a load. **Tógaint ualaí troma**, lifting heavy loads (eg, as a sport). **Ualach a thógaint de chroí dhuine**, to lift a weight off someone's mind. **Ualach trom a bheith ort**, to carry a heavy burden (literally or figuratively). **Tuilleadh ualaigh a dhéanamh duit féin**, to make a greater burden for yourself. *Tá ualach ionta agus tá greidhm maith le fághail ortha*, they are heavy and a good grip can be got on them [PUL1903].

**Fé ualach mallaitheachta**, laden with iniquity.

**uallach**, adj. (comp. **uallaí**) (uallac̃, uallaiǵe) (uəɫəx, uə'li:) scatterbrained, skittish, excitable. [CFBB]

**uallaithe**, adj. (uallaiǵe) (uəlihi) scatterbrained. Note: a variant of ⇒**uallach** stated in CFBB as given by SÓD. [CFBB]

**uallfairt**, f. GCh. ⇒**uallthairt**.

**uallfartach**, adj. GCh. ⇒**uallthartach**.

**uallthairt**<sup>1287</sup>, f. (gs. **uallthairte**, npl. **uallthairtí**) (uallfaiɾt, uallfaiɾtə/uallfaiɾtəí, gs. uallfaiɾte) (uəɫhɪɾt', uəɫhɪɾt'i:) howl, yell, grunt. **Uallthairt ghéirí**, a howl of laughter. **Uallthairt a thabhairt fé dhuine**, to lunge towards someone howling. Note: DBÓC had **ullthairt**.

**uallthartach**, noun/vn, f. (gs. **uallthartaí**) (uallfaiɾtəc̃) (uəɫhəɾtəx) howling, yelling. **Uallthartach a dhéanamh**, to howl. Note that as a feminine verbal noun ending in -ach, this becomes **ag uallthartaigh** in the dative.

**uamhan**<sup>1288</sup>, m. (gs. **uamhain**) (uamhain) (uəh) fear, awe, dread. **Uamhan a bheith ort roim dhuine**, to be in dread of someone. **Uamhan a ghlacadh**, to be dismayed, be seized with dread.

**uan**, m. (gs. **uain**, npl. **uana/uain**, gpl. **uan**) (uan, uana/uain) (uəh, uəhə/uəh') lamb. Also **uan caeireach**. **An tUan**, the Lamb of God. **An tUan Cásca**, the Paschal Lamb. *A Uain Dé, a thógan peacaíde an domhain*, Lamb of God, who takest away the sins of the world [PUL1921]. **Feóil uain**, lamb (referring to the meat). **Uan bliana**, a year-old lamb.

**uanaíocht**, f. (gs. **uanaíochta**) (uanaiəc̃əc̃) (uə'ni:xt) alternation, rotation. **Uanaíocht a dhéanamh ar a chéile**, to take turns. **De réir uanaíochta**, by turns, in rotation. **Ar uanaíocht**, by turns.

**uanán**, m. (gs. **uanáin**) (uanán) (u:'nə:n) froth (especially of new milk). **Is buaine an t-uanán ná an t-anaithe**, a cow is more valuable for her milk than her broth (a living dairy cow is worth more than a dead cow being slaughtered for meat; don't kill the golden goose). **Uanán leamhnachta**, froth of new milk.

**uar**, s. (uar) (uəɾ) found in **bhí uar air chun bruíne**, he was spoiling for a fight. Note: apparently a variant of **tuar**, "sign, omen, portent". [CFBB]

**uarán**, m. (uarán) (u:'rə:n) froth (of milk). Note: a variant of ⇒**uanán** stated in CFBB as given by DÓD. [CFBB]

**uasal**, adj. (comp. **uaisle**) (uasal, uaisle) (uəsəl, uəɟ'i) 1. noble. **A dhuine uasail, a bhean uasal**, Sir, Madam. **Duine uasal**, or **duin' uasal**, gentleman. **Bean uasal**, lady. **Uasal agus íseal**, people of higher and lower social backgrounds. **Uasal óna shínsear**, of noble birth. **Uaisle léinn**, learned gentlemen. 2. precious, fine. **Seóide uaisle**, precious valuables.

**uasal**, m. (gs. **uasail**, npl. **uaisle**, gpl. **uasal**) (uasal, uaisle) (uəsəl, uəɟ'i) 1. nobleman. **Mionuasal**, minor noble. 2. gentleman. **A uasail**, Sir! **A uaisle**, gentlemen, ladies, ladies and gentlemen (a respectful term that can refer to either sex).

**uatha**<sup>1289</sup>, adj. (uəc̃əiə) (uəhig'??) 1. singular. **San uimhir uatha**, in the singular. 2. few in number. *Féuchaig an tír, cad é an saghas é: agus na daoine atá 'ghá áitreabh, an lag iad nú an láidir iad: an uathadh iad nú an líonmhar iad*, view the land, of what sort it is: and the people that are the inhabitants thereof, whether they be strong or weak: few in number or many [Uimhreacha 13:19]. Note: this is properly the genitive of ⇒**uathadh**.

**uathadh**<sup>1290</sup>, m. (gs. **uathaidh**, gpl. **uathadh**) (uəc̃ə) (uəhə) small number, a few. *Mar, ó thuit an stát fé smacht agus fé fhorlámhas na n-uatha, is dóibh sin a thugaid righthé agus tighearnaí an cháin a bhíon ortha*, for since the state fell under the control and dominion of the few, it is to them that kings and lords have paid the tribute levied on them [PUL1913]. **Núr n-uathadh bheag**, in a small minority.

**uathás**, m. (gs. **uatháis**, npl. **uathása**) (uəc̃əb̃əɾ, uəc̃əb̃əɾə) (uə'hə:s, uə'hə:sə) 1. terror, horror (**ar dhuine**). 2. cause of astonishment. **B'in é an t-uathás**, that was truly astonishing. **Bheith in uathás mar gheall ar rud**, to be astonished at something. 3. an astonishing amount: *an t-uathbhás bídh agus díghe, an t-uathbhás aráin agus ime agus fiona agus feóla, d'á chaitheamh gach aon lá sa righthéighlach, mar ba ghnáth*, with an incredible amount of food, drink, bread, butter, wine and meat being consumed every day in the royal household, as usual [PUL1907].

**uathásach**, adj. (comp. **uathásai**) (uəc̃əb̃əɾəc̃, uəc̃əb̃əɾəiǵe) (uə'hə:səx, uə'hə:si:) 1. awful, terrible, horrible. Also in a positive sense: *dob' uathbhásach an radharc é!*, the view was terrific [PUL1915]. 2. vast, astonishing. *Do chuimhnigh sé ar an gcothrom uathbhásach uisge atá ó chathair Luimnighe síos go h-Inis Cathaigh agus amach ar fad go Léim Chúchulainn, agus chuimhnigh sé ar an dtairbthe a dhéanfadh an cothrom uisge sin dá mbéadh sé clúdaithe le loingeas bhreaghtha mhóra do bhéarfadh earaí ceannaigheachta amach ó Éirinn go cuantaibh an domhain*, he thought of that vast expanse of water from Limerick city down to Scatterry Island and all the way out to Cúchulainn's Leap, and he thought of the good that expanse of water would do if it were covered with fine, large ships that would convey commercial wares from Ireland to the ports of the world [PUL1907].

**uathásach**, m. (npl. **uathásacha**) (uəc̃əb̃əɾəc̃, uəc̃əb̃əɾəc̃ə) (uə'hə:səx, uə'hə:səxə) an awful or terrible person.

1287Check pl.

1288Check pronunciation.

1289Pronounced with a slender g?

1290A gpl is attested in the example shown – what about npl? uathaidh? And pronunciation of the gs?

**uathásáí**, f. (gs. **uathásáí**) (υαε̃β̃άραι̃γε) (uə'ha:si:) the quality of being terrific, wonderful or astonishing. **Dá uathásáí é**, however astonishing.

**uathásáim**, vn. **uathású**. verb. (υαε̃β̃άραι̃γι̃m, υαε̃β̃άραι̃γ̃αδ̃) (uə'ha:si:m', uə'ha:su:) to amaze, terrify. Past: **d'uathásáigh sé**.

**uathású**. vn. ⇨ **uathásáim**.

**uathlatháí**, m. GCh. ⇨ **uathrialtóir**.

**uathlathas**, m. GCh. ⇨ **uathriail**.

**uathriail**, f. (υαι̃τρι̃α̃λα̃ι̃) (uə-ríəil') autocracy. [DBÓC]

**uathrialtóir**, m. (υαι̃τρι̃α̃λα̃ι̃τ̃ó̃ι̃r) (uə-ríəl'hó:r') autocrat. [DBÓC]

**ubh**, m. (gs. **uibh**, npl. **uíbhe**) (uib, uibe) (ov, i:, gs. iv') egg. **Ubh circe**, a hen's egg. **Ubh lachan**, a duck's egg. **Ubh a bhreith**, to lay an egg: *bhí bean ann agus bhí cearc aici, agus bheireadh an chearc ubh i n-aghaidh an lae*, there was a woman who had a hen, and that hen would lay an egg every day [PUL1903].

**úcaire**, m. (npl. **úcairf**) (úcaire, úcairí) (u:kir'í, u:kir'í:) fuller (i.e., someone who beats cloth to clean or thicken it).

**ucht**, m. (gs. **uchta**, npl. **uchta**) (uēt, uētΔ) (uxt, uxtə) 1. chest, bosom. **Im ucht**, on my lap. **Do léim an gaidhrín in' ucht chuige**, the little dog leapt into his lap. **Ucht le hucht leis an namhaid**, facing the enemy ("breast to breast"). **Ucht na bó**, cow's breast. **Cléithín uchta**, breastbone. **As ucht**, for the sake of, on account of: **as ucht Íosa Críost**, for the sake of Our Lord. *Daoine do tógadh i sgárlóid ta an t-aoileach 'na n-ucht acu*, they that were brought up in scarlet have embraced the dung [Caoineadh 4:5]. 2. a strip (along a length of field being worked by a man or a team). **Ucht a chaitheamh**, to shovel earth along a strip of field. **Ucht a ghearradh**, to reap a lap/strip. 3. a share of the work (the amount of work you have "faced"), the work done by a man in the field: **níl a ucht curtha fós**, he hasn't earthed his share yet.

**uchtach**, m. (npl. **uchtaigh**) (uētΔc̃) (əx'tax, uxtig') stomacher, chest-protector.

**uchtach**, m/f. (gs. **uchtaigh/uchtaí**) (uētΔc̃) (əx'tax, gs. uxtig'~ux'ti:) courage, spirit, vigour; delivery (of a speech); the chest register in singing. **Tá an t-uchtach (an-uchtach) cainnte aige**, he is a powerful speaker. *Bhí ruith cainte aige agus uchtach láidir, ceólmhar, binn*, he had a way with words, and a strong, musical, melodious delivery [PUL1907]. Note: CFBB shows AÓL and MÓD had a feminine **uchtach (uchtach cheart)**; TÓR had the masculine form.

**uchtmhac**, m. (npl. **uchtmhic**) (uēt-ḡΔc̃, uēt-ḡĩc̃) (uxt-vak, uxt-v'ik') adopted son. **Duine 'ghlacadh in' uchtmhac**, to adopt a child.

**uchtmhacacht**, f. (gs. **uchtmhacachta**) (uēt-ḡΔc̃Δc̃t̃) (uxt-vəkəxt) adopted son. **Duine 'ghlacadh in uchtmhacacht**, to adopt a child.

**úd**, demonstrative adj. (úo) (u:d) that, referring to a distant object. **An cnuc úd thall**, yonder hill, that hill over there. Compare the demonstrative pronoun ⇨ **súd**. **An duine eile úd**, some other person.

**údar**, m. (npl. **údaí**) (uđΔar, uđΔarí) (u:dəɾ, u:díɾ') 1. author. *A Íosa, a Údar na Beatha, dein trócaire orainn*, Jesus, Author of life, have mercy on us [PUL1921]. 2. source, origin. *D'innis sí d'á lán cad a bhí ar siubhal ag Catilina ach do cheil sí ainim a h-úghdair*, she told many people what Catilina was up to, but concealed the name of her source [PUL1913]. **Údar do rud/le rud**, the instigator or origin/originator of something.

**údarás**, m. (npl. **údaráis**) (uđΔarár, uđΔaráróár, uđΔarárí, uđΔaráróárí) (u:dəɾɑ:s, u:dəɾɑ:ʃ) authority, title. **Údarás (a dh'fháil) ó dhuine chun ruda**, someone's authority for something: *nuair a bhí ughdarás dlíge acu chun na sealbha*, when they had legal title to the property [PUL1915]. *Ní h-ó úghdarás daoine a thánadar ach ó'n úghdarás a thug Críost féin dá Eaglais nuair a chuir sé ar bun í*, they proceed not from mere human authority; but from that which Christ has established in his church [PUL1915b]. **Chómh maith údarás le**, as authoritative as. **Ar t'údarás phríobháideach féin**, on your own private authority.

**uilceas**, m. (gs. **uilcis**) (uilcεΔɾ) (il'kəs) bad or poor quality, evil. Note: a variant of ⇨ **olcas**. [DBÓC]

**uile**, adj/noun. (uile) (il'vél'i) all, every. Preceding the noun with lenition: **an uile** /ən el'i/ **dhuine**, everyone. **An uile dhuine acu**, all of them. **An uile go léir**, all of it, the whole lot. **An uile lá**, every day. **An uile shaghas éisc**, every sort of fish. In the plural: **na huile nithe**, all things. **Gach uile** /gəx'il'i~gəx'el'i/ **áit**, everywhere. **Gach uile ní**, /gəhil'i n'i:/<sup>1291</sup>, everything. **Ar gach uile thaobh**, on every side (e.g. of a town). With **de** and the comprehensive relative particle: *ar thugais fé ndeara a chruinne agus a fheabhas a choimeád sé é ó'n uile dhuine d'ár labhair leis?*, did you notice how carefully and how well he kept it from everyone who spoke to him? [PUL1904]. Can also govern a plural verb: *sgeartaid uile ar gháiridhibh*, they all burst out laughing [PUL1904]. Following a pronoun or a noun: **sibh uile**, all ye; **na nithe seo uile**, all these things. *Ní foláir do chualacht Chríost uile iad féin do shéanadh*, all Christ's followers must deny themselves [PUL1915b]. **Eatarthu uile go léir**, among them all. **Agus uile**, and all, and everything. **'Na dhiaidh san is uile/eile**, even so, yet, notwithstanding.

**uilechómhacht**, f. (gs. **uilechómhachta**) (uil'c̃o:m̃x̃t̃) (il'i-xo:xt) omnipotence. **Dia na nUilechómhacht**, Almighty God. Note: the Four Masters of Ballyvourney took issue with PUL's form **Dia 'n uile chómhacht**.

**uilechómhachtach**, adj. (gs. **uilechómhachtaí**) (uil'c̃o:m̃x̃t̃Δc̃, uil'c̃o:m̃x̃t̃Δaĩge) (il'i'-xo:xtəx, il'i'-xo:x'ti:) omnipotent, almighty. **Dia Uilechómhachtach**, Almighty God.

**uilechómhachtach**, m. (gs. **uilechómhachtaigh**) (uil'c̃o:m̃x̃t̃Δc̃) (il'i'-xo:xtəx) the Almighty (i.e., God). **Fearg an Uilechómhachtaigh**, the wrath of the Almighty.

**uilechumhacht**, f. GCh. ⇨ **uilechómhacht**.

**uillechumhachtach**, adj. GCh. ⇨ **uillechómhachtach**.

**uillechumhachtach**, m. GCh. ⇨ **uillechómhachtach**.

**uille**, f. (gs. **uilleann**, ds. **uillinn**, npl. **uilleanna**, gpl. **uilleann**) (uille, uilleanna) (il'í, il'ənə) elbow. *Do bhí an lámh dheas sáithte go h-uillinn i bpóca an bhríste aige*, his right hand was thrust up to the elbow in his trouser pocket [PUL1904].

**Do dhá uillinn**, your (two) elbows. **Cathaoir uilleann**, armchair. 2. angle. **Ar uillinn 45° leis**, at a 45° angle to it. 3. turning or corner in carpentry.

**uillinn**, f. GCh. ⇨ **uille**.

**úim**, f. (gs. **úma**, npl. **úmacha**) (uḡaim, uḡamčad) (u:m', u:məxə) harness. **In úim treafa**, /tr'ahə~tr'afə/, harnessed/tackled for ploughing. [CFBB]

**uim**, prep. ⇨ **um**.

**úimeadóir**, m. (gs. **úimeadóra**, npl. **úimeadóirí**) (uḡmeadóir, uḡmeadóirí) (u:m'ədo:r', u:m'ədo:r'i:) harness-maker. [CFBB]

**uimhir**, f. (gs. **uimhre**, npl. **uimhreacha**, gpl. **uimhreach**) (uimhir, uimhreachad) (iv'ir', iv'ir'əxə) number. **An uimhir chéanna d'asalaibh baineanna**, as many she-asses, the same amount of she-asses. **De réir uimhre**, by number. **Uimhir bheag díobh**, a small number of them. **In órd uimhreach**, in numerical order. *Níor fhéad an chine go léir teacht ar aon uimhir le clainn Iúda*, the whole kindred could not reach to the sum of the children of Juda [1 Paralipomenón 4:27].

**uimhrím**, verb. GCh. ⇨ **uimhrim**.

**uimhrim**, vn. **uimhriú**, verb. (uimhirim, uimhiriuḡad) (iv'ir'im', iv'ir'u:) to number. Past: **do huimhreach**. Conditional: **d'uimhreach sé**. Present autonomous: **uimhirthar**. Participle: **uimhirthe/uimheartha/uimhrithe**. Note: the verbal noun is essentially derived from a second-conjugation variant of this verb.

**uimhriú**, vn. ⇨ **uimhrim**.

**uinnimint**, f. (gs. **uinniminte**) (uinnimeint) (iŋ'i'm'i:nt') ointment.

**úir**, f. (gs. **úire**) (úir) (u:r') soil, earth; the grave. **Bheith san úir** /sin' u:r'/, to be dead, in one's grave. **Balaithe na húire**, a heavy smell as if from a graveyard.

**úire**, f. (gs. **úire**) (úire) (u:r'i) freshness, dampness. **Dul in úire**, to get damp. [CFBB]

**úireacht**, f. (gs. **úireachta**) (úireacht) (u:r'əxt) moistness, freshness. **Úireacht na coille**, the green, fresh part of the wood. [CFBB]

**uireasa**, m. (gs. **uireasa**) (uireafbaid, gs. uireafbaide) (ir'əsə) lack, want, absence. **Talamh gan uireasa**, a land without want. See ⇨ **uireaspa**.

**uireasach**, m. GCh. ⇨ **ch**.

**uireaspa**, m. (gs. **uireaspa**) (uireafbaid, gs. uireafbaide) (ir'əspə) lack, want, absence. **Uireaspa gnótha ' bheith ort**, to lack something to do (and so tend to officiousness in others' affairs). **Lucht uireaspa**, the needy. **Brúite fé uireaspa**, oppressed with want. **Bheith in uireaspa**, to be in need. See ⇨ **uireasa**. Note: a preceding consonant may be slenderised (**san uireaspa**, etc).

**uireaspach**, adj. (comp. **uireaspai**) (uireafbad, uireafbaige) (ir'əspəx, ir'əspi:) needy.

**uireaspach**, m. (npl. **uireaspaigh**) (uireafbad, uireafbaig) (ir'əspəx, ir'əspig') person in need.

**úirf**, f. (npl. **úirfocha**) (uirḡe, uirḡeac) (u:r'i:, u:r'i:xə) testicle; (more generally) male genitalia. Note: see usage in Deuteronomí 23:1.

**úirfseal**, adj. (gsm. **úirfsil**, comp. **úirfsle**, npl. **úirfsle**) (uirḡeal, uirḡle) (u:r'i:ʃəl, u:r'i:ʃli) lowly, humble. *A Íosa is mín uirfseal croídhe, dein trócaire orainn*, Jesus, meek and humble of heart, have mercy on us [PUL1921].

**úirfseal**, m. (gs. **úirfsil**) (uirḡeal) (u:r'i:ʃəl) lowly person.

**úirfsle**, f. (gs. **úirfsle**) (uirḡle) (u:r'i:ʃli) lowliness, humility. Note: this word is used in GCh for ⇨ **úirfsleacht**; PUL generally retains **úirfsle** for use with **dá**: **dá úirfsle é**, however humble.

**úirfsleacht**, f. (gs. **úirfsleachta**) (uirḡleacht) (u:r'i:ʃl'əxt) lowliness, humility. *Sidí an fhoghlaim is airde agus is tairbhíge, fíor-aithne ar dhuine féin agus uirfsleacht*, this is the highest and most advantageous form of learning: to truly to know and disparage oneself [PUL1914].

**uiriste**, adj. (comp. **usa**) (uirirce, ura/uirura) (ir'ift'i~ir'ift'i, usə) easy. With **do**: *dob' usa dhuit go mór fiche míle de bhóthar a shiúbhal 'ná an deich míle sin!*, you would much sooner walk twenty miles by road than walk those ten miles [PUL1915]. With **le**, **is uiriste leis rud a dhéanamh**, he is apt to, willing to do something: *bhíodh taitheghe déanta acu de sna droch chleachtaibh agus níor bh'fhuiriste leo bheith 'n-a n-éaghmais*, they became adept at bad practices and were reluctant to do without them [PUL1913]. Note: the forms **fuiriste** and **fusa** also exist, but PUL and AÓL generally used **uiriste** and **usa**. See ⇨ **fuiriste**; **usaide**.

**úirlicí**, fpl. (úirlicí) (u:r'l'ik'i:) vomit, but more generally in the sense of dry retchings. **Úirlicí folmha**, /fo'lu:/, dry retchings. **Fonn** /fu:n/ **úirlicí (ort)**, a feeling you need to vomit.

**úirlicim**, vn. **úrlacan**<sup>1292</sup>, verb. (úirlicim, úrlacan) (u:r'l'ik'i:m', u:r'ləkən) to vomit. **Rud d'úrlacan amach asat**, to vomit something out. Future: **úirliceód**, **úirliceóidh sé**. Past: **d'úirlicíos**, **d'úirlic sé**. Imperative: **úirlic**, **úirlicíodh sé**.

**úirlis**, f. (gs. **úirlise**, npl. **úirlisí**) (úirlis, úirlisí) (u:r'l'if, u:r'l'ifi:) tool, implement. **Ceól úirlisí**, instrumental music. **Úirlis ceóil**, musical instrument. **Úirlisí práis**, brass instruments. **Úirlis sibhialthachta**, a tool that is the product of civilisation.

**uisce**<sup>1293</sup>, m. (npl. **uisceacha/uisceanna**) (uirḡe, uirḡeac) (iʃk'i, iʃk'əxə~iʃk'əxə~iʃk'ənə) water. **Uisce beatha**, 1292Vn, future, past and 3s imperative confirmed. Check PSD.

1293Pr of plural.

whiskey. See also ⇒ **fuisce**. **Uisce búird**, drinking water. **Uisce-fé-thalamh**, intrigue; underground water. **Uisce-fé-thalamh do dhéanamh i gcoinnibh duine**, to plot or engage in intrigues against someone. **Dul fé uisce**, become submerged, sink. **Ar uisce**, at sea. **Tamall amach ar uisce**, a little way out at sea. **Lúing a chur ar uisce**, to float a ship. **Dul thar uisce**, to put to sea. **Uisce na gcós**, the water the feet of the people in the house had been washed in. **Gáirdín fé uisce**, a watered garden.

**uiscerian**, m. GCh. ⇒ **aquaeductus; aqueduct**.

**uiscím**, vn. **uisciú**, verb. (uisḡḡim, uisḡuḡad) (iʃk'i:m', iʃk'u:) to water. Past: **d'uiscíos, d'uiscigh sé**. Future: **uisceód, uisceoidh sé**. Imperative: **uiscigh**. Participle: **uiscithe**. **Talamh uiscithe**, watered land.

**uisciú**, vn. ⇒ **uiscím**.

**uisciúil**, adj. (comp. **uisciúla**) (uisḡeadhail, uisḡeadhla) (iʃk'u:l', iʃk'u:lə) watery. **Talamh uisciúil**, soggy ground.

**uise**, f. (gs. **uisinne**, npl. **uiseanna**) (uisinn, uiseanna) (iʃi, iʃənə) temple (of the head).

**Ulaidh**, m. (gpl. **Uladh**, dpl. **Ultaibh**) (Ulaid) (olə, dpl. oulviv') Ulster. **Rí ar Ultaibh**, king of Ulster. Note: a plural noun, originally referring to the Ulaid tribe; consequently phrases like **a raibh d'Ultaibh** refer to Ulstermen; see also ⇒ **Ultach**.

**ulán**, m. (npl. **uláin**) (ulán, uláim) (ə'lɑ:n, ə'lɑ:n') block of stone, boulder. Note: sometimes refers to druid tombs.

**ulcha**<sup>1294</sup>, f. (gs. **ulchan**, ds. **ulchain**, npl. **ulchaí**) (ulcā, ulcāí) (uləxə, ulə'xi:) a long flowing beard.

**ulchabhán**, m. GCh. ⇒ **mulchán; tulchabhacán**.

**úll**, m. (gs. **úill**, npl. **úlla**, gpl. **úll**) (uball, ubla) (u:l, u:lə) 1. apple. **Crann úll**, apple tree. **Úll na haithne**, the fruit of the tree of knowledge of good and evil (that Adam ate in the Garden of Eden). 2. the thick end of a haunch of meat (see context in PUL1919).

**ullamh**, adj. GCh. ⇒ **ollamh**.

**ullmhaím**, verb. GCh. ⇒ **ollmhaím**.

**ullmhú**, vn. GCh. ⇒ **ollmhú**.

**ullmhúchán**, m. GCh. ⇒ **ollmhúchán**.

**úllord**, m. GCh. ⇒ **abhallórd**.

**Ultach**, adj. (Ulcac) (oulvəx) of Ulster.

**Ultach**, m. (npl. **Ultaigh**) (Ulcac, Ulcacig) (oulvəx, oulvig') native of Ulster.

**um**, prep. (um) (um~im', im'i) 1. about. With lenition (and generally as **um** in calcified expressions): **um Cháisc**, at Easter; **um Nollaig**, at Christmas; **um thráthnóna**, in the evening. **Uim an am san**, at that time. **Uim an dtaca so**, by this time. **Uime seo**, for this reason. **Uime sin**, on that account, for that reason. 2. round about. **Um cheann Chúáin**, around Cúán's head. 3. Also used to refer to clothes worn by someone: *bhí peictiúir acu ar an bpáipéar a chonac; Gladstone agus culaith pholiceman uime*, there was one of the pictures in the paper I saw, showing Gladstone wearing a policeman's uniform [PUL1915].

**Um** often becomes **uime** before a noun. Pronoun forms: **umam** /ə'mum/, **umat** /ə'mut/, **uime** /im'i/, **uimpi/uimímpi** /i:mp'i~im'i:mp'i/, **umainn** /ə'minj/, **umaibh** /ə'miv'/, **úmpu** /u:mpə/ (a variant of the latter **umúmpu** has not been identified in PUL or AÓL). With possessives: **umam**<sup>1295</sup>, **um á** /i'm'a:/, **um ár**: *do bhuaileadh an bheirt umá chéile go minic ar dhá thaobh chlaidhe na teóran*, they often met at the boundary fence [PUL1915]. Also **uimena** /im'in'i/: *do shil sé deóra go bog nuair a bhí sé ghá innsint di cé'r bh'é féin, mar bhí áthas ana mhór air ag bualadh dhó uime n-a ghaoltaibh*, he wept softly when he told her who he was, as he was overjoyed to meet his relatives [PUL1925]. With the article: **uim an**, /im' ən/, **uime na**.

**umar**, m. (gs. **umair**, npl. **umaracha/umair**, dpl. **umaraibh**) (iomair, iomairacā/iomairr) (umər, umərəxə~umir') trough, vat, sink.

**úmha**, m. (gs. **úmha**) (uimā) (u:) copper.

**úmhal**<sup>1296</sup>, adj. (gsm. **úmhaile**, comp. **úmhaile**, pl. **úmhla**) (uimā, uimāile/uimā) (u:l, u:l'i, pl. u:lə) humble, submissive, obedient, pliant. With **do**: *bhí fhios acu, bíodh nár bh'fholáir dóibh bheith úmhal di i neithibh áirighthe, ná raibh nídh ar bith ab fhearr 'ná í chun a n-ughdaráis féin do chur i bhfeidhm*, they knew that, although they had to submit to it in certain things, there was nothing better than it to underpin their own authority [PUL1907]. **Go húmhal**, dutifully, obligingly. **Úmhal chun rud do dhéanamh**, willing to oblige.

**úmhal**, m. (uimā) (u:l) a humble person.

**úmhlacht**, f. (gs. **úmhlachta**) (uimācct) (u:ləxt) humility, obedience. A variant of ⇒ **úmhlaocht** found in PUL1921.

**úmhlaim**, vn. **úmhlú**, verb. (uimluḡim, uimluḡad) (u:'li:m', u:'lu:) 1. to humble. **Úmhlaim me féin**, I humble myself). 2. to bow (with **do**): *bhíodar go léir ag úmhlúghadh dhi láithreach*, they were presently all bowing to her [PUL1907]. 3. to submit to, obey. **Úmhlú don dlí**, to obey the law. **Tu féin d'úmhlú féin ndlí**, to submit to the law. Past: **d'úmhlafos, d'úmhlaign sé**. Future: **úmhlóid, úmhlóidh sé**. Imperative: **úmhlaign**. Participle: **úmhlaithe**.

**úmhlaocht**, f. (gs. **úmhlaochta**) (uimlaoct) (u:'li:xt) humility, submission, obedience, respect. **Úmhlaocht a chleachtadh**, to practise humility, be humble. **Úmhlaocht a thabhairt do dhuine**, to show respect for someone, be submissive or humble to someone. **Úmhlaocht aigne**, a humble attitude towards oneself. With **do**: **úmhlaocht do dhéithibh**, worship of gods; **úmhlaocht do dhlithibh**, respect for laws. **Lucht úmhlaochta/na húmhlaochta**, the

1294PI in PSD ulchain and ulchanna.

1295Stress? possibly uimeam, uimum

1296PSD1927 has the gsf and thus the comparative as either umhaile or umhla.



PUL1903 in the sense of “languages, forms of speech”.

**urlacan**, m. GCh. ⇨ **úirlí**.

**úrlacan**, vn. ⇨ **úirlí**.

**úrlaí**, m. (npl. **úrlaithe**) (órlaíde, órlaíde) (u:r'li:, u:rlihi) hammerer.

**úrlaíocht**, f. (gs. **úrlaíochta**) (órlaídeacht) (u:r'li:xt) hammering. [CFBB]

**úrlár**, m. (npl. **úrláir**) (urlár, urláir) (u:r'lɑ:r, u:r'lɑ:r') 1. floor. **Úrlár árd**, gallery (in Ezechiel 41). **Úrlár buailte**, threshing-floor (in a barn). **Úrlár cloiche**, pavement. **Úrlár sciobóil**, barnfloor. 2. storey. **Tigh trí úrlár**, a three-storey building.

**úrmhaire**, f. GCh. ⇨ **úrmhaireacht**.

**úrmhaireacht**, f. (gs. **úrmhaireachta**) (úrmhaireacht) (u:r'vir'əxt) moistness, dampness. **Úrmhaireacht na ngrást**, the refreshment offered by God's grace.

**úrnaí**, f. (npl. **úrnaithe**) (urnaiḡe, urnaiḡe) (u:r'ni:, u:rnihi) prayer, act of praying. **Úrnaithe ' dhéanamh**, to pray. **Úrnaithe ' rá**, to say prayers. **Leabhar úrnaithe**, prayer-book. **Tigh chun úrnaithe**, house of prayer. **Úrnaithe na marbh**, prayers for the dead. **Ar m'úrnaithe**, while I am praying/at prayer.

**urra**, m. (gs. **urra/urraid**, npl. **urraí**) (urra, urraða, gs. urrað, ds. urrað) (urə, u'ri:, gs. urə~urid', ds. urə) warranty; security; strength; man of standing in the community. The genitive **urraid** is only found in **ceann urraid**: **ceann urraid (ar)**, head, chief, leader (of), with **cínn urraid** in the plural. **Duine a thabhairt mar urra le rud**, to cite someone as authority for something, to give someone's guarantee of the truth of something.

**urraim**, f. (gs. **urrama**) (urraim) (urim') respect, reverence. **Urraim a bheith agat do rud (do dhuine)**: respect for something/someone. **Mórrurraim**, great reverence. *D'imthigh an mhór-urraim a bhí tagaithe agam do'n Bhéarla*, the great reverence for English that I had developed left me [PUL1915]. **Tháinig urraim mhór agam dò**, I developed a great respect for him. **Le neart urrama do rud**, out of reverence for something.

**urraimiúil**, adj. (comp. **urraimiúla**) (urraimeadail, urraimeadail) (urə'm'u:l', urə'm'u:lə) respectful, deferential. [DBÓC]

**urraíocht**, f. (gs. **urraíochta**) (urraíocht) (u'ri:xt) surety, security, bond, bail (**ar dhuine**, for someone). *Déanfar an uile shaghas deimhne agus uruidheachta air nách baoghal go dtabharfar aon chaoi d'aoinne ar a leitheid a dhéanamh airís*, every sort of check and guarantee will be done in the matter such that there will be no likelihood that any opportunity will be given to anyone to do the like again [PUL1907]. **Urraíocht ar an mbeatha shíoraí**, a pledge of eternal life.

**urramach**, adj. (comp. **urramáí**) (urramac, urramaiḡe) (urəməx, urə'mi:) respectful, deferential. See also ⇨ **urramúil**.

**urramúil**, adj. (comp. **urramúla**) (urramadail, urramadail) (urə'mu:l', urə'mu:lə) respectful, deferential. With **do**: *bhídís go léir ana mhuinteartha liom agus ana uramamhail d'adhbhar an tsagairt, dar leó*, they would all be very friendly to me and very respectful to someone they looked on as “the makings of a priest” [PUL1915].

**urrús**, m. (gs. **urrús**, npl. **urrústaí/urrúistí**, gpl. **urrús**) (urraðar, urraðarci) (u'ru:s, u'ru:sti:~u'ru:ft'i:) security, guarantee, assurance. **Dul in urrús ar dhuine**, to go security for someone: *do raghainn i n-uradhas duit air*, I can assure you of it [PUL1915]. **Urrús a dhéanamh ar dhuine**, to go security for someone.

**ursa**, f. (gs. **ursan**, ds. **ursain/ursainn**, npl. **ursana**, dpl. **ursanaibh**) (urra, urraha) (ursə, ursəhə) doorpost. **An ursa chloiche**, the part of the wall adjacent to the wooden doorpost. **Ursa an dorais**, the doorpost. Note: **ursainn** is found in the dative in DBÓC.

**ursal**, f. (gs. **ursalach**, ds. **ursail**, npl. **ursail**) (urra, urraí) (ursəl, ursil') firetongs. Note: the plural is attested in Ecsodus 27.

**úrshailte**, adj. (úr-ḡailte) (u'ri:l'hi) 1. lightly salted. **Scadáin úrshailte**, lightly salted herring. 2. mild (of weather). **Tá an aimsir úrshailte**, the weather is mild without too much rain. Note: CÓD used this word in reference to fish, TÓR in reference to the weather. SÓD stated he would only use it in reference to the weather. [CFBB]

**urú**<sup>1301</sup>, m. (gs. **uraithe**) (urubadh, gs. urubadh/urubadh) (u'ru:) eclipsis.

**úrú**, vn. ⇨ **úraim**.

**usa**, adj. ⇨ **uiriste**; **fuiriste**; **usaide**.

**usacht**, f. (gs. **usachta**) (usacht) (usəxt) facility, ease, easiness. [DBÓC]

**úsáid**, noun/vn, f. (gs. **úsáide**, npl. **úsáidí**) (úsáid, úsáidí) (u:'sɑ:d', u:'sɑ:d'i:) use. **Bainim úsáid as rud**, I make use of something. Also **deinim úsáid de rud**. **Úsáid a sholáthar do rud**, to find a use for something. **Bheith in úsáid**, to be in use. See ⇨ **úsáidim**.

**usaide**, adj. (urə oē/urraide) (usid'i) easier, the more easily. *Dá mbéadh aon chiall ag an inghín b' fhéidir gur bh' fhusaide é*, maybe it would have been easier if his daughter had had any sense [PUL1915]. Note: **usaide** is **usa** plus **de**. See ⇨ **uiriste**; **fuiriste**; **usa**.

**úsáidim**<sup>1302</sup>, vn. **úsáid**, verb. (úsáidim, úsáid) (u:'sɑ:d'im', u:'sɑ:d') to use. **Bia ' dh'úsáid**, to eat or consume food. Past: **d'úsáideas, d'úsáid sé**. Future: **úsáidfead, úsáidfidh sé**. Imperative: **úsáid**. Participle: **úsáidte**. Note: the participle is attested in AÓL1968.

**ústa**, m. (npl. **ústaí**) (ústa, ústaí) (u:stə, u:s'ti:) bruise, welt.

**útamáil**, noun/vn, f. (gs. **útamála**) (útamail) (u:təmə:l') fumbling, groping. *Is amhlaidh a bhíodar go léir ag síne a lámh agus ag útamáil agus gan iad ábalta ar a dhéanamh amach cá raibh an doras a dúnadh 'n-a gcoinnibh, ná an tigh,*

1301Check gs.

1302Pron of úsáidte? Úsáidithe?



*ná aon dorus eile, ná aon tigh eile*, they were all stretching out their hands and fumbling, unable to work out where the door that had been closed against them was, nor the house, nor any other door, nor any other house [PUL1925].

**úth**, m. (gs. **útha**, npl. **úthanna**) (úč, účanna) (u:h, u:hənə) udder. **Úth na mbó**, the cow's udder.

**úthach**, m. (gs. **úthaigh**) (účac) (u:həx) great thirst. **Nách seóigh an t-úthach tarta a bhí ort**, you were really very thirsty.

**Úthach chun dí**, a thirst for drink. [CFBB]

**V**, not a traditional letter of the Irish alphabet, but used in some borrowings from English.

**vaigín**, m. (npl. **vaigíní**) (βαιγίν, βαιγίνί) (və'g'i:n', və'g'i:n'i:) wagon. [DBÓC]

**válcaireacht**, noun/vn, f. (gs. **válcaireachta**) (βάλκαερεάχτ) (və:'ke:r'əxt) walking, strolling. **Ag válcaireacht dò féin**, walking by himself.

**varántas**, m. (npl. **varántasaf**) (βαράνταρ, βαράνταραί) (və'ra:ntəs, və'ra:ntəsi:) warrant. **Varántas cuardaigh**, search warrant. *Do chuir an chúirt b[h]jarántas amach chun beirthe ortha agus iad do thabhairt chun lámha*, the court issued a warrant for the pair to be arrested and brought to justice [PUL1915]. Note: PUL1908 clearly shows the word has a v, not a b. The plural is attested in AFM1920.

**vardaíl**, f. GCh. ⇒ **várdaíol**.

**várdaíol**, noun/vn, m. (gs. **várdaíola**) (və:r'di:l) strolling around, rambling around near the house. [CFBB]

**várdal**, m. (npl. **várdail**) (βάρδαλ, βάρδαίλ) (və:rdəl, və:rdil') drake. [AÓL, LASID]

**vásta**, m. (gs. **vásta**) (βάστα) (və:stə) waste. **Vásta coirce**, the waste from oats as you thresh them.

**vástaím**, vn. **vástú**, verb. (βάσταίμι, βάσταξάδ) (və:s'ti:m', və:s'tu:) to lay waste. Future: **vástód**, **vástóidh sé**.

**vástú**, vn. ⇒ **vástáim**.

**véarsa**, m. (npl. **véarsaf**) (βέαρσα, βέαρσαί) (v'e:rsə, v'e:r'si:) verse. **I véarsa**, in verse.

**veidhleadóir**, m. (gs. **veidhleadóira**, npl. **veidhleadóirí**) (βειδλεαδóιρ, βειδλεαδóιρί) (v'əil'ədo:r', v'əil'ədo:r'i:) violinist.

**veidhlín**, m/f. (npl. **veidhlíní**) (βειδλίν, βειδλίνί) (v'əil'i:n', v'əil'i:n'i:) violin. Note: PUL had a masculine **veidhlín**; AÓL and LASID have **na veidhlíne** in the genitive.

**veilbhít**, f. GCh. ⇒ **veilvít**.

**veilvít**, s. (gs. **veilvít**) (v'elv'it') velvet. **Briste veilvít**, velvet trousers. Note: the genitive is not **veilvíte**.

**veist**, f. (gs. **veiste**, npl. **veisteanna**) (βειστ, βειστεαλλα) (v'ejt', v'ejt'ənə) vest, waistcoat.

**vetes**, s. (v'etʃj) vetches, tares.

**victim**, m/f. (gs. **victime**, npl. **victimí**) (v'ikt'im', v'ikt'i'm'i:) sacrificial victim.

**vínéigir**, f. (gs. **vínéigre**, ds. **vínéigir**) (βίνέιγρ) (v'i:'n'e:g'ir') vinegar. See ⇒ **fnéigir**.

**vóc**, s. (vo:k) vogue. **I vóc**, in vogue. **Bhí a leithéid seo de dhuine i vóc mhór againn**, we held him in great esteem. Note: CFBB states MÓL had **vóc**, TÓR **vóg**. [CFBB]

**vód**, m. (gs. **vóid**) (vo:d) woad. **Vód cipíneach**, chip logwood. Also **vód baitíneach**. [CFBB]

**vóg**, s. ⇒ **vóc**.

**volumen**, s. (voləm'in') volume.

**Vulgáid**, f. GCh. ⇒ **Vulgát**; **Vulgáta**.

**Vulgát**, s. (vəl'gɑ:t) the Vulgate (a Latin version of the Bible). **An Vulgát Laidne**, the Latin Vulgate. Note: found in the footnote to 2 Samuél 21:19.

**Vulgáta**, f. (gs. **Vulgáta**) (vəl'gɑ:tə) the Vulgate (a Latin version of the Bible). Note: PUL used this Latin term in PUL1915b.

**vultar**, m. (gs. **vultair**) (vultər) vulture.

**watch**, s. (wɒtʃ) watch.

**writ**, s. (rit) writ.





























